# Iris Oifigiúil
## an Aontais Eorpaigh

**Eagrán Speisialta ***

**30 Iúil 2018**

An t-eagrán Gaeilge

# Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012** . . . . . . . . . . 1

GA

* Faoin tagairt L 193 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE, Euratom) 2018/1046 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 18 Iúil 2018**

**maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (d) d'Airteagal 46, Airteagal 149, pointe (a) d'Airteagal 153(2), Airteagail 164, 172, 175, 177 agus 178, Airteagail 189(2), 212(2) agus 322(1) agus Airteagal 349 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([2]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ([3]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([4]),

De bharr an méid seo a leanas,

(1) Tar éis 3 bliana de chur chun feidhme, ba cheart tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (an "buiséad") chun baic ó thaobh cur chun feidhme a bhaint tríd an tsolúbthacht a mhéadú, chun cur chun feidhme a shimpliú le haghaidh na bpáirtithe leasmhara agus na seirbhísí, chun díriú níos mó ar thorthaí agus chun an rochtain, trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(2) Chun go mbeadh na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an mbuiséad níos simplí agus chun na rialacha ábhartha a chuimsiú in aon rialachán amháin, ba cheart don Choimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ([6]) a aisghairm. Ar mhaithe le soiléire, ba cheart na príomhrialacha ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 a chuimsiú sa Rialachán seo, agus ba cheart rialacha eile a chuimsiú i dtreoracha le haghaidh seirbhísí ag an am céanna.

([1]) IO C 91, 23.3.2017, lch. 1.
([2]) IO C 75, 10.3.2017, lch. 63.
([3]) IO C 306, 15.9.2017, lch. 64.
([4]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus ón gComhairle an 16 Iúil 2018.
([5]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).
([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2012 maidir le rialacha cur i bhfeidhm Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 362, 31.12.2012, lch. 1).

(3) Ba cheart cloí leis na prionsabail bhuiséadacha bhunúsacha. Ba cheart maoluithe reatha ar na prionsabail sin i gcás réimsí áirithe amhail an taighde, gníomhaíochtaí seachtracha agus cistí struchtúracha, a athbhreithniú agus a shimpliú a oiread is féidir, ag cur san áireamh a ábhartha atá siad, an breisluach a bhaineann leo ó thaobh an bhuiséid, agus an t-ualach a chuireann siad ar na geallsealbhóirí.

(4) Ba cheart rialacha maidir le tabhairt anonn leithreasuithe a chur i láthair ar bhealach níos soiléire agus ba cheart deighilt a dhéanamh idir tabhairt anonn uathoibríoch agus neamh-uathoibríoch. Ba cheart d'institiúidí an Aontais lena mbaineann faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i dtaobh tabhairt anonn uathoibríoch agus neamh-uathoibríoch.

(5) Maidir le tabhairt anonn ioncaim sheachtraigh shannta, agus úsáid an ioncaim sin, don ghníomhaíocht nó don chlár ina dhiaidh sin, is ceart sin a cheadú ar mhaithe le cistí den chineál sin a úsáid go héifeachtach. Ba cheart nach bhféadfaí ioncam sannta inmheánach a thabhairt anonn ach ar feadh 1 bhliana amháin, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

(6) Maidir le hioncam sannta inmheánach, is ceart maoiniú tionscadal nua tógála leis an ioncam ó ligean nó díol foirgneamh a cheadú. Chuige sin, is ceart ioncam den chineál sin a mheas ina ioncam sannta inmheánach ar féidir é a thabhairt anonn nó go gcaitear ina iomláine é.

(7) Ba cheart d'institiúidí an Aontais a bheith ina ann glacadh le haon tabhartas don Aontas.

(8) Ba cheart foráil a thabhairt isteach ionas go mbeadh duine dlítheanach in ann urraíocht chomhchineáil a dhéanamh ar imeacht nó ar ghníomhaíocht chun críocha fógraíochta nó freagrachta sóisialta corparáidí.

(9) Ba cheart coincheap na feidhmíochta maidir leis an mbuiséad a shoiléiriú. Ba cheart feidhmíocht a nascadh le cur i bhfeidhm díreach phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Ba cheart sainmhíniú a thabhairt freisin ar phrionsabal na dea-bhainistíochta airgeadais, agus ba cheart nasc a bhunú idir na cuspóirí arna leagan amach agus táscairí feidhmíochta, torthaí agus cur chuige barainneach, tráthúil, éifeachtúlacht agus éifeachtacht maidir le húsáid leithreasuithe. Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an téarmaíocht feidhmíochta, go háirithe i dtaca le haschur agus torthaí, a shainmhíniú, ach coinbhleachtaí le creataí feidhmíochta reatha na gclár éagsúil a sheachaint.

(10) I gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([1]), ba cheart reachtaíocht an Aontais a bheith ar ardchaighdeán, agus ba cheart í a bheith ag díriú ar na réimsí ina bhfuil an breisluach is mó le fáil ag saoránaigh agus ina bhfuil sí chomh héifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir maidir le comhchuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Trí mheastóireacht a dhéanamh ar chláir agus gníomhaíochtaí caiteachais reatha agus nua, a bhfuil caiteachas suntasach ag gabháil leo, is féidir cabhrú leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

(11) I gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta atá cumhdaithe in Airteagal 15 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá institiúidí an Aontais lena gcuid oibre a dhéanamh ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir. I dtaca le cur chun feidhme an bhuiséid, tugtar le fios le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin gur cheart gurb eol do shaoránaigh an áit agus an chúis a gcaitheann an tAontas cistí. Leis an bhfaisnéis sin, cothaítear díospóireacht dhaonlathach, cuirtear le rannpháirtíocht na saoránach i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais, neartaítear an rialú agus an grinnscrúdú institiúideach a dhéantar ar chaiteachas an Aontais agus cuireann sé lena inchreidteacht. Is ceart don chumarsáid a bheith níos spriocdhírithe agus ba cheart é a bheith d'aidhm léi infheictheacht ranníocaíocht an Aontais a mhéadú i measc na saoránach. Ba cheart cuspóirí den sórt sin a bhaint amach trí fhoilsiú faisnéise ábhartha maidir le gach faighteoir cistí arna maoiniú ón mbuiséad, agus úsáid á baint as uirlisí nua-aimseartha cumarsáide chomh fada agus is féidir, ar foilsiú é a chuireann leasanna rúndachta agus slándála dlisteanacha na bhfaighteoirí sin agus, chomh fada agus a bhaineann le daoine nádúrtha, a gceart chun príobháideachais agus cosaint a sonraí pearsanta, san áireamh. Ba cheart, dá bhrí sin, d'institiúidí an Aontais cur chuige roghnaitheach a ghlacadh maidir le faisnéis a fhoilsiú i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Ba cheart cinntí foilsitheoireachta a bheith bunaithe ar chritéir ábhartha sa chaoi gur féidir faisnéis lánbhrí a sholáthar.

(12) Gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, is ceart féachaint leis an trédhearcacht is fearr a bheith ann maidir le faisnéis mar gheall ar fhaighteoirí. An fhaisnéis faoi fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, is ceart sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid institiúidí an Aontais, amhail sa Chóras um Thrédhearcacht Airgeadais, agus is ceart, den chuid is lú, ainm agus ionad an fhaighteora, an méid a ghealltar go dlisteanach agus cuspóir an bhirt a thabhairt. Ba cheart go gcuirfí san áireamh san fhaisnéis sin critéir ábhartha mar thréimhsiúlacht, cineál agus tábhacht an bhirt.

([1]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(13) Ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ann don Choimisiúin an buiséad a chur chun feidhme go hindíreach trí bhíthin eagraíochtaí de chuid na mBallstát. Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, isiomchuí, dá bhrí sin, eagraíocht de chuid na mBallstát a shainmhíniú mar eintiteas arna bhunú i mBallstát mar chomhlacht dlí phoiblí nó mar chomhlacht arna rialú ag an dlí príobháideach agus ar a gcuireann an Ballstát sin misean seirbhíse poiblí de chúram air agus dá dtugann an Ballstát sin ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais. Tacaíocht airgeadais arna tabhairt do chomhlachtaí dlí príobháidigh ag Ballstát i gcomhréir le ceanglais reatha arna leagan amach i ndlí an Aontais, i riocht arna chinneadh ag an mBallstát sin agus nach mbíonn ráthaíocht bainc de dhíth ina leith, is ceart sin a mheas mar ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais.

(14) I dtaca le duaiseanna, deontais, agus conarthaí arna ndámhadh de bhun nós imeachta poiblí a oscailt don iomaíocht, agus go háirithe i dtaca le comórtais, glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí, ar mhaithe le prionsabail CFAE a urramú agus go háirithe prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe, is ceart a n-ainm agus a n-ionad siúd a fhaigheann cistí ón Aontas a fhoilsiú. Is ceart go gcuirfeadh an foilsiú sin le rialú na nósanna imeachta um dhámhachtain a dhéanann iarratasóirí nár éirigh leo sa chomórtas.

(15) Níor cheart sonraí pearsanta ina dtagraítear do dhaoine nádúrtha a bheith ar fáil go poiblí ar feadh níos faide ná an fad ama a bhfuil na cistí á n-úsáid ag an bhfaighteoir lena linn agus ba cheart, mar sin, na sonraí sin a bhaint tar éis 2 bhliana. Ba cheart go ndéanfaí amhlaidh i gcás sonraí pearsanta lena dtagraítear do dhaoine dlítheanacha i gcás ina bhfuil duine nádúrtha amháin nó níos mó ina n-ainm oifigiúil.

(16) Sa chuid is mó de na cásanna a thagann faoin Rialachán seo, baineann an foilsiú le daoine dlítheanacha. I gcás ina mbíonn daoine nádúrtha i gceist, ba cheart d'fhoilsiú sonraí pearsanta prionsabal na comhréire a urramú, idir tábhacht na méide a deonaíodh agus an gá atá le rialú a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr chun úsáid a bhaint as na cistí. Sna cásanna sin, tá foilsiú ainm an réigiúin ar leibhéal 2 den aicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (*NUTS*) ag teacht leis an gcuspóir maidir le foilsiú faisnéise mar gheall ar fhaighteoirí agus áirithíonn sé cóir chomhionann idir Ballstáit de mhéideanna éagsúla agus ceart faighteoirí chun saoil phríobháidigh a urramú ag an am céanna, agus, go háirithe, mar a bhaineann sin le cosaint sonraí pearsanta.

(17) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart na staideanna a shonrú nár cheart foilsiú a dhéanamh ina leith. Mar shampla, níor cheart faisnéis a fhoilsiú maidir le scoláireachtaí nó foirmeacha eile de thacaíocht dhíreach a íoctar leis na daoine nádúrtha is géire gátar, maidir le conarthaí áirithe dar luach fíoríseal nó maidir le tacaíocht airgeadais faoi thairseach ar leith arna soláthar trí ionstraimí airgeadais,, nó i gcásanna inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine aonair lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na bhfaighteoirí. I gcás deontas, áfach, d'fhonn an cleachtas reatha a choinneáil ar bun agus ionas go mbeadh trédhearcacht ann, níor cheart aon díolúine speisialta a thabhairt ón gceanglas maidir le faisnéis a fhoilsiú ar bhonn tairseach ar leith.

(18) I gcás ina bhfoilsítear sonraí pearsanta na bhfaighteoirí chun críocha trédhearcachta i dtaca le húsáid cistí de chuid an Aontais agus rialú nósanna imeachta um dhámhachtain, ba cheart na faighteoirí sin a chur ar an eolas faoin bhfoilsiú sin agus faoina gcearta agus faoi na nósanna imeachta is infheidhme chun na cearta sin a fheidhmiú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ([1]) agus Rialachán (AE) 2016/679 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle..

(19) Chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal na córa comhionainne a urramú do gach faighteoir, ba cheart faisnéis a bhaineann le daoine nádúrtha a fhoilsiú freisin i gcomhréir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit trédhearcacht mhór i dtaca le conarthaí a áirithiú os cionn na dtairseach a leagtar síos i dTreoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(20) I gcás bainistiú indíreach agus comhroinnte, ba cheart do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí ainmnithe a mbeadh na cistí Aontais á gcur chun feidhme acu faisnéis a chur ar fáil faoi fhaighteoirí agus faoi fhaighteoirí deiridh. I gcás bainistiú comhroinnte, ba cheart an fhaisnéis a fhoilsiú i gcomhréir le rialacha a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith. Ba cheart don Choimisiún faisnéis a chur ar fáil faoi shuíomh gréasáin amháin, lena n-áirítear tagairt dá sheoladh, áit ar féidir an fhaisnéis faoi fhaighteoirí agus faoi fhaighteoirí deiridh a aimsiú.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([3]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

(21) Ionas gur soléite na sonraí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi bhainistiú díreach agus indíreach agus ionas gur trédhearcaí na sonraí sin, is iomchuí gach ceanglas tuairiscithe a chumasc in aon doiciméad oibre amháin a bheadh ag gabháil leis an dréachtbhuiséad.

(22) D'fhonn dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le cur chun feidhme Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Chiste Chomhtháthaithe, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI), agus Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), ba cheart don Choimisiún, chun críocha faisnéise, bheith ábalta treoir neamhcheangailteach mhodheolaíoch a chur ar fáil do chomhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí a bhainistiú agus a rialú ina leagfar amach cur chuige agus straitéis rialaithe dá chuid féin, lena n-áirítear seicliostaí, agus samplaí dea-chleachtais. Is ceart an treoir sin a nuashonrú cibé uair is gá.

(23) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht a bheith ag institiúidí an Aontais comhaontuithe leibhéil seirbhíse a thabhairt i gcrích le chéile chun gurbh fhusaide a leithreasuithe a chur chun feidhme agus maidir leis an bhféidearthacht freisin comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích idir ranna de chuid institiúidí an Aontais, comhlachtaí de chuid an Aontais, oifigí Eorpacha, comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme sa chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh (CAE) agus Oifig Ard-Rúnaí Bhord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha maidir le soláthar seirbhísí, soláthar táirgí nó cur i gcrích oibreacha nó conarthaí tógála.

(24) Is iomchuí an nós imeachta a leagan síos lena gcuirfear ar bun oifigí Eorpacha nua agus lena ndéanfar idirdhealú ar chúraimí éigeantacha agus cúraimí neamhéigeantacha na n-oifigí sin. Ba cheart féidearthacht a thabhairt isteach d'institiúidí an Aontais, do chomhlachtaí de chuid an Aontais agus d'oifigí Eorpacha eile cumhachtaí an oifigigh údarúcháin a tharmligean chuig stiúrthóir oifige Eorpaí. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag oifigí Eorpacha comhaontuithe leibhéil seirbhíse a thabhairt i gcrích maidir le soláthar seirbhísí, soláthar táirgí nó cur i gcrích oibreacha nó conarthaí tógála. Is iomchuí rialacha sonracha a leagan amach maidir le taifid chuntasaíochta a tharraingt suas, forálacha lena dtugtar údarú d'oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuid dá chúraimí a tharmligean chuig baill foirne sna hoifigí sin chomh maith le nósanna imeachta oibriúcháin do chuntais bhainc a bhféadfadh údarú a bheith ag an gCoimisiún iad a oscailt in ainm na hoifige Eorpaí.

(25) Chun cost-éifeachtacht na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin a fheabhsú agus i bhfianaise na taithí praiticiúla a fuarthas le comhlachtaí eile de chuid an Aontais, ba cheart go bhféadfaí cúraimí uile oifigeach cuntasaíochta na gníomhaireachta feidhmiúcháin, nó cuid de na cúraimí sin, a chur faoi chúram an oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin.

(26) Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, is gá a shoiléiriú go ngníomhaíonn stiúrthóirí gníomhaireachtaí feidhmiúcháin trí tharmligean agus leithreasuithe oibriúcháin na gclár arna dtarmligean chuig a ngníomhaireacht á mbainistiú acu. Chun go mbainfí an leas is mó as gnóthachain éifeachtúlachta mar thoradh ar an lárú domhanda ar sheirbhísí áirithe tacaíochta, ba cheart a fhoráil go sainráite go bhfuil an fhéidearthacht ann do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin caiteachais riaracháin a chur chun feidhme.

(27) Is gá rialacha a shocrú maidir le cumhachtaí agus freagrachtaí gníomhaithe airgeadais, go háirithe oifigigh údarúcháin agus oifigigh chuntasaíochta.

(28) Ba cheart Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Chúirt Iniúchóirí agus oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur ar an eolas faoi cheapachán oifigigh údarúcháin trí tharmligean, ceapachán iniúchóra inmheánaigh agus ceapachán oifigigh cuntasaíochta, nó faoi fhoirceannadh dualgas na ndaoine sin, laistigh de 2 sheachtain ón gceapachán nó ón bhfoirceannadh sin.

(29) Ba cheart freagracht iomlán a bheith ar oifigigh údarúcháin as na hoibríochtaí ioncaim agus caiteachais go léir arna gcur i gcrích faoina n-údarás, agus as córais rialaithe inmheánaigh, agus ba cheart iad a bheith cuntasach as a mbearta, lena n-áirítear, nuair is gá, trí imeachtaí araíonachta.

(30) Ba cheart na cúraimí, na freagrachtaí agus prionsabail na nósanna imeachta atá le hurramú ag na hoifigigh údarúcháin a leagan síos freisin. Ba cheart do na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean a áirithiú go bhfaighidh na hoifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean agus a gcuid ball foirne faisnéis agus traenáil maidir leis na caighdeáin rialaithe agus na modhanna agus teicnící faoi seach agus go nglacfar bearta chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh, mar is cóir, an córas rialaithe. Ba cheart don oifigeach údarúcháin trí tharmligean cuntas a thabhairt chuig a institiúid nó a hinstitiúid de chuid an Aontais ar fheidhmiú na ndualgas i bhfoirm tuarascáil bhliantúil. Ba cheart a bheith san áireamh sa tuarascáil sin an fhaisnéis airgeadais agus bhainistíochta atá riachtanach chun tacú le dearbhú urrúis an oifigigh sin maidir le feidhmiú a chuid dualgas féin, lena n-áirítear faisnéis faoi fheidhmíocht fhoriomlán na n-oibríochtaí a dhéantar. Ba cheart na doiciméid tacaíochta a bhaineann leis na hoibríochtaí a dhéantar a choimeád ar feadh 5 bliana ar a laghad. Maidir leis na foirmeacha éagsúla de nósanna imeachta idirbheartaíochta do dhámhachtain conarthaí poiblí, ba cheart tuarascáil speisialta ón oifigeach údarúcháin trí tharmligean a chur chuig an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann agus tuarascáil ón institiúid sin a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina leith, ós rud é gur maolú ó na gnáthnósanna imeachta um dhámhachtain atá i gceist leis na nósanna imeachta sin.

(31) Ba cheart an ról dúbailte, a bhíonn ag Cinn thoscaireachtaí an Aontais, agus a bhíonn ag a gcuid ionadaithe nuair nach mbíonn siadsan ann, mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ("SEGS") agus, maidir le leithreasuithe oibriúcháin, don Choimisiún, ba cheart an ról sin a chur san áireamh.

(32) Ba cheart tarmligean cumhachtaí um chur chun feidhme buiséid ag an gCoimisiún a bhaineann le leithreasuithe oibriúcháin a rannóige féin den bhuiséad chuig Leas-Chinn thoscaireachtaí an Aontais a bheith srianta do na cásanna sin ina bhfuil fíorghá le comhlíonadh na gcúraimí sin ag Leas-Chinn thoscaireachtaí an Aontais ar mhaithe le leanúnachas gnó nuair nach mbíonn Cinn thoscaireachtaí an Aontais i láthair. Níor cheart Leas-Chinn thoscaireachtaí an Aontais bheith ábalta na cumhachtaí sin a fheidhmiú ar bhonn córasach ná ar chúiseanna a bhaineann le roinnt inmheánach na hoibre.

(33) Ba cheart an t-oifigeach cuntasaíochta a bheith freagrach fós as cur chun feidhme ceart na n-íocaíochtaí, as bailiú ioncaim agus as aisghabháil na méideanna is infhaighte. Ba cheart don oifigeach cuntasaíochta an cisteán, na cuntais bhainc agus comhaid tríú páirtí a bhainistiú, na cuntais a choimeád agus a bheith freagrach as ráitis airgeadais na hinstitiúide de chuid an Aontais a dhréachtú. Is é oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin an t-aon duine amháin ar cheart go mbeadh sé de cheart aige rialacha cuntasaíochta agus cairteacha comhchuibhithe na gcuntasóirí a leagan síos, agus ba cheart d'oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí eile de chuid an Aontais na nósanna imeachta cuntasaíochta is infheidhme ina n-institiúidí féin a leagan síos.

(34) Ba cheart freisin na socruithe um cheapadh an oifigigh cuntasaíochta agus foirceannadh a chuid dualgas a bhunú freisin.

(35) Ba cheart don oifigeach cuntasaíochta nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú nach mbeadh na cuntais arna n-oscailt i ngeall ar cheanglais bainistíochta cisteáin agus na cuntais óinchiste, nach mbeidís ar dochar.

(36) Ba cheart na coinníollacha um chuntais óinchiste a úsáid, córas bainistíochta ar eisceacht ó ghnáthnósanna imeachta buiséadacha é agus nach mbaineann ach le méideanna teoranta, a leagan síos, agus ba cheart cúraimí agus freagrachtaí riarthóirí na n-óinchistí, chomh maith le cúraimí agus freagrachtaí an oifigigh údarúcháin agus an oifigigh cuntasaíochta i ndáil le rialú cuntas óinchiste, a leagan amach. Ba cheart an Chúirt Iniúchóirí a chur ar an eolas faoi aon riarthóir óinchiste a cheapfar. Ar chúiseanna éifeachtúlachta, ba cheart cuntais óinchiste a bhunú i dtoscaireachtaí an Aontais le haghaidh leithreasuithe ó na codanna den bhuiséad araon a bhaineann leis an gCoimisiúin agus le SEGS. Is iomchuí freisin, faoi choinníollacha sonracha, úsáid cuntas óinchiste a cheadú i dtoscaireacht an Aontais chun méideanna teoranta a íoc trí bhíthin nósanna imeachta buiséadacha. Maidir le riarthóirí óinchistí a cheapadh, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ann iad sin a roghnú freisin ó fhoireann arna fostú ag an gCoimisiún i réimse na cabhrach um bainistiú géarchéime agus oibríochtaí cabhrach daonnúla aon uair nach mbíonn baill foirne de chuid an Choimisiúin ar fáil a thagann faoi Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, lena leagtar síos i Rialachán (CEE, *Euratom*, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle [1] ("Rialacháin Foirne").

(37) Chun an staid i réimse na cabhrach um bainistiú géarmchéime agus na n-oibríochtaí cabhrach daonnúla nuair nach mbíonn baill foirne de chuid an Choimisiúin a thagann faoi na Rialacháin Foirne ar fáil a chur san áireamh, chomh maith leis na deacrachtaí teicniúla a bhaineann le síniú an oifigigh údarúcháin atá freagrach a fháil do gach gealltanas dlíthiúil, ba cheart a cheadú do na baill foirne atá fostaithe ag an gCoimisiún sa réimse sin gealltanais dhlíthiúla ar luach an-íseal suas go EUR 2 500 a dhéanamh atá nasctha leis na híocaíochtaí arna ndéanamh ó chuntais óinchiste, agus a cheadú do Chinn Thoscaireachtaí an Aontais nó dá n-ionadaithe gealltanais dhlíthiúla a shíniú faoi threoir oifigeach údarúcháin an Choimisiúin atá freagrach.

(38) Nuair a bheidh cúraimí agus freagrachtaí gníomhairí airgeadais sainithe, ní fhéadfar iad a bheith faoi dhliteanas ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne. Is in institiúidí de chuid an Aontais a bunaíodh sainphainéil um mírialtachtaí airgeadais de bhun Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012. Mar gheall ar líon teoranta na gcásanna arna gcur faoina mbráid agus ar mhaithe le héifeachtúlacht, áfach, is iomchuí a gcuid feidhmeanna a aistriú chuig painéal idirinstitiúideach arna bhunú de bhun an Rialacháin seo ("an painéal"). Ba cheart an painéal a chur ar bun chun iarrataí a mheas agus moltaí a thabhairt uaidh faoin ngá le cinntí a ghlacadh maidir le pionóis airgeadais a eisiamh agus a fhorchur arna gcur faoina bhráid ag an gCoimisiún nó ag institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, gan dochar dá neamhspleáchas riarthach i dtaca lena mbaill foirne. Tá an t-aistriú sin dírithe freisin ar dhúbailt a sheachaint agus an baol go mbeadh moltaí nó tuairimí ag teacht salach ar a chéile a mhaolú, i gcásanna ina mbeadh oibreoir eacnamaíoch agus ball foirne institiúide nó comhlachta de chuid an Aontais araon i gceist. Is gá an nós imeachta a choimeád trína bhféadfaidh oifigeach údarúcháin deimhniú a lorg maidir le Treoir a mheasann an t-oifigeach sin a bheith mírialta nó i gcoinne phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, agus mar sin go scaoilfear ó aon dliteanas é. Ba cheart ballraíocht an phainéil sin a athrú nuair a bheidh an ról sin á chomhlíonadh aige. Níor cheart cumhachtaí imscrúdaitheacha a bheith ag an bpainéal.

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1.

(39) Maidir le hioncam, is gá aghaidh a thabhairt ar choigeartuithe diúltacha ar acmhainní dílse a chumhdaítear faoin Rialachán ón gComhairle (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014 ([1]). Ach amháin i gcás na n-acmhainní dílse, is gá na cúraimí reatha agus na rialuithe atá faoi chúram na n-oifigeach údarúcháin a choimeád ag céimeanna éagsúla an nós imeachta: meastachán ar na méideanna is infhaighte a shocrú, orduithe aisghabhála a eisiúint, seoladh an nóta dochair lena chur in iúl don fhéichiúnaí gur socraíodh an méid is infhaighte agus an cinneadh, nuair is gá, teidlíocht a tharscaoileadh faoi réir critéir lena ráthaítear go bhfuiltear ag cloí le bainistíocht fhónta airgeadais chun bailiú éifeachtúil ioncaim a áirithiú.

(40) Ba cheart don oifigeach údarúcháin a bheith in ann aisghabháil ar mhéid a socraíodh mar mhéid is infhaighte a tharscaoileadh go hiomlán nó i bpáirt má tá an féichiúnaí faoi réir aon cheann de na himeachtaí dócmhainneachta arna sainiú i Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), go háirithe i gcásanna comhshocraíochtaí breithiúnacha, imshocraíochtaí agus imeachtaí cosúil leo sin.

(41) Ba cheart forálacha sonracha maidir le nósanna imeachta um meastachán ar an méid is infhaighte a choigeartú nó a laghdú go nialas a leagan síos.

(42) Ní mór soiléiriú a thabhairt maidir le cén t-am go díreach a gcuirfear isteach sa bhuiséad suimeanna a fhaightear mar fhíneálacha, pionóis agus smachtbhannaí eile, mar aon le hús fabhraithe nó ioncam eile arna ghiniúint dá mbarr.

(43) Mar gheall ar na forbairtí sna margaí airgeadais le deireanas agus an ráta úis a chuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i bhfeidhm ar a chuid príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann leis an ráta úis le haghaidh fíneálacha nó pionóis eile agus foráil a dhéanamh le haghaidh rialacha i gcás ina mbíonn ráta úis diúltach ann.

(44) Chun cineál sonrach na méideanna is infhaighte a léiriú, méideanna atá comhdhéanta d'fhíneálacha nó de phionóis eile arna bhforchur ag Institiúidí an Aontais faoi CFAE nó faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh *Euratom*), is gá forálacha sonracha a thabhairt isteach i leith na rátaí úis is infheidhme maidir le méideanna atá dlite ach nach bhfuil íoctha fós, i gcás go méadódh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na méideanna sin.

(45) Ba cheart na rialacha maidir le haisghabháil a shoiléiriú agus a neartú. Go háirithe, ba cheart a shonrú go bhfuil an t-oifigeach cuntasaíochta le méideanna a aisghabháil trína gcúiteamh freisin i gcoinne méideanna atá dlite don fhéichiúnaí ag gníomhaireacht feidhmiúcháin agus an buiséad á chur chun feidhme aici.

(46) D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a áirithiú, ba cheart rialacha a bhaineann leis na spriocamanna ina bhfuil nóta dochair le seoladh a leagan síos.

(47) Chun bainistíocht sócmhainní a dhaingniú agus chun féachaint le luach saothair airgeadais a bhaint amach chomh maith, is gá méideanna a bhaineann le fíneálacha, le pionóis eile nó le smachtbhannaí arna bhforchur faoi CFAE nó faoi Chonradh *Euratom*, ar nós fíneálacha comórtais a mbeifí ag cur ina gcoinne, a bhailiú go sealadach agus a infheistiú i sócmhainní airgeadais, agus cinneadh a dhéanamh faoin mbrabús orthu a shannadh. Toisc nach é an Coimisiún an t-aon institiúid amháin de chuid an Aontais a bhfuil sé de cheart aige fíneálacha, pionóis eile nó smachtbhannaí a fhorchur, is gá forálacha a leagan síos a bhaineann leis na fíneálacha, na pionóis eile nó na smachtbhannaí sin arna bhforchur ag institiúidí eile de chuid an Aontais agus rialacha a leagan síos maidir lena n-aisghabháil, rialacha ar cheart a bheith coibhéiseach leo sin is infheidhme maidir leis an gCoimisiún.

(48) Chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile is gá ag an gCoimisiún chun cinntí maoiniúcháin a ghlacadh, is gá na ceanglais íosta le haghaidh inneachar na gcinntí maoiniúcháin maidir le deontais, soláthar, cistí iontaobhais de chuid an Aontais maidir le gníomhaíochtaí seachtracha ("cistí iontaobhais de chuid an Aontais"), duaiseanna, ionstraimí airgeadais, saoráidí measctha nó ardáin mheasctha agus ráthaíochtaí buiséadacha a leagan síos. Ag an am céanna, chun go mbeidh dearcadh níos fadtéarmaí ag na faighteoirí ionchasacha, is gá cead a thabhairt na cinntí maoiniúcháin a ghlacadh ar feadh níos mó ná 1 bhliain airgeadais amháin agus é á shonrú ag an am céanna go bhfuil an cur chun feidhme faoi réir ag leithreasuithe buiséid a bheith ar fáil don bhliain ábhartha airgeadais. Thairis sin, is gá líon na n-eilimintí a bhíonn de dhíth don Chinneadh maoiniúcháin a laghdú. Ag an am céanna, i gcomhréir le haidhm an tsimplithe, ba cheart an cinneadh maoiniúcháin a bheith ina chlár oibre bliantúil nó ina chlár oibre ilbhliantúil. Toisc go bhfuil ranníocaíochtaí leis na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 bunaithe sa bhuiséad cheana féin, níor cheart é a bheith de cheangal cinneadh sonrach maoiniúcháin a ghlacadh ina leith sin.

(49) Maidir le caiteachas, ba cheart an gaol idir cinntí maoiniúcháin, ceangaltais fhoriomlána bhuiséadacha agus ceangaltais aonair bhuiséadacha, chomh maith le coincheapa an cheangaltais bhuiséadaigh agus dhlíthiúil a shoiléiriú chun creat soiléir a bhunú do na céimeanna éagsúla de chur chun feidhme an bhuiséid.

([1]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, CBL agus OTI-bhunaithe a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39).

([2]) Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

(50) Chun líon na ngealltanas dlíthiúil arna ndéanamh ag toscaireachtaí agus ionadaíochtaí de chuid an Aontais, go háirithe, agus luaineacht sa ráta malairte a bhíonn i gceist leo a chur san áireamh, ba cheart go bhféadfaí gealltanais shealadacha bhuiséadacha a dhéanamh freisin i gcásanna nuair is eol an méid atá i gceist agus cé hé an t-íocaí deireanach.

(51) Maidir le tíopeolaíocht na n-íocaíochtaí ar féidir le hoifigigh údarúcháin iad a dhéanamh, ba cheart soiléiriú a sholáthar ar na cineálacha éagsúla íocaíochta, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Ba cheart soiléiriú breise a thabhairt ar na rialacha maidir le réamh-mhaoiniú ar íocaíochtaí a imréiteach, go háirithe i gcásanna nach féidir imréiteach eatramhach a dhéanamh. Chuige sin, ba cheart forálacha oiriúnacha a bheith mar chuid de ghealltanais dhlíthiúla a dhéanfar.

(52) Ba cheart go sonrófaí sa Rialachán seo go bhfuil íocaíochtaí le déanamh laistigh de theorainneacha ama sonraithe agus, i gcás nach gcloítear leis na teorainneacha ama sin, beidh creidiúnaithe i dteideal ús mainneachtana a fháil, ús a dhéanfar a mhuirearú ar an mbuiséad, seachas i gcás na mBallstát, an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta (CEI).

(53) Is iomchuí na forálacha a bhaineann le bailíochtú agus údarú ar chaiteachas a chomhtháthú in aon airteagal amháin agus sainmhíniú ar "saoradh" a thabhairt isteach. Toisc go ndéantar na hidirbhearta ar chórais ríomhairithe, ba cheart síniú a daingníodh go leictreonach a chur in ionad dearbhán "ceadaithe chun a íoctha" a shíniú d'fhonn an cinneadh bailíochtaithe a chur in iúl, ach amháin i líon teoranta cásanna. Is gá freisin a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag bailíochtú an chaiteachais maidir le gach costas incháilithe, lena n-áirítear, mar a bhíonn i gceist i dtaca le réamh-mhaoiniú a ghlanadh, costais nach bhfuil bainteach le hiarratas ar íocaíocht.

(54) Chun an chastacht a laghdú, rialacha atá ann cheana féin a chuíchóiriú agus soléiteacht an Rialacháin seo a fheabhsú, ba cheart rialacha atá i gcoiteann ag níos mó ná ionstraim cur chun feidhme buiséid amháin a bhunú. Ar na cúiseanna sin ba cheart athghrúpáil a dhéanamh ar fhorálacha áirithe, ba cheart foclaíocht agus raon feidhme forálacha eile a ailíniú agus ba cheart athrá agus crostagairtí gan ghá a bhaint.

(55) Ba cheart do gach institiúid coiste um dul chun cinn iniúchóireachta inmheánaí a bhunú a mbeidh sé mar chúram air neamhspleáchas an iniúchóra inmheánaigh a áirithiú, faireachán cáilíochta a dhéanamh ar an obair iniúchóireachta inmheánaí agus a áirithiú go gcuirfear moltaí inmheánacha agus seachtracha iniúchóireachta san áireamh go cuí, agus go ndéanfaidh seirbhísí na hinstitiúide obair leantach ina leith. Cinnfidh gach institiúid de chuid an Aontais comhdhéanamh an choiste sin um dul chun cinn iniúchóireachta inmheánaí, agus cuirfear san áireamh féinriail eagrúcháin gach institiúid de chuid an Aontais agus an tábhacht a bhaineann le sainchomhairle neamhspleách.

(56) Ba cheart béim níos mó a leagan ar fheidhmíocht agus ar thorthaí tionscadail a mhaoinítear as an mbuiséad. Dá bhrí sin, is iomchuí foirm bhreise maoiniúcháin a shainiú nach bhfuil nasctha le costais na n-oibríochtaí ábhartha, sa bhreis ar na foirmeacha de ranníocaíochtaí an Aontais atá seanbhunaithe cheana féin (aisíocaíocht ar na costais iarbhír a tabhaíodh, costas aonaid, cnapshuimeanna agus maoiniú ar ráta comhréidh). Ba cheart an fhoirm bhreise maoiniúcháin sin a bheith bunaithe ar choinníollacha áirithe a chomhlíonadh *ex ante*, é sin nó a bheith bunaithe ar thorthaí a bhaint amach, arna dtomhas sin trí thagairt a dhéanamh do chlocha míle a leagadh síos roimhe sin nó trí tháscairí feidhmíochta.

(57) I gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnuithe ar chumas oibríochtúil agus airgeadais fhaighteoirí cistí ón Aontas nó ar na córais agus nósanna imeachta atá acu, ba cheart dó a bheith in ann dul ar iontaoibh na measúnuithe ata déanta cheana féin aige féin, ag eintitis eile, nó ag deontóirí eile amhail gníomhaireachtaí náisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, chun nach mbeidh measúnaithe á ndéanamh faoi dhó ar na faighteoirí céanna. Ba cheart úsáid a bhaint as an bhféidearthacht dul ar iontaoibh measúnuithe a rinne eintitis eile i gcásanna ina ndearnadh na measúnuithe sin i gcomhlíonadh coinníollacha arb ionann iad agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis an modh cur chun feidhme is infheidhme. Dá bhrí sin, chun iontaoibh ar mheasúnuithe ó fhoinsí eile a chothú i measc deontóirí, ba cheart don Choimisiún aitheantas ar chaighdeáin atá inghlactha go hidirnáisiúnta nó ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta a chur chun cinn.

(58) Ina theannta sin, is den tábhacht é cásanna a sheachaint ina ndéanfadh eintitis éagsúla iniúchadh ar fhaighteoirí cistí ón Aontas roinnt uaireanta maidir le húsáid na gcistí sin. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ann dul ar iontaoibh iniúchtaí arna ndéanamh cheana féin ag iniúchóirí neamhspleácha ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach ann ar a n-inniúlacht agus ar a neamhspleáchas agus ar choinníoll go mbíonn an saothar iniúchóireachta sin bunaithe ar chaighdeáin iniúchtóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta lena dtugtar urrús réasúnach, agus gur cuireadh i bhfeidhm iad ar na ráitis agus tuarascálacha airgeadais ina leagtar amach an úsáid atá le baint as an rannchuidiú sin ón Aontas. Ba cheart na hiniúchtaí sin a bheith ina mbonn leis an dearbhú foriomlán ar úsáid cistí de chuid an Aontais. Chuige sin, is den tábhacht a áirithiú go gcuirtear tuarascáil an iniúchóra neamhspleách agus doiciméadacht ábhartha ar fáil arna iarraidh sin dóibh do Pharlaimint na hEorpa, don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus d'údaráis iniúchóireachta na mBallstát.

(59) Ionas gur féidir brath ar mheasúnaithe agus iniúchtaí agus d'fhonn an t-ualach riarthach a laghdú do dhaoine agus eintitis atá ag fáil cistí de chuid an Aontais, is den tábhacht a áirithiú go ndéantar athúsáid ar pé faisnéis atá ar fáil cheana in institiúidí an Aontais, sna húdaráis bhainistíochta nó i gcomhlachtaí nó eintitis eile a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme d'fhonn iarrataí iolracha ar fhaighteoirí nó ar thairbhithe a sheachaint.

(60) Chun foráil a dhéanamh maidir le sásra don chomhar fadtéarmach le faighteoirí, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht comhaontuithe comhpháirtíochta i dtaca leis an gcreat airgeadais a shíniú. Ba cheart comhpháirtíochtaí creata airgeadais a chur chun feidhme trí bhíthin deontas nó trí chomhaontuithe rannchuidíochta le daoine agus le heintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme. Chun na críche sin, ba cheart inneachar íosta na gcomhaontuithe rannchuidíochta sin a shonrú. Níor cheart comhpháirtíochtaí creata airgeadais srianadh míchuí a chur ar rochtain ar mhaoiniú ón Aontas.

(61) Ba cheart na coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le ranníocaíocht de chuid an Aontais a chur ar fionraí, a fhoirceannadh nó a laghdú, ba cheart iad a chomhchuibhiú i dtaca leis na hionstraimí éagsúla cur chun feidhme buiséid amhail deontais, soláthar, bainistiú indíreach, duaiseanna, etc. Ba cheart na forais atá le fionraí, foirceannadh nó laghdú den sórt sin a shainiú.

(62) Ba cheart tréimhsí caighdeánacha a bhunú leis an Rialachán seo, tréimhsí ar ceart doiciméid a bhaineann le ranníocaíochtaí ón Aontas a bheith á gcoimeád ag faighteoirí lena linn, chun ceanglais chonarthacha éagsúla nó dhíréireacha a sheachaint agus chun a ndóthain ama a thabhairt don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) rochtain a fháil ar shonraí agus ar dhoiciméid den sórt sin agus chun na seiceálacha agus iniúchtaí *ex post* a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart iallach a chur ar aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais dul i mbun comhair chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(63) Chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar do rannpháirtithe agus d'fhaighteoirí agus chun a áirithiú go mbeadh an fhéidearthacht acu a gceart chun cosanta a fheidhmiú, ba cheart cead a thabhairt do rannpháirtithe agus d'fhaighteoirí a mbarúlacha a sheoladh isteach sula nglacfaí aon bheart a d'imreodh drochthionchar ar a gcearta agus ba cheart iad a chur ar an eolas faoi na modhanna sásaimh atá ar fáil dóibh chun agóid a dhéanamh i gcoinne beart den sórt sin.

(64) Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ba cheart don Choimisiún córas amháin luathbhratha agus eisiaimh a bhunú.

(65) Ba cheart feidhm a bheith ag an gcóras luathbhratha agus eisiaimh maidir le rannpháirtithe, faighteoirí, eintitis a bhfuil sé i gceist ag an iarrthóir nó tairgeoir dul i muinín a gcumais, fochonraitheoirí conraitheora, aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais má chuirtear an buiséad chun feidhme faoi bhainistiú indíreach, aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais faoi ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme faoi bhainistiú díreach, rannpháirtithe nó faighteoirí ar sholáthair eintitis a chuireann an buiséad chun feidhme faoi bhainistiú comhroinnte faisnéis ar fáil ina dtaobh, agus urraitheoirí.

(66) Ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina ndéantar cinneadh chun duine nó eintiteas a chlárú sa bhunachar sonraí a ghabhann leis an gcóras luathbhratha agus eisiaimh ar bhonn staid eisiaimh a bhaineann le duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chomhalta de chomhlacht riaracháin, bainistithe nó maoirseachta an duine nó an eintitis sin, nó ag a bhfuil cearta uiríll, cinnteoireachta nó rialaithe i ndáil leis an duine nó eintiteas sin, nó le duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta air féin as fiacha an duine sin nó an eintitis sin nó le duine nádúrtha atá riachtanach chun go ndéanfaí an gealltanas dlíthiúil a bhronnadh nó a chur chun feidhme, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an fhaisnéis a bhaineann leis na daoine sin le bheith san áireamh san fhaisnéis arna clárú sa bhunachar sonraí.

(67) Ba cheart gurb iad na hoifigigh údarúcháin atá freagrach, i bhfianaise a neamhspleáchais in ábhair riaracháin, a dhéanfaidh an cinneadh duine nó eintiteas a eisiamh ó rannpháirtíocht i nósanna imeachta um dhámhachtain nó pionós airgeadais a fhorchur agus a dhéanfaidh an cinneadh an fhaisnéis ghaolmhar a fhoilsiú. In éagmais breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach agus i gcásanna a bhaineann le sárú tromchúiseach conartha, ba cheart do na hoifigigh údarúcháin a gcinneadh a dhéanamh ar bhonn réamhaicmiú sa dlí, ag féachaint don mholadh ón bpainéal. Ba cheart don phainéal measúnú a dhéanamh freisin ar an ré a bheidh i gceist d'eisiamh i gcásanna nár socraíodh an ré leis an mbreithiúnas críochnaitheach nó leis an gcinneadh riaracháin ina leith.

(68) Ba cheart an ról a bheith ag an bpainéal a áirithiú go bhfeidhmeoidh an córas eisiaimh go comhleanúnach. Ba cheart gurb iad buanchathaoirleach, beirt ionadaithe ón gCoimisiún agus ionadaí de chuid an oifigigh údarúcháin iarrthaigh a bheadh ar an bpainéal.

(69) Leis an réamhaicmiú sa dlí, ní dhéantar réamhbhreithiúnas ar an measúnú críochnaitheach ar iompar an duine nó an eintitis lena mbaineann a dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faoin dlí náisiúnta. An moladh ón bpainéal agus an cinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach, ba cheart iad a athbhreithniú, dá bhrí sin, tar éis fógra a thabhairt faoin measúnú críochnaitheach sin.

(70) Ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas a eisiamh nuair a suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach as mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, as neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a bhaineann le ranníocaíochtaí slándála sóisialta nó le cánacha a íoc, bíodh an neamhchomhlíonadh sin d'aon turas nó ná bíodh, as eintiteas a chruthú i ndlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile, as calaois a dhéanann difear don bhuiséad, as éilliú, as iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil, as sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, as cionta sceimhlitheoireachta nó as cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, as saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine nó as neamhrialtacht a dhéanamh. Ba cheart duine nó eintiteas a eisiamh freisin i gcás sárú tromchúiseach ar ghealltanas dlíthiúil nó i gcás féimheachta.

(71) Nuair a bheidh cinneadh á ghlacadh maidir le duine nó eintiteas a eisiamh nó maidir le pionós airgeadais a fhorchur ar dhuine nó ar eintiteas agus maidir leis an méid sin a fhoilsiú, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta, go háirithe trí aird a thabhairt ar thromchúis an cháis, ar an tionchar buiséadach a bheidh aige, ar an méid ama a d'imigh thart ó rinneadh an t-iompar ábhartha, ar ré agus atarlú an iompair, ar cibé an raibh rún ann i dtaobh an iompair nó ar mhéid na faillí sin agus ar an méid a chomhoibrigh an duine nó eintiteas leis an údarás ábhartha inniúil agus ar rannchuidiú an duine nó an eintitis sin leis an imscrúdú.

(72) Ba cheart go bhféadfadh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas a eisiamh freisin i gcás ina mbeidh duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta as fiacha an oibreora eacnamaíoch sin féimheach nó i staid chomhchosúil dócmhainneachta nó má mhainníonn an duine nádúrtha nó dlítheanach sin a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta nó cánacha a íoc, i gcás ina mbeidh tionchar ag na staideanna sin ar staid airgeadais an oibreora eacnamaíoch sin.

(73) Níor cheart duine ná eintiteas a bheith faoi réir cinneadh maidir le heisiamh i gcás ina mbeidh bearta feabhais déanta aige, rud a léiríonn, ar an gcaoi sin, a iontaofacht. Níor cheart feidhm a bheith ag an deis sin i gcás na ngníomhaíochtaí coiriúla is tromchúisí.

(74) I bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na cásanna sin ina ndéanfar pionós airgeadais a fhorchur seachas eisiamh a dhéanamh, ar thaobh amháin, agus na cásanna inarb amhlaidh, de bharr a thromchúisí atá iompar an fhaighteora lena mbaineann i leith iarracht a dhéanamh cistí de chuid an Aontais a fháil go míchuí, go mbeidh bonn cirt le pionós airgeadais a fhorchur de bhreis ar an eisiamh chun éifeacht dhíspreagthach a áirithiú, ar an taobh eile. Ba cheart sainiú a dhéanamh freisin ar mhéid uasta an phionóis airgeadais a fhéadfaidh an t-údarás conarthach a fhorchur.

(75) Níor cheart pionós airgeadais a fhorchur ach amháin ar fhaighteoir agus gan é a fhorchur ar rannpháirtí toisc go ndéantar méid an phionóis airgeadais atá le forchur a ríomh ar bhonn luach an ghealltanais dhlíthiúil atá i ngeall.

(76) Is neamhspleách ón deis pionóis chonarthacha, amhail damáistí leachtaithe, a chur i bhfeidhm atá an deis chun cinntí a ghlacadh maidir le heisiamh agus pionóis airgeadais a fhorchur.

(77) Ba cheart ré eisiaimh a bheith teoranta ó thaobh ama, amhail an cás faoi Threoir 2014/24/AE agus ba cheart é bheith i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

(78) Is gá an dáta ar a dtosóidh an tréimhse teorann chun cinntí a ghlacadh maidir le heisiamh nó pionóis airgeadais a fhorchur agus ré na tréimhse sin a chinneadh.

(79) Tá sé tábhachtach go bhféadfar an éifeacht dhíspreagthach a bheidh ag an eisiamh agus ag an bpionós airgeadais a atreisiú. I ndáil leis an méid sin, ba cheart go ndéanfaí an éifeacht dhíspreagthach a atreisiú tríd an deis an fhaisnéis a bhaineann leis an eisiamh agus/nó leis an bpionós airgeadais a fhoilsiú, ar bhealach a sásaíonn Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart go gcuideodh an foilsiú sin chun a áirithiú nach ndéanfar an t-iompar céanna an athuair. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart na staideanna a shonrú nár cheart foilsiú a dhéanamh ina leith. Sa mheasúnú a dhéanfaidh sé, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach féachaint d'aon mholadh ón bpainéal. A mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha, níor cheart sonraí pearsanta a fhoilsiú ach i gcúinsí eisceachtúla, a mbeidh bonn cirt leo de bharr a thromchúisí atá an gníomh nó de bharr an tionchair a bheidh aige ar leasanna airgeadais an Aontais.

(80) Níor cheart faisnéis a bhaineann le heisiamh nó le pionós airgeadais a fhoilsiú ach amháin i gcásanna áirithe amhail mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, calaoise, easnamh suntasach maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh atá ag baint le gealltanas dlíthiúil a mhaoinítear leis an mbuiséad, nó neamhrialtacht, nó i gcás ina gcruthaítear eintiteas indlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile.

(81) Ba cheart na critéir eisiaimh a bheith scartha go soiléir ó na critéir as a dtiocfaidh diúltú féideartha i gcás nós imeachta um dhámhachtain.

(82) An fhaisnéis faoi rioscaí a bhrath go luath agus faoi chinntí maidir le heisiamh agus faoi phionóis airgeadais a fhorchur ar dhuine nó ar eintiteas, ba cheart í a lárú. Chun na críche sin, ba cheart faisnéis ghaolmhar a stóráil i mbunachar a bhunóidh agus a fheidhmeoidh an Coimisiún mar úinéir an chórais láraithe. Ba cheart don chóras sin feidhmiú i gcomhréir leis an gceart chun príobháideachta agus chun sonraí pearsanta a chosaint.

(83) Is é an Coimisiún is ceart a bheith freagrach as an gcóras luathbhratha agus eisiaimh a bhunú agus a fheidhmiú, ach ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, mar aon leis na daoin agus na heintitis uile a chuirfidh cistí de chuid an Aontais chun feidhme faoi bhainistiú díreach, comhroinnte agus indíreach, páirt a ghlacadh sa chóras sin trí fhaisnéis ábhartha a tharchur chuig an gCoimisiún. Ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach agus don phainéal an ceart ar chosaint atá ag an duine nó ag an eintiteas a ráthú. Ba cheart an ceart céanna a thabhairt do dhuine nó d'eintiteas, i gcomhthéacs luathbhratha, i gcás ina bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag beart arna bheartú ag oifigeach údarúcháin ar chearta an duine nó an eintitis lena mbaineann. I gcásanna ina mbeidh calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile ann a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais nach bhfuil fós faoi réir breithiúnas críochnaitheach, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann don oifigeach údarúcháin atá freagrach an fógra don duine nó don eintiteas a iarchur agus don phainéal ceart an duine nó an eintitis a chuid nó a cuid barúlacha a chur in iúl a iarchur. Níor cheart iarchur den sórt sin a cheadú ach amháin i gcás ina mbeidh forais dhlisteanacha láidre ann chun rúndacht an imscrúdaithe nó na n-imeachtaí násiúnta breithiúnacha a chaomhnú.

(84) Ba cheart dlínse neamhtheoranta a thabhairt do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le cinntí maidir le heisiamh agus maidir le pionóis airgeadais arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo, i gcomhréir le hAirteagal 261 CFAE.

(85) Chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a éascú ar fud mhodhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, ba cheart do na daoine agus do na heintitis atá rannpháirteach i gcur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistiú comhroinnte agus faoi bhainistiú indíreach, aird a thabhairt, de réir mar is iomchuí, ar na heisiaimh sin a chinnfidh na hoifigigh údarúcháin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.

(86) Ba cheart cuspóirí an r-rialtais a chothú leis an Rialachán seo, go háirithe sonraí leictreonacha a úsáid i malartú faisnéise idir institiúidí an Aontais agus tríú páirtithe.

(87) Ba cheart coinníollacha soiléire d'inghlacthacht na gcóras a úsáidfear a bheith mar chuid den dul chun cinn i dtreo malartú leictreonach faisnéise agus seoladh isteach leictreonach doiciméad, ríomhsholáthar san áireamh, i gcás inarb iomchuí, ar mórbheart i dtreo an tsimplithe é, chun timpeallacht atá fónta ó thaobh an dlí de a bhunú agus solúbthacht a choinneáil ag an am céanna do na rannpháirtithe, do na faighteoirí agus do na hoifigí údarúcháin i dtaca le bainistíocht ar chistí de chuid an Aontais, mar a fhoráiltear faoin Rialachán seo.

(88) Ba cheart rialacha a leagan síos maidir le comhdhéanamh agus cúraimí an choiste a bheidh i gceannas ar dhoiciméad iarratais a mheas a bhaineann le nósanna imeachta chun soláthar, nósanna imeachta chun deontais a dhámhachtain agus le comórtais i gcomhair duaiseanna. Ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ann saineolaithe seachtracha a áireamh ar an gcoiste i gcás ina ndéantar foráil dó sa bhunghníomh.

(89) I gcomhréir le prionsabal an dea-rialachais, ba cheart don oifigeach údarúcháin soiléirithe nó doiciméid atá in easnamh a iarraidh, agus prionsabal na córa comhionainne á urramú aige agus gan athrú substaintiúil a dhéanamh ar na doiciméid iarratais. Níor cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag an oifigeach údarúcháin cinneadh a dhéanamh é sin a dhéanamh ach i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Ina theannta sin, ba cheart don oifigeach údarúcháin a bheith in ann earráid shoiléir chléireachais a cheartú nó iarraidh ar an rannpháirtí é a cheartú.

(90) Ba cheart é a bheith de cheangal faoi bhainistíocht fhónta airgeadais go gcosnódh an Coimisiún é féin trí ráthaíochtaí a iarraidh tráth a íoctar réamh-mhaoiniú. Níor cheart gur cheanglas uathoibríoch é an ceanglas ar chonraitheoirí ráthaíochtaí a thaisceadh, ach ba cheart go mbunófaí é ar anailís riosca. Sa chás, le linn an chur chun feidhme, go bhfaigheann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach amach nach bhfuil údarú ag ráthóir ráthaíochtaí a eisiúint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, nó nach bhfuil an t-údarú sin ag an ráthóir a thuilleadh, ba cheart don oifigeach údarúcháin a bheith in ann a éileamh go ndéanfaí an ráthaíocht a ionadú.

(91) Ba chúis mearbhaill na tacair éagsúla rialacha don chur chun feidhme díreach agus don bhainistiú indíreach, go háirithe maidir le coincheap de "cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid", agus ghabh baol leo maidir le hearráidí ó thaobh incháilitheachta de don Choimisiún agus dá chuid comhpháirtithe araon, agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a shimpliú agus a chomhchuibhiú.

(92) Ba cheart na forálacha maidir leis an gcolún-mheasúnú *ex ante* ar dhaoine agus ar eintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme faoi bhainistiú indíreach a athbhreithniú le go mbeidh an Coimisiún in ann, a oiread is féidir, dul ar iontaoibh na gcóras, na rialacha agus na nósanna imeachta atá ag na daoine agus na heintitis sin, ar measadh iad a bheith comhionann leis na cinn a úsáideann an Coimisiún. Ina theannta sin, is den tábhacht soiléiriú a thabhairt go bhféadfadh an Coimisiún, i gcás gur léir de thoradh an mheasúnaithe gurb ann do réimsí nach leor na nósanna imeachta atá i bhfeidhm iontu chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go bhféadfadh an Coimisiún sa chás sin comhaontuithe ranníocaíochta a shíniú agus bearta maoirseachta iomchuí á nglacadh aige ag an am céanna. Is den tábhacht soiléiriú a thabhairt cé na cásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún a chinneadh nach bhfuil colún-mheasúnú *ex ante* de dhíth air chun comhaontuithe ranníocaíochta a shíniú.

(93) Ba cheart luach saothair na ndaoine agus na n-eintiteas a chuireann an buiséad chun feidhme a bheith bunaithe ar fheidhmíocht, nuair is ábhartha agus nuair is féidir sin.

(94) Téann an Coimisiún i gcomhpháirtíochtaí le tríú tíortha trí bhíthin comhaontuithe maoiniúcháin. Is den tábhacht soiléiriú a thabhairt ar a bhfuil sna comhaontuithe maoiniúcháin sin, go háirithe i gcás na gcodanna sin de ghníomhaíocht a chuireann an tríú tír chun feidhme faoi bhainistiú neamhdhíreach.

(95) Is den tábhacht an ghné shonrach a bhaineann le saoráidí measctha nó ardáin mheasctha a aithint, saoráidí faoina ndéanann an Coimisiún a ranníocaíocht féin a chumasc le ranníocaíochtaí ó institiúidí airgeadais agus soiléiriú a thabhairt ar fhorálacha na n-ionstraimí airgeadais augs na ráthaíochtaí buiséadacha a chur i bhfeidhm.

(96) Ba cheart rialacha agus prionsabail maidir le soláthar is infheidhme i leith conarthaí poiblí arna ndámhachtain ag institiúidí an Aontais as a stuaim féin a bheith bunaithe ar na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] agus ar Threoir 2014/24/AE.

(97) I gcás conarthaí measctha, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar mhodheolaíocht na n-údarás conarthach chun na rialacha is infheidhme a chinneadh.

(98) Na bearta poiblíochta *ex ante* agus *ex post* is gá chun nós imeachta soláthair a sheoladh, ba cheart iad a shoiléiriú do chonarthaí is comhionann leis na tairseacha a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE, nó is mó ná iad, do chonarthaí faoi na tairseacha sin agus do chonarthaí nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach.

(99) Ba cheart liosta uileghabhálach de nósanna imeachta soláthair uile institiúidí an Aontais, beag beann ar na tairseacha, a bheith sa Rialachán seo.

(100) De ghrá an tsimplithe riaracháin agus chun fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh le bheith rannpháirteach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta idirbheartaithe le haghaidh conarthaí ar luach meánach.

(101) Amhail an cás i dTreoir 2014/24/AE, ba cheart don Rialachán seo comhairliúchán margaidh a cheadú sula seolfar nós imeachta soláthair. Chun a áirithiú nach n-úsáidfear an chomhpháirtíocht nuálaíochta ach amháin nuair nach mbeidh na saothair, na soláthairtí agus na seirbhísí inmhianaithe ar fáil ar an margadh nó mar ghníomhaíocht forbartha atá gar don mhargadh, ba cheart oibleagáid a leagan síos sa Rialachán seo go gcaithfear réamhchomhairliúchán margaidh a dhéanamh sula mbainfear úsáid as comhpháirtíocht nuálaíochta.

(102) Ba cheart rannchuidiú na n-údarás conarthach maidir le cosaint an chomhshaoil agus maidir le cur chun cinn na forbartha inbhuanaithe a shoiléiriú agus, ag an am céanna, a áirithiú go bhfaigheann siad an luach is fearr ar airgead dá gcuid conarthaí, go háirithe trí lipéid shonracha a éileamh nó trí mhodhanna iomchuí dámhachtana a úsáid.

(103) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, agus conarthaí á gcur i gcrích acu, na hoibleagáidí maidir leis an gcomhshaol, na hoibleagáidí sóisialta agus na hoibleagáidí maidir le dlí an tsaothair arna mbunú le dlí an Aontais, le dlí náisiúnta na mBallstát, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta shóisialta agus chomhshaoil a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE, ba cheart na hoibleagáidí sin a bheith mar chuid de na ceanglais íosta a shaineoidh an t-údarás conarthach agus ba cheart iad a chomhtháthú sna conarthaí arna síniú ag an údarás conarthach.

(104) Maidir le cásanna éagsúla, ar cásanna iad a dtugtar cásanna coinbhleachta leasa orthu de ghnáth, is iomchuí iad a shainaithint agus a láimhseáil ar bhealach ar leith. Ba cheart an coincheap "coinbhleacht leasanna" a úsáid le haghaidh cásanna ina mbeidh duine nó eintiteas nó duine a bhfuil freagrachtaí chur chun feidhme, iniúchóireachta nó rialaithe an bhuiséid air, nó oifigeach nó gníomhaire d'institiúid de chuid an Aontais a bhfuil an cúram sin air nó údaráis náisiúnta ar aon leibhéal a bhfuil an cúram sin orthu, agus sna cásanna sin amháin. Ba cheart féachaint ar iarrachtaí tionchar míchuí a imirt ar nós imeachta um dhámhachtain nó faisnéis rúnda a fháil mar mhí-iompar gairmiúil tromchúiseach a bhféadfadh diúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain agus/nó eisiamh ó chistí an Aontais a bheith mar thoradh air. Ina theannta sin, d'fhéadfadh oibreoirí eacnamaíocha a bheith i gcás nár cheart iad a roghnú chun conradh a chur chun feidhme de bharr leas coinbhleachta gairmiúil. Mar shampla, níor cheart do chuideachta meastóireacht a dhéanamh ar thionscadal a mbeidh sí féin rannpháirteach ann agus níor cheart d'iniúchóir a bheith in ann cuntais a iniúchadh a bheidh deimhnithe aige roimhe sin.

(105) I gcomhréir le Treoir 2014/24/AE, ba cheart go bhféadfar a fhíorú an bhfuil oibreoir eacnamaíoch eisiata, critéir roghnúcháin agus dhámhachtana a chur i bhfeidhm, chomh maith le comhlíonadh na ndoiciméad soláthair a fhíorú in aon ord. Mar thoradh air sin, ba cheart an deis a bheith ann tairiscintí ar bhonn na gcritéar dámhachtana a dhiúltú gan an tairgeoir comhfhreagrach a sheiceáil roimh ré maidir le critéir eisiaimh nó roghnúcháin.

[1] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

(106) Ba cheart conarthaí a dhámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch i gcomhréir le hAirteagal 67 de Threoir 2014/24/AE.

(107) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is gá a shoiléiriú go bhfuil nasc docht idir na critéir roghnúcháin agus an mheastóireacht a dhéantar ar iarrthóirí nó ar thairgeoirí agus go bhfuil nasc docht idir na critéir dhámhachtana agus an mheastóireacht a dhéantar ar na tairiscintí. Go háirithe, is mar chritéar roghnúcháin agus ní mar chritéar dámhachtana is ceart cáilíochtaí agus taithí na foirne a dtugtar an conradh dóibh a úsáid, mar go bhféadfadh riosca forluí a bheith i gceist leis sin agus go bhféadfadh meastóireacht a dhéanamh faoi dhó ar an ngné chéanna. Thairis sin, dá n-úsáidfí na cáilíochtaí agus an taithí sin mar chritéar dámhachtana, chaithfí amhras ar na coinníollacha faoinar dámhadh an conradh agus chruthófaí neamhdheimhneacht dhlíthiúil dá ndéanfaí athrú ar bith ar an bhfoireann ar dámhadh an conradh orthu, fiú i gcás ina mbeadh údar leis sin mar gheall ar bhreoiteacht nó ar athrú i bpost.

(108) Le soláthar an Aontais, ba cheart a áirithiú go n-úsáidfear cistí an Aontais ar bhealach éifeachtach, trédhearcach agus iomchuí, agus go laghdófar an t-ualach riaracháin ar fhaighteoirí cistí ón Aontas ag an am céanna. I ndáil leis sin, ba cheart, leis an ríomhsholáthar, go rannchuideofar le cistí de chuid an Aontais a úsáid ar bhealach níos fearr agus feabhas a chur ar an rochtain ar chonarthaí d'oibreoirí uile eacnamaíocha. Ba cheart do gach institiúid de chuid an Aontais a sheolann soláthar rialacha soiléire a fhoilsiú ar a suímh ghréasáin maidir le fáil, caiteachas agus faireachán, agus maidir leis na conarthaí a dámhadh, luach na gconarthaí san áireamh.

(109) Ba cheart a shoiléiriú gur ann do réamhchéim agus meastóireacht le haghaidh aon nós imeachta. Ba cheart cinneadh dámhachtana a bheith ina thoradh ar mheastóireacht i gcónaí.

(110) Nuair a chuirfear iarrthóirí agus tairgeoirí ar an eolas faoin toradh ar nós imeachta, ba cheart na forais ar a ndéanfar an cinneadh a chur in iúl dóibh agus ba cheart go bhfaighidh siad ráiteas mionsonraithe bunaithe ar a mbeidh sa tuarascáil mheastóireachta ina leagfar amach na cúiseanna leis an gcinneadh.

(111) Ós rud é nach gcuirfear critéir i bhfeidhm in aon ord ar leith, ba cheart go bhfaighidh tairgeoirí a chuirfidh isteach tairiscintí comhlíontacha agus a ndiúltófar dóibh faisnéis mar gheall ar shaintréithe agus bhuntáistí coibhneasta an tairgeora a n-éireoidh leis má iarrann siad an méid sin.

(112) I gcás creatchonarthaí lena ngabhfaidh athoscailt na hiomaíochta, níor cheart aon oibleagáid bheith ann faisnéis mar gheall ar shaintréithe agus bhuntáistí coibhneasta an tairgeora a n-éireoidh leis a chur ar fáil do chonraitheoir nach n-éireoidh leis, ar an mbonn go bhféadfar dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir na páirtithe sa chreatchonradh céanna dá bhfaighidh siad an fhaisnéis sin gach uair a d'athosclófaí comórtas.

(113) Ba cheart d'údarás conarthach a bheith ábalta nós imeachta soláthair a chealú sula síneofar an conradh, gan na hiarrthóirí ná na tairgeoirí a bheith i dteideal cúiteamh a éileamh. Ba cheart go mbeidh an méid sin gan dochar do na cásanna sin ina ngníomhóidh an t-údarás conarthach ar bhealach ina bhféadfar é a chur faoi dhliteanas i leith damáistí i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais.

(114) Amhail an cás i dTreoir 2014/24/AE, is gá soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfar conradh a mhodhnú agus é á chomhlíonadh gan nós imeachta nua soláthair. Go háirithe, níor cheart nós imeachta nua um dhámhachtain a éileamh i gcás athruithe riaracháin, comharbas uilíoch agus cur i bhfeidhm clásal nó roghanna maidir le hathbhreithniú atá soiléir aonchiallach agus nach n-athraíonn ceanglais íosta an nós imeachta tosaigh. Ba cheart go mbeidh gá le nós imeachta nua soláthair i gcás ina ndéanfar modhnuithe ábhartha ar an gconradh tosaigh, go háirithe ar raon feidhme agus ar ábhar chearta agus oibleagáidí frithpháirteacha na bpáirtithe, lena n-áirítear maidir le dáileadh na gceart maoine intleachtúla. Leis na modhnuithe sin, léirítear go bhfuil sé i gceist ag na páirtithe téarmaí nó coinníollacha bunriachtanacha an chonartha sin a chaibidliú an athuair, go háirithe dá mbeadh tionchar ag na modhnuithe ar thoradh an nós imeachta, dá mbeidís mar chuid den nós imeachta tosaigh.

(115) Ní mór foráil a dhéanamh maidir leis an rogha i dtaca le ráthaíocht feidhmíochta a éileamh i gcás saothair, soláthairtí agus seirbhísí casta chun comhlíonadh oibleagáidí suntasacha conarthacha a ráthú agus chun feidhmiú iomchuí le linn ré an chonartha a áirithiú. Lena chois sin, ní mór foráil a dhéanamh maidir leis an rogha i dtaca le ráthaíocht um airgead coinneála a éileamh chun tréimhse dhliteanais an chonartha a chumhdach, i gcomhréir leis an gcleachtas is gnách sna hearnálacha lena mbaineann.

(116) Chun na tairseacha agus na nósanna imeachta is infheidhme a chinneadh, is gá a shoiléiriú an meastar gur údaráis chonarthacha iad institiúidí an Aontais, mar aon le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus comhlachtaí de chuid an Aontais. Níor cheart a mheas gur údaráis chonarthacha iad i gcásanna ina gceannóidh siad ó chomhlacht lárnach ceannaigh. Ina theannta sin, is eintiteas dlíthiúil aonair iad institiúidí an Aontais agus ní fhéadfaidh a gcuid ranna conarthaí a thabhairt i gcrích, agus ní fhéadfaidh siad ach comhaontuithe leibhéil seirbhíse a thabhairt i gcrích, idir eatarthu.

(117) Is iomchuí tagairt a chur isteach sa Rialachán seo don dá thairseach a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE maidir le saothair agus le soláthairtí agus seirbhísí, faoi seach. Ba cheart na tairseacha sin a bheith infheidhme freisin maidir le conarthaí lamháltais ar mhaithe le simpliú, chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais, agus sainiúlachtaí riachtanais chonarthacha institiúidí an Aontais á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeidh athbhreithniú ar na tairseacha sin amhail dá bhforáiltear i dTreoir 2014/24/AE infheidhme go díreach maidir le soláthar faoin Rialachán seo.

(118) Chun críocha comhchuibhithe agus simplithe, ba cheart freisin na nósanna imeachta caighdeánaithe is infheidhme maidir le soláthar a chur i bhfeidhm i gcás ceannacháin dá bhforáiltear faoin réimeas bog do chonarthaí do sheirbhísí sóisialta agus do sheirbhísí sonracha eile dá dtagraítear in Airteagal 74 de Threoir 2014/24/AE. Ar an ábhar sin, ba cheart an tairseach maidir le ceannacháin faoi réimeas bog a chuíchóiriú leis an tairseach maidir le conarthaí seirbhíse.

(119) Is gá coinníollacha chur i bhfeidhm na tréimhse neamhghníomhaíochta atá le hurramú sula síneofar conradh nó creatchonradh a shoiléiriú.

(120) Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha a bheith comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir 2014/23/AE agus Treoir 2014/24/AE.

(121) Chun castacht a laghdú, chun rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú agus chun inléiteacht na rialacha soláthair a fheabhsú, ní mór na forálacha ginearálta maidir le soláthar agus na forálacha sonracha is infheidhme maidir le soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha a athghrúpáil agus fáil réidh le haon athrá nó crostagairt iontu nach bhfuil gá leo.

(122) Is gá a shoiléiriú cé na hoibreoirí eacnamaíocha a mbeidh rochtain acu ar sholáthar arna dhéanamh faoin Rialachán seo ag brath ar an áit a bhfuil siad bunaithe agus foráil a dhéanamh go sainráite go mbeidh deis ag eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin an rochtain sin a bheith acu.

(123) Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le trédhearcacht agus comhleanúnachas níos fearr ar thaobh amháin agus an gá atá le solúbthacht maidir le gnéithe teicniúla áirithe de na rialacha sin a chur ar fáil ar an taobh eile, ba cheart na rialacha teicniúla maidir le soláthar a leagan amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar an Iarscríbhinn sin.

(124) Is gá raon feidhme an Teidil maidir le deontais a shoiléiriú, go háirithe i dtaca leis an gcineál gníomhaíochta nó comhlachta atá i dteideal deontais agus, chomh maith leis sin, i dtaca le gealltanais dlí a fhéadfaidh a úsáid chun deontais a chumhdach. Ba cheart, go háirithe, deireadh a chur le cinntí deontais de réir a chéile i ngeall ar an úsáid theoranta a bhaintear astu agus i ngeall ar thabhairt isteach an chórais ríomhdheontais ar bhonn céimnithe. Ba cheart an leagan amach a shimpliú trí fhorálacha maidir le hionstraimí nach deontais iad a bhogadh go codanna eile den Rialachán. Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar na cineálacha comhlachta a fhéadfaidh deontais oibriúcháin a fháil trí gan tagairt a thuilleadh do chomhlachtaí a bhfuil aidhm lena mbaineann leas ginearálta an Aontais á saothrú acu óir cumhdaítear na comhlachtaí sin leis an gcoincheap de chomhlachtaí a bhfuil cuspóir acu ar cuid de bheartas an Aontais é, agus a bhfuil an beartas sin á thacú acu.

(125) Chun nósanna imeachta a shimpliú agus chun feabhas a chur ar inléiteacht an Rialacháin seo, ba cheart forálacha maidir le hábhar an iarratais ar dheontas, an ghlao ar thograí agus an chomhaontaithe deontais a shimpliú agus a chuíchóiriú.

(126) Chun cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá maoinithe ag ildeontóirí a éascú, i gcás nach eol an ann do mhaoiniú foriomlán na gníomhaíochta tráth a gheallfar ranníocaíocht an Aontais, is gá soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar ranníocaíocht an Aontais a shainiú agus ar an gcur chuige lena ndéanfar úsáid na ranníocaíochta a fhíorú.

(127) Léirítear le taithí a fuarthas ó chnapshuimeanna, ó chostais aonaid nó ó mhaoiniú ar ráta comhréidh a úsáid go simplítear go suntasach na nósanna imeachta riaracháin le foirmeacha maoinithe den sórt sin agus go laghdaítear an riosca earráide go suntasach. Is foirmeacha oiriúnacha maoiniúcháin iad cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe, neamhspleách ar an réimse ina ndéanann an tAontas idirghabháil agus go háirithe i gcás gníomhaíochtaí caighdeánaithe agus athfhillteacha amhail soghluaisteacht, nó gníomhaíochtaí oiliúna. Thairis sin, de réir mar a chuireann institiúidí na mBallstát comhar institiúideach idir riaracháin phoiblí na mBallstát agus na dtíortha is tairbhithe nó na dtíortha comhpháirtíochta (nascadh idir institiúidí) chun feidhme, tugtar údar le húsáid roghanna costas simplithe agus ba cheart dó sin a rannpháirtíocht a chothú. Ar mhaithe le héifeachtúlacht a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit agus d'fhaighteoirí eile na gcistí ón Aontas a bheith in ann na roghanna costas simplithe a úsáid níos minice. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na coinníollacha le haghaidh úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe a dhéanamh níos solúbtha. Is gá foráil a dhéanamh, ar dhóigh shainráite, do chnapshuimeanna aonair a chur ar bun a chumhdaíonn na costais incháilithe uile atá ar an ngníomhaíocht nó ar an gclár oibre. Ina theannta sin, chun spreagadh a thabhairt le díriú ar thorthaí, ba cheart tús áite a thabhairt do mhaoiniú a bhunaítear ar aischur. Ba cheart cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe a bhunaítear ar ionchur a fhágáil mar rogha sa chás nach féidir nó nach iomchuí cinn a bhunaítear ar aischur a úsáid.

(128) Ba cheart na nósanna imeachta riaracháin maidir le cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe a shimpliú tríd an gcumhacht i gcomhair údarú orthu sin a dhílsiú sna hoifigigh údarúcháin atá freagrach. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún an t-údarú sin a thabhairt i bhfianaise nádúr na ngníomhaíochtaí nó an chaiteachais nó i bhfianaise líon na n-oifigeach údarúcháin lena mbaineann.

(129) Chun an bhearna a dhúnadh i dtaca le sonraí a bheith ar fáil chun cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe a bhunú, ba cheart go mbeadh cead breithiúnas saineolach a fháil.

(130) Cé gur cheart go mbeifí in ann úsáid níos minice a bhaint as foirmeacha simplithe maoinithe, ba cheart comhlíonadh phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, agus go háirithe prionsabal na tíosaíochta, prionsabal na héifeachtúlachta chomh maith leis an bprionsabal a bhaineann le cistiú dúbailte ar bith a dhéanamh a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart a áirithiú leis na foirmeacha simplithe maoiniúcháin gur leor na hacmhainní arna n-úsáid d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach, nach maoineofar na costais chéanna breis is uair amháin ón mbuiséad, go n-urramófar prionsabal an chómhaoinithe agus go seachnófar róchúiteamh na bhfaighteoirí trí chéile. Mar sin, ba cheart foirmeacha simplithe maoiniúcháin a bhunú ar shonraí staidrimh nó cuntasaíochta, ar mhodhanna oibiachtúla dá samhail nó ar bhreithiúnais shaineolacha. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith fós ag seiceálacha, rialuithe agus measúnuithe tréimhsiúla oiriúnacha.

(131) Ba cheart raon feidhme na seiceálacha agus na rialuithe lasmuigh den mheasúnú a dhéantar go tréimhsiúil ar chnapshuimeanna, ar chostais aonaid agus ar rátaí comhréidhe, ba cheart an raon feidhme sin a shoiléiriú. Leis na seiceálacha agus na rialuithe sin, ba cheart díriú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha lena spreagtar íocaíocht na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó na rátaí comhréidhe, lena n-áirítear, nuair is gá sin, cur i gcrích na n-aschur agus/nó na dtorthaí. Níor cheart go gceanglófar leis na coinníollacha sin tuairisciú ar na costais iarbhír a thabhóidh an tairbhí. Sa chás ina ndearna an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach nó an Coimisiún méideanna na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó an mhaoiniúcháin ar ráta comhréidh a chinneadh ar bhonn *ex ante*, níor cheart iad a agóid trí rialuithe *ex post*. Níor cheart cosc a chur leis seo ar laghdú deontais i gcás ina gcuirfear chun feidhme go dona, i bpáirt nó mall é nó ina mbeidh neamhrialtacht, calaois nó sárú oibleagáidí eile i gceist. Go háirithe, ba cheart deontas a laghdú i gcás nár comhlíonadh na coinníollacha lena spreagtar íocaíocht na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó na rátaí comhréidhe. Ba cheart do mhinicíocht agus raon feidhme an mheasúnaithe thréimhsiúil a bheith ag brath ar fhorbairt agus ar chineál na gcostas, go háirithe agus athruithe suntasacha i bpraghsanna margaidh agus cúinsí ábhartha eile á gcur san áireamh. Mar thoradh ar an measúnú tréimhsiúil, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí coigeartú ar na cnapshuimeanna, na costais aonaid agus na rátaí comhréidhe is infheidhme maidir le comhaontuithe amach anseo ach níor cheart an measúnú sin a úsáid chun ceisteanna a ardú faoi luach na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó na rátaí comhréidhe atá comhaontaithe cheana féin. Chun gur féidir measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar chnapshuimeanna, ar chostais aonaid nó ar rátaí comhréidhe, féadfaidh sé gur gá rochtain ar chuntais an tairbhí a bheith ar fáil chun críocha staidrimh agus modheolaíochta agus is gá an rochtain sin a bheith ar fáil freisin chun calaois a chosc agus a bhrath.

(132) Chun gur féidir le heagraíochtaí beaga páirt a ghlacadh i mbeartais de chuid an Aontais a chur chun feidhme i dtimpeallacht nach bhfuil ach acmhainní teoranta ar fáil, ní mór aitheantas a thabhairt do luach na hoibre a dhéanann saorálaithe mar chostais incháilithe. Ar an ábhar sin, ba cheart eagraíochtaí den sórt sin a bheith ábalta brath ar obair saorálaithe ar bhonn níos leithne ar mhaithe le cómhaoiniú a chur ar fáil don ghníomhaíocht nó don chlár oibre. Gan dochar don uasráta cómhaoiniúcháin a shonraítear sa bhunghníomh, i gcásanna dá leithéid, ba cheart deontas an Aontais a theorannú do na costais mheasta incháilithe seachas do na costais a chumhdaíonn obair na saorálaithe. Toisc gur obair saorálaithe í an obair a dhéanann tríú páirtithe nach dtugann an tairbhí luach saothair dóibh as an obair, leis an teorannú seachnaítear costais nár thabhaigh an tairbhí a aisíoc leis. Chomh maith leis sin, níor cheart do luach obair na saorálaithe a bheith os cionn 50 % de na ranníocaíochtaí comhchineáil ná aon chómhaoiniú eile.

(133) Ba cheart prionsabal an neamhbhrabúis a choimeád sa Rialachán seo chun ceann de bhunphrionsabail an airgeadais phoiblí a chosaint.

(134) I bprionsabal, ba cheart deontais a dhámhachtain tar éis glao ar thograí. I gcásanna inar féidir eisceachtaí a dhéanamh, ba cheart srian a chur ar a léirmhíniú agus a bhfeidhmiú sa mhéid a bhaineann le raon feidhme agus le ré. Níor cheart leas a bhaint as an bhféidearthacht eisceachtúil atá ann deontais a dhámhachtain gan glao ar thograí ar chomhlachtaí a bhfuil monaplacht *de facto* nó *de jure* acu ach i gcás nach bhfuil ach na comhlachtaí lena mbaineann agus na cinn sin amháin in ann cineálacha ábhartha gníomhaíochtaí a chur chun feidhme nó i gcás inar dílsíodh an fheidhm sin dóibh le dlí nó i gcás inar dhílsigh údarás poiblí an mhonaplacht sin dóibh.

(135) Faoi chuimsiú dul i dtreo ríomhdheontais agus ríomhsholáthair, níor cheart a iarraidh ar iarratasóirí agus ar thairgeoirí cruthúnas dá stádas dlíthiúil agus dá n-inmharthanacht airgeadais a chur ar fáil ach aon uair amháin laistigh de thréimhse shonrach agus níor cheart a cheangal orthu na doiciméid tacaíochta a chur isteach faoi dhó i ngach nós imeachta um dhámhachtain. Mar sin, is gá na ceanglais a ailíniú do líon na mblianta a n-iarrfar doiciméid ina leith faoi nósanna imeachta um dheontais a dhámhachtain agus nósanna imeachta soláthair.

(136) Ba cheart úsáid duaiseanna a éascú agus na rialacha is infheidhme a shoiléiriú ó tharla gur cineál luachmhar tacaíochta airgeadais iad nach bhfuil aon bhaint acu le costais intuartha. Ba cheart féachaint ar dhuaiseanna mar chomhlánú ar ionstraimí maoiniúcháin amhail deontais, seachas teacht ina n-ionad.

(137) Chun go bhféadfar duaiseanna a chur chun feidhme ar dhóigh níos solúbtha, ba cheart oibleagáid faisnéis roimh ré a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle agus duaiseanna den sórt sin a lua go sainráite sa chinneadh maoiniúcháin in ionad na hoibleagáide faoi Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 comórtais le haghaidh duaiseanna ag a bhfuil luach aonaid EUR 1 000 000 nó níos mó a fhoilsiú sna ráitis a ghabhann leis an dréachtbhuiséad.

(138) Ba cheart duaiseanna a dhámhachtain i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus faoi réir phrionsabal na córa comhionainne. Sa chomhthéacs sin, ba cheart saintréithe íosta na gcomórtas a leagan síos, go háirithe na socruithe maidir leis an duais a íoc leis na buaiteoirí tar éis a dámhachtana, mar aon leis an meán iomchuí foilsithe. Ina theannta sin, is gá nós imeachta um dhámhachtana atá sainithe go soiléir a chur ar bun, idir iarratais a chur isteach, faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí agus an fógra a thugtar faoin iarratasóir a mbíonn an bua aige, ar nós imeachta é a fhreagraíonn don nós imeachta um dheontais a dhámhachtain.

(139) Ba cheart a leagan síos sa Rialachán seo na prionsabail agus na coinníollacha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais chomh maith leis na rialacha maidir le teorannú dhliteanas airgeadais an Aontais, an comhrac i gcoinne calaoise agus sciúrtha airgid, foirceannadh ionstraimí airgeadais agus tuairisciú.

(140) Le blianta beaga anuas, tá méadú i ndiaidh teacht ar an úsáid a bhaineann an tAontas as ionstraimí airgeadais lena bhféadtar giaráil níos mó ar an mbuiséad a bhaint amach ach, ag an am céanna, cruthaíonn siad riosca airgeadais don bhuiséad sin. Ar na hionstraimí airgeadais sin, ní hamháin go n-áirítear ionstraimí airgeadais atá cumhdaithe le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012, cheana ach áirítear chomh maith ionstraimí eile amhail ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais a rialaíodh roimhe seo le rialacha a cuireadh ar bun sna bunghníomhartha a ghabhann leis na hionstraimí, agus leis na rialacha sin amháin. Tá sé tábhachtach creat comhchoiteann a chur ar bun chun aonchineálacht na bprionsabal is infheidhme maidir leis an tacar sin d'ionstraimí a áirithiú agus chun iad a athghrúpáil faoi Theideal nua sa Rialachán seo, teideal a chuimseoidh ranna maidir le ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais chuig na Ballstáit nó chuig tríú tíortha chomh maith leis na rialacha reatha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais.

(141) Is féidir ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a bheith fiúntach chun an éifeacht a bhíonn ag cistí de chuid an Aontais a iolrú nuair a chomhthiomsaítear na cistí sin agus cistí eile agus nuair a bhíonn éifeacht ghiarála ag baint leo. Níor cheart ionstraimí airgeadais ná ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme ach amháin mura bhfuil riosca ann go mbeidh saobhadh ar iomaíocht mhargadh inmheánach nó mura bhfuil riosca neamhréireachta ann le rialacha státchabhrach.

(142) Faoi chuimsiú chreat na leithreasuithe bliantúla arna n-údarú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i gcomhair cláir áirithe, ba cheart ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a úsáid ar bhonn meastóireachta *ex ante* a léiríonn go bhfuil siad éifeachtach chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach.

(143) Ba cheart ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais a údarú trí bhíthin bunghnímh. Más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go mbunófar ionstraimí airgeadais gan bhunghníomh, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle iad a údarú sa bhuiséad.

(144) Ba cheart na hionstraimí a d'fhéadfadh teacht faoi Theideal X, amhail iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíochtaí gnáthscaireanna, infheistíocht chuasa-ghnáthscaireanna agus ionstraimí um chomhroinnt riosca, a shainmhíniú. Leis an sainmhíniú ar ionstraimí um chomhroinnt riosca, ba cheart go n-áireofaí feabhsuithe creidmheasa do bhannaí tionscadail a chumhdódh riosca fiach-sheirbhíse tionscadail agus a mhaolóidh riosca creidmheasa sealbhóirí bannaí trí fheabhsuithe creidmheasa i bhfoirm iasachta nó ráthaíochta.

(145) Ba cheart aon aisíocaíocht ó ionstraim airgeadais nó ó ráthaíocht bhuiséadach a úsáid ar mhaithe leis an ionstraim nó an ráthaíocht a chruthaigh an aisíocaíocht d'fhonn éifeachtúlacht na hionstraime nó na ráthaíochta a fheabhsú, mura sonrófar a mhalairt sa bhunghníomh, agus ba cheart sin a chur san áireamh agus leithreasuithe a bheidh ann amach anseo á moladh ar an ionstraim nó ar an ráthaíocht chéanna sin.

(146) Is iomchuí cuíchóiriú leasanna i saothrú chuspóirí beartais an Aontais a aithint agus, go háirithe, go bhfuil an saineolas sonrach ag BEI agus ag an CEI chun ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme.

(147) Ba cheart an deis a bheith ag BEI agus ag CEI, ag gníomhú dóibh mar ghrúpa, cuid den chur chun feidhme a aistriú chuig a chéile sa chás go bhféadfaidh sé cabhrú le gníomh faoi leith a chur chun feidhme agus de réir mar a thabharfar sainmhíniú breise air sa chomhaontú ábhartha leis an gCoimisiún.

(148) I gcás ina ndéanfar ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chomhcheangal le foirmeacha coimhdeacha tacaíochta ón mbuiséad, is ceart a shoiléiriú gur cheart na rialacha maidir le hionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chur i bhfeidhm maidir leis an mbeart iomlán. I gcás inarb infheidhme, ba cheart na rialacha sin a chomhlánú le ceanglais shonracha a leagat amach sna rialacha a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith.

(149) Ba cheart cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais agus na ráthaíochtaí buiséadacha a mhaoinítear as an mbuiséad cloí le beartas an Aontais maidir le dlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach, agus le haon nuashonrú a dhéanfar air sin, mar a leagtar síos i ngníomhartha dlí ábhartha an Aontais agus i gconclúidí ón gComhairle, go háirithe sna conclúidí ón gComhairle an 8 Samhain 2016 maidir leis na critéir agus an próiseas i dtaca le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach ([1]) agus san Iarscríbhinn a ghabhann leo, agus sna Conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach ([2]) agus sna hIarscríbhinní a ghabhann leo.

(150) Is oibríochtaí seachbhuiséid go hiondúil iad ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais chuig na Ballstáit nó chuig tríú tíortha agus bíonn mórthionchar acu ar chlár comhordaithe an Aontais. Cé gur oibríochtaí seachbhuiséid go hiondúil iad, de bharr go n-áirítear iad mar chuid den Rialachán seo, tugtar cosaint níos fearr do leasanna airgeadais an Aontais agus is soiléire an creat a leagtar síos chun iad a údarú agus a bhainistiú agus chun cuntasaíocht a dhéanamh orthu.

(151) Tá an tAontas tar éis tionscnaimh thábhachtacha a sheoladh ar na mallaibh atá bunaithe ar ráthaíochtaí buiséadacha, amhail an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) nó an Ciste Eorpach le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (CEFI). Is iad saintréithe na n-ionstraimí sin go gcruthaíonn siad dliteanas teagmhasach don Aontas agus tugtar le tuiscint go soláthrófar cistí chun cúlchiste leachtach a chur ar fáil, cúlchiste a chuirfidh ar chumas an bhuiséid freagairt go hordúil d'oibleagáidí íocaíochta a fhéadfaidh teacht chun cinn i ngeall ar na dliteanais theagmhasacha sin. Chun rátáil chreidmheasa an Aontais a ráthú agus, dá bharr sin, an cumas atá aige maoiniú éifeachtach a chur ar fáil, tá sé ríthábhachtach go gcomhlíonfaidh údarú agus soláthar na ndliteanas teagmhasach, agus an faireachán a dhéanfar orthu, tacar stóinsithe rialacha ar cheart a chur i bhfeidhm ar na ráthaíochtaí buiséadacha ar fad.

(152) Féadfaidh na dliteanais theagmhasacha a eascróidh ó na ráthaíochtaí buiséadacha réimse leathan oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta a chumhdach. Murab ionann agus iasachtaí a bhfuil clársceideal sainithe aisíocaíochta ag baint leo, ní féidir an fhéidearthacht go ndéanfar ráthaíocht bhuiséadach a ghairm ar bhonn bliantúil a chlársceidealú go lánchinnte. Dá bhrí sin, is den riachtanas creat a chur ar bun chun dliteanais theagmhasacha a údarú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, creat lena n-áiritheofar go ndéanfar, tráth ar bith, uasteorainn na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a lánurramú, uasteorainn a leagtar amach i gCinneadh 2014/335/AE, *Euratom*, ón gComhairle ([3]).

(153) Leis an gcreat sin, ba cheart foráil a dhéanamh chomh maith maidir le bainistiú agus rialú, lena n-áirítear tuairisciú rialta ar neamhchosaint airgeadais an Aontais. Ba cheart ráta soláthair na ndliteanas teagmhasach a shocrú ar bhonn measúnú iomchuí riosca ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as an ionstraim lena mbaineann. Ba cheart measúnú bliantúil a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na ndliteanas teagmhasach i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil. Ba cheart sásra luathrabhaidh a chur ar bun chun easpa forálacha a chumhdóidh dliteanais airgeadais a sheachaint.

(154) A bhuí leis an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaintear as ionstraimí airgeadais, as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais, is gá leas a bhaint as méid mór leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a úsáid agus soláthar a dhéanamh ina leith. Chun giaráil a chur ar fáil agus, ag an am céanna, chun cosaint leordhóthanach ar dhliteanais airgeadais a áirithiú, tá sé tábhachtach an leas is fearr a bhaint as méid an tsoláthair a theastaíonn agus éifeachtúlacht a mhéadú trí na soláthairtí sin a chomhthiomsú i gciste don soláthar coiteann. Lena chois sin, toisc gur féidir úsáid níos solúbtha a bhaint as na soláthairtí comhthiomsaithe sin, is féidir glanráta soláthair foriomlán, a thugann an chosaint a iarrtar trí bhíthin méid barrfheabhsaithe acmhainní, a bhaint amach.

(155) Chun dea-fheidhmiú an chiste don soláthar coiteann a áirithiú don chlárthréimhse tar éis 2020, ba cheart don Choimisiún, faoin 30 Meitheamh 2019, meastóireacht sheachtrach neamhspleách a thíolacadh maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bainistiú airgeadais shócmhainní an chiste don soláthar coiteann a chur ar iontaoibh an Choimisiúin, BIE, nó teaglaim den phéire, ag cur san áireamh na critéir theicniúla agus institiúideacha ábhartha a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir seirbhísí bainistithe sócmhainne, lena n-áirítear an bonneagar teicniúil, comparáid na gcostas i leith seirbhísí a thugtar, leagan amach institiúideach, tuairisciú, feidhmíocht, cuntasacht agus saineolas gach institiúide agus na sainorduithe eile don bhuiséad maidir le bainistiú sócmhainní. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an meastóireacht.

([1]) IO C 461, 10.12.2016, lch. 2.
([2]) IO C 438, 19.2.2017, lch. 5.
([3]) Cinneadh 2014/335/AE, *Euratom* ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

(156) Ba cheart creat rialaithe inmheánach téagartha a chur ar fáil leis na rialacha is infheidhme maidir le soláthar agus maidir leis an gciste don soláthar coiteann. Ba cheart na treoirlínte is infheidhme maidir le bainistiú na n-acmhainní sa chiste don soláthar coiteann a bhunú ar leibhéal an Choimisiúin, tar éis dul i gcomhairle le hoifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Ba cheart d'oifigigh údarúcháin na n-ionstraimí airgeadais, na ráthaíochtaí buiséadacha nó an chúnaimh airgeadais faireachán gníomhach a dhéanamh ar na dliteanais airgeadais atá faoina gcúram agus ba cheart do bhainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann an t-airgead tirim agus na sócmhainní sa chiste a bhainistiú de réir na rialacha agus na nósanna imeachta atá leagtha amach ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin.

(157) Ba cheart ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais a bheith i gcomhréir leis an tacar céanna prionsabal atá bunaithe d'ionstraimí airgeadais. Ba cheart do ráthaíochtaí buiséadacha, go háirithe, a bheith neamh-inchúlghairthe, gan choinníollacha agus ar éileamh. Ba cheart iad a chur chun feidhme faoi bhainistiú indíreach nó, i gcásanna eisceachtúla amháin, faoi bhainistiú díreach. Níor cheart dóibh ach oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta a chumhdach agus ba cheart dá gcontrapháirteanna ranníocaíocht a dhéanamh óna n-acmhainní féin leis na hoibríochtaí a chumhdófar.

(158) Ba cheart cúnamh airgeadais chuig na Ballstáit nó chuig tríú tíortha a bheith i bhfoirm iasachta nó líne creidmheasa nó i bhfoirm aon ionstraime eile a mheastar a bheith iomchuí chun éifeachtacht na tacaíochta a áirithiú. Chuige sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, sa bhunghníomh ábhartha, na cistí riachtanacha a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais, rud a sheachnaíonn go mbeidh aon bhaint ag an Aontas i dtiontú aibíochtaí, rud a d'fhágfadh go mbeidh neamhchosaint aige ar aon riosca úis nó ar aon riosca tráchtála eile.

(159) Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann le hionstraimí airgeadais a luaithe is féidir chun go mbainfear amach an simpliú agus an éifeachtúlacht atá á lorg. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha agus le cúnamh airgeadais, chomh maith leis na forálacha a bhaineann leis an gciste don soláthar coiteann, ón gcreat airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann ó 2020 amach. A bhuí leis an gclár ama sin, beidh deis ann uirlisí nua a ullmhú i gceart chun bainistiú a dhéanamh ar dhliteanais theagmhasacha. Ina theannta sin, fágfaidh an clár ama gur féidir cuíchóiriú a dhéanamh idir na prionsabail a leagtar amach i dTeideal X agus, ar thaobh amháin, an togra maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2020 agus, ar an taobh eile, na cláir shonracha a bhaineann leis an gcreat sin.

(160) Le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), lena leagtar síos rialacha maidir le, *inter alia*, cistiú páirtithe polaitiúla agus fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach, go háirithe maidir le coinníollacha cistiúcháin, dámhachtain agus leithdháileadh cistiúcháin, deonacháin agus ranníocaíochtaí, maoiniú feachtas le haghaidh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, caiteachas inaisíoctha, an toirmeasc ar chistiú áirithe, cuntais, tuairisciú agus iniúchóireacht, cur chun feidhme agus rialú, pionóis, comhar idir an tÚdarás um páirtithe agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, Oifigeach Údarúcháin de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Ballstáit, agus trédhearcacht.

(161) Ba cheart rialacha a chur san áireamh sa Rialachán seo maidir le ranníocaíochtaí ón mbuiséad le páirtithe polaitiúla Eorpacha mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

(162) Ba cheart an tacaíocht airgeadais a thabharfar do pháirtithe polaitiúla Eorpacha a bheith i bhfoirm ranníocaíochta sonraí, chun freastal ar riachtanais shonracha na bpáirtithe sin.

(163) Cé go ndeonaítear tacaíocht airgeadais gan gá a bheith ann le clár oibre bliantúil, ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha údar cuí a léiriú *ex post* maidir le húsáid fhónta chistí an Aontais. Go háirithe, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a fhíorú an úsáidfear na cistí chun caiteachas inaisíoctha a íoc, faoi mar a leagtar síos sa ghlao ar ranníocaíochtaí, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa Rialachán seo. Ba cheart ranníocaíochtaí a dhéanfar le páirtithe polaitiúla Eorpacha a chaitheamh roimh dheireadh na bliana airgeadais tar éis bhliain a ndámhachtana agus ina dhiaidh sin ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach aon chistí nach gcaithfear a aisghabháil.

(164) Maoiniú ón Aontas a dhámhfar chun costais oibriúcháin páirtithe polaitiúla Eorpacha a mhaoiniú, níor cheart é a úsáid chun críocha eile seachas na críocha sin atá bunaithe i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014, go háirithe chun tríú páirtithe amhail páirtithe polaitiúla náisiúnta a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach. Ba cheart do pháirtithe polaitiúla Eorpacha na ranníocaíochtaí a úsáid chun céatadán den chaiteachas reatha agus de chaiteachas todhchaí a íoc seachas caiteachas nó fiacha arna dtabhú sular cuireadh isteach na hiarratais ar ranníocaíochtaí.

(165) Ba cheart dámhachtain na ranníocaíochtaí a shimpliú freisin agus a chur in oiriúint do shainiúlachtaí na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe trí gan critéir roghnúcháin a bheith ann, réamhíocaíocht iomlán aonair a bhunú mar riail ghinearálta, agus tríd an deis cnapshuimeanna, maoiniú ar ráta comhréidh agus costais aonaid a úsáid.

(166) Ba cheart na ranníocaíochtaí ón mbuiséad a chur ar fionraí, a laghdú nó a fhoirceannadh má sháraíonn páirtithe polaitiúla Eorpacha Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

([1]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha (IO L 317, 4.11.2014, lch. 1).

(167) Ba cheart pionóis atá bunaithe ar an Rialachán seo agus ar Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 araon a fhorchur ar bhealach comhleanúnach agus prionsabal ne bis in idem á urramú. I gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 ní fhorchuirfear pionóis riaracháin agus/nó airgeadais dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gceann de na cásanna inar forchuireadh pionóis cheana féin ar bhonn Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

(168) Leis an Rialachán seo, ba cheart creat ginearálta a bhunú faoina bhféadfar tacaíocht bhuiséadach a úsáid mar ionstraim i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha lena n-áirítear an oibleagáid don tríú tír faisnéis iontaofa thráthúil a sholáthar don Choimisiúin chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha agus na bhforálacha comhaontaithe a áirithíonn cosaint éifeachtach ar leasanna airgeadais an Aontais.

(169) Chun treisiú le ról Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ba cheart an nós imeachta a shoiléiriú maidir le ciste iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú. Tá sé riachtanach freisin na prionsabail is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais de chuid an Aontais a lua go sonrach, go háirithe a thábhachtaí atá sé ranníocaíochtaí ó dheontóirí eile a aimsiú, a thabharfaidh údar le cruthú an chiste sin a mhéid a bhaineann leis an mbreisluach. Is gá freisin freagrachtaí na ngníomhaithe airgeadais agus freagrachtaí bhord an chiste iontaobhais de chuid an Aontais a shoiléiriú agus rialacha a leagan síos a áiritheoidh ionadaíocht chothrom na ndeontóirí rannpháirteacha ar bhord an chiste iontaobhais de chuid an Aontais agus nach mór vóta éigeantach ina fhabhar ag an gCoimisiún a bheith ann maidir le húsáid na gcistí. Tá sé tábhachtach freisin sonraí níos mine a leagan amach faoi na ceanglais maidir le tuairisciú is infheidhme maidir le cistí iontaobhais de chuid an Aontais.

(170) I gcomhréir leis an gcuíchóiriú a dhéanfar ar rialacha atá ann faoi láthair agus chun athrá nach bhfuil gá leis a sheachaint, níor cheart na forálacha speisialta a leagtar amach i gCuid a Dó de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012, is infheidhme maidir leis an CERT, don taighde, do ghníomhaíocht sheachtrach agus do chistí sonracha de chuid an Aontais a thabhairt isteach sna codanna ábhartha den Rialachán seo, ar an gcoinníoll go bhfuil na forálacha fós in úsáid agus ábhartha.

(171) Ba cheart na forálacha maidir le tíolacadh na gcuntas agus maidir le cuntasaíocht a shimpliú agus a shoiléiriú. Is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha ar fad maidir le cuntais bhliantúla agus maidir le tuairisciú eile airgeadais a thabhairt le chéile i dTeideal XIV den Rialachán seo.

(172) Ba cheart an chaoi a ndéanann institiúidí an Aontais tuairisciú faoi láthair ar thionscadail tógála chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle a fheabhsú. Ba cheart é a bheith de chead ag institiúidí an Aontais tionscadail nua tógála a mhaoiniú leis an ioncam a gheofar ar fhoirgnimh atá díolta cheana féin. Dá dhroim sin, ba cheart tagairt do na forálacha maidir le hioncam sannta inmheánach a thabhairt isteach sna forálacha maidir le tionscadail tógála. D'fhágfadh sin go bhféadfaí freastal ar na riachtanais athraitheacha i mbeartas tógála institiúidí an Aontais agus, ag an am céanna, costais a laghdú agus tuilleadh solúbthachta a thabhairt isteach.

(173) Chun na rialacha is infheidhme maidir le comhlachtaí áirithe de chuid an Aontais a oiriúnú, ba cheart na rialacha mionsonraithe i dtaca le soláthar agus na coinníollacha mionsonraithe agus an cóimheas íosta don ghlanráta soláthair, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an gcreatrialachán airgeadais do chomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh *Euratom*, leis an eiseamláir de rialachán airgeadais le haghaidh comhlachtaí comhpháirtíochta príobháideacha poiblí, le leasuithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, leis na coinníollacha agus na modheolaíochta faoina ndéantar an glanráta soláthair a ríomh agus leis an leasú ar chóimheas íosta sainithe an ghlanráta soláthair, nár cheart a shocrú ag leibhéal is ísle ná 85 %. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(174) D'fhonn a áirithiú go gcuirfidh Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] acmhainní leordhóthanacha ar fáil go pras chun tacú le tosaíochtaí polaitiúla athraitheacha, ba cheart go gceadófaí tuilleadh solúbthachta leis na scaireanna táscacha do gach ceann de na trí ais agus le híosmhéid céatadán do gach ceann de na tosaíochtaí téamacha faoi chuimsiú gach aise, ach ag an am céanna ráta imlonnaithe uaillmhianach a choinneáil maidir le comhpháirtíochtaí trasteorann *EURES*. Ba cheart go gcuirfeadh sin feabhas ar bhainistiú EaSI agus go n-éascódh sé úsáid na n-acmhainní buiséadacha ar bhealach dírithe ionas go mbeadh toradh níos fearr orthu ó thaobh cúrsaí fostaíochta agus sóisialta de.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta ("EaSI") agus lena leasaítear Cinneadh Uimh. 283/2010/AE lena mbunaítear Saoráid Mhicreamhaoiniúcháin don Dul Chun Cinn Eorpach le haghaidh fostaíochta agus cuimsiú sóisialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 238).

(175) D'fhonn infheistíochtaí i mbonneagar cultúrtha agus turasóireachta inbhuanaithe a éascú, gan dochar do chur i bhfeidhm ghniomhartha dlí an Aontais i réimhse an chomhshaoil, go háirithe Treoir 2001/42/CE ([1]) agus Treoir 2011/92/AE ([2]) ó Pharliaimint na hEorpa agus ón gComhairle, de réir mar is iomchuí, ba cheart na srianta ar raon feidhme na tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) do na hinfheistíochtaí sin a shoiléiriú. Is gá, mar sin, srianta soiléire a thabhairt isteach maidir le teorainn a chur leis an méid a rannchuidíonn CFRE le hinfheistíochtaí den chineál sin ón 2 Lúnasa 2018.

(176) D'fhonn freagairt do na dúshláin a eascraíonn as an méadú atá ag teacht ar na sreafaí imirceach agus dídeanaithe, ba cheart na cuspóirí a bhféadfaidh CFRE rannchuidiú leo chun tacú le himircigh agus dídeanaithe, a leagan amach go soiléir ionas go gcuirfear ar chumas na mBallstát infheistíochtaí a chur ar fáil lena ndíreofar ar náisiúnaigh tríú tíortha a fhanann go dleathach, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta.

(177) D'fhonn cur chun feidhme na n-oibríochtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a éascú, ba cheart raon feidhme na dtairbhithe féideartha a mhéadú. Ar an ábhar sin, ba cheart a cheadú d'údaráis bhainistíochta a mheas gur tairbhithe iad daoine nádúrtha agus ba cheart sainmhíniú níos solúbtha ar thairbhithe a leagan amach i gcomhthéacs Státchabhrach.

(178) Mar chleachtas, comhaontaítear straitéisí maicreacnamaíocha tráth a nglactar conclúidí ón gComhairle. Mar is amhlaidh ó tháinig Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle Eorpach na conclúidí sin a fhormhuiniú, i gcás inarb iomchuí, agus cumhachtaí na hinstitiúide sin a leagtar síos in Airteagal 15 CAE á gcur san áireamh aici. Ba cheart, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar "straitéisí macraiméigiúnacha" a leagtar amach sa Rialachán sin a leasú dá reir.

(179) D'fhonn bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú ar CFRE, CSE, ar an gCiste Comhtháithithe, ar CETFT agus ar CEMI ("Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa" —"Cistí SIE"), cistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistiú roinnte, agus d'fhonn oibleagáidí na mBallstát a shoiléiriú, ba cheart tagairt a bheith sna prionsabail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 do na prionsabail a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le rialú inmheánach ar chur chun feidhme an bhuiséid agus le coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

(180) D'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí idir cistí uile an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an imirce agus tearmann ar bhealach éifeachtach, ba cheart a áirithiú, nuair a dhéanfar na cuspóirí téamacha a aistriú ina dtosaíochtaí sna rialacha sonracha maidir le Cistí, go gcumhdóidh na tosaíochtaí sin an úsáid iomchuí a bhainfear as gach Ciste SEI sna réimsí sin. I gcás inarb iomchuí, ba cheart a áirithiú go ndéanfar comhordú leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.

(181) D'fhonn a áirithiú go mbeidh comhleanúnachas ann sna socruithe clársceidealaithe, ba cheart cuíchóiriú a dhéanamh uair sa bhliain idir Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus na leasuithe ar chláir a d'fhormheas an Coimisiún an bhliain féilire roimhe sin.

(182) D'fhonn ullmhúchán agus cur chun feidhme straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail a éascú, ba cheart go bhféadfaí an Ciste ceannasach a úsáid chun na costais ullmhúcháin, reatha agus cheannaireachta a chumhdach.

(183) Chun cur chun feidhme straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail agus infheistíocht chríochach chomhtháite a éascú, ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí grúpaí gníomhaíochta áitiúla maidir le straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, chomh maith le róil agus freagrachtaí údarás áitiúil, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le hinfheistíochtaí críochacha comhtháite (ICCanna), i dtaca le comhlachtaí eile cláir. Níor cheart go mbeidh gá le hainmniú mar chomhlacht idirmheánach i gcomhréir leis na rialacha sonracha maidir le cistí ach amháin i gcásanna ina ndéanfaidh na comhlachtaí ábhartha cúraimí breise ar faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta nó an údaráis deimhniúcháin nó na gníomhaireachta íocaíochta iad.

([1]) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

([2]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar thionchair tionscadal áirithe poiblí agus príobháideach ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir le forálacha sonracha a bhaineann le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1080/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 289).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

(184) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann d'údaráis bhainistíochta ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme trí chonradh a dhámhachtain go díreach do BEI agus d'institiúidí idirnáisiúnta airgeadais.

(185) Tá cuid mhór Ballstát tar éis bainc nó institiúidí atá faoi úinéireacht phoiblí a chur ar bun a oibríonn faoi shainordú beartais phoiblí chun gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a chur chun cinn. Tá saintréithe ag na bainc nó ag na hinstitiúidí sin atá faoi úinéireacht phoiblí a dhealaíonn iad ó bhainc thráchtála phríobháideacha ó thaobh a n-úinéireachta, i dtaca leis an sainordú atá acu maidir le forbairt agus toisc nach ndíríonn siad go príomha ar bhrabúis a uasmhéadú. Is é an príomhról atá ag bainc nó ag institiúidí den sórt sin atá faoi úinéireacht phoiblí cliseadh sa mhargadh a mhaolú i gcás nach gcuireann bainc thráchtála seirbhísí leordhóthanacha ar fáil i réigiúin áirithe nó do réimsí áirithe beartais nó d'earnálacha áirithe. Tá inniúlacht ar leith ag na bainc nó ag na hinstitiúidí sin atá faoi úinéireacht phoiblí rochtain ar Chistí SIE a chur chun cinn agus, ag an am céanna, a neodracht iomaíoch a chaomhnú. I ngeall ar an ról sainiúil agus na saintréithe atá acu, féadfaidh na Ballstáit an úsáid a bhainfear as ionstraimí airgeadais a mhéadú chun go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag na Cistí SIE sin san fhíorgheilleagar. Bheadh an toradh sin i gcomhréir le beartas an Choimisiúin ról na mbanc agus na n-institiúidí sin atá faoi úinéireacht phoiblí mar bhainisteoirí cistí a éascú maidir le cur chun feidhme Chistí SIE mar aon le Cistí SIE agus maoiniú CEIS a chumasc, mar a leagtar amach é go háirithe sa Phlean Infheistíochta don Eoraip. Gan dochar do chonarthaí a dámhadh cheana féin le haghaidh chur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, tá údar ann a shoiléiriú go bhféadfaidh údaráis bhainistíochta conarthaí a dhámhachtain go díreach do bhainc nó d'institiúidí den sórt sin atá faoi úinéireacht phoiblí. Ina ainneoin sin, chun a áirithiú go leanfaidh an fhéidearthacht de dhámhachtain dhíreach de bheith comhoiriúnach le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart coinníollacha dochta a leagan síos, coinníollacha nár mhór do bhainc agus d'institiúidí atá faoi úinéireacht phoiblí a chomhlíonadh.

Ba cheart a áireamh ar na coinníollacha sin nach bhfuil aon rannphháirteachas caipitiúil príobháideach díreach le bheith ann, cé is moite d'fhoirmeacha neamhrialála agus foirmeacha neamhbhlocála den rannpháirteachas caipitiúil príobháideach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/24/AE. Ina theannta sin, agus an raon feidhme teoranta go docht do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ba cheart cead a bheith ag banc nó ag institiúid, atá faoi úinéireacht phoiblí, na hionstraimí airgeadais a chur chun feidhme, i gcás nach n-imríonn rannpháirteachas caipitiúil príobháideach aon tionchar ar chinntí maidir le bainistiú laethúil na hionstraime airgeadais a fhaigheann tacaíocht ó chistí SIE.

(186) D'fhonn an fhéidearthacht a choimeád do CFRE agus CETFT rannchuidiú le hionstraimí airgeadais comhpháirteacha um ráthaíocht neamhchaidhpeáilte agus urrúsúchán i bhfabhar FBManna, tá sé riachtanach a fhoráil go bhféadfaidh na Ballstáit CFRE agus CETFT a úsáid le rannchuidiú leis na hionstraimí sin le linn na clárthréimhse ar fad agus ní mór forálacha ábhartha a bhaineann leis an rogha sin a nuashonrú freisin, amhail na forálacha sin a bhaineann le measúnuithe agus meastóireachtaí *ex ante* agus an fhéidearthacht clársceidealaithe a thabhairt isteach do CFRE ar leibhéal na haise tosaíochta.

(187) Le glacadh Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), bhíothas ag beartú na Ballstáit a chumasú le húsáid a bhaint as Cistí SIE chun rannchuidiú le maoiniú tionscadal incháilithe a fhaigheann tacaíocht faoi CEIS. Ba cheart foráil shonrach a chur isteach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 lena leagfar amach na téarmaí agus coinníollacha lena n-éascófaí idirghníomhaíocht agus comhlántacht níos fearr, rud a fhágann go mbeidh féidearthacht ann Cistí SIE agus táirgí airgeadais BEI a chomhcheangal faoi Ráthaíocht AE a chumhdaítear le CEIS.

(188) Agus a n-oibríochtaí á ndéanamh acu, ba cheart do na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme cloí le beartas an Aontais maidir le dlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach, agus le haon nuashonrú a dhéanfar air sin, mar a leagtar síos i ngníomhartha dlí ábhartha an Aontais agus i gconclúidí ón gComhairle, go háirithe conclúidí ón gComhairle an 8 Samhain 2016 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo, chomh maith le conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 agus na hIarscríbhinní a ghabhann leo.

(189) Chun na ceanglais rialaithe agus iniúchóireachta a shimpliú agus a chomhchuibhiú agus chun feabhas a chur ar chuntasacht na n-ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme ag BEI agus ag institiúidí eile idirnáisiúnta airgeadais, ní mór leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le hionstraimí airgeadais a bhainistiú agus a rialú ar mhaithe leis an bpróiseas dearbhaithe a éascú. Níor cheart an leasú sin a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1) agus in Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a bunaíodh le comhaontú cistiúcháin arna shíniú roimh 2 Lúnasa 2018. I gcás na n-ionstraimí airgeadais sin, ba cheart feidhm fós a bheith ag Airteagal 40 den Rialachán sin de réir mar is infheidhme tráth shíniú an chomhaontaithe mhaoiniúcháin.

([1]) Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).

(190) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i ndáil leis na samhlacha do na tuarascálacha rialaithe agus na tuarascálacha iniúchóireachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 40(1) den Rialachán sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(191) Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir leis an dóigh ar caitheadh le ceartuithe airgeadais le linn na clárthréimhse 2007-2013, ní mór a shoiléiriú gurb amhlaidh, i gcás ionstraimí airgeadais, gur cheart an fhéidearthacht a bheith ann ranníocaíocht a chealófar mar thoradh ar neamhrialtacht aonair a athúsáid le haghaidh caiteachas rialta a chur in áit neamhrialtacht aonair laistigh den aon oibríocht amháin ionas nach gcruthóidh an ceartú airgeadais lena mbaineann glanchaillteanas d'oibríocht na hionstraime airgeadais.

(192) D'fhonn níos mó ama a chur ar fáil do shíniú na gcomhaontuithe cistiúcháin a cheadaíonn úsáid cuntas eascró le haghaidh íocaíochtaí le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta d'ionstraimí atá bunaithe ar chothromas, ba cheart an spriocdháta do shíniú na gcomhaontuithe cistiúcháin sin a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2018.

(193) D'fhonn infheisteoirí a oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair a dhreasú le comhinfheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bheartais phoiblí, ba cheart coincheap na córa difreáilte infheisteoirí a thabhairt isteach, rud a fhágann gurb amhlaidh, faoi choinníollacha sonracha, ionas go nglacfaidh Cistí SIE seasamh tánaisteach a ghlacadh i leith infheisteoir a oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair agus i leith tháirgí airgeadais BEI faoin Ráthaíocht AE a chumhdaítear le CEIS. Ba cheart coinníollacha a leagan síos ag an am céanna maidir le cóir dhifreáilte den sórt sin a chur i bhfeidhm le linn Cistí SIE a chur chun feidhme.

(194) Mar gheall ar an timpeallacht fhadtréimhseach ísealúis, agus ionas nach ngearrfar pionós míchuí ar chomhlachtaí a bhíonn i mbun ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme, ní mór, faoi réir bainistíocht airgid ghníomhach, maoiniú úis dhiúltaigh arna ghiniúint de bharr infheistíochtaí Chistí SIE de bhun Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chumasú ó acmhainní arna n-íoc ar ais san ionstraim airgeadais.

(195) D'fhonn ceanglais tuairiscithe a chur ar comhréim leis na forálacha nua maidir le cóir dhifreáilte infheisteoirí agus d'fhonn dúbláil a sheachaint maidir le ceanglais áirithe, ba cheart Airteagal 46(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú.

(196) Chun cur chun feidhme Chistí SIE a éascú, ní mór deis a thabhairt do na Ballstáit gníomhartha cúnaimh theicniúil a chur chun feidhme trí chonradh a dhámhachtain go díreach do BEI, d'institiúidí eile idirnáisiúnta airgeadais agus do bhainc nó d'institiúidí faoi úinéireacht phoiblí.

(197) D'fhonn na coinníollacha a chomhchuibhiú a thuilleadh le haghaidh oibríochtaí a ghineann glanioncaim i ndiaidh a gcur i gcrích, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha ábhartha den Rialachán seo le hoibríochtaí a roghnaíodh cheana agus atá fós ar siúl, agus le hoibríochtaí atá fós le roghnú le linn na clárthréimhse sin.

(198) D'fhonn dreasacht láidir a thabhairt chun bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme, níor cheart caitheamh le coigilteas a bhaineann le costais agus atá mar thoradh ar an bhfeabhsú a dhéanann oibríocht ar éifeachtúlacht fuinnimh, níor cheart caitheamh leis mar ghlanioncam.

(199) D'fhonn cur chun feidhme oibríochtaí a ghineann ioncam a éascú, ba cheart cead a thabhairt an ráta cómhaoinithe a laghdú tráth ar bith le linn chur chun feidhme an chláir i, agus ba cheart foráil a dhéanamh do dheiseanna chun céatadáin de ghlanioncam ar ráta comhréidh a shuí ar leibhéal náisiúnta.

(200) Toisc ghlacadh mall Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus toisc gur leis an Rialachán sin a bunaíodh leibhéil déine cúnaimh, ní mór díolúintí áirithe a leagan amach i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le CEMI i ndáil le hoibríochtaí a ghineann ioncam. De bharr go gcuireann na díolúintí sin coinníollacha níos fabhraí ar fáil le haghaidh oibríochtaí cruthaithe ioncaim dá ndéantar méideanna nó rátaí tacaíochta a shainmhíniú i Rialachán (AE) Uimh. 508/2014, is gá dáta difriúil ar chur i bhfeidhm na ndíolúintí sin a shuí chun cóir chomhionann na n-oibríochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a áirithiú.

(201) Chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar thairbhithe, ba cheart méadú a dhéanamh ar an tairseach lena ndíolmhaítear oibríochtaí áirithe ón gceanglas maidir le hioncam arna ghiniúint le linn a gcur chun feidhme a ríomh agus a chur san áireamh.

---

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

(202) Chun sineirgí a éascú idir Cistí SIE agus ionstraimí eile Aontais, ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfar caiteachas arna thabhú a aisíoc ó Chistí difriúla SIE agus ó ionstraimí difriúla Aontais bunaithe ar chéatadán arna chomhaontú roimh ré.

(203) Chun úsáid cnapshuimeanna a chur chun cinn, agus ós rud é go bhfuil cnapshuimeanna le bheith bunaithe ar mhodh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe a áirithíonn bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, ba cheart deireadh a chur leis an uasteorainn is infheidhme maidir lena n-úsáid.

(204) D'fhonn laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhíonn ar thairbhithe le linn dóibh tionscadail a chur chun feidhme, ba cheart rogha costais simplithe nua a thabhairt isteach le haghaidh maoiniú, rud a bheidh bunaithe ar choinníollacha eile seachas ar chostais na n-oibríochtaí.

(205) Ba cheart do na Ballstáit úsáid níos mó a bhaint as roghanna costais simplithe chun simpliú a dhéanamh ar na rialacha lena rialaítear úsáid cistí agus chun ualach an riaracháin a ghabhann leis a laghdú.

(206) Agus aird á tabhairt ar an bhfíric gurb amhlaidh, i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a bheidh feidhm ag an oibleagáid chun marthanacht oibríochtaí infheistíochta a áirithiú ón íocaíocht deiridh leis an tairbhí agus, i gcásanna ina bhfuil sé i gceist innealra nó trealamh nua a cheannach ar léas leis an infheistíocht, gur ag deireadh na tréimhse conartha a dhéanfar an íocaíocht deiridh, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin maidir leis an gcineál infheistíochta sin.

(207) D'fhonn cur i bhfeidhm leathan roghanna costais shimplithe a áirithiú, ba cheart úsáid éigeantach scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnapshuimeanna nó rátaí comhréidhe a leagan amach le haghaidh oibríochtaí nó tionscadail atá ina gcuid d'oibríocht a fhaigheann cúnamh ó CFRE agus ó CSE a thagann faoi thairseach áirithe, agus sin faoi réir forálacha idirthréimhseacha. Ba cheart an deis a thabhairt don údarás bainistíochta, nó don choiste faireacháin maidir leis na cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh,síneadh a chur leis an idirthréimhse ar feadh tréimhse a mheasann sé atá iomchuí, má mheasann sé go gcruthaíonn oibleagáid den sórt sin ualach díréireach riaracháin. Níor cheart feidhm a bheith ag oibleagáid den sórt sin maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chuimsiú Státchabhrach nach cabhair de minimis é. Maidir le hoibríochtaí den sórt sin, ba cheart gach foirm deontas agus cúnaimh inaisíoctha ina leith a bheith mar rogha i gcónaí. Ag an am céanna, ba cheart úsáid dréachtbhuiséad a thabhairt isteach i gcás gach Ciste SIE mar mhodheolaíocht bhreise chun costais shimplithe a chinneadh.

(208) D'fhonn cur i bhfeidhm níos luaithe agus níos spriocdhírithe roghanna costais shimplithe a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 le rialacha sonracha breise maidir le ról, dliteanais agus freagracht na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, maidir le critéir ghaolmhara roghnúcháin agus maidir le táirgí a d'fhéadfaí a sheachadadh trí bhíthin ionstraimí airgeadais, agus forlíonadh a dhéanamh ar fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na scálaí caighdeánacha costas aonaid nó an maoiniú ar ráta comhréidh agus i dtaca leis an modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe ar a bhféadfar na scálaí sin a bhunú, agus trí mhódúlachtaí mionsonraithe a shonrú maidir leis an maoiniú a bheidh bunaithe ar chomhlíonadh coinníollacha atá nasctha leis an dul chun cinn ar chur chun feidhme nó ar bhaint amach chuspóirí na gclár, agus ní ar chostais ná ar a gcur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(209) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as rátaí comhréidhe nach gá do na Ballstáit modheolaíocht a bhunú ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart dhá cheann bhreise de rátaí comhréidhe a thabhairt isteach: ceann amháin a úsáidfear chun costais foirne dhíreacha a ríomh agus ceann eile a úsáidfear chun na costais incháilithe eile a ríomh bunaithe ar chostais foirne. Ina theannta sin, ba cheart tuilleadh soiléirithe a thabhairt ar na modhanna a úsáidtear chun costais foirne a ríomh.

(210) D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar thionchar na n-oibríochtaí, ba cheart cur chun feidhme oibríochtaí a chlúdaíonn críoch iomlán Ballstáit nó oibríochtaí lena gcumhdaítear limistéir chláir dhifriúla a éascú agus ba cheart cur leis na deiseanna atá ann caiteachas a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí áirithe lasmuigh den Aontas.

(211) Chun na Ballstáit a spreagadh iarraidh ar shaineolaithe neamhspleácha breithmheas a dhéanamh ar mhórthionscadail, ba cheart an dearbhú caiteachais maidir le mórthionscadal a dhéanfar don Choimisiún sula ndéanfaidh an saineolaí neamhspleách breithmheas dearfach air a cheadú a luaithe a thabharfar fógra don Choimisiún gur cuireadh an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an tsaineolaí neamhspleách.

(212) D'fhonn cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid comhphleananna gníomhaíochta lena laghdófar an t-ualach riaracháin ar thairbhithe, ní mór laghdú a dhéanamh ar na ceanglais rialála atá nasctha le comhphlean gníomhaíochta a bhunú agus, ag an am céanna, fócas cuí a choinneáil ar phrionsabail chothrománacha, lena n-áirítear comhionannas inscne agus forbairt inbhuanaithe, a rannchuidigh go mór le cur chun feidhme éifeachtúil Chistí SIE.

(213) Chun laghdú a dhéanamh ar ualach riaracháin neamhriachtanach ar thairbhithe, ba cheart prionsabal na comhréireachta a urramú sna rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheicteacht. Dá réir sin, tá sé tábhachtach soiléiriú a thabhairt ar raon feidhme chur i bhfeidhm na rialacha sin.

(214) D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú, agus d'fhonn a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as cúnamh teicniúil ar fud CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe agus ar fud na gcatagóirí réigiún, ba cheart méadú a dhéanamh ar an tsolúbthacht atá ann chun ríomh agus faireachán a dhéanamh ar na teorainneacha faoi seach is infheidhme maidir le cúnamh teicniúil na mBallstát.

(215) D'fhonn struchtúir chur chun feidhme a chuíchóiriú, ba cheart a shoiléiriú gur ar fáil do chláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh freisin atá an fhéidearthacht atá ann go bhféadfaidh an t-údarás bainistíochta, an t-údarás deimhniúcháin agus an t-údarás iniúchóireachta a bheith mar chuid den aon chomhlacht poiblí amháin.

(216) Ba cheart sonrú níos mine a thabhairt faoi na freagrachtaí atá ar na húdaráis bhainistíochta maidir le caiteachas a fhíorú i gcásanna ina mbíonn roghanna costais shimplithe in úsáid.

(217) Chun a áirithiú gur féidir le tairbhithe tairbhe iomlán a bhaint as an acmhainneacht simplithe a bhaineann le réitigh ríomhrialtais a úsáid le linn Cistí SIE agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) a chur chun feidhme, go háirithe ar mhaithe le lánbhainistiú doiciméad leictreonach a éascú, ní mór a shoiléiriú nach bhfuil rian páipéir ag teastáil i gcásanna ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

(218) D'fhonn comhréireacht rialuithe a mhéadú agus an t-ualach riaracháin atá mar thoradh ar rialuithe forluiteacha a mhaolú, go háirithe do thairbhithe beaga, gan an bonn a bhaint de phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart prionsabal na hiniúchóireachta aonair a bheith i dtreis i gcás CFRE, CSE agus an Chiste Chomhtháthaithe agus CEMI, agus ba cheart dúbláil a dhéanamh ar na tairseacha ar faoina mbun nach mbíonn oibríocht faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin.

(219) Tá sé tábhachtach feabhas a chur ar infheictheacht Chistí SIE sa phobal i gcoitinne agus feasacht a ardú ar a dtorthaí agus ar an méid atá bainte amach acu. Beidh gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus bearta chun an infheictheacht phoiblí a fheabhsú fíor-riachtanach i gcónaí chun an méid atá bainte amach ag na Cistí SIE a phoibliú agus an dóigh a infheistítear acmhainní airgeadais an Aontais a thaispeáint.

(220) D'fhonn rochtain spriocghrúpaí áirithe ar CSE a éascú, níor cheart bailiú sonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1) a éileamh le haghaidh táscairí áirithe.

(221) D'fhonn cóir chomhionann na n-oibríochtaí a dtacaítear leo ar bhonn an Rialacháin seo a áirithiú, mí mór an dáta ar cuireadh leasuithe áirithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i bhfeidhm a shuí.

(222) D'fhonn a áirithiú go mbeidh an chlárthréimhse ar fad le haghaidh Rialacháin (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (2) á rialú ag sraith chomhleanúnach rialacha, ní mór go mbeadh feidhm ag cuid de na leasuithe ar na Rialacháin sin amhail ón 1 Eanáir 2014. Cuirfear ionchais dhlisteanacha san áireamh trí fhoráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm cúlghabhálach na leasuithe sin.

(223) D'fhonn dlús a chur le cur chun feidhme ionstraimí airgeadais, a chomhcheanglaíonn tacaíocht ó Chistí SIE le táirgí airgeadais BEI faoi ráthaíocht CEIS ón Aontas Eorpach, agus d'fhonn bonn leanúnach dleathach a chur ar fáil do shíniú comhaontuithe cistiúcháin a cheadaíonn úsáid cuntas eascró atá bunaithe ar ionstraimí cothromais, ní mór go mbeadh feidhm ag cuid de na leasuithe ar an Rialachán seo amhail ón 1 Eanáir 2018. Áiritheofar go n-éascófar maoiniú tionscadal go tapa le tacaíocht chomhcheangailte ó Chistí de chuid SIE agus CEIS trí fhoráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm cúlghabhálach na leasuithe sin, agus seachnófar aon bhearna sa dlí, de bhua an Rialacháin seo, idir dáta éaga na bhforálacha áirithe i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus dáta theacht i bhfeidhm a sínte.

(224) Ba cheart an simpliú agus na hathruithe a dhéantar ar rialacha earnáilsonracha a bheith infheidhme a luaithe is féidir chun gur fusa a bheidh sé dlús a chur faoin gcur chun feidhme le linn na tréimhse reatha clársceidealaithe agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith infheidhme ón 2 Lúnasa 2018.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir leis an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (IO L 72, 12.3.2014, lch. 1).

(225) Tar éis an 31 Nollaig 2017, ba cheart don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) leanúint de chúnamh a sholáthar ar bhonn sealadach do dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) agus a bhfuil cónaí orthu i réigiúin ina mbíonn tionchar míréireach ag móriomarcaíochtaí. Chun go bhféadfar cúnamh leanúnach a thabhairt do NEETanna, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) lena n-áirithítear an cúnamh leanúnach sin le héifeacht amhail ón 1 Eanáir 2018.

(226) Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann saoráidí measctha a bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) i gcomhair earnáil amháin nó níos mó de Shaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). D'fhéadfadh saoráidí measctha den sórt sin maoiniú a dhéanamh ar oibríochtaí measctha, ar gníomhaíochtaí iad a cheanglaíonn cineálacha tacaíochta neamh-in-aisíoctha, amhail tacaíocht ó bhuiséid na mBallstát, ó dheontais SCE, ó Chistí SIE agus ó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear teaglaim de chothromas SCE agus d'ionstraimí airgeadais fiachais SCE, agus maoiniú ó Ghrúpa BIE, ó fhorbairt na mbanc náisiúnta le haghaidh spreagtha, ó fhorbairt nó ó institiúidí eile airgeadais, ó infheisteoirí agus ó thacaíocht airgeadais phríobháideach. ba cheart a áireamh le maoiniú ó Ghrúpa BIE maoiniú BEI faoi CEIS agus ba cheart a áireamh le tacaíocht airgeadais phríobháideach ranníocaíochtaí airgeadais díreacha agus indíreacha araon mar aon le tacaíocht a fhaightear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

(227) Ba cheart dearadh agus bunú na saoráidí measctha a bheith bunaithe ar mheasúnú *ex ante* a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ba cheart a léiriú leis an dearadh agus leis an mbunú sin an méid a foghlaimíodh nuair a cuireadh "Glao ar Chumasc" SCE chun feidhme dá dtagraítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2017 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2014)1921 lena mbunaítear Clár Oibre Ilbhliantúil 2014-2020 maidir le cúnamh airgeadais i réimse Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) —Earnáil an iompair. Ba cheart saoráidí measctha SCE a bhunú faoi na cláir oibre ilbhliantúla agus/nó bhliantúla agus iad a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 agus 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar tuairisciú trédhearcach pras chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme aon saoráid mheasctha SCE.

(228) Ba cheart gurbh éan cuspóir do shaoráidí measctha SCE iarratas amháin a éascú agus a shruthlíniú le haghaidh na gcineálacha tacaíochta go léir, lena n-áirítear deontais de chuid an Aontais ó SCE agus maoiniú ón earnáil phríobháideach. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le saoráidí measctha den sórt sin barrfheabhas a chur ar an bpróiseas iarratais do thionscnóirí tionscadal trí phróiseas aonair meastóireachta a sholáthar, ó thaobh cúrsaí teicniúla agus cúrsaí airgeadais de.

(229) Ba cheart do shaoráidí measctha SCE solúbthacht a mhéadú le haghaidh tionscadail a chur isteach agus an próiseas a shimpliú agus a shruthlíniú le haghaidh tionscadal a aithint agus a mhaoiniú. Ba cheart dóibh freisin úinéireacht agus tiomantas na n-institiúidí airgeadais lena mbaineann a mhéadú, dá bhrí sin, rioscaí na dtionscadal a mhaolú.

(230) Le saoráidí measctha SCE, ba cheart a bheith mar thoradh orthu feabhas ar chomhordú, ar mhalartú faisnéise agus ar an gcomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún, BEI, bainc náisiúnta le haghaidh spreagtha agus infheisteoirí príobháideacha, agus é mar aidhm acu plean gnóthach a chruthú de thionscadail a mbeidh cuspóirí beartais SCE á saothrú acu, agus tacú leis an bplean sin, freisin.

(231) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag saoráidí measctha SCE éifeacht iolraitheora an chaiteachais ón Aontas a fheabhsú trí acmhainní breise a mhealladh ó infheisteoirí príobháideacha, rud a áiritheodh leibhéal uasta rannpháirtíochta infheisteoirí príobháideacha. Anuas air sin, ba cheart go n-áiritheofaí leo go mbeidh na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo inmharthana ón taobh eacnamaíoch de agus ó thaobh an airgeadais de agus go seachnófaí easpa giarála infheistíochta a bhuí leo. Ba cheart dóibh rannchuidiú le cuspóirí an Aontais a ghnóthú i dtaca le comhlíonadh na spriocanna a leagadh amach ag Comhdháil Pháras maidir leis an athrú aeráide (COP 21), agus i dtaca le cruthú post agus nascacht trasteorann. Tá sé tábhachtach, i gcás ina n-úsáideadh SCE agus CEIS araon le haghaidh gníomhaíochtaí maoinithe, go ndéanann an Chúirt Iniúchóirí scrúdú an ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas i gcomhréir le hAirteagal 287 de CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

(232) I mórán gach cás, táthar ag súil gur le deontais san earnáil iompair i gcónaí a thacófar go príomha le cuspóirí beartais an Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart laghdú a dhéanamh ar infhaigheacht na ndeontas sin agus saoráidí measctha SCE á gcur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 855).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).

(233) D'fhéadfadh rannpháirtíocht comhinfheisteoirí príobháideacha sna tionscadail iompair a éascú tríd an riosca airgeadais a mhaolú. Is féidir le ráthaíochtaí céadchaillteanais, a chuireann BEI ar fáil faoi na sásraí airgeadais comhpháirteacha, ar sásraí iad a fhaigheann tacaíocht ón bhuiséad amhail saoráidí measctha, a bheith iomchuí chun na críche sin.

(234) Ba cheart cistiú ó SCE a bhunú ar na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana a bunaíodh sna cláir oibre ilbhliantúla agus sna cláir oibre bhliantúla de bhun Airteagal 17(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, beag beann ar fhoirm an chistiúcháin, nó ar an teaglaim de na foirmeacha cistiúcháin a úsáidtear.

(235) An taithí a gnóthaíodh i saoráidí measctha, ba cheart í a chur san áireamh sna meastóireachtaí ar Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.

(236) Níor cheart a thuiscint go ndéanfar dochar do chaibidil an chreata airgeadais ilbhliantúil tar éis 2020 le tabhairt isteach na saoráidí measctha SCE leis an Rialachán seo.

(237) D'fhonn tacú le cur chun feidhme a dhéanamh ar thionscadail lena mbaineann an breisluach is mó le haghaidh an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair maidir leis na conairí croíghréasáin, na tionscadail trasteorann agus na tionscadail ar na codanna eile den chroíghréasán agus na tionscadail atá incháilithe faoi na tosaíochtaí cothrománacha mar a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, agus ráta an-ard forghníomhaithe SCE in earnáil an iompair á chur san áireamh, tá sé riachtanach go gceadaítear, go heisceachtúil, solúbthacht bhreise in úsáid an chláir oibre ilbhliantúil le gur féidir úsáid a bhaint as méid an imchlúdaigh airgeadais suas le 95 % de na hacmhainní buiséadacha airgeadais dá dagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013. Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfear tuilleadh tacaíochta ar fáil do na tosaíochtaí a chumhdaítear leis na cláir bhliantúla oibre le linn an ama atá fágtha de thréimhse cur chun feidhme SCE.

(238) De bhrí gur de chineál éagsúil í earnáil teileachumarsáide CEF i gcomparáid le hearnáil iompair CEF agus earnáil fuinnimh CEF, eadhon meánmhéid níos lú deontas agus difríochtaí sa chineál costas agus sa chineál tionscadal, ba cheart ualach neamhriachtanach a sheachaint i gcomhair na dtairbhithe agus na mBallstát a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leo, trí ualach níos lú a bheith ann i dtaca le hoibleagáid an deimhniúcháin, gan prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a lagú.

(239) Ní ceadmhach ach deontais agus soláthar amháin a úsáid faoi Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) láthair chun tacú le gníomhartha i réimse bhonneagair na seirbhíse digití. D'fhonn a áirithiú go bhfeidhmíonn bonneagair na seirbhíse digití ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, ba cheart ionstraimí airgeadais eile atá in úsáid faoi láthair faoi SCE, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais nuálacha, a chur ar fáil, freisin, chun tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin.

(240) Chun ualach riaracháin neamhriachtanach ar údaráis bhainistíochta a sheachaint, ar ualach é a d'fhéadfadh bac a chur ar chur chun feidhme éifeachtúil an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, is cuí simpliú agus éascú a dhéanamh ar an nós imeachta le haghaidh gnéithe neamhriachtanacha de chláir oibríochtúla a leasú.

(241) D'fhonn úsáid an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí a shimpliú tuilleadh, is cuí forálacha breise a bhunú maidir le hincháilitheacht caiteachais agus go háirithe maidir le húsáid a bhaint as scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe.

(242) Chun a áirithiú nach gcaithfear go míchothrom le heagraíochtaí comhpháirtíochta, níor cheart neamhrialtachtaí atá inchurtha i leith an chomhlachta i gceannas ar an gcúnamh a cheannach difear a dhéanamh d'incháilitheacht caiteachais na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta.

(243) Chun cur chun feidhme Chistí SIE agus an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí a shimpliú agus neamhdheimhneacht dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart soiléiriú a thabhairt ar fhreagrachtaí áirithe ar na Ballstáit i dtaca le bainistíocht agus rialú.

(244) Nuair a chuirtear san áireamh an gá atá le cur i bhfeidhm comhtháite na rialacha airgeadais ábhartha laistigh den bhliain airgeadais, is inmholta i bprionsabal go mbeadh Cuid a hAon den Rialachán seo (an Rialachán Airgeadais) infheidhme ó thús na bliana airgeadais. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go mbainfidh faighteoirí cistí de chuid an Aontais tairbhe, a luaithe is féidir, as an simpliú tábhachtach dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ó thaobh an Rialachán Airgeadais agus ó thaobh na leasuithe ar rialacha earnáilsonracha araon, is iomchuí foráil a dhéanamh, ar bhonn eisceachtúil, maidir leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Ag an am céanna, chun go mbeidh am breise ann le haghaidh oiriúnú do na rialacha nua, ba cheart d'institiúidí an Aontais leanúint ar aghaidh le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana airgeadais 2018 maidir le cur chun feidhme a leithreasaí riaracháin faoi seach.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 maidir le treoirlínte le haghaidh gréasán tras-Eorpach i réimse an bhonneagair teileachumarsáide agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1336/97/CE (IO L 86, 21.3.2014, lch. 14).

(245) Níor cheart feidhm a bheith ag roinnt modhnuithe maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais ach amháin ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020 chun go mbeidh dóthain ama ann chun na bunúis dlí agus na cláir a oiriúnú do na rialacha nua.

(246) An fhaisnéis faoi mhéan bliantúil na gcoibhéisí lánaimseartha agus maidir le méid measta an ioncaim shannta a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin, ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil den chéad uair i dteannta an dréachtbhuiséid a thíolacfar in 2021 d'fhonn dóthain ama a thabhairt don Choimisiún oiriúnú don oibleagáid nua,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CUID A hAON

## AN RIALÁCHÁN AIRGEADAIS

TEIDEAL I

### ÁBHAR, SAINMHÍNITHE AGUS PRIONASABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh agus bhuiséad ginearálta an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ("an buiséad") agus maidir le tíolacadh agus iniúchadh a gcuntas.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "iarratasóir" duine nádúrtha nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, a bhfuil iarratas déanta aige le linn nós imeachta um dhámhachtain deontas nó le linn comórtas le haghaidh duaiseanna;

(2) ciallaíonn "doiciméad iarratais" tairiscint, iarraidh ar pháirt a ghlacadh, iarratas ar dheontas nó iarratas le linn comórtas le haghaidh duaiseanna;

(3) ciallaíonn "nós imeachta um dhámhachtain" nós imeachta soláthair, nós imeachta maidir le deontas a dhámhachtain, comórtas le haghaidh duaiseanna, nó nós imeachta le haghaidh saineolaithe nó daoine nó eintitis a chuireann cistí an Aontais chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) a roghnú;

(4) ciallaíonn "bunghníomh" gníomh dlíthiúil, seachas moladh nó tuairim, lena soláthraítear bunús dlí do ghníomhaíocht agus do chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh a iontráiltear sa bhuiséad nó cur chun feidhme na ráthaíochta buiséadaí nó an chúnaimh airgeadais arna dtacú leis an mbuiséad, agus arb é a d'fhéadfadh a bheith ann ceann ar bith de na foirmeacha seo a leanas:

(a) i gcur chun feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh *Euratom*), i bhfoirm rialacháin, treorach nó cinnidh de réir bhrí Airteagal 288 CFAE; nó

(b) i gcur chun feidhme Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), féadfaidh bunghníomh a bheith i gceann de na foirmeacha a shonraítear in Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(2), Airteagal 33, agus Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) CAE;

(5) ciallaíonn "tairbhí" duine nádúrtha nó eintiteas bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh lena bhfuil comhaontú deontais sínithe;

(6) ciallaíonn "saoráid mheasctha nó ardán measctha" creat comhair arna bhunú idir an Coimisiún agus institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile d'fhonn cineálacha tacaíochta neamh-iníoctha agus/nó ionstraimí airgeadais ón mbuiséad a chomhcheangal le tacaíocht airgeadais de chuid institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile nó de chuid institiúidí airgeadais san earnáil phríobháideach agus infheisteoirí san earnáil phríobháideach;

(7) ciallaíonn "cur chun feidhme an bhuiséid" gníomhaíochtaí a chur i gcrích a bhaineann le bainistiú, faireachán, rialú agus iniúchadh na leithreasuithe buiséid i gcomhréir leis na modhanna dá bhforáiltear in Airteagal 62;

(8) ciallaíonn "gealltanas buiséadach" an oibríocht lena ndéanann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach as na leithreasuithe is gá a fhorchoimeád sa bhuiséad chun íocaíochtaí iardain a chumhdach d'fhonn gealltanais dhlíthiúla a chomhlíonadh;

(9) ciallaíonn "ráthaíocht bhuiséadach" gealltanas dlíthiúil ón Aontas tacú le clár gníomhaíochtaí trí oibleagáid airgeadais a chur ar an mbuiséad, oibleagáid a bhféadfar dul ar a iontaoibh i gcás ina dtarlaíonn teagmhas sonraithe i rith chur chun feidhme an chláir agus a leanann de bheith bailí fad a aibíonn na gealltanais a dhéantar faoin gclár arna thacú;

(10) ciallaíonn "conradh tógála" conradh lena gcumhdaítear ceannach, malartú, léas fada, cearta úsáide, léasú, fáil ar cíos nó fruilcheannach, leis an rogha ceannach nó gan í, talún, foirgneamh nó aon mhaoin dhochorraithe eile. Cumhdaítear leis na conarthaí sin foirgnimh atá ann cheana agus foirgnimh sula gcríochnófar iad ar choinníoll go bhfuil cead tógála bailí faighte ag an iarrthóir ina leith. Ní chumhdaítear leo foirgnimh a dheartar de réir shonraíochtaí an údaráis chonarthaigh a chumhdaítear le conarthaí oibreacha;

(11) ciallaíonn "iarrthóir" oibreoir eacnamaíoch a lorg cuireadh nó ar tugadh cuireadh dó páirt a ghlacadh i nós imeachta srianta, i nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht, in idirphlé iomaíoch, i gcomhpháirtíocht nuála, i gcomórtas deartha nó i nós imeachta idirbheartaithe;

(12) ciallaíonn "comhlacht ceannaigh lárnaigh" údarás conarthach a chuireann gníomhaíochtaí láraithe ceannaigh agus, i gcás inarb infheidhme, gníomhaíochtaí coimhdeacha ceannaigh ar fáil;

(13) ciallaíonn "seiceáil" fíorú a dhéanamh ar ghné shonrach d'oibríocht ioncaim nó caiteachais;

(14) ciallaíonn "conradh lamháltais" conradh ar mhaithe le leas airgid arna thabhairt i gcrích i scríbhinn idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó de réir bhrí Airteagal 174 agus Airteagal 178, d'fhonn cur i gcrích nó soláthar agus bainistiú seirbhísí a chur de chúram ar oibreoir eacnamaíoch (an "lamháltas"), agus i gcás:

(a) gurb é atá sa luach saothair an ceart leas a bhaint as na hoibreacha nó as na seirbhísí, é sin amháin, nó é sin maille le híocaíocht;

(b) agus an conradh lamháltais á dhámhachtain, go n-aistrítear riosca oibriúcháin don lamháltóir maidir le leas a bhaint as na hoibreacha nó na seirbhísí sin, a bhféadfadh sé gur riosca éilimh nó riosca soláthair nó an dá riosca a bheadh ann. Measfar gur ghlac an lamháltóir riosca oibriúcháin i gcás, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, nach ráthaítear go n-athghnóthóidh sé, agus na hoibreacha nó na seirbhísí lena mbaineann á n-oibriú aige, na hinfheistíochtaí a rinneadh nó na costais a tabhaíodh;

(15) ciallaíonn "dliteanas teagmhasach" oibleagáid airgeadais fhéideartha a d'fhéadfaí a thabhú ag brath ar thoradh tarlaithe san am atá le teacht;

(16) ciallaíonn "conradh" conradh poiblí nó conradh lamháltais;

(17) ciallaíonn "conraitheoir" oibreoir eacnamaíoch lena bhfuil conradh poiblí sínithe;

(18) ciallaíonn "comhaontú ranníocaíochta" comhaontú a tugadh i gcrích le daoine no le heintitis a chuireann cistí an Aontais chun feidhme de bhun phointe (c)(ii) go (viii) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(19) ciallaíonn "rialú" aon bheart a ghlactar chun cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus tíosaíocht oibríochta, iontaofacht tuairiscithe, acmhainní agus faisnéis a chosaint, calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus a cheartú agus maidir lena leanúint, agus bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, agus cineál ilbhliantúil na gclár á gcur san áireamh chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann. D'fhéadfadh seiceálacha éagsúla a bheith ag baint le rialuithe, mar aon le cur i bhfeidhm aon pholasaithe agus nósanna imeachta chun na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad abairt a bhaint amach;

(20) ciallaíonn "contrapháirt" an páirtí dá ndeonaítear ráthaíocht bhuiséadach;

(21) ciallaíonn "géarchéim":

(a) staid gharchontúirte nó contúirte láithrí a d'fhéadfadh géarú agus éirí ina gcoinbhleacht armtha, nó tír, nó comharsanacht na tíre sin, a dhíchobhsú;

(b) staid a tharlaíonn de bharr tubaistí, géarchéimeanna de dhéantús an duine amhail cogaí agus coinbhleachtaí eile nó imthosca neamhghnácha a bhfuil iarmhairtí acu atá inchomparáide *inter alia* le hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide, le díghrádú comhshaoil, le heaspa rochtana ar fhuinneamh agus acmhainní nádúrtha nó le dianbhochtaineacht;

(22) ciallaíonn "saoradh" an oibríocht lena gcuireann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cur i leataobh na leithreasuithe a rinneadh roimhe sin trí bhíthin gealltanas buiséadach ar ceal go hiomlán nó go páirteach;

(23) ciallaíonn "córas ceannaigh dinimiciúil" próiseas atá iomlán leictreonach chun ceannacháin choitianta táirgí atá ar fáil de ghnáth ar an margadh a dhéanamh;

(24) ciallaíonn "oibreoir eacnamaíoch" aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear eintiteas poiblí nó grúpa de dhaoine mar sin, a thairgeann táirgí a sholáthar, oibreacha a chur i gcrích nó seirbhísí nó maoin dhochorraithe a chur ar fáil;

(25) ciallaíonn "infheistíocht chothromais" caipiteal a sholáthar do chuideachta, arna infheistiú go díreach nó go hindíreach mar mhalairt ar úinéireacht iomlán nó pháirteach ar an gcuideachta sin agus go bhféadfaidh an t-infheisteoir cothromais cuid de rialú bainistíochta na cuideachta agus cuid de bhrabús na cuideachta a ghlacadh chuige féin;

(26) ciallaíonn "oifigí Eorpacha" struchtúr riaracháin a chuireann an Coimisiún nó an Coimisiún i dteannta ceann amháin nó níos mó d'institiúidí eile an Aontais ar bun chun cúraimí trasghearrtha sonracha a dhéanamh;

(27) ciallaíonn "cinneadh riaracháin críochnaitheach" cinneadh ó údarás riaracháin a bhfuil éifeacht chríochnaitheach agus cheangailteach aige i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(28) ciallaíonn "sócmhainn airgeadais" aon sócmhainn i bhfoirm airgid thirim, ionstraim chothromais ar le heintiteas atá faoi sheilbh phoiblí nó phríobháideach í nó ceart conarthach airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a fháil ó eintiteas den sórt sin;

(29) ciallaíonn "ionstraim airgeadais" beart de chuid an Aontais maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthraítear as an mbuiséad d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shainchuspóir beartais amháin nó níos mó de chuid an Aontais a fhéadfaidh a bheith i bhfoirm infheistíochtaí cothromais nó infheistíochtaí cuasachothromais, iasachtaí nó ráthaíochtaí, nó ionstraimí eile roinnte riosca agus féadfar, i gcás inarb iomchuí, iad a chomhcheangal de chineálacha tacaíochta airgeadais eile nó de chistí faoi bhainistíocht roinnte nó de chistí de chuid an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (EDF);

(30) ciallaíonn "dliteanas airgeadais" oibleagáid chonarthach airgead tirim nó sócmhainn airgeadais eile a thabhairt d'eintiteas eile;

(31) ciallaíonn "creatchonradh" conradh poiblí a thugtar i gcrích idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó, arb é is cuspóir dó na téarmaí a shuí lena rialálfar conarthaí sonracha faoi a bheidh le dámhachtain le linn tréimhse áirithe, go háirithe ó thaobh an phraghais agus, i gcás inarb iomchuí, ó thaobh na cainníochta atá beartaithe;

(32) ciallaíonn "soláthar domhanda" an méid iomlán acmhainní a mheastar a bhfuil gá leis i gcaitheamh saolré iomlán ráthaíochta buiséadaí agus atá mar thoradh ar an ráta soláthair dá dtagraítear in Airteagal 211(1) a chur i bhfeidhm ar mhéid na ráthaíochta buiséadaí a údaraítear leis an mbunghníomh dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 210(1);

(33) ciallaíonn "deontas" ranníocaíocht airgeadais a dhéantar trí thabhartas. I gcás ina bhforáiltear ranníocaíocht den sórt sin faoin mbainistíocht dhíreach, is le Teideal VIII a rialófar í;

(34) ciallaíonn "ráthaíocht" gealltanas i scríbhinn ó thríú páirtí an fhreagracht a ghlacadh as iomlán nó cuid d'fhiach tríú páirtí nó d'oibleagáid nó d'fheidhmíocht rathúil tríú páirtí sa chás ina spreagtar an ráthaíocht sin, amhail mainneachtain iasachta;

(35) ciallaíonn "ráthaíocht ar éileamh" ráthaíocht nach mór don ráthóir é a chomhlíonadh ar éileamh ón gcontrapháirt, d'ainneoin aon easnamh in in-fhorfheidhmitheacht na hoibleagáide foluití;

(36) ciallaíonn "ranníocaíocht chomhchineáil" acmhainní neamhairgeadais a chuireann tríú páirtithe ar fáil saor in aisce do thairbhí;

(37) ciallaíonn "gealltanas dlíthiúil" gníomhaíocht ina nglacann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach oibleagáid, nó ina mbunaíonn sé oibleagáid, arb é an toradh atá air íocaíocht nó íocaíochtaí iardain agus aitheantas caiteachais mar a mhuirearaítear ar an mbuiséad, agus áirítear ann comhaontuithe agus conarthaí sonracha a thugtar i gcrích faoi chomhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais agus faoi chreatchonarthaí;

(38) ciallaíonn "éifeacht ghiarála" méid an mhaoinithe in-aisíoctha a chuirtear ar fáil d'fhaighteoirí deiridh incháilithe roinnte ar mhéid na ranníocaíochta ón Aontas;

(39) ciallaíonn "riosca leachtachta" an riosca nach ndéanfaí sócmhainn airgeadais a choinnítear sa chiste don soláthar coiteann a dhíol i gcaitheamh tréimhse áirithe ama gan caillteanas suntasach a thabhú;

(40) ciallaíonn "iasacht" comhaontú lena gcuirtear d'oibleagáid ar an iasachtóir méid airgid comhaontaithe a chur ar fáil don iasachtaí ar feadh tréimhse chomhaontaithe agus faoina bhfuil sé d'oibleagáid ar an iasachtaí an méid sin a aisíoc laistigh den tréimhse chomhaontaithe;

(41) ciallaíonn "deontas ar luach íseal" deontas ar lú ná EUR 60 000 nó cothrom leis an méid sin é;

(42) ciallaíonn "eagraíocht de chuid na mBallstát" eintiteas arna bhunú i mBallstát mar chomhlacht dlí poiblí, nó mar chomhlacht atá faoi rialú ag an dlí príobháideach, ar comhlacht é ar cuireadh misean seirbhíse poiblí ar a iontaoibh aige agus ar chuir an Ballstát sin ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil dó;

(43) ciallaíonn "modh cur chun feidhme" aon cheann de na modhanna lena gcuirtear an buiséad chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 62, is é sin an bhainistíocht dhíreach, an bhainistíocht indíreach agus an bhainistíocht roinnte;

(44) ciallaíonn "gníomhaíocht ildeontóirí" aon ghníomhaíocht ina ndéantar cistí de chuid an Aontais a chumasc le cistí ó dheontóir amháin eile ar a laghad;

(45) ciallaíonn "éifeacht iolraitheora" an infheistíocht a rinne faighteoirí deiridh incháilithe roinnte ar mhéid na ranníocaíochta ón Aontas;

(46) ciallaíonn "aschur" na táirgí insoláthartha a ghintear leis an ngníomhaíocht arna gcinneadh i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha.

(47) ciallaíonn "rannpháirtí" iarrthóir nó tairgeoir i nós imeachta soláthair, iarratasóir i nós imeachta maidir le deontas a dhámhachtain, saineolaí ar an nós imeachta maidir le saineolaithe a roghnú, iarratasóir i gcomórtas le haghaidh duaiseanna, nó duine nó eintiteas atá rannpháirteach i gcistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(48) ciallaíonn "duais" ranníocaíocht airgeadais a thugtar mar luach saothair tar éis comórtais. I gcás ina bhforáiltear ranníocaíocht den sórt sin faoin mbainistíocht dhíreach, is le Teideal IX a rialófar í;

(49) ciallaíonn "soláthar" go bhfaigheann údarás conarthach amháin nó níos mó oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí, trí mheán conartha agus go bhfaigheann sé nó siad talamh, foirgnimh nó maoin dhochorraithe eile nó go bhfaigheann sé nó siad talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile ar cíos, ó oibreoirí eacnamaíocha arna roghnú ag na húdaráis chonarthacha sin;

(50) ciallaíonn "doiciméad soláthair" aon doiciméad arna chur ar fáil ag an údarás conarthach nó dá ndearna sé tagairt chun tuairisc a dhéanamh ar ghnéithe den nós imeachta soláthair nó chun iad a chinneadh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) na bearta poiblíochta a leagtar amach in Airteagal 163;

(b) an glao ar thairiscintí;

(c) na sonraíochtaí tairisceana, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla agus na critéir ábhartha, nó na doiciméid thuairisciúla i gcás idirphlé iomaíoch;

(d) an dréachtchonradh;

(51) ciallaíonn "conradh poiblí" conradh ar mhaithe le leas airgid a thugtar i gcrích i scríbhinn idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó de réir bhrí Airteagal 174 agus Airteagal 178, le go ndéanfar sócmhainní inchorraithe nó dochorraithe a sholáthar dóibh, oibreacha a dhéanamh dóibh nó seirbhísí a thabhairt dóibh ach praghas a íoc agus é ag teacht ina iomláine nó go páirteach as an mbuiséad, agus arb é atá iontu:

(a) conarthaí tógála;

(b) conarthaí soláthair;

(c) conarthaí oibreacha;

(d) conarthaí seirbhíse;

(52) ciallaíonn "infheistíocht chuasachothromais" cineál maoinithe atá aicmithe idir cothromas agus fiachas, agus ag a bhfuil riosca is airde ná fiachas sinsearach agus riosca is lú ná gnáthchothromas agus is féidir a struchtúrú mar fhiachas, é neamhurraithe agus fo-ordaithe go tipiciúil agus i gcásanna áirithe in-chomhshóite i gcothromas, nó i ngnáthchothromas tosaíochta;

(53) ciallaíonn "faighteoir" tairbhí, conraitheoir, saineolaí seachtrach ar luach saothair, aon duine ó eintiteas a fhaigheann duaiseanna nó cistí faoi ionstraim airgeadais nó a chuireann cistí ón Aontas chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(54) ciallaíonn "comhaontú athcheannaigh" urrúis a dhíol ar airgead tirim agus iad a athcheannach sa todhchaí ar dháta arna shonrú, nó ar éileamh;

(55) ciallaíonn "leithreasú forbartha taighde agus teicneolaíche" leithreasú a iontráiltear i gceann de na teidil sa bhuiséad a bhaineann le taighde sna réimsí beartais atá nasctha le "Taighde indíreach" nó "Taighde díreach" nó i gcaibidil a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde i dteideal eile;

(56) ciallaíonn "torthaí"na héifeachtaí a éiríonn as cur chun feidhme gníomhaíochta a dhéantar i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha;

(57) ciallaíonn "ionstraimí roinnte riosca" ionstraim airgeadais lena gceadaítear riosca sainithe a roinnt idir dhá eintiteas nó níos mó, i gcás inarb iomchuí mar mhalairt ar luach saothair comhaontaithe;

(58) ciallaíonn "conradh seirbhíse" conradh lena gcumhdaítear seirbhísí intleachtúla agus neamhintleachtúla seachas na seirbhísí a chumhdaítear faoi chonarthaí soláthair, conarthaí oibreacha agus conarthaí tógála;

(59) ciallaíonn "bainistíocht fhónta airgeadais" cur chun feidhme an bhuiséid de réir phrionsabal an chur chuige bharainnigh, thráthúil, phrionsabal na héifeachtúlachta agus phrionsabal na héifeachtachta;

(60) ciallaíonn "Rialacháin Foirne" Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, *Euratom*, CEGC) Uimh. 259/68;

(61) ciallaíonn "fochonraitheoir" oibreoir eacnamaíoch arna mholadh ag iarrthóir nó tairgeoir nó conraitheoir chun cuid de chonradh a chur i gcrích nó ag tairbhí chun cuid de na cúraimí a chur i gcrích arna gcómhaoiniú le deontas;

(62) ciallaíonn "síntiús" suimeanna airgid a íoctar le comhlacht a bhfuil an tAontas ina chomhalta de, i gcomhréir leis na cinntí buiséadacha agus na coinníollacha íocaíochta arna mbunú ag an gcomhlacht lena mbaineann;

(63) ciallaíonn "conradh soláthair" conradh lena gcumhdaítear ceannach, léasú, fáil ar cíos nó fruilcheannach táirgí, leis an rogha iad a cheannach nó gan í agus a d'fhéadfadh oibríochtaí lonnaithe agus suiteála a chuimsiú, mar bheart teagmhasach;

(64) ciallaíonn "cúnamh teicniúil", gan dochar do rialacha earnáilsonracha, tacaíocht agus gníomhaíochtaí um acmhainní a fhothú is gá chun clár nó gníomhaíocht a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, monatóireachta, meastóireachta, iniúchóireachta agus rialaithe go háirithe;

(65) ciallaíonn "tairgeoir" oibreoir eacnamaíoch a bhfuil tairiscint curtha isteach aige;

(66) ciallaíonn "an tAontas" an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó iad araon, de réir mar a éilíonn an comhthéacs;

(67) ciallaíonn "institiúid de chuid an Aontais" Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Chúirt Iniúchóirí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún, an tOmbudsman Eorpach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ("SEGS"); ní mheasfar gur institiúid de chuid an Aontais é an Banc Ceannais Eorpach;

(68) ciallaíonn "díoltóir" oibreoir eacnamaíoch atá cláraithe ar liosta de dhíoltóirí a n-iarrfar orthu iarratais ar rannpháirtíocht i dtairiscintí nó tairiscintí a chur isteach;

(69) ciallaíonn "saorálaí" duine atá ag obair ar bhonn neamhéigeantach d'eagraíocht, gan luach saothair á fháil aige;

(70) ciallaíonn "oibreacha" an toradh a bhíonn le hoibreacha innealtóireachta sibhialta nó tógála ina n-iomláine ar leor é chun feidhm theicniúil nó eacnamaíoch a chomhlíonadh;

(71) ciallaíonn "conarthaí oibreacha" conarthaí lena gcumhdaítear ceann de na nithe seo a leanas:

(a) saothar a chur i gcrích, nó a dhearadh agus a chur i gcrích;

(b) saothar a chur i gcrích, nó a dhearadh agus a chur i gcrích a bhaineann le ceann amháin de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/24/AE; nó

(c) saothar a chur i gcrích, cibé slí ar bith, saothar atá i gcomhréir leis na ceanglais arna sonrú ag an údarás conarthach a mbíonn tionchar cinntitheach aige ar chineál nó ar dhearadh na n-oibreacha.

*Airteagal 3*

**Comhlíonadh an Rialacháin seo ag an reachtaíocht thánaisteach**

1. Déanfaidh forálacha maidir le cur chun feidhme ioncam agus chaiteachas an bhuiséid, agus atá ar áireamh i mbunghníomh, na prionsabail bhuiséadacha a leagtar amach i dTeideal II a chomhlíonadh.

2. Gan dochar do mhír 1, déanfaidh aon togra nó leasú ar thogra a chuirtear faoi bhráid an údaráis reachtaigh a bhfuil maoluithe ar fhorálacha an Rialacháin seo seachas na forálacha atá leagtha amach i dTeideal II nó ar ghníomhartha tarmligthe ann a glacadh de bhun an Rialacháin seo na maoluithe sin a chur in iúl go soiléir agus na cúiseanna sonracha a thugann údar dóibh a lua in aithrisí agus i meabhrán míniúcháin na dtograí nó na leasuithe sin.

*Airteagal 4*

**Tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama**

Mura bhforálfar a mhalairt sa Rialachán seo, beidh feidhm ag Rialachán (CEE, *Euratom*) Uimh. 1182/71 [1] maidir leis na spriocanna arna atá leagtha amach sa Rialachán seo.

[1] Rialachán (CEE, *Euratom*) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena ndéantar na rialacha is infheidhme maidir le spriocanna, dátaí agus téarmaí a ainmniú (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

*Airteagal 5*

**Sonraí pearsanta a chosaint**

Ní dochar an Rialachán seo do Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Rialachán (AE) 2016/679.

TEIDEAL II

**BUISÉAD AGUS PRIONSABAIL BHUISÉADACHA**

*Airteagal 6*

**Na prionsabail bhuiséadacha a urramú**

Bunófar agus cuirfear chun feidhme an buiséad i gcomhréir le prionsabail na haontachta, an chruinnis bhuiséadaigh, na bliantúlachta, na cothromaíochta, an aonaid cuntais, na huilíochta, na sonraíochta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta mar a leagtar amach sa Rialachán seo.

*CAIBIDIL 1*

***Prionsabail na haontachta agus an chruinnis bhuiséadaigh***

*Airteagal 7*

**Raon feidhme an bhuiséid**

1. Maidir le gach bliain airgeadais, an t-ioncam agus an caiteachas go léir a mheastar a bheidh de dhíth ar an Aontas, déanfar sin a thuar agus a údarú sa bhuiséad. Is é a bheidh sa bhuiséad:

(a) ioncam agus caiteachas an Aontais, lena n-áirítear caiteachas riaracháin a thig as cur chun feidhme fhorálacha CAE maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), agus caiteachas oibríochtúil arb é is údar leis cur chun feidhme na bhforálacha sin i gcás ina muirearaítear sin ar an mbuiséad;

(b) ioncam agus caiteachas an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach.

2. Beidh leithreasuithe difreáilte sa bhuiséad arb éard a bheidh iontu leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochta, agus beidh leithreasuithe neamhdhifreáilte ann freisin.

Sna leithreasuithe a údaraítear don bhliain airgeadais beidh an méid seo a leanas:

(a) leithreasuithe a sholáthraítear sa bhuiséad, lena n-áirítear buiséid leasaitheacha;

(b) leithreasuithe arna dtabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin;

(c) leithreasuithe a chuirtear ar fáil arís i gcomhréir le hAirteagal 15;

(d) leithreasuithe a thagann as íocaíochtaí réamh-mhaoinithe arna n-aisíoc i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 12(4);

(e) leithreasuithe a chuirtear ar fáil tar éis ioncam sannta a fháil i rith na bliana airgeadais nó a thugtar anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin.

3. Leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas cumhdófar costas iomlán na ngealltanas dlíthiúil a ghlactar ar láimh i rith na bliana airgeadais, faoi réir Airteagal 114(2).

4. Leis na leithreasuithe íocaíochta cumhdófar na híocaíochtaí a dhéantar chun gealltanais dhlíthiúla na bliana airgeadais reatha nó na mblianta airgeadais roimhe sin a chomhlíonadh.

5. Ní choiscfear le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo leithreasuithe a ghealladh ina n-iomláine ná gealltanais bhuiséadacha a dhéanamh ina dtráthchodanna bliantúla dá bhforáiltear faoi seach i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 112(1) agus in Airteagal 112(2).

*Airteagal 8*

**Rialacha sonracha maidir le prionsabail na haontachta agus an chruinnis bhuiséadaigh**

1. Sannfar an t-ioncam agus an caiteachas iomlán do líne sa bhuiséad.

2. Gan dochar do chaiteachas údaraithe a thabhaítear de bharr dliteanais theagmhasacha dá bhforáiltear in Airteagal 210(2), ní fhéadfar aon chaiteachas a ghealladh nó a údarú a sháraíonn na leithreasuithe údaraithe.

3. Ní dhéanfar aon leithreasú a iontráil sa bhuiséad ach amháin más do mhír chaiteachais é a mheastar a bheith riachtanach.

4. Aon ús a thiocfaidh as na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe a dhéantar as an mbuiséad, ní bheidh sé dlite don Aontas, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sna comhaontuithe maidir le ranníocaíochtaí nó sna comhaontuithe maoiniúcháin lena mbaineann.

*CAIBIDIL 2*

***Prionsabal na bliantúlachta***

*Airteagal 9*

**Sainmhíniú**

Na leithreasuithe a chuirtear isteach sa bhuiséad, údarófar iad do bhliain airgeadais, a mhairfidh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.

*Airteagal 10*

**Cuntasaíocht bhuiséadach maidir le hioncam agus leithreasuithe**

1. Iontrálfar ioncam na bliana airgeadais i gcuntais na bliana sin ar bhonn na méideanna a bailíodh lena linn. Mar sin féin, féadfar acmhainní dílse mhí Eanáir na bliana ina dhiaidh sin a chur ar fáil roimh ré, de bhun Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014.

2. Féadfar na hiontrálacha maidir leis an gCáin Bhreisluacha (CBL) agus Ollioncam Náisiúnta arna mbunú ar acmhainní dílse a choigeartú i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014.

3. Iontrálfar na gealltanais sna cuntais le haghaidh bliain airgeadais ar bhonn na ngealltanas dlíthiúil a tugadh go dtí an 31 Nollaig sa bhliain sin. Mar sin féin, déanfar na gealltanais bhuiséadacha fhoriomlána dá dtagraítear in Airteagal 112(4) a iontráil sna cuntais don bhliain airgeadais ar bhonn na ngealltanas buiséadach go dtí an 31 Nollaig den bhliain sin.

4. Iontrálfar íocaíochtaí sna cuntais do bhliain airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí a rinne an t-oifigeach cuntasaíochta faoin 31 Nollaig an bhliain sin.

5. De mhaolú ar mhír 3 agus ar mhír 4:

(a) Cuirfear caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) isteach sna cuntais do bhliain airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí a dhéanfaidh an Coimisiún leis na Ballstáit faoin 31 Nollaig an bhliain sin, ar choinníoll go mbeidh an t-ordú íocaíochta faighte ag an oifigeach cuntasaíochta faoin 31 Eanáir an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin;

(b) Cuirfear caiteachas arna chur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte cé is moite de chaiteachas CERT sna cuntais do bhliain airgeadais ar bhonn na n-aisíocaíochtaí a dhéanfaidh an Coimisiún leis na Ballstáit faoin 31 Nollaig an bhliain sin, lena n-áirítear an caiteachas a mhuirearófar faoin 31 Eanáir an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 30 agus Airteagal 31.

*Airteagal 11*

**Leithreasuithe a chur faoi chomhair oibleagáidí**

1. Féadfar na leithreasuithe a cuireadh isteach sa bhuiséad a ghealladh le héifeacht ón 1 Eanáir, a luaithe a ghlacfar an buiséad go cinntitheach.

2. Amhail ón 15 Deireadh Fómhair sa bhliain airgeadais, féadfar an caiteachas seo a leanas a ghealladh roimh ré i gcoinne na leithreasuithe dá bhforáiltear don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin:

(a) gnáthchaiteachas riaracháin, ar choinníoll gur formheasadh an caiteachas sin sa bhuiséad deireanach a glacadh mar is iomchuí, agus ní bheidh sa chaiteachas sin ach an ceathrú cuid, ar a mhéad, de na leithreasuithe comhfhreagracha iomlána arna gcinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle don bhliain reatha airgeadais;

(b) gnáthchaiteachas bainistíochta do CERT, ar an mbonn go leagtar síos an caiteachas sin i mbunghníomh atá ann cheana, agus ní bheidh sa chaiteachas sin ach trí cheathrú, ar a mhéad, de na leithreasuithe comhfhreagracha iomlána arna gcinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle don bhliain reatha airgeadais.

*Airteagal 12*

**Leithreasuithe a chur ar ceal agus a thabhairt anonn**

1. Cuirfear ar ceal leithreasuithe nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana airgeadais ar lena haghaidh a cuireadh isteach iad, mura dtabharfar anonn iad i gcomhréir le mír 2 go mír 8.

2. Féadfar na leithreasuithe seo a leanas a thabhairt anonn le cinneadh a dhéanfar de bhun mhír 3, ach ní fhéadfar sin a dhéanamh ach don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin:

(a) leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe neamhdhifreáilte a bhfuil formhór chéimeanna ullmhúcháin an nós imeachta um ghealltanas ina leith críochnaithe faoin 31 Nollaig den bhliain airgeadais. Féadfar na leithreasuithe sin a ghealladh go dtí an 31 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, cé is moite de leithreasuithe neamhdhifreáilte maidir le tionscadail tógála a fhéadfar a ghealladh go dtí 31 Nollaig na bliana airgeadais ina dhiaidh sin;

(b) leithreasuithe a bhfuil gá leo nuair atá bunghníomh glactha ag an údarás reachtach i ráithe dheiridh na bliana airgeadais agus nach bhfuil an Coimisiún in ann na leithreasuithe a cuireadh ar fáil chun na críche sin a ghealladh faoin 31 Nollaig den bhliain sin. Féadfar na leithreasuithe sin a ghealladh go dtí an 31 Márta an bhliain ina dhiaidh sin;

(c) leithreasuithe íocaíochta a theastaíonn chun gealltanais atá ann cheana nó gealltanais atá nasctha le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn a chumhdach, nuair nach leordhóthanach na leithreasuithe íocaíochtaí dá bhforáiltear sna línte buiséid ábhartha don bhliain ina dhiaidh sin;

(d) leithreasuithe nár gealladh agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1].

Maidir le pointe (c) den chéad fhomhír, úsáidfidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais na leithreasuithe a údaraíodh don bhliain airgeadais reatha agus ní úsáidfidh sí na leithreasuithe a tugadh anonn go dtí go mbeidh na chéad leithreasuithe údaraithe sin ídithe.

Maidir le tabhairt anonn leithreasuithe nár gealladh anmhail dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo, ní rachaidh sí, laistigh de theorainn 2 % de na leithreasuithe tosaigh arna vótáil ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, thar an méid den choigeartú ar íocaíochtaí díreacha arna chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 le linn na bliana deireanaí airgeadais. Leithreasuithe a thugtar anonn, cuirfear ar ais iad do na línte buiséid lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

3. Déanfaidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais a cinneadh maidir le tabhairt anonn amhail dá dtagraítear i mír 2 faoin 15 Feabhra an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Cuirfidh sí Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh a rinne sí maidir le tabhairt anonn faoin 15 Márta den bhliain sin. Cuirfidh sí in iúl chomh maith, maidir le gach líne buiséid, an dóigh ar cuireadh na critéir i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 2 i bhfeidhm ar gach tabhairt anonn.

4. Tabharfar leithreasuithe anonn go huathoibríoch maidir le:

(a) na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí don chúlchiste le haghaidh cúnamh éigeandála agus do Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh. Féadfar na leithreasuithe sin a thabhairt anonn don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus don bhliain sin amháin, agus féadfar iad a ghealladh suas go dtí an 31 Nollaig den bhliain sin;

(b) leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta inmheánach. Féadfar na leithreasuithe sin a thabhairt anonn don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus don bhliain sin amháin, agus féadfar iad a ghealladh suas go dtí an 31 Nollaig den bhliain sin, seachas an t-ioncam sannta inmheánach ó ligean nó díol talún nó foirgneamh ar féidir a thabhairt anonn go dtí go n-úsáidfear é ina iomláine. Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, amhail dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus i Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2], ar leithreasuithe iad atá le fáil ar an 31 Nollaig agus a thagann as íocaíochtaí réamh-mhaoinithe, is féidir iad a thabhairt anonn go dtí tráth dúnta an chláir agus a úsáid nuair is gá, ar choinníoll nach bhfuil leithreasuithe eile faoi chomhair gealltanas le fáil a thuilleadh;

(c) leithreasuithe a chomhfhreagraíonn don ioncam sannta seachtrach. Déanfar na leithreasuithe sin a úsáid ina n-iomláine faoin am a mbeidh críoch curtha leis na hoibríochtaí uile a bhaineann leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ar sannadh dó nó di iad nó féadfar iad a thabhairt anonn nó a úsáid don chéad chlár nó don chéad ghníomhaíocht eile. Ní bheidh feidhm aige sin maidir leis an ioncam dá dtagraítear i bpointe (iii) d'Airteagal 21(2)(g) agus déanfar na leithreasuithe nach ngealltar laistigh de 5 bliana a chealú;

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht ghéarchéime (IO L 150, 20.5.2014, lch. 112).

(d) leithreasuithe íocaíochta a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus a thagann as íocaíochtaí a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

5. Beidh an chaoi a nglacfar le hioncam sannta seachtrach amhail dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4 den Airteagal seo agus a thagann as rannpháirtíocht Stát de chuid Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) i gclár áirithe de chuid an Aontais i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 21(2) i gcomhréir le Prótacal Uimh. 32 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéir Eorpach Eacnamaíoch (CLEE).

6. De bhreis ar an bhfaisnéis dá bhforáiltear i mír 3, tíolacfaidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faisnéis maidir le leithreasuithe a tugadh anonn go huathoibríoch, lena n-áirítear na méideanna lena mbaineann agus an fhoráil san Airteagal seo, faoinar tugadh na leithreasuithe anonn.

7. Déanfar leithreasuithe neamhdhifreáilte a ghealltar go dlisteanach ag deireadh na bliana airgeadais a íoc go dtí go mbeidh deireadh na bliana airgeadais ina dhiaidh sin ann.

8. Gan dochar do mhír 4, ní thabharfar anonn leithreasuithe a cuireadh i gcúlchiste agus leithreasuithe le haghaidh caiteachas foirne. Chun críocha an Airteagail seo, folaíonn caiteachas foirne luach saothair agus liúntais chomhaltaí agus fhoireann na n-institiúidí sin de chuid an Aontais atá faoi réir na Rialachán Foirne.

*Airteagal 13*

**Forálacha mionsonraithe maidir le leithreasuithe a chur ar ceal agus a thabhairt anonn**

1. Ní fhéadfar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe neamhdhifreáilte dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 12(2) a thabhairt anonn ach amháin murarbh fhéidir, ar chúiseanna nach inchurtha i leith an oifigigh údarúcháin, na gealltanais a dhéanamh faoin 31 Nollaig an bhliain airgeadais sin agus más rud é gur tugadh na céimeanna ullmhúcháin fada go leor chun cinn le go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach, go ndéanfaí gealltanasfaoin 31 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, nó, a mhéid a bhaineann le tionscadail tógála, faoin 31 Nollaig an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

2. Tabharfar na céimeanna ullmhúcháin dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 12(2) chun críche faoin 31 Nollaig an bhliain airgeadais sin le go bhféadfar tabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus is iad seo a leanas go háirithe na céimeanna ullmhúcháin sin:

(a) i gcás gealltanais bhuiséadacha aonair de réir bhrí phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 112(1), roghnú conraitheoirí, tairbhithe, buaiteoirí duaiseanna nó toscairí a thabhairt chun críche.

(b) i gcás gealltanais bhuiséadacha de réir bhrí phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 112(1), cinneadh maoiniúcháin a ghlacadh nó clabhsúr a chur ar an gcomhairliúchán leis na ranna lena mbaineann laistigh de gach institiúid de chuid an Aontais maidir leis an gcinneadh maoiniúcháin a ghlacadh.

3. Cuirfear ar ceal go huathoibríoch leithreasuithe a thugtar anonn i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 12(2) agus nach ngealltar faoin 31 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, nó, i gcás méideanna a bhaineann le tionscadail tógála, faoin 31 Nollaig an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na leithreasuithe a chuirtear ar ceal i gcomhréir leis an gcéad fhomhír laistigh de 1 mhí amháin tar éis iad a bheith curtha ar ceal.

*Airteagal 14*

**Gealltanais saortha**

1. I gcás ina ndéanfar gealltanais bhuiséadacha a shaoradh in aon bhliain airgeadais tar éis na bliana ar tugadh na gealltanais bhuiséadacha sin, mar thoradh ar neamhchomhlíonadh iomlán nó páirteach na ngníomhaíochtaí ar cuireadh in áirithe iad lena n-aghaidh, cuirfear ar ceal na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do na gealltanais saortha sin, mura bhforálfar dá mhalairt i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 agus gan dochar d'Airteagal 15 den Rialachán seo.

2. Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 a shaoradh go huathoibríoch i gcomhréir leis na Rialacháin sin.

3. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an ioncam sannta seachtrach dá dtagraítear in Airteagal 21(2).

*Airteagal 15*

**Leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chur ar fáil arís**

1. Féadfar na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 a chur ar fáil arís i gcás earráid shoiléir a bheidh inchurtha go hiomlán i leith an Choimisiúin.

Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún gealltanais saortha le linn na bliana roimhe sin a scrúdú agus cinnfidh sé, faoin 15 Feabhra an bhliain airgeadais reatha, ar bhonn na riachtanas a bheidh ann, an gá na leithreasuithe comhfhreagracha a chur ar fáil arís.

2. De bhreis ar an gcás dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha ar fáil arís sna cásanna seo a leanas:

(a) gealltanas a saoradh ó chlár faoi na socruithe chun an cúlchiste feidhmíochta a bhunaítear in Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a chur chun feidhme;

(b) gealltanas a saoradh ó chlár atá tiomnaithe d'ionstraim airgeadais ar leith i bhfabhar fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) tar éis scor de rannpháirtíocht Ballstáit san ionstraim airgeadais, amhail dá dtagraítear sa seachtú fomhír d'Airteagal 39(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

3. Féadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá comhfhreagrach le méid na ngealltanas a saoradh toisc nár cuireadh chun feidhme tionscadail taighde chomhfhreagracha go hiomlán ná i bpáirt, féadfar iad a chur ar fáil arís chun leas an chláir taighde lena mbaineann na tionscadail nó don chlár a thiocfaidh ina dhiaidh i gcomhthéacs an nóis imeachta bhuiséadaigh.

*Airteagal 16*

**Na rialacha is infheidhme maidir leis an mbuiséad a ghlacadh go déanach**

1. I gcás nach mbeidh an buiséad glactha go cinntitheach ag tús na bliana airgeadais, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 315 CFAE (córas na ndódhéaguithe sealadacha). Féadfar gealltanais agus íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

2. Féadfar gealltanais a dhéanamh in aghaidh na caibidle suas leis an gceathrú cuid, ar a mhéad, d'iomlán na leithreasuithe atá údaraithe i gcaibidil ábhartha an bhuiséid don bhliain airgeadais roimhe sin móide aon dódhéagú in aghaidh gach míosa atá caite.

Ní fhéadfar teorainn na leithreasuithe dá bhforáiltear sa dréachtbhuiséad a shárú.

Féadfar íocaíochtaí a dhéanamh go míosúil in aghaidh na caibidle suas le haon dódhéagú, ar a mhéad, de na leithreasuithe atá údaraithe i gcaibidil ábhartha an bhuiséid don bhliain airgeadais roimhe sin. Ní sháróidh an tsuim sin áfach, an dóú cuid déag de na leithreasuithe dá bhforáiltear sa chaibidil chéanna den dréachtbhuiséad.

3. Na leithreasuithe a údaraítear i gcaibidil ábhartha an bhuiséid don bhliain airgeadais roimhe sin, dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, tuigfear go dtagraíonn siad do na leithreasuithe a vótáladh sa bhuiséad, lena n-áirítear na buiséid leasaitheacha, agus tar éis an choigeartaithe do na haistrithe a rinneadh i rith na bliana airgeadais sin.

4. Más gá, ar mhaithe le gníomhaíocht an Aontais a bheith comhleanúnach agus ar mhaithe le riachtanais bhainistíochta, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ar thogra ón gCoimisiún, caiteachas de bhreis ar dhóú cuid déag sealadach amháin ach nach mó ná ceithre dhóú cuid déag sealadach san iomlán, ach amháin i gcásanna cuí-údaraithe, a údarú le haghaidh gealltanais agus íocaíochtaí araon, de bhreis ar na cinn a chuirtear ar fáil go huathoibríoch i gcomhréir le mír 1 agus mír 2. Cuirfidh an Chomhairle an cinneadh a dhéanann sí maidir leis an údarú sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa gan mhoill.

Tiocfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm 30 lá tar éis a ghlactha ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa:

(a) a chinneadh, ag gníomhú di trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, an caiteachas a laghdú sula rachaidh an 30 lá in éag, agus sa chás sin tíolacfaidh an Coimisiún togra nua;

(b) an Chomhairle agus an Coimisiún a chur ar an eolas nach dteastaíonn uaithi an caiteachas a laghdú agus sa chás sin tiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm sula rachaidh an 30 lá in éag.

Údarófar na dódhéaguithe sin ina n-iomláine agus ní bheidh siad inroinnte.

5. Más rud é, i gcás caibidle ar leith, nach leor an t-údarú de cheithre dhódhéagú shealadacha a deonaíodh i gcomhréir le mír 4, chun an caiteachas riachtanach a chumhdach chun easpa leanúnachais a sheachaint i ngníomhaíocht an Aontais sa réimse atá cumhdaithe ag an gcaibidil sin, d'fhéadfadh sé go n-údarófaí ar bhonn eisceachtúil méid na leithreasuithe a iontráladh i gcaibidil chomhfhreagrach an bhuiséid don bhliain airgeadais roimhe sin a shárú. Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear i mír 4. Ní dhéanfar, áfach, méid foriomlán na leithreasuithe atá ar fáil i mbuiséad na bliana airgeadais roimhe sin nó sa dréachtbhuiséad, mar atá beartaithe, a shárú.

CAIBIDIL 3

***Prionsabal na cothromaíochta***

*Airteagal 17*

**Sainmhíniú agus raon feidhme**

1. Beidh ioncam agus leithreasuithe íocaíochta ar comhardú.

2. Faoi chuimsiú an bhuiséid, ní thógfaidh an tAontas ná na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71 iasachtaí.

*Airteagal 18*

**Iarmhéid ón mbliain airgeadais**

1. Cuirfear an t-iarmhéid ó gach bliain airgeadais isteach mar ioncam i mbuiséad na bliana airgeadais ina dhiaidh sin i gcás barrachais nó mar leithreasú íocaíochta i gcás easnaimh.

2. Cuirfear na meastacháin ar an ioncam nó ar na leithreasuithe íocaíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo isteach sa bhuiséad le linn an nós imeachta bhuiséadaigh agus i litir leasaitheach a thíolacfar de bhun Airteagal 42 den Rialachán seo. Dréachtófar na meastacháin i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 608/2014 ón gComhairle [1].

3. Tar éis na cuntais shealadacha do gach bliain airgeadais a thíolacadh, cuirfear isteach aon mhíréireacht idir na cuntais sin agus na meastacháin sa bhuiséad don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin trí bhuiséad leasaitheach a bheidh dírithe ina iomláine ar an míréireacht sin. Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an dréachtbhuiséad leasaitheach a chur isteach go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle laistigh de 15 lá ón dáta a gcuirfear isteach na cuntais shealadacha.

CAIBIDIL 4

***Prionsabal an aonaid cuntais***

*Airteagal 19*

**An euro a úsáid**

1. Is in euro a tharraingeofar suas agus a chuirfear chun feidhme an creat airgeadais bliantúil agus an buiséad agus is in euro a thíolacfar na cuntais. Chun na gcríoch a bhaineann le sreafaí airgid agus dá dtagraítear in Airteagal 77, áfach, údarófar an t-oifigeach cuntasaíochta, agus i gcás chuntais an óinchiste, riarthóirí an óinchiste, agus i gcás riachtanais bhainistíocht riaracháin an Choimisiúin agus SEGS, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, oibríochtaí a dhéanamh in airgeadraí eile.

2. Gan dochar d'fhorálacha sonracha a leagtar síos i rialacha earnáilsonracha, nó i gconarthaí sonracha, comhaontuithe deontas, comhaontuithe ranníocaíochtaí agus comhaontuithe maoiniúcháin, úsáidfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an ráta malairte laethúil don euro arna fhoilsiú i sraith C in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun an comhshó a dhéanamh an lá a ndéanfaidh an roinn údarúcháin an t-ordú íocaíochta nó an t-ordú aisghabhála a tharraingt suas.

Mura bhfoilseofar ráta laethúil den chineál sin, úsáidfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an ceann dá dtagraítear i mír 3.

3. Chun críocha na gcuntas dá bhforáiltear in Airteagal 82, in Airteagal 83 agus in Airteagal 84, úsáidfear an ráta malartaithe cuntasaíochta míosúil chun an comhshó idir an euro agus airgeadraí eile a dhéanamh. Suífidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin an ráta malartaithe cuntasaíochta sin trí bhíthin aon fhoinse faisnéise a mheastar a bheith iontaofa, ar bhonn ráta malairte lae leathdheireanaigh na míosa a thagann roimh an mí sin dá suitear an ráta.

4. Déanfar oibríochtaí comhshó airgeadra sa chaoi go seachnaítear tionchar suntasach ar leibhéal cómhaoinithe an Aontais nó tionchar díobhálach ar an mbuiséad. I gcás inarb iomchuí, féadfar meán an ráta comhshó laethúil do thréimhse ar leith a úsáid chun an ráta comhshó idir an euro agus airgeadraí eile a ríomh.

CAIBIDIL 5

***Prionsabal na huilíochta***

*Airteagal 20*

**Raon feidhme**

Gan dochar d'Airteagal 21, cumhdófar leis an ioncam iomlán leithreasuithe íocaíochta iomlána. Gan dochar d'Airteagal 27, cuirfear isteach an t-ioncam agus an caiteachas go léir ina n-iomláine sa bhuiséad gan aon choigeartú in aghaidh a chéile.

---

[1] Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 608/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 29).

*Airteagal 21*

**Ioncam sannta**

1. Déanfar ioncam sannta seachtrach agus ioncam sannta inmheánach a úsáid chun ítimí sonracha caiteachais a mhaoiniú.

2. Is éard a bheidh in ioncam sannta seachtrach:

(a) ranníocaíochtaí sonracha breise ó na Ballstáit do na cineálacha gníomhaíochtaí agus clár seo a leanas:

(i) cláir áirithe bhreise um thaighde agus forbairt theicneolaíoch;

(ii) gníomhaíochtaí nó cláir áirithe maidir le cabhair sheachtrach arna maoiniú ag an Aontas agus arna mbainistiú ag an gCoimisiún;

(b) leithreasuithe a bhaineann leis an ioncam arna ghiniúint ag an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach a bunaíodh le Prótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc an Conradh ag bunú CEGC a dhul in éag, agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

(c) an t-ús ar thaiscí agus ar na fíneálacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([1]);

(d) ioncam atá curtha in áirithe do chríoch shonrach, amhail ioncam ó fhondúireachtaí, ó fhóirdheontais, ó bhronntanais agus ó thiomnachtaí, lena n-áirítear an t-ioncam atá curtha in áirithe go sonrach do gach institiúid de chuid an Aontais;

(e) ranníocaíochtaí do ghníomhaíochtaí an Aontais ó thríú tíortha nó ó chomhlachtaí nach comhlachtaí a bunaíodh faoi CFAE nó faoi Chonradh *Euratom* iad;

(f) ioncam sannta inmheánach dá dtagraítear i mír 3, a mhéid atá sé coimhdeach leis an ioncam sannta seachtrach dá dtagraítear sa mhír seo;

(g) ioncam ó ghníomhaíocht de chineál iomaíoch a dhéanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) lena gcumhdaítear aon cheann díobh seo a leanas:

(i) nósanna imeachta um dheontais agus soláthair ina bhfuil Airmheán Comhpháirteach Taighde rannpháirteach;

(ii) leithreasuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde thar ceann tríú páirtithe;

(iii) leithreasuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí a ghlactar ar láimh faoi chomhaontú riaracháin le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais nó le ranna eile an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 59, d'fhonn seirbhísí teicniúla-eolaíocha a chur ar fáil.

3. Is éard a bheidh in ioncam sannta seachtrach:

(a) ioncam ó thríú páirtithe a bhaineann le hearraí, seirbhísí nó obair a chuirfear ar fáil arna iarraidh sin dóibh;

(b) ioncam a thagann ó aisíocaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 101, méideanna a íocadh go mícheart;

(c) fáltais ó earraí, seirbhísí agus oibreacha a sholáthar do ranna eile laistigh d'institiúid de chuid an Aontais, nó d'institiúidí nó comhlachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear aisíocaíochtaí liúntas misin ó institiúidí eile nó ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, a íocadh thar a gceann;

(d) íocaíochtaí árachais a fuarthas;

(e) ioncam ó fhoirgnimh agus talamh a ligean ar cíos agus a díol;

(f) aisíocaíochtaí le hionstraimí airgeadais nó le ráthaíochtaí buiséadacha de bhun an dara fomhír d'Airteagal 209(3);

(g) ioncam a thagann ó aisíocaíocht i leith cánach de bhun phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 27(3).

4. Déanfar ioncam sannta a thabhairt anonn agus aistreofar é i gcomhréir pointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 12(4) agus le hAirteagal 32.

5. Féadfar le bunghníomh ioncam a shannadh do mhíreanna sonracha caiteachais. Mura sonrófar a mhalairt sa bhunghníomh, is ioncam sannta inmheánach a bheidh san ioncam sin.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6).

6. Beidh línte ar áireamh sa bhuiséad chun freastal a dhéanamh ar ioncam sannta seachtrach agus ioncam sannta inmheánach agus, gach uair is féidir, léireofar an méid i gceist.

*Airteagal 22*

**Struchtúr chun ioncam sannta agus soláthar leithreasuithe comhfhreagracha a chur san áireamh**

1. Gan dochar do phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo ná d'Airteagal 24 is é a chuimseofar sa struchtúr le haghaidh ioncam sannta a chur san áireamh sa bhuiséad an méid seo a leanas:

(a) sa ráiteas ioncaim i roinn gach institiúid de chuid an Aontais, líne buiséid lenar féidir an t-ioncam a fháil;

(b) sa ráiteas caiteachais, na nótaí tráchta buiséid, lena n-áirítear nótaí tráchta ginearálta, ina léirítear na línte buiséid lenar féidir na leithreasuithe atá comhfhreagrach leis an ioncam sannta a fháil.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, déanfar iontráil chomharthach *pro memoria* agus taispeánfar an t-ioncam measta a bhaineann leis an bhfaisnéis sna nótaí tráchta.

2. Cuirfear na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta ar fáil go huathoibríoch, mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus mar leithreasuithe íocaíochta araon, nuair a bheidh an t-ioncam faighte ag an institiúid de chuid an Aontais, ach ní dhéanfar sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) sa chás dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 21(2) maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit, agus i gcás ina sloinntear an comhaontú ranníocaíochta in euro, féadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil ón uair a shíneoidh an Ballstát an comhaontú ranníocaíochta;

(b) sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 21(2) agus i bpointe (i) agus i bpointe (iii) d'Airteagal 21(2)(g), déanfar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chur ar fáil a luaithe a dhéanfar an méid infhaighte a mheas;

(c) sa chás dá bhforáiltear i bpointe (c) d'Airteagal 21(2), eascróidh as iontráil na méideanna sa ráiteas ioncaim soláthar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasaithe faoi chomhair íocaíochta sa ráiteas caiteachais.

Déanfar na leithreasuithe dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 20.

3. Cuirfear na meastacháin ar na méideanna is infhaighte dá dtagraítear i bpointe (b) i bpointe (g) d'Airteagal 21(2) chuig an oifigeach cuntasaíochta lena gclárú.

*Airteagal 23*

**Ranníocaíochtaí ó na Ballstáit le cláir thaighde**

1. Is mar a leanas a íocfar ranníocaíochtaí na mBallstát le maoiniú clár forlíontacha áirithe taighde, ar ranníocaíochtaí iad dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014:

(a) faoin 31 Eanáir an bhliain reatha airgeadais, íocfar seacht ndódhéagú den tsuim a chuirtear isteach sa bhuiséad;

(b) faoin 15 Iúil an bhliain reatha airgeadais, íocfar na cúig dhódhéagú atá fágtha.

2. I gcás nár glacadh an buiséad go cinntitheach roimh thús bliana airgeadais, is ar an tsuim a cuireadh isteach sa bhuiséad don bhliain airgeadais roimhe sin a bheidh na ranníocaíochtaí dá bhforáiltear i mír 1 bunaithe.

3. Aon ranníocaíocht nó íocaíocht bhreise atá le híoc ag na Ballstáit leis an mbuiséad, déanfar í a chur isteach i gcuntas nó i gcuntais an Choimisiúin laistigh de 30 lá féilire tar éis an ghlao ar chistí.

4. Is isteach sa chuntas dá bhforáiltear i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014 a chuirfear na híocaíochtaí a dhéantar agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.

*Airteagal 24*

**Ioncam sannta a eascraíonn as rannpháirtíocht Stát de chuid CSTE i gcláir áirithe de chuid an Aontais**

1. Is é a chuimseofar sa struchtúr chun an t-ioncam ó rannpháirtíocht Stáit CSTE i gcláir áirithe de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

(a) sa ráiteas ioncaim, déanfar líne buiséid a bhfuil iontráil chomharthach *pro memoria* aici a iontráil chun méid iomlán gach ranníocaíochta de chuid Stát CSTE don bhliain airgeadais a chuimsiú;

(b) sa ráiteas caiteachais, leagfaidh iarscríbhinn amach, ar dlúthchuid den bhuiséad í, na línte buiséid go léir lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí uile de chuid an Aontais ina bhfuil Stáit CSTE páirteach, agus áireofar inti faisnéis maidir le méid measta rannpháirtíocht gach ceann de Stáit CSTE.

2. Faoi Airteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéir Eorpach Eacnamaíoch, tiocfaidh as méideanna bliantúla rannpháirtíochta na Stát CERT, mar a dheimhnítear don Choimisiún ag Comhchoiste Parlaiminteach an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch i gcomhréir le hAirteagal 1(5) de Phrótacal Uimh. 32 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéir Eorpach Eacnamaíoch, tiocfaidh astu sin, ag tús na bliana airgeadais, soláthar mhéideanna iomlána na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas comhfhreagracha agus na leithreasuithe íocaíochta comhfhreagracha.

3. Déanfar faireachán ar leithligh ar úsáid an ioncaim a thagann ó íocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE.

*Airteagal 25*

**Tabhartais**

1. Féadfaidh institiúidí an Aontais glacadh le haon tabhartas don Aontas, amhail ioncam ó fhondúireachtaí, fóirdheontais, bronntanais agus tiomnachtaí.

2. Is faoi réir údarú ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacfar le tabhartas arb é EUR 50 000 nó níos mó a luach agus a mbeidh muirear airgeadais ag roinnt leis, lena n-áirítear costais leantacha a sháraíonn 10 % de luach an tabhartais. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinneadh i leith na ceiste laistigh de 2 mhí tar éis dóibh iarratas ar údarú den sórt sin a fháil ó na hinstitiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais. Mura ndéanfar aon agóid laistigh den tréimhse sin, déanfaidh na hinstitiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais an cinneadh deiridh maidir leis an tabhartas a ghlacadh. Tabharfaidh na hinstitiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais míniú ina n-iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle ar na muirir airgeadais a thabhaítear de bharr tabhartais a thugtar don Aontas a ghlacadh.

*Airteagal 26*

**Urraíocht chorparáideach**

1. Ciallaíonn "urraíocht chorparáideach" comhaontú trína dtugann duine dlítheanach sochar comhchineáil d'imeacht nó do ghníomhaíocht chun críocha promóisin nó freagrachta sóisialta corparáidí.

2. Ar bhonn rialacha inmheánacha sonracha, a fhoilseofar ar a suíomhanna gréasáin faoi seach, féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais glacadh go heisceachtúil le hurraíocht chorparáideach ar choinníoll:

(a) go dtugtar aird chuí ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe, na comhréireachta, na córa comhionainne agus na trédhearcachta ar gach céim den nós imeachta um ghlacadh le hurraíocht chorparáideach;

(b) go gcuireann an urraíocht sin le híomhá dheimhneach an Aontais agus go bhfuil nasc díreach idir í agus príomhchuspóir an imeachta nó na gníomhaíochta;

(c) nach cúis choinbhleachta í agus nach mbaineann sí le himeachtaí sóisialta amháin;

(d) nach trí urraíocht chorparáideach amháin a mhaoinítear an t-imeacht nó an ghníomhaíocht;

(e) go bhfuil an tseirbhís atá i gcomaoin na hurraíochta corparáidí teoranta d'infheictheacht phoiblí trádmhairc nó ainm an urraitheora;

(f) nach bhfuil na hurraitheoirí, tráth an nós imeachta um urraíocht, i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 136(1) agus Airteagal 141(1) agus nach bhfuil siad cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 142(1).

3. I gcás inar mó ná EUR 5 000 luach na hurraíochta corparáidí, liostófar an t-urraitheoir i gclár poiblí, lena n-áirítear cineál an imeachta nó na gníomhaíochta a urraítear.

*Airteagal 27*

**Rialacha maidir le hasbhaintí agus coigeartuithe ar ráta malairte**

1. Féadfar na hasbhaintí seo a leanas a bhaint as iarrataí íocaíochtaí a chuirfear ar aghaidh chun an glanmhéid a íoc:

(a) pionóis a ghearrtar ar pháirtithe i gconarthaí nó ar thairbhithe;

(b) lascainí, aisíocaíochtaí agus lacáistí ar shonraisc indibhidiúla agus ar ráitis chostais;

(c) ús a ghintear as íocaíochtaí réamh-mhaoinithe;

(d) coigeartuithe le haghaidh méideanna a íocadh go míchuí.

Féadfar coigeartuithe dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír a dhéanamh, trí asbhaint dhíreach, ar íocaíocht nua eatramhach nó comhardú na híocaíochta don íocaí céanna faoin gcaibidil, faoin Airteagal agus faoin mbliain airgeadais ar ina leith a rinneadh an íocaíocht iomarcach.

Beidh feidhm ag rialacha cuntasaíochta an Aontais maidir leis na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír.

2. Déanfar an costas ar tháirgí agus ar sheirbhísí a sholáthraítear don Aontas, lena n-áirítear cánacha a d'aisíoc na Ballstáit de bhun Phrótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an CAE agus leis an CFAE a mhuirearú ar an mbuiséad don mhéid roimh cháin.

3. Féadfar an costas ar tháirgí agus ar sheirbhísí a sholáthraítear don Aontas, lena n-áirítear cánacha a d'aisíoc tríú tíortha ar bhonn na gcomhaontuithe ábhartha, a mhuirearú ar an mbuiséad d'aon cheann de na méideanna seo a leanas:

(a) don mhéid roimh cháin san áireamh;

(b) don mhéid le cáin san áireamh.

Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír, caithfear le haisíocaíochtaí cánacha ina dhiaidh sin mar ioncam sannta inmheánach.

4. Féadfar coigeartuithe a dhéanamh maidir leis na difríochtaí sna rátaí malairte a tharlóidh i gcur chun feidhme an bhuiséid. Áireofar an gnóthachan deiridh nó an caillteanas deiridh san iarmhéid don bhliain.

*CAIBIDIL 6*

***Prionsabal na sonraíochta***

*Airteagal 28*

**Forálacha ginearálta**

1. Cuirfear leithreasuithe in áirithe chun críocha sonracha de réir teidil agus caibidle. Foroinnfear na caibidlí ansin ina n-airteagail agus ina míreanna.

2. Féadfaidh an Coimisiún agus na hinstitiúidí eile de chuid an Aontais leithreasuithe a aistriú laistigh den bhuiséad faoi réir na gcoinníollacha sonracha a leagtar síos in Airteagal 29 go Airteagal 32.

Ní fhéadfar leithreasuithe a aistriú ach amháin chuig línte buiséid a bhfuil leithreasuithe údaraithe ag an mbuiséad ina leith nó a bhfuil iontráil chomharthach *pro memoria* ag gabháil leo.

Déanfar na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 29, in Airteagal 30 agus in Airteagal 31 a ríomh tráth a ndéanfar an t-iarratas ar aistriú agus i ndáil leis na leithreasuithe dá bhforáiltear sa bhuiséad, lena n-áirítear buiséid leasaitheacha.

Is é a bheidh sa mhéid atá le cur san áireamh chun na teorainneacha dá dtagraítear in Airteagal 29, in Airteagal 30 agus in Airteagal 31 a ríomh iomlán na n-aistrithe atá le déanamh ar an líne buséid óna bhfuil na haistrithe le déanamh, tar éis an choigeartaithe do na haistrithe a rinneadh roimhe sin. Ní chuirfear san áireamh an méid a chomhfhreagraíonn do na haistrithe a dhéantar go huathoibríoch ag an gCoimisiún nó ag an institiúid eile lena mbaineann de chuid an Aontais d'uireasa cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Tograí i ndáil le haistrithe agus gach faisnéis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le haistrithe a dhéanfar faoi Airteagal 29, faoi Airteagal 30 agus faoi Airteagal 31, beidh an méid seo ag gabháil leo, doiciméid tacaíochta iomchuí mhionsonraithe ina bhfuil cur chun feidhme na leithreasuithe agus meastacháin ar na riachtanais a bheidh ann go deireadh na bliana airgeadais, do na línte buiséid a bhfuil na leithreasuithe le haistriú chucu agus do na línte óna bhfuil siad le haistriú araon.

*Airteagal 29*

**Aistrithe arna ndéanamh ag institiúidí de chuid an Aontais seachas an Coimisiún**

1. Féadfaidh aon institiúid de chuid an Aontais seachas an Coimisiún, laistigh dá roinn féin den bhuiséad, leithreasuithe a aistriú:

(a) ó theideal go chéile, suas le huasmhéid 10 % de leithreasuithe na bliana airgeadais atá léirithe ar an líne buiséid óna bhfuil an t-aistriú á dhéanamh;

(b) ó chaibidil amháin go caibidil eile gan teorainn.

2. Gan dochar do mhír 4 den Airtegal seo, 3 seachtaine roimh aistriú a dhéanamh, amhail dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an institiúid de chuid an Aontais in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gurb é sin atá beartaithe aici. I gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóidí a mbeidh údar cuí tugtha leo a lua laistigh den tréimhse sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 31.

3. Féadfaidh aon institiúid de chuid an Aontais seachas an Coimisiún a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, laistigh dá roinn féin den bhuiséad, aistrithe a dhéanamh ó theideal amháin go teideal eile a sháraíonn an teorainn dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo. Is faoi réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 31 a bheidh na haistrithe sin.

4. Féadfaidh aon institiúid de chuid an Aontais seachas an Coimisiún, laistigh dá roinn féin den bhuiséad, aistrithe a dhéanamh laistigh d'airteagail gan Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle a chur ar an eolas roimh ré.

*Airteagal 30*

**Aistrithe arna ndéanamh ag an gCoimisiún**

1. Laistigh dá roinn féin den bhuiséad, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a dhéanamh go neamhspleách:

(a) leithreasuithe a aistriú laistigh de gach caibidil;

(b) maidir le caiteachas ar fhoireann agus ar chúrsaí riaracháin a bhaineann le roinnt teideal, leithreasuithe a aistriú ó theideal amháin go chéile suas le huasmhéid 10 % de na leithreasuithe don bhliain airgeadais atá léirithe ar an líne buiséid a ndéantar an t-aistriú uaithi, agus suas le huasmhéid 30 % de na leithreasuithe don bhliain airgeadais atá léirithe ar an líne a ndéantar an t-aistriú chuici;

(c) maidir le caiteachas oibríochtúil, leithreasaí a aistriú go neamhspleách idir caibidlí laistigh den teideal céanna, suas le huasmhéid 10 % de leithreasaí na bliana airgeadais atá léirithe ar an líne buiséid óna bhfuil an t-aistriú á dhéanamh;

(d) i ndáil le leithreasuithe a bhaineann le taighde agus le forbairt theicneolaíoch arna gcur chun feidhme ag JRC, laistigh de theideal an bhuiséid a bhaineann leis an réimse beartais "Taighde dhíreach", aistrithe a dhéanamh idir caibidlí suas le méid uasta de 15 % de na leithreasuithe ar an líne buiséid óna ndéantar an t-aistriú;

(e) i ndáil le taighde agus le forbairt theicneolaíoch, leithreasuithe oibríochtúla a aistriú ó theideal amháin go teideal eile, ar choinníoll gur chun na críche céanna a bhainfear úsáid as na leithreasuithe;

(f) maidir le caiteachas oibríochtúil na gcistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte, cé is moite de chaiteachas CERT, leithreasuithe a aistriú ó theideal amháin go chéile, ar choinníoll gurb ionann cuspóir do na leithreasuithe lena mbaineann, de réir bhrí an Rialacháin lena mbunaítear an ciste lena mbaineann nó gur caiteachas ar chúnamh teicniúil iad;

(g) leithreasuithe a aistriú ó mhír bhuiséideach de chuid ráthaíocht bhuiséadach go mír bhuiséadach de chuid ráthaíocht bhuiséadach eile, sna cásanna eisceachtúla nuair nach leor na hacmhainní soláthraithe i gciste don soláthar coiteann na míre buiséadaí de chuid ráthaíocht bhuiséadach chun gairm ráthaíochta a íoc, faoi réir an méid iomlán a aistrítear a athbhunú ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 212(4).

Cumhdófar leis an gcaiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, maidir le gach réimse beartais, na míreanna dá dtagraítear in Airteagal 47(4).

I gcás ina n-aistríonn an Coimisiún leithreasuithe CERT de bhun na chéad fhomhíre tar éis an 31 Nollaig, déanfaidh sé an cinneadh sin faoin 31 Eanáir an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas laistigh de choicís óna Chinneadh maidir leis na haistrithe sin.

Trí seachtaine roimh aistriú a dhéanamh, dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, cuirfidh an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gurb é sin atá beartaithe aige. I gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóidí a mbeidh údar cuí tugtha leo a lua laistigh den tréimhse sin, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 31.

De mhaolú ar an gceathrú fomhír, féadfaidh an Coimisiún, le linn 2 mhí dheireanacha na bliana airgeadais, leithreasuithe a bhaineann le caiteachas ar fhoireann, ar fhoireann sheachtrach agus ar ghníomhairí eile, a aistriú go neamhspleách ó theideal go chéile laistigh den teorainn iomlán de 5 % de leithreasuithe na bliana airgeadais sin. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas laistigh de choicís óna Chinneadh maidir leis na haistrithe sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún, laistigh dá roinn féin den bhuiséad, cinneadh a dhéanamh maidir leis na leithreasuithe a leanas a aistriú ó theideal go chéile, ar choinníoll go gcuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach i dtaobh an chinnidh:

(a) leithreasuithe ón teideal ar a dtugtar "forálacha" agus dá dtagraítear in Airteagal 49 den Rialachán seo a aistriú, más rud é gurb é an t-aon choinníoll amháin chun an cúlchiste a fhuascailt bunghníomh a ghlacadh de bhun Airteagal 294 CFAE;

(b) i gcásanna eisceachtúla cuí-réasúnaithe amhail tubaistí agus géarchéimeanna daonnúla idirnáisiúnta a tharlaíonn tar éis an 1 Nollaig an bhliain airgeadais sin, féadfar fuílleach na leithreasuithe don bhliain sin atá fós le fáil sna teidil a thagann faoin gceannteideal den chreat airgeadais ilbhliantúil atá tiomnaithe do ghníomh seachtrach a aistriú chuig na teidil a bhaineann le cabhair um bainistiú géarchéime agus le hoibríochtaí cabhrach daonnúla.

*Airteagal 31*

**Tograí i leith aistriú a chuireann institiúidí an Aontais faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle**

1. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais a tograí i leith aistriú a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go comhuaineach.

2. Féadfaidh an Coimisiún tograí le haghaidh leithreasuithe íocaíochta a aistriú chuig na cistí a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte cé is moite de chaiteachas CERT, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 10 Eanáir an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Féadfar aistriú na leithreasuithe íocaíochta a dhéanamh ó aon mhír bhuiséadach. I gcásanna den sórt sin, déanfar an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear i mír 4 a laghdú go 3 seachtaine.

Mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an t-aistriú a fhormheas nó mura ndéanfaidh siad é a fhormheas ach go páirteach, muirearófar an chuid chomhfhreagrach den chaiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 10(5) ar leithreasuithe íocaíochta na bliana airgeadais ina dhiaidh sin.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinntí maidir le haistrithe leithreasuithe, i gcomhréir le míreanna 4 go dtí 8.

4. Ach amháin in imthosca práinne, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh trí thromlach cáilithe, gach togra i leith aistriú a phlé laistigh de 6 seachtaine tar éis don dá institiúid é a fháil. In imthosca práinne, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a machnamh laistigh de 3 seachtaine ón tráth a fhaigheann siad an togra.

5. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún leithreasuithe CERT a aistriú i gcomhréir leis an Airteagal seo, tíolacfaidh sé tograí i leith aistriú chuig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoin 10 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin. I gcásanna mar sin, déanfar an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear i mír 4 a laghdú go 3 seachtaine.

6. Déanfar togra i leith aistriú a fhormheas, nó measfar gur formheasadh é, más rud é gur fíor aon cheann díobh seo a leanas, laistigh den tréimhse 6 seachtaine:

(a) go bhformheasfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle é;

(b) go bhformheasfaidh ceann amháin de Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle é gan an ceann eile acu gníomhú;

(c) nach gcinnfidh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle a togra i leith aistriú a leasú nó a dhiúltú.

7. Mura n-iarrfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a mhalairt, déanfar an tréimhse 6 seachtaine dá dtagraítear i mír 4 a laghdú go 3 seachtaine sna cásanna seo a leanas:

(a) gur lú an t-aistriú ná 10 % de leithreasuithe na líne buiséid óna ndéantar an t-aistriú agus nach mó ná EUR 5 000 000 é;

(b) gur le leithreasuithe íocaíochta amháin a bhaineann an t-aistriú agus nach mó ná EUR 100 000 000 méid iomlán an aistrithe.

8. Má leasaíonn Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle méid an aistrithe agus má fhormheasann an institiúid eile é nó má staonann sí ó ghníomhú, nó má leasaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon méid an aistrithe, measfar gurb é an méid is lú den dá mhéid an méid atá formheasta, ach amháin má tharraingíonn an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais siar a togra i leith aistriú.

*Airteagal 32*

**Aistrithe faoi réir forálacha speisialta**

1. Ní fhéadfar leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta a aistriú ach sa chás amháin go n-úsáidfear an t-ioncam sin chun na críche ar sannadh di é.

2. Ar thogra ón gCoimisiún déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinntí maidir le haistrithe lena gceadófaí an Cúlchiste le haghaidh Cúnamh Éigeandála a úsáid.

Chun críocha na míre seo, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 31(3) agus (4). Mura n-aontóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún agus mura bhféadfaidh siad teacht ar chomhsheasamh maidir le húsáid an Chúlchiste le haghaidh Cúnamh Éigeandála, staonfaidh siad ó ghníomhú ar an togra ón gCoimisiún i leith aistriú.

Tograí maidir le haistrithe ón gCúlchiste le haghaidh Cúnamh Éigeandála, beidh doiciméid tacaíochta iomchuí mhionsonraithe ag gabháil leo, ina dtaispeánfar an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil i ndáil le cur chun feidhme na leithreasuithe agus na riachtanais a mheastar a bheidh ann go deireadh na bliana airgeadais don líne buiséid a ndéanfar an t-aistriú chuici;

(b) measúnú ar na féidearthachtaí maidir le leithreasuithe a ath-leithdháileadh.

*CAIBIDIL 7*

***Prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus feidhmiú***

*Airteagal 33*

**Feidhmiú agus prionsabail na tíosaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta**

1. Úsáidfear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, agus ar an gcaoi sin cuirfear chun feidhme iad agus na prionsabail seo a leanas á n-urramú:

(a) prionsabal na tíosaíochta lena gceanglaítear go gcuirfear ar fáil in am trátha, sa chainníocht iomchuí, sa cháilíocht iomchuí agus ag an bpraghas is fearr, na hacmhainní a úsáidfidh an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann agus í ag gabháil dá gníomhaíochtaí;

(b) prionsabal na héifeachtúlachta a bhaineann leis an ngaol is fearr idir na hacmhainní a úsáidfear, na gníomhaíochtaí a ghlactar ar láimh agus na cuspóirí a bhainfear amach;

(c) prionsabal na héifeachta a bhaineann leis an méid a chomhlíontar na cuspóirí a bheidh á saothrú trí na gníomhaíochtaí a ghlactar ar láimh.

2. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, díreofar leis na leithreasuithe ar an bhfeidhmíocht agus chuige sin:

(a) suífear na cuspóirí do chláir agus do ghníomhaíochtaí *ex ante*;

(b) déanfar faireachán le táscairí feidhmíochta ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí a chomhlíonadh;

(c) maidir leis an dul chun cinn a dhéantar chun cuspóirí a bhaint amach, mar aon leis na fadhbanna a ghabhann leo, déanfar iad a thuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i gcomhréir le pointe (h) den chéad fhomhír d'Airteagal 41(3) agus le pointe (e) d'Airteagal 247(1).

3. Déanfar cuspóirí a bheidh sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus a bheidh faoi cheangal ama amhail dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 mar aon le táscairí ábhartha inghlactha inchreidte éasca stóinsithe a shainiú i gcás inarb ábhartha.

*Airteagal 34*

**Meastóireachtaí**

1. Beidh cláir agus gníomhaíochtaí a mbíonn caiteachas suntasach ag gabháil leo faoi réir meastóireacht *ex ante* agus meastóireachtaí siarghabhálacha, agus beidh sin comhréireach leis na cuspóirí agus leis an gcaiteachas.

2. Bunófar meastóireachtaí *ex ante* lena dtacaítear le cláir agus gníomhaíochtaí ar fhianaise, faoi fheidhmíocht clár gaolmhar nó gníomhaíochtaí gaolmhara agus sainaithneoidh siad agus déanfaidh siad anailís ar na saincheisteanna a bhfuiltear le haghaidh a thabhairt orthu, an breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais, cuspóirí, éifeachtaí tuartha na roghanna éagsúla agus socruithe faireacháin agus meastóireachta.

I gcás cláir mhóra nó gníomhaíochtaí móra a mheastar a mbeidh tionchair shuntasacha eacnamaíocha, chomhshaoil nó shóisialta acu, féadfar an mheastóireacht *ex ante* a dhéanamh trí bhíthin measúnú tionchair a dhéanann, i dteannta na gceanglas a leagtar amach thuas, anailís ar na roghanna éagsúla maidir le modhanna cur chun feidhme.

3. Le meastóireachtaí siarghabhálacha déanfar measúnú ar fheidhmíocht an chláir nó na gníomhaíochta, lena gcuirtear san áireamh éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht, agus breisluach an Aontais. Bunófar meastóireachtaí siarghabhálacha ar an bhfaisnéis a ghinfear leis na socruithe faireacháin agus leis na táscairí a bunaíodh le haghaidh na gníomhaíochta sin. Glacfar ar láimh iad sin uair amháin ar a laghad le linn théarma gach creata airgeadais ilbhliantúil agus, i gcás inarb indéanta, in am trátha sa chaoi gur féidir na torthaí a chur san áireamh sna meastóireachtaí *ex ante* nó sna measúnuithe tionchair lena dtacaítear leis na cláir ghaolmhara agus na gníomhaíochtaí gaolmhara a ullmhú.

*Airteagal 35*

**Ráiteas airgeadais éigeantach**

1. Maidir le haon togra nó tionscnamh a chuirfidh an Coimisiún, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an "tArdionadaí") nó Ballstát faoi bhráid an údaráis reachtaigh, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an mbuiséad, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost, ní mór ráiteas airgeadais ina léirítear na meastacháin i dtéarmaí leithreasuithe íocaíochta agus leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, trí mheasúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, agus trí mheastóireacht *ex ante* nó trí mheasúnú tionchair dá bhforáiltear in Airteagal 34 a bheith ag gabháil leis.

Aon leasú ar thogra nó ar thionscnamh a chuirfear faoi bhráid an údaráis reachtaigh a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige don bhuiséad, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost, caithfidh ráiteas airgeadais a bheith ag gabháil leis arna ullmhú ag an institiúid de chuid an Aontais a bhfuil an leasú á mholadh aici.

Sa ráiteas airgeadais beidh na sonraí airgeadais agus eacnamaíocha is gá don mheastóireacht a dhéanfaidh an t-údarás reachtach ar an ngá atá le gníomhaíocht ón Aontas. Beidh an fhaisnéis iomchuí ann maidir le comhleanúnachas le gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais agus aon sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann.

I gcás oibríochtaí ilbhliantúla, beidh sa ráiteas airgeadais sceideal na riachtanas bliantúil intuartha maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta agus maidir le poist, lena n-áirítear foireann sheachtrach, agus meastóireacht ar an toradh airgeadais meántéarmach agus, i gcás inar féidir, ar an toradh airgeadais fadtéarmach.

2. Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh, soláthróidh an Coimisiún an fhaisnéis is gá le haghaidh comparáid a dhéanamh idir athruithe sna leithreasuithe a éilítear agus na chéad réamhaisnéisí a dhéantar sa ráiteas airgeadais i bhfianaise dul chun cinn an phlé i ndáil leis an togra nó leis an tionscnamh a chuirtear faoi bhráid an údaráis reachtaigh.

3. D'fhonn an riosca calaoise, neamhrialtachtaí agus neamhchomhlíonadh cuspóirí a laghdú, beidh sa ráiteas airgeadais faisnéis maidir leis an gcóras inmheánach rialaithe atá bunaithe, meastachán ar chostais agus ar thairbhí na rialuithe atá i gceist le córas den sórt sin agus measúnú ar leibhéal an bhaoil earráide atá tuartha, agus beidh faisnéis ann freisin faoi na bearta atá ann cheana agus atá pleanáilte, ar bearta cosanta agus bearta chun calaois a chosc iad.

Déanfaidh an measúnú sin scála dóchúil agus cineál na n-earráidí a chur san áireamh mar aon le coinníollacha sonracha an réimse beartais lena mbaineann agus na rialacha is infheidhme maidir léi.

4. Agus moltaí caiteachais nua nó athbhreithnithe á dtíolacadh ag an gCoimisiún, déanfaidh sé meastachán ar chostais agus tairbhí na gcóras rialaithe, mar aon leis an leibhéal riosca earráide ionchasach amhail dá dtagraítear i mír 3.

*Airteagal 36*

**Rialú inmheánach ar chur chun feidhme an bhuiséid**

1. De bhun phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, cuirfear an buiséad chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach éifeachtúil mar is iomchuí do gach modh cur chun feidhme, agus i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha.

2. Chun críocha chur chun feidhme an bhuiséid, cuirfear rialú inmheánach i bhfeidhm ar gach leibhéal bainistíochta agus beidh sé ceaptha cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go ngnóthófar na cuspóirí seo a leanas:

(a) éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tíosaíocht oibríochtaí;

(b) iontaofacht tuairiscithe;

(c) acmhainní agus faisnéis a chosaint;

(d) calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a mheasúnú go leantach;

(e) bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, ag cur san áireamh cineál ilbhliantúil na gclár chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann.

3. Beidh rialú éifeachtach inmheánach bunaithe ar na cleachtais idirnáisiúnta is fearr agus beidh na heilimintí seo a leanas ar áireamh ann:

(a) cúraimí a leithscaradh;

(b) straitéis iomchuí bainistíochta agus rialaithe riosca a bhfuil rialú ar leibhéal an fhaighteora ar áireamh inti;

(c) coinbhleacht leasa a sheachaint;

(d) rianta iniúchta leordhóthanacha agus sláine sonraí i gcórais sonraí;

(e) nósanna imeachta maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht;

(f) nósanna imeachta i dtaobh measúnú leantach a dhéanamh ar laigí rialaithe inmheánacha aitheanta agus ar eisceachtaí;

(g) meastóireacht thréimhsiúil ar fheidhmiú fónta an chórais rialaithe inmheánaigh.

4. Bunófar rialú inmheánach éifeachtúil ar na gnéithe seo a leanas:

(a) straitéis a chur chun feidhme, straitéis um bainistiú riosca agus rialú iomchuí arna comhordú idir na gníomhaithe iomchuí a bhíonn bainteach leis an slabhra rialaithe;

(b) inrochtaineacht ag na gníomhaithe uile iomchuí sa slabhra rialaithe ar na torthaí ó rialuithe a dhéantar;

(c) spleáchas, i gcás inarb iomchuí, ar dhearbhuithe maidir le bainistiú ó chomhpháirtithe cur chun feidhme agus ar thuairimí neamhspleácha iniúchta, ar choinníoll go bhfuil cáilíocht na bunoibre leordhóthanach agus inghlactha agus go ndéanfar an obair sin i gcomhréir leis na caighdeáin chomhaontaithe;

(d) cur i bhfeidhm tráthúil beart ceartaitheach lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, pionóis athchomhairleacha;

(e) reachtaíocht shoiléir agus gan débhrí a bheith mar bhonn leis na beartais lena mbaineann, lena n-áirítear bunghníomhartha maidir le heilimintí an rialaithe inmheánaigh;

(f) deireadh a chur le rialuithe iolracha;

(g) cóimheas costais agus tairbhe rialuithe a fheabhsú.

5. Más rud é, le linn cur chun feidhme, go bhfuil an leibhéal earráide ard dianseasmhach, déanfaidh an Coimisiún na laigí sna córais rialaithe a shainaithint, anailís ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le bearta ceartaitheacha ionchasacha agus gníomhú iomchuí a dhéanamh nó a mholadh, amhail na forálacha is infheidhme a shimpliú, na córais rialaithe a fheabhsú agus an clár nó na córais seachadta a athdhearadh.

*CAIBIDIL 8*

***Prionsabal na trédhearcachta***

*Airteagal 37*

**Cuntais agus buiséid a fhoilsiú**

1. Bunófar an buiséad agus cuirfear chun feidhme é agus tíolacfar na cuntais i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta.

2. Déanfaidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an buiséad agus aon bhuiséad leasaitheach, má glacadh go críochnaitheach é, a chur á fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Foilseofar na buiséid laistigh de 3 mhí tar éis an dáta a ndearbhófar go bhfuil siad glactha go críochnaitheach.

Sula bhfoilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* foilseofar figiúirí deireanacha an bhuiséid i ngach ceann de na teangacha ar shuíomh gréasáin institiúidí an Aontais, ar thionscnamh an Choimisiúin, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 4 seachtaine ón dáta a nglacfar an buiséad go críochnaitheach.

Déanfar na cuntais chomhdhlúite bhliantúla a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin institiúidí an Aontais.

*Airteagal 38*

**Faisnéis maidir le faighteoirí agus faisnéis eile a fhoilsiú**

1. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil, ar bhealach iomchuí agus ar mhodh tráthúil, faisnéis maidir le faighteoirí cistí a mhaoinítear leis an mbuiséad, ar cistí iad sin a chuireann sé féin chun feidhme i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhómhír d'Airteagal 62(1).

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo freisin maidir le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais nuair a chuirfidh siad an buiséad chun feidhme de bhun Airteagal 59(1).

2. Cé is moite de na cásanna dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, agus ag féachaint go hiomchuí do na ceanglais a bhaineann le rúndacht agus le slándáil, agus do chosaint sonraí pearsanta go háirithe, foilseofar an fhaisnéis seo a leanas:

(a) ainm an fhaighteora;

(b) dúiche an fhaighteora, eadhon:

(i) seoladh an fhaighteora nuair is duine dlítheanach é an faighteoir;

(ii) an réigiún ar leibhéal NUTS 2 nuair is duine nádúrtha an faighteoir;

(c) an méid a ceadaíodh go dlíthiúil;

(d) cineál agus cuspóir an chonartha.

Is i ndáil le duaiseanna, deontais agus conarthaí a deonaíodh de thoradh comórtas, nósanna imeachta maidir le deontas a dhámhachtain nó nósanna imeachta um sholáthar poiblí a fhoilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, agus i ndáil le saineolaithe arna roghnú de bhun Airteagal 237(2).

3. Ní fhoilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 don mhéid seo a leanas:

(a) tacaíochtaí oideachais a íoctar le daoine nádúrtha agus tacaíocht dhíreach eile a íoctar le daoine nádúrtha is mó atá ina gátar amhail dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 191(4);

(b) conarthaí ar luach an-íseal arna ndámhachtain do shaineolaithe arna roghnú de bhun Airteagal 237(2) chomh maith le conarthaí ar luach an-íseal atá faoi bhun an mhéid dá dtagraítear i bpointe 14.4 d'Iarscríbhinn I;

(c) tacaíocht airgeadais a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais, i gcás méid níos lú ná EUR 500 000;

(d) i gcás inar baol nochtadh na faisnéise sin do chearta agus saoirsí na ndaoine no na n-eintiteas lena mbaineann, mar a chosnaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, nó i gcás ina ndéanann sé dochar do leasa tráchtála na bhfaighteoirí;

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír, ní bheidh san fhaisnéis sin a chuirtear ar fáil ach sonraí staidrimh, a chomhiomlánófar i gcomhréir le critéir ábhartha, amhail suíomh geografach, tíopeolaíocht eacnamaíoch na bhfaighteoirí, an cineál tacaíochta a fuair siad agus an réimse beartais de chuid an Aontais faoinar cuireadh an tacaíocht sin ar fáil.

Chomh fada agus a bhaineann le daoine nádúrtha, beidh nochtadh na faisnéise dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 bunaithe ar chritéir ábhartha amhail minicíocht nó cineál an bhirt agus na méideanna atá i gceist.

4. Maidir leis na daoine nó leis na heintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), foilseoidh siad faisnéis maidir le faighteoirí i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta, a mhéid a mheastar go bhfuil na rialacha sin coibhéiseach tar éis an mheasúnaithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún de bhun phointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 154(4), agus ar choinníoll go bhfuil aon fhoilsiú sonraí pearsanta faoi réir coimircí atá coibhéiseach leo siúd a leagtar amach san Airteagal seo.

Déanfaidh na comhlachtaí a ainmnítear de bhun Airteagal 63(3) faisnéis a fhoilsiú i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha. Féadfar na rialacha earnáilsonracha sin a mhaolú, i gcomhréir leis an mbunús dlí ábhartha, ar mhír 2 agus ar mhír 3 den Airteagal seo, go háirithe maidir le sonraí pearsanta a fhoilsiú, i gcás ina bhfuil údar leis sin ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 3 den Airteagal seo, agus sainiúlachtaí na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh.

5. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fhoilsiú ar shuímh ghréasáin de chuid institiúidí an Aontais, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh an bhliain tar éis na bliana airgeadais inar gealladh na cistí go dlíthiúil.

Ar shuíomh ghréasáin institiúidí an Aontais, beidh ar a laghad tagairt do sheoladh an tsuímh ghréasáin inar féidir teacht ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, mura bhfoilseofar go díreach í ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid institiúidí an Aontais.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil, ar bhealach tráthúil iomchuí, faoi shuíomh aonair gréasáin, lena n-áirítear tagairt dá sheoladh, ar a mbeidh teacht ar an bhfaisnéis a chuireann na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 4 ar fáil.

6. I gcás ina bhfoilsítear sonraí pearsanta, bainfear an fhaisnéis dhá bhliain tar éis dheireadh na bliana airgeadais inar gealladh an méid go dlíthiúil. Déanfar sin freisin i gcás sonraí pearsanta lena dtagraítear do dhaoine dlíthiúla i gcás ina n-aithnítear duine nádúrtha amháin nó níos mó óna n-ainm oifigiúil.

TEIDEAL III

## BUNÚ AGUS STRUCHTÚR AN BHUISÉID

*CAIBIDIL 1*

### ***An buiséad a bhunú***

*Airteagal 39*

#### **Meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas**

1. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais seachas an Coimisiún meastachán a tharraingt suas maidir lena ioncam agus maidir lena chaiteachas agus seolfaidh siad é chuig an gCoimisiún, agus go comhthreomhar, mar fhaisnéis, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, roimh an 1 Iúil gach bliain.

2. Rachaidh an tArdionadaí i gcomhairle leis na comhaltaí sin den Choimisiún atá freagrach as an mbeartas forbartha, as an mbeartas comharsanachta, comhar idirnáisiúnta, as cabhair dhaonnúil agus freagairt i gcás géarchéime, maidir leis na freagrachtaí atá orthu faoi seach.

3. Tarraingeoidh an Coimisiún a mheastacháin féin suas agus seolfaidh sé iad chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go díreach tar éis iad a ghlacadh. Agus a mheastacháin á n-ullmhú aige, úsáidfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 40.

*Airteagal 40*

**Buiséad measta chomhlachtaí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70**

Faoin 31 Eanáir gach bliain, déanfaidh gach comhlacht Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70, i gcomhréir leis an ionstraim lenar bunaíodh é, a dhréachtdhoiciméad clársceidealaithe aonair, ina mbeidh a chlársceidealú bliantúil agus a chlársceidealú ilbhliantúil mar aon leis an bpleanáil chomhfhreagrach acmhainní daonna agus airgeadais, a sheoladh chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 41*

**Dréachtbhuiséad**

1. Tíolacfaidh an Coimisiún togra ina mbeidh an dréachtbhuiséad do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin 1 Meán Fómhair an bhliain roimh an mbliain ina mbeidh an buiséad le cur chun feidhme. Déanfaidh sé an togra a tharchur, mar fhaisnéis, chuig na parlaimintí náisiúnta.

Beidh ráiteas achomair ginearálta ar ioncam agus ar chaiteachas an Aontais sa dréachtbhuiséad agus comhdhlúthófar leis na meastacháin dá dtagraítear in Airteagal 39. Féadfar freisin meastacháin dhifriúla ó na meastacháin arna dtarraingt suas ag institiúidí an Aontais a bheith san áireamh ann.

Leanfaidh an buiséad an struchtúr agus an leagan amach a leagtar amach in Airteagal 47 go hAirteagal 52.

Beidh ag gabháil roimh gach roinn den dréachtbhuiséad réamhrá arna tharraingt suas ag an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais.

Déanfaidh an Coimisiún réamhrá ginearálta an dréachtbhuiséid a tharraingt suas. Is éard a bheidh sa réamhrá ginearálta táblaí airgeadais ina mbeidh na príomhshonraí de réir teideal agus na bunúis atá leis na hathruithe ar na leithreasuithe ó bhliain airgeadais go chéile de réir chatagóirí caiteachais an chreata airgeadais ilbhliantúil.

2. D'fhonn tuartha níos cruinne agus níos iontaofa a sholáthar maidir le himpleachtaí buiséadacha na reachtaíochta atá i bhfeidhm agus maidir leis na tograí reachtacha ar feitheamh, cuirfidh an Coimisiún clárú airgeadais le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin i gceangal leis an dréachtbhuiséad agus leagfaidh sé amach é de réir catagóir caiteachais, réimse beartais agus líne buiséid. Cumhdófar leis an gclárú airgeadais na catagóirí caiteachais a chumhdaítear le pointe 30 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]). Cuirfear sonraí achoimre ar fáil do na catagóirí caiteachais nach gcumhdaítear le pointe 30 den Chomhaontú Idirinstitiúideach sin.

Déanfar an clárú airgeadais táscach a nuashonrú tar éis don bhuiséad a bheith glactha, d'fhonn torthaí an nós imeachta bhuiséadaigh agus aon chinneadh eile ábhartha a chorprú.

3. Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas i gceangal leis an dréachtbhuiséad:

(a) tábla comparáideach ina chuimsítear an dréachtbhuiséad do na hinstitiúidí eile de chuid an Aontais mar aon le meastacháin bunaidh na n-institiúidí eile a cuireadh chuig an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, ina leagtar amach na cúiseanna a bhfuil meastacháin dhifriúla ó na meastacháin arna dtarraingt suas ag institiúidí eile de chuid an Aontais sa dréachtbhuiséad;

(b) aon doiciméad oibre a mheasann sé a bheith úsáideach i ndáil le pleananna bunaíochta institiúidí an Aontais, ina dtaispeántar an plean bunaíochta údaraithe is déanaí agus ina gcuirtear an méid seo a leanas i láthair:

   (i) an fhoireann uile atá fostaithe ag an Aontas, arna dtaispeáint de réir chineál an chonartha fostaíochta;

   (ii) ráiteas faoin mbeartas i ndáil le poist agus le pearsanra seachtrach agus cothromaíocht inscne;

   (iii) líon na bpost atá líonta go hiarbhír ar an lá deireanach den bhliain roimh an mbliain ina gcuirtear an dréachtbhuiséad i láthair agus an meán bliantúil coibhéisí foirne lánaimseartha atá socraithe go hiarbhír, mar mheán bliantúil, don bhliain roimhe sin, lena léirítear a ndáileadh de réir gráid, inscne agus aonad riaracháin;

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

(iv) liosta de phoist a mhiondealú de réir réimse beartais;

(v) i gcomhair gach catagóire d'fhoireann sheachtrach, an líon measta tosaigh de choibhéisí foirne lánaimseartha ar bhonn na leithreasuithe údaraithe, chomh maith le líon na ndaoine atá socraithe go hiarbhír ag tús na bliana ina gcuirfear an dréachtbhuiséad i láthair, lena léirítear conas a dháiltear iad de réir an ghrúpa feidhme agus, de réir mar is iomchuí, de réir an ghráid;

(c) maidir lecomhlachtaí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71, doiciméad oibre ina leagfar amach an t-ioncam agus an caiteachas, chomh maith le gach faisnéis faoin bhfoireann amhail dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír seo;

(d) doiciméad oibre maidir le cur chun feidhme pleanáilte na leithreasuithe don bhliain airgeadais agus maidir le gealltanais gan réiteach;

(e) maidir leis na leithreasuithe riaracháin, doiciméad oibre ina leagfar amach an caiteachas riaracháin a bheidh le cur chun feidhme ag an gCoimisiún óna chuid sin den bhuiséad;

(f) doiciméad oibre maidir le treoirchláir agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin ina bhfuil meastóireacht ar na torthaí agus ar an ngníomhaíocht leantach atá beartaithe;

(g) maidir le cistí d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, doiciméad oibre ina mbeidh:

(i) achoimre ar na ranníocaíochtaí uile, lena ngabhfaidh miondealú de réir clár nó ciste de chuid an Aontais agus de réir na heagraíochta idirnáisiúnta;

(ii) ráiteas ina mínítear na cúiseanna a bhfuil sé níos éifeachtaí don Aontas na heagraíochtaí idirnáisiúnta sin a chistiú seachas gníomhú go díreach;

(h) ráitis ghníomhaíochta nó aon doiciméad eile is ábhartha ina bhfuil na nithe seo a leanas:

(i) léiriú i leith na mbeartas agus na gcuspóirí de chuid an Aontais lena bhfuil an clár le rannchuidiú;

(ii) réasúnaíocht shoiléir le haghaidh idirghabháil ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir, *inter alia*, le prionsabal na coimhdeachta;

(iii) dul chun cinn maidir le cuspóirí cláir a chomhlíonadh, mar a shonraítear in Airteagal 33;

(iv) bonn cirt iomlán, lena n-áirítear anailís chostais agus tairbhe ar na hathruithe ar leibhéal na leithreasuithe;

(v) faisnéis ar rátaí cur chun feidhme an chláir don bhliain reatha agus don bhliain airgeadais roimhe sin;

(i) ráiteas achomair ar sceideal na n-íocaíochtaí ina ndéantar achoimre, de réir clár agus de réir ceannteideal, ar íocaíochtaí atá dlite sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin chun gealltanais bhuiséadacha a mholtar sa dréachtbhuiséad agus a rinneadh i mblianta airgeadais roimhe sin a chomhlíonadh.

I gcás ina n-úsáideann comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí ionstraimí airgeadais, áfach, cuirfear an fhaisnéis a bhaineann leis na hionstraimí sin san áireamh sa doiciméad oibre dá dtagraítear i mír 4.

4. I gcás ina n-úsáideann an Coimisiún ionstraimí airgeadais, cuirfidh sé i gceangal leis an dréachtbhuiséad doiciméad oibre ina mbeidh an méid seo a leanas maidir le gach ionstraim airgeadais:

(a) tagairt don ionstraim airgeadais agus dá bunghníomh, mar aon le tuairisc ar an ionstraim, ar an tionchar a bheidh aici ar an mbuiséad, ar a fad agus ar bhreisluach ranníocaíocht an Aontais;

(b) na hinstitiúidí airgeadais a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme, lena n-áirítear aon saincheisteanna i ndáil le cur chun feidhme Airteagal 155(2);

(c) rannchuidiú na hionstraime airgeadais chun táscairí an chláir lena mbaineann a bhaint amach mar atá measta leis na táscairí bunaithe, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, an t-éagsúlú geografach;

(d) na hoibríochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear na spriocmhéideanna atá bunaithe ar an spriocghiaráil agus ar an gcaipiteal príobháideach ionchasach atá le cur ar fáil nó, i gcás nach bhfuil siad ar fáil, ar an gcóimheas giarála a eascraíonn ó na hionstraimí airgeadais atá ann cheana;

(e) línte buiséid a bhíonn comhfhreagrach do na hoibríochtaí ábhartha agus do mhéid comhiomlán na ngealltanas buiséadach agus d'íocaíochtaí as an mbuiséad;

(f) an mheánré idir an gealltanas buiséadach do na hionstraimí airgeadais agus na gealltanais dhlíthiúla do thionscadail indibhidiúla i bhfoirm cothromais nó fiachais, sa chás go rachaidh an tréimhse sin thar 3 bliana;

(g) ioncam agus íocaíochtaí faoi Airteagal 209(3) a thíolactar ar leithligh, lena n-áirítear meastóireacht ar an n-úsáid;

(h) luach infheistíochtaí cothromais, maidir le blianta roimhe sin;

(i) méid iomlán na bhforálacha maidir le rioscaí agus dliteanais mar aon le faisnéis faoi neamhchosaint airgeadais ar riosca an Aontais, lena n-áirítear aon dliteanas teagmhasach;

(j) lagú sócmhainní agus ráthaíochtaí gairthe don bhliain roimhe sin agus do na figiúirí carntha araon;

(k) feidhmíocht na hionstraime airgeadais, lena n-áirítear na hinfheistíochtaí a cuireadh i gcrích, an spriocéifeacht ghiarála, agus an éifeacht ghiarála a cuireadh i gcrích mar aon le héifeachtaí iolraitheora agus méid an chaipitil phríobháidigh a cuireadh ar fáil;

(l) na hacmhainní soláthraithe sa chiste don soláthar coiteann agus, nuair is iomchuí, iarmhéid an chuntais mhuinínigh.

Cuimseofar sa doiciméad oibre dá dtagraítear sa chéad fhomhír sin chomh maith achoimre ar an gcaiteachas riaracháin a thagann as táillí bainistíochta agus ó mhuirir airgeadais agus oibríochta eile a íoctar i leith ionstraimí airgeadais a bhainistiú, san iomlán agus de réir páirtí bainistíochta agus de réir na hionstraime airgeadais a bhainistítear.

Déanfaidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an ré dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad fhomhír a mhíniú agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé plean gníomhaíochta ar fáil maidir leis an ré atá i gcreat an nós imeachta bhliantúil um tharscaoileadh a laghdú.

Sa doiciméad oibre dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh tábla soiléir gonta ina ndéanfar achoimre de réir ionstraim airgeadais.

5. I gcás inar dheonaigh an tAontas ráthaíocht bhuiséadach, cuirfidh an Coimisiún i gceangal leis an dréachtbhuiséad doiciméad oibre ina mbeidh maidir le gach ionstraim airgeadais agus maidir leis an gciste don soláthar coiteann an méid seo a leanas:

(a) tagairt don ráthaíocht bhuiséadach agus dá bunghníomh, mar aon le tuairisc ghinearálta ar an ráthaíocht bhuiséadach, ar an tionchar a bheidh aici ar dhliteanas airgeadais an bhuiséid, ar a fad agus ar bhreisluach rannchuidiú an Aontais;

(b) contrapháirteanna na ráthaíochta buiséadaí, lena n-áirítear aon saincheisteanna i ndáil le cur chun feidhme Airteagal 155(2);

(c) rannchuidiú na ráthaíochta buiséadaí chun cuspóirí na ráthaíochta buiséadaí lena mbaineann a bhaint amach mar a thomhaistear é leis na táscairí bunaithe, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an t-éagsúlú geografach agus úsáid acmhainní na hearnála príobháidí;

(d) faisnéis faoi oibríochtaí a chumhdaítear leis an ráthaíocht bhuiséadach ar bhonn comhiomlán de réir earnálacha, tíortha agus ionstraimí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, punanna agus tacaíocht chomhcheangailte le gníomhaíochtaí eile an Aontais;

(e) an tsuim arna haistriú chuig faighteoirí chomh maith le measúnú ar an éifeacht ghiarála a bhaintear amach leis na tionscadail a dtugtar tacaíocht dóibh faoin ráthaíocht bhuiséadach;

(f) faisnéis arna comhiomlánú ar an mbonn céanna amhail dá dtagraítear i bpointe (d) maidir le glaonna ar an ráthaíocht bhuiséadach, caillteanais, torthaí, méideanna arna n-aisghabháil agus aon íocaíochtaí eile a fhaightear;

(g) faisnéis ar an mbainistíocht airgeadais, ar fheidhmíocht an chiste don soláthar coiteann agus ar an riosca a bhaineann leis ag deireadh na bliana féilire roimhe sin;

(h) ráta soláthair éifeachtach an chiste don soláthar coiteann agus, i gcás inarb iomchuí, na hoibríochtaí iartheachtacha i gcomhréir le hAirteagal 213(4);

(i) na sreafaí airgeadais sa chiste don soláthar coiteann i rith na bliana féilire roimhe sin chomh maith leis na hidirbhearta suntasacha agus aon fhaisnéis ábhartha maidir le neamhchosaint airgeadais ar riosca an Aontais;

(j) de bhun Airteagal 210(3), measúnú ar inbhuanaitheacht na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann a bhíonn le híoc ón mbuiséad a thagann as ráthaíochtaí buiséadacha nó tacaíocht airgeadais.

6. I gcás ina n-úsáideann an Coimisiún cistí iontaobhais de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha, déanfaidh sé doiciméad oibre mionsonraithe a chur i gceangal leis an dréachtbhuiséad ina sonrófar na gníomhaíochtaí lena dtacaítear leis na cistí iontaobhais sin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) a gcur chun feidhme, ina mbeidh, *inter alia*, faisnéis maidir leis na socruithe faireacháin leis na heintitis a chuireann na cistí iontaobhais chun feidhme;

(b) a gcostais bhainistíochta;

(c) na ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile seachas ó bhuiséad an Aontais;

(d) réamh-mheasúnú ar a bhfeidhmíocht bunaithe ar choinníollacha a leagtar amach in Airteagal 234(3);

(e) tuairisc ar an tslí ar rannchuidigh a ngníomhaíochtaí leis na cuspóirí a leagtar síos i mbunghníomh na hionstraime as ar soláthraíodh ranníocaíocht an Aontais a fuair na cistí iontaobhais.

7. Cuirfidh an Coimisiún i gceangal leis an dréachtbhuiséad liosta dá chuid cinntí lena bhforchuirtear fíneálacha i réimse dhlí na hiomaíochta agus méid gach fíneála a forchuireadh, mar aon le faisnéis maidir le cibé a tháinig na fíneálacha le bheith cinntitheach, nó cibé atá siad faoi réir achomharc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó an bhféadfaidís fós teacht faoi réir achomhairc, chomh maith le faisnéis, i gcás inar féidir, maidir leis an uair a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh gach fíneáil le bheith cinntitheach.

8. Cuirfidh an Coimisiún i gceangal leis an dréachtbhuiséad doiciméad oibre ina dtabharfar an méid seo a leanas le fios le haghaidh gach líne buiséid a fhaigheann ioncam sannta inmheánach nó ioncam sannta seachtrach:

(a) méid measta an ioncaim sin a bheidh le fáil;

(b) méid measta an ioncaim sin a thabharfar anonn ó bhlianta roimhe sin.

9. Déanfaidh an Coimisiún aon doiciméad oibre breise a mheasann sé a thacaíonn le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle measúnú a dhéanamh ar na hiarratais bhuiséid.

10. I gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle ([1]), tarchuirfidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar aon leis an dréachtbhuiséad, doiciméad oibre ina leagfar amach ar bhealach cuimsitheach:

(a) gach caiteachas riaracháin agus oibríochtúil a bhaineann le gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, lena n-áirítear CBES agus cúraimí an chomhbheartais slándála agus cosanta, agus a mhaoinítear as an mbuiséad;

(b) caiteachas riaracháin foriomlán SEGS don bhliain roimhe sin, arna mhiondealú go dtí caiteachas de réir toscaireacht de chuid an Aontais agus caiteachas ar riarachán lárnach SEGS, mar aon le caiteachas oibríochtúil de réir limistéir gheografaigh (réigiúin, tíortha), de réir réimsí téamacha, de réir thoscaireachtaí agus mhisin an Aontais.

11. Déanfaidh an doiciméad oibre freisin dá dtagraítear i mír 10 an méid seo a leanas:

(a) an líon post a léiriú do gach grád i ngach catagóir mar aon leis an líon post buan agus an líon post sealadach, lena n-áirítear an fhoireann ar conradh agus an fhoireann áitiúil atá údaraithe, laistigh de theorainneacha leithreasuithe an bhuiséid, i ngach ceann de thoscaireachtaí an Aontais agus i riarachán lárnach SEGS;

(b) aon mhéadú nó laghdú, le hais na bliana airgeadais roimhe sin, a léiriú ar an líon post i riarachán lárnach SEGS agus sna toscaireachtaí uile de chuid an Aontais, de réir gráid agus catagóire;

(c) an líon post a léiriú arna údarú don bhliain airgeadais agus don bhliain airgeadais roimhe sin, chomh maith leis an líon post arna líonadh ag taidhleoirí ar iasacht ó Bhallstáit, agus ag oifigigh de chuid an Aontais;

(d) cur síos mion a dhéanamh ar na pearsanra go léir a bheidh i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais tráth thíolacadh an dréachtbhuiséid, lena n-áirítear miondealú de réir limistéar geografach, inscne, agus tír agus misean ar leith, idirdhealú idir poist atá ann de réir an phlean bunaíochta, gníomhairí ar conradh, gníomhairí áitiúla agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht, agus ar leithreasuithe a iarradh sa dréachtbhuiséad do chineálacha pearsanra maille leis na meastacháin chomhfhreagracha den líon de choibhéisí foirne lánaimseartha ar bhonn na leithreasuithe a iarradh.

*Airteagal 42*

**An litir leasaitheach a ghabhann leis an dréachtbhuiséad**

Ar bhonn aon fhaisnéise nua nach raibh ar fáil nuair a bunaíodh an dréachtbhuiséad, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar iarratas ó cheann d'institiúidí eile an Aontais, gach ceann acu i leith a ranna féin, litir amháin nó níos mó ina mbeidh leasuithe ar an dréachtbhuiséad a thíolacadh go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle sula dtionólfar an Coiste Idir-Réitigh dá dtagraítear in Airteagal 314 CFAE. Féadfar a bheith ar áireamh sna litreacha sin, go háirithe, litir leasaitheach lena ndéanfar na meastacháin ar chaiteachais talmhaíochta a thabhairt cothrom le dáta.

([1]) Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30).

*Airteagal 43*

**Oibleagáidí na mBallstát mar thoradh ar an mbuiséad a ghlacadh**

1. Dearbhóidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go bhfuil an buiséad glactha go críochnaitheach i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 314(9) CFAE agus in Airteagal 106a de Chonradh *Euratom*.

2. A luaithe a dhearbhófar gur glacadh an buiséad go críochnaitheach, beidh sé de cheangal ar gach Ballstát ón 1 Eanáir den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin nó ón dáta a ndearbhófar gur glacadh an buiséad go críochnaitheach, má tharlaíonn sé sin tar éis an 1 Eanáir, na híocaíochtaí atá dlite don Aontas a íoc, mar a shonraítear i Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014.

*Airteagal 44*

**Dréachtbhuiséid leasaitheacha**

1. Féadfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha a thíolacadh a bhaineann le hioncam go príomha de bharr na gcúiseanna seo a leanas:

(a) comhardú na bliana airgeadais roimhe a iontráil sa bhuiséad, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18;

(b) an réamhaisnéis maidir le hacmhainní dílse a athmheas bunaithe ar na réamhaisnéisí eacnamaíocha nuashonraithe;

(c) an réamhaisnéis athmheasta ar acmhainní dílse agus ar ioncam eile a nuashonrú, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar infhaighteacht agus ar an ngá le leithreasuithe i gcomhair íocaíochta.

Más rud é go bhfuil imthosca dosheachanta, eisceachtúla agus neamhthuartha ann, go háirithe ag féachaint do shlógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Coimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha a thíolacadh atá dírithe ar chaiteachas go príomha.

2. Is chuig an gCoimisiún a chuirfear iarrataí ar bhuiséid leasaitheacha ó institiúidí de chuid an Aontais seachas an Coimisiún sna cúinsí céanna amhail dá dtagraítear i mír 1.

Sula dtíolacfaidh siad dréachtbhuiséad leasaitheach, déanfaidh an Coimisiún agus institiúidí eile de chuid an Aontais lena mbaineann an raon feidhme maidir le hath-leithroinnt na leithreasuithe ábhartha a scrúdú, agus iad ag tagairt go háirithe do chur chun feidhme leithreasuithe atá faoi bhun na céime cur chun feidhme a rabhthas ag súil léi.

Beidh feidhm ag Airteagal 43 maidir le buiséid leasaitheacha. Tabharfar bunús do bhuiséid leasaitheacha le tagairt don bhuiséad a bhfuil leasú á dhéanamh acu ar a mheastacháin.

3. Tíolacfaidh an Coimisiún, seachas i gcúinsí eisceachtúla a bhfuil údar maith leo nó i gcás shlógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ar féidir dréachtbhuiséad leasaitheach a thíolacadh ina leith ag aon tráth den bhliain, a dhréachtbhuiséid leasaitheacha go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 1 Meán Fómhair gach bliain airgeadais. Féadfaidh sé tuairim a chur i gceangal leis na hiarrataí ar bhuiséid leasaitheacha ó institiúidí eile de chuid an Aontais.

4. Beidh ráiteas maidir leis na cúiseanna atá leo ag gabháil le dréachtbhuiséid leasaitheacha mar aon le faisnéis ar chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain airgeadais roimhe sin a bheidh ar fáil tráth a mbunaithe.

*Airteagal 45*

**Meastacháin agus dréachtbhuiséid a tharchur go luath**

Féadfaidh an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle teacht ar aontú le dátaí áirithe a thabhairt ar aghaidh maidir leis na meastacháin a tharchur, agus maidir leis an dréachtbhuiséad a ghlacadh agus a tharchur. Ní bheidh sé mar thoradh ar an socrú sin, áfach, go ngiorrófar ná go gcuirfear síneadh leis na tréimhsí dá bhforáiltear chun gur féidir na téacsanna sin a bhreithniú faoi Airteagal 314 CFAE agus faoi Airteagal 160a de Chonradh *Euratom*.

CAIBIDIL 2

***Struchtúr agus tíolacadh an bhuiséid***

*Airteagal 46*

**Struchtúr an bhuiséid**

Is éard a bheidh sa bhuiséad:

(a) ráiteas ginearálta ar ioncam agus ar chaiteachas;

(b) ranna ar leithligh do gach institiúid de chuid an Aontais, cé is moite den Chomhairle Eorpach agus den Chomhairle a roinnfidh an roinn chéanna, foroinnte ina ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas.

*Airteagal 47*

**Ainmníocht bhuiséadach**

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aicmiú ar ioncam an Choimisiúin, agus ar ioncam agus ar chaiteachas institiúidí eile an Aontais, de réir a gcineáil nó de réir na húsáide a shanntar dóibh faoi theidil, faoi chaibidlí, faoi airteagail agus faoi mhíreanna.

2. Leagfar amach ráiteas caiteachais don roinn den bhuiséad a bhaineann leis an gCoimisiúin ar bhonn ainmníocht arna glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle agus aicmeofar de réir chuspóir an chaiteachais é.

Comhfhreagróidh gach teideal do réimse beartais agus freagróidh gach caibidil, de ghnáth, do ghníomhaíocht.

Féadfar leithreasuithe oibríochtúla agus leithreasuithe riaracháin a bheith ar áireamh i ngach teideal. Laistigh den teideal céanna, déanfar na leithreasuithe riaracháin a ghrúpáil in aon chaibidil amháin.

Beidh an ainmníocht bhuiséadach i gcomhréir le prionsabail na sonraíochta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta. Leis sin cuirfear an tsoiléireacht agus an trédhearcacht ar fáil is gá le haghaidh an phróisis bhuiséadaigh, chun na príomhchuspóirí a shainaithint mar a léirítear sa bhunús ábhartha dlí iad, chun gur féidir rogha a bheith ann maidir le tosaíochtaí polaitiúla agus chun gur féidir cur chun feidhme éifeachtúil éifeachtach a dhéanamh.

3. Féadfaidh an Coimisiún a iarradh go gcuirfí iontráil chomharthach *pro memoria* le hiontráil gan leithreasuithe arna n-údarú. Déanfar iarraidh den sórt sin a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 31.

4. Nuair a thíolacfar iad de réir feidhme, déanfar leithreasuithe riaracháin i gcomhair teidil indibhidiúla a aicmiú mar seo a leanas:

(a) caiteachas ar fhoireann údaraithe sa phlean bunaíochta, a n-áireofar ann méid leithreasuithe agus líon post ón bplean bunaíochta a bheidh comhfhreagrach leis an gcaiteachas sin;

(b) caiteachas ar phearsanra seachtrach agus caiteachas eile dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 30(1) agus atá maoinithe faoin gceannteideal "riarachán" den chreat airgeadais ilbhliantúil;

(c) caiteachas ar fhoirgnimh agus caiteachas gaolmhar eile, lena n-áirítear glanadh agus cothabháil, cíos agus fruiliú, teileachumarsáid, uisce, gás agus leictreachas;

(d) caiteachas ar phearsanra seachtrach agus cúnamh teicniúil atá nasctha go díreach le cur chun feidhme na gclár.

Déanfar aon chaiteachas riaracháin de chuid an Choimisiúin maidir le cineál is gnách do roinnt teideal a leagan amach i ráiteas achomair ar leith agus a aicmiú de réir cineáil.

*Airteagal 48*

**Ioncam diúltach**

1. Ní bheidh ioncam diúltach sa bhuiséad, ach i gcás ina dtagann sé as iomlán na n-aisíocaíochtaí diúltacha taiscí.

2. Glanmhéideanna a bheidh sna hacmhainní dílse a íocfar faoi Chinneadh 2014/335/AE, *Euratom* agus taispeánfar amhlaidh iad sa ráiteas achomair ar ioncam sa bhuiséad.

*Airteagal 49*

**Forálacha**

1. Féadfar an teideal "forálacha" a bheith i ngach roinn den bhuiséad. Déanfar leithreasuithe a iontráil sa teideal sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nach ann d'aon bhunghníomh don ghníomhaíocht lena mbaineann agus an buiséad á bhunú;

(b) ina mbeidh forais láidre amhrais ann faoi leordhóthanacht na leithreasuithe nó faoin bhféidearthacht go gcuirfear chun feidhme, faoi choinníollacha i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, na leithreasuithe arna n-iontráil ar na línte buiséid i dtrácht.

Ní fhéadfar na leithreasuithe sa teideal sin a úsáid go dtí go mbeidh siad aistrithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 30(1) den Rialachán seo, i gcás ina mbeidh glacadh an bhunghnímh faoi réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE, agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 31 den Rialachán seo i ngach cás eile.

2. I gcás ina mbeidh deacrachtaí tromchúiseacha cur chun feidhme ann, féadfaidh an Coimisiún, i rith bliana airgeadais, a mholadh go n-aistreofaí leithreasuithe chuig an teideal "forálacha". Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cinneadh maidir leis na haistrithe sin, mar a fhoráiltear le hAirteagal 31.

*Airteagal 50*

**Cúlchiste diúltach**

Féadfaidh "cúlchiste diúltach" a mbeidh EUR 200 000 000 ar a mhéad ann a bheith i roinn an bhuiséid a bhaineann leis an gCoimisiún. Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bheidh sa chúlchiste a leithéid amháin, ar cúlchiste é a iontrálfar i dteideal ar leith é.

Ní mór an cúlchiste diúltach sin a úsáid roimh dheireadh na bliana airgeadais trí bhíthin aistrithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 30 agus in Airteagal 31.

*Airteagal 51*

**Cúlchiste le haghaidh Cúnamh Éigeandála**

1. Áireofar cúlchiste le haghaidh cúnaimh éigeandála do thríú tíortha i roinn an bhuiséid a bhaineann leis an gCoimisiún.

2. Úsáidfear an cúlchiste dá dtagraítear i mír 1 roimh dheireadh na bliana airgeadais trí bhíthin aistriú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 30 agus in Airteagal 32.

*Airteagal 52*

**Tíolacadh an bhuiséid**

1. Léireofar an méid seo a leanas sa bhuiséad

(a) sa ráiteas ginearálta ar ioncam agus ar chaiteachas:

(i) ioncam measta an Aontais don bhliain reatha airgeadais lena mbaineann ("bliain n");

(ii) ioncam measta don bhliain airgeadais roimhe sin agus an t-ioncam do bhliain n-2;

(iii) na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain n;

(iv) na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain airgeadais roimhe sin;

(v) an caiteachas a gealladh agus an caiteachas a íocadh i mbliain n–2, an cás deiridh a bheith sloinnte freisin mar chéatadán den bhuiséad do bhliain n;

(vi) nótaí tráchta iomchuí maidir le gach foroinn, mar atá leagtha amach in Airteagal 47(1) lena n-áirítear na tagairtí don bhunghníomh, i gcás inarb ann dá leithéid, mar aon le mínithe iomchuí ar chineál agus feidhm na leithreasuithe;

(b) i ngach roinn, an t-ioncam agus an caiteachas de réir an struchtúir chéanna a leagtar amach i bpointe (a);

(c) maidir le cúrsaí foirne:

(i) i gcás gach rannáin, plean bunaíochta lena socrófar líon na bpost do gach grád i ngach catagóir agus i ngach seirbhís agus líon na bpost buan agus sealadach arna n-údarú laistigh de theorainneacha na leithreasuithe buiséid;

(ii) plean bunaíochta don fhoireann arna íoc as na leithreasuithe um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch le haghaidh gníomhaíocht dhíreach agus plean bunaíochta don fhoireann a íoctar as na leithreasuithe céanna le haghaidh gníomhaíocht indíreach; aicmeofar na pleananna bunaíochta de réir catagóire agus gráid agus déanfar idirdhealú iontu idir poist bhuana agus poist shealadacha, a údaraítear laistigh de theorainneacha na leithreasuithe;

(iii) plean bunaíochta lena socrófar líon na bpost de réir gráid agus catagóire do gach comhlacht Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 ar comhlacht iad a fhaigheann ranníocaíocht arna mhuirearú ar an mbuiséad. Sna pleananna bunaíochta, taispeánfar líon na bpost a údaraítear don bhliain airgeadais le hais líon na bpost a údaraíodh don bhliain roimhe sin. Léireofar foireann na Gníomhaireachta Soláthair *Euratom* ar leithligh i bplean bunaíochta an Choimisiúin;

(d) maidir le cúnamh airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha:

(i) sa ráiteas ginearálta ar ioncam, na línte buiséid a chomhfhreagraíonn do na hoibríochtaí ábhartha agus atá ceaptha taifead a choimeád ar aon aisíocaíochtaí a fhaightear ó fhaighteoirí a rinne mainniú i dtosach. Beidh iontráil chomharthach *pro memoria* ag gabháil leis na línte sin agus beidh nótaí tráchta ábhartha ag gabháil leo;

(ii) sa roinn den bhuiséad a bhaineann leis an gCoimisiúin:

— na línte buiséid ina bhfuil ráthaíochtaí an Aontais i leith na n-oibríochtaí lena mbaineann. Beidh iontráil chomharthach *pro memoria* ag gabháil leis na línte sin, ar chuntar nár eascair aon mhuirear éifeachtach atá le cumhdach faoi acmhainní cinntitheacha;

— nótaí tráchta ina dtabharfar an tagairt don bhunghníomh agus líon na n-oibríochtaí atá beartaithe, an fad agus an ráthaíocht airgeadais a sholáthair an tAontas i leith oibríochtaí den chineál sin;

(iii) i ndoiciméad a bheidh i gceangal leis an roinn den bhuiséad a bhaineann leis an gCoimisiúin, mar léiriúchán ar na rioscaí comhfhreagracha freisin:

— oibríochtaí caipitiúla leanúnacha agus bainistíocht fiach;

— na hoibríochtaí caipitiúla agus an bhainistíocht fiach don bhliain airgeadais lena mbaineann;

(e) maidir le hionstraimí airgeadais a bhunófar gan bhunghníomh:

(i) línte buiséid a chomhfhreagraíonn do na hoibríochtaí ábhartha;

(ii) cur síos ginearálta ar na hionstraimí airgeadais, lena n-áirítear a ré agus a dtionchar ar an mbuiséad;

(iii) na hoibríochtaí beartaithe, lena n-áirítear na spriocmhéideanna atá bunaithe ar an éifeacht ghiarála agus iolraitheora a bhfuiltear ag súil léi;

(f) maidir leis an gcistiú arna gcur chun feidhme ag daoine nó eintitis de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1):

(i) tagairt do bhunghníomh an chláir ábhartha;

(ii) línte buiséid comhfhreagracha;

(iii) tuairisc ghinearálta ar an ngníomhaíocht, lena n-áirítear a ré agus a tionchar ar an mbuiséad;

(g) iomlán an chaiteachais ar CBES a iontráladh i gcaibidil, dar teideal "CBES", le hairteagail sonracha ag gabháil léi, lena gcumhdófar caiteachas ar CBES agus ina mbeidh línte sonracha buiséid ina sainaithneofar na mórmhisin aonair ar a laghad.

2. De bhreis ar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aon doiciméid ábhartha eile a chur i gceangal leis an mbuiséad.

*Airteagal 53*

**Rialacha maidir le pleananna bunaíochta don fhoireann**

1. Beidh na pleananna bunaíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 52(1) ina dteorainn dhosháraithe ag gach institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais. Ní fhéadfar aon cheapachán a dhéanamh a sháróidh an teorainn arna socrú.

Mar sin féin, féadfaidh gach institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a bpleananna bunaíochta a mhodhnú suas le 10 % ó thaobh líon na bpost arna n-údarú, seachas i gcás ghrád AD 14, ghrád AD 15 agus ghrád AD 16, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) nach bhfuil difear déanta do líon na leithreasuithe foirne a chomhfhreagraíonn do bhliain airgeadais iomlán;

(b) nach bhfuil an teorainn ar líon iomlán na bpost arna n-údarú le gach plean bunaíochta sáruithe;

(c) go bhfuil an institiúid nó an comhlacht de chuid an Aontais tar éis páirt a ghlacadh i gcleachtadh tagarmharcála le hinstitiúidí eile agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais de réir mar a rinne cleachtadh scagtha fhoireann an Choimisiúin é a thionscnamh.

Trí seachtaine roimh na modhnuithe a dhéanamh, dá dtagraítear sa dara fomhír, cuirfidh an institiúid de chuid an Aontais in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gurb é sin atá beartaithe aici. I gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóidí a mbeidh údar cuí tugtha leo a lua laistigh den tréimhse sin, staonfaidh an institiúid de chuid an Aontais ó na modhnuithe a dhéanamh agus beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 44.

2. De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 1, féadfar éifeachtaí na hoibre páirtaimseartha, arna húdarú ag an údarás ceapacháin i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne, a chúiteamh trí cheapacháin eile.

*CAIBIDIL 3*

***Smacht buiséadach***

*Airteagal 54*

**An creat airgeadais ilbhliantúil agus Cinneadh 2014/335/AE, Euratom a chomhlíonadh**

Comhlíonfaidh an buiséad an creat airgeadais ilbhliantúil agus Cinneadh 2014/335/AE, *Euratom*.

*Airteagal 55*

**Gníomhartha an Aontais a bheith i gcomhréir leis an mbuiséad**

I gcás ina sáraítear na leithreasuithe atá ar fáil sa bhuiséad trí ghníomh de chuid an Aontais a chur chun feidhme, ní chuirfear an gníomh sin chun feidhme i dtéarmaí airgeadais go dtí go mbeidh an buiséad leasaithe dá réir.

TEIDEAL IV

**AN BUISÉAD A CHUR CHUN FEIDHME**

*CAIBIDIL 1*

***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 56*

**An buiséad a chur chun feidhme de réir phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais**

1. Déanfaidh an Coimisiún ioncam agus caiteachas an bhuiséid a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoina fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasuithe arna n-údarú.

2. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun go n-úsáidfear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

*Airteagal 57*

**Faisnéis faoi aistrithe sonraí pearsanta chun críocha iniúchóireachta**

I ndáil le haon ghlao a dhéantar maidir le deontais, soláthar nó duaiseanna a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, cuirfear tairbhithe féideartha, iarrthóirí, tairgeoirí agus rannpháirtithe ar an eolas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 go bhféadfar a sonraí pearsanta a chur chuig na seirbhísí iniúchóireachta inmheánacha, chuig an gCúirt Iniúchóirí, nó chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus ó oifigeach údarúcháin de chuid an Choimisiúin go chéile, agus chuig na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69 den Rialachán seo agus do na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán seo.

*Airteagal 58*

**An bunghníomh agus eisceachtaí**

1. Ní úsáidfear leithreasuithe arna n-iontráil sa bhuiséad d'aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais ach amháin má glacadh bunghníomh.

2. De mhaolú ar mhír 1 agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 3, i mír 4 agus i mír 5, féadfar na leithreasuithe seo a leanas a chur chun feidhme d'uireasa bunghnímh ar choinníoll go dtiocfaidh na gníomhaíochtaí atá siad ceaptha a mhaoiniú faoi réim inniúlachtaí an Aontais:

(a) na leithreasuithe a bhaineann le treoirthionscadail de chineál turgnamhach agus atá ceaptha tástáil a dhéanamh ar a indéanta agus ar a úsáidí atá an ghníomhaíocht;

(b) leithreasuithe le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin i réimse chur i bhfeidhm CFAE agus Chonradh *Euratom*, arb é is aidhm leo tograí a ullmhú d'fhonn bearta a ghlacadh sa todhchaí;

(c) leithreasuithe a bhaineann le bearta ullmhúcháin i réimse Theideal V de CAE;

(d) leithreasuithe a bhaineann le gníomhaíochtaí aonuaire, nó le gníomhaíochtaí a mhaireann go ceann tréimhse éiginnte, arna gcur i gcrích ag an gCoimisiún de bhua cúraimí a eascraíonn as a shainchumais ar an leibhéal institiúideach de bhun CFAE agus de bhun Chonradh *Euratom*, amach óna cheart maidir le tionscnamh reachtach tograí a thíolacadh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, agus faoi chumhachtaí sonracha a thugtar dó le hAirteagail 154, 156, 159 agus 160 CFAE, Airteagail 168(2), 171(2) agus 173(2) CFAE, an dara fomhír d'Airteagal 175 CFAE, Airteagal 181(2) CFAE, Airteagal 190 CFAE, Airteagail 210(2) agus 214(6) CFAE agus Airteagail 70 agus 77 go 85 de Chonradh *Euratom*;

(e) leithreasuithe a bhaineann le hoibriú gach institiúide de chuid an Aontais atá faoina neamhspleáchas riarthach.

3. Maidir leis na leithreasuithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, ní fhéadfar na leithreasuithe ábhartha faoi chomhair gealltanas a iontráil sa bhuiséad ach le haghaidh dhá bhliain airgeadais as a chéile ar a mhéad. Ní bheidh méid iomlán na leithreasuithe do na treoirthionscadail níos mó ná EUR 40 000 000 in aon bhliain airgeadais.

4. Maidir leis na leithreasuithe dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2, leanfaidh na gníomhaíochtaí ullmhúcháin cur chuige comhleanúnach agus d'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith orthu. Ní fhéadfar na leithreasuithe ábhartha faoi chomhair gealltanas a iontráil sa bhuiséad ach ar feadh 3 bliana airgeadais as a chéile ar a mhéad. Ní mór an nós imeachta lena ndéantar an bunghníomh ábhartha a ghlacadh a thabhairt i gcrích roimh dheireadh an tríú bliain airgeadais. Le linn an nós imeachta sin, beidh gealladh na leithreasuithe ag freagairt do shaintréithe na gníomhaíochta ullmhúcháin maidir leis na gníomhaíochtaí arna mbeartú, na haidhmeanna arna saothrú agus na faighteoirí. Dá thoradh sin, ní chomhfhreagróidh méid na leithreasuithe atá geallta le méid na leithreasuithe arna mbeartú chun an ghníomhaíocht chinntitheach féin a mhaoiniú.

Ní fhéadfaidh méid iomlán na leithreasuithe i gcomhair gníomhaíochtaí nua ullmhúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 a bheith níos mó ná EUR 50 000 000 in aon bhliain airgeadais, agus ní fhéadfaidh méid iomlán na leithreasuithe atá geallta go hiarbhír i gcomhair gníomhaíochtaí ullmhúcháin a bheith níos mó ná EUR 100 000 000.

5. Maidir leis na leithreasuithe dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2, ní bheidh sna bearta ullmhúcháin ach tréimhse ghairid agus ceapfar iad chun na coinníollacha a shuí faoina ndéanfar gníomhaíocht de chuid an Aontais d'fhonn cuspóirí a bhaineann le CBES a bhaint amach agus d'fhonn na hionstraimí dlíthiúla is gá a ghlacadh.

Chun críocha oibríochtaí an Aontais um bainistiú géarchéime, ceapfar bearta ullmhúcháin, *inter alia*, chun na ceanglais oibríochtúla a mheas, foráil a dhéanamh do mhear-imscaradh tosaigh acmhainní, nó chun dálaí ar an talamh a shuí chun an oibríocht a sheoladh.Comhaontóidh an Chomhairle bearta ullmhúcháin, ar thogra ón Ardionadaí.

D'fhonn a áirithiú go gcuirfear bearta ullmhúcháin chun feidhme go tapa, déanfaidh an tArdionadaí Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a chur ar an eolas a luaithe is féidir maidir le rún na Comhairle beart ullmhúcháin a lainseáil agus go háirithe maidir leis na hacmhainní a mheastar a bheidh riachtanach chun na críche sin. Déanfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá chun eisíocaíocht sciobtha na gcistí a áirithiú.

Leis na beartais airgeadais a chomhaontóidh an Chomhairle maidir le hoibríochtaí bainistithe géarchéime a ullmhú faoi Theideal V CAE, cumhdófar na costais incriminteacha a eascróidh go díreach as imlonnú allamuigh sonrach nó as meitheal ina bhfuil *inter alia* pearsanra ó institiúidí an Aontais, lena n-áirítear na costais a bhaineann le hárachas ardriosca, taisteal agus cóiríocht agus íocaíochtaí per diem.

*Airteagal 59*

**An buiséad arna chur chun feidhme ag institiúidí de chuid an Aontais seachas an Coimisiún**

1. Tabharfaidh an Coimisiún d'institiúidí eile an Aontais na cumhachtaí is gá chun na ranna den bhuiséad a bhaineann leo a chur chun feidhme.

2. D'fhonn cur chun feidhme a leithreasuithe a éascú, féadfaidh institiúidí an Aontais comhaontuithe leibhéil seirbhíse a thabhairt i gcrích le chéile chun na coinníollacha a leagan síos lena rialófar soláthar seirbhísí, soláthar táirgí, cur i gcrích oibreacha nó conarthaí tógála.

Leis na comhaontuithe sin féadfar leithreasuithe a aistriú agus costais a aisghabháil, ar leithreasuithe agus costais iad a thagann as cur chun feidhme na gcomhaontuithe.

3. Féadfar na comhaontuithe leibhéil seirbhíse dá dtagraítear i mír 2a chomhaontú idir ranna na n-institiúidí Eorpacha, comhlachtaí an Aontais, comhlachtaí nó daoine a bhfuil de chúram orthu gníomhaíochta sonracha a chur chun feidhme i CBES de bhun Theideal V de CAE mar aon le hOifig Rúnaí Bhord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha. Tuairisceoidh an Coimisiún agus institiúidí eile de chuid an Aontais go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse arna dtabhairt i gcrích acu le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais.

*Airteagal 60*

**Cumhachtaí cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean**

1. Féadfaidh an Coimisiún agus gach ceann eile d'institiúidí an Aontais, laistigh dá ranna féin, a gcumhachtaí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo agus lena rialacha inmheánacha agus laistigh de na teorainneacha a leagtar siad síos in ionstraim an tarmligin. Na daoine sin a chumhachtófar amhlaidh, gníomhóidh siad laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dóibh go sainráite.

2. De bhreis ar mhír 1, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí cur chun feidhme buiséid i ndáil le leithreasuithe oibríochtúla de chuid a roinne féin den bhuiséad a tharmligean chuig Cinn thoscaireachtaí an Aontais agus d'fhonn go n-áiritheofar leanúnachas gnó le linn dóibh a bheith as láthair, chuig leas-Chinn thoscaireachtaí an Aontais. Beidh an tarmligean sin gan dochar do fhreagracht chinn toscaireachtaí an Aontais maidir le cur chun feidhme an bhuiséid. I gcás nach mbeidh Ceann thoscaireacht de chuid an Aontais i láthair ar feadh tréimhse níos faide ná 4 seachtaine, athbhreithneoidh an Coimisiún a chinneadh chun cumhachtaí cur chun feidhme an bhuiséid a tharmligean. Nuair a ghníomhaíonn cinn thoscaireachtaí an Aontais, agus ina n-éagmais sin a n-ionadaithe, mar oifigigh údarúcháin faoi tharmligean de chuid an Choimisiúin, cuirfidh siad rialacha an Choimisiúin maidir le chur chun feidhme an bhuiséid i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na ndualgas, na n-oibleagáidí agus na cuntasachta céanna le haon oifigeach údarúcháin fo-tharmligthe eile de chuid an Choimisiúin.

Féadfaidh an Coimisiún tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha féin.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh an tArdionadaí na bearta is gá chun comhoibriú idir toscaireachtaí an Aontais agus ranna de chuid an Choimisiúin a éascú.

3. A chumhachtaí cur chun feidhme buiséid i ndáil le leithreasuithe oibríochtúla de chuid a roinne féin den bhuiséad, féadfaidh SEGS na cumhachtaí sin a tharmligean go heisceachtúil chuig baill foirne an Choimisiún i dtoscaireachtaí an Aontais, i gcás inar gá sin chun leanúnachas i riar na dtoscaireachtaí sin a áirithiú mura mbíonn oifigeach údarúcháin inniúil SEGS i láthair sa tír ina bhfuil toscaireacht an oifigigh sin lonnaithe. I gcásanna eisceachtúla ina ngníomhaíonn comhaltaí foirne de chuid an Choimisiúin i dtoscaireachtaí an Aontais mar oifigigh údarúcháin faoi fho-tharmligean de chuid SEGS, cuirfidh siad rialacha inmheánacha SEGS maidir le cur chun feidhme an bhuiséid i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na ndualgas, na n-oibleagáidí agus na cuntasachta céanna le haon oifigeach údarúcháin faoi fho-tharmligean eile de chuid SEGS.

Féadfaidh SEGS tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha féin.

*Airteagal 61*

**Coinbhleachtaí leasa**

1. Gníomhaithe airgeadais de réir bhrí Chaibidil 4 den Teideal seo agus daoine eile, lena n-áirítear údaráis náisiúnta ar aon leibhéal, a bhfuil baint acu le cur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach, indíreach nó roinnte, lena n-áirítear gníomhartha ullmhúcháin chuige sin, iniúchóireacht nó rialú an bhuiséid, cuirfear toirmeasc orthu aon ghníomhaíocht a dhéanamh a chothódh coinbhleacht idir a leasa féin agus leasa an Aontais. Déanfaidh siad bearta iomchuí chomh maith chun coinbhleacht leasa a thoirmeasc sna feidhmeanna a bhfuil siad freagrach astu agus chun aghaidh a thabhairt ar chásanna as a bhféadfaí coinbhleacht leasa a thuiscint.

2. I gcás ina mbeidh riosca coinbhleachta leasa ann a bhaineann le comhalta foirne údaráis náisiúnta, cuirfidh an duine lena mbaineann an cúrsa faoi bhráid a oifigigh uachtaraigh. I gcás gurb ann do riosca den sórt sin do chomhalta foirne a chumhdaítear faoi na Rialacháin Foirne, cuirfidh an duine lena mbaineann an t-ábhar faoi bhráid an oifigigh údarúcháin trí tharmligean ábhartha. Dearbhóidh an t-oifigeach uachtarach ábhartha nó an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ábhartha, i scríbhinn, an bhfuil coinbhleacht leasa ann. Sa chás go bhfuil coinbhleacht leasa ann, áiritheoidh an t-údarás ceapacháin nó an t-údarás náisiúnta ábhartha go n-éireoidh an duine lena mbaineann as aon ghníomhaíocht a bhaineann leis an gcúrsa sin. Áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ábhartha nó an t-údarás náisiúnta ábhartha go ndéanfar aon ghníomhaíocht chuí sa bhreis i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

3. Chun críocha mhír 1, beidh coinbhleacht leasa ann i gcás ina gcuirfear as d'fheidhmiú oibiachtúil neamhchlaonta fheidhmeanna an ghníomhaí airgeadais nó duine eile, amhail dá dtagraítear i mír 1, ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, le cúrsaí mothúcháin, le coibhneas polaitiúil nó náisiúnta, le leas eacnamaíoch nó le haon leas pearsanta eile, díreach nó indíreach.

*CAIBIDIL 2*

***Modhanna cur chun feidhme***

*Airteagal 62*

**Modhanna cur chun feidhme an bhuiséid**

1. Cuirfidh an Coimisiún an buiséad chun feidhme ar aon cheann de na bealaí a leanas:

(a) go díreach ("bainistíocht dhíreach"), mar a leagtar amach in Airteagal 125 go hAirteagal 153, a dhéanfaidh a ranna, lena n-áirítear a fhoireann i dtoscaireachtaí an Aontais faoi údarás a gCinn toscaireachta féin, i gcomhréir le hAirteagal 60(2), nó trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin amhail dá dtagraítear in Airteagal 69;

(b) faoi bhainistíocht roinnte leis na Ballstáit ("bainistíocht roinnte") mar a leagtar amach in Airteagal 63 agus Airteagail 125 go 129;

(c) go neamhdhíreach ("bainistíocht neamhdhíreach") mar a leagtar amach in Airteagail 125 go 149 agus Airteagail 154 go 159, i gcás ina bhforáiltear dó sa bhunghníomh nó sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 58(2), trí chúraimí cur chun feidhme an bhuiséid a chur ar iontaoibh siúd a leanas:

(i) tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

(ii) eagraíochtaí idirnáisiúnta nó a ngníomhaireachtaí, de réir bhrí Airteagal 156;

(iii) an Banc Eorpach Infheistíochta ("BEI") nó an Ciste Eorpach Infheistíochta ("CEI"), nó an dá cheann acu sin ag gníomhú dóibh mar ghrúpa ("grúpa BEI");

(iv) comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71;

(v) comhlacht dlí phoiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na mBallstát;

(vi) comhlachtaí atá faoi réir an dlí phríobháidigh agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na mBallstát, a mhéid a chuirtear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil dóibh;

(vii) comhlachtaí faoi réir dlí príobháideach Ballstáit, a bhfuil de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a gcuirtear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil dóibh;

(viii) comhlachtaí nó daoine a bhfuil de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Maidir le pointe (c)(vi) den chéad fhomhír, féadfar méid na ráthaíochtaí airgeadais a cheanglaítear a leagan amach sa bhunghníomh ábhartha agus féadfar iad a theorannú d'uasmhéid na ranníocaíochta ón Aontas leis an gcomhlacht lena mbaineann. I gcás go mbíonn níos mó ná ráthóir amháin ann, sonrófar méid iomlán an dliteanais lena gcumhdófar na ráthaíochtaí sa chomhaontú ranníocaíochta, lena bhféadfaidh foráil go mbeidh dliteanas gach ráthóra i gcomhréir le cion a ranníocaíochta féin leis an gcomhlacht.

2. Chun críocha na bainistíochta dírí, féadfaidh an Coimisiún na hionstraimí dá dtagraítear i dTeidil VII, VIII, IX, X agus XII a úsáid.

Chun críocha na bainistíochta roinnte, is é a bheidh sna hionstraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid na hionstraimí sin dá bhforáiltear i rialacha earnáilsonracha.

Chun críocha na bainistíochta neamhdhírí, cuirfidh an Coimisiún Teideal VI i bhfeidhm, agus, i gcás ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséid, Teideal VI agus Teideal X. Cuirfidh na heintitis chur chun feidhme na hionstraimí i bhfeidhm a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a leagtar amach sa chomhaontú ranníocaíochta lena mbaineann.

3. Is é an Coimisiún atá freagrach as cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le hAirteagal 317 CFAE agus ní tharmligfidh sé cur chun feidhme an bhuiséid chuig tríú páirtithe, i gcás ina mbeidh lánrogha leathan ó thaobh cinntí polaitiúla a dhéanamh de ag baint leis na cúraimí sin.

Ní dhéanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin conarthaí i gcomhréir le Teideal VII den Rialachán seo, seachfhoinsiú a dhéanamh ar chúraimí a bhaineann le feidhmiú an údaráis phoiblí agus le cumhachtaí lánroghnacha breithiúnais.

*Airteagal 63*

**Bainistíocht roinnte leis na Ballstáit**

1. Sa chás go gcuireann an Coimisiún an buiséid chun feidhme faoin mbainistíocht roinnte, déanfar cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig na Ballstáit. Urramóidh an Coimisiún agus na Ballstáit prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal an neamhidirdhealaithe agus áiritheoidh siad feiceálacht gníomhaíocht an Aontais agus cistí an Aontais á mbainistiú acu. Chuige sin, comhlíonfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a n-oibleagáidí rialaithe agus iniúchóireachta faoi seach, agus glacfaidh siad chucu na freagrachtaí a thiocfaidh as sin agus dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Leagfar síos forálacha comhlántacha i rialacha earnáilsonracha.

2. Le linn dóibh cúraimí maidir le cur chun feidhme an bhuiséid a fheidhmiú, glacfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá, lena n-áirítear bearta reachtacha, rialála agus riaracháin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, eadhon:

(a) trína áirithiú go ndéantar gníomhaíochtaí a mhaoinítear as an mbuiséad a chur chun feidhme i gceart agus go héifeachtach agus i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha is infheidhme;

(b) trí comhlachtaí ainmniúcháin a bheidh freagrach as bainistiú agus rialú a dhéanamh ar chistí an Aontais a ainmniú i gcomhréir le mír 3 agus as maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí sin;

(c) trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú;

(d) trí chomhar a dhéanamh, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na rialacha earnáilsonracha, leis an gCoimisiún, le OLAF, leis an gCúirt Iniúchóirí agus, i gcás na mBallstát sin atá rannpháirteach i gcomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle ([1]), le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) freisin, tar éis a bunaithe.

D'fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú acu agus i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus na rialacha ábhartha earnáilsonracha, déanfaidh na Ballstáit rialuithe *ex ante* agus *ex post* lena gcuimsítear, i gcás inarb iomchuí, seiceálacha ar an láthair ar idirbhearta ionadaíocha agus/nó ar shamplaí idirbheart atá riosca-bhunaithe. Déanfaidh siad freisin cistí a íocadh go míchuí a ghnóthú agus imeachtaí dlí a thionscnamh de réir mar is gá i dtaca leis sin.

Déanfaidh na Ballstáit pionóis éifeachtacha athchomhairleacha chomhréireacha a fhorchur ar fhaighteoirí i gcás ina bhforáiltear don mhéid sin i rialacha earnáilsonracha nó i bhforálacha sonracha sa dlí náisiúnta.

Mar chuid dá mheasúnú riosca agus i gcomhréir le rialacha a bhaineann le hearnálacha ar leith, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chórais bhainistíochta agus rialaithe arna mbunú sna Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún, ina obair iniúchóireachta, prionsabal na comhréireachta a urramú agus cuirfidh sé san áireamh leibhéal an riosca a bheidh á mheasúnú i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha.

3. I gcomhréir leis na critéir agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i rialacha earnáilsonracha, déanfaidh na Ballstáit, ar an leibhéal iomchuí, comhlachtaí a ainmniú a bheidh freagrach i ndáil le bainistiú agus rialú chistí an Aontais. Féadfaidh na comhlachtaí a leithéid cúraimí a dhéanamh nach mbaineann le bainistiú chistí an Aontais agus féadfaidh siad roinnt áirithe dá gcúraimí a chur ar iontaoibh comhlachtaí eile.

Agus ainmníocht comhlachtaí á cinneadh, féadfaidh na Ballstáit a gCinneadh a bhunú i dtaobh arb ionann na córais bainistithe agus rialaithe go bunúsach agus na cinn atá i bhfeidhm cheana féin ón tréimhse roimhe agus i dtaobh an raibh siad ag feidhmiú go héifeachtach.

Má léiríonn torthaí iniúchóireachta agus rialaithe nach bhfuil na critéir a leagtar amach i rialacha earnáilsonracha á gcomhlíonadh a thuilleadh ag na comhlachtaí ainmnithe, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar na heasnaimh i gcur chun feidhme chúraimí na gcomhlachtaí sin a leigheas, lena n-áirítear tríd an ainmníocht a fhoirceannadh i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha.

Déanfaidh rialacha earnáilsonracha ról an Choimisiúin a shainmhíniú sa phróiseas a leagtar amach sa mhír seo.

4. Déanfaidh comhlachtaí ainmnithe de bhun mhír 3:

(a) córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú agus feidhmiú an chórais sin a áirithiú;

(b) córas cuntasaíochta a úsáid a sholáthraíonn faisnéis chruinn iomlán iontaofa go tráthúil;

(c) an fhaisnéis a éilítear faoi mhír 5, faoi mhír 6 agus faoi mhír 7 a chur ar fáil;

(d) foilsiú *ex post* a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 38(2) go (6).

Maidir le haon phróiseáil sonraí pearsanta, comhlíonfaidh sí Rialachán (AE) 2016/679.

5. Faoin 15 Feabhra an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, soláthróidh na comhlachtaí arna n-ainmniú de bhun mhír 3 na nithe a leanas don Choimisiún:

(a) a gcuntais maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh, le linn na tréimhse ábhartha tagartha de réir mar a shainmhínítear i rialacha earnáilsonracha, i bhfeidhmiú a gcúraimí agus a tíolacadh don Choimisiún le haghaidh aisíocaíochta;

(b) achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus ar na rialuithe a dhéantar, lena n-áirítear anailís ar chineál agus méid na n-earráidí arna sainaithint sna córais, mar aon le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a glacadh nó a pleanáladh.

6. Sna cuntais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5 beidh réamh-mhaoiniú agus suimeanna maidir lena bhfuil nósanna imeachta aisghabhála curtha ar bun nó tugtha chun críche. Beidh dearbhú bainistíochta ag gabháil leis a dheimhníonn an méid seo a leanas i dtuairim iad siúd atá i bhfeighil ar chistí a bhainistiú:

(a) go dtíolactar an fhaisnéis i gceart agus gur faisnéis iomlán chruinn atá inti;

(b) gur úsáideadh an caiteachas chun na gcríoch a ceapadh dó, mar a shainmhínítear i rialacha earnáilsonracha iad;

(c) go dtugann na córais rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart.

([1]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

7. Beidh tuairim ó chomhlacht neamhspleách iniúchóireachta arna tarraingt suas i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta ag gabháil leis na cuntais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5 agus leis an achoimre dá dtagraítear i sa mhír sin. Suífidh an tuairim, an dtugann na cuntais seasamh fíor agus cothrom, an bhfuil caiteachas a ndearnadh aisíocaíocht a iarraidh ina leith ón gCoimisiún dlíthiúil agus rialta agus an bhfeidhmíonn na córais rialaithe atá i bhfeidhm i gceart. Ina theannta sin, luafaidh an tuairim an gcuireann an obair iniúchóireachta in amhras na dearbhuithe a dhéantar sa dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i mír 6.

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an sprioc-am den 15 Feabhra a leagtar amach i mír 5 go dtí an 1 Márta, arna chur sin in iúl don Bhallstát lena mbaineann.

Féadfaidh na Ballstáit, ar an leibhéal iomchuí, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6 agus sa mhír seo a fhoilsiú.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit dearbhuithe a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún atá sínithe ar an leibhéal iomchuí bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 5 agus mír 6 agus sa mhír seo.

8. Chun a áirithiú go n-úsáidtear cistí an Aontais i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme, déanfaidh an Coimisiún:

(a) nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le cuntais comhlachtaí ainmnithe a iniúchadh agus a ghlacadh, agus a áirithiú go bhfuil na cuntais iomlán, cruinn agus fíor;

(b) eisíocaíochtaí a ndearnadh íocaíochtaí ina leith a sháraigh an dlí is infheidhme a eisiamh ó chaiteachas maoiniúcháin an Aontais;

(c) sprioc-amanna íocaíochtaí a bhriseadh nó íocaíochtaí a chur ar fionraí i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i rialacha earnáilsonracha.

Cuirfidh an Coimisiún deireadh le hidirbhriseadh, nó le cuid de, na sprioc-amanna íocaíochta nó leis na híocaíochtaí a chur ar fionraí tar éis do Bhallstát a bharúlacha a thíolacadh agus chomh luath agus a bheidh aon bhearta riachtanacha glactha aige. Déanfaidh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9) na hoibleagáidí uile faoin mír seo a chumhdach.

9. Cuirfidh na rialacha earnáilsonracha san áireamh riachtanais chláir an Chomhair Críche Eorpaigh, go háirithe maidir le hábhar an dearbhaithe bainistíochta, an próiseas a leagtar amach i mír 3 agus an fheidhm iniúchóireachta.

10. Tiomsóidh an Coimisiún clár de na comhlachtaí atá freagrach as gníomhaíochtaí bainistithe, deimhniúcháin agus iniúchóireachta faoi rialacha earnáilsonracha.

11. Féadfaidh na Ballstáit acmhainní arna leithdháileadh orthu faoin mbainistíocht roinnte a úsáid freisin i dteannta oibríochtaí agus ionstraimí a dhéantar faoi Rialachán (AE) 2015/1017 i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna rialacha earnáilsonracha ábhartha.

*CAIBIDIL 3*

## ***Oifigí eorpacha agus comhlachtaí an aontais***

Roinn 1

### **Oifigí eorpacha**

*Airteagal 64*

#### **Raon feidhme inniúlachtaí na n-oifigí Eorpacha**

1. Sula gcuirfidh sé oifig Eorpach nua ar bun, déanfaidh an Coimisiún staidéar costais is tairbhe agus measúnú ar na rioscaí gaolmhara, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na torthaí díobh agus molfaidh sé na leithreasuithe is gá a chur isteach in iarscríbhinn a ghabhann le roinn an bhuiséid a bhaineann leis an gCoimisiún.

2. Laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, déanfaidh oifigí Eorpacha an méid seo a leanas:

(a) a gcúraimí éigeantacha a chur i gcrích dá bhforáiltear ina ngníomh bunaíochta nó i ngníomhartha eile dlí de chuid an Aontais;

(b) cúraimí neamhéigeantacha a chur i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 66, arna n-údarú ag a gCoistí Bainistíochta tar éis dóibh na costais agus an tairbhe agus na rioscaí a ghabhann leo do na páirtithe lena mbaineann a chur san áireamh.

3. Bainfidh an Roinn seo, cé is moite de mhír 4 den Airteagal seo, d'Airteagal 66 agus d'Airteagal 67(1), (2) agus (3), le hoibríocht OLAF.

4. Déanfaidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na freagrachtaí uile a leagtar síos i gCaibidil 8 den Teideal sin a fheidhmiú.

*Airteagal 65*

**Leithreasuithe i ndáil leis na hoifigí Eorpacha**

1. Na leithreasuithe a údarófar chun cúraimí éigeantacha a chur chun feidhme ag gach oifig Eorpach, déanfar iad a leagan amach i líne buiséid shonrach laistigh den roinn den bhuiséad a bhaineann leis an gCoimisiún agus leagfar amach go mionchruinn iad in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil leis an roinn sin.

Is i bhfoirm ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas a bheidh an iarscríbhinn dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus í foroinnte ar an mbealach céanna leis na ranna den bhuiséad.

Leis na leithreasuithe arna n-iontráil san iarscríbhinn sin:

(a) cumhdófar na riachtanais airgeadais iomlána a bhíonn ag gach oifig Eorpach agus í i mbun na gcúraimí éigeantacha dá bhforáiltear ina gníomh bunaíochta nó i ngníomhartha eile dlí de chuid an Aontais;

(b) féadfar na riachtanais airgeadais a chumhdach a bhíonn ag oifig Eorpach agus í i mbun cúraimí a chur i gcrích ar cúraimí iad a d'iarr institiúidí an Aontais, comhlachtaí an Aontais, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha eile arna mbunú sna Conarthaí nó fúthu agus údaraithe i gcomhréir le gníomh bunaíochta na hoifige.

2. Maidir leis na leithreasuithe a cuireadh isteach san iarscríbhinn do gach oifig Eorpach, déanfaidh an Coimisiún cumhachtaí oifigigh údarúcháin a tharmligean chuig Stiúrthóir na hoifige Eorpaí lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 73.

3. Cuirfear an plean bunaíochta a bheidh ag gach oifig Eorpach i gceangal le plean bunaíochta an Choimisiúin.

4. Déanfaidh Stiúrthóir gach oifige Eorpaí cinntí ar aistrithe laistigh den iarscríbhinn dá bhforáiltear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na haistrithe sin.

*Airteagal 66*

**Cúraimí neamhéigeantacha**

1. Maidir leis na cúraimí neamhéigeantacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 64(2), féadfaidh oifig Eorpach:

(a) cumhacht a fháil a tarmligeadh chuig an Stiúrthóir ó institiúidí an Aontais, comhlachtaí an Aontais agus oifigí Eorpacha eile, agus ina theannta sin cumhacht tharmligthe de chuid an oifigigh údarúcháin maidir le leithreasuithe arna n-iontráil sa roinn sin den bhuiséad a bhaineann le hinstitiúid an Aontais, an chomhlachta Eorpaigh nó oifige Eorpaí eile;

(b) comhaontuithe ad hoc ar leibhéal na seirbhíse a thabhairt i gcrích le hinstitiúidí Aontais, comhlachtaí Aontais, oifigí Eorpacha eile nó tríú páirtithe.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, is iad institiúidí an Aontais, comhlachtaí an Aontais agus oifigí Eorpacha eile lena mbaineann a leagfaidh amach na teorainneacha agus na coinníollacha a bheidh leis an tarmligean cumhachtaí. Déanfar an tarmligean sin a chomhaontú i gcomhréir le gníomh bunaithe na hoifige Eorpaí, maidir le coinníollacha agus módúlachtaí an tarmligin go háirithe.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, glacfaidh stiúrthóir na hoifige Eorpaí, i gcomhréir lena gníomh bunaíochta, na forálacha sonracha lena rialófar cur chun feidhme na gcúraimí, aisghabháil na gcostas a tabhaíodh agus coimeád na dtaifead cuntasaíochta comhfhreagrach. Tuairisceoidh an oifig Eorpach torthaí na dtaifead cuntasaíochta sin chuig institiúidí an Aontais, chuig comhlachtaí an Aontais nó chuig na hoifigí Eorpacha eile lena mbaineann.

*Airteagal 67*

**Taifid chuntasaíochta na n-oifigí Eorpacha**

1. Tarraingeoidh gach oifig Eorpach suas taifid chuntasaíochta dá caiteachas agus féadfar a chinneadh ar an gcaoi sin cén sciar dá seirbhísí a cuireadh ar fáil do gach ceann d'institiúidí agus de chomhlachtaí an Aontais nó do gach oifig Eorpach eile. Glacfaidh stiúrthóir na hoifige Eorpaí lena mbaineann na critéir ar a mbunófar na taifid chuntasaíochta, tar éis dá Coiste Bainistíochta iad a fhormheas.

2. Sna nótaí a bhaineann leis an líne buiséid shonrach ina n-iontráiltear na leithreasuithe uile do gach oifig Eorpach dár tarmligeadh cumhachtaí oifigigh údarúcháin i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 66(1), beidh meastachán le feiceáil ar chostas na seirbhísí a chuireann an oifig sin ar fáil do gach ceann d'institiúidí an Aontais, de chomhlachtaí an Aontais agus de na hoifigí Eorpacha eile lena mbaineann. Beidh sé sin bunaithe ar na taifid chuntasaíochta dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.

3. Tabharfaidh gach oifig Eorpach dár tarmligeadh cumhachtaí oifigigh údarúcháin i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 66(1) fógra d'institiúidí an Aontais, do chomhlachtaí an Aontais agus do na hoifigí Eorpacha eile lena mbaineann faoi thorthaí na dtaifead cuntasaíochta dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.

4. Is cuid dhílis de chuntais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 241 a bheidh i dtaifid chuntasaíochta gach oifige Eorpaí.

5. Féadfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, ag gníomhú dó ar thogra ó Choiste Bainistíochta na hoifige Eorpaí lena mbaineann, cuid dá chúraimí a tharmligean chuig comhalta foirne de chuid na hoifige Eorpaí, ar cúraimí iad a bhaineann le hioncam a bhailiú agus caiteachas a íocann an oifig Eorpach lena mbaineann go díreach.

6. Chun freastal ar riachtanais airgeadais na hoifige Eorpaí, féadfaidh an Coimisiún cuntais bhainc nó cuntais gíoró postoifige a oscailt ina hainm, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoiste Bainistíochta. Déanfar an staid airgid thirim deiridh i dtaca le gach bliain a imréiteach agus a choigeartú idir an oifig Eorpach lena mbaineann agus an Coimisiún ag deireadh na bliana airgeadais.

## Roinn 2

## Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an aontais

*Airteagal 68*

### Infheidhmeacht i dtaca le Gníomhaireacht Soláthair Euratom

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le cur chun feidhme an bhuiséid do Ghníomhaireacht Soláthair *Euratom*.

*Airteagal 69*

### Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

1. Féadfaidh an Coimisiún cumhachtaí a tharmligean chuig gníomhaireachtaí feidhmiúcháin chun clár nó tionscadal de chuid an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine nó i bpáirt, lena n-áirítear treoirchláir agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus cur chun feidhme caiteachas riaracháin, thar a cheann agus faoina fhreagracht, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 (1). Is le Cinneadh ón gCoimisiún a chuirfear na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin ar bun, agus beidh pearsantacht dhlítheanach acu faoi dhlí an Aontais. Gheobhaidh siad ranníocaíocht bhliantúil.

2. Gníomhóidh stiúrthóirí na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin mar oifigigh údarúcháin trí tharmligean i dtaca le cur chun feidhme na leithreasuithe oibríochtúla a bhaineann leis na cláir de chuid an Aontais a ndéanann siad bainistíocht orthu ina n-iomláine nó i bpáirt.

3. Féadfaidh coiste stiúrtha gníomhaireachta feidhmiúcháin comhaontú leis an gCoimisiún go ngníomhóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin mar oifigeach cuntasaíochta na gníomhaireachta feidhmiúcháin lena mbaineann. Féadfaidh an coiste stiúrtha cuid de chúraimí oifigigh chuntasaíochta na gníomhaireachta feidhmiúcháin lena mbaineann agus breithnithe costais agus tairbhe á gcur san áireamh a thabhairt d'oifigigh chuntasaíochta an Choimisiúin. Sa dá chás, déanfar na socruithe is gá d'fhonn coinbhleacht leasa a sheachaint.

*Airteagal 70*

### Comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 269 den Rialachán seo chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le rialachán réime airgeadais le haghaidh comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh *Euratom* agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad.

2. Bunófar an rialachán réime airgeadais ar na prionsabail agus ar na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní fhéadfaidh rialacha airgeadais na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 imeacht ón rialachán réime airgeadais ach amháin i gcás inar gá sin de bharr a sainriachtanas sin agus faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

4. Is í Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle, a urscaoilfidh cur chun feidhme bhuiséid na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1. Comhoibreoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 go hiomlán le hinstitiúidí an Aontais atá rannpháirteach sa nós imeachta um urscaoileadh agus soláthróidh siad, de réir mar is iomchuí, an fhaisnéis bhreise is gá, lena n-áirítear trí bheith i láthair ag cruinnithe de chuid na gcomhlachtaí ábhartha.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

5. Feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna ar na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 agus na cumhachtaí a fheidhmíonn sé i leith ranna an Choimisiúin.

6. Déanfaidh iniúchóir seachtrach neamhspleách a fhíorú go dtugann cuntais bhliantúla na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo léargas ceart ar ioncam, caiteachas agus staid airgeadais an chomhlachta ábhartha roimh an gcomhdhlúthú i gcuntais deiridh an Choimisiúin. Mura bhforáiltear a mhalairt sa bhunghníomh ábhartha, ullmhóidh an Chúirt Iniúchóirí tuarascáil bhliantúil shonrach maidir le gach comhlacht i gcomhréir le ceanglais Airteagal 287(1) CFAE. Agus an tuarascáil sin á hullmhú aici, breithneoidh an Chúirt Iniúchóirí an obair iniúchóireachta a bheidh déanta ag an iniúchóir seachtrach neamhspleách agus an ghníomhaíocht a bheidh glactha mar fhreagairt ar thorthaí an iniúchóra.

7. Fanfaidh gach gné de na hiniúchtaí seachtracha neamhspleácha dá dtagraítear i mír 6 faoi fhreagracht iomlán na Cúirte Iniúchóirí, na torthaí tuairiscithe san áireamh.

*Airteagal 71*

**Comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí**

Maidir le comhlachtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu, a bhunaítear le bunghníomh agus a bhfuil cur chun feidhme comhpháirtíochta poiblí príobháidí de chúram orthu, glacfaidh siad a rialacha airgeadais féin.

Áireofar leis na rialacha sin sraith prionsabal is gá d'fhonn bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le cistí de chuid an Aontais a áirithiú.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 269 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le heiseamláir de rialachán airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí lena leagfar síos na prionsabail is gá chun bainistíocht fónta airgeadais ar chistí an Aontais a áirithiú agus a bheidh bunaithe ar Airteagal 154.

Ní fhéadfaidh rialacha airgeadais na gcomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí imeacht ón eiseamláir de rialachán airgeadais ach amháin i gcás ina n-éileoidh a sainriachtanais amhlaidh agus faoi réir toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún.

Beidh feidhm ag Airteagal 70(4) go (7) maidir le comhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí.

CAIBIDIL 4

***Gníomhaithe airgeadais***

Roinn 1

**Prionsabal leithscaradh na ndualgas**

*Airteagal 72*

**Dualgais a leithscaradh**

1. Beidh dualgais an oifigigh údarúcháin agus an oifigigh cuntasaíochta leithscartha agus comheisiatach ar a chéile.

2. Cuirfidh gach institiúid Aontais ar fáil do gach gníomhaí airgeadais na hacmhainní a bheidh de dhíth air chun a chuid dualgas a chomhlíonadh agus cairt ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar a chúraimí, a chearta agus a oibleagáidí.

Roinn 2

**Oifigeach údarúcháin**

*Airteagal 73*

**Oifigeach údarúcháin**

1. Comhlíonfaidh gach institiúid Aontais dualgais an oifigigh údarúcháin.

2. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn "foireann" na daoine atá cumhdaithe ag na Rialacháin Foirne.

3. Déanfaidh gach institiúid Aontais dualgais an oifigigh údarúcháin a tharmligean chuig comhaltaí foirne ar an leibhéal iomchuí, i gcomhréir leis na coinníollacha ina rialacha nós imeachta,. Sonróidh sí ina rialacha inmheánacha riaracháin na comhaltaí foirne a dtarmligeann sí na dualgais sin chucu, raon feidhme na gcumhachtaí arna dtarmligean agus an bhféadfaidh na daoine sin a ndéanfar na cumhachtaí a tharmligean chucu na cumhachtaí a fho-tharmligean iad féin.

4. Chuig an bhfoireann amháin a dhéanfar cumhachtaí oifigigh údarúcháin a tharmligean nó a fho-tharmligean.

5. Maidir leis an oifigeach údarúcháin atá freagrach, gníomhóidh sé laistigh de na teorainneacha a shocraítear le hionstraim an tarmligin nó le hionstraim an fho-tharmligin. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin cúnamh a fháil ó chomhalta amháin den fhoireann nó níos mó, atá faoina fhreagracht féin, a bhfuil sé de chúram air oibríochtaí áirithe is gá le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme agus an fhaisnéis airgeadais agus bainistíochta a tháirgeadh.

6. Déanfaidh gach institiúid Aontais agus gach comhlacht de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Chúirt Iniúchóirí agus oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a chur ar an eolas laistigh de dhá sheachtain maidir le hoifigigh údarúcháin trí tharmligean, iniúchóirí inmheánacha agus oifigigh chuntasaíochta a cheapadh agus a ndualgais a fhorceannadh agus maidir le haon rialacha inmheánacha a ghlacfaidh sé i leith cúrsaí airgeadais.

7. Déanfaidh gach institiúid Aontais an Chúirt Iniúchóirí a chur ar an eolas maidir le cinntí tarmligthe agus riarthóirí óinchiste a cheapadh faoi Airteagail 79 agus 88.

*Airteagal 74*

**Cumhachtaí agus dualgais an oifigigh údarúcháin**

1. Beidh an t-oifigeach údarúcháin san institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais freagrach as ioncam agus caiteachas a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear trí thuairisciú ar fheidhmíocht a áirithiú, agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le dlíthiúlacht agus le rialtacht agus le cóir comhionann i ndáil le faighteoirí cláir.

2. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, i gcomhréir le hAirteagal 36 agus leis na híoschaighdeáin arna nglacadh ag gach institiúid Aontais agus ag féachaint go hiomchuí do na rioscaí a bhaineann le cúrsaí bainistíochta agus do chineál na ngníomhaíochtaí arna maoiniú, an struchtúr eagraíochtúil agus na córais rialaithe inmheánaigh atá oiriúnach d'fheidhmiú a dhualgais a chur ar bun. Beidh anailís chuimsitheach riosca ina thacú agus an struchtúr sin agus na córais sin á mbunú agus cuirfidh an anailís sin a gcost-éifeachtacht agus breithnithe feidhmíochta san áireamh.

3. D'fhonn caiteachas a chur chun feidhme, déanfaidh an t-oifigeach atá freagrach gealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla a ghlacadh, caiteachas a bhailíochtú, íocaíochtaí a údarú agus réamhchéimeanna chur chun feidhme na leithreasuithe a ghlacadh ar láimh.

4. D'fhonn ioncam a chur chun feidhme, tarraingeoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach meastacháin suas ar mhéideanna is infhaighte, bunóidh sé teidlíochtaí atá le haisghabháil agus eiseoidh sé orduithe aisghabhála. I gcás inarb iomchuí, tarscaoilfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach teidlíochtaí bunaithe.

5. D'fhonn earráidí agus neamhrialtachtaí a chosc sula ndéanfar na hoibríochtaí a údarú, agus d'fhonn an riosca a laghdú nach mbainfear cuspóirí amach, déanfar rialú *ex-ante* ar a laghad ar gach oibríocht, rialú i ndáil le gnéithe oibríochtúla agus airgeadais na hoibríochta, ar bhonn straitéis rialaithe ilbhliantúil lena gcuirtear riosca san áireamh.

Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chinnfidh méid na rialuithe *ex-ante* a dhéanfar orthu ó thaobh minicíochta agus déine de agus torthaí rialuithe a rinneadh cheana á gcur san áireamh aige mar aon le breithnithe cost-éifeachta agus riosca-bhunaithe, ar bhonn anailís an oifigigh údarúcháin féin ar an riosca. I gcás ina mbeidh amhras fúthu, iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach as na hoibríochtaí ábhartha a bhailíochtú, iarrfaidh sé faisnéis chomhlántach nó déanfaidh sé rialú ar an láthair d'fhonn cinnteacht réasúnta a fháil mar chuid den rialú ex-ante.

I gcás oibríocht ar leith, déanfaidh na comhaltaí foirne nach iad na comhaltaí foirne a thionscain an oibríocht iad an fíorú. Ní bheidh na comhaltaí foirne a dhéanfaidh an fíorú faoi cheannas na gcomhaltaí foirne a thionscain an oibríocht.

6. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean rialuithe *ex post* a chur ar bun chun earráidí agus mírialtachtaí oibríochtaí a bhrath agus a cheartú tar éis a n-údaraithe. Féadfar na rialuithe sin a eagrú ar bhonn samplála de réir riosca agus cuirfear san áireamh na torthaí ar rialuithe a rinneadh cheana agus, chomh maith leis sin, breithnithe cost-éifeachtachta agus feidhmíochta.

Is comhaltaí foirne nach iad an fhoireann atá freagrach as na rialuithe *ex ante* a dhéanfaidh na rialuithe *ex post*. Ní bheidh na comhaltaí foirne atá freagrach as na rialuithe *ex post* faoi cheannas na gcomhaltaí foirne atá freagrach as na rialuithe *ex ante*.

Beidh na rialacha agus na rialacha mionsonraithe, lena n-áirítear tréimhsí ama, le haghaidh iniúchtaí a dhéanamh ar na tairbhithe soiléir, leanúnach agus trédhearcach, agus cuirfear ar fáil iad do na tairbhithe agus an comhaontú á shíniú.

7. Beidh na scileanna is gá ag oifigigh údarúcháin atá freagrach agus ag na comhaltaí foirne atá freagrach as cur chun feidhme an bhuiséid.

I ngach institiúid Aontais déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfaighidh na hoifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean agus a gcuid foirne faisnéis agus oiliúint iomchuí a nuashonraítear go rialta i dtaca leis na caighdeáin rialaithe agus faoi na modhanna agus na teicnící atá ar fáil chun na críche sin;

(b) go ndéanfar bearta, i gcás inar gá, lena áirithiú go bhfuil na córais rialaithe ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil i gcomhréir le mír 2.

8. Má mheasann aon chomhalta foirne atá bainteach le hidirbhearta a bhainistiú ó thaobh airgeadais de agus le hidirbhearta a rialú, maidir le cinneadh ar chuir a oifigeach uachtarach iallach air é a chur i bhfeidhm nó aontú leis, nach bhfuil an cinneadh sin ag teacht le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais ná leis na rialacha gairmiúla nó go bhfuil an cinneadh sin ag teacht salach ar na prionsabail sin nó ar na rialacha gairmiúla sin a cheanglaítear ar an gcomhalta foirne sin a chomhlíonadh, cuirfidh sé a oifigeach uachtarach ar an eolas dá réir sin. Má dhéanann an comhalta foirne sin i scríbhinn, cuirfidh an t-oifigeach uachtarach an freagra i scríbhinn. Má mhainníonn an t-oifigeach uachtarach gníomhú nó má dhearbhaíonn sé an cinneadh nó an treoir tosaigh agus má chreideann an comhalta foirne nach ionann an dearbhú sin agus freagra réasúnach ar an imní, déanfaidh an comhalta foirne an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean a chur ar an eolas i scríbhinn. Mura dtabharfaidh an t-oifigeach sin freagra laistigh de thréimhse réasúnach ama de réir chúinsí an cháis, agus, in aon chás, laistigh de mhí ar a mhéid, cuirfidh an comhalta foirne an painéal ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 143 ar an eolas.

Má bhíonn aon ghníomhaíocht neamhdhleathach nó aon chalaois nó aon éilliú ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, cuirfidh an comhalta foirne na húdaráis ar an eolas agus na comhlachtaí arna n-ainmniú sna Rialacháin Foirne agus i gcinntí institiúidí an Aontais ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le himscrúduithe inmheánacha i ndáil le calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc a dhéanfadh dochar do leasanna an Aontais. Forálfar le conarthaí a dhéanfar le hiniúchóirí eachtracha a dhéanann iniúchtaí ar bhainistiú airgeadais an Aontais maidir le hoibleagáid a bheith ar an iniúchóir eachtrach an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht, calaois nó éilliú amhrasta neamhdhleathach a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais.

9. Tuairisceoidh an t-oifigeach údarúcháin, i bhfoirm tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí, dá institiúid Aontais féin maidir le feidhmiú a dhualgas agus beidh faisnéis airgeadais agus bainistíochta sa tuarascáil sin, lena n-áirítear torthaí na rialuithe agus dearbhú, ach amháin nuair a shonrófar a mhalairt in aon fhorchoimeádas a bhainfidh le réimsí sainiúla ioncaim agus caiteachais, go bhfuil cinnteacht réasúnta aige:

(a) go bhfuil léargas cothrom fíor i bhfaisnéis na tuarascála;

(b) gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh do na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu sa tuarascáil chun na gcríoch ar ceapadh dóibh iad agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais; agus

(c) go dtugann na nósanna imeachta rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart.

Sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí beidh faisnéis ar na hoibríochtaí a rinneadh, trí thagairt a dhéanamh do na cuspóirí agus do na breithnithe feidhmíochta a leagadh amach sna pleananna straitéiseacha, do na rioscaí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin, don úsáid a baineadh as na hacmhainní a soláthraíodh agus d'éifeachtúlacht agus d'éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Áireofar sa tuarascáil measúnú foriomlán ar chostais agus ar thairbhí rialuithe agus faisnéise ar an méid a rannchuidíonn an caiteachas oibríochtúil arna údarú le cuspóirí straitéiseacha an Aontais a bhaint amach agus breisluach de chuid an Aontais a ghiniúint. Ullmhóidh an Coimisiún achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí don bhliain roimhe sin.

Déanfar tuarascálacha bliantúla don bhliain airgeadais ar ghníomhaíochtaí na n-oifigeach údarúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí na n-oifigeach údarúcháin trí tharmligean de chuid institiúidí de chuid an Aonais, chomhlachtaí de chuid an Aonais, oifigí Eorpacha agus ghníomhaireachtaí Eorpacha a fhoilsiú faoin 1 Iúil an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin ar shuíomh idirlín institiúid de chuid an Aonais, chomhlacht de chuid an Aonais, oifig Eorpach nó gníomhaireachtEorpach faoi seach, ar bhealach inrochtana, faoi réir rúndacht a bhfuil bonn cirt cuí léi agus faoi réir tosca slándála.

10. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, maidir le gach bliain airgeadais, conarthaí a thaifead arna dtabhairt i gcrích le nósanna imeachta idirbheartaithe i gcomhréir le pointí (a) go (f) de phointe 11.1 agus pointe 39 d'Iarscríbhinn I. Má thagann ardú suntasach ar chéatadán na nósanna imeachta i ndáil le líon na gconarthaí arna ndeonú ag an oifigeach údarúcháin trí tharmligean céanna i gcomparáid leis na blianta roimhe sin nó más mó go suntasach an céatadán sin ná an meán a taifeadadh d'institiúid sin an Aontais, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach tuarascáil a sheoladh chuig institiúid an Aontais ar na bearta a rinneadh chun an treocht sin a iompú droim ar ais. Cuirfidh gach institiúid Aontais tuarascáil ar nósanna imeachta idirbheartaithe chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I gcás an Choimisiúin, cuirfear an tuarascáil sin i gceangal leis an achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo.

*Airteagal 75*

**Doiciméid tacaíochta a choinneáil ag oifigigh údarúcháin**

Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin córais pháipéarbhunaithe nó leictreonacha ar bun chun doiciméid tacaíochta bhunaidh a choinneáil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid. Coinneofar na doiciméid sin go ceann 5 bliana ar a laghad ón dáta a dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don bhliain airgeadais lena mbaineann na doiciméid.

Gan dochar don chéad fhomhír, déanfar doiciméid a bhaineann le hoibríochtaí a choinneáil ar aon chaoi, is é sin, go deireadh na bliana tar éis na bliana inar dúnadh na hoibríochtaí sin go críochnaitheach.

Déanfar sonraí pearsanta i ndoiciméid tacaíochta a scriosadh, i gcás inar féidir, murar gá na sonraí chun críocha urscaoilte agus rialaithe bhuiséadaigh agus iniúchóireachta buiséadaí. Beidh feidhm ag Airteagal 37(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le sonraí tráchta a chaomhnú.

*Airteagal 76*

**Cumhachtaí agus dualgais chinn thoscaireachtaí an Aontais**

1. I gcás ina ngníomhóidh cinn thoscaireachtaí an Aontais mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 60(2), beidh siad faoi réir an Choimisiúin mar institiúid an Aontais a bheidh freagrach as sainmhíniú, feidhmiú, faireachán agus breithmheas a gcuid dualgas agus freagrachtaí mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean agus oibreoidh siad i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún maidir le cistí a chur chun feidhme mar is iomchuí, d'fhonn dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart airgeadais, urramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais i dtaca le bainistíocht cistí agus cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú go háirithe. Beidh siad faoi réir rialacha inmheánacha an Choimisiúin agus Cairt an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme cúraimí bainistithe airgeadais arna bhfo-tharmligean dóibh. Féadfaidh baill foirne an Choimisiún i dtoscaireachtaí an Aontais cuidiú leo a gcuid dualgas a chur i gcrích.

Chuige sin, déanfaidh Cinn thoscaireachtaí an Aontais na bearta is gá chun cosc a chur ar aon staid inar dócha go gcuirfí cumas an Choimisiúin a fhreagracht as cur chun feidhme an bhuiséid arna fho-tharmligean chucu a chomhlíonadh, agus chun cosc a chur ar aon choinbhleacht tosaíochtaí ar dócha go mbeidh tionchar acu ar chur chun feidhme na gcúraimí bainistíochta airgeadais arna bhfo-tharmligean chucu.

I gcás ina dtiocfaidh staid nó coinbhleacht dá dtagraítear sa dara fomhír chun cinn, cuirfidh cinn thoscaireachtaí an Aontais é sin in iúl gan mhoill do na hArdstiúrthóirí freagracha sa Choimisiún agus in SEGS. Déanfaidh na hArdstiúrthóirí bearta iomchuí chun an scéal a leigheas.

2. Má bhíonn cinn thoscaireachtaí an Aontais i gcás amhail dá dtagraítear in Airteagal 74(8), rachaidh siad i muinín an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143. Má bhíonn aon ghníomhaíocht neamhdhleathach nó aon chalaois nó aon éilliú ann a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, déanfaidh sé na húdaráis agus na comhlachtaí arna n-ainmniú leis an reachtaíocht is infheidhme a chur ar an eolas.

3. Déanfaidh cinn thoscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 60(2), tuarascáil a thabhairt dá n-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ionas go bhféadfaidh an t-oifigeach sin a dtuarascálacha a chorprú ina thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9). Beidh sna tuarascálacha ó Chinn toscaireachtaí an Aontais faisnéis maidir le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras inmheánach rialaithe atá ina dtoscaireachtaí, chomh maith le bainistíocht na n-oibriúchán arna bhfo-tharmligean chucu, agus tabharfar iontu an dearbhú dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 92(5). Déanfar na tuarascálacha sin a chur i gceangal mar iarscríbhinn le tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an oifigigh údarúcháin atá freagrach trí tharmligean agus ba cheart go mbeadh siad sin ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus ag féachaint go hiomchuí do rúndacht na dtuarascálacha sin i gcás inarb iomchuí.

Comhoibreoidh cinn thoscaireachtaí an Aontais go hiomlán le hinstitiúidí an Aontais atá rannpháirteach sa nós imeachta um urscaoileadh agus soláthróidh siad, de réir mar is iomchuí, an fhaisnéis bhreise is gá. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí a iarraidh orthu a bheith i láthair ag cruinnithe de na comhlachtaí ábhartha agus cúnamh a thabhairt don Oifigeach Údarúcháin trí tharmligean atá freagrach.

Déanfaidh cinn thoscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 60(2), freagra a thabhairt ar aon iarraidh a dhéanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean ón gCoimisiún arna iarraidh sin ag an gCoimisiún nó, i gcomhthéacs an urscaoilte, arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa.

Áiritheoidh an Coimisiún nach dochar é don nós imeachta um urscaoileadh faoi Airteagal 319 CFAE na cumhachtaí a fho-tharmligean chuig cinn thoscaireachtaí an Aontais.

4. Beidh feidhm ag mír 1, mír 2, agus mír 3 chomh maith maidir le leas-chinn thoscaireachtaí an Aontais i gcás ina ngníomhaíonn siad mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean má bhíonn cinn thoscaireachtaí an Aontais as láthair.

Roinn 3

**Oifigeach cuntasaíochta**

*Airteagal 77*

**Cumhachtaí agus dualgais an oifigigh cuntasaíochta**

1. Ceapfaidh gach institiúid Aontais oifigeach cuntasaíochta a bheidh freagrach, san institiúid sin, as na nithe seo a leanas:

(a) íocaíochtaí a chur chun feidhme mar is ceart, ioncam a bhailiú agus méideanna arna mbunú mar mhéideanna is infhaighte a aisghabháil;

(b) na cuntais a ullmhú agus a thíolacadh i gcomhréir le Teideal XIII;

(c) na cuntais a choimeád i gcomhréir le hAirteagail 82 agus 84;

(d) na rialacha agus na nósanna imeachta cuntasaíochta agus cairt na gcuntas a leagan síos i gcomhréir le hAirteagail 80 go 84;

(e) na córais chuntasaíochta a leagan síos agus a bhailíochtú agus, i gcás inarb iomchuí, na córais a bhailíochtú a leag an t-oifigeach údarúcháin síos d'fhonn faisnéis chuntasaíochta a sholáthar nó d'fhonn údar a thabhairt léi;

(f) an cisteán a bhainistiú.

I ndáil leis na cúraimí dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír, tabharfar de chumhacht don oifigeach cuntasaíochta a fhíorú tráth ar bith go bhfuil na critéir maidir le bailíochtú á gcomhlíonadh.

2. Is le roinn an bhuiséid a bhaineann le SEGS amháin, mar a chuirfidh SEGS chun feidhme í, a bhainfidh freagrachtaí oifigeach cuntasaíochta an SEGS. Leanfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin de bheith freagrach as roinn an bhuiséid a bhaineann leis an gCoimisiún ina hiomláine, lena n-áirítear oibriúcháin chuntasaíochta a bhaineann le leithreasuithe arna bhfo-tharmligean chuig cinn thoscaireachtaí an Aontais.

Gníomhóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin freisin mar oifigeach cuntasaíochta SEGS i leith chur chun feidhme roinn an bhuiséid a bhaineann le SEGS.

*Airteagal 78*

**Ceapadh an oifigigh cuntasaíochta agus foirceannadh a dhualgas**

1. Déanfaidh gach institiúid Aontais oifigeach cuntasaíochta a cheapadh as measc oifigigh atá faoi réir na Rialachán Foirne.

Déanfaidh institiúid an Aontais an t-oifigeach cuntasaíochta a roghnú ar bhonn a inniúlachta sainiúil i bhfianaise dioplómaí nó taithí choibhéiseach ghairmiúil.

2. Féadfaidh dhá cheann nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais an t-oifigeach cuntasaíochta céanna a cheapadh.

Sa chás sin, déanfaidh siad na socruithe is iomchuí chun aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

3. Déanfar comhardú trialach a tharraingt suas gan moill i gcás ina ndéantar foirceannadh ar dhualgais an oifigigh cuntasaíochta.

4. Déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta a bhfuil a chuid dualgas á bhfoirceannadh nó, murar féidir sin, déanfaidh oifigeach de chuid a roinne an comhardú trialach mar aon le tuarascáil aistrithe a tharchur chuig an oifigeach cuntasaíochta nua.

Síneoidh an t-oifigeach cuntasaíochta nua an comhardú trialach lena ghlacadh laistigh de mhí amháin ó dháta a tharchuir agus féadfaidh sé forchoimeádais a dhéanamh.

Beidh toradh an chomhardaithe thrialaigh agus aon fhorchoimeádais arna ndéanamh sa tuarascáil aistrithe.

*Airteagal 79*

**Cumhachtaí a fhéadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta a tharmligean**

Agus a dhualgais á gcomhlíonadh aige, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta cúraimí áirithe a tharmligean chuig comhaltaí foirne faoina cheannas agus chuig riarthóirí óinchiste arna gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 89(1).

Leagfar síos le hionstraim an tarmligin na cúraimí sin.

*Airteagal 80*

**Rialacha cuntasaíochta**

1. Na rialacha cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí uile an Aontais, ag oifigí Eorpacha agus ag na gníomhaireachtaí agus ag na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 3 den Teideal seo, beidh na rialacha sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta don earnáil phoiblí. Glacfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin na rialacha sin tar éis dul i gcomhairle le hoifigigh chuntasaíochta institiúidí, oifigí agus comhlachtaí eile an Aontais.

2. Féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta imeacht ó na caighdeáin dá dtagraítear i mír 1 má mheasann sé go bhfuil gá leis sin, chun léargas fíorcheart a thabhairt ar shócmhainní agus ar dhliteanais, ar mhuirir, ar ioncam agus ar shreabhadh airgid. I gcás ina n-imeoidh riail chuntasaíochta go bunúsach ó na caighdeáin sin, nochtfaidh na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais an méid sin agus na cúiseanna atá leis.

3. Leagfar síos leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais, mar aon leis na prionsabail chuntasaíochta is bun leis na cuntais.

4. Comhlíonfar leis na tuarascálacha cur chun feidhme buiséid dá dtagraítear in Airteagal 241 na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos sa Rialachán seo. Leo sin cuirfear taifead mionsonraithe ar fáil ar chur chun feidhme an bhuiséid. Déanfaidh siad oibríochtaí ioncaim agus caiteachais a thaifead dá bhforáiltear sa Teideal sin agus léargas cothrom a thabhairt orthu.

*Airteagal 81*

**Na cuntais a eagrú**

1. Déanfaidh oifigeach cuntasaíochta gach institiúide nó comhlachta Aontais doiciméid a tharraingt suas agus a choinneáil nuashonraithe ina gcuirtear síos ar eagrú chuntais agus nósanna imeachta a institiúide nó a chomhlachta féin de chuid an Aontais.

2. I gcóras ríomhairithe, de réir chineál eacnamaíoch na hoibríochta, a choimeádfar taifead ar ioncam agus caiteachas mar ioncam nó caiteachas reatha nó mar chaipiteal.

*Airteagal 82*

**Na cuntais a choinneáil**

1. Is é oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a bheidh freagrach as cairteacha chomhchuibhithe na gcuntas a leagan síos lena gcur i bhfeidhm ag institiúidí uile an Aontais, ag oifigí Eorpacha agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí de chuid an an Aontais dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 3 den Teideal seo.

2. Gheobhaidh na hoifigigh chuntasaíochta ó na hoifigigh údarúcháin an fhaisnéis go léir is gá d'fhonn cuntais a sholáthar a thabharfaidh léargas cothrom maidir le staid airgeadais institiúidí an Aontais agus ar chur chun feidhme an bhuiséid. Tabharfaidh na hoifigigh údarúcháin ráthaíocht maidir lena hiontaofacht.

3. Sula nglacfaidh an institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 na cuntais, cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta a ainm leo á dheimhniú leis sin go bhfuil cinnteacht réasúnta aige go bhfuil léargas cothrom ar staid airgeadais na hinstitiúide nó an chomhlachta de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70.

Chun na críche sin, fíoróidh an t-oifigeach gur ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 80, agus na nósanna imeachta cuntasaíochta, dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 77(1), agus gur iontráladh gach ioncam agus caiteachas sna cuntais.

4. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, chuig an oifigeach cuntasaíochta, i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh ag an oifigeach cuntasaíochta, aon fhaisnéis airgeadais agus bainistíochta atá riachtanach do chomhlíonadh dhualgas an oifigigh cuntasaíochta.

Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin an t-oifigeach cuntasaíochta ar an eolas, go rialta agus ar a laghad tráth dhúnadh na gcuntas, faoi na sonraí airgeadais a bhaineann leis na cuntais bhainc mhuiníneacha chun gur féidir úsáid chistí an Aontais a léiriú i gcuntais an Aontais.

Leanfaidh na hoifigigh údarúcháin de bheith lánfhreagrach as ceartúsáid na gcistí a bhainistíonn siad, as dlíthiúlacht agus as rialtacht an chaiteachais faoina rialú, agus as iomláine agus cruinneas na faisnéise a chuirtear ar aghaidh chuig an oifigeach cuntasaíochta.

5. Tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach fógra don oifigeach cuntasaíochta faoi fhorbairtí nó faoi mhodhnuithe suntasacha a rinneadh ar chóras bainistithe airgeadais, córas fardail, nó córas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais a luacháil, más foinse sonraí é do chuntais institiúid an Aontais nó má úsáidtear é chun bunús a chur leis na sonraí sin, sa chaoi gur féidir leis an oifigeach cuntasaíochta comhlíonadh na gcritéar maidir le bailíochtú a fhíorú.

Féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta córas bainistithe airgeadais arna bhailíochtú cheana a athscrúdú tráth ar bith agus iarraidh ar an oifigeach údarúcháin atá freagrach plean gníomhaíochta a bhunú chun laigí féideartha a cheartú in am agus i dtráth.

Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheidh freagrach as iomláine na faisnéise arna traschur ag an oifigeach cuntasaíochta.

6. Tabharfar de chumhacht don oifigeach cuntasaíochta an fhaisnéis a gheofar a sheiceáil agus aon seiceálacha eile a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheidh riachtanach d'fhonn a ainm a chur leis na cuntais.

Más gá, déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta forchoimeádais agus raon feidhme agus cineál na bhforchoimeádas sin a mhíniú go beacht.

7. Eagrófar le córas cuntasaíochta institiúide Aontais an fhaisnéis bhuiséadach agus airgeadais sa chaoi is gur féidir figiúirí a iontráil, a chomhdú agus a chlárú.

8. Cuntais ghinearálta agus cuntais bhuiséid a bheidh sa chóras cuntasaíochta. Coimeádfar na cuntais in euro agus ar bhonn na bliana féilire.

9. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean cuntais bhainistíochta mhionsonraithe a choinneáil freisin.

10. Déanfar doiciméid tacaíochta a bhaineann leis an gcóras cuntasaíochta agus le hullmhú na gcuntas dá dtagraítear in Airteagal 241 a choinneáil ar feadh 5 bliana ón dáta ar tugadh urscaoileadh don bhliain airgeadais lena mbaineann na doiciméid.

Déanfar doiciméid a bhaineann le hoibríochtaí nár dúnadh go críochnaitheach, áfach, a choinneáil go deireadh na bliana tar éis na bliana inar dúnadh na hoibríochtaí. Beidh feidhm ag Airteagal 37(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir le sonraí tráchta a chaomhnú.

Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais a chinneadh cé an roinn ina gcoimeádfar na doiciméid tacaíochta.

*Airteagal 83*

**Inneachar na gcuntas buiséid agus iad a choinneáil**

1. Taispeánfar sna cuntais bhuiséid, i ngach foroinn den bhuiséad:

(a) i gcás caiteachais:

(i) na leithreasuithe a údaraíodh sa bhuiséad, lena n-áirítear na leithreasuithe a iontráladh sna buiséid leasaithe, na leithreasuithe a tugadh anonn, na leithreasuithe atá ar fáil tar éis an t-ioncam sannta a bhailiú, aistrithe na leithreasuithe agus iomlán na leithreasuithe atá ar fáil;

(ii) na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe íocaíochta i leith na bliana airgeadais roimhe sin;

(b) i gcás ioncaim:

(i) na meastacháin a iontráladh sa bhuiséad, lena n-áirítear na meastacháin a iontráladh sna buiséid leasaithe, an t-ioncam sannta agus méid iomlán an ioncaim mheasta;

(ii) na teidlíochtaí a bunaíodh agus na méideanna arna n-aisghabháil i leith na bliana airgeadais;

(c) na gealltanais atá fós le híoc agus an t-ioncam a tugadh ar aghaidh ó na blianta roimhe sin agus atá fós le haisghabháil.

Déanfar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe íocaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a iontráil agus a thaispeáint ar leithligh.

2. Taispeánfar ar leithligh sna cuntais bhuiséid:

(a) úsáid na leithreasuithe a tugadh anonn agus na leithreasuithe don bhliain airgeadais sin;

(b) imréiteach na ngealltanas gan íoc.

Ar thaobh an ioncaim, taispeánfar ar leithligh na méideanna atá fós le haisghabháil ó na blianta airgeadais roimhe sin.

*Airteagal 84*

**Cuntais ghinearálta**

1. Taifeadfar sna cuntais ghinearálta, in ord croineolaíoch agus ag baint úsáid as an modh iontrála dúbailte, gach teagmhas agus gach oibríocht a mbíonn tionchar acu ar an staid eacnamaíoch agus airgeadais agus ar shócmhainní agus ar dhliteanais institiúidí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus chomhlachtaí an Aontais dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 3 den Teideal seo.

2. Déanfar iarmhéideanna agus gluaiseachtaí sna cuntais ghinearálta a iontráil sna mórleabhair chuntasaíochta.

3. Beidh gach iontráil chuntasaíochta, lena n-áirítear coigeartuithe ar na cuntais, bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta, agus tagróidh na hiontrálacha dóibh.

4. Ní mór córas cuntasaíochta a bheith ann a fhágann rian soiléir iniúchóireachta le haghaidh gach iontrála cuntasaíochta.

*Airteagal 85*

**Cuntais bhainc**

1. Maidir le ceanglais bainistithe an chisteáin, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta cuntais a oscailt in ainm institiúid an Aontais le hinstitiúidí airgeadais eile nó le bainc cheannais náisiúnta nó féadfaidh sé a chur faoi deara na cuntais sin a oscailt. Beidh an t-oifigeach cuntasaíochta freagrach chomh maith as cuntais a dhúnadh nó as a áirithiú go ndúntar iad.

2. Forálfar leis na téarmaí lena rialaítear oscailt, oibríocht agus úsáid cuntas bainc, ag brath ar cheanglais rialaithe inmheánacha, go ndéanfaidh comhalta foirne cuí-údaraithe amháin nó níos mó seiceanna, orduithe aistrithe creidmheasa bainc nó aon oibríochtaí baincéireachta eile a shíniú. Déanfaidh ar a laghad beirt chomhaltaí foirne arna n-údarú go hiomchuí, nó an t-oifigeach cuntasaíochta, treoracha i scríbhinn a shíniú.

3. I gcomhthéacs clár nó gníomhaíocht a chur chun feidhme, féadfar cuntais mhuiníneacha a oscailt thar ceann an Choimisiúin, ionas go bhféadfaidh eintiteas iad a bhainistiú de bhun phointe (c)(ii), (iii), (v) nó (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1).

Is faoi fhreagracht an oifigigh údarúcháin atá i bhfeighil chur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta agus i gcomhaontú le hoifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin a osclófar na cuntais sin.

Is faoi fhreagracht an oifigigh údarúcháin a bhainisteofar na cuntais sin.

4. Déanfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin rialacha a leagan síos maidir le cuntais mhuiníneacha a oscailt, a bhainistiú agus a dhúnadh agus maidir lena n-úsáid.

*Airteagal 86*

**An cisteán a bhainistiú**

1. Is don oifigeach cuntasaíochta amháin a thabharfar de chumhacht airgead tirim agus coibhéis airgid a bhainistiú, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán seo. Beidh an t-oifigeach cuntasaíochta freagrach as iad a choimeád slán.

2. Áiritheoidh an t-oifigeach cuntasaíochta go bhfuil ag a institiúid Aontais féin cistí leordhóthanacha chun riachtanais airgid thirim a thagann as cur chun feidhme buiséadach laistigh den chreat rialála lena mbaineann a chumhdach agus bunóidh sé nósanna imeachta lena áirithiú nach mbeidh aon cheann de na cuntais arna n-oscailt i gcomhréir le hAirteagal 85(1) agus Airteagal 89(3) ar dochar.

3. Déanfar íocaíochtaí le haistriú creidmheasa bainc, le seic, nó ó chuntais óinchiste, nó má údaraíonn an t-oifigeach cuntasaíochta sin go sonrach, le cárta dochair nó le modh íocaíochta eile, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos ag an oifigeach cuntasaíochta.

Sula rachaidh sé isteach i ngealltanas dlíthiúil le tríú páirtí, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin céannacht an íocaí a dheimhniú, eintiteas dlítheanach agus sonraí íocaíochta an íocaí a bhunú agus iad a iontráil sa chomhchomhad de réir na hinstitiúide de chuid an Aontais as a bhfuil an t-oifigeach cuntasaíochta freagrach chun trédhearcacht, cuntasacht agus cur chun feidhme íocaíochta cuí a áirithiú.

Féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta íocaíochtaí a dhéanamh i gcás inar iontráladh eintiteas dlítheanach agus sonraí íocaíochta an íocaí i gcomhchomhad roimh ré de réir institiúid an Aontais as a bhfuil an t-oifigeach cuntasaíochta freagrach, agus sa chás sin amháin.

Cuirfidh oifigigh údarúcháin an t-oifigeach cuntasaíochta ar an eolas faoi aon athrú sna sonraí dlíthiúla agus íocaíochta a chuirfidh an t-íocaí in iúl dóibh agus seiceálfaidh siad go bhfuil na sonraí sin bailí sula n-údaróidh siad aon íocaíocht.

*Airteagal 87*

**Fardal na sócmhainní**

1. Coinneoidh institiúidí an Aontais agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 3 den Teideal seo fardail lena léirítear méid agus luach a gcuid sócmhainní inláimhsithe, neamh-inláimhsithe agus airgeadais uile i gcomhréir le heiseamláir a tharraingeoidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin suas.

Seiceálfaidh siad freisin go gcomhfhreagraíonn na hiontrálacha ina gcuid fardal faoi seach don staid iarbhír.

Míreanna a fuarthas ar mó a dtréimhse úsáide ná aon bhliain amháin, nach tomhaltáin iad, agus ar mó a bpraghas ceannaigh nó a gcostas táirgthe ná an costas a léirítear leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 77, déanfar iad a iontráil agus a thaifead i gcuntais na sócmhainní seasta.

2. Déanfar fógraíocht chuí ar shócmhainní inláimhsithe an Aontais a bheith á ndíol.

3. Glacfaidh institiúidí an Aontais agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais dá dtagraítear i Roinn 2 de Chaibidil 3 den Teideal seo na forálacha maidir leis na sócmhainní arna gcuimsiú ina bhfardail faoi seach agus déanfaidh siad cinneadh faoin roinn riaracháin atá freagrach as an gcóras fardail.

## Roinn 4

## An riarthóir óinchiste

*Airteagal 88*

**Cuntais óinchiste**

1. Féadfar cuntais óinchiste a bhunú chun caiteachas a íoc, i gcás nach bhféadfar nó nach bhfuil sé éifeachtúil oibríochtaí íocaíochta a dhéanamh leis na gnáthnósanna buiséadacha toisc gur teoranta na méideanna atá i gceist. Féadfar cuntais óinchiste a bhunú freisin chun ioncam nach acmhainní dílse a bhailiú.

I dtoscaireachtaí de chuid an Aontais, féadfar cuntais óinchiste a úsáid chun méideanna teoranta a íoc, le nósanna imeachta buiséadacha, más éifeachtúil agus más éifeachtach an úsáid sin de réir riachtanais áitiúla.

Bunóidh an t-oifigeach cuntasaíochta an méid is mó a fhéadfaidh an riarthóir óinchiste a íoc i gcás nach féidir oibríochtaí íocaíochtaí a dhéanamh go hábhartha trí nósanna imeachta buiséid, nó i gcás ina mbeidh sé neamhéifeachtúil iad a dhéanamh, agus, ní bheidh sé, in aon chás, níos mó ná EUR 60 000 do gach aon mhír chaiteachais.

Mar sin féin, féadfar leas a bhaint as cuntais óinchiste, i dtaca le cabhair um bainistiú géarchéime agus i dtaca le hoibríochtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil, agus ní chuirfear aon teorainn leis an méid a bheidh i gceist agus urramófar leibhéal na leithreasuithe arna gcinneadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle maidir leis an líne buiséid chomhfhreagrach don bhliain reatha airgeadais agus i gcomhréir le rialacha inmheánacha an Choimisiúin.

2. I dtoscaireachtaí an Aontais, bunófar cuntais óinchiste chun caiteachas ó ranna an bhuiséid a bhaineann leis an gCoimisiún agus le SEGS a íoc, ar chaoi agus go n-áiritheofar inrianaitheacht iomlán an chaiteachais.

*Airteagal 89*

**Cuntais óinchiste a chruthú agus a riar**

1. Is le cinneadh ó oifigeach cuntasaíochta institiúid an Aontais a chruthófar cuntas óinchiste agus a cheapfar riarthóir óinchiste, ar bhonn molta chuí-réasúnaithe ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach. Leagfar amach leis an gcinneadh sin freagrachtaí agus oibleagáidí an riarthóra óinchiste agus an oifigigh údarúcháin faoi seach.

Déanfar riarthóirí óinchiste a roghnú as measc na n-oifigeach, nó i gcás inar gá nó i gcásanna eile cuí-réasúnaithe, as measc comhaltaí foirne eile nó i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i rialacha inmheánacha an Choimisiúin as measc an phearsanra atá fostaithe ag an gCoimisiún i réimse na n-oibríochtaí cabhrach um bainistiú géarchéime agus oibríochtaí cabhrach daonnúla ar choinníoll go ráthaítear lena gconarthaí leibhéal coibhéiseach cosanta maidir le dliteanas mar is infheidhme maidir le comhaltaí foirne de bhun Airteagal 95. Déanfar riarthóirí a roghnú ar bhonn a gcuid eolais, scileanna agus ar bhonn na gcáilíochtaí áirithe atá acu i bhfianaise dioplómaí nó taithí ghairmiúil iomchuí, nó tar éis dóibh clár oiliúna iomchuí a dhéanamh.

2. Nuair a thíolacfar tograí le haghaidh cinntí lena gcruthaítear cuntas óinchiste, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid a leanas:

(a) go dtabharfar tosaíocht d'úsáid na nósanna imeachta buiséid i gcás ina mbeidh rochtain ar an gcóras cuntasaíochta ríomhairithe lárnach;

(b) nach n-úsáidfear cuntais óinchiste ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe.

I gcás ina ndéanann sé cinneadh cuntas óinchiste a chruthú, déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta téarmaí oibríochta agus na coinníollacha maidir le húsáid an chuntais óinchiste a shonrú.

Is le cinneadh ó oifigeach cuntasaíochta na hinstitiúide a dhéanfar téarmaí oibríochta cuntais óinchiste a leasú, ar thogra cuí-réasúnaithe ón oifigeach údarúcháin atá freagrach.

3. Is é an t-oifigeach cuntasaíochta a osclóidh agus a dhéanfaidh faireachán ar na cuntais bhainc don óinchiste agus is é a údaróidh na sínithe tarmligthe ar thogra cuí-réasúnaithe ón oifigeach údarúcháin atá freagrach.

4. Is é oifigeach cuntasaíochta institiúid an Aontais a mhaoineoidh na cuntais óinchiste agus is faoi fhreagracht riarthóirí óinchiste a chuirfear na cuntais sin.

5. Déanfar íocaíochtaí a leanúint le cinntí bailíochtaithe deiridh foirmiúla nó le horduithe íocaíochta arna síniú ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach.

Socróidh an t-oifigeach údarúcháin na hidirbhearta óinchiste faoi dheireadh na míosa ina dhiaidh sin, sa chaoi gur féidir an comhardú cuntasaíochta agus an comhardú bainc a réiteach.

6. Déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta seiceálacha, nó cuirfidh sé faoi deara ag comhalta foirne ina roinn féin nó sa roinn údarúcháin a chumhachtófar go sonrach chun na críche sin iad a dhéanamh. Cuirfear na seiceálacha sin i gcrích, mar riail ghinearálta, ar an láthair, agus i gcás inar gá, gan foláireamh a thabhairt, lena fhíorú gurb ann do na cistí arna leithdháileadh ar na riarthóirí óinchiste agus don leabharchoimeád agus lena sheiceáil an ndearnadh idirbhearta óinchiste a shocrú laistigh den teorainn ama a leagadh síos. Cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta torthaí na seiceálacha sin in iúl don oifigeach údarúcháin atá freagrach.

*CAIBIDIL 5*

***Dliteanas na ngníomhaithe airgeadais***

Roinn 1

**Rialacha ginearálta**

*Airteagal 90*

**An tarmligean cumhachtaí a tharraingt siar agus dualgais na ngníomhaithe airgeadais a chur ar fionraí**

1. Maidir leis na hoifigigh údarúcháin atá freagrach, féadfaidh an t-údarás a cheap na hoifigigh sin an tarmligean sin nó an fo-tharmligean sin a tharraingt siar, aon tráth, go sealadach nó go cinntitheach.

2. Maidir leis an oifigeach cuntasaíochta, leis na riarthóirí óinchiste, nó maidir leo araon, féadfaidh an t-údarás a cheap na riarthóirí sin iad a chur ar fionraí, aon tráth, go sealadach nó go cinntitheach, óna ndualgais.

3. Ní dochar mír 1 ná mír 2 d'aon bheart araíonachta a ghlacfar i leith na ngníomhaithe airgeadais dá dtagraítear sna míreanna sin.

*Airteagal 91*

**Dliteanas gníomhaithe airgeadais maidir le gníomhaíocht neamhdhleathach, calaois, nó éilliú**

1. Ní dochar an Chaibidil seo d'aon dliteanas faoin dlí coiriúil a d'fhéadfadh na gníomhaithe airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 90 a thabhú mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta is infheidhme agus sna forálacha atá i bhfeidhm maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh an Aontais nó oifigigh na mBallstát i dtreis ann.

2. Gan dochar d'Airteagal 92, d'Airteagal 94, ná d'Airteagal 95, beidh gach oifigeach údarúcháin atá freagrach, gach oifigeach cuntasaíochta nó gach riarthóir óinchiste faoi dhliteanas beart araíonachta agus beidh siad faoi dhliteanas cúiteamh a íoc mar a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó, i gcás an phearsanra atá fostaithe ag an gCoimisiún i réimse na n-oibríochtaí cabhrach um bainistiú géarchéime agus oibríochtaí cabhrach daonnúla amhail dá dtagraítear in Airteagal 89(1) den Rialachán seo, mar a leagtar síos ina gconarthaí fostaíochta. I gcás aon ghníomhaíochta mídhleathaí nó aon chalaoise nó aon éillithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, tarchuirfear an cás chuig na húdaráis agus na comhlachtaí arna n-ainmniú leis an reachtaíocht is infheidhme, go háirithe OLAF.

Roinn 2

**Na rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh údarúcháin atá freagrach**

*Airteagal 92*

**Na rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh údarúcháin**

1. Beidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach faoi dhliteanas cúiteamh a íoc mar a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

2. Maidir leis an oibleagáid cúiteamh a íoc, beidh feidhm aici, go háirithe, i gcás ina ndéanann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach aon cheann de na nithe seo a leanas, cibé acu d'aon turas é nó le mórfhaillí dá chuid:

(a) na teidlíochtaí a bheidh le haisghabháil a chinneadh nó orduithe aisghabhála a eisiúint, gealltanas a thabhairt maidir le caiteachas nó ordú íocaíochta a shíniú gan an Rialachán seo a chomhlíonadh;

(b) mura dtarraingeoidh an t-oifigeach údarúcháin suas doiciméad lena suitear méid is infhaighte, mura n-eiseoidh sé ordú aisghabhála nó má tá moill air agus ordú íocaíochta á eisiúint aige, rud a fhágfaidh go bhféadfadh tríú páirtithe caingean shibhialta a thabhairt i gcoinne institiúid an Aontais.

3. Oifigeach údarúcháin trí tharmligean nó trí fho-tharmligean a gheobhaidh treoir cheangailteach a mheasfaidh sé a bheith mírialta nó ag teacht salach ar phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe toisc nach féidir an treoir a chur i gcrích i ngeall ar líon na n-acmhainní a leithdháileadh air, cuirfidh sé sin in iúl i scríbhinn don údarás a bhronn an tarmligean nó an fo-tharmligean air. Má dhearbhaítear an treoir i scríbhinn agus má fhaightear an dearbhú sin in am agus i dtráth agus cruth sách soiléir air, sa mhéid go ndéantar tagairt go sainráite ann do na pointí a ndearna an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean nó an t-oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean agóid ina leith, ní chuirfear aon dliteanas ar an oifigeach údarúcháin trí tharmligean ná ar an oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean. Cuirfidh sé an treoir i gcrích, ach amháin más léir go bhfuil sí neamhdhleathach nó go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta ábhartha á sárú aici.

Beidh feidhm ag an nós imeachta céanna i gcásanna ina measann oifigeach údarúcháin, maidir le cinneadh a bheidh sé de fhreagracht air a dhéanamh, go bhfuil sé mírialta nó go bhfuil sé ag teacht salach ar phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, nó i gcás ina bhfaigheann oifigeach údarúcháin amach, le linn dó treoir cheangailteach a chur i gcrích, go bhféadfadh imthosca an cháis a bheith ina gcúis le staid den chineál sin.

Aon treoracha a dhearbhaítear sna himthosca dá dtagraítear sa mhír seo, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean atá freagrach iad a thaifeadadh agus déanfaidh sé iad a lua ina thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí.

4. I gcás ina ndéanfar fo-tharmligean laistigh dá sheirbhís, is é an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean a bheidh freagrach i gcónaí as éifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras bainistíochta inmheánaí agus na gcóras rialaithe inmheánaigh atá ann agus is é a bheidh freagrach freisin as an oifigeach údarúcháin trí fho-tharmligean a roghnú.

5. I gcás fo-tharmligean chuig cinn thoscaireachtaí an Aontais agus chuig a n-ionadaithe, beidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean freagrach as sainiú na gcóras bainistíochta inmheánaí agus rialaithe inmheánaigh atá ann, mar aon le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na gcóras sin. Beidh cinn thoscaireachtaí an Aontais freagrach as bunú agus feidhmiú leordhóthanach na gcóras sin, i gcomhréir le treoracha an oifigigh údarúcháin trí tharmligean, agus as bainistíocht na gcistí agus na ngníomhaíochtaí a dhéanann siad laistigh de thoscaireacht an Aontais atá faoina gcúram. Sula rachaidh siad i mbun a ndualgas, caithfidh siad cúrsaí oiliúna sainiúla a dhéanamh ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí na n-oifigeach údarúcháin agus ar chur chun feidhme an bhuiséid.

Ullmhóidh cinn thoscaireachtaí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 76(3), tuarascáil maidir lena bhfreagrachtaí de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo.

Gach bliain, soláthróidh cinn thoscaireachtaí an Aontais dearbhú d'oifigeach údarúcháin trí tharmligean an Choimisiúin maidir leis na córais bainistíochta inmheánaí agus rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun ina dtoscaireacht, mar aon le dearbhú maidir le bainistiú oibríochtaí a dhéantar a fho-tharmligean chucu agus torthaí na n-oibríochtaí sin, chun a cheadú don oifigeach údarúcháin an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 74(9) a dhéanamh.

Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le leas-chinn thoscaireachtaí an Aontais i gcás ina ngníomhaíonn siad mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean má bhíonn cinn thoscaireachtaí an Aontais as láthair.

*Airteagal 93*

**An chaoi a ndéileálfar le neamhrialtachtaí airgeadais a rinne ball foirne**

1. Gan dochar do chumhachtaí OLAF agus do neamhspleáchas rialacháin institiúidí de chuid an Aontais, comhlachtaí de chuid an Aontais, oifigí Eorpacha nó comhlachtaí nó daoine ar cuireadh de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha in CBES a chur chun feidhme de bhun Theideal V de CAE i leith na gcomhaltaí dá bhfoireann agus an aird chuí a thabhairt ar chosaint na sceithirí, déanfar aon sárú ar an Rialachán seo, nó ar fhoráil a bhaineann le bainistíocht airgeadais nó le seiceáil oibríochtaí a bheidh mar thoradh ar ghníomh nó ar fhaillí a dhéanann comhalta foirne, déanfaidh aon duine díobh seo thíos an sárú sin a chur faoi bhráid painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 le haghaidh tuairime:

(a) an t-údarás ceapacháin a bhfuil bearta araíonachta de chúram air;

(b) an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, lena n-áirítear cinn thoscaireachtaí an Aontais agus a n-ionadaithe a bhíonn ag feidhmiú mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 60(2) nuair nach mbíonn na cinn i láthair.

I gcás ina gcuirfidh an comhalta foirne an painéal ar an eolas go díreach, tarchuirfidh sé an comhad chuig údarás ceapacháin na hinstitiúide de chuid na Aontais, an chomhlachta de chuid an Aontais, na hoifige Eorpaí nó na comhlachta nó an duine lena mbaineann de chuid an Aontais agus cuirfidh sé an comhalta foirne ar an eolas dá réir sin. Féadfaidh an t-údarás ceapacháin tuairim an phainéil ar an gcás a iarraidh.

2. Beidh cur síos ag gabháil le hiarraidh ar thuairim an phainéil de bhun na chéad fhomhíre de mhír 1, ar na fíricí agus an neamhghníomh faoinar iarradh measúnú ón bpainéal, mar aon le doiciméid ábhartha tacaíochta, lena n-áirítear tuarascála ar aon imscrúdú a rinneadh. Aon uair is féidir, cuirfear an fhaisnéis amach i ndíth ainm.

Sula gcuirfidh an t-údarás ceapacháin nó an t-oifigeach údarúcháin, de réir mar is cuí, iarratas nó aon fhaisnéis bhreise chuig an bpainéal, tabharfaidh siad deis don chomhalta foirne lena mbaineann barúlacha a chur faoina bhráid, tar éis dó fógra a tabhairt don chomhalta foirne maidir leis na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, chomh fada agus nach mbaineann an fógra sin an bonn ar bhealach tromchúiseach d'imscrúduithe breise.

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh an painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 inniúil chun a mheasúnú, ar bhonn na n-eilimintí a cuireadh faoina bhráid de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus de bhun aon fhaisnéis bhreise a fuarthas, an raibh neamhrialtacht airgeadais ann. Ar bhonn thuairim an phainéil, cinnfidh an institiúid de chuid an Aontais, an comhlacht de chuid an Aontais, an oifig Eorpach nó an comhlacht nó an duine lena mbaineann na gníomhaíochtaí leantacha is iomchuí i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne. Má aimsíonn an painéal deacrachtaí sistéamacha, cuirfidh sé a mholadh chuig an oifigeach údarúcháin agus chuig an oifigeach údarúcháin trí tharmligean, ach amháin más é an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean an comhalta foirne atá i gceist, agus cuirfidh sé chuig an iniúchóir inmheánach freisin é.

4. I gcás ina dtabharfaidh an painéal an tuairim dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh na comhaltaí dá dtagraítear in Airteagal 143(2) ar an bpainéal, mar aon le triúr comhaltaí breise mar a luaitear thíos, a cheapfar agus á chur san áireamh gur gá nach mbeidh aon choinbhleachtaí leasa ann:

(a) ionadaí ón údarás ceapacháin, de chuid na hinstitiúide de chuid an Aontais, an chomhlachta de chuid an Aontais, na hoifige Eorpaí nó an chomhlachta nó an duine lena mbaineann, a bhfuil bearta araíonachta de chúram air;

(b) comhalta a cheapfaidh coiste foirne na hinstitiúide de chuid an Aontais, an chomhlachta de chuid an Aontais, na hoifige Eorpaí nó an chomhlachta nó an duine lena mbaineann;

(c) comhalta de chuid sheirbhís dlí institiúid sin an Aontais a fhostaíonn an comhalta foirne lena mbaineann.

I gcás ina dtabharfaidh an painéal an tuairim dá dtagraítear i mír 1, déanfar í a dhíriú chuig údarás ceapacháin na hinstitiúide de chuid an Aontais, an chomhlachta de chuid an Aontais, na hoifige Eorpaí nó an chomhlachta nó an duine lena mbaineann.

5. Ní bheidh cumhachtaí imscrúdaitheacha ag an bpainéal. Comhoibreoidh an institiúid de chuid an Aontais, an comhlacht de chuid an Aontais, an oifig Eorpach nó an comhlacht nó an duine lena mbaineann leis an bpainéal d'fhonn a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ar fad aige a theastóidh uaidh chun a thuairim a thabhairt.

6. I gcás ina measann an painéal gur ábhar is ceart fágáil faoi OLAF é an cás, cuirfidh sé, i gcomhréir le mír 1, an comhad chuig an údarás ceapacháin iomchuí gan mhoill agus cuirfidh sé OLAF ar an eolas láithreach.

7. Tabharfaidh na Ballstáit lántacaíocht don Aontas le linn fhorfheidhmiú aon dliteanais faoi Airteagal 22 de Rialacháin Foirne, i leith foireann shealadach a bhfuil feidhm ag pointe (e) d'Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach maidir léi.

## Roinn 3

## **Na rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh chuntasaíochta agus riarthóirí óinchistE**

*Airteagal 94*

### **Na rialacha is infheidhme maidir le hoifigigh chuntasaíochta**

Beidh oifigeach cuntasaíochta faoi dhliteanas beart araíonachta agus faoi dhliteanas cúiteamh a íoc, mar a leagtar síos sna nósanna imeachta atá sna Rialacháin Foirne agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta sin. Féadfaidh, go háirithe, mar thoradh ar aon cheann de na cineálacha mí-iompair seo a leanas oifigeach cuntasaíochta a chur faoi dhliteanas:

(a) airgead, sócmhainní nó doiciméid faoina chúram a chailleadh nó damáiste a dhéanamh dóibh;

(b) cuntais bhainc nó cuntais ghíoró oifige poist a athrú go mícheart;

(c) méideanna nach bhfuil i gcomhréir leis na horduithe aisghabhála ná leis na horduithe íocaíochta comhfhreagrach a aisghabháil nó a íoc;

(d) mainniú ioncam atá dlite a bhailiú.

*Airteagal 95*

### **Na rialacha is infheidhme maidir le riarthóirí óinchiste**

Féadfaidh mar thoradh ar aon cheann de na cineálacha mí-iompair seo a leanas riarthóir óinchiste a chur faoi dhliteanas:

(a) airgead, sócmhainní nó doiciméid faoina chúram a chailleadh nó damáiste a dhéanamh dóibh;

(b) mainniú na doiciméid is iomchuí a sholáthar a thacaíonn leis na híocaíochtaí a rinne sé;

(c) íocaíochtaí a dhéanamh le daoine seachas na daoine atá ina dteideal;

(d) mainniú ioncam atá dlite a bhailiú.

*CAIBIDIL 6*

## ***Oibríochtaí ioncaim***

## Roinn 1

## **Acmhainní dílse a chur ar fáil**

*Airteagal 96*

### **Acmhainní dílse**

1. Maidir le meastachán ar ioncam a thagann as acmhainní dílse, amhail dá dtagraítear i gCinneadh 2014/335/AE, *Euratom*, déanfar é a iontráil sa bhuiséad in euro. Cuirfear na hacmhainní dílse comhfhreagracha ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 609/2014.

2. Tarraingeoidh an t-oifigeach údarúcháin sceideal suas ina léireofar an uair a chuirfear na hacmhainní dílse arna sainmhíniú i gCinneadh 2014/335/EU, *Euratom* ar fáil don Choimisiún.

Déanfar acmhainní dílse a shuí agus a aisghabháil i gcomhréir leis na rialacha arna nglacadh de bhun an Chinnidh sin.

Chun críocha cuntasaíochta, eiseoidh an t-oifigeach údarúcháin ordú aisghabhála i ndáil le sócmhainní agus dócmhainní don chuntas le haghaidh acmhainní dílse dá dtagraítear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

Roinn 2

**Na méideanna is infhaighte a mheas**

*Airteagal 97*

**Na méideanna is infhaighte a mheas**

1. Nuair atá ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach aon fhaisnéis leordhóthanach iontaofa i leith beart nó staid a bhféadfadh méid a bheadh dlite don Aontas a theacht as, déanfaidh an t-oifigeach sin meastachán ar an méid is infhaighte.

2. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid is infhaighte a choigeartú a luaithe is eol dó eachtra a bheith ann a athraíonn an beart nó ar an staid arbh é ba chúis leis an meastachán a dhéanamh.

Agus ordú aisghabhála á bhunú maidir le beart nó staid ar tháinig meastachán ar na méideanna is infhaighte as roimhe sin, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an meastachán sin a choigeartú dá réir sin.

Má tharraingítear suas an t-ordú aisghabhála don mhéid céanna agus an bunmheastachán ar na méideanna is infhaighte, laghdófar an meastachán go nialas.

3. De mhaolú ar mhír 1, ní dhéanfar aon mheastachán ar an méid is infhaighte sula ndéanfaidh na Ballstáit méideanna na n-acmhainní dílse atá sainithe i gCinneadh 2014/335/CE, *Euratom*, a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ar méideanna iad a íocann na Ballstáit ag tráthanna réamhshocraithe. Eiseoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ordú aisghabhála i ndáil leis na méideanna sin.

Roinn 3

**Na méideanna is infhaighte a shuí**

*Airteagal 98*

**Na méideanna is infhaighte a shuí**

1. Chun méid is infhaighte a shuí, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid seo a leanas:

(a) fíorú gurb ann don fhiach;

(b) cinneadh nó fíorú go bhfuil an fiach ann go fírinneach agus cinnfidh sé nó fíoróidh sé méid an fhéich sin; agus

(c) na coinníollacha faoina bhfuil an fiach dlite a fhíorú.

Is éard a bheidh i suí méid is infhaighte, ceart an Aontais i leith féichiúnaí a aithint agus teidlíocht a shuí lena n-éileofar ar an bhféichiúnaí an fiach a íoc.

2. Aon mhéid is infhaighte agus a shainaithnítear mar mhéid atá cinnte, socraithe agus dlite, déanfar é a shuí le hordú aisghabhála lena dtabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach treoir don oifigeach cuntasaíochta an méid a aisghabháil. Cuirfear nóta sochair ina dhiaidh sin chuig an bhféichiúnaí láithreach i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 4, ach amháin i gcásanna ina ndéanfar nós imeachta um tharscaoileadh gan mhoill. Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a tharraingeoidh suas an t-ordú aisghabhála agus an nóta dochair araon.

Seolfaidh an t-oifigeach údarúcháin an nóta dochair gan mhoill tar éis dó an méid is infhaighte a shuí, agus ar a dhéanaí laistigh de thréimhse 5 bliana ón uair a bheidh institiúid an Aontais, faoi ghnáthchúinsí, in ann an fiach a éileamh. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse sin i gcás ina suífidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach gurbh é iompar an fhéichiúnaí ba chúis leis an moill a bhí ar an ngníomhaíocht, d'ainneoin na n-iarrachtaí a rinne institiúid an Aontais.

3. Chun méid is infhaighte a shuí, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil an méid is infhaighte cinnte, is é sin nach bhfuil sé faoi réir coinníoll ar bith;

(b) go bhfuil an méid is infhaighte socraithe, arna shloinneadh go cruinn i dtéarmaí airgead tirim;

(c) go bhfuil an méid is infhaighte dlite agus nach bhfuil sé faoi réir am íocaíochta faoi leith;

(d) go bhfuil mionsonraí an fhéichiúnaí ceart;

(e) go bhfuil an méid iontráilte faoin mír bhuiséadach cheart;

(f) go bhfuil na doiciméid tacaíochta in ord; agus

(g) go gcomhlíonfar prionsabal na bainistíochta airgeadais fónta, go háirithe i ndáil leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 101(2).

4. Is é a dhéanfar leis an nóta dochair a chur in iúl don fhéichiúnaí:

(a) go bhfuil an méid is infhaighte suite ag an Aontas;

(b) má ghlantar an fiach laistigh den sprioc-am, mar a shonraítear sa nóta dochair, nach mbeidh aon ús mainneachtana dlite;

(c) má mhainnítear íocaíocht an fhéich laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír seo íocfar ús uirthi de réir an ráta dá dtagraítear in Airteagal 99, gan aon dochar d'aon rialacháin ar leith is infheidhme;

(d) má mhainnítear íocaíocht an fhéich faoin sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) déanfaidh institiúid an Aontais aisghabháil trí fhritháireamh nó trí aon ráthaíocht a taisceadh roimh ré a fhorfheidhmiú;

(e) i gcásanna eisceachtúla inar gá leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus ina mbeidh bonn cuí ag an oifigeach cuntasaíochta lena mheas go gcaillfí an méid atá dlite don Aontas, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta aisghabháil a dhéanamh le fritháireamh roimh an sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b);

(f) mura ndéanfar an méid iomlán a aisghabháil, tar éis di na bearta uile a leagtar i bpointe (a) go pointe (e) den fhomhír seo a dhéanamh, déanfaidh institiúid de chuid an Aontais aisghabháil trí chinneadh a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 100(2) nó le caingean dlí.

I gcás ina ndéanfar mionsonraí an fhéichiúnaí a fhíorú nó ar bhonn aon fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ag an am, agus inar léir go dtagann an fiach faoi na cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 101(2), nó nár seoladh an nóta dochair i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an t-oifigeach, tar éis an méid is infhaighte a shuí, cinneadh an aisghabháil a tharscaoileadh go díreach i gcomhréir le hAirteagal 101 gan an nóta dochair a sheoladh, le comhaontú ón oifigeach cuntasaíochta.

I ngach cás eile, priontálfaidh an t-oifigeach údarúcháin an nóta dochair agus seolfaidh sé chuig an bhféichiúnaí é. Cuirfear an t-oifigeach cuntasaíochta ar an eolas gur seoladh an nóta dochair tríd an gcóras faisnéise airgeadais.

5. Déanfar méideanna a íocadh trí dhearmad a aisghabháil.

*Airteagal 99*

**Ús mainneachtana**

1. Gan dochar d'aon fhorálacha sonracha a d'eascair as cur i bhfeidhm rialachán sonrach, íocfar ús ar aon mhéid is infhaighte nach mbeidh aisíoctha tráth an sprioc-ama dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4), íocfar ús air i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo.

2. Ach amháin sa chás dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, is é an ráta úis a bheidh ann le haghaidh méideanna is infhaighte nach mbeidh aisíoctha tráth an sprioc-ama dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4), is é a bheidh ann an ráta úis a bheidh an Banc Ceannas Eorpach á chur i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí sin, ó dháta íoctha an méid sin agus an méid seo curtha leis:

(a) ocht bpointe céatadáin i gcás gur conradh soláthair nó conradh i gcomhair seirbhís is cúis leis an oibleagáid;

(b) trí phointe céatadáin go leith i ngach cás eile.

3. Ríomhfar an t-ús ón gcéad lá féilire tar éis an sprioc-ama dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4) go dtí an lá féilire a mbeidh an fiach aisíoctha ina iomláine.

Eiseofar an t-ordú aisghabhála a chomhfhreagróidh do mhéid an úis mainneachtana nuair a gheofar an t-ús sin iarbhír.

4. I gcás fíneálacha agus pionóis eile, is é an ráta úis a bheidh ann le haghaidh méideanna is infhaighte nach mbeidh íoctha laistigh den sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4), is é a bheidh ann an ráta úis a mbeidh an Banc Ceannas Eorpach á chur i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí sin, ó dháta íoctha an mhéid sin agus an méid seo curtha leis:

(a) aon phointe céatadáin go leith i gcás inar chuir an féichiúnaí ráthaíocht airgeadais ar fáil agus gur ghlac an t-oifigeach cuntasaíochta í in ionad íocaíochta;

(b) trí phointe céatadáin go leith i ngach cás eile.

I gcás ina ndéanfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus í ag feidhmiú a inniúlachta faoi Airteagal 261 CFAE, méid fíneála nó pionóis eile a mhéadú, tosófar ag gearradh ús ar mhéid an mhéadaithe ó dháta an bhreithiúnais ón gCúirt.

5. I gcásanna ina mbeadh an ráta foriomlán úis diúltach, socrófar é ag náid faoin gcéad.

Roinn 4

**Gnóthú a údarú**

*Airteagal 100*

**Gnóthú a údarú**

1. Tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ordú don oifigeach cuntasaíochtaméid is infhaighte arna suí ag an oifigeach údarúcháin sin a aisghabháil ("údarú aisghabhála").

2. Féadfaidh institiúid de chuid an Aontais méid a shuí go foirmiúil mar mhéid is infhaighte ó dhaoine seachas ó Stáit trí chinneadh a dhéanamh a bheidh in-fhorfheidhmithe de réir bhrí Airteagal 299 CFAE.

Más gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach tráthúil, féadfaidh institiúidí eile de chuid an Aontais, in imthosca eisceachtúla, a iarraidh go nglacfadh an Coimisiún cinneadh infheidhmithe sin chun a dtairbhe i dtaobh éileamh maidir le foireann nó i dtaobh comhaltaí nó iarchomhaltaí d'institiúid de chuid an Aontais, ar choinníoll go bhfuil na modúlachtaí praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo aontaithe ag na hinstitiúidí sin leis an gCoimisiún.

Measfar go mbeidh na himthosca eisceachtúla sin ann nuair nach mbeidh aon fhéidearthacht ann don institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann aisghabháil a dhéanamh trí bhíthinn íocaíocht dheonach nó trí bhíthinn fritháireamh dá bhforáiltear in Airteagal 101(1) agus nach gcomhlíontar na coinníollacha leis an bhfiachas a aisghabháil faoi Airteagail 101(2) agus (3). Sna cásanna uile, sonrófar sa chinneadh infheidhmithe go n-iontrálfar na méideanna atáthar a éileamh sa roinn sin den bhuiséad a bhaineann leis an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais, agus gníomhóidh an institiúid sin mar oifigeach údarúcháin. Iontrálfar an t-ioncam mar ioncam ginearálta ach amháin más ioncam sannta é dá bhforáiltear in Airteagal 21(3).

Cuirfidh institiúid de chuid an Aontais is iarrthóir an Coimisiún ar an eolas faoi aon imthosca is dócha a athróidh an aisghabháil agus déanfaidh sí idirghabháil chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún i gcás achomharc i gcoinne an chinnidh infheidhmithe.

Roinn 5

**Gnóthú**

*Airteagal 101*

**Rialacha maidir le gnóthú**

1. Rachaidh an t-oifigeach cuntasaíochta i mbun gnímh maidir le horduithe aisghabhála i ndáil le méideanna is infhaighte arna shuí go hiomchuí ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin a dhícheall cuí a áirithiú go bhfaighidh an tAontas a ioncam agus áiritheoidh sé go gcosnófar cearta an Aontais.

Beidh an aisíocaíocht i bpáirt a dhéanfaidh féichiúnaí atá faoi réir roinnt orduithe aisghabhála a bhreacadh sa teidlíocht is sine murar shonraigh an féichiúnaí a mhalairt. Cumhdóidh aon íocaíochtaí i bpáirt an t-ús ar dtús.

Aisghabhfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta méideanna atá dlite don bhuiséad trína bhfritháireamh i gcomhréir le hAirteagal 102.

2. Féadfaidh an t-oifigeach atá freagrach aisghabháil iomlán méid is infhaighte arna shuí nó cuid den mhéid sin sna cásanna seo a leanas amháin:

(a) i gcás nach mbeadh an costas aisghabhála is intuartha os cionn an méid atá le haisghabháil agus nach ndéanfadh an tarscaoileadh dochar d'íomhá an Aontais;

(b) i gcás nach féidir an méid is infhaighte a aisghabháil mar gheall ar a aois, ar mhoill ar sheoladh an nóta dochair sna téarmaí arna sainmhíniú in Airteagal 98(2), ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí, nó ar aon imeachtaí dócmhainneachta eile;

(c) i gcás nach bhfuil aisghabháil ag teacht le prionsabal na comhréireachta.

I gcás ina mbeartóidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach aisghabháil a tharscaoileadh nó a tharscaoileadh i bpáirt i leith méid is infhaighte arna shuí, áiritheoidh sé nó sí go mbeidh an tarscaoileadh in eagar agus go mbeidh sé i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na comhréireachta. Beidh bunús leis an gcinneadh maidir leis an aisghabháil a tharscaoileadh. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin an chumhacht maidir leis an gcinneadh sin a ghlacadh a tharmligean.

3. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 2, gníomhóidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach i gcomhréir leis na nósanna imeachta réamhshocraithe arna mbunú laistigh de gach institiúid de chuid Aontais agus cuirfidh sé i bhfeidhm na critéir seo a leanas atá éigeantach agus infheidhme sna cásanna uile:

(a) na fíorais, agus a thromchúisí atá an neamhrialtacht lena gcinnfear an méid is infhaighte (calaois, coir a rinneadh níos mó ná uair amháin, intinn, dícheall, macántacht, earráid shoiléir);

(b) an tionchar a bheadh ag tarscaoileadh na haisghabhála ar oibríocht an Aontais agus ar a leasanna airgeadais (an méid atá i gceist, an riosca go ndéanfaí fasach, an bonn a bhaint d'údarás an dlí).

4. Ag brath ar imthosca an cháis, cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na critéir seo a leanas san áireamh, i gcás inarb iomchuí:

(a) aon saobhadh ar an iomaíocht a thiocfadh as tarscaoileadh na haisghabhála;

(b) an díobháil, idir eacnamaíoch agus shóisialta, a dhéanfaí dá n-aisghabhfaí an fiach ina iomláine.

5. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Eorpach gach bliain maidir leis na tarscaoiltí a dheonaigh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais de bhun mhíreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo. Déanfar faisnéis maidir le tarscaoiltí faoi EUR 60 000 a chur ar fáil mar mhéid iomlán. I gcás an Choimisiúin, cuirfear an tuarascáil sin mar iarscríbhinn leis an achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9).

6. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach méid is infhaighte arna bhunú a chur ar ceal ina iomláine nó i bpáirt. Ní hionann méid is infhaighte arna shuí a chur ar ceal i bpáirt agus an teidlíocht bhunaithe de chuid an Aontais atá fágtha a tharscaoileadh.

Má dhéantar botún, cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid is infhaighte arna shuí ar ceal i bpáirt nó go hiomlán agus tabharfaidh sé cúiseanna leordhóthanacha leis sin.

Leagfaidh gach institiúid de chuid an Aontais síos ina rialacha inmheánacha na rialacha, na coinníollacha agus an nós imeachta maidir leis an gcumhacht méid is infhaighte arna shuí a chur ar ceal.

7. Is ag na Ballstáit a bheidh an phríomhfhreagracht as rialuithe agus iniúchtaí a dhéanamh agus as méideanna a caitheadh go míchuí a aisghabháil, mar a fhoráiltear i rialacha earnáilsonracha. A mhéid a bhraitheann agus a cheartaíonn na Ballstáit neamhrialtachtaí ina gcuntas féin, beidh siad díolmhaithe ó cheartuithe airgeadais arna ndéanamh ag an Coimisiún maidir leis na neamhrialtachtaí sin.

8. Déanfaidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais ar Bhallstáit chun caiteachas a tabhaíodh i gcoinne dhlí an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún a cheartuithe airgeadais a bhunú ar mhéideanna a caitheadh go míchuí a shainaithint agus ar na himpleachtaí airgeadais ó thaobh bhuiséad an Aontais de. I gcás nach féidir na méideanna sin a shainaithint go beacht, féadfaidh an Coimisiún ceartuithe eachtarshuite nó ceartuithe ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha.

Déanfaidh an Coimisiún, agus méid an cheartaithe airgeadais á chinneadh aige, cineál an tsáraithe ar an dlí is infheidhme agus a thromchúisí atá sé mar aon leis na himpleachtaí airgeadais ó thaobh an bhuiséid de a chur san áireamh, lena n-áirítear easnaimh sna córais bainistithe agus rialaithe.

Féadfar na critéir le haghaidh ceartuithe airgeadais a shuí agus an nós imeachta a bheidh le leanúint a leagan síos i rialacha earnáilsonracha.

9. Déanfar an modh le haghaidh ceartuithe eachtarshuite nó ceartuithe ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm a leagan síos i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha chun gur féidir leis an gCoimisiún leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

*Airteagal 102*

**Gnóthú trí fhritháireamh**

1. I gcás ina mbeidh éileamh ag an bhféichiúnaí ar an Aontas, nó ar ghníomhaireacht feidhmiúcháin atá ag cur an bhuiséid chun feidhme, agus más cinnte an t-éileamh sin de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 98(3), agus gur méid socraithe atá dlite de réir suim a suíodh le hordú íocaíochta, aisghabhfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta, tar éis don sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4) dul in éag, na méideanna a suíodh is infhaighte le fritháireamh.

I gcásanna eisceachtúla inar gá leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus ina mbeidh bonn cuí ag an oifigeach cuntasaíochta lena mheas go gcaillfí an méid atá dlite don Aontas, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta aisghabháil a dhéanamh le fritháireamh sula dtéann an sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4) in éag.

Lena chois sin, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta freisin aisghabháil a dhéanamh le fritháireamh sula dtéann an sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4) in éag nuair a thoileoidh an féichiúnaí leis sin.

2. Sula rachaidh sé i mbun aon aisghabháil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, rachaidh an t-oifigeach cuntasaíochta i gcomhairle leis an oifigeach údarúcháin atá freagrach agus cuirfidh sé na féichiúnaithe lena mbaineann ar an eolas faoi sin, lena n-áirítear na modhanna sásaimh i gcomhréir le hAirteagal 133.

I gcás inar údarás náisiúnta nó ceann dá eintitis riaracháin é an féichiúnaí, cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta an Ballstát lena mbaineann ar an eolas freisin go bhfuil sé beartaithe aige úsáid a bhaint as aisghabháil le fritháireamh faoi cheann 10 lá oibre ar a laghad roimh an am a bhainfidh sé úsáid as. Mar sin féin, i gcomhaontú leis an mBallstát nó leis an eintiteas riaracháin lena mbaineann, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta dul i mbun na haisghabhála le fritháireamh roimh an sprioc-am sin.

3. Beidh an éifeacht chéanna ag an bhfritháireamh dá dtagraítear i mír 1 agus atá ag íocaíocht agus urscaoilfear an tAontas leis an bhfritháireamh sin i leith mhéid an fhéich agus, i gcás inarb iomchuí, i leith mhéid an úis.

*Airteagal 103*

**An nós imeachta deonach aisghabhála i gcás nach n-íocfar an méid go deonach**

1. Gan dochar d'Airteagal 102, murar aisghabháladh an méid iomlán faoin sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4), cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ar an eolas faoi sin agus seolfaidh sé gan mhoill an nós imeachta maidir le haisghabháil a dhéanamh le haon mhodhanna atá le fáil sa dlí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí aon ráthaíocht a taisceadh roimhe sin a fhorfheidhmiú.

2. Gan dochar d'Airteagal 102, i gcás nach bhféadfar an modh aisghabhála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a úsáid agus gur mhainnigh an féichiúnaí íoc mar fhreagra ar litir fhoirmiúil fógartha a chuir an t-oifigeach cuntasaíochta, déanfaidhan t-oifigeach cuntasaíochta aisghabháil trí chinneadh a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 100(2) nó le caingean dlí.

*Airteagal 104*

**Am breise le haghaidh íocaíochta**

Féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta, i gcomhar leis an oifigeach údarúcháin atá freagrach, am breise a cheadú le haghaidh íocaíochta má rinne an féichiúnaí iarratas i scríbhinn ina raibh tuairisc iomchuí ar na cúiseanna a bhí leis an iarratas sin, agus sa chás sin amháin, agus ar acht go mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

(a) gur gheall an féichiúnaí go n-íocfadh sé ús ar an ráta a shonraítear in Airteagal 99 le haghaidh na tréimhse breise a ceadaíodh, ón sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4) ar aghaidh;

(b) chun cearta an Aontais a chosaint, gur thaisc an féichiúnaí ráthaíocht airgeadais a chumhdaíonn an fiach atá le híoc sa phríomhshuim agus san ús, ráthaíocht a ghlac oifigeach cuntasaíochta institiúid de chuid an Aontais.

Féadfar ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach ó thríú páirtí arna fhaomhadh ag oifigeach cuntasaíochta institiúid de chuid an Aontais a chur in ionad na ráthaíochta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad mhír.

I gcásanna eisceachtúla, ar iarratas ón bhféichiúnaí, féadfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta an ceanglas ráthaíocht a bheith ann dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad mhír a tharscaoileadh nuair a bheidh an féichiúnaí, ar bhonn a mheasúnaithe, sásta agus ábalta an íocaíocht a dhéanamh faoi cheann na tréimhse breise ama ach nach mbeidh sé ábalta an ráthaíocht sin a thaisceadh agus é a bheith ar anás airgeadais.

*Airteagal 105*

**Tréimhse teorann**

1. Gan dochar d'fhorálacha rialachán sonrach ná do chur i bhfeidhm Chinneadh 2014/335/AE, *Euratom*, beidh teidlíochtaí an Aontais i leith tríú páirtithe agus teidlíochtaí tríú páirtithe i leith an Aontais faoi réir tréimhse teorann 5 bliana.

2. Cuirfear tús le tréimhse teorann theidlíochtaí an Aontais i leith tríú páirtithe nuair a thiocfaidh an sprioc-am dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 98(4).

Cuirfear tús le tréimhse teorainn theidlíochtaí tríú páirtí i leith an Aontais ar an dáta a mbeidh íocaíocht theidlíocht an tríú páirtí dlite de réir an gealltanas dlíthiúil comhfhreagrach.

3. Brisfear tréimhse teorann theidlíochtaí an Aontais i leith tríú páirtithe le haon ghníomhaíocht a dhéanfaidh institiúid Aontais, nó Ballstát agus é nó í ag gníomhú ar iarratas institiúide Aontais, ar tugadh fógra fúithi agus atá dírithe ar an bhfiach a aisghabháil.

Brisfear tréimhse teorainn theidlíochtaí tríú páirtí i leith an Aontais le haon ghníomhaíocht ar thug creidiúnaithe an Aontais fógra fúithi dó nó ar tugadh fógra fúithi dó thar ceann a chreidiúnaithe agus a bheidh dírithe ar an bhfiach a aisghabháil.

4. Cuirfear tús le tréimhse teorann nua 5 bliana ar an lá tar éis na mbristí dá dtagraítear i mír 3.

5. Brisfidh aon chaingean dlí a bhaineann le teidlíocht amhail dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear caingne a tugadh os comhair cúirt a dhearbhaigh ina dhiaidh sin nach raibh dlínse aici, brisfidh an chaingean sin an tréimhse teorann. Ní chuirfear tús le tréimhse teorann nua 5 bliana go dtí go dtabharfar breithiúnas ag a bhfuil feidhm res judicata nó go ndéanfar réiteach seachbhreithiúnach idir na páirtithe céanna ar an gcaingean chéanna.

6. I gcás ina gceadóidh an t-oifigeach cuntasaíochta am breise le haghaidh na híocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 104, measfar gur briseadh ar an tréimhse teorainn sin. Cuirfear tús leis an tréimhse teorann nua 5 bliana ar an lá tar éis don am breise le haghaidh na híocaíochta dul in éag.

7. Ní aisghabhfar teidlíochtaí an Aontais tar éis don tréimhse teorann dá dtagraítear i míreanna 2 go 6, dul in éag.

*Airteagal 106*

**Conas caitheamh le teidlíochtaí de chuid an Aontais sna Ballstáit**

I gcás nósanna imeachta um dhócmhainneacht, tabharfar an chóir fhabhrach chéanna do theidlíochtaí an Aontais agus a thugtar do theidlíochtaí den chineál céanna atá dlite do chomhlachtaí poiblí sna Ballstáit ina ndéanfar na himeachtaí maidir le haisghabháil.

*Airteagal 107*

**Fíneálacha, pionóis eile, smachtbhannaí agus ús fabhraithe arna bhforchur ag institiúidí an Aontais**

1. Ní iontrálfar sa bhuiséad méideanna a gheofar trí fhíneálacha, trí phionóis eile, trí smachtbhannaí ná aon ús fabhraithe nó ioncam eile a gineadh dá mbarr, fad atá na cinntí lenar forchuireadh iad a faoi réir achomharc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó fad a fhéadfaidís fós teacht faoi réir achomhairc.

2. Iontrálfar sa bhuiséad na méideanna dá dtagraítear i mír 1 a luaithe is féidir tar éis gach leigheas dlíthiúil a bheith ídithe. In imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo nó i gcás gach leigheas dlíthiúil a bheith ídithe tar éis an 1 Meán Fómhair an bhliain airgeadais reatha, féadfar na méideanna a iontráil sa bhuiséad an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

Ní iontrálfar sa bhuiséad méideanna a bheidh le tabhairt ar ais don eintiteas a d'íoc iad tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le cinntí i dtaobh cuntais a imréiteach ná i dtaobh ceartuithe airgeadais.

*Airteagal 108*

**Fíneálacha, pionóis nó smachtbhannaí eile arna bhforchur ag institiúidí an Aontais a aisghabháil**

1. I gcás ina dtabharfar caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne cinneadh ó institiúid de chuid an Aontais lenar forchuireadh fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna faoi CFAE nó faoi Chonradh *Euratom* agus go dtí go mbeidh na leigheasanna dlíthiúla uile ídithe, déanfaidh an féichiúnaí na méideanna lena mbaineann a íoc go sealadach isteach sa chuntas bainc a d'ainmnigh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin nó ráthaíocht airgeadais a thabhairt a bheidh inghlactha ag oifig cuntasaíochta an Choimisiúin. Beidh an ráthaíocht sin neamhspleách ar an oibleagáid an fhíneáil, an pionóis eile nó an smachtbhanna a íoc agus beidh sí in-fhorfheidhmithe nuair a iarrfar é. Cumhdóidh sí an t-éileamh i leith na príomhshuime agus an úis atá dlite mar a shonraítear in Airteagal 99(4).

2. Urróidh an Coimisiún na méideanna a bailíodh trí iad a infheistiú i sócmhainní airgeadais, sa chaoi go mbeidh sábháilteacht agus leachtacht an airgid sin áirithithe agus go mbeifear ag díriú freisin ar bhrabús a dhéanamh.

3. Nuair a bheidh na leigheasanna dlíthiúla uile ídithe agus i gcás inar dheimhnigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an fhíneáil, an pionós eile nó an smachtbhanna, nó mura bhféadfadh an Chúirt an cinneadh lenar forchuireadh an fhíneáil, an pionós eile nó an smachtbhanna sin a bheith faoi réir achomharc os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, déanfar ceann de na bearta seo a leanas:

(a) iontrálfar na méideanna a bailíodh go sealadach agus an brabús a rinneadh orthu isteach sa bhuiséad i gcomhréir le hAirteagal 107(2;

(b) i gcás inar taisceadh ráthaíocht airgeadais, forfheidhmeofar í agus iontrálfar na méideanna comhfhreagracha sa bhuiséad.

I gcás inar mhéadaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an fhíneáil, an pionós eile nó an smachtbhanna, beidh feidhm ag pointe (a) agus ag pointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo maidir le méideanna suas le méideanna an chéad chinnidh ó institiúid de chuid an Aontais nó, más infheidhme, suas leis an méid a leagadh síos i mbreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a tugadh roimhe sin le linn na n-imeachtaí céanna. Baileoidh oifigeach bailiúcháin an Choimisiúin an méid atá comhfhreagrach don mhéadú agus don ús a bheidh dlite mar a shonraítear in Airteagal 99(4) agus iontrálfar an méid sin sa bhuiséad.

4. Nuair a bheidh na leigheasanna dhlíthiúla uile ídithe agus i gcás inar cealaíodh an fhíneáil, an pionós eile nó an smachtbhanna, nó inar laghdaíodh an méid, déanfar ceann de na bearta seo a leanas:

(a) aisíocfar na méideanna a bailíodh go sealadach, nó i gcás laghdú, an chuid ábhartha den tsuim sin, leis an tríú páirtí lena mbaineann agus aon bhrabús a rinneadh á chur san áireamh;

(b) i gcás inar taisceadh ráthaíocht airgeadais, scaoilfear í dá réir.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, i gcás inar méid diúltach an brabús foriomlán ar an méid a bailíodh go sealadach, bainfear an caillteanas a tabhaíodh ón méid a bheidh le haisíoc.

*Airteagal 109*

**Ús cúiteach**

Gan dochar d'Airteagal 99(2) agus Airteagal 116(5) agus i gcásanna seachas fíneálacha, pionóis eile agus smachtbhannaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 107 agus Airteagal 108, nuair atá méid le haisíoc de bharr breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó mar thoradh ar réiteach cairdiúil, is é an ráta úis a bheidh ann an ráta úis a bheidh an Banc Ceannas Eorpach á chur i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí. Ní bheidh an ráta úis diúltach. Cuirfear tús leis an ús ó dháta íoctha an mhéid atá le haisíoc go dtí an dáta a mbeidh an aisíocaíocht dlit.

I gcásanna ina mbeadh an ráta foriomlán úis diúltach, socrófar ag nialas faoin gcéad é.

*CAIBIDIL 7*

***Oibríochtaí caiteachais***

*Airteagal 110*

**Cinntí maoiniúcháin**

1. Ní dhéanfar gealltanas buiséadach go dtí go nglacfaidh an institiúid de chuid an Aontais nó an t-údarás ar tharmlig an institiúid de chuid an Aontais cumhachtaí chucu, cinneadh maoiniúcháin. Cinntí bliantúla agus débhliantúla a bheidh sna cinntí maoiniúcháin sin.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo i gcás leithreasuithe le haghaidh oibríochtaí gach institiúide de chuid an Aontais faoina neamhspleáchas riaracháin ar féidir iad a chur chun feidhme gan bunghníomh i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 58(2), oibríochtaí a bhaineann le caiteachas ar thacaíocht riaracháin agus le ranníocaíochtaí leis na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71.

2. San am céanna, is ionann an cinneadh maoiniúcháin agus an clár oibre bliantúil nó ilbhliantúil agus glacfar é, de réir mar is iomchuí, a luaithe is féidir tar éis ghlacadh an dréachtbhuiséid agus, i bprionsabal, tráth nach déanaí ná an 31 Márta le linn bhliain an chur chun feidhme. I gcás ina bhforáiltear sa bhunghníomh ábhartha do mhódúlachtaí faoi leith maidir le cinneadh maoiniúcháin nó le clár oibre a ghlacadh nó leis an dá rud sin a ghlacadh, cuirfear na módúlachtaí sin i bhfeidhm ar an gcuid sin den chinneadh maoiniúcháin arb é an clár oibre é, agus riachtanais an bhunghnímh sin á gcomhlíonadh. Foilseofar an chuid de arb é an clár oibre é ar shuíomh gréasáin institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais díreach tar éis a ghlactha agus sula gcuirfear chun feidhme é. Beidh an méid iomlán a chumhdóidh an cinneadh maoiniúcháin leagtha síos sa chinneadh féin agus beidh tuairisc ann ar na gníomhaíochtaí a bheidh le maoiniú. Sonrófar ann:

(a) an bunghníomh agus an líne buiséid;

(b) na cuspóirí a bheidh aige agus na torthaí a mbeidh coinne leo;

(c) na modhanna cur chun feidhme;

(d) aon fhaisnéis bhreise a cheanglaítear leis an mbunghníomh a thabhairt le haghaidh an chláir oibre.

3. De bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 2, leagfar an méid seo a leanas síos sa chinneadh maoiniúcháin:

(a) maidir le deontais: an cineál iarratasóirí ar a bhfuil an glao ar mholtaí nó ar dhámhachtain dhíreach dírithe agus an clúdach buiséadach foriomlán atá curtha i leataobh le haghaidh na ndeontas;

(b) maidir le soláthairtí: an clúdach buiséadach foriomlán atá curtha i leataobh le haghaidh soláthairtí;

(c) i ndáil le ranníocaíochtaí isteach i gcistí iontaobhais de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 234: na leithreasuithe atá curtha i leataobh le haghaidh an chiste iontaobhais don bhliain sin maille leis na méideanna atá beartaithe i rith na bliana sin, ón mbuiséad mar aon le méideanna ó dheontóirí eile;

(d) maidir le duaiseanna: an cineál rannpháirtithe a bhfuil an comórtas dírithe orthu, an clúdach buiséadach foriomlán atá curtha i leataobh le haghaidh an chomórtais agus tagairt shonrach do dhuaiseanna ag a bhfuil luach aonaid EUR 1 000 000 nó níos mó;

(e) maidir le hionstraimí airgeadais: an méid atá leithdháilte ar an ionstraim airgeadais;

(f) i gcás bainistíocht indíreach: an duine nó an t-eintiteas a bhfuil cistí de chuid an Aontais á gcur chun feidhme aige nó aici de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó na critéir atá le húsáid chun an duine nó an t-eintiteas a roghnú;

(g) maidir le ranníocaíochtaí le saoráidí measctha nó ardáin mheasctha: an méid atá leithdháilte ar an tsaoráid mheasctha nó ar an ardán measctha agus liosta na n-eintiteas atá páirteach sa tsaoráid mheasctha nó san ardán measctha;

(h) maidir le ráthaíochtaí buiséadacha: méid an tsoláthair bhliantúil agus, i gcás inarb infheidhme, an méid den ráthaíocht bhuiséadach atá le scaoileadh.

4. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean aon fhaisnéis bhreise a chur isteach a mheasfar is iomchuí, bíodh sé sa chinneadh airgeadais ábhartha arb é an clár oibre é nó in aon doiciméad eile a foilsíodh ar shuíomh gréasáin institiúid an Aontais.

Beidh cinneadh airgeadais ilbhliantúil comhsheasmhach leis an gclárú airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 41(2) agus sonrófar ann go bhfuil cur chun feidhme an chinnidh sin faoi réir infhaighteacht leithreasuithe buiséadacha do na blianta airgeadais faoi seach tar éis ghlacadh an bhuiséid nó mar a fhoráiltear dó i gcóras na ndóú cuid déag shealadacha.

5. Gan dochar d'aon fhoráil shonrach i mbunghníomh, aon athrú substainteach ar chinneadh maoiniúcháin a glacadh cheana, déanfar é i gcomhréir leis an nós imeachta a raibh an cinneadh tosaigh faoina réir.

*Airteagal 111*

**Oibríochtaí caiteachais**

1. Déanfar gach mír chaiteachais a ghealladh, a bhailíochtú, a údarú agus a íoc.

Ag deireadh na dtréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 114, saorfar an t-iarmhéid nár úsáideadh de chuid na ngealltanas buiséadach.

Agus é ag feidhmiú oibríochtaí, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach go mbeidh an caiteachas i gcomhréir leis na Conarthaí, leis an mbuiséad, leis an Rialachán seo agus le gníomhartha eilea glacadh de bhun na gconarthaí agus le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais chomh maith.

2. Is é an t-aon oifigeach údarúcháin amháin a ghlacfaidh gealltanais bhuiséadacha agus gealltanais dhlíthiúla, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Go háirithe, i réimse na bainistíochta rioscaí agus na n-oibríochtaí cabhrach daonnúla, féadfaidh cinn thoscaireachtaí Aontais, nó, ina n-éagmais sin, a n-ionadaithe, gealltanais dhlíthiúla a shíniú, ar ordú a fháil chuige sin dóibh ó oifigeach údarúcháin an Choimisiúin atá freagrach agus a bheidh lánfhreagrach, dá ainneoin sin, as an mbun-idirbheart. An pearsanra atá fostaithe ag an gCoimisiún i réimse na cabhrach um bainistiú géarchéime agus na n-oibríochtaí cabhrach daonnúla, féadfaidh siad gealltanais dhlíthiúla a shíniú a bhaineann le híocaíocht a rinneadh as cuntais óinchiste nach mó a luach ná EUR 2 500.

Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach gealltanas buiséadach sula rachaidh sé faoi chomhair gealltanas dlíthiúil le tríú páirtithe nó sula n-aistreoidh sé cistí isteach i gciste iontaobhais de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 234.

Ní bheidh feidhm ag an dara fomhír den mhír seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gealltanais dlíthiúla arna dtabhairt i gcrích tar éis géarchéim a bheith fógartha faoi chuimsiú an phlean um leanúnachas gnó, i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna nglacadh ag an gCoimisiún nó ag aon institiúid de chuid an Aontais eile de bhua a neamhspleáchais riaracháin;

(b) i gcás oibríochtaí cabhrach daonnúla, oibríochtaí cosanta sibhialta agus cabhrach um bainistiú géarchéime, má éilítear go ndéanfaidh an tAontas gealltanas dlíthiúil le tríú páirtithe d'fhonn idirghabháil an Aontais a chur chun críche go héifeachtach agus murar féidir gealltanas buiséadach aonair a chur sna cuntais roimh ré.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) den tríú fomhír, déanfar an gealltanas buiséadach a chur sna cuntais gan mhoill tar éis gealltanas dlíthiúil a bheith déanta le tríú páirtí.

3. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach caiteachas a bhailíochtú trí ghlacadh leis go ndéanfar mír chaiteachais a mhuirearú ar an mbuiséad, tar éis dó na doiciméid tacaíochta a sheiceáil ar fianaise iad ar theidlíocht an chreidiúnaí de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa ghealltanas dlíthiúil má tá gealltanas dlíthiúil ann. Chun na críche sin, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin a bheidh freagrach:

(a) a fhíorú an bhfuil teidlíocht ag an gcreidiúnaí;

(b) a chinneadh nó a fhíorú an bhfuil fíoréileamh ann agus an méid atá i gceist leis an éileamh, tríd an bhformhuiniú "deimhnithe a bheith ceart";

(c) na coinníollacha faoina bhfuil an íocaíocht dlite a fhíorú.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag bailíochtú an chaiteachais freisin maidir le tuarascálacha eatramhacha nó deiridh nach mbaineann le hiarratas ar íocaíocht: sa chás sin is ar na cuntais ghinearálta amháin a imrítear tionchar.

4. Cuirfear an cinneadh maidir le bailíochtú in iúl le síniú leictreonach sláni gcomhréir le hAirteagal 146 ón oifigeach údarúcháin nó ó chomhalta foirne ag a bhfuil inniúlacht theicniúil a cumhachtaíodh chuige sin le cinneadh foirmiúil ón oifigeach údarúcháin, nó go heisceachtúil, le haghaidh sreabh oibre pháipéir, cuirfear an cinneadh in iúl le stampa ar a bhfuil an síniú sin.

Leis an bhformhuiniú “deimhnithe a bheith ceart”, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, nó comhalta foirne ag a bhfuil inniúlacht theicniúil ar thug an t-oifigeach údarúcháin an chumhacht sin dó go cuí, déanfaidh sé a dheimhniú:

(a) i gcás réamh-mhaoinithe: go bhfuil na coinníollacha a bhaineann le gealltanas dlíthiúil go n-íocfar an réamh-mhaoiniú comhlíonta;

(b) i gcás íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí iarmhéid i gconarthaí: gur soláthraíodh mar ba cheart na seirbhísí dá bhforáiltear sa chonradh, gur seachadadh na soláthairtí mar ba cheart nó go ndearnadh an obair mar ba cheart;

(c) i gcás íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí iarmhéid a bhaineann le deontais: go bhfuil an ghníomhaíocht nó an clár oibre a chuir an tairbhí i gcrích i gcomhréir ar gach bealach leis an gcomhaontú deontais, agus, i gcás inarb iomchuí, go bhfuil na costais a dhearbhaigh an tairbhí incháilithe.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (c) den dara fomhír, ní mheasfar go gcomhlíonann meastacháin chostais na coinníollacha cáilitheachta a leagtar amach in Airteagal 186(3). Beidh feidhm ag an bprionsabal céanna freisin i gcás tuarascálacha eatramhacha agus deiridh nach mbaineann le hiarratas ar íocaíocht.

5. D'fhonn an caiteachas a údarú, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, tar éis dó a fhíorú go bhfuil na leithreasuithe ar fáil, ordú íocaíochta a eisiúint chun treoir a thabhairt don oifigeach cuntasaíochta méid caiteachais a bailíochtaíodh roimhe sin a íoc.

I gcás ina ndéanfar íocaíochtaí tréimhsiúla maidir le seirbhísí arna soláthar, lena n-áirítear seirbhísí cíosa nó earraí a sheachadadh, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin, faoi réir na hanailíse a dhéanfaidh an t-oifigeach sin ar riosca, a ordú go gcuirfí i bhfeidhm córas dochair dhírigh as cuntas óinchiste. Féadfar cur i bhfeidhm córais den sórt sin a ordú freisin má údaraíonn an t-oifigeach cuntasaíochta é go sonrach i gcomhréir le hAirteagal 86(3).

*Airteagal 112*

**Cineálacha gealltanas buiséadach**

1. Tiocfaidh gealltanais bhuiséadacha faoi cheann de na catagóirí seo a leanas:

(a) gealltanais aonaracha: nuair is eol cé an tairbhí agus méid an chaiteachas atá i gceist;

(b) gealltanais fhoriomlána: nuair nach bhfuarthas eolas fós ar cheann amháin, ar a laghad, de na heilimintí is gá chun an gealltanas aonair a shainaithint;

(c) gealltanais shealadacha: chun an gnáthchaiteachas bainistíochta do CERT amhail dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus an gnáthchaiteachas riaracháin a chumhdach i gcás nach eol go cinntitheach cá mhéad caiteachas atá i gceist ná cé na híocaithe deiridh.

D'ainneoin phointe (c) den chéad fhomhír, féadfar gnáthchaiteachas riaracháin a bhaineann le toscaireachtaí agus ionadaíochtaí de chuid an Aontais a chumhdach faoi ghealltanais bhuiséadacha shealadacha chomh maith nuair is eol an méid atá i gceist agus cé hé an t-íocaí deireanach.

2. Ní fhéadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí is faide ná aon bhliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla ar feadh roinnt blianta ach amháin i gcás ina bhforálfar gur mar sin a bheidh leis an mbunghníomh nó nuair a bhaineann siad le caiteachais riaracháin.

3. Déanfar gealltanas buiséadach foriomlán ar bhonn cinneadh maoiniúcháin.

Déanfar an gealltanas buiséadach foriomlán ar a dhéanaí sula ndéanfar an cinneadh maidir leis na faighteoirí agus na méideanna agus, i gcás ina mbeidh glacadh cláir oibre ina chuid de chur chun feidhme na leithreasuithe lena mbaineann, ar a luaithe tar éis ghlacadh an chláir sin.

4. Cuirfear gealltanas buiséadach foriomlán chun feidhme trí chomhaontú maoiniúcháin a thabhairt i gcrích lena bhforáiltear do ghealltanas dlíthiúil amháin nó níos mó a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin, nó trí ghealltanas dlíthiúil amháin nó níos mó a thabhairt i gcrích.

D'fhéadfadh sé go dtiocfadh íocaíochtaí as comhaontuithe maoiniúcháin i réimse an chúnaimh airgeadais dhírigh do thríú tíortha, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséid, ar gealltanais dhlíthiúla iad, gan gealltanais dhlíthiúla eile a thabhairt i gcrích.

I gcás ina gcuirfear chun feidhme an gealltanas buiséadach foriomlán trí chomhaontú maoiniúcháin a thabhairt i gcrích, ní bheidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 3.

5. Gach gealltanas dlíthiúil aonair a thabharfar i gcrích tar éis gealltanas buiséadach foriomlán a thabhairt, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach iad a chlárú sna cuntais bhuiséadacha, sula síneofar iad, agus cuirfear in áirithe don ghealltanas buiséadach foriomlán iad.

6. Is trí ghealltanas dlíthiúil amháin nó níos mó a thabhairt i gcrích as a dtagann teidlíocht d'íocaíochtaí ina dhiaidh sin a chuirfear gealltanais bhuiséadacha shealadacha chun feidhme. Mar sin féin, i gcásanna a bhaineann le caiteachas ar bhainistiú foirne, caiteachas ar chomhaltaí nó iarchomhaltaí d'institiúid de chuid an Aontais nó caiteachas cumarsáide a dhéanann na hinstitiúidí de chuid an Aontais chun imeachtaí de chuid an Aontais a thuairisciú, nó sna cásanna dá dtagraítear i bpointe 14.5 d'Iarscríbhinn I, féadfar iad a chur chun feidhme go díreach le híocaíochtaí gan gealltanais dhlíthiúla roimh ré a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 113*

**Gealltanais i dtaobh leithreasuithe CERT**

1. I gcás gach bliana airgeadais, áireofar i leithreasuithe CERT leithreasuithe neamhdhifreáilte i gcás caiteachas a bhaineann le bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Caiteachas a bhaineann leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus Airteagal 6 den Rialachán sin, cumhdófar le leithreasuithe difreáilte é cé is moite de bhearta a mhaoinítear le cúnamh teicniúil neamhoibríochtúil agus ranníocaíochtaí d'institiúidí feidhmiúcháin.

2. Maidir leis na cinntí ón gCoimisiún lena socrófar méideanna na n-aisíocaíochtaí a bhaineann le CERT a thabhaigh na Ballstáit, is gealltanais bhuiséadacha shealadacha fhoriomlána a bheidh iontu, nach sáróidh na leithreasuithe iomlána a iontráladh sa bhuiséad do CERT.

3. Maidir leis na gealltanais bhuiséadacha shealadacha fhoriomlána do CERT a tugadh le haghaidh bliain airgeadais agus nach raibh aon ghealltanas ar línte sonracha buiséid tagtha dá mbarr faoin 1 Feabhra an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, saorófar iad i leith na bliana airgeadais lena mbaineann.

4. Laistigh de 2 mhí ón dáta a bhfaighfear na ráitis arna seoladh ag na Ballstáit, beidh an caiteachas a dhéanfaidh na húdaráis agus na comhlachtaí dá dtagraítear sna rialacha a bhaineann le CERT ina n-ábhar gealltanais de réir caibidle, airteagail agus míre. Féadfar na gealltanais sin a thabhairt nuair a bheidh an tréimhse 2 mhí sin dul in éag i gcás ina mbeidh gá le nós imeachta maidir le haistriú leithreasuithe a bhaineann leis na línte buiséid ábhartha. Déanfar na méideanna a mhuirearú mar íocaíochtaí le linn na tréimhse 2 mhí chéanna, seachas i gcás nach mbeidh íocaíocht déanta fós ag na Ballstáit nó i gcás ina mbeidh amhras faoi incháilitheacht.

Déanfar na gealltanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a asbhaint den ghealltanas buiséadach sealadach foriomlán dá dtagraítear i mír 1.

5. Beidh feidhm ag mír 2 agus mír 3 faoi réir na cuntais a scrúdú agus a ghlacadh.

*Airteagal 114*

**Teorainneacha ama le gealltanais**

1. Gan dochar d'Airteagal 111(2) agus d'Airteagal 264(3), déanfar na gealltanais dhlíthiúla a bhaineann le gealltanais buiséadacha aonair nó shealadacha a thabhairt i gcrích faoin 31 Nollaig de bhliain n, nuair is ionann bliain n agus an bhliain ina ndearnadh an gealltanas buiséadach.

2. Cumhdófar leis na gealltanais bhuiséadacha fhoriomlána costas iomlán na ngealltanas dlíthiúil comhfhreagrach a tugadh i gcrích go dtí an 31 Nollaig de bhliain n+1.

I gcás ina dtiocfaidh dámhachtain duaise dá dtagraítear i dTeideal IX as an ngealltanas buiséadach foriomlán, tabharfar an gealltanas dlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 207(4) faoin 31 Nollaig de bhliain n+3.

I gcás gníomhaíochtaí seachtracha, i gcás ina dtiocfaidh comhaontú maoiniúcháin le tríú tír as an ngealltanas buiséadach foriomlán, tabharfar na comhaontuithe maoiniúcháin chun críche faoin 31 Nollaig de bhliain n+1. Sa chás sin, cumhdóidh an gealltanas buiséadach foriomlán costais iomlána na ngealltanas dlíthiúil lena gcuirtear chun feidhme an comhaontú maoiniúcháin a tugadh i gcrích laistigh de thréimhse 3 bliana tar éis an dáta ar tugadh an comhaontú maoiniúcháin i gcrích.

Sna cásanna seo a leanas, áfach, cumhdóidh an gealltanas buiséadach foriomlán costais iomlána gealltanas dlíthiúil arna dtabhairt i gcrích go dtí deireadh thréimhse chur chun feidhme an chomhaontaithe maoiniúcháin:

(a) gníomhaíochtaí ildeontóirí;

(b) oibríochtaí measctha;

(c) gealltanais dhlíthiúla a bhaineann le hiniúchóireacht agus le meastóireacht;

(d) na cásanna eisceachtúla seo a leanas:

(i) nuair a dhéantar modhnuithe ar ghealltanais dhlíthiúla a tugadh i gcrích cheana;

(ii) nuair a bheidh gealltanais dhlíthiúla le tabhairt i gcrích tar éis luathfhoirceannadh gealltanais dhlíthiúil reatha;

(iii) nuair a athraítear an t-eintiteas cur chun feidhme.

3. Ní bheidh feidhm ag an tríú ná ag an gceathrú fomhír de mhír 2 maidir leis na cláir ilbhliantúla seo a leanas a chuirtear chun feidhme trí ghealltanais scoilte:

(a) an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais arna bunú ag Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(b) an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht arna bunú ag Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2])

Sna cásanna sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, saorfaidh an Coimisiún na leithreasuithe go huathoibríoch i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha.

4. Maidir leis na gealltanais bhuiséadacha aonair agus shealadacha a thabharfar i ndáil le gníomhaíochtaí is faide ná aon bhliain airgeadais amháin, leagfar síos dáta deiridh maidir lena gcur chun feidhme, ach amháin i gcás caiteachas foirne, i gcomhréir leis na coinníollacha sna gealltanais dhlíthiúla dá dtagraíonn siad agus prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais á chur san áireamh.

5. Aon chodanna de na gealltanais bhuiséadacha nach mbeidh curtha chun feidhme le híocaíochtaí sé mhí tar éis an dáta deiridh maidir lena gcur chun feidhme, déanfar iad a shaoradh.

6. An méid de ghealltanas buiséadach nach ndearnadh aon íocaíocht de réir bhrí Airteagal 115 ina leith laistigh de dhá bhliain ón dáta a ndearnadh an gealltanas dlíthiúil, déanfar é a shaoradh ach amháin i gcás ina mbainfidh an méid sin le cásanna atá faoi dhlíthíocht os comhair cúirteanna breithiúnacha nó comhlachtaí eadrána i gcás ina mbeidh an gealltanas dlíthiúil i bhfoirm comhaontú maoiniúcháin nó i gcás ina mbeidh forálacha speisialta leagtha síos i rialacha earnáilsonracha.

*Airteagal 115*

**Cineálacha íocaíochtaí**

1. Is é an t-oifigeach cuntasaíochta a íocfaidh an caiteachas, agus déanfaidh sé sin laistigh de theorainn na gcistí atá ar fáil.

2. Déanfar íocaíocht nuair a thabharfar cruthúnas ar aird go bhfuil an ghníomhaíocht ábhartha i gcomhréir leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an mbunghníomh agus cumhdóidh sí ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí seo a leanas:

(a) an méid iomlán atá dlite a íoc;

(b) an méid atá dlite a íoc ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

(i) réamh-mhaoiniú lena dtugtar cúlchnap, ar féidir é a roinnt ina líon íocaíochtaí i gcomhréir le prionsabal bainistíochta airgeadais fónta; íocfar an méid réamh-mhaoiniúcháin sin ar bhonn an chonartha, an chomhaontaithe nó an bhunghnímh, nó ar bhonn doiciméid tacaíochta lenar féidir a sheiceáil an bhfuil téarmaí an chonartha nó an chomhaontaithe lena mbaineann á gcomhlíonadh;

(ii) íocaíocht eatramhach amháin nó níos mó mar chontrapháirt d'fheidhmiú páirteach na gníomhaíochta nó d'fheidhmíocht pháirteach an chonartha nó an chomhaontaithe, lena bhféadfar an réamh-mhaoiniú a imréiteach go hiomlán nó go páirteach, gan dochar don bhunghníomh;

(iii) íocaíocht amháin d'iarmhéid na méideanna atá dlite i gcás ina mbeidh an ghníomhaíocht curtha i gcrích go hiomlán, nó ina mbeidh an conradh nó an comhaontú curtha i gcrích go hiomlán;

(c) soláthar a íoc isteach sa chiste don soláthar coiteann arna bhunú de bhun Airteagal 212.

Imréiteoidh íocaíocht an iarmhéid an caiteachas uile a rinneadh roimhe sin. Eiseofar ordú aisghabhála chun na méideanna nár úsáideadh a aisghabháil.

3. Déanfar idirdhealú sna cuntais bhuiséadacha idir na cineálacha éagsúla íocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 tráth a ndéanfar gach íocaíocht.

4. Áireofar leis na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80 na rialacha a bhaineann leis an réamh-mhaoiniú sna cuntais a imréiteach agus incháilitheacht na gcostas a aithint.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (IO L 77, 15.3.2014, lch. 11).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 232/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear Ionstraim Eorpach Chomharsanachta (IO L 77, 15.3.2014, lch. 27).

5. Imréiteoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin go rialta de réir cineál eacnamaíoch an tionscadail ag deireadh an tionscadail ar a dhéanaí. Déanfar an t-imréiteach ar bhonn na faisnéise faoi na costais a tabhaíodh nó ar bhonn dearbhú gur comhlíonadh na coinníollacha íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 125 arna bhailíochtú ag an oifigeach údarúcháin i gcomhréir le hAirteagal 111(3).

I gcás comhaontuithe deontas, conarthaí nó comhaontuithe ranníocaíochta os cionn EUR 5 000 000, gheobhaidh an t-oifigeach údarúcháin an fhaisnéis is gá chun meastachán réasúnta ar na costais a ríomh ag deireadh gach bliana, ar a laghad. Ní úsáidfear an fhaisnéis sin chun an réamh-mhaoiniú a imréiteach, ach féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin agus an t-oifigeach cuntasaíochta Airteagal 82(2) a chomhlíonadh léi.

Chun críocha an dara fomhír, cuirfear forálacha iomchuí sna gealltanais dhlíthiúla a dhéanfar.

*Airteagal 116*

**Teorainneacha ama le haghaidh íocaíochta**

1. Déanfar íocaíochtaí laistigh de:

(a) 90 lá féilire do chomhaontuithe ranníocaíochta, do chonarthaí agus do chomhaontuithe deontas a bhaineann le seirbhísí teicniúla nó gníomhaíochtaí atá thar a bheith casta maidir le meastóireacht a dhéanamh agus a bhfuil an íocaíocht a bhaineann leo ag brath ar fhaomhadh tuarascála nó deimhnithe;

(b) 60 lá féilire do na comhaontuithe ranníocaíochta, na conarthaí agus na comhaontuithe deontas uile eile a bhfuil an íocaíocht a bhaineann leo ag brath ar fhaomhadh tuarascála nó deimhnithe;

(c) 30 lá féilire do na comhaontuithe ranníocaíochta, na conarthaí agus na comhaontuithe deontas uile eile.

2. Measfar go bhfuil bailíochtú, údarú agus íoc caiteachais san áireamh san am atá ceadaithe chun íocaíochtaí a dhéanamh.

Tosóidh sé ón dáta a bhfaighfear iarratas íocaíochta.

3. Cláróidh roinn údaraithe an oifigigh údarúcháin atá freagrach iarratas íocaíochta a luaithe is féidir agus measfar go bhfuarthas í ar an dáta a gclárófar í.

Meastar gurb é dáta na híocaíochta an dáta a mbainfear an t-airgead as cuntas institiúid de chuid an Aontais.

Beidh na nithe riachtanacha seo a leanas in iarratas íocaíochta:

(a) aitheantas an chreidiúnaí;

(b) an méid;

(c) an t-airgeadra;

(d) an dáta.

I gcás ina mbeidh aon ní riachtanach amháin ar a laghad in easnamh, diúltófar an t-iarratas íocaíochta.

Cuirfear an creidiúnaí ar an eolas i scríbhinn faoi dhiúltú agus faoi na cúiseanna a bhí leis a luaithe is féidir agus, ar aon nós, laistigh de 30 lá féilire ón dáta a bhfuarthas an t-iarratas íocaíochta.

4. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an teorainn ama le haghaidh íocaíochta a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) nach mbeidh suim an iarratais íocaíochta dlite; nó

(b) nach mbeidh na doiciméid tacaíochta iomchuí curtha ar fáil.

Má fhaigheann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach faisnéis a chuireann in amhras incháilitheacht caiteachais in iarratas íocaíochta, féadfaidh sé an teorainn ama le haghaidh íocaíochta a chur ar fionraí chun a fhíorú, sula ndéanfar an íocaíocht, go bhfuil an caiteachas incháilithe, trí bhíthin seiceálacha ar an láthair le cois modhanna eile. An méid atá fágtha den am atá ceadaithe chun íoc, tosóidh sé ón dáta a bhfaighfear an fhaisnéis a iarradh nó na doiciméid athbhreithnithe nó a dhéanfar an fíorú breise is gá, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair.

Cuirfear na cúiseanna maidir le fionraí in iúl i scríbhinn do na creidiúnaithe lena mbaineann.

5. Ach amháin i gcás na mBallstát, an BEI agus an CEI, nuair a rachaidh na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 1 in éag, beidh an creidiúnaí i dteideal úis i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) is iad na rátaí úis dá dtagraítear in Airteagal 99(2) a bheidh i bhfeidhm;

(b) beidh an t-ús le híoc le haghaidh na tréimhse a mbeidh deireadh léi idir an lá féilire tar éis dhul in éag na teorann ama le haghaidh íocaíochta a leagtar síos i mír 1 agus an lá íocaíochta.

Mar sin féin, i gcás ina mbeidh an t-ús arna ríomh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír níos lú ná EUR 200 nó comhionann leis, ní íocfar é leis an gcreidiúnaí ach de bhun iarrata a cuireadh isteach laistigh de 2 mhí ó fuarthas an íocaíocht dhéanach.

6. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais tuarascáil ar chomhlíonadh agus ar chur ar fionraí na dteorainneacha ama a leagtar síos i míreanna 1 go dtí 4 den Airteagal seo isteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Eorpach. Beidh an tuarascáil ón gCoimisiún ina hiarscríbhinn ag an achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9).

*CAIBIDIL 8*

***Iniúchóir inmheánach***

*Airteagal 117*

**Iniúchóir inmheánach a cheapadh**

1. Bunóidh gach institiúid de chuid an Aontais feidhm iniúchóireachta inmheánaí nach mór a fheidhmiú i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta. An t-iniúchóir inmheánach a cheapfaidh institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, beidh sé freagrach don institiúid sin maidir lena fhíorú go bhfuil córais agus nósanna imeachta maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme á n-oibriú mar is ceart. Ní ionann a bheidh an t-iniúchóir inmheánach agus an t-oifigeach údarúcháin nó an t-oifigeach cuntasaíochta.

2. Chun críocha iniúchóireacht inmheánach SEGS, beidh cinn thoscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh mar oifigigh údarúcháin trí fho-tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 60(2), faoi réir chumhachtaí fíoraithe iniúchóir inmheánach an Choimisiúin ó thaobh na bainistíochta airgeadais arna fo-tharmligean chucu.

Ba cheart d'iniúchóir inmheánach an Choimisiúin gníomhú freisin mar iniúchóir inmheánach SEGS i leith chur chun feidhme roinn an bhuiséid a bhaineann le SEGS.

3. Ceapfaidh gach institiúid de chuid an Aontais a iniúchóir inmheánach féin i gcomhréir le socruithe atá oiriúnaithe dá shainghnéithe agus dá riachtanais. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi cheapadh a hiniúchóra inmheánaigh.

4. Socróidh gach institiúid de chuid an Aontais, i gcomhréir lena shainghnéithe agus lena shainriachtanais, raon mhisean a hiniúchóra inmheánaigh agus leagfaidh sé síos go mionsonraithe na cuspóirí agus na nósanna imeachta a bhaineann le feidhm an iniúchta inmheánaigh agus caighdeáin idirnáisiúnta iniúchta inmheánaigh á n-urramú aici.

5. Féadfaidh gach institiúid de chuid an Aontais oifigeach nó seirbhíseach eile atá cumhdaithe ag na Rialacháin Foirnearna roghnú as náisiúnaigh na mBallstát a cheapadh mar iniúchóir inmheánach de bhua a inniúlachta sonraí.

6. Má cheapann dhá institiúid de chuid an Aontais nó níos mó aon iniúchóir inmheánach amháin, déanfaidh siad na socruithe is gá chun go ndearbhófar go bhfuil sé freagrach as a chuid gníomhaíochtaí mar a leagtar síos in Airteagal 121.

7. Nuair a fhoirceannfar dualgais a hiniúchóra inmheánaigh, cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach ar an eolas faoi sin.

*Airteagal 118*

**Cumhachtaí agus dualgais an iniúchóra inmheánaigh**

1. Tabharfaidh an t-iniúchóir inmheánach comhairle dá institiúid de chuid an Aontais féin maidir le déileáil le rioscaí, trí thuairimí neamhspleácha a eisiúint i ndáil le caighdeán na gcóras bainistíochta agus rialaithe agus trí mholtaí a eisiúint maidir le feabhas a chur ar na dálaí faoina gcuirtear oibríochtaí chun feidhme agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais a chur chun cinn.

Beidh an t-iniúchóir inmheánach freagrach, go háirithe, as an méid seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí agus a éifeachtaí atá na córais bainistíochta inmheánaí agus measúnú ar fheidhmíocht na ranna maidir le beartais, cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme trí thagairt do na rioscaí a ghabhann leo;

(b) measúnú a dhéanamh ar a éifeachtúla agus a éifeachtaí atá na córais rialaithe inmheánaigh agus na córais iniúchóireachta inmheánaí is infheidhme maidir le gach oibríocht faoi leith lena ndéanfar an buiséad a chur chun feidhme.

2. Déanfaidh an t-iniúchóir inmheánach na dualgais sin aige a bhaineann le gníomhaíochtaí uile agus ranna uile institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann. Beidh rochtain iomlán gan teorainn aige ar an bhfaisnéis uile a theastaíonn chun go bhféadfaidh sé a dhualgais a dhéanamh agus, más gá, cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar an láthair freisin, lena n-áirítear sna Ballstáit agus i dtríú tíortha.

Tabharfaidh an t-iniúchóir inmheánach aird ar thuarascáil bhliantúil na n-oifigeach údarúcháin agus ar aon fhaisnéis eile a shainaithneofar.

3. Tuairisceoidh an t-iniúchóir inmheánach d'institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann maidir lena chinntí agus lena mholtaí. Áiritheoidh an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann go rachfar i mbun gníomhaíochta maidir leis na moltaí a éireoidh as na hiniúchóireachtaí.

Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais a mheas an bhfuil na moltaí sna tuarascálacha óna iniúchóir inmheánach oiriúnach do mhalartú dea-chleachtas le hinstitiúidí eile an Aontais.

4. Cuirfidh an t-iniúchóir inmheánach tuarascáil bhliantúil ar an iniúchóireacht inmheánach faoi bhráid institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann ina léireofar líon agus cineál na n-iniúchóireachtaí inmheánacha a rinneadh, na príomh-mholtaí a rinneadh agus an ghníomhaíocht a rinneadh ar bhonn na moltaí sin.

Luafar sa tuarascáil bhliantúil sin ar an iniúchóireacht inmheánach aon fhadhbanna córasacha a bhraith an painéal a bunaíodh de bhun Airteagal 143, i gcás ina mbeidh tuairim tugtha dá dtagraítear in Airteagal 93.

5. Díreoidh an t-iniúchóir inmheánach, agus é ag ullmhú na tuarascála, go háirithe ar chomhlíonadh foriomlán phrionsabail na bainistíochta airgeadais fónta agus na feidhmíochta, agus áiritheoidh sé go ndearnadh bearta iomchuí chun a gcur i bhfeidhm a fheabhsú agus a mhéadú ar bhonn leanúnach.

6. Gach bliain, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh agus i gcomhréir le hAirteagal 319 CFAE, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh, arna iarraidh sin, a thuarascáil bhliantúil ar an iniúchóireacht inmheánach agus aird iomchuí á tabhairt aige ar na ceanglais rúndachta.

7. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais sonraí teagmhála a hiniúchóra inmheánaigh ar fáil d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil baint acu le hoibríochtaí caiteachais, sa chaoi gur féidir dul i dteagmháil leis an iniúchóir inmheánach go rúnda.

8. Gach bliain, dréachtóidh gach institiúid de chuid an Aontais tuarascáil ina mbeidh achoimre ar líon agus cineál na n-iniúchóireachtaí inmheánacha a rinneadh agus sintéis ar na moltaí a rinneadh agus ar an ngníomhaíocht a rinneadh ar bhonn na moltaí sin agus cuirfidh sí an tuarascáil sin ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle Eorpach, mar a fhoráiltear in Airteagal 247.

9. Ní bheidh rochtain ag an bpobal ar thuarascálacha agus cinntí an iniúchóra inmheánaigh, ná ar thuarascáil institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, go dtí go mbailíochtóidh an t-iniúchóir inmheánach na gníomhaíochtaí a rinneadh chun iad a chur chun feidhme.

10. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais na hacmhainní ar fáil is gá chun feidhm an iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh mar is ceart dá hiniúchóir inmheánach agus cairt mhisin ina mbeidh tuairisc mhionsonraithe ar chúraimí, ar chearta agus ar oibleagáidí a hiniúchóra inmheánaigh.

*Airteagal 119*

**Iniúchóir inmheánach a cheapadh**

1. Glacfaidh an t-iniúchóir inmheánach an clár oibre agus cuirfidh sé faoi bhráid institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann é.

2. Féadfaidh gach institiúid de chuid an Aontais iarraidh ar a hiniúchóir inmheánach iniúchtaí a dhéanamh nach bhfuil luaite sa chlár oibre dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 120*

**Neamhspleáchas an iniúchóra inmheánaigh**

1. Beidh neamhspleáchas iomlán ag an iniúchóir inmheánach agus é i mbun na n-iniúchtaí. Leagfaidh institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann síos rialacha speisialta is infheidhme maidir leis an iniúchóir inmheánach sa chaoi go dtabharfar ráthaíocht go mbeidh an t-iniúchóir inmheánach lán-neamhspleách agus a chuid dualgas á ndéanamh aige agus go suífear cé na freagrachtaí a bheidh ar an iniúchóir inmheánach.

2. Ní fhéadfar orduithe a thabhairt don iniúchóir inmheánach ná aon srian a chur leis i leith na bhfeidhmeanna atá sannta dó, de bhua a cheapacháin, faoin Rialachán seo.

3. Más comhalta foirne é an t-iniúchóir inmheánach, feidhmeoidh sé a fheidhmeanna iniúchóireachta eisiacha go lán-neamhspleách agus gabhfaidh sé freagracht air féin faoi mar a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.

*Airteagal 121*

**Neamhspleáchas an iniúchóra inmheánaigh**

Is í gach institiúid de chuid an Aontais amháin, agus í ag gníomhú i gcomhréir leis an Airteagal seo, a fhéadfaidh gníomhú chun go ndearbhófar go bhfuil a hiniúchóir inmheánach, ina cháil mar bhall foirne, faoi dhliteanas as a chuid gníomhaíochtaí.

Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais cinneadh réasúnaithe imscrúdú a chur ar bun. Cuirfear an cinneadh sin in iúl don pháirtí leasmhar. Féadfaidh institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, faoina freagracht dhíreach, oifigeach amháin nó níos mó atá ar aon ghrád leis an gcomhalta foirne lena mbaineann nó ar ghrád níos airde chur i mbun an imscrúdaithe sin. Le linn an imscrúdaithe, éistfear le tuairimí an pháirtí leasmhair.

Cuirfear an tuarascáil imscrúdúcháin ar aghaidh chuig an bpáirtí leasmhar agus éistfidh institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann lena thuairimí faoin tuarascáil ina dhiaidh sin.

Ar bhonn na tuarascála agus na héisteachta sin, glacfaidh institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann cinneadh réasúnaithe lena bhfoirceannfar na himeachtaí nó cinneadh réasúnaithe i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 86 de na Rialacháin Foirne agus Iarscríbhinn IX a ghabhann leis na Rialacháin Foirne. Tabharfar fógra faoi aon chinntí lena bhforchuirfear bearta araíonachta nó pionóis airgeadais don pháirtí leasmhar agus cuirfear in iúl iad, chun críocha faisnéise, d'institiúidí eile de chuid an Aontais agus don Chúirt Iniúchóirí.

Féadfaidh páirtí leasmhar caingean a thionscnamh i leith na gcinntí sin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mar a fhoráiltear sna Rialachán Foirne.

*Airteagal 122*

**Caingne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

Gan dochar do na leigheasanna atá ceadaithe de réir na Rialachán Foirne, féadfaidh an t-iniúchóir inmheánach caingean a thionscnamh go díreach os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i leith aon ghnímh a bhaineann lena dhualgais a dhéanamh ina cháil mar iniúchóir inmheánach. Taiscfidh sé an chaingean sin laistigh de thrí mhí ón lá féilire ar tháinig an chaingean i gceist ar a iúl.

Déanfar na caingne sin a imscrúdú agus a éisteacht i gcomhréir le hAirteagal 91(5) de na Rialacháin Foirne.

*Airteagal 123*

**Coistí um dul chun cinn iniúchóireachta inmheánaí**

1. Bunóidh gach institiúid de chuid an Aontais coiste um dul chun cinn iniúchóireachta inmheánaí a mbeidh sé mar chúram aige neamhspleáchas an iniúchóra inmheánaigh a áirithiú, faireachán cáilíochta a dhéanamh ar an obair iniúchóireachta inmheánaí agus a áirithiú go gcuirfí moltaí inmheánacha agus seachtracha iniúchóireachta san áireamh go cuí agus go ndéanfadh seirbhísí na hinstitiúide obair leantach ina leith.

2. Cinnfidh gach institiúid de chuid an Aontais comhdhéanamh an choiste um dul chun cinn iniúchóireachta inmheánaí, agus cuirfear san áireamh a féinriail eagrúcháin agus an tábhacht a bhaineann le sainchomhairle neamhspleách.

TEIDEAL V

**RIALACHA COITEANNA**

*CAIBIDIL 1*

***Rialacha is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach, indíreach agus roinnte***

*Airteagal 124*

**Raon feidhme**

Cé is moite do na tagairtí atá in Airteagal 138, is tagairtí do ghealltanais dhlíthiúla, conarthaí réime agus comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais a bheidh sna tagairtí sa Teideal seo do ghealltanais dhlíthiúla.

*Airteagal 125*

**Cineálacha ranníocaíochtaí ón Aontas**

1. Ranníocaíochtaí ón Aontas faoin mbainistíocht dhíreach, indíreach nó chrionroinnte, cuideoidh siad cuspóir beartais de chuid an Aontais agus na torthaí arna sonrú a bhaint amach agus féadfar na ranníocaíochtaí sin a dhéanamh sna foirmeacha seo a leanas:

(a) maoiniú nach bhfuil baint aige leis na costais na n-oibríochtaí ábhartha ar bhonn na nithe seo a leanas:

(i) comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach i rialacha earnáilsonracha nó i gcinntí ón gCoimisiún; nó

(ii) baint amach torthaí arna dtomhas le tagairt do gharspriocanna a socraíodh roimhe sin nó le táscairí feidhmíochta;

(b) aisíoc costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír;

(c) costais aonaid a chumhdaíonn catagóirí uile na gcostas incháilithe nó catagóirí áirithe sonracha de na costais sin arna sainaithint go soiléir roimh ré le tagairt do mhéid áirithe in aghaidh an aonaid;

(d) cnapshuimeanna a chumhdaíonn catagóirí uile na gcostas incháilithe nó catagóirí áirithe sonracha de na costais sin arna sainaithint go soiléir roimh ré le tagairt do mhéid áirithe in aghaidh an aonaid;

(e) maoiniú de réir ráta comhréidh a chumhdaíonn catagóirí sonracha de na costais incháilithe arna sainaithint go soiléir roimh ré, trí chéatadán a chur i bhfeidhm;

(f) meascán de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (e).

Déanfar ranníocaíochtaí ón Aontas faoi phointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a shuí, faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, i gcomhréir le hAirteagal 181, le rialacha earnáilsonracha nó le cinneadh ón gCoimisiún agus, faoi bhainistíocht roinnte, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha. Déanfar ranníocaíochtaí ón Aontas faoi phointe (c), pointe (d) agus pointe (e) den chéad fhomhír den mhír seo a shuí, faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, i gcomhréir le hAirteagal 181 nó le rialacha earnáilsonracha agus, faoi bhainistíocht roinnte, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha.

2. Agus foirm iomchuí ranníocaíochta á socrú, cuirfear san áireamh leasanna na bhfaighteoirí ionchasacha agus na modhanna cuntasaíochta a mhéid is féidir.

3. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach tuairisc maidir le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais de bhun phointe (a) agus phointe (f) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9).

*Airteagal 126*

**Brath ar fhoinsí eile le haghaidh measúnuithe**

Féadfaidh an Coimisiún bheith ag brath go hiomlán nó go páirteach ar mheasúnuithe a rinne sé féin nó eintitis eile, deontóirí san áireamh, a mhéid a rinneadh na measúnuithe sin ar chomhlíonadh coinníollacha arb ionann iad agus na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis an modh is infheidhme maidir le cur chun feidhme buiséid. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún aithint caighdeáin atá inghlactha go hidirnáisiúnta nó dea-chleachtais idirnáisiúnta chun cinn.

*Airteagal 127*

**Brath ar fhoinsí eile le haghaidh iniúchtaí**

Gan dochar do na féidearthachtaí atá ann faoi láthair maidir le tuilleadh iniúchtaí a dhéanamh, i gcás ina ndéanfaidh iniúchóir neamhspleách iniúchadh ar na ráitis agus na tuarascálacha airgeadais ina leagtar amach úsáid ranníocaíochta ón Aontas ar bhonn caighdeáin iniúchóireachta atá inghlactha go hidirnáisiúnta a bhfuil cinnteacht réasúnta leis, is ar an iniúchadh sin a bheidh an chinnteacht fhoriomlán bunaithe, de réir na sonraíochtaí breise, i gcás inarb iomchuí, atá sna rialacha earnáilsonracha, ar choinníoll go bhfuil fianaise leordhóthanach ann ar neamhspleáchas agus inniúlacht an iniúchóra. Chun na críche sin, cuirfear tuarascáil an iniúchóra neamhspleách agus doiciméadacht ghaolmhar an iniúchta ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus d'údaráis iniúchóireachta na mBallstát arna n-iarraidh sin dóibh.

*Airteagal 128*

**An fhaisnéis atá ar fáil cheana a úsáid**

Ionas go seachnófaí an fhaisnéis chéanna a iarraidh níos mó ná uair amháin ó dhaoine agus ó eintitis atá ag fáil cistí de chuid an Aontais, faisnéis atá ar fáil cheana ag institiúidí de chuid an Aontais, ag údaráis bhainistíochta nó ag comhlachtaí agus eintitis eile a bhfuil an buiséad á chur chun feidhme acu, úsáidfear an fhaisnéis sin a mhéid is féidir.

*Airteagal 129*

**Comhar a dhéanfar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais, comhoibreoidh sé go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus deonóidh sé, mar choinníoll leis na cistí a fháil, na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údaráis atá freagrach, do OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb iomchuí, do na húdaráis náisiúnta ábhartha, chun gur féidir leo a gcúraimí féin a dhéanamh go hiomlán. I gcás OLAF, beidh an ceart iniúchtaí a dhéanamh, seiceálacha agus iniúchtaí ar an láthair san áireamh, ar na cearta sin„ i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

2. Aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais faoin mbainistíocht dhíreach nó indíreach, toileoidh sé i scríbhinn na cearta is gá amhail dá dtagraítear i mír 1 a dheonú, agus áiritheoidh sé go ndeonóidh tríú páirtithe ar bith a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

([1]) Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

*CAIBIDIL 2*

***Rialacha is infheidhme maidir le bainistiú díreach agus bainistiú indíreach***

Roinn 1

**Rialacha maidir le nósanna imeachta agus bainistiú**

*Airteagal 130*

**Comhpháirtíochtaí creata airgeadais**

1. Féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais a bhunú le haghaidh comhar fadtéarmach le daoine agus eintitis a bhfuil cistí de chuid an Aontais á gcur chun feidhme acu de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó le tairbhithe. Gan dochar de phointe (c) de mhír 4 den Airteagal seo, athbhreithneofar comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais uair amháin ar a laghad le linn téarma gach creata airgeadais ilbhliantúil. Féadfar comhaontuithe ranníocaíochta nó comhaontuithe deontas a shíniú faoi na conarthaí sin.

2. Is é a bheidh mar aidhm ag comhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais gnóthú cuspóirí de chuid an Aontais a éascú trí théarmaí conarthacha an chomhair a chobhsú. Sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, sonrófar na foirmeacha comhair airgeadais agus áiritheofar ann oibleagáid chun socruithe a leagan amach, sna comhaontuithe sonracha a shínítear sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, le faireachán a dhéanamh ar ghnóthú cuspóirí sonracha. Ina theannta sin, tabharfaidh na comhaontuithe sin le fios, ar bhonn torthaí measúnuithe *ex ante*, an féidir leis an gCoimisiún brath ar chórais agus ar nósanna imeachta na ndaoine nó na n-eintiteas a bhfuil cistí de chuid an Aontais á gcur chun feidhme acu de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó ar thairbhithe, lena n-áirítear nósanna imeachta iniúchóireachta.

3. Chun costais agus tairbhe iniúchtaí a bharrfheabhsú, agus an comhordú a éascú, féadfar comhaontuithe iniúchta nó fíorúcháin a thabhairt i gcrích le daoine nó eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó le tairbhithe de dheontais. Beidh comhaontuithe den sórt sin gan dochar d'Airteagal 127 agus d'Airteagal 129.

4. I gcás na gcomhpháirtíochtaí creata airgeadais a chuirfear chun feidhme le deontais shonracha:

(a) sonrófar sa chomhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, ar bharr mhír 2:

(i) cineál na ngníomhaíochtaí nó na gclár oibre dá bhforáiltear;

(ii) an nós imeachta maidir le deontais shonracha a dhámhachtain, i gcomhréir leis na prionsabail agus na rialacha nós imeachta i dTeideal VIII;

(b) comhlíonfaidh an comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais agus an comhaontú deontais shonraigh ina n-iomláine ceanglais Airteagal 201;

(c) ní rachaidh ré iomlán na comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais thar 4 bliana ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a léirítear go soiléir sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9);

(d) cuirfear an chomhpháirtíocht creata airgeadais chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne i leith iarratasóirí;

(e) measfar gur deontas é an chomhpháirtíocht creata airgeadais i leith clárú, foilsiú *ex ante* agus dámhachtana;

(f) beidh deontais shonracha a bhronnfar ar bhonn comhpháirtíocht maidir leis an gcreat airgeadais faoi réir na nósanna imeachta maidir le foilsiú *ex post* a leagtar amach in Airteagal 38.

5. Le comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais a chuirtear chun feidhme le deontais shonracha, féadfar a fhoráil go mbeifear ag brath ar chórais agus nósanna imeachta an tairbhí i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, i gcás ina ndearnadh measúnú ar na córais agus na nósanna imeachta sin i gcomhréir le hAirteagal 154(2), (3) agus (4). Sa chás sin ní bheidh feidhm ag pointe (d) d'Airteagal 196(1). I gcás ina ndearna an Coimisiún measúnú dearfach ar nósanna imeachta an tairbhí maidir le maoiniú a chur ar fáil do thríú páirtithe dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 154(4), ní bheidh feidhm ag Airteagal 204 agus Airteagal 205.

6. I gcás comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais a chuirtear chun feidhme le deontais shonracha, déanfar fíorú an chumais airgeadais agus oibríochtúil dá dtagraítear in Airteagal 198 sula síneofar an comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais. Féadfaidh an Coimisiún brath ar fhíorú coibhéiseach ar an gcumas oibríochtúil a rinne deontóirí eile.

7. I gcás comhpháirtíochtaí creata airgeadais a chuirtear chun feidhme le comhaontuithe ranníocaíochta, comhlíonfaidh an comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais agus an comhaontú ranníocaíochta ina n-iomláine Airteagal 129 agus Airteagal 155(6).

*Airteagal 131*

**Cur ar fionraí, foirceannadh agus laghdú**

1. I gcás ina raibh neamhrialtachtaí nó calaois i nós imeachta um dhámhachtain, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an nós imeachta a chur ar fionraí agus féadfaidh sé cibé bearta is gá a ghlacadh, lena n-áirítear an nós imeachta a chur ar ceal. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach OLAF ar an eolas láithreach faoi aon chásanna amhrasta calaoise.

2. I gcás ina gcruthófar, tar éis na dámhachtana, go raibh neamhrialtachtaí nó calaois sa nós imeachta um dhámhachtain, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach:

(a) diúltú gealltanas dlíthiúil a shíniú nó dámhachtain duaise a chur ar ceal;

(b) íocaíochtaí a chur ar fionraí;

(c) cur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil a chur ar fionraí;

(d) i gcás inarb iomchuí, an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh ina iomláine nó i leith faighteoir amháin nó níos mó.

3. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach íocaíochtaí nó cur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil a chur ar fionraí sna cásanna seo a leanas:

(a) cruthaíodh go raibh neamhrialtachtaí, calaois nó sárú na n-oibleagáidí i gcur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil;

(b) is gá a fhíorú an raibh na neamhrialtachtaí, an chalaois nó sárú na n-oibleagáidí a thoimhdítear a bhí ann, an raibh siad ann iarbhír;

(c) de dheasca neamhrialtachtaí, calaoise nó shárú na n-oibleagáidí, tá amhras ann nach féidir brath ar chórais rialaithe inmheánaigh duine nó eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó nach raibh siad éifeachtach nó nach raibh na bun-idirbhearta dlíthiúil agus rialta.

Mura ndeimhneofar go raibh na mírialtachtaí, an chalaois nó sárú na n-oibleagáidí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a mheastar a bhí ann, go raibh siad ann, atosófar an cur chun feidhme nó na híocaíochtaí a luaithe is féidir.

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh ina iomláine nó i leith faighteoir amháin nó níos mó sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír.

4. Le cois na mbeart dá dtagraítear i mír 2 nó mír 3, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an deontas, an duais, an ranníocaíocht faoin gcomhaontú ranníocaíochta nó an praghas faoi chonradh a laghdú i gcomhréir le tromchúiseacht na neamhrialtachtaí, na calaoise nó shárú na n-oibleagáidí, lena n-airítear i gcás nár cuireadh chun feidhme na gníomhaíochtaí lena mbaineann nó inar cuireadh chun feidhme iad go neamh-leordhóthanach, go páirteach nó go déanach.

I gcás an mhaoinithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1), féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an ranníocaíocht a laghdú go comhréireach má baineadh amach na torthaí go neamh-leordhóthanach, go páirteach nó go déanach nó murar comhlíonadh na coinníollacha.

5. Ní bheidh feidhm ag pointe (b), pointe (c) agus pointe (d) de mhír 2 agus mír 3 maidir le hiarratasóirí atá i gcomórtas le haghaidh duaiseanna.

*Airteagal 132*

**Taifid a choimeád**

1. Coinneoidh faighteoirí taifid agus doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear taifid staidrimh agus taifid eile a bhaineann leis an gcistiú, mar aon le taifid agus doiciméid i bhformáid leictreonach, go ceann 5 bliana tar éis íocaíocht an iarmhéid nó, in éagmais na híocaíochta sin, tar éis an idirbhirt. Mairfidh an tréimhse 3 bliana i gcás ina mbeidh méid an chistithe níos lú nó comhionann le EUR 60 000.

2. Taifid agus doiciméid a bhaineann le hiniúchtaí, achomhairc, dlíthíocht, saothrú éileamh maidir le gealltanais dhlíthiúla nó a bhaineann le himscrúduithe OLAF coinneofar iad go dtí go ndúnfar na hiniúchtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht, saothrú na n-éileamh nó na himscrúduithe sin. I gcás taifid agus doiciméid a bhaineann le himscrúduithe OLAF, beidh feidhm ag an oibleagáid iad a choinneáil chomh luath agus a thugtar fógra don fhaighteoir faoi na himscrúduithe sin.

3. Coinneofar na taifid agus na doiciméid i bhfoirm na mbunchóipeanna, nó i bhfoirm cóipeanna dílse deimhnithe de na bunchóipeanna, nó ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo, lena n-áirítear leaganacha leictreonacha de na bundoiciméid nó de dhoiciméid nach bhfuil le fáil ach i bhfoirm leictreonach. I gcás inarb ann do leaganacha leictreonacha, ní iarrfar aon bhunchóipeanna má chomhlíonann na doiciméid sin na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme chun go measfar go bhfuil siad comhionann leis na bunchóipeanna agus gur féidir brath orthu chun críocha iniúchta.

*Airteagal 133*

**Nós imeachta na sáraíochta agus na modhanna sásaimh**

1. Sula nglacfar aon bheart a dhéanfadh dochar do chearta rannpháirtí nó faighteora, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach gur tugadh an deis don rannpháirtí nó don fhaighteoir barúlacha a chur isteach.

2. I gcás ina ndéanfaidh beart ag oifigeach údarúcháin dochar do chearta rannpháirtí nó faighteora, beidh léiriú sa ghníomh lenar bunaíodh an beart sin ar na modhanna sásaimh riaracháin agus/nó breithiúnacha atá ar fáil chun agóid a dhéanamh i gcoinne an bhirt sin.

*Airteagal 134*

**Lacáistí ráta úis agus fóirdheontais táillí ráthaíochta**

1. Cuirfear lacáistí ráta úis agus fóirdheontais táillí ráthaíochta ar fáil i gcomhréir le Teideal X i gcás ina mbeidh siad i gcumasc le chéile i mbeart aonair ag a bhfuil ionstraimí airgeadais.

2. I gcás nach gcuirfear lacáistí ráta úis agus fóirdheontais táillí ráthaíochta ar fáil i gcumasc le chéile i mbeart aonair ag a bhfuil ionstraimí airgeadais, féadfar iad a chur ar fáil i gcomhréir le Teideal VI nó Teideal VIII.

Roinn 2

**An córas luathbhratha agus eisiaimh**

*Airteagal 135*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin rioscaí a bhrath, eisiamh agus pionóis airgeadais a fhorchur**

1. Chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, bunóidh agus oibreoidh an Coimisiún córas luathbhratha agus eisiaimh.

Is é a bheidh mar chuspóir le córas den sórt sin gur fusa a bheidh sé:

(a) daoine nó eintitis, dá dtagraítear i mír 2, a mbaineann baol leo ó thaobh leasanna airgeadais an Aontais, a bhrath go luath;

(b) daoine nó eintitis, dá dtagraítear i mír 2, atá i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) a eisiamh;

(c) pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir de bhun Airteagal 138.

2. Beidh feidhm ag an gcóras luathbhratha agus eisiaimh sna cásanna seo a leanas:

(a) rannpháirtithe agus faighteoirí;

(b) eintitis a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir nó an tairgeoir brath ar a gcumas nó fochonraitheoirí conraitheora;

(c) aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais i gcás ina gcuirfear an buiséad chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) agus Airteagal 154(4) ar bhonn faisnéis faoinar tugadh fógra i gcomhréir le hAirteagal 155(6);

(d) aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí de chuid an Aontais faoi ionstraimí airgeadais atá á gcur chun feidhme go heisceachtúil i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(e) rannpháirtithe nó faighteoirí faoinar chuir eintitis atá ag cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le hAirteagal 63 faisnéis ar fáil, arna tarchur ag na Ballstáit i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 142(2);

(f) urraitheoirí amhail dá dtagraítear in Airteagal 26.

3. Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a dhéanfaidh an cinneadh faisnéis a bhaineann le luathbhrath faoi na rioscaí dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo a chlárú, daoine nó eintitis dá dtagraítear i mír 2 a eisiamh agus/nó pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir. Clárófar faisnéis a bhaineann leis na cinntí sin sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 142(1). I gcás ina ndéanfar na cinntí sin ar bhonn Airteagal 136(4), beidh an fhaisnéis a bhaineann leis na daoine dá dtagraítear sa mhír sin ina cuid den fhaisnéis a chlárófar sa bhunachar sonraí.

4. Bunófar an cinneadh daoine nó eintitis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a eisiamh nó pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir ar bhreithiúnas deiridh nó, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 136(1), ar chinneadh riaracháin críochnaitheach, nó ar réamhaicmiú sa dlí a rinne an painéal dá dtagraítear in Airteagal 143 sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 136(2) chun a áirithiú go ndéanfar measúnú láraithe ar na cásanna sin. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 141(1), déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach rannpháirtí a dhiúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain ar leith.

Gan dochar d'Airteagal 136(5), féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin cinneadh a dhéanamh rannpháirtí nó faighteoir a eisiamh agus/nó pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh an fhaisnéis lena mbaineann a fhoilsiú, ar bhonn réamhaicmiú amhail dá dtagraítear in Airteagal 136(2), ach moladh a fháil roimh ré ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143.

*Airteagal 136*

**Critéir eisiaimh agus cinntí maidir le heisiamh**

1. Eisiafaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) ó pháirt a ghlacadh i nósanna imeachta um dhámhachtain atá á rialú leis an Rialachán seo nó ó bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme sa chás go bhfuil an duine nó an t-eintiteas sin i gceann amháin nó níos mó de na staideanna eisiaimh seo a leanas:

(a) tá an duine nó an t-eintiteas ina fhéimheach, faoi réir nósanna imeachta dócmhainneachta nó imeachtaí foirceanta, tá a sócmhainní á riaradh ag leachtaitheoir nó ag cúirt, i gcomhshocraíocht le creidiúnaithe, tá a ngníomhaíochtaí gnó curtha ar fionraí, nó tá sé in aon chás analógach a eascraíonn as nós imeachta den chineál céanna dá bhforáiltear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta;

(b) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ag sárú a chuid oibleagáidí i ndáil le cánacha a íoc nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta a dhéanamh gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

(c) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach trí dhlíthe nó rialacháin nó caighdeáin eiticiúla infheidhme na gairme lena mbaineann an duine nó an t-eintiteas a shárú, nó go raibh sé i mbun aon iompair éagóraigh a bhfuil tionchar aige ar a inchreidteacht ghairmiúil i gcás ina léirítear leis an iompar sin intinn éagórach nó mórfhaillí, lena n-áirítear, go háirithe, aon cheann de na nithe seo a leanas:

   (i) thug an duine nó an t-eintiteas bréagléiriú go calaoiseach nó go faillíoch ar fhaisnéis a theastaíonn chun a fhíorú nach bhfuil foras eisiaimh ann nó chun na critéir roghnúcháin nó incháilitheachta a chomhlíonadh nó i gcomhlíonadh an ghealltanais dhlíthiúil;

   (ii) chuaigh sé i mbun comhaontú le daoine nó eintitis eile chun iomaíocht a shaobhadh;

   (iii) sháraigh sé cearta maoine intleachtúla;

   (iv) rinne sé iarracht tionchar a imirt ar phróiseas cinnteoireachta an oifigigh atá freagrach le linn an nós imeachta um dhámhachtain;

   (v) rinne sé iarracht teacht ar fhaisnéis rúnda a d'fhéadfadh buntáistí míchuí a thabhairt dó sa nós imeachta um dhámhachtain;

(d) suíodh le breithiúnas críochnaitheach go raibh an duine nó an t-eintiteas ciontach in aon cheann díobh seo a leanas:

   (i) calaois, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus Airteagal 1 den Choinbhinsiún maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Iúil 1995 ón gComhairle ([2]);

   (ii) éilliú, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(2) de Threoir (AE) 2017/1371 agus éilliú gníomhach de réir bhrí Airteagal 3 den Choinbhinsiún maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh páirteach ann, a tarraingíodh suas le Gníomh an 26 Bealtaine 1997 ([3]) ón gComhairle agus iompar dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Chinneadh Réime 2003/568/CGB ([4]) ón gComhairle, chomh maith le héilliú mar a shainmhínítear i ndlíthe infheidhme eile é;

   (iii) iompar a bhaineann le heagraíocht choiriúil, amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle ([5]);

---

([1]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

([2]) IO C 316, 27.11.1995, lch. 48.

([3]) OI C 195, 25.6.1997, lch. 1.

([4]) Cinneadh Réime 2003/568/CGB an 22 Iúil 2003 ón gComhairle maidir le héilliú a chomhrac san earnáil phríobháideach (IO L 192, 31.7.2003, lch. 54).

([5]) Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42).

(iv) sciúradh airgid nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, de réir bhrí Airteagal 1(3), (4) agus (5) de Threoir (AE)2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(v) cionta sceimhlitheoireachta nó cionta a bhaineann le gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 1 agus Airteagal 3 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle ([2]), faoi seach, nó na cionta sin a spreagadh, cabhrú leo, iad a neartú nó ag féachaint leis na cionta sin a dhéanamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chinneadh sin;

(vi) saothar leanaí nó cionta eile a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]);

(e) gur léirigh an duine nó an t-eintiteas easnaimh shuntasacha maidir leis na príomhoibleagáidí a chomhlíonadh atá ag baint le gealltanas dlíthiúil a chomhlíonadh arna mhaoiniú ag buiséad an Aontais agus gur eascair ceann de na torthaí seo a leanas as:

(i) d'eascair luathfhoirceannadh gealltanais dhlíthiúil as;

(ii) d'eascair cur i bhfeidhm damáistí leachtaithe nó pionós conarthach eile as; nó

(iii) fuair oifigeach údarúcháin, OLAF nó an Chúirt Iniúchóirí na heasnaimh sin amach tar éis seiceálacha, iniúchtaí nó imscrúduithe;

(f) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach go ndearna an duine nó an t-eintiteas neamhrialtacht de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 2988/95 ón gComhairle ([4]);

(g) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó le cinneadh riaracháin críochnaitheach gur chruthaigh an duine nó an t-eintiteas eintiteas i ndlínse eile agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó oibleagáidí dlíthiúla eile i ndlínse a oifige cláraithe, a riaracháin lárnaigh nó a lárionaid riaracháin;

(h) suíodh le breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach gur cruthaíodh eintiteas leis an intinn dá dtagraítear i bpointe (g).

2. In éagmais breithiúnas críochnaitheach nó, i gcás inarb infheidhme, cinneadh riaracháin críochnaitheach sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c), (d), (f), (g) agus (h) de mhír 1 den Airteagal seo, nó sa chás dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 den Airteagal seo, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh ar bhonn réamhaicmiú dlí iompair amhail dá dtagraítear sna pointí sin, ag féachaint d'fhíorais sheanbhunaithe nó do thorthaí eile atá i moladh an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143.

Níl réamhbhreithiúnas sa réamhaicmiú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo ar an measúnú ar iompar an duine nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 135(2) lena mbaineann a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát faoin dlí náisiúnta. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach athbhreithniú ar a chinneadh nó ar a cinneadh an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh agus/nó pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir gan mhoill tar éis an fhógra maidir le breithiúnas críochnaitheach nó Cinneadh riaracháin críochnaitheach. I gcásanna nach leagtar síos tréimhse an eisiaimh sa bhreithiúnas críochnaitheach ná sa chinneadh riaracháin críochnaitheach, sonróidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an tréimhse sin ar bhonn fíorais agus cinntí seanbhunaithe agus ag féachaint don mholadh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143.

I gcás ina suífear leis an mbreithiúnas críochnaitheach sin nó leis an g cinneadh riaracháin críochnaitheach sin nach bhfuil an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) ciontach san iompar atá faoi réir réamhaicmiú dlí, agus gur ar an mbonn sin a eisíodh an duine nó an t-eintiteas sin, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, gan mhoill, deireadh a chur leis an eisiamh sin agus/nó, de réir mar is iomchuí, aon phionós airgeadais a forchuireadh a aisíoc.

Beidh an méid seo a leanas ar na fíorais agus sna torthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) fíorais a suíodh i gcomhthéacs imscrúduithe nó iniúchtaí arna ndéanamh ag OIPE, i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteacha sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, don Chúirt Iniúchóirí, don OLAF nó don iniúchóir inmheánach, nó aon seiceáil, iniúchtaí nó rialuithe eile arna ndéanamh faoi fhreagracht an oifigigh údarúcháin;

---

([1]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

([2]) Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 164, 22.6.2002, lch. 3).

([3]) Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le fáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Cinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

(b) cinntí riaracháin neamhchríochnaitheacha a bhféadfaidh bearta araíonachta a ghlac an comhlacht maoirseachta inniúil atá freagrach as fíorú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chaighdeáin na heitice gairmiúla a bheith san áireamh;

(c) fíorais dá dtagraítear i gcinntí ó dhaoine agus eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(d) faisnéis arna tarchur i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 142(2) ag eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1);

(e) cinntí ón gCoimisiún maidir le dlí iomaíochta an Aontais a shárú nó ó údarás inniúil náisiúnta maidir le dlí iomaíochta Aontais nó dlí iomaíochta náisiúnta a shárú.

3. Aon chinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach a dhéanfar faoi Airteagal 135 go hAirteagal 142 nó, i gcás inarb infheidhme, aon mholadh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143, déanfar iad i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus aird á tabhairt go háirithe ar na nithe seo a leanas:

(a) a thromchúisí atá an cás, lena n-áirítear an tionchar ar leasanna airgeadais agus ar íomhá an Aontais;

(b) an méid ama a d'imigh thart ó bhí an t-iompar ábhartha ann;

(c) an fad a mhair an t-iompar agus an méid uaireanta a tharla an t-iompar;

(d) an raibh an t-iompar intinniúil nó méid na faillí a léiríodh;

(e) sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, an teoranta an méid atá i gceist;

(f) aon imthosca maolaitheacha eile, amhail:

(i) an méid a chomhoibrigh an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) lena mbaineann leis an údarás inniúil ábhartha agus rannchuidiú an duine nó an eintitis sin leis an imscrúdú arna aithint ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach; nó

(ii) an staid eisiaimh a nochtadh trí dhearbhú amhail dá dtagraítear i mír 10 d'Airteagal 137(1).

4. Eisiafaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) sna cásanna seo a leanas:

(a) go bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach atá ina chomhalta de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachtaan duine nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 135(2), nó ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an duine nó leis an eintiteas sin, go bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach sin i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) de mhír 1 den Airteagal seo;

(b) go bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an duine nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 135(2), go bhfuil sé i gceann amháin nó níos mó de na staideanna dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo;

(c) go bhfuil duine nádúrtha atá fíorthábhachtach i leith na dámhachtana nó chur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil, go bhfuil sé i gceann amháin nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) de mhír 1.

5. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh go sealadach gan moladh an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143 a fháil roimh ré, i gcás ina mbeadh bagairt thromchúiseach, láithreach ann ar leasanna airgeadais an Aontais dá nglacfadh sé páirt i nós imeachta um dhámhachtain nó dá roghnófaí é chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Sna cásanna sin, tarchuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cás láithreach chuig an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143 agus déanfaidh sé cinneadh deiridh tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an moladh ón bpainéal a fháil.

6. Ní eisiafaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, ag féachaint, i gcás inarb iomchuí, don mholadh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143, ní eisiafaidh sé duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) ó pháirt a ghlacadh i nós imeachta um dhámhachtain nó ó bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme sna cásanna seo a leanas:

(a) go ndearna an duine nó an t-eintiteas mar a shonraítear i mír 7 den Airteagal seo bearta feabhais ar leor iad chun a iontaofacht a léiriú. Ní bheidh feidhm ag an bpointe sin sa chás dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo;

(b) go bhfuil sé fíor-riachtanach chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú, ar feadh tréimhse teoranta agus go dtí go nglacfar na bearta feabhais a shonraítear i mír 7 den Airteagal seo;

(c) go mbeadh an t-eisiamh sin díréireach ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag pointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo i gcás ina gceannófar soláthairtí faoi théarmaí fíorthairbheacha ó sholáthróir a bhfuil a ghníomhaíochtaí gnó á bhfoirceannadh go cinntitheach aige ná ó na leachtaitheoirí i nós imeachta féimheachta, i gcás socrú le creidiúnaithe, nó i gcás nós imeachta comhchosúil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

I gcásanna neamheisiaimh dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo, sonróidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na cúiseanna nár eisiadh an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) agus cuirfidh sé na cúiseanna atá leis sin in iúl don phainéal dá dtagraítear in Airteagal 143.

7. Maidir leis na bearta feabhais dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 6, áireofar iontu, go háirithe:

(a) bearta chun tionscnaimh na staideanna sin is cúis le heisiamh a shainaithint agus bearta nithiúla teicniúla, eagrúcháin agus pearsanra laistigh den réimse ábhartha gnó nó gníomhaíochta, ar réimse de chuid an duine nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 135(2) é, atá iomchuí chun an t-iompar a cheartú agus chun cosc a chur ar a atarlú;

(b) cruthúnas go bhfuil an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) tar éis bearta a ghlacadh ar láimh chun an damáiste nó an díobháil a rinneadh do leasanna airgeadais an Aontais, de bharr na bhfíoras bunúsach ba chúis leis an staid eisiaimh, a chúiteamh nó a cheartú;

(c) cruthúnas gur íoc an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) aon fhíneáil a ghearr an t-údarás inniúil nó aon chánacha nó ranníocaíochtaí slándála sóisialta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo nó gur áirithigh sé gur íocadh an méid sin uile.

8. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, ag féachaint, i gcás inarb infheidhme, don mholadh athbhreithnithe ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143, gan mhoill, athbhreithniú ar a chinneadh duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh ex officio nó arna iarraidh sin don duine nó don eintiteas sin, i gcás ina ndearna sé sin bearta feabhais ar leor iad chun a iontaofacht a léiriú, nó má sholáthair sé gnéithe nua lena léirítear nach ann don staid eisiaimh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thuilleadh.

9. Sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 135(2), ceanglóidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ar an iarratasóir nó ar an tairgeoir ionadaí a cheapadh don eintiteas nó don fhochonraitheoir a bhfuil sé beartaithe aige brath ar a chumas agus atá i staid eisiaimh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 137*

**Dearbhú agus fianaise nach bhfuil staid eisiaimh ann**

1. Dearbhóidh rannpháirtí an bhfuil sé i gceann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagail 136(1) agus 141(1) agus, i gcás inarb infheidhme, an bhfuil aon bhearta feabhais dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 136(6) déanta aige.

Fógróidh rannpháirtí, freisin, an bhfuil na daoine nó na heintitis seo a leanas i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear i bpointe (c) go pointe (h) d'Airteagal 136(1):

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar baill iad de chomhlacht riaracháin, bainistithe nó maoirseachta an rannpháirtí nó a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu maidir leis an rannpháirtí sin;

(b) úinéirí tairbhiúla, mar a shainmhínítear iad i bpointe (6) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/849, an rannpháirtí.

Cuirfidh an rannpháirtí nó an fhaighteoir an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ar an eolas gan mhoill maidir le haon athruithe ar na cásanna mar a fógraíodh iad.

I gcás inarb iomchuí, soláthróidh an t-iarrthóir nó an tairgeoir, dearbhuithe atá cosúil leo siúd dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír agus é sínithe ag fochonraitheoir nó ag eintiteas eile a bhfuil sé beartaithe aige brath ar a chumas, de réir an cháis.

Ní iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na dearbhuithe sin dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír má cuireadh na dearbhuithe sin isteach cheana chun críocha nós imeachta um dhámhachtain eile, ar choinníoll nár athraigh an staid agus nach mó ná bliain amháin a chuaigh thart ó dháta eisiúna na ndearbhuithe.

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na ceanglais sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír a tharscaoileadh i gcás conarthaí ar luach fíoríseal nach bhfuil a luach níos mó ná an méid dá dtagraítear i bpointe 14.4 d'Iarscríbhinn I.

2. An rannpháirtí, an fochonraitheoir nó an t-eintiteas a bhfuil sé beartaithe ag iarrthóir nó tairgeoir brath ar a chumas, déanfaidh siad an méid seo a leanas a chur ar fáil arna iarraidh sin tráth ar bith ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach agus i gcás inar gá sin chun a áirithiú go leanfar an nós imeachta mar is cuí:

(a) fianaise iomchuí nach bhfuil sé i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1);

(b) faisnéis faoi dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá ina gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an rannpháirtí nó ag a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe maidir leis an rannpháirtí sin, lena n-áirítear daoine agus eintitis laistigh den struchtúr úinéireachta agus rialaithe agus úinéirí tairbhiúla, agus fianaise iomchuí nach bhfuil aon duine de na daoine sin i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear i bpointe (c) go pointe (f) d'Airteagal 136(1).

(c) fianaise iomchuí nach bhfuil duine nádúrtha nó dlítheanach a ghlacann dliteanas neamhtheoranta i leith fhiacha an rannpháirtí sin i staid eisiaimh dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) d'Airteagal 136(1).

3. I gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a ghlacadh mar fhianaise iomchuí nach bhfuil rannpháirtí nó eintiteas dá dtagraítear i mír 2 i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointí (a), (c), (d), (f), (g) agus (h) d'Airteagal 136(1), sliocht a scríobhadh le déanaí as an taifead breithiúnach, nó, ina éagmais sin, doiciméad comhionann arna eisiúint ag údarás breithiúnach nó riaracháin sa tír bhunaíochta lena léirítear gur comhlíonadh na ceanglais sin.

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach glacadh le deimhniú, arna eisiúint le gairid ag údarás inniúil na tíre bunaíochta lena mbaineann, mar fhianaise iomchuí nach bhfuil rannpháirtí nó eintiteas dá dtagraítear i mír 2 i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 136(1). I gcás nach sa tír bhunaíochta a eiseofar deimhnithe den sórt sin, féadfaidh an rannpháirtí ráiteas faoi mhionn a chur ar fáil arna dhéanamh os comhair údarás breithiúnach nó nótaire nó, ina éagmais sin, ráiteas sollúnta arna dhéanamh os comhair údarás riaracháin nó comhlacht gairmiúil cáilithe sa tír bhunaíochta.

4. Tarscaoilfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach oibleagáid rannpháirtí nó eintitis dá dtagraítear i mír 2 an fhianaise dhoiciméadach dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 a thíolacadh:

(a) más féidir leis nó léi rochtain a fháil ar an bhfianaise sin i mbunachar sonraí saor in aisce;

(b) má cuireadh an fhianaise sin faoina bhráid cheana chun críocha nós imeachta eile agus ar choinníoll go bhfuil na doiciméid uile a tíolacadh bailí fós agus nach mbeidh breis is bliain amháin dulta thart ó dháta eisiúna na ndoiciméad;

(c) más rud é go n-aithníonn sé nó sí nach féidir an fhianaise sin a chur ar fái.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 4 den Airteagal seo maidir le daoine agus le heintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó maidir le comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71.

I gcás ionstraimí airgeadais, agus in éagmais rialacha agus nósanna imeachta atá lánchoibhéiseach leo siúd dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 154(4), tabharfaidh faighteoirí deiridh agus idirghabhálaithe dearbhú sínithe ar a bhfocal lena ndeimhneofar nach bhfuil siad i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) (g) agus (h) d'Airteagal 136(1) nó i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 141(1) ná i staid a mheastar a bheith coibhéiseach leo i ndiaidh an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 154(4), tabharfaidh siad é sin don duine nó don eintiteas a bheidh ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1).

Sa chás, ar bhonn eisceachtúil, go gcuirtear ionstraimí airgeadais chun feidhme de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), déanfaidh faighteoirí deiridh dearbhú sínithe ar a bhfocal a chur ar fáil d'idirghabhálaithe airgeadais, dearbhú sínithe lena ndeimhneofar nach bhfuil siad i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointí (a) go (d), (g) agus (h) d'Airteagal 136(1) nó i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 141(1).

*Airteagal 138*

**Pionóis airgeadais**

1. Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht dhíspreagthach ann, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, ag féachaint, i gcás inarb iomchuí, don mholadh ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143, pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir lenar tugadh gealltanas dlíthiúil i gcrích agus atá i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointe (c), (d), (e) nó (f) d'Airteagal 136(1).

Maidir leis na staideanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (f) d'Airteagal 136(1), féadfar an pionós airgeadais a fhorchur mar rogha mhalartach ar chinneadh faighteoir a eisiamh, i gcás ina mbeadh an t-eisiamh sin díréireach ar bhonn na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 136(3).

Maidir leis na staideanna dá dtagraítear i bpointe (c), i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Airteagal 136(1), féadfar an pionós airgeadais a fhorchur de bhreis ar eisiamh i gcás inar gá sin chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, mar gheall ar an iompar córasach atarlaitheach a léirigh an faighteoir agus é mar aidhm aige cistí de chuid an Aontais a fháil go míchuí.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír den mhír seo, ní fhorchuirfear pionós airgeadais ar fhaighteoir a nocht, i gcomhréir le hAirteagal 137, go bhfuil sé i staid eisiaimh.

2. Ní bheidh an pionós airgeadais os cionn 10 % de luach iomlán an ghealltanais dhlíthiúil. I gcás comhaontú deontais arna shíniú ag roinnt tairbhithe, ní bheidh an pionós airgeadais os cionn 10 % de mhéid an deontais a bhfuil an tairbhí lena mbaineann ina theideal i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais.

*Airteagal 139*

**Fad na tréimhse eisiaimh agus na tréimhse teorann**

1. Ní mhairfidh tréimhse an eisiaimh níos faide ná:

(a) an fad a leagadh síos i mbreithiúnas críochnaitheach nó Cinneadh riaracháin críochnaitheach de chuid Ballstáit, má leagadh aon fhad síos ann;

(b) in éagmais breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach:

(i) cúig bliana sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 136(1);

(ii) trí bliana sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) agus (e) go (h) d'Airteagal 136(1).

Déanfar duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh má bhíonn sé i gceann de na staideanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 136(1).

2. Cúig bliana a mhairfidh an tréimhse teorann chun duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh agus/nó pionóis airgeadais a fhorchur air, agus ríomhfar í ó aon cheann de na dátaí seo a leanas:

(a) an dáta ar tharla an t-iompar is cúis leis an eisiamh nó, i gcás gníomhartha leanúnacha nó gníomhartha a rinneadh níos mó ná uair amháin, an dáta a mbeidh deireadh leis an iompar, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) agus (g) agus (h) d'Airteagal 136(1);

(b) dáta an bhreithiúnais chríochnaithigh a dhéanfaidh dlínse náisiúnta nó dáta an chinnidh riaracháin chríochnaithigh sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (b), (c), (d), (g) agus (h) d'Airteagal 136(1).

Brisfear an tréimhse teorann le gníomh ó údarás náisiúnta, ón gCoimisiún, ó OLAF, ó OIPE i dtaca leis na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143 den Rialachán seo nó ó aon eintiteas a bhfuil baint aige le cur chun feidhme an bhuiséid, má thugtar fógra faoi ghníomh den sórt sin don duine nó don eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán seo agus má bhaineann sé le himscrúduithe nó le himeachtaí breithiúnacha. Cuirfear tús le tréimhse teorann nua an lá tar éis an bhriste.

Chun críche phointe (f) d'Airteagal 136(1) den Rialachán seo, beidh feidhm ag an tréimhse teorann chun duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán seo a eisiamh agus/nó chun pionóis airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE, *Euratom*) Uimh. 2988/95.

Má cháilíonn iompar duine nó eintitis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán seo faoi roinnt de na forais atá liostaithe in Airteagal 136(1) den Rialachán seo, beidh feidhm ag an tréimhse teorann is infheidhme maidir leis na forais is tromchúisí acu.

*Airteagal 140*

**Eisiamh agus pionóis airgeadais a fhoilsiú**

1. Chun éifeacht dhíspreagthach an eisiaimh agus/nó an phionóis airgeadais a atreisiú, i gcás inar gá, déanfaidh an Coimisiún, faoi réir cinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach, an fhaisnéis seo a leanas a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, ar faisnéis í a bhaineann leis an eisiamh agus, i gcás inarb infheidhme, leis an bpionós airgeadais sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (c) go (h) d'Airteagal 136(1):

(a) ainm an duine nó an eintitis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 135(2);

(b) an staid eisiaimh;

(c) fad thréimhse an eisiaimh agus/nó méid an phionóis airgeadais.

I gcás ina ndearnadh an cinneadh maidir leis an eisiamh agus/nó leis an bpionós airgeadais, ar bhonn réamhaicmiú amhail dá dtagraítear in Airteagal 136(2), cuirfear in iúl san fhoilsiú nach ann d'aon bhreithiúnas críochnaitheach nó, más infheidhme, d'aon chinneadh riaracháin críochnaitheach. Sna cásanna sin, déanfar faisnéis faoi aon achomhairc, faoi stádas agus torthaí na n-achomharc sin, mar aon le haon chinneadh athbhreithnithe ón oifigeach údarúcháin atá freagrach, a fhoilsiú gan mhoill. I gcás inar forchuireadh pionós airgeadais, sonrófar san fhoilsiú freisin ar íocadh an pionós sin.

Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cinneadh an fhaisnéis a fhoilsiú tar éis an bhreithiúnais chríochnaithigh ábhartha nó, i gcás inarb infheidhme, tar éis an chinnidh riaracháin chríochnaithigh, nó tar éis an mholta ón bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 143, de réir mar a bheidh. Tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm 3 mhí tar éis fógra a thabhairt faoi don duine nó don eintiteas lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2).

Bainfear an fhaisnéis a fhoilseofar a luaithe a bheidh deireadh leis an eisiamh. I gcás pionós airgeadais, bainfear an foilseachán sé mhí tar éis thráth íoctha an pionóis.

A mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an duine nó an t-eintiteas lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2) den Rialachán seo ar an eolas, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, faoina gcearta faoi na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus i ndáil leis na nósanna imeachta a bheidh ar fáil maidir leis na cearta sin a fheidhmiú.

2. Ní fhoilseofar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) i gcás inar gá an rúndacht a bhaineann le himscrúdú nó a bhaineann le nósanna imeachta breithiúnacha náisiúnta a chaomhnú;

(b) i gcás ina ndéanfaí damáiste díréireach trína foilsiú don duine nó don eintiteas lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 135(2) nó go mbeadh an foilsiú díréireach ar bhealach eile, ar bhonn chritéir na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 136(3) agus ag féachaint do mhéid an phionóis airgeadais;

(c) i gcás ina mbeidh duine nádúrtha i gceist, mura mbeidh bonn cirt leis na sonraí pearsanta a fhoilsiú de bharr imthosca eisceachtúla, *inter alia*, de bharr thromchúis an iompair nó de bharr a thionchair ar leasanna airgeadais an Aontais. Sna cásanna sin, déanfar an ceart chun príobháideachta agus na cearta eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a chur san áireamh go hiomchuí.

*Airteagal 141*

**Diúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain**

1. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach rannpháirtí a dhiúltú i gcás nós imeachta um dhámhachtain más fíor i gcás an rannpháirtí sin:

(a) go bhfuil sé i staid eisiaimh arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 136;

(b) gur thug sé bréagléiriú ar an bhfaisnéis a éilítear mar choinníoll le páirt a ghlacadh sa nós imeachta, nó mhainnigh sé an fhaisnéis sin a sholáthar;

(c) go raibh baint aige cheana le doiciméid a ullmhú a úsáideadh i nós imeachta um dhámhachtain agus gur sáraíodh, tríd sin, prionsabal na córa comhionainne, lena n-áirítear saobhadh iomaíochta nach féidir a leigheas ar shlí eile.

Tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach do na rannpháirtithe eile sa nós imeachta um dhámhachtain an fhaisnéis ábhartha a malartaíodh i gcomhthéacs rannpháirtíocht an rannpháirtí sa nós imeachta um dhámhachtain amhail dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a ullmhú nó tabharfaidh sé an fhaisnéis a tháinig as an rannpháirtíocht sin dóibh. Roimh aon diúltú den sórt sin, tabharfar an deis don rannpháirtí a chruthú nach sáraíonn a rannpháirtíocht sa nós imeachta um dhámhachtain a ullmhú prionsabal na córa comhionainne.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 133(1) mura tugadh údar le diúltú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo le cinneadh maidir le heisiamh a rinneadh i leith an rannpháirtí, tar éis imscrúdú ar a bharúlacha.

*Airteagal 142*

**An córas luathbhraite agus luatheisiaimh**

1. An fhaisnéis a mhalartaítear laistigh den chóras luathbhraite agus luatheisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 135, déanfar í a lárú sa bhunachar sonraí a chuir an Coimisiún ar bun ("an bunachar sonraí") agus déanfar í a bhainistiú i gcomhréir leis an gceart chun príobháideachta agus leis na cearta eile dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Iontrálfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach faisnéis faoi chásanna luathbhratha, eisiaimh agus/nó pionóis airgeadais sa bhunachar sonraí tar éis dó fógra a thabhairt don duine nó don eintiteas lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2). Féadfar an fógra sin a chur siar in imthosca eisceachtúla i gcás ina mbeidh forais dhlisteanacha láidre ann chun rúndacht imscrúdaithe nó imeachtaí breithiúnacha náisiúnta a chaomhnú, go dtí nach mbeidh na forais dhlisteanacha láidre sin chun rúndacht a chaomhnú ann a thuilleadh.

I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, cuirfidh an Coimisiún, arna iarraidh sin air, aon duine nó eintiteas amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2) atá faoi réir an chórais luathbhraite agus luatheisiaimh, ar an eolas faoi na sonraí atá á stóráil sa bhunachar sonraí a bhaineann leis an duine nó leis an eintiteas sin.

Déanfar an fhaisnéis a bheidh sa bhunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta, i gcás inarb iomchuí, tar éis ceartú, scriosadh nó modhnú na sonraí. Is i gcomhréir le hAirteagal 140 amháin a fhoilseofar í.

2. Beidh an córas luathbhraite agus luatheisiaimh bunaithe ar fhíorais agus ar chinntí amhail dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 136(2) agus ar tharchur faisnéise chuig an gCoimisiún, a dhéanfaidh, go háirithe:

(a) OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, nó OLAF i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 883/2013 i gcás ina léireofar le fiosrúchán atá críochnaithe nó ar bun ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise go bhféadfadh sé bheith iomchuí bearta réamhchúraim a ghlacadh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus aird chuí á tabhairt ar urramú ceart nós imeachta agus ceart bunúsach, agus cosanta sceithirí;

(b) oifigeach údarúcháin de chuid an Choimisiúin, de chuid oifig Eorpach arna cur ar bun ag an gCoimisiún nó de chuid gníomhaireacht feidhmiúcháin;

(c) institiúid de chuid an Aontais, oifig Eorpach, gníomhaireacht seachas na gníomhaireachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, nó comhlacht nó duine a ndearnadh cur chun feidhme gníomhaíochtaí CBES a chur de chúram air;

(d) eintitis atá ag cur an bhuiséid chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 63 i gcásanna inar braitheadh calaois agus/nó neamhrialtacht agus na hoibre leantaí orthu sin, i gcás ina gceanglaítear tarchur faisnéise i rialacha earnáilsonracha;

(e) daoine nó eintitis atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), i gcásanna inar braitheadh calaois agus/nó neamhrialtacht agus na hoibre leantaí orthu sin.

3. Ach amháin i gcás ina mbeidh an fhaisnéis le tíolacadh i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, áireofar ar an bhfaisnéis a bheidh le tarchur de bhun mhír 2 den Airteagal seo an méid seo a leanas:

(a) céannacht an eintitis nó an duine lena mbaineann;

(b) achoimre ar na rioscaí a braitheadh nó na fíorais atá i gceist;

(c) faisnéis a d'fhéadfadh cuidiú leis an oifigeach údarúcháin an fíorúchán dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a dhéanamh nó cinneadh a ghlacadh maidir le heisiamh amhail dá dtagraítear in Airteagal 136(1) nó (2), nó cinneadh a dhéanamh chun pionós airgeadais amhail dá dtagraítear in Airteagal 138 a fhorchur;

(d) i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le haon bearta speisialta is gá chun go n-áiritheofar rúndacht na faisnéise arna tarchur, lena n-áirítear bearta chun fianaise a chosaint le go gcosnófar an t-imscrúdú nó na himeachtaí breithiúnacha náisiúnta.

4. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 gan mhoill chuig a oifigigh údarúcháin agus oifigigh a ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin, na hinstitiúidí agus na comhlachtaí uile eile de chuid an Aontais, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí Eorpacha uile eile tríd an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 chun gur féidir leo an fíorúchán is gá a dhéanamh maidir lena nósanna imeachta um dhámhachtain a bheidh idir lámha acu agus maidir leis na gealltanais dhlíthiúla atá ann cheana.

Agus an fíorúchán sin á dhéanamh, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú de réir mar a leagtar amach in Airteagal 74 agus ní rachaidh an duine sin níos faide ná mar a dhéantar foráil dó sna téarmaí agus sna coinníollacha atá sa nós imeachta um dhámhachtain agus sna gealltanais dlíthiúla.

Ní mhairfidh tréimhse choinneála na faisnéise a bhaineann leis an luathbhrath a tarchuireadh i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo níos mó ná bliain amháin. Más rud é, i rith na tréimhse sin, go n-iarrfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ar an bpainéal moladh a eisiúint i gcás a bhaineann le heisiamh nó le pionóis airgeadais, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse choinneála go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach.

5. Tabharfaidh an Coimisiún rochtain ar an bhfaisnéis faoi chinntí a bhaineann le heisiamh de bhun Airteagal 136 do na daoine agus na heintitis uile a bheidh bainteach le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le hAirteagal 62 le go mbeidh siad in ann a fhíorú an ann d'eisiamh sa chóras d'fhonn an fhaisnéis sin a chur san áireamh, mar is iomchuí agus ar a bhfreagracht féin, agus conarthaí á ndámhachtain i gcur chun feidhme an bhuiséid.

6. Mar chuid den tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 325(5) CFAE, déanfaidh an Coimisiún faisnéis chomhiomlán a sholáthar ar na cinntí arna ndéanamh ag na hoifigigh údarúcháin faoi Airteagal 135 go hAirteagal 142 den Rialachán seo. Sa tuarascáil sin freisin, beidh tuilleadh faisnéise maidir le haon chinntí a ghlac na hoifigigh údarúcháin de bhun phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 136(6) den Rialachán seo agus de bhun Airteagal 140(2) den Rialachán seo agus maidir le haon chinntí a rinne na hoifigigh údarúcháin chun imeacht ó mholadh an phainéil de bhun an tríú fomhír d'Airteagal 143(6) den Rialachán seo.

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a sholáthar, agus aird iomchuí á tabhairt ar na ceanglais rúndachta, agus, go háirithe, ní bheifear in ann an duine ná an t-eintiteas lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a aithint trí mheán na faisnéise sin.

*Airteagal 143*

**Painéal**

1. Tionólfar painéal arna iarraidh sin d'oifigeach údarúcháin aon institiúide de chuid an Aontais, aon chomhlachta de chuid an Aontais, aon oifigí Eorpacha nó aon chomhlachta nó duine ar cuireadh de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha in CBES a chur chun feidhme de bhun Theideal V de CAE.

2. Is iad a bheidh ar an bpainéal:

(a) buanchathaoirleach neamhspleách ardleibhéil arna cheapadh ag an gCoimisiún;

(b) beirt bhuanionadaithe ón gCoimisiún, mar úinéir an chórais luathbhraite agus luatheisiaimh, a mbeidh comhsheasamh acu; agus

(c) ionadaí amháin ón oifigeach údarúcháin is iarrthóir.

Áiritheoidh comhdhéanamh an phainéil an saineolas dlíthiúil agus teicniúil is iomchuí. Beidh rúnaíocht bhuan de chúnamh ag an bpainéal, a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, agus beidh sí freagrach as riar leanúnach an phainéil.

3. Roghnófar an Cathaoirleach as measc iarchomhaltaí de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, den Chúirt Iniúchóirí nó iaroifigigh a raibh céim Ard-Stiúrthóra ar a laghad acu in institiúid de chuid an Aontais seachas an Coimisiúin. Roghnófar an duine sin ar bhonn an mhéid seo a leanas: cáilíochtaí pearsanta agus gairmiúla an duine, taithí fhorleathan an duine ar chúrsaí dlí agus airgeadais agus inniúlacht, neamhspleáchas agus sláine chruthaithe an duine. Mairfidh an téarma oifige 5 bliana agus ní fhéadfar é a athnuachan. Ceapfar an Cathaoirleach mar shainchomhairleoir de réir bhrí Airteagal 5 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Beidh an Cathaoirleach ina uachtarán ar sheisiúin uile an phainéil. Beidh an duine sin neamhspleách i gcomhall a chuid nó a cuid dualgas. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa i gceist idir a chuid nó a cuid dualgas mar an gCathaoirleach agus aon dualgais oifigiúla eile.

4. Is é an Coimisiún a ghlacfaidh rialacha nós imeachta an phainéil.

5. Seasfaidh an painéal ceart an duine nó an eintitis lena mbaineann, amhail dá dtagraítear in Airteagal 135(2) barúlacha a thíolacadh ar na fíorais nó na torthaí dá dtagraítear in Airteagal 136(2) agus nuair a bheidh réamhaicmiú sa dlí déanta sula nglacfaidh sé a mholtaí. Féadfar an ceart barúlacha a thíolacadh a chur siar i gcásanna eisceachtúla ina mbeidh forais dhlisteanacha láidre ann chun rúndacht imscrúdaithe nó imeachtaí breithiúnacha náisiúnta a chaomhnú, go dtí go mbeidh deireadh leis na forais dhlisteanacha sin.

6. Beidh na gnéithe seo a leanas sa mholadh ón bpainéal go ndéanfaí pionós airgeadais a eisiamh agus/nó a fhorchur, i gcás inarb infheidhme:

(a) na fíorais nó na torthaí dá dtagraítear in Airteagal 136(2) agus a réamhaicmiú sa dlí;

(b) measúnú ar an ngá le pionós airgeadais a fhorchur agus méid an phionóis sin;

(c) measúnú ar an ngá leis an duine nó an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh, agus, sa chás sin, moladh faoi fhad an eisiaimh sin;

(d) measúnú ar an ngá leis an bhfaisnéis a fhoilsiú a bhaineann leis an duine nó leis an eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) atá eisiata agus/nó atá faoi réir pionós airgeadais;

(e) measúnú ar na bearta feabhais a rinne an duine nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2), má rinneadh aon bhearta.

I gcás ina mbeartóidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cinneadh níos déine a dhéanamh ná an méid a mhol an painéal, áiritheoidh sé go ndéanfar an ceart chun éisteacht a fháil agus na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a urramú go hiomchuí nuair a dhéanfar an cinneadh sin.

I gcás ina gcinnfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach imeacht ó mholadh an phainéil, tabharfaidh an duine sin an t-údar atá leis an gcinneadh sin don phainéal.

7. Le linn na tréimhse eisiaimh, déanfaidh an painéal athbhreithniú ar an moladh uaidh arna iarraidh sin don oifigeach údarúcháin atá freagrach sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 136(8) nó tar éis fógra a thabhairt faoi bhreithiúnas críochnaitheach nó faoi chinneadh riaracháin críochnaitheach lena mbunaítear na forais eisiaimh i gcás nach leagtar síos fad an eisiaimh i mbreithiúnas nó i gcinneadh den sórt sin, amhail dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 136(2).

8. Tabharfaidh an painéal fógra gan mhoill don oifigeach údarúcháin is iarrthóir faoina mholadh athbhreithnithe, agus ina dhiaidh sin déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin athbhreithniú ar a chinneadh.

9. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh faoina ndéanfaidh an t-oifigeach údarúcháin duine nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 135(2) a eisiamh agus/nó pionós airgeadais a fhorchur ar fhaighteoir, lena n-áirítear an t-eisiamh a neamhniú, fad an eisiaimh a laghdú nó a mhéadú agus/nó an pionós airgeadais a fhorchuirtear a neamhniú, a laghdú nó a mhéadú. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 22(1) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle nuair a dhéanfaidh an t-oifigeach údarúcháin cinneadh eisiaimh nó pionós airgeadais a fhorchur ar bhonn moladh ón bpainéal.

*Airteagal 144*

**Feidhmiú an bhunachair sonraí don chóras luathbhraite agus luatheisiaimh**

1. Faisnéis a iarrfar ó na heintitis dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 142(2), ní dhéanfar í a tharchur ach tríd an gcóras faisnéise uathoibrithe a bhunaigh an Coimisiún agus atá in úsáid faoi láthair chun calaois agus neamhrialtachtaí a thuairisciú ("Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí"), i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha.

2. Agus sonraí a fhaightear tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí á n-úsáid, cuirfear san áireamh an stádas atá ag an nós imeachta náisiúnta a bhí i bhfeidhm tráth ar tíolacadh an fhaisnéis. Sula mbainfear an úsáid sin astu, rachfar i gcomhairle leis an mBallstát a thíolaic na sonraí ábhartha tríd an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí.

*Airteagal 145*

**Eisiaimh is infheidhme maidir leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde**

Ní beidh feidhm ag Airteagal 135 go hAirteagal 144 maidir leis an JRC.

Roinn 3

**Córais tf agus r-rialtas**

*Airteagal 146*

**Oibríochtaí a bhainistiú go leictreonach**

1. I gcás ina ndéanfar oibríochtaí ioncaim agus caiteachais nó malartuithe doiciméad a bhainistiú le córais ríomhaireachta, féadfar doiciméid a shíniú trí nós imeachta ríomhairithe nó trí nós imeachta leictreonach lena ndéantar fíordheimhniú ar an sínitheoir. Sna córais ríomhaireachta sin, beidh tuairisc iomlán agus cothrom le dáta ar an gcóras ina mbeidh sainiú ar inneachar na réimsí sonraí uile, cur síos ar an gcaoi a gcaitear le gach oibríocht aonair agus ina mínítear go mionsonraithe an chaoi a ráthaíonn an córas ríomhaireachta go bhfuil rian iniúchóireachta iomlán ag gach oibríocht.

2. Faoi réir réamhthoiliú na n-institiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais agus na mBallstát lena mbaineann, féadfar doiciméad a tharchur eatarthu go leictreonach.

*Airteagal 147*

**r-Rialtas**

1. Déanfaidh na hinstitiúidí de chuid an Aontais, na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus na comhaltaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 caighdeáin aonfhoirmeacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm maidir le malartú leictreonach faisnéise leis na rannpháirtithe. Déanfaidh siad, go háirithe, a mhéid is féidir, réitigh a dhearadh agus a chur chun feidhme maidir le sonraí, arna dtíolacadh i nósanna imeachta um dhámhachtain, a thíolacadh, a stóráil agus a phróiseáil, agus chuige sin, déanfaidh siad limistéar aonair, "limistéar um chómhalartú faisnéise leictreonaí", a chur ar bun le haghaidh rannpháirtithe. Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go tráthrialta faoin dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis sin.

2. Faoi bhainistíocht roinnte, déanfar na malartuithe uile faisnéise idir na Ballstáit agus an Coimisiún tríd na modhanna a léirítear i rialacha earnáilsonracha. Forálfar leis na rialacha sin d'idir-inoibritheacht sonraí a bhailítear nó a fhaightear, agus a tharchuirtear i mbainistiú an bhuiséid.

*Airteagal 148*

**Córais mhalartúcháin leictreonacha**

1. Féadfar na malartuithe uile leis na faighteoirí, lena n-áirítear gealltanais dhlíthiúla a thabhairt chun críche agus aon leasuithe orthu sin, a dhéanamh le córais mhalartúcháin leictreonacha.

2. Comhlíonfaidh córais mhalartúcháin leictreonacha na coinníollacha seo a leanas:

(a) daoine údaraithe amháin a fhéadfaidh rochtain a bheith acu ar an gcóras agus ar na doiciméid a tharchuirtear tríd an gcóras sin;

(b) daoine údaraithe amháin a fhéadfaidh doiciméad a shíniú nó a tharchur go leictreonach tríd an gcóras;

(c) sainaithnítear daoine údaraithe tríd an gcóras le modhanna bunaithe;

(d) cinntear go cruinn cén t-am agus cén dáta a ndearnadh idirbheart leictreonach;

(e) caomhnaítear sláine na ndoiciméad;

(f) coinnítear na doiciméid ar fáil;

(g) más iomchuí, caomhnaítear rúndacht na ndoiciméad;

(h) áirithítear go gcosnaítear sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

3. Beidh an toimhde dhlíthiúil ann go bhfuil na sonraí a sheolfar nó a gheofar tríd an gcóras sin ina sonraí slána agus go bhfuil dáta agus am an tseolta nó na fála a léiríonn an córas cruinn.

Measfar gurb ionann agus doiciméad páipéir aon doiciméad a sheolfar nó a gcuirfear fógra faoi tríd an gcóras sin, beidh sé inghlactha mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla agus measfar é a bheith ina bhunleagan agus beidh an toimhde dhlíthiúil ann gur fíordhoiciméad slán é, ar choinníoll nach bhfuil aon ghnéithe dinimiciúla sa doiciméad lena bhféadfaí é a athrú go huathoibríoch.

Beidh éifeacht dlí ag na sínithe leictreonacha dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 arb ionann í agus éifeacht sínithe láimhe.

*Airteagal 149*

**Doiciméid iarratais a thíolacadh**

1. Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chinnfidh na socruithe chun doiciméid iarratais a thíolacadh agus féadfaidh an duine sin modh eisiach tíolactha a roghnú.

Beidh an modh cumarsáide socraithe sa chaoi go n-áiritheofar go mbeidh fíoriomaíocht ann agus go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil an fhaisnéis uile is gá chun a mheas i ngach iarratas;

(b) go bhfuil sláine na sonraí caomhnaithe;

(c) go bhfuil rúndacht na ndoiciméad iarratais caomhnaithe;

(d) go bhfuil na sonraí pearsanta cosanta i gcomhréir leRialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Áiritheoidh an Coimisiún le modhanna iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 147(1) go bhféadfaidh rannpháirtithe doiciméid iarratais agus aon fhianaise thacaíochta a thíolacadh i bhformáid leictreonach. Aon chóras cumarsáide leictreonaí a úsáidfear chun tacú le cumarsáid agus le malartuithe faisnéise, beidh sé neamh-idirdhealaitheach, ar fáil go ginearálta agus beidh sé idir-inoibritheach le táirgí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide atá in úsáid go ginearálta agus ní chuirfidh sé srian ar an rochtain atá ag rannpháirtithe ar an nós imeachta um dhámhachtain.

Tuairisceoidh an Coimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go rialta faoin dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na míre seo.

3. Le fearais le haghaidh doiciméid iarratais a fháil, ráthófar, le modhanna teicniúla agus nósanna imeachta iomchuí:

(a) gur féidir an rannpháirtí a fhíordheimhniú go cinnte;

(b) gur féidir a chinneadh go cruinn cén t-am agus cén dáta a bhfuarthas na doiciméid iarratais;

(c) gur ag daoine údaraithe amháin a bheidh rochtain ar na sonraí a tharchuirtear agus gurb iad na daoine sin amháin a fhéadfaidh na dátaí a shocrú nó a athrú i leith na doiciméid iarratais a oscailt;

(d) le linn na gcéimeanna éagsúla den nós imeachta um dhámhachtain, is daoine údaraithe amháin a mbeidh rochtain acu ar na sonraí uile a tíolacadh agus a fhéadfaidh rochtain ar na sonraí a thabhairt de réir mar is gá don nós imeachta;

(e) áiritheofar go réasúnta gur féidir aon iarracht ar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (d) a shárú, gur féidir an iarracht sin a bhrath.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le conarthaí faoi na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1).

4. I gcás ina n-údaróidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach tíolacadh doiciméad iarratais le modhanna leictreonacha, measfar gur bunleaganacha iad na doiciméid leictreonacha a thíolacfar trí mheán na gcóras sin.

5. I gcás gur le litir a dhéanfar an tíolacadh, féadfaidh rannpháirtithe doiciméid iarratais a thíolacadh:

(a) tríd an bpost nó trí sheirbhís cúiréireachta agus is é an postmharc nó dáta an duillín taisce an fhianaise a bheidh ann sa chás sin;

(b) le seachadadh láimhe a dhéanfaidh an rannpháirtí go pearsanta nó trí ghníomhaire go dtí áitreabh an oifigigh údarúcháin atá freagrach agus is í an admháil an fhianaise a bheidh ann sa chás sin.

6. Trí dhoiciméid iarratais a thíolacadh, glacann na rannpháirtithe le fógra a fháil faoin toradh a bheidh ar an nós imeachta le modhanna leictreonacha.

7. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 6 den Airteagal seo maidir le daoine nó le heintitis a roghnú atá ag cur chun feidhme cistí de chuid an Aontais de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1).

*CAIBIDIL 3*

***Rialacha is infheidhme maidir le bainistíocht dhíreach***

*Airteagal 150*

**Coiste meastóireachta**

1. Déanfaidh coiste meastóireachta na doiciméid iarratais a mheas.

2. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an coiste meastóireachta a cheapadh.

Beidh triúr ar a laghad ar an gcoiste.

3. Na comhaltaí den choiste a mbeidh meastóireacht á déanamh acu ar iarratais ar dheontais nó ar thairiscintí, déanfaidh siad ionadaíocht thar ceann dhá eintiteas eagraíochtúla, ar a laghad, de chuid institiúidí an Aontais nó chomhlachtaí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 68, Airteagal 70 agus Airteagal 71, nach bhfuil aon nasc ordlathach eatarthu, agus nach dtagann ceann amháin díobh, ar a laghad, faoi chúram an oifigigh údarúcháin atá freagrach. Maidir leis na hionadaíochtaí agus na haonaid áitiúla lasmuigh den Aontas, amhail oscaireacht, oifig nó oifig brainse de chuid an Aontais i dtríú tír, agus maidir leis na comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 68, in Airteagal 70 agus in Airteagal 71, mura bhfuil eintitis ar leithligh acu, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le heintitis eagraíochtúla nach bhfuil aon nasc ordlathach eatarthu.

Féadfaidh saineolaithe seachtracha cúnamh a thabhairt don choiste de bhun cinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach.

Féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith ina gcomhaltaí den choiste i gcás ina ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin sa bhunghníomh.

4. Féadfaidh na daoine dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3 nó saineolaithe seachtracha a bheith ar na comhaltaí sin den choiste a mbeidh meastóireacht á déanamh acu ar iarratais ar chomórtais le haghaidh duaiseanna.

5. Comhlíonfaidh comhaltaí an choiste meastóireachta agus na saineolaithe seachtracha Airteagal 61.

*Airteagal 151*

**Doiciméid iarratais a shoiléiriú agus a cheartú**

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach earráidí soiléire cléireachais i ndoiciméid iarratais a cheartú tar éis don rannpháirtí an earráid a bheidh le ceartú a dhearbhú.

I gcás go mainneoidh rannpháirtí fianaise a thíolacadh nó nach ndéanfaidh rannpháirtí ráitis, iarrfaidh an coiste meastóireachta nó, i gcás inarb iomchuí, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, seachas i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ar an rannpháirtí an fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar nó doiciméid tacaíochta a shoiléiriú.

Ní dhéanfaidh an fhaisnéis, an soiléiriú nó an dearbhú sin doiciméid iarratais a athrú go substaintiúil.

*Airteagal 152*

**Ráthaíochtaí**

1. Cé is moite de chonarthaí agus de dheontais nach bhfuil a luach níos mó ná EUR 60 000 nó cothrom leis an méid sin iad, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, más comhréireach agus faoi réir anailís riosca an oifigigh údarúcháin sin, féadfaidh an duine sin a cheangal orthu seo a leanas ráthaíocht a thíolacadh:

(a) conraitheoirí nó tairbhithe chun teorainn a chur leis na rioscaí airgeadais a bhaineann le réamh-mhaoiniú a íoc ("ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin");

(b) conraitheoirí chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí suntasacha conarthacha i gcás oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí casta ("ráthaíocht um fheidhmiú");

(c) conraitheoirí chun feidhmíocht iomlán an chonartha a áirithiú le linn thréimhse dhliteanais an chonartha ("ráthaíocht um airgead coinneála").

Díolmhófar JRC ó ráthaíochtaí a thaisceadh.

De rogha ar ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a iarraidh le haghaidh deontas, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chinneadh an íocaíocht a scoilteadh ina tráthchodanna éagsúla.

2. Cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an bhfuli an ráthaíocht le hainmniú in euro nó in airgeadra an chonartha nó an chomhaontaithe deontais.

3. Déanfaidh banc nó institiúid údaraithe airgeadais atá inghlactha ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach an ráthaíocht a sholáthar.

Arna iarraidh sin don chonraitheoir nó don tairbhí agus ar choinníoll go nglacann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach leis:

(a) féadfar ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach ón gconraitheoir nó ón tairbhí agus ó thríú páirtí a chur in ionad na ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1;

(b) féadfar ráthaíocht chomhpháirteach neamhinchúlghairthe agus neamhchoinníollach na dtairbhithe is páirtithe sa chomhaontú deontais céanna a chur in ionad na ráthaíochta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1.

4. Beidh d'éifeacht leis an ráthaíocht iallach a chur ar an mbanc nó ar an institiúid airgeadais nó ar an tríú páirtí urrús comhthaobhach neamhinchúlghairthe a chur ar fáil nó seasamh mar ráthóir céadéilimh i leith oibleagáidí an chonraitheora nó an tairbhí.

5. I gcás ina bhfaighidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach amach, agus an conradh nó an comhaontú deontais á chur chun feidhme, nach bhfuil údarú ag ráthóir ráthaíochtaí a eisiúint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, nó nach bhfuil an t-údarú sin ag an ráthóir a thuilleadh, éileoidh sé go gcuirfidh an conraitheoir nó an tairbhí ráthaíocht ar fáil in ionad na ráthaíochta a bhí le soláthar ag an ráthóir sin.

*Airteagal 153*

**Ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin**

1. Suim nach mó ná méid an réamh-mhaoiniúcháin a bheidh i ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin agus beidh an ráthaíocht sin bailí ar feadh tréimhse atá fada go leor go bhféadfaí í a ghníomhachtú.

2. Déanfar an ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a scaoileadh a luaithe a bhainfear an réamh-mhaoiniú d'íocaíochtaí eatramhacha nó de chomhardú na n-íocaíochtaí don chonraitheoir nó don tairbhí i gcomhréir le téarmaí an chonartha nó le coinníollacha an chomhaontuithe deontais.

TEIDEAL VI

**BAINISTÍOCHT INDÍREACH**

*Airteagal 154*

**Bainistíocht indíreach**

1. Roghnú na ndaoine agus na n-eintiteas a mbeidh cur chun feidhme cistí ón Aontas nó ráthaíochtaí buiséadacha faoina gcúram de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), beidh an roghnú sin trédhearcach, beidh údar leis i ngeall ar chineál na gníomhaíochta agus ní thiocfaidh coinbhleacht leasa as. I gcás na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointí (c)(ii), (v), (vi) agus (vii) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), tabharfar aird chuí sa roghnú ar a gcumas airgeadais agus ar a n-acmhainn oibríochtúil.

I gcás ina sainaithneofar an duine nó an t-eintiteas i mbunghníomh, áireofar sa ráiteas airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 35 údar leis an duine nó leis an eintiteas ar leith a roghnú.

I gcásanna gur líonra a dhéanfaidh an cur chun feidhme, agus gur gá go n-ainmneofar comhlacht amháin nó eintiteas amháin ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit nó in aghaidh na tíre lena mbaineann, is é an Ballstát nó an tír lena mbaineann a ainmneoidh an comhlacht nó an t-eintiteas i gcomhréir leis an mbunghníomh. I ngach cás eile, is é an Coimisiún a ainmneoidh na comhlachtaí nó na heintitis sin i gcomhaontú leis na Ballstáit nó leis na tíortha lena mbaineann.

2. Na daoine agus na heintitis a mbeidh cur chun feidhme cistí ón Aontas nó ráthaíochtaí buiséadacha faoina gcúram de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), urramóidh siad prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hinfheictheachta i dtaca le gníomhaíocht an Aontais. I gcás ina mbunóidh an Coimisiún comhaontuithe comhpháirtíochta creataí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 130, tabharfar tuairisc níos mionsonraithe ar na prionsabail thuasluaite sna comhaontuithe sin.

3. Sula síneofar comhaontuithe ranníocaíochta, comhaontuithe maoiniúcháin nó comhaontuithe ráthaíochta, déanfaidh an Coimisiún leibhéal cosanta a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais a bheidh coibhéiseach leis an leibhéal dá bhforáiltear nuair a chuireann an Coimisiún an buiséad chun feidhme i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1). Déanfaidh an Coimisiún amhlaidh trí mheasúnú a dhéanamh ar chórais. rialacha agus nósanna imeachta na ndaoine nó na n-eintiteas sin a bheidh i mbun cistí ón Aontas a chur chun feidhme, má tá sé ar intinn aige taobh a thabhairt le córais, rialacha agus nósanna imeachta den sórt sin maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta, nó trí bhearta maoirseachta iomchuí a ghlacadh i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

4. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus aird chuí á tabhairt aige ar chineál na gníomhaíochta agus ar na rioscaí airgeadais i gceist, déanfaidh an Coimisiún measúnú leis an méid seo a leanas a áirithiú maidir leis na daoine agus na heintitis a bheidh i mbun cistí ón Aontas a chur chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1):

(a) go ndéanfaidh siad córas rialaithe inmheánaigh atá éifeachtach agus éifeachtúil a chur ar bun agus feidhmiú an chórais sin a áirithiú, ar córas é atá bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus lena gceadaítear go háirithe neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú;

(b) córas cuntasaíochta a úsáid a sholáthraíonn faisnéis chruinn iomlán iontaofa go tráthúil;

(c) go mbeidh siad faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách, arna déanamh, i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glactha leo go hidirnáisiúnta, ag seirbhís iniúchóireachta atá neamhspleách ó thaobh a feidhmeanna de ar an duine nó ar an eintiteas lena mbaineann;

(d) go ndéanfaidh siad rialacha agus nósanna imeachta iomchuí a chur i bhfeidhm maidir le cistiú a chur ar fáil do thríú páirtithe lena n-áirítear nósanna imeachta athbhreithniúcháin trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha, éifeachtúla agus éifeachtacha, rialacha maidir le cistí a íocadh go míchuí a ghnóthú agus rialacha maidir le cosc a bheith ar rochtain ar chistiú;

(e) go ndéanfaidh siad faisnéis leordhóthanach faoina bhfaighteoirí, a chur ar fáil don phobal, agus an fhaisnéis sin a bheith coibhéiseach leis an bhfaisnéis dá bhforáiltear faoi Airteagal 38;

(f) cosaint sonraí pearsanta atá coibhéiseach léi sin dá dtagraítear in Airteagal 5 a áirithiú.

Ina theannta sin, i gcomhaontú leis na daoine nó leis na heintitis lena mbaineann, féadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar rialacha agus nósanna imeachta eile amhail cleachtais chuntasaíochta costála riaracháin na ndaoine nó na n-eintiteas. Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh taobh a thabhairt leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin.

Na daoine nó na heintitis sin a bhfuil measúnú déanta orthu i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fomhír, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí má dhéantar aon athruithe substaintiúla ar a rialacha, a gcórais nó a nósanna imeachta a fhéadfaidh difear a dhéanamh d'iontaofacht mheasúnú an Choimisiúin.

5. I gcás nach ndéanfaidh na daoine nó na heintitis lena mbaineann mír 4 a chomhlíonadh ach go páirteach, glacfaidh an Coimisiún na bearta maoirseachta iomchuí lena n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Sonrófar na bearta sin sna comhaontuithe ábhartha. Cuirfear faisnéis faoi bhearta den sórt sin ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle arna iarraidh sin dóibh.

6. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gan measúnú *ex ante* amhail dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 a éileamh i dtaca leo siúd a leanas:

(a) comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 agus na comhlachtaí nó na daoine dá dtagraítear i bpointe (c)(viii) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) atá tar éis rialacha airgeadais a ghlacadh le toiliú roimh ré ón gCoimisiún;

(b) tríú tíortha nó na comhlachtaí a ainmneoidh siad, a mhéid a fhágtar na freagrachtaí maidir le bainistiú airgeadais ag an gCoimisiún, freagrachtaí a ráthaíonn cosaint leordhóthanach leasanna airgeadais an Aontais; nó

(c) na nósanna imeachta sin arna gceangal go sonrach ag an gCoimisiún, lena n-áirítear a nósanna imeachta féin agus iad sin a shonraítear sna bunghníomhartha.

7. I gcás ina measfar go bhfuil córais, rialacha nó nósanna imeachta na ndaoine nó na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) iomchuí, féadfar ranníocaíochtaí ón Aontas leis na daoine nó leis na heintitis sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Teideal seo. I gcás ina nglacfaidh na daoine nó na heintitis sin páirt i nglao ar thograí, comhlíonfaidh siad rialacha an ghlao ar thograí atá i dTeideal VIII. I gcás den sórt sin, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin a chinneadh comhaontú ranníocaíochta nó comhaontú maoiniúcháin a shíniú in áit comhaontú deontais.

*Airteagal 155*

**Cur chun feidhme cistí ón Aontas agus ráthaíochtaí buiséadacha**

1. Na daoine agus na heintitis a bheidh i mbun cistí ón Aontas nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, cuirfidh siad na nithe seo a leanas ar fáil don Choimisiún:

(a) tuarascáil ar chur chun feidhme cistí ón Aontas nó na ráthaíochta buiséadaí, lena n-áirítear comhlíonadh na gcoinníollacha nó baint amach na dtorthaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1);

(b) a gcuntais arna dtarraingt suas i leith an chaiteachais arna thabhú, i gcás ina ndéantar an caiteachas a aisíoc de dhroim na ranníocaíochta;

(c) dearbhú bainistíochta ina gcumhdaítear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus, i gcás inarb iomchuí, i bpointe (b), lena ndearbhaítear na nithe seo a leanas:

   (i) go dtíolactar an fhaisnéis i gceart agus gur faisnéis iomlán chruinn atá inti;

   (ii) gur úsáideadh cistí an Aontais chun na gcríoch a ceapadh dóibh, mar a shainmhínítear sna comhaontuithe ranníocaíochta, sna comhaontuithe maoiniúcháin nó sna comhaontuithe ráthaíochta nó, i gcás inarb infheidhme, sna rialacha ábhartha earnáilsonracha;

   (iii) go dtugann na córais rialaithe a cuireadh ar bun na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart;

(d) achoimre ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus ar na rialuithe a dhéantar, lena n-áirítear anailís ar chineál agus méid na n-earráidí agus na laigí arna sainaithint sna córais, mar aon le gníomhaíocht cheartaitheach a glacadh nó a beartaíodh.

I gcás ina mbeidh trasiontaoibh in iniúchóireachtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 127, cuirfear gach doiciméadacht ábhartha i dtaca leis an iniúchóireacht ar a mbeifear ag brath san áireamh san achoimre dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo.

I gcás gníomhaíochtaí a dhéanfar a fhoirceannadh roimh dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann, féadfar an tuarascáil deiridh a chur in áit an dearbhaithe bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír, ar choinníoll go ndéanfar í a thíolacadh roimh an 15 Feabhra an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

Maidir leis na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh ag gabháil leo tuairim ó chomhlacht iniúchóireachta neamhspleách, arna tarraingt suas i gcomhréir leis na caighdeáin iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Suífear leis an tuairim sin an bhfeidhmíonn, mar is ceart, na córais rialaithe a cuireadh ar bun, an bhfuil siad costéifeachtach agus an bhfuil na bun-idirbhearta dlíthiúil agus rialta. Luafar sa tuairim freisin an gcuireann an obair iniúchóireachta in amhras na dearbhuithe a rinneadh sa dearbhú bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír. I gcás nach mbeidh tuairim den sórt sin ar fáil, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin leibhéal coibhéiseach ráthaíochta a lorg trí mheáin neamhspleácha eile.

Cuirfear na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 15 Feabhra den chéad bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Soláthrófar an tuairim dá dtagraítear sa tríú fomhír don Choimisiún faoin 15 Márta den bhliain sin ar a dhéanaí.

Beidh na hoibleagáidí a leagtar amach sa mhír seo gan dochar do na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le BEI, le CEI, le heagraíochtaí na mBallstát, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha. Maidir leis an dearbhú bainistíochta, beidh ar áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin, ar a laghad, an oibleagáid ar na heintitis sin ráiteas a sholáthar gach bliain don Choimisiún ina ndearbhaítear gur úsáideadh agus gur cuireadh i gcuntas na cistí de chuid an Aontais, le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 154(3) agus (4) agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos i gcomhaontuithe den sórt sin. Féadfar ráitis den sórt sin a ionchorprú sa tuarascáil deiridh más rud é go bhfuil an ghníomhaíocht a cuireadh chun feidhme teoranta do 18 mí.

2. Agus cistí de chuid an Aontais á gcur chun feidhme acu, déanfaidh daoine agus eintitis an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh siad dlí an Aontais is infheidhme agus caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta agus Aontais a chomhlíonadh, agus, dá bhrí sin, ní thacóidh siad le gníomhaíochtaí a ranníocaíochtaí a ranníocaíochtaí a ranníocaíochtaí a ranníocaíochtaí a

(b) agus ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha á gcur chun feidhme acu i gcomhréir le Teideal X, ní dhéanfaidh siad oibríochtaí nua nó athnuaite le heintitis atá ionchorpraithe nó bunaithe i ndlínsí a liostaítear faoi bheartas ábhartha an Aontais maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha, nó a shainaithnítear mar thríú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849, nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise atá ag AE nó atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta.

Ní fhéadfaidh na heintitis maolú ó phointe (b) den chéad fhomhír ach amháin má chuirtear an ghníomhaíocht ar siúl go fisiciúil i gceann de na dlínsí sin, agus mura bhfuil aon táscaire ann go dtiteann an oibríocht ábhartha faoi aon cheann de na catagóirí a liostaítear i bpointe (a) den chéad fhomhír.

Agus comhaontuithe á dtabhairt i gcrích le hidirghabhálaithe airgeadais, déanfaidh eintitis a chuireann ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme i gcomhréir le Teideal X na ceanglais dá dtagraítear sa mhír seo a thrasuí sna comhaontuithe ábhartha agus iarrfaidh siad ar na hidirghabhálaithe airgeadais tuarascáil a chur ar fáil maidir le hurramú na gceanglas sin.

3. Agus ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha á gcur chun feidhme acu i gcomhréir le Teideal X, cuirfidh daoine agus eintitis i bhfeidhm na prionsabail agus na caighdeáin a leagtar amach i ndlí an Aontais maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun airgead a sciúradh agus sceimhlitheoirí a mhaoiniú, go háirithe i Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus i dTreoir (AE) 2015/849. Cuirfidh siad de choinníoll ar an gcistiú faoin Rialachán seo go ndéanfar faisnéis úinéireachta tairbhiúla a nochtadh i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849 agus déanfaidh siad sonraí maidir le tuairisciú tír-ar-thír a fhoilsiú de réir bhrí Airteagal 89(1) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

4. Fíoróidh an Coimisiún gur baineadh úsáid as cistí ón Aontas nó as ráthaíochtaí buiséadacha i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha. I gcás ina n-aisíoctar costais an duine nó an eintitis ar bhonn rogha costais shimplithe i gcomhréir le pointe (c), pointe (d) agus pointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 181(1) go (5) agus ag Airteagal 182 go Airteagal 185. I gcás inar baineadh úsáid as cistí de chuid an Aontais nó as ráthaíochtaí buiséadacha ar shlí a sháraíonn na hoibleagáidí a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha, beidh feidhm ag Airteagal 131.

5. Maidir le gníomhaíochtaí ildeontóirí, i gcás ina ndéantar an caiteachas a aisíoc de dhroim ranníocaíocht an Aontais, is é a bheidh i gceist leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 4 fíorú a dhéanamh gur úsáid an t-eintiteas méid a fhreagraíonn don mhéid a d'íoc an Coimisiún don ghníomhaíocht lena mbaineann, gur úsáid an t-eintiteas é i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos sa chomhaontú deontais ábhartha, sa chomhaontú ranníocaíochta ábhartha nó sa chomhaontú maoiniúcháin ábhartha.

6. Saineofar go soiléir sna comhaontuithe ranníocaíochta, sna comhaontuithe maoiniúcháin agus sna comhaontuithe ráthaíochta freagrachtaí agus oibleagáidí an duine nó an eintitis a bheidh i mbun cistí ón Aontas a chur chun feidhme, lena n-áirítear na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 129 agus coinníollacha íocaíochta na ranníocaíochta. Sna comhaontuithe sin, i gcás inarb infheidhme, déanfar an luach saothair, arna chomhaontú go frithpháirteach, a shainiú agus beidh an luach saothair sin i gcomhréir leis na coinníollacha faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí chun feidhme, agus aird chuí á tabhairt ar chásanna géarchéime agus leochaileachta, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh siad bunaithe ar fheidhmíocht. Áireofar sna comhaontuithe sin freisin rialacha maidir le tuairisciú don Choimisiún i dtaobh conas a dhéantar na cúraimí, i dtaobh na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear táscairí feidhmíochta, agus an oibleagáid ar dhaoine nó ar eintitis a bheidh i mbun cistí ón Aontas a chur chun feidhme a bhaineann le fógra a thabhairt don Choimisiún gan mhoill faoi chásanna inar braitheadh calaois agus neamhrialtachtaí agus faoi ghníomhaíochtaí leantacha ina leith.

7. Cuirfear na comhaontuithe ranníocaíochta, na comhaontuithe maoiniúcháin agus na comhaontuithe ráthaíochta uile ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle arna iarraidh sin dóibh.

8. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le ranníocaíocht an Aontais le comhlachtaí de chuid an Aontais atá faoi réir nós imeachta um urscaoileadh ar leithligh faoi Airteagal 70 agus faoi Airteagal 71 cé is moite de chomhaontuithe ranníocaíochta ad hoc a d'fhéadfadh a bheith ann.

*Airteagal 156*

**Bainistíocht indíreach i gcomhar le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta**

1. I gcomhréir le pointe (c)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), féadfaidh an Coimisiún an buiséad a chur chun feidhme go hindíreach i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta de chuid na hearnála poiblí a bunaíodh le comhaontuithe idirnáisiúnta ("eagraíochtaí idirnáisiúnta") agus i gcomhar le gníomhaireachtaí speisialaithe arna mbunú ag eagraíochtaí den sórt sin. Déanfar na comhaontuithe sin a tharchur chuig an gCoimisiún mar chuid den mheasúnú arna dhéanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 154(3).

([1]) Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1781/2006 (IO L 141, 5.6.2015, lch. 1).

([2]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

2. Comhshamhlófar na heagraíochtaí seo a leanas le heagraíochtaí idirnáisiúnta:

(a) Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge;

(b) Cónaidhm Idirnáisiúnta de chuid Chumainn Náisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg.

3. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a bhfuil údar cuí leis a ghlacadh lena gcomhshamhlaítear eagraíocht neamhbhrabúsach le heagraíocht idirnáisiúnta ar chuntar go gcomhlíonann sí na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá pearsantacht dhlítheanach agus comhlachtaí rialachais uathrialacha aici;

(b) bunaíodh í chun sainchúraimí de chineál leasa ghinearálta idirnáisiúnta a dhéanamh;

(c) tá sé Bhallstát ar a laghad ina gcomhaltaí den eagraíocht neamhbhrabúsach;

(d) cuirtear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil di;

(e) feidhmíonn sí ar bhonn struchtúr buan agus i gcomhréir leis na córais, na rialacha agus na nósanna imeachta a fhéadtar a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 154(3).

4. I gcás ina gcuirfidh eagraíochtaí idirnáisiúnta cistí chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, beidh feidhm ag comhaontuithe fíorúcháin a tugadh i gcrích leo.

*Airteagal 157*

**Bainistíocht indíreach i gcomhar le hEagraíochtaí de chuid na mBallstát**

1. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le pointe (c)(v) agus (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1), an buiséad a chur chun feidhme go hindíreach i gcomhar le heagraíochtaí de chuid na mBallstát.

2. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún an buiséad chun feidhme go hindíreach i gcomhar le heagraíochtaí de chuid na mBallstát, beidh sé ag brath ar chórais, ar rialacha agus ar nósanna imeachta na n-eagraíochtaí sin, a rinneadh a mheas i gcomhréir le hAirteagal 154(3) agus (4).

3. Déanfar méid agus modúlachtaí na trasiontaoibhe i gcórais, i rialacha agus i nósanna imeachta eagraíochtaí de chuid na mBallstát a shonrú tuilleadh sna comhaontuithe comhpháirtíochta creataí airgeadais a chuirfear i gcrích le heagraíochtaí de chuid na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 130, agus d'fhéadfaí a áireamh sna comhaontuithe sin forálacha sonracha maidir le brath ar fhoinsí eile le haghaidh measúnú agus iniúchtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 126 agus Airteagal 127.

*Airteagal 158*

**Bainistíocht indíreach i gcomhar le tríú tíortha**

1. Féadfaidh an Coimisiún an buiséad a chur chun feidhme go hindíreach i gcomhar le tríú tír nó leis na comhlachtaí arna n-ainmniú ag an tír sin, amhail dá dtagraítear i bpointe (c)(i) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) trí chomhaontú maoiniúcháin a thabhairt i gcrích ina dtugtar tuairisc ar idirghabháil an Aontais sa tríú tír agus lena leagtar síos an modh cur chun feidhme le haghaidh gach cuid den ghníomhaíocht.

2. Maidir leis an gcuid den ghníomhaíocht a cuireadh chun feidhme go hindíreach i gcomhar leis an tríú tír, nó leis na comhlachtaí a d'ainmnigh sí, sonrófar go soiléir sa chomhaontú maoiniúcháin, sa bhreis ar na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 155(5), róil agus freagrachtaí an tríú tír agus an Choimisiúin i dtaca le cur chun feidhme na gcistí. Ina theannta sin, cinnfear sa chomhaontú maoiniúcháin na rialacha agus na nósanna imeachta a chuirfidh an tríú tír i bhfeidhm nuair a bheidh na cistí ón Aontas á gcur chun feidhme aici.

*Airteagal 159*

**Oibríochtaí measctha**

1. Is é an Coimisiún nó is daoine nó eintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) a dhéanfaidh oibríochtaí measctha a bhainistiú.

2. I gcás ina gcuirfear ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme laistigh de shaoráid mheasctha nó d'ardán measctha, beidh feidhm ag Teideal X.

3. Maidir le hionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chuirtear chun feidhme laistigh de shaoráidí measctha nó d'ardáin mheasctha, measfar gur comhlíonadh pointe (h) den chéad fhomhír d'Airteagal 209(2) má dhéantar measúnú *ex ante* sula mbunófar an tsaoráid mheasctha nó an t-ardán measctha ábhartha.

4. Tarraingeofar suas tuarascálacha bliantúla de bhun Airteagal 249 ar leibhéal na saoráide measctha nó an ardáin measctha, agus na hionstraimí airgeadais agus na ráthaíochtaí buiséadacha uile a ghrúpáiltear faoin tsaoráid nó faoin ardán sin á gcur san áireamh agus na cineálacha éagsúla tacaíochta airgeadais a shainaithint go soiléir laistigh di no de.

TEIDEAL VII

**SOLÁTHAR AGUS LAMHÁLTAIS**

*CAIBIDIL 1*

***Forálacha coiteanna***

*Airteagal 160*

**Prionsabail is infheidhme maidir le conarthaí agus lena raon feidhme**

1. Maidir leis na conarthaí go léir a bheidh á maoiniú ina n-iomláine nó i bpáirt ag an mbuiséad, urramóidh siad prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe.

2. Cuirfear na conarthaí go léir amach ar tairiscint ar an mbonn is leithne is féidir, ach amháin nuair a bheidh úsáid á baint as an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (d) d’Airteagal 164(1).

Ní chinnfear luach measta conartha d’fhonn dul timpeall ar na rialacha is infheidhme, ná ní scoiltfear conradh chun na críche sin.

Déanfaidh an t-údarás conarthach conradh a roinnt ina mhíreanna, aon uair is iomchuí, agus tabharfaidh sé aird chuí ar iomaíocht leathan.

3. Ní úsáidfidh údaráis chonarthacha creatchonarthaí go míchuí ná ar bhealach arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

4. Féadfaidh JRC cistiú a fháil arna mhuirearú do leithreasuithe cé is moite de leithreasuithe faoi chomhair taighde agus forbairt theicneolaíoch maidir lena rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair a mhaoinítear ina n-iomláine nó i bpáirt ón mbuiséad.

5. Ní bheidh feidhm ag na rialacha soláthair, a leagtar amach sa Rialachán seo, maidir le gníomhaíochtaí JRC thar ceann tríú páirtithe, cé is moite de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne.

*Airteagal 161*

**Iarscríbhinn maidir le soláthar agus maidir le tarmligean na gcumhachtaí**

Leagtar amach rialacha mionsonraithe i leith soláthair in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Lena áirithiú go gcuirfidh institiúidí an Aontais na caighdeáin chéanna i bhfeidhm, agus conarthaí á ndámhachtain ar a gcuntas féin, agus a fhorchuirtear ar údaráis chonarthacha a chumhdaítear i dTreoir 2014/23/AE agus i dTreoir 2014/24/AE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 269 den Rialachán seo chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, d’fhonn an Iarscríbhinn sin a ailíniú le leasuithe ar na Treoracha sin agus chun coigeartuithe teicniúla gaolmhara a thabhairt isteach.

*Airteagal 162*

**Conarthaí measctha agus stór focal comhchoiteann um sholáthar**

1. Conradh measctha ina gcumhdaítear, ar a laghad, dhá chineál soláthair (oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí) nó dhá chineál lamháltais (oibreacha nó seirbhísí) nó an dá rud thuas, déanfar é a dhámhachtain i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme maidir leis an gcineál soláthair lena léirítear príomhábhar an chonartha i dtrácht.

2. I gcás conarthaí measctha a bhaineann le soláthairtí agus seirbhísí, cinnfear príomhábhar an chonartha trí chomparáid a dhéanamh idir luachanna na soláthairtí agus na seirbhísí éagsúla.

Déanfar conradh lena gcumhdaítear cineál amháin soláthair (oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí) agus cineál amháin lamháltais (oibreacha nó seirbhísí), déanfar sin a dhámhachtain i gcomhair leis na forálacha is infheidhme don chonradh poiblí lena mbaineann.

3. Ní bheidh feidhm ag an Teideal seo maidir le conarthaí i gcomhair cúnamh teicniúil arna dtabhairt i gcrích le BEI nó le CEI.

4. Aon tagairtí don ainmníocht i gcomhthéacs an tsoláthair, déanfar iad de réir an “Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV)”, a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

*Airteagal 163*

**Bearta poiblíochta**

1. Maidir le nósanna imeachta a bhfuil luach acu is comhionann leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó in Airteagal 178, nó is mó ná iad, déanfaidh an t-údarás conarthach an méid seo a leanas a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*:

(a) fógra conartha chun nós imeachta a sheoladh, ach amháin i gcás an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (d) d’Airteagal 164(1);

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO L 340, 16.12.2002, lch. 1).

(b) fógra dáfa conartha maidir le torthaí an nóis imeachta.

2. Déanfar nósanna imeachta ar ísle a luach ná na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó in Airteagal 178 a fhógairt le modhanna iomchuí.

3. Féadfar gan faisnéis áirithe faoi dhámhachtain conarthaí a fhoilsiú i gcás go gcuirfeadh scaoileadh na faisnéise sin bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó go mbeadh sé in aghaidh leas an phobail ar shlí eile, go ndéanfadh sé dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála oibreoirí eacnamaíocha, nó go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir na hoibreoirí sin.

*Airteagal 164*

**Nósanna imeachta soláthair**

1. Nósanna imeachta soláthair maidir le conarthaí lamháltais nó conarthaí poiblí a dhámhachtain, lena n-áirítear creatchonarthaí, beidh siad i gceann de na foirmeacha seo a leanas:

(a) nós imeachta oscailte;

(b) nós imeachta srianta, lena n-áirítear trí chóras ceannaigh dinimiciúil;

(c) comórtas dearaí;

(d) nós imeachta idirbheartaithe, lena n-áirítear gan é a fhoilsiú roimh ré;

(e) idirphlé iomaíoch;

(f) nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht;

(g) comhpháirtíocht nuálaíochta;

(h) nósanna imeachta lena mbaineann glao ar léiriú spéise.

2. I nósanna imeachta oscailte, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis é tairiscint a thíolacadh.

3. I nósanna imeachta srianta, in idirphlé iomaíoch, i nósanna imeachta iomaíocha lena ngabhann idirbheartaíocht agus i gcomhpháirtíochtaí nuálaíochta, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch iarraidh a thíolacadh chun páirt a ghlacadh tríd an bhfaisnéis a iarrann an t-údarás conarthach a chur ar fáil. Iarrfaidh an t-údarás conarthach ar gach iarrthóir, a chomhlíonann na critéir roghnúcháin agus nach bhfuil in aon cheann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagal 136(1) agus in Airteagal 141(1), tairiscint a thíolacadh.

In ainneoin na chéad fhomhíre, féadfaidh an t-údarás conarthach líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu páirt a ghlacadh sa nós imeachta a theorannú ar bhonn critéir roghnúcháin oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, a chuirfear in iúl san fhógra conarthach nó sa ghlao ar léiriú spéise. Beidh líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu páirt a ghlacadh leordhóthanach chun go n-áiritheofar fíoriomaíocht.

4. I ngach nós imeachta lena ngabhann idirbheartaíocht, rachaidh an t-údarás conarthach i mbun idirbheartaíocht le tairgeoirí maidir leis an gcéad tairiscint agus le haon tairiscintí ina dhiaidh sin nó codanna díobh, seachas a gcuid tairiscintí deiridh, chun feabhas a chur ar a n-inneachar. Na híoscheanglais agus na híoschritéir a shonraítear sna doiciméid soláthair, ní bheidh siad faoi réir idirbheartaíochta.

Féadfaidh údarás conarthach conradh a dhámhachtain ar bhonn na chéad tairisceana gan idirbheartaíocht i gcás inar léirigh sé sna doiciméid soláthair go bhforchoimeádann sé an deis chun é sin a dhéanamh.

5. Féadfaidh an t-údarás conarthach na nithe seo a leanas a úsáid:

(a) an nós imeachta oscailte nó an nós imeachta srianta do cheannach ar bith;

(b) na nósanna imeachta lena mbaineann glao ar léiriú spéise do chonarthaí a bhfuil luach orthu atá faoi bhun na dtairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1), chun iarrthóirí a réamhroghnú a dtabharfaí cuireadh dóibh tairiscintí a chur isteach mar fhreagairt ar ghlaonna srianta ar thairiscint amach anseo, nó liosta díoltóirí a bhailiú a dtabharfaí cuireadh dóibh iarrataí a chur isteach chun páirt a ghlacadh nó chun tairiscintí a chur isteach;

(c) an comórtas dearaí chun plean nó dearadh a fháil a roghnaigh giúiré tar éis iad a bheith curtha amach ar comórtas;

(d) an chomhpháirtíocht nuálaíochta chun táirge nuálach, seirbhís nuálach nó oibreacha nuálacha a fhorbairt, agus chun an soláthar, na seirbhísí nó na hoibreacha ar toradh orthu iad a cheannach ina dhiaidh;

(e) an nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht nó an t-idirphlé iomaíoch i gcomhair conarthaí lamháltais, do na conarthaí seirbhíse dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Treoir 2014/24/AE, i gcásanna nár tíolacadh ach tairiscintí neamhrialta nó doghlactha mar fhreagairt ar nós imeachta oscailte nó srianta tar éis an nós imeachta tosaigh a chur i gcrích, agus i gcásanna ina mbeidh údar leis sin de bharr na gcúinsí sonracha a bhaineann, *inter alia*, le cineál nó le castacht ábhar an chonartha nó le cineál sonrach an chonartha, a bhfuil tuairisc mhionsonraithe orthu in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(f) an nós imeachta idirbheartaithe maidir le conarthaí ar lú a luach ná na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1), nó an nós imeachta idirbheartaithe nár foilsíodh roimh ré do chineálacha áirithe ceannachán amháin a thagann lasmuigh de raon feidhme Threoir 2014/24/AE nó sna himthosca eisceachtúla arna sainiú go ríshoiléir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

6. Beidh córas ceannaigh dinimiciúil ar oscailt le linn a ré d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann na critéir roghnúcháin.

Comhlíonfaidh an t-údarás conarthach rialacha an nós imeachta shrianta do sholáthar trí chóras ceannaigh dinimiciúil.

*Airteagal 165*

**Soláthar idirinstitiúideach agus soláthar comhpháirteach**

1. I gcás inar spéis le dhá institiúid de chuid an Aontais, dhá ghníomhaireacht feidhmiúcháin nó dhá chomhlacht de chuid an Aontais nó níos mó de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71, conradh poiblí nó creatchonradh, agus aon uair a d'fhéadfaí an éifeachtúlacht a mhéadú, féadfaidh na húdaráis chonarthacha ábhartha nós imeachta agus bainistiú an chonartha nó an chreatchonartha iardain a chur i gcrích ar bhonn idirinstitiúideach faoi cheannaireacht ceann de na húdaráis chonarthacha.

Na comhlachtaí agus na daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CFAE mar aon le hOifig Rúnaí Bhord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha, féadfaidh siad páirt a ghlacadh i nósanna imeachta idirinstitiúideacha.

Ní bheidh téarmaí creatchonartha i bhfeidhm ach amháin idir na húdaráis chonarthacha atá sainaitheanta chun na críche sin sna doiciméid soláthair agus na hoibreoirí eacnamaíocha sin atá ina bpáirtithe sa chreatchonradh.

2. I gcás ina bhfuil gá le conradh nó creatchonradh chun gníomhaíocht chomhpháirteach a chur chun feidhme idir institiúid de chuid an Aontais agus údarás conarthach amháin nó níos mó ó na Ballstáit, féadfaidh an institiúid de chuid an Aontais agus na húdaráis chonarthacha an nós imeachta soláthair a chur i gcrích i gcomhpháirt le chéile.

Féadfar soláthar comhpháirteach a dhéanamh le Stáit CSTE agus tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas má foráladh go sonrach don deis sin i gconradh déthaobhach nó iltaobhach.

Beidh feidhm maidir leis an soláthar comhpháirteach ag na forálacha nós imeachta is infheidhme maidir le hinstitiúidí de chuid an Aontais.

I gcás ina mbeidh an cion a bhaineann leis an údarás conarthach de chuid Ballstáit, nó an cion atá á bhainistiú aige, i luach iomlán measta an chonartha cothrom le 50 % nó níos mó ná sin, nó i gcásanna eile a mbeidh údar cuí leo, féadfaidh an institiúid de chuid an Aontais a chinneadh go mbeidh feidhm ag na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis an údarás conarthach de chuid Ballstáit, go mbeidh feidhm acu maidir leis an soláthar comhpháirteach, ar choinníoll go bhféadfar a mheas go bhfuil na rialacha sin coibhéiseach leo sin atá ag an institiúid de chuid an Aontais.

An institiúid de chuid an Aontais agus an t-údarás conarthach ó Bhallstát, ó Stát de chuid CSTE nó ó thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas, lena mbaineann an soláthar comhpháirteach, tiocfaidh siad ar chomhaontú go háirithe maidir leis na socruithe mionsonraithe praiticiúla chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarrataí ar rannpháirtíocht nó ar na tairiscintí, maidir le dámhachtain an chonartha, maidir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh, agus maidir leis an gcúirt inniúil chun díospóidí a éisteacht.

*Airteagal 166*

**Nós imeachta soláthair a ullmhú**

1. Sula seolfaidh sé nós imeachta soláthair, féadfaidh an t-údarás conarthach réamhchomhairliúchán margaidh a dhéanamh d'fhonn an nós imeachta a ullmhú.

2. Sna doiciméid soláthair, déanfaidh an t-údarás conarthach ábhar an tsoláthair a shainaithint trí thuairisc a chur ar fáil ar a riachtanais agus ar na saintréithe is gá do na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le ceannach agus sonróidh sé na critéir is infheidhme maidir le heisiamh, roghnú agus dámhachtain. Sonróidh an t-údarás conarthach freisin cé na gnéithe a úsáidtear chun na ceanglais íosta a bheidh le comhlíonadh ag gach tairiscint a shainiú. Áireofar sna ceanglais íosta comhlíonadh na n-oibleagáidí is infheidhme maidir le dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair arna mbunú faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó faoi na coinbhinsiúin idirnáisiúnta shóisialta agus chomhshaoil is infheidhme a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE.

*Airteagal 167*

**Dámhachtain conarthaí**

1. Dámhfar conarthaí ar bhonn na gcritéar dámhachtana ar chuntar gur fhíoraigh an t-údarás conarthach na coinníollacha seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann an tairiscint na ceanglais íosta a shonraítear sna doiciméid soláthair;

(b) nach bhfuil an t-iarrthóir nó an tairgeoir eisiata faoi Airteagal 136 nó nár diúltaíodh iad faoi Airteagal 141,

(c) go gcomhlíonann an t-iarrthóir nó an tairgeoir na critéir roghnúcháin a shonraítear sna doiciméid soláthair agus nach bhfuil sé faoi réir coinbhleachtaí leasa, rud a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chomhlíonadh an chonartha.

2. Cuirfidh an t-údarás conarthach na critéir roghnúcháin i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas an iarrthóra nó an tairgeora. Ní bheidh baint ag critéir roghnúcháin ach amháin leis an inniúlacht dhlíthiúil agus rialála chun an ghníomhaíocht ghairmiúil a shaothrú, an acmhainn eacnamaíoch agus an cumas airgeadais, agus an acmhainn theicniúil agus ghairmiúil. Toimhdeofar go gcomhlíonann JRC na ceanglais a bhaineann le cumas airgeadais.

3. Cuirfidh an t-údarás conarthach na critéir dhámhachtana i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar an tairiscint.

4. Is ar an tairiscint is fearr ó thaobh na heacnamaíochta de a bhunóidh an t-údarás conarthach dámhachtain conarthaí, agus is é a bheidh i gceist leis sin ceann amháin de thrí mhodh dámhachtana: an praghas is ísle, an costas is ísle nó an cóimheas praghas-cáilíocht is fearr.

Maidir leis an modh is ísle costas, déanfaidh an t-údarás conarthach cur chuige éifeachtúlachta costais a úsáid, lena n-áirítear costáil saolré.

Chun an cóimheas praghas-cáilíocht is fearr a fháil, cuirfidh an t-údarás conarthach san áireamh an praghas nó an costas agus critéir cháilíochta eile a bhaineann le hábhar an chonartha.

*Airteagal 168*

**Tíolacadh, cumarsáid leictreonach agus meastóireacht**

1. Leagfaidh an t-údarás conarthach síos teorannacha ama le tairiscintí agus le hiarrataí ar rannpháirtíocht a fháil i gcomhréir le pointe 24 d'Iarscríbhinn I agus castacht an cheannacháin á cur san áireamh, agus tréimhse leordhóthanach ama á tabhairt aige d'oibreoirí eacnamaíocha chun a dtairiscintí a ullmhú.

2. Má mheastar é a bheith iomchuí agus comhréireach, féadfaidh an t-údarás conarthach a cheangal ar thairgeoirí ráthaíocht a thaisceadh chun a chinntiú nach n-aistarraingeofar roimh shíniú an chonartha na tairiscintí a tíolacadh. Idir 1 % agus 2 % de luach measta iomlán an chonartha a bheidh i gceist leis an ráthaíocht a cheanglófar.

Scaoilfidh an t-údarás conarthach na ráthaíochtaí tairisceana:

(a) tar éis dó an fhaisnéis maidir leis an toradh ar an nós imeachta a sholáthar, i dtaca le tairgeoirí nó tairgeoirí a diúltaíodh amhail dá dtagraítear i bpointe 30.2(b) nó (c) d'Iarscríbhinn I;

(b) tráth a síneofar an conradh, i dtaca le tairgeoirí a rangaítear amhail dá dtagraítear i bpointe 30.2(e) d'Iarscríbhinn I.

3. Osclóidh an t-údarás conarthach gach iarraidh ar rannpháirtíocht agus gach tairiscint. Mar sin féin, diúltóidh sé an méid seo a leanas:

(a) iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí nach gcomhlíonann an teorainn ama maidir lena bhfáil, gan iad a oscailt;

(b) tairiscintí atá ar oscailt cheana féin nuair a fhaightear iad, gan scrúdú a dhéanamh ar a n-inneachar.

4. Déanfaidh an t-údarás conarthach meastóireacht ar gach iarraidh ar rannpháirtíocht nó tairiscintí nár diúltaíodh le linn na réamhchéime mar a leagtar síos i mír 3 ar bhonn na gcritéar a shonraítear sna cáipéisí soláthair d'fhonn an conradh a dhámhachtain nó dul ar aghaidh le ceant leictreonach.

5. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin ceapadh an choiste meastóireachta a tharscaoileadh dá bhforáiltear in Airteagal 150(2) sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair is ísle luach an chonartha ná na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1);

(b) ar bhonn anailís riosca i gcomhair na gcásanna dá dtagraítear i bpointí (c), (e), (f)(i), (f)(iii) agus (h) den dara fomhír de phointe 11.1 d'Iarscríbhinn I;

(c) ar bhonn anailís riosca i gcás athoscailt iomaíochta laistigh de chreatchonradh;

(d) i gcás nósanna imeachta i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha a bhfuil luach acu is ionann agus EUR 20 000 nó is lú ná sin.

6. Diúltófar iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí nach gcomhlíonann na ceanglais íosta a leagtar amach sna doiciméid soláthair.

*Airteagal 169*

**Teagmhálacha le linn an nós imeachta soláthair**

1. Sula mbíonn an teorainn ama istigh maidir le hiarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí a fháil, féadfaidh an t-údarás conarthach faisnéis bhreise faoi na doiciméid soláthair a chur in iúl má thagann sé ar earráid nó easnamh sa téacs nó arna iarraidh sin do na hiarrthóirí nó na tairgeoirí. Nochtfar do gach iarrthóir nó tairgeoir an fhaisnéis a chuirfear ar fáil.

2. Nuair a bheidh an teorainn ama istigh maidir le hiarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí a fháil, coinneofar taifead sa chomhad soláthair i ngach cás ina ndearnadh teagmháil nó sna cásanna cuí-réasúnaithe sin nach ndearnadh teagmháil mar a fhoráiltear dóibh in Airteagal 151.

*Airteagal 170*

**Cinneadh dámhachtana agus faisnéis do na hiarrthóirí nó na tairgeoirí**

1. Cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cé dó a bhfuil an conradh le dámhachtain, i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin agus dámhachtana a shonraítear sna doiciméid soláthair.

2. Tabharfaidh an t-údarás conarthach fógra do na hiarrthóirí nó do na tairgeoirí go léir, ar diúltaíodh a n-iarrataí ar rannpháirtíocht nó a dtairiscintí, faoi na forais ar a ndearnadh an cinneadh chomh maith le fad na dtréimhsí neamhghníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 175(2) agus in Airteagal 178(1).

Maidir le conarthaí sainiúla a dhámhachtain faoi chreatchonradh lena ngabhann athoscailt na hiomaíochta, cuirfidh an t-údarás conarthach toradh na meastóireachta in iúl do na tairgeoirí.

3. Cuirfidh an t-údarás conarthach gach tairgeoir nach bhfuil i staid eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1), agus nár diúltaíodh faoi Airteagal 141, a bhfuil a thairiscint ag teacht leis na doiciméid soláthair agus a chuireann iarraidh isteach i scríbhinn, ar an eolas faoi aon cheann díobh seo a leanas:

(a) ainm an tairgeora, nó na dtairgeoirí i gcás creatchonartha, ar dámhadh an conradh dó agus, ach amháin i gcás conradh sonrach faoi chreatchonradh lena ngabhann athoscailt iomaíochta, saintréithe agus buntáistí coibhneasta na tairisceana ar éirigh léi, an praghas a íocadh nó luach an chonartha, cibé acu is iomchuí;

(b) dul chun cinn na hidirbheartaíochta agus an idirphlé le tairgeoirí.

Féadfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh faisnéis áirithe a choimeád siar i gcás ina gcuirfeadh scaoileadh na faisnéise sin bac ar fhorfheidhmiú an dlí, ina mbeadh sé in aghaidh leas an phobail nó ina ndéanfadh sé dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála oibreoirí eacnamaíocha, nó i gcás ina bhféadfadh sé iomaíocht chóir idir na hoibreoirí sin a shaobhadh.

*Airteagal 171*

**An nós imeachta soláthair a chur ar ceal**

Féadfaidh an t-údarás conarthach, sula ndéantar an conradh a shíniú, an nós imeachta soláthair a chur ar ceal gan na hiarrthóirí ná na tairgeoirí a bheith i dteideal aon chúiteamh a éileamh.

Tabharfar údar cuí leis an gcinneadh agus tarraingeofar aird na n-iarrthóirí nó na dtairgeoirí air a luaithe is féidir.

*Airteagal 172*

**Feidhmíocht an chonartha agus modhnuithe air**

1. Ní chuirfear tús le feidhmíocht an chonartha sula síneofar é.

2. Ní fhéadfaidh an t-údarás conarthach conradh nó creatchonradh a mhodhnú gan nós imeachta soláthair ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear i mír 3 agus ar chuntar nach n-athrófar ábhar an chonartha nó an chreatchonartha ar an dóigh sin.

3. Féadfar conradh, creatchonradh nó conradh sonrach a mhodhnú gan nós imeachta soláthair nua in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) maidir le hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí breise á ndéanamh ag an gconraitheoir bunaidh a bhfuil gá leo anois agus nár cuireadh san áireamh sa chéad soláthar, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(i) nach féidir conraitheoir a athrú ar chúiseanna teicniúla atá nasctha le ceanglais idirmhalartachta nó idir-inoibritheachta le trealamh, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana;

(ii) bheadh dúbláil mhór costas ar an údarás conarthach mar gheall ar athrú conraitheora;

(iii) aon mhéadú ar phraghas, lena n-áirítear glanluach carnach na modhnuithe i ndiaidh a chéile, nach mó ná 50 % de luach tosaigh an chonartha é;

(b) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) ní fhéadfadh údarás conarthach dúthrachtach na himthosca is cúis leis an modhnú a thuar roimh ré;

(ii) aon mhéadú ar phraghas, ní mó ná 50 % de luach tosaigh an chonartha é;

(c) i gcás ina bhfuil luach an mhodhnaithe faoi bhun na dtairseach seo a leanas:

(i) na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) agus i bpointe 38 d'Iarscríbhinn 1 i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha is infheidhme tráth an mhodhnaithe; agus

(ii) 10 % de luach tosaigh an chonartha le haghaidh conarthaí seirbhísí poiblí agus soláthair agus conarthaí lamháltais le haghaidh oibreacha nó seirbhísí agus 15 % de luach tosaigh an chonartha le haghaidh conarthaí oibreacha poiblí;

(d) i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas araon:

(i) ní bheidh athrú i gceist leis na ceanglais íosta don nós imeachta tosaigh soláthair;

(ii) beidh aon mhodhnú ina dhiaidh sin ar an luach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) den fhomhír seo, mura n-eascróidh modhnú den sórt sin ar an luach ó chur i bhfeidhm dian na ndoiciméad soláthair nó na bhforálacha conarthacha.

Ní chuirfear athbhreithnithe ar phraghas san áireamh le luach tosaigh an chonartha.

Ní mó glanluach carnach roinnt modhnuithe a rinneadh i ndiaidh a chéile faoi phointe (c) den chéad fhomhír ná aon tairseach dá dtagraítear ann.

Déanfaidh an t-údarás conarthach na bearta poiblíochta *ex post* a leagtar amach in Airteagal 163 a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 173*

**Ráthaíochtaí um fheidhmíocht agus ráthaíochtaí um airgead coinneála**

1. 10 %, ar a mhéad, de luach iomlán an chonartha a bheidh i ráthaíocht um fheidhmíocht.

Déanfar í a scaoileadh go hiomlán tar éis a glacadh leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí casta go críochnaitheach laistigh de thréimhse faoi réir na dteorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 116(1) agus atá le sonrú sa chonradh. Féadfar í a scaoileadh go páirteach nó go hiomlán ar ghlacadh go sealadach leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí casta.

2. Féadfar ráthaíocht um airgead coinneála is ionann agus 10 %, ar a mhéad, de luach iomlán an chonartha a chur le chéile trí asbhaintí as íocaíochtaí eatramhacha a luaithe a dhéanfar iad nó trí asbhaint as an íocaíocht dheireanach.

Cinnfidh an t-údarás conarthach an ráthaíocht um airgead coinneála a bheidh comhréireach leis na rioscaí a aithneofar i ndáil le comhlíonadh an chonartha, agus ábhar an chonartha á chur san áireamh, chomh maith leis na gnáth-théarmaí tráchtála is infheidhme maidir leis an earnáil lena mbaineann.

Ní úsáidfear ráthaíocht um airgead coinneála i gconradh i gcás inar iarradh ráthaíocht um fheidhmíocht ach nár scaoileadh í.

3. Faoi réir formheas ag an údarás conarthach, féadfaidh an conraitheoir a iarraidh go gcuirfear an ráthaíocht um airgead coinneála in áit ráthaíocht eile dá dtagraítear in Airteagal 152.

4. Scaoilfidh an t-údarás conarthach an ráthaíocht um airgead coinneála tar éis do thréimhse dhliteanais an chonartha dul in éag, laistigh de thréimhse faoi réir na dteorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 116(1) agus atá le sonrú sa chonradh.

*CAIBIDIL 2*

***Forálacha is infheidhme maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag institiúidí de chuid an aontais ar a gcuntas féin***

*Airteagal 174*

**An t-údarás conarthach**

1. Maidir le hinstitiúidí de chuid an Aontais, le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus le comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71, measfar gur údaráis chonarthacha iad i ndáil le conarthaí a bheidh á ndámhachtain as a stuaim féin, ach amháin i gcás ina gceannóidh siad nithe ó chomhlacht lárnach ceannaigh. Ranna d'institiúidí de chuid an Aontais, ní mheasfar gur údaráis chonarthacha iad i gcás ina dtabharfaidh siad comhaontuithe leibhéil seirbhíse i gcrích eatarthu féin.

Tarmligfidh institiúidí de chuid an Aontais a measfar nach údaráis chonarthacha iad i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, i gcomhréir le hAirteagal 60, na cumhachtaí is gá chun feidhm an údaráis chonarthaigh a fheidhmiú.

2. Measfaidh gach oifigeach údarúcháin i ngach institiúid de chuid an Aontais trí tharmligean nó trí fho-tharmligean ar sroicheadh na tairseacha dá dtagraítearin Airteagal 175(1).

*Airteagal 175*

**Tairseacha is infheidhme agus tréimhse neamhghníomhaíochta**

1. Chun conarthaí poiblí agus conarthaí lamháltais a dhámhachtain, cloífidh an t-údarás conarthach leis na tairseacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE agus nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 164(1) den Rialachán seo á roghnú aige. Déanfar na bearta poiblíochta a leagtar amach in Airteagal 163(1) agus (2) den Rialachán seo a chinneadh de réir na dtairseach sin.

2. Faoi réir na n-eisceachtaí agus na gcoinníollacha a shonrófar in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, ní shíneoidh an t-údarás conarthach, i gcás conarthaí ar mó a luach ná na tairseacha dá dtagraítear i mír 1, an conradh ná an creatchonradh leis an tairgeoir a n-éireoidh leis go dtí go mbeidh tréimhse neamhghníomhaíochta caite.

3. Mairfidh an tréimhse neamhghníomhaíochta ar feadh 10 lá nuair a bheidh úsáid á baint as modhanna leictreonacha cumarsáide, agus, mairfidh sí 15 lá nuair a bheidh úsáid á baint as modhanna eile.

*Airteagal 176*

**Na rialacha maidir le rochtain ar sholáthar**

1. Beidh rannpháirtíocht sna nósanna imeachta soláthair ar oscailt ar choinníollacha comhionanna do na daoine go léir, idir dhaoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, a thagann faoi raon feidhme na gConarthaí agus do na daoine go léir, idir dhaoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha, bunaithe i dtríú tír a bhfuil comhaontú speisialta aici leis an Aontas i réimse an tsoláthair faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú sin. Beidh sé ar oscailt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin.

2. Chun críche Airteagal 160(4), measfar JRC a bheith ina dhuine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát.

*Airteagal 177*

**Rialacha soláthair na hEagraíochta Domhanda Trádála**

I gcás ina mbeidh feidhm ag an gComhaontú iltaobhach maidir le Soláthar Rialtais a tugadh i gcrích laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, beidh an nós imeachta um sholáthar ar oscailt freisin d'oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe sna stáit a dhaingnigh an comhaontú sin, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú sin.

*CAIBIDIL 3*

***Forálacha is infheidhme maidir le soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha***

*Airteagal 178*

**Soláthar don ghníomhaíocht sheachtrach**

1. Na forálacha ginearálta maidir le soláthar a leagtar amach i gCaibidil 1 den Teideal seo, beidh feidhm acu maidir le conarthaí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo faoi réir na bhforálacha speisialta a bhaineann leis na socruithe maidir le conarthaí seachtracha a dhámhachtain a leagtar síos i gCaibidil 3 d'Iarscríbhinn I. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 174 go hAirteagal 177 maidir leis an soláthar a leagtar amach sa Chaibidil seo.

Faoi réir na n-eisceachtaí agus na gcoinníollacha a shonrófar in Iarscríbhinn I, ní shíneoidh an t-údarás conarthach an conradh ná an creatchonradh leis an tairgeoir a n-éireoidh leis go dtí go mbeidh tréimhse neamhghníomhaíochta caite. Mairfidh an tréimhse neamhghníomhaíochta ar feadh 10 lá nuair a bheidh úsáid á baint as modhanna leictreonacha cumarsáide, agus, mairfidh sí 15 lá nuair a bheidh úsáid á baint as modhanna eile.

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 163 ná ag pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 164(1) ná an dara fomhír den mhír seo ach amháin ó na teorainneacha seo amach:

(a) EUR 300 000 le haghaidh conarthaí seirbhísí agus soláthair;

(b) EUR 5 000 000 le haghaidh conarthaí oibreacha.

2. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) soláthar i gcás nach ndéanann an Coimisiún conarthaí a dhámhachtain as a stuaim féin;

(b) soláthar a dhéanann daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) i gcás ina bhforálfar dó sin sna comhaontuithe ranníocaíochta nó maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 154.

3. Leagfar amach na nósanna imeachta soláthair sna comhaontuithe maoiniúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 158.

4. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí faoi bhunghníomhartha earnáilsonracha, a bhfuil baint acu le cabhair dhaonnúil um bainistiú géarchéime, le hoibríochtaí cosanta sibhialta agus le hoibríochtaí cabhrach daonnúla.

*Airteagal 179*

**Rialacha maidir le rochtain ar sholáthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha**

1. Beidh rannpháirtíocht sna nósanna imeachta soláthair oscailte ar théarmaí comhionanna do na daoine go léir atá faoi raon feidhme na gConarthaí agus do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha eile i gcomhréir leis na forálacha sonracha sna bunionstraimí lena rialaítear an earnáil comhair lena mbaineann. Beidh sé ar oscailt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin.

2. Féadfar a chinneadh, in imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí tugtha ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach leo, go ligfear do náisiúnaigh tríú tír, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tairiscint a chur isteach ar chonarthaí.

3. I gcás ina mbeidh feidhm ag comhaontú ar leathnú an mhargaidh i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí inar páirtí an tAontas, beidh na nósanna imeachta soláthair do chonarthaí arna maoiniú ón mbuiséad oscailte do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha bunaithe i dtríú tír seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa chomhaontú sin.

TEIDEAL VIII

**DEONTAIS**

*CAIBIDIL 1*

***Raon feidhme agus foirm na ndeontas***

*Airteagal 180*

**Raon feidhme agus foirm na ndeontas**

1. Tá feidhm ag an Teideal seo maidir le deontais a dhámhtar faoi bhainistíocht dhíreach.

2. Féadfar deontais a bhronnadh d'fhonn aon cheann de na nithe seo a leanas a mhaoiniú:

(a) gníomhaíocht a bheartaítear d'fhonn cuspóir de chuid bheartas an Aontais a bhaint amach ("deontais ghníomhaíochta");

(b) feidhmiú comhlachta ag a bhfuil cuspóir ar cuid de bheartas an Aontais é ("deontais oibriúcháin") agus a bhfuil an beartas sin á thacú aige.

Is éard a bheidh i ndeontais oibriúcháin ranníocaíocht airgeadais le clár oibre an chomhlachta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír.

3. Féadfaidh deontais a bheith in aon cheann de na foirmeacha dá bhforáiltear in Airteagal 125(1).

I gcás gur i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1) atá an deontas:

(a) ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le hincháilitheacht na gcostas agus lena bhfíorú a leagtar síos sa Teideal sin, go háirithe Airteagal 182, Airteagal 184 agus Airteagal 185, Airteagal 186(2), (3) agus (4), Airteagal 190, Airteagal 191(3) agus Airteagal 203(4);

(b) maidir le hAirteagal 181, ní bheidh feidhm ach ag an nós imeachta agus na ceanglais dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal sin, i bpointe (a) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír agus den dara fo-mhír de mhír 4, agus i mír 5, den Airteagal sin.

4. Féadfaidh gach institiúid de chuid an Aontais conarthaí poiblí nó deontais a dhámhachtain do ghníomhaíochtaí cumarsáide. Féadfar deontais a dhámhachtain i gcás nach iomchuí úsáid a bhaint as soláthar mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí.

5. Féadfaidh JRC glacadh le cistiú arna mhuirearú do leithreasuithe cé is moite de leithreasuithe faoi chomhair taighde agus forbairt theicneolaíoch maidir lena rannpháirtíocht i nósanna imeachta um dhámhachtain deontas a mhaoinítear ina n-iomláine nó i bpáirt ón mbuiséad. I gcásanna den sórt sin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 198(4), a mhéid a bhaineann le cumas airgeadais, ná ag pointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 196(1).

*Airteagal 181*

**Cnapshuimeanna, costais aonaid agus maoiniú ar ráta comhréidh**

1. I gcás gur i bhfoirm cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh amhail dá dtagraítear i bpointe (c), i bpointe (d) nó i bpointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1) atá an deontas, beidh feidhm ag an Teideal seo, cé is moite de na forálacha nó de na codanna de na forálacha a bhaineann le costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír a fhíorú.

2. I gcás inar féidir agus inarb iomchuí, cinnfear cnapshuimeanna, costais aonaid nó rátaí comhréidhe ar chaoi a cheadófar iad a íoc a luaithe a chuirfear aschuir nithiúla agus/nó torthaí i gcrích.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa bhunghníomh, is le cinneadh ón oifigeach údarúcháin atá freagrach a údarófar úsáid na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó an mhaoiniúcháin ar ráta comhréidh agus gníomhóidh an t-oifigeach sin i gcomhréir le rialacha inmheánacha na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann.

4. Beidh an méid seo a leanas, ar a laghad, sa chinneadh údarúcháin sin:

(a) údar maith i dtaobh iomchuibheas na bhfoirmeacha maoiniúcháin sin i dtaca le cineál na ngníomhaíochtaí nó na gclár oibre atá á dtacú, agus i dtaca le rioscaí mírialtachtaí agus calaoise agus leis na costais rialaithe;

(b) sainaithint na gcostas nó na gcatagóirí arna gcumhdach le cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh, a mheasfar atá incháilithe i gcomhréir le pointí (c), (e) agus (f) d'Airteagal 186(3) agus le hAirteagal 186(4), agus nach gcumhdófar costais neamh-incháilithe faoi na rialacha Aontais is infheidhme;

(c) cur síos ar na modhanna lena gcinntear cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh. Bunófar na modhanna sin ar aon chritéar díobh seo a leanas:

  (i) sonraí staidrimh, modhanna oibiachtúla dá samhail nó breithiúnas saineolach arna gcur ar fáil ag saineolaithe atá ar fáil go hinmheánach nó a fhaightear i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme; nó

  (ii) cur chuige tairbhí de réir tairbhí faoi Threoir shonraí stairiúla deimhnithe nó so-iniúchta an tairbhí nó faoi Threoir a ghnáthchleachtas cuntasaíochta costála;

(d) i gcás inar féidir, na coinníollacha riachtanacha lena spreagtar an íocaíocht, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, cur i gcrích na n-aschur agus/nó na dtorthaí;

(e) i gcás nach mbunófar cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe ar na haschuir agus/nó ar na torthaí, údar maith a thabhairt leis an bhfáth nach féidir cur chuige bunaithe ar aschuir agus/nó ar thorthaí a úsáid nó nach bhfuil cur chuige den sórt sin iomchuí.

Áiritheoidh na modhanna dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír an méid seo a leanas:

(a) an t-urramú maidir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe oiriúnacht na méideanna faoi seach maidir leis na haschuir agus/nó na torthaí is gá agus ag cur san áireamh ioncam intuartha a ghinfear ó na gníomhaíochtaí nó ó na cláir oibre;

(b) comhlíonadh réasúnta phrionsabal an chómhaoinithe agus an prionsabal nach ndéanfar aon chistiú dúbailte.

5. Beidh feidhm ag an gcinneadh údarúcháin maidir le fad an chláir nó na gclár mura bhforáiltear a mhalairt sa chinneadh sin.

Féadfar a chumhdach leis an gcinneadh údarúcháin úsáid cnapshuimeanna, costas aonaid nó rátaí comhréidhe is infheidhme maidir le níos mó ná clár cistiúcháin sonrach amháin i gcás ina gceadóidh cineál na ngníomhaíochtaí nó an chaiteachais cur chuige coiteann. I gcásanna mar sin, féadfaidh na páirtithe seo a leanas an cinneadh údarúcháin a ghlacadh:

(a) na hoifigigh údarúcháin atá freagrach i gcás ina dtiocfaidh na gníomhaíochtaí uile lena mbaineann faoina raon freagrachta;

(b) an Coimisiún i gcás inarb iomchuí i bhfianaise chineál na ngníomhaíochtaí nó an chaiteachais nó i bhfianaise líon na n-oifigeach údarúcháin lena mbaineann.

6. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cistiú ar chostais indíreacha an tairbhí a údarú nó a fhorchur, i bhfoirm rátaí comhréidhe, suas go dtí uasmhéid 7 % d'iomlán na gcostas díreach incháilithe don ghníomhaíocht. Féadfar ráta comhréidh níos airde a údarú le cinneadh réasúnaithe ón gCoimisiún. Sa tuarascáil bhliantúil gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 74(9), déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach tuairisciú ar aon chinneadh den sórt sin a dhéantar, ar an ráta comhréidh a údaraítear agus ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

7. Úinéirí FBManna, agus daoine nádúrtha eile nach bhfaigheann tuarastal, féadfaidh siad costais incháilithe phearsanra a dhearbhú don obair a dhéanfaidh siad féin faoi ghníomhaíocht nó faoi chlár oibre, ar bhonn na gcostas aonaid a údarófar i gcomhréir le mír 1 go mír 6.

8. Féadfaidh tairbhithe costais incháilithe phearsanra a dhearbhú don obair a dhéanfaidh saorálaithe faoi ghníomhaíocht nó faoi chlár oibre, ar bhonn na gcostas aonaid a údarófar i gcomhréir le mír 1 go mír 6.

*Airteagal 182*

**Cnapshuimeanna aonair**

1. Féadfar na costais incháilithe uile atá ar ghníomhaíocht nó ar chlár oibre a chumhdach le cnapshuim amhail dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1) ("cnapshuim aonair").

2. I gcomhréir le hAirteagal 181(4), féadfar cnapshuimeanna aonair a chinneadh ar bhonn bhuiséad measta na gníomhaíochta nó an chláir oibre. Beidh buiséad measta den sórt sin i gcomhréir le prionsabail na tíosaíochta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta. Fíorófar ar bhonn *ex ante*, tráth a mbeidh meastóireacht á déanamh ar an iarratas ar dheontas, ar comhlíonadh na prionsabail sin.

3. Agus cnapshuimeanna aonair á n-údarú aige, beidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach i gcomhréir le hAirteagal 181.

*Airteagal 183*

**Seiceálacha agus rialuithe ar thairbhithe i ndáil le cnapshuimeanna, costais aonaid agus rátaí comhréidhe**

1. Seiceálfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, ar a dhéanaí sula n-íoctar an t-iarmhéid, seiceálfaidh sé ar comhlíonadh na coinníollacha lena spreagtar íocaíocht na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó na rátaí comhréidhe, lena n-áirítear, i gcás inar gá, cur i gcrích na n-aschur agus/nó na dtorthaí. Ina theannta sin, féadfaidh comhlíonadh na gcoinníollacha sin a bheith faoi réir rialuithe *ex post*.

Maidir le méideanna na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó an mhaoiniúcháin ar ráta comhréidh a chinntear ar bhonn *ex ante* le cur i bhfeidhm an mhodha atá údaraithe ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach nó ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 181, ní chuirfear ina n-aghaidh trí rialuithe *ex post*. Tá an méid sin gan dochar don cheart atá ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach seiceáil a dhéanamh go gcomhlíontar na coinníollacha a spreagann an íocaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, agus an ceart an deontas a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 131(4) i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha sin nó i gcás ina mbeidh neamhrialtacht, calaois nó sárú oibleagáidí eile i gceist. I gcás ina mbunófar cnapshuimeanna, costais aonaid nó rátaí comhréidhe ar bhonn ghnáthchleachtais chuntasaíochta costála an tairbhí, beidh feidhm Airteagal 185(2).

2. D'fhéadfadh minicíocht agus raon feidhme na seiceálacha agus na rialuithe a bheith ag brath, *inter alia*, ar chineál na gníomhaíochta nó an tairbhí lena n-áirítear neamhrialtachtaí nó calaois roimhe seo atá inchurtha leis an tairbhí sin.

3. Maidir leis na coinníollacha lena spreagtar íocaíocht na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó na rátaí comhréidhe, ní cheanglófar leo tuairisciú ar na costais arna dtabhú iarbhír ag an tairbhí.

4. Ní dhéanfaidh íocaíocht an deontais ar bhonn cnapshuimeanna, costais aonaid nó maoiniú ar ráta comhréidh, ní dhéanfaidh sí difear do cheart rochtana na dtairbhithe ar thaifid reachtúla chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 129 agus in Airteagal 184.

5. Chun críocha na seiceálacha agus na rialuithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag pointe (a) agus ag pointe (b) d'Airteagal 186(3).

*Airteagal 184*

**Measúnú tréimhsiúil ar chnapshuimeanna, ar chostais aonaid nó ar rátaí comhréidhe**

Déanfar measúnú tréimhsiúil ar na modhanna lena gcinntear cnapshuimeanna, costais aonaid nó rátaí comhréidhe, ar na sonraí bunúsacha a bhaineann leo agus ar na méideanna a bheidh ann mar thoradh air sin, mar aon le leordhóthanacht na méideanna sin maidir leis an aschur agus/nó na torthaí a bhaintear amach, agus, nuair is iomchuí, déanfar an measúnú sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 181. Beidh minicíocht agus raon feidhme na measúnuithe ag brath ar fhorbairt agus ar chineál na gcostas, go háirithe agus athruithe suntasacha i bpraghsanna margaidh agus cúinsí ábhartha eile á gcur san áireamh.

*Airteagal 185*

**Gnáthchleachtais chuntasaíochta costála an tairbhí**

1. I gcás ina n-údarófar dul ar iontaoibh ghnáthchleachtais chuntasaíochta costála an tairbhí, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcleachtas sin leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 181(4). Féadfar an measúnú sin a dhéanamh ar bhonn *ex ante* nó trí straitéis iomchuí do rialuithe *ex post*.

2. Má suíodh ar bhonn *ex ante* comhlíonadh ghnáthchleachtais chuntasaíochta costála an tairbhí de réir na gcoinníollacha dá leagtar amach in Airteagal 181(4), ní chuirfear in aghaidh mhéideanna na gcnapshuimeanna, na gcostas aonaid nó an mhaoiniúcháin ar ráta comhréidh a chinnfear trí chur i bhfeidhm na gcleachtas sin trí rialuithe *ex post*. Ní dhéanfaidh sin difear don cheart atá ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach an deontas a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 131(4).

3. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 181(4) á gcomhlíonadh ag gnáthchleachtais chuntasaíochta costála an tairbhí, má ghlacann na húdaráis náisiúnta leo faoi scéimeanna cistiúcháin inchomparáide.

*Airteagal 186*

**Costais incháilithe**

1. Ní sháróidh na deontais uasteorainn fhoriomlán arna sloinneadh i dtéarmaí dearbhluacha ("uasmhéid an deontais"), a dhéanfar a shuí ar bhonn an mhéid a leanas:

(a) méid foriomlán an mhaoiniúcháin nach bhfuil baint aige le costais sa chás dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1);

(b) costais mheasta incháilithe, i gcás inar féidir, sa chás dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1);

(c) méid foriomlán na gcostas measta incháilithe agus iad sainithe go soiléir roimh ré i bhfoirm cnapshuimeanna, costais aonaid nó rátaí comhréidhe amhail dá dtagraítear i bpointe (c), i bpointe (d) nó i bpointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1).

Gan dochar don bhunghníomh, féadfar na deontais a shloinneadh freisin mar chéatadán de na costais mheasta incháilithe, i gcás gur san fhoirm a shonraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a bheidh an deontas, nó mar chéatadán de na cnapshuimeanna, de na costais aonaid nó den mhaoiniú ar ráta comhréidh dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír.

I gcás gur san fhoirm a shonraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a bheidh an deontas agus i gcás nach féidir, i ngeall ar shainiúlachtaí gníomhaíochta, an deontas a shloinneadh ach amháin i dtéarmaí dearbhluacha, déanfar na costais incháilithe a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 155(4) agus, más infheidhme, le hAirteagal 155(5).

2. Gan dochar don uasráta cómhaoiniúcháin a shonraítear sa bhunghníomh:

(a) ní sháróidh an deontas na costais incháilithe;

(b) i gcás gur san fhoirm a shonraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 a bheidh deontas agus i gcás ina n-áirítear sna costais mheasta incháilithe costais obair na saorálaithe dá dtagraítear in Airteagal 181(8), ní sháróidh an deontas na costais mheasta incháilithe seachas costais obair na saorálaithe.

3. Costais incháilithe a thabhaíonn an tairbhí go iarbhír, amhail dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1), comhlíonfaidh siad na critéir uile seo a leanas:

(a) tabhaítear iad le linn thréimhse na gníomhaíochta nó an chláir oibre, cé is moite de na costais a bhaineann le tuarascálacha deiridh agus le deimhnithe iniúchóireachta;

(b) sonraítear iad i mbuiséad foriomlán measta na gníomhaíochta nó an chláir oibre;

(c) tá siad riachtanach maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta nó an chláir oibre is ábhar don deontas;

(d) tá siad inaitheanta agus infhíoraithe, go háirithe tá taifead déanta orthu i dtaifid chuntasaíochta an tairbhí agus cinntíodh iad de réir chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme na tíre ina bhfuil an tairbhí bunaithe agus de réir ghnáthchleachtais an tairbhí i ndáil le cuntasaíocht chostála;

(e) comhlíonann siad forálacha na reachtaíochta cánach agus sóisialta is infheidhme;

(f) tá siad réasúnach, tá bonn cirt leo agus comhlíonann siad prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe maidir le tíosaíocht agus éifeachtúlacht.

4. Sonrófar sna glaonna ar thograí na catagóirí costas a mheastar a bheith incháilithe do chistiú ón Aontas.

Mura bhforáiltear a mhalairt sa bhunghníomh agus de bhreis ar mhír 3 den Airteagal seo, beidh na catagóirí costas seo a leanas incháilithe, i gcás ina ndearbhóidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na catagóirí sin a bheith incháilithe faoin nglao ar thograí:

(a) costais maidir le ráthaíocht réamh-mhaoiniúcháin a thaisceann an tairbhí, i gcás ina n-éileoidh an t-oifigeach údarúcháin an ráthaíocht sin de bhun Airteagal 152(1);

(b) costais maidir le deimhnithe ar na ráitis airgeadais agus tuarascálacha oibríochtúla fíorúcháin i gcás ina mbeidh deimhnithe nó tuarascálacha den sórt sin de dhíth ar an oifigeach údarúcháin atá freagrach;

(c) cáin bhreisluacha (“CBL”) i gcás nach mbeidh sí sin inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL is infheidhme agus go n-íocann tairbhí seachas duine neamh-inchánach de réir bhrí na chéad fomhíre d’Airteagal 13(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([1]);

(d) costais dímheasa, i gcás ina ndéanann an tairbhí iad a thabhú go dearbh;

(e) costais tuarastail phearsanra riarachán náisiúnta a mhéid a bhaineann siad le costais gníomhaíochtaí nach gcuirfeadh an t-údarás poiblí ábhartha i gcrích mura ngabhfaí an tionscadal lena mbaineann ar láimh.

Chun críocha phointe (c) den dara fhomhír:

(a) Measfar nach bhfuil CBL inghnóthaithe más rud é, de réir an dlí náisiúnta, go bhfuil sí inchurtha i leith aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

  (i) gníomhaíochtaí díolmhaithe gan cheart asbhainte;

  (ii) gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme CBL;

  (iii) gníomhaíochtaí, amhail dá dtagraítear i bpointí (i) nó (ii), nach bhfuil CBL inasbhainte astu ach a aisíoctar trí scéimeanna aisíocaíochta ar leith nó cistí cúitimh ar leith nach dtagraítear dóibh i dTreoir 2006/112/CE, fiú más rud é gur bunaíodh an scéim nó an ciste sin le reachtaíocht náisiúnta CBL;

(b) CBL a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 13(2) de Threoir 2006/112/CE, measfar gur tairbhí a íocann é seachas duine neamh-inchánach de réir bhrí na chéad fhomhíre d’Airteagal 13(1) den Treoir sin, is cuma má mheasann an Ballstát lena mbaineann gur gníomhaíochtaí iad a dhéanann comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí agus iad ag feidhmiú mar údaráis phoiblí.

*Airteagal 187*

**Eintitis chleamhnaithe agus an tairbhí aonair**

1. Chun críche an Teidil seo, measfar gur eintitis atá cleamhnaithe leis an tairbhí na heintitis seo a leanas:

(a) eintitis arb iad an tairbhí aonair iad i gcomhréir le mír 2;

(b) eintitis a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus nach dtagann faoi cheann de na staideanna dá dtagraítear in Airteagail 136(1) agus 141(1) agus a bhfuil nasc acu leis an tairbhí, go háirithe nasc dlíthiúil nó nasc caipitil, ar nasc é nach bhfuil teoranta don ghníomhaíocht ná nár bunaíodh chun críche a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin.

Beidh feidhm freisin ag Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal V maidir le heintitis chleamhnaithe.

2. I gcás ina gcomhlíonfaidh roinnt eintiteas na critéir le deontas a dhámhachtain dóibh agus gur eintiteas amháin iad arna dtógáil le chéile, féadfar déileáil leis an eintiteas sin mar an tairbhí aonair, lena n-áirítear i gcás inar bunaíodh an t-eintiteas go sonrach chun críche chur chun feidhme na gníomhaíochta a bheidh le maoiniú leis an deontas.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt sa ghlao ar thograí, féadfaidh eintitis atá cleamhnaithe le tairbhí páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na gníomhaíochta, ar choinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníollach seo a leanas araon:

(a) sainaithnítear na heintitis lena mbaineann sa chomhaontú deontais;

(b) cloífidh na heintitis lena mbaineann leis na rialacha is infheidhme don tairbhí faoin gcomhaontú deontais i dtaca leis an méid a leanas:

  (i) incháilitheacht na gcostas nó na coinníollacha lena spreagtar íocaíocht;

  (ii) cearta seiceálacha agus iniúchóireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, ag OLAF agus ag an gCúirt Iniúchóirí.

Féadfar glacadh leis na costais arna dtabhú ag na heintitis sin mar chostais incháilithe a tabhaíodh iarbhír nó féadfar iad a chumhdach le cnapshuimeanna, costais aonaid agus maoiniú ar ráta comhréidh.

*CAIBIDIL 2*

***Prionsabail***

*Airteagal 188*

**Prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir le deontais**

Beidh deontais faoi réir na bprionsabal seo a leanas:

(a) an chóir chomhionann;

([1]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

(b) an trédhearcacht;

(c) an cómhaoiniú;

(d) an dámhachtain neamhcharnach gan maoiniú dúbailte;

(e) an neamh-aisghníomhaíocht;

(f) an neamhbhrabús.

*Airteagal 189*

**Trédhearcacht**

1. Déanfar deontais a dhámhachtain i ndiaidh foilsiú glaonna ar thograí, ach amháin sna cásanna sin dá dtagraítear in Airteagal 195.

2. Foilseofar, i gcomhréir le hAirteagal 38(1) go (4), na deontais go léir a dámhadh le linn bliain airgeadais.

3. I ndiaidh an fhoilsiúcháin dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, tuarascáil a chur ar aghaidh chucu maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) líon na n-iarratasóirí le linn na bliana deireanaí airgeadais;

(b) líon agus céatadán na n-iarratas ar éirigh leo in aghaidh an ghlao ar thograí;

(c) meánfhad an nós imeachta ó dháta dúnta an ghlao ar thograí go dtí dámhachtain deontais;

(d) líon agus méid na ndeontas nach ndearnadh foilsiú *ex post* le linn na bliana deireanaí airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 38(4).

(e) aon deontas a bronnadh ar institiúidí airgeadais, lena n-áirítear BEI nó CEI i gcomhréir le pointe (g) den chéad fhomhír d'Airteagal 195.

*Airteagal 190*

**Cómhaoiniú**

1. Beidh réamh-mhaoiniú mar chuid de na deontais. Dá thoradh sin, ní fhorálfar leis an deontas sa tslánchruinne na hacmhainní is gá chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre a chur i gcrích.

Féadfaidh cómhaoiniú a fhoráil i bhfoirm acmhainní dílse an tairbhí, i bhfoirm ioncam a gineadh leis an ngníomhaíocht nó leis an gclár oibre nó i bhfoirm ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe.

2. Ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe i bhfoirm obair saorálaithe, arna luacháil i gcomhréir le hAirteagal 181(8), déanfar iad a thíolacadh mar chostas incháilithe sa bhuiséad measta. Déanfar iad a thíolacadh ar leithligh ó chostais incháilithe eile. Féadfar suas le 50 % den chómhaoiniú a chuimsiú le hobair saorálaithe. Chun críocha an céatadán sin a ríomh, bunófar ranníocaíochtaí comhchineáil agus cómhaoiniú eile ar na meastacháin arna soláthar ag an iarratasóir.

Déanfar ranníocaíochtaí comhchineáil eile ó thríú páirtithe a thíolacadh ar leithligh ó na ranníocaíochtaí leis na costais incháilithe sa bhuiséad measta. Cuirfear a ngarluach in iúl sa bhuiséad measta agus ní bheidh sé faoi réir athruithe ina dhiaidh sin.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar gníomhaíocht sheachtrach a mhaoiniú ina hiomláine leis an deontas i gcás ina mbeidh fíorghá leis chun í a chur i gcrích. I gcás den sórt sin, tabharfar réasúnú mar thaca leis sa chinneadh dámhachtana.

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le lacáistí ráta úis agus le fóirdheontais táillí ráthaíochta.

*Airteagal 191*

**Prionsabal na dámhachtana neamhcharnaí agus toirmeasc ar chistiú dúbailte**

1. I gcás gach gníomhaíochta, ní dhámhfar ach aon deontas amháin ón mbuiséad d'aon tairbhí amháin, seachas i gcás ina n-údarófar a mhalairt sna bunghníomhartha ábhartha.

Ní fhéadfar ach aon deontas oibriúcháin amháin a dhámhachtain ón mbuiséad do thairbhí in aghaidh na bliana airgeadais.

Féadfaidh oifigigh údarúcháin éagsúla atá freagrach gníomhaíocht a mhaoiniú go comhpháirteach ó línte buiséid ar leithligh.

2. Cuirfidh an t-iarratasóir na hoifigigh údarúcháin ar an eolas láithreach maidir le haon iarratais iolracha agus deontais iolracha a bhaineann leis an ngníomhaíocht chéanna nó leis an gclár oibre céanna.

3. Ní dhéanfar na costais chéanna a mhaoiniú faoi dhó i gcás ar bith trí mheán an bhuiséid.

4. Maidir leis na cineálacha tacaíochta seo a leanas, ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh gan a fhíorú ar maoiníodh an costas céanna faoi dhó nó nár déanadh:

(a) tacaíocht airgeadais don staidéar, don taighde, don oiliúint nó don oideachas a íoctar le daoine nádúrtha;

(b) tacaíocht dhíreach a íoctar leis na daoine nádúrtha sin is mó gátar, amhail daoine dífhostaithe agus dídeanaithe.

*Airteagal 192*

**Prionsabal neamhbhrabúis**

1. Ní bheidh sé de chuspóir ná d'éifeacht ag deontais brabús a dhéanamh faoi chuimsiú ghníomhaíocht nó chlár oibre an tairbhí ("an prionsabal neamhbhrabúis").

2. Chun críocha mhír 1, saineofar brabús mar bharrachas, arna ríomh tráth a n-íocfar an t-iarmhéid, barrachas fáltas i leith chostais incháilithe na gníomhaíochta nó an chláir oibre, i gcás ina mbeidh fáltais teoranta do dheontas an Aontais agus don teacht isteach arna ghineadh ag an ngníomhaíocht nó ag an gclár oibre sin.

I gcás deontas oibriúcháin, ní chuirfear san áireamh an méid a cuireadh i leataobh d'fhonn cúlchistí a thiomargadh agus fíorú á dhéanamh ar chomhlíonadh an phrionsabail neamhbhrabúis.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí arb é a gcuspóir cumas airgeadais tairbhí a neartú, nó gníomhaíochtaí a dhéanann ioncam a ghiniúint chun a leanúnachas a áirithiú tar éis thréimhse mhaoiniúcháin an Aontais dá bhforáiltear sa chomhaontú deontais;

(b) tacaíocht airgeadais don staidéar, don taighde, don oiliúint nó don oideachas a íoctar le daoine nádúrtha nó tacaíocht dhíreach eile a íoctar leis na daoine nádúrtha is mó gátar, amhail daoine dífhostaithe agus dídeanaithe;

(c) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí neamhbhrabúis;

(d) deontais san fhoirm dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 125(1);

(e) deontais ar luach íseal.

4. I gcás ina ndéantar brabús, beidh an Coimisiún i dteideal céatadán an bhrabúis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht an Aontais leis na costais incháilithe a thabhaigh an tairbhí iarbhír, agus an ghníomhaíocht á déanamh nó an clár oibre á cur i gcrích, beidh sé i dteideal sin a ghnóthú.

*Airteagal 193*

**Prionsabal na neamh-aisghníomhaíochta**

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, ní dhéanfar deontais a dhámhachtain go haisghníomhach.

2. Féadfar deontas a dhámhachtain do ghníomhaíocht atá tosaithe cheana ar choinníoll go bhféadfaidh an t-iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula sínítear an comhaontú deontais.

I gcásanna den sórt sin, ní incháilithe na costais sin a thabhófar roimh an dáta faoina dtíolacfar iarratas ar dheontas ach amháin:

(a) i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo dá bhforáiltear sa bhunghníomh; nó

(b) i gcás ina mbeadh fíorphráinn leis na bearta dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 195 agus ina mbeadh mórthábhacht le hidirghabháil luath ón Aontas.

Sa chás sin dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír, beidh na costais a thabhóidh tairbhí roimh an dáta faoina dtíolacfar iarratas ar dheontas, beidh siad incháilithe do mhaoiniú ón Aontas ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh na cúiseanna atá leis an maolú sin réasúnaithe go hiomchuí ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach;

(b) socrófar go sainráite sa chomhaontú deontais go dtiocfaidh an dáta incháilitheachta roimh an dáta faoina dtíolacfar iarratais.

Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean tuarascáil maidir le gach ceann de na cásanna dá dtagraítear sa mhír seo faoin gceannteideal "Maoluithe ó phrionsabal na neamh-aisghníomhaíochta de bhun Airteagal 193 den Rialachán Airgeadais" sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9).

3. Ní dhéanfar aon deontas a dhámhachtain go haisghníomhach do ghníomhaíochtaí a tugadh i gcrích cheana.

4. I gcás deontais oibriúcháin, déanfar an comhaontú deontais a shíniú laistigh de cheithre mhí ó thús bhliain airgeadais an tairbhí. Ní bheidh na costais arna dtabhú sula ndéantar an t-iarratas ar dheontas nó sula gcuirtear tús le bliain airgeadais an tairbhí incháilithe chun maoiniú a fháil. Íocfar an chéad tráthchuid leis an tairbhí laistigh de 30 lá féilire tar éis an comhaontú deontais a bheith sínithe.

*CAIBIDIL 3*

***Nósanna imeachta um dhámhachtain deontas agus comhaontú deontais***

*Airteagal 194*

**Inneachar na nglaonna ar thograí agus foilsiú na nglaonna sin**

1. Sonrófar na nithe seo a leanas sna glaonna ar thograí:

(a) na cuspóirí atá le saothrú;

(b) na critéir incháilitheachta, eisiaimh, roghnúcháin agus dámhachtana mar aon leis na doiciméid ábhartha tacaíochta;

(c) na socruithe maidir le maoiniú ón Aontas, lena sonrófar na cineálacha uile ranníocaíochtaí ón Aontas, go háirithe na foirmeacha deontas;

(d) na socruithe maidir le tograí a thíolacadh agus an dáta deiridh faoina bhféadfar sin a dhéanamh;

(e) an dáta atá beartaithe faoina mbeidh na hiarratasóirí go léir curtha ar an eolas maidir le toradh na meastóireachta a rinneadh ar a n-iarratais agus an dáta táscach chun comhaontuithe deontas a shíniú.

2. Socrófar na dátaí dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1 ar bhonn na dtréimhsí seo a leanas:

(a) maidir leis na hiarratasóirí go léir a chur ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta a rinneadh ar a n-iarratais, uasmhéid sé mhí ón dáta deiridh faoina gcuirfear na tograí iomlána isteach;

(b) maidir le comhaontuithe deontas a shíniú le hiarratasóirí, uasmhéid 3 mhí ón dáta a gcuirfear iarratasóirí ar éirigh leo ar an eolas faoin méid sin.

Féadfar na tréimhsí sin a choigeartú ionas go gcuirfí san áireamh aon am a mbeidh gá leis chun cloí leis na nósanna imeachta sonracha a fhéadfar a éileamh leis an mbunghníomh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus féadfar iad a shárú i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí casta ina bhfuil líon mór tograí ann nó moilleanna atá inchurtha i leith na n-iarratasóirí.

I dtuarascáil bhliantúil ghníomhaíochtaí an oifigigh údarúcháin trí tharmligean, déanfaidh an t-oifigeach sin tuairisciú ar an am is gá ar an meán chun iarratasóirí a chur ar an eolas agus comhaontuithe deontas a shíniú. I gcás ina sárófar na tréimhsí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin, trí tharmligean, cúiseanna leis agus, i gcás nach dtugtar údar cuí leo i gcomhréir leis an dara fomhír, déanfaidh sé gníomhaíochtaí ceartaitheacha a mholadh.

3. Déanfar glaonna ar thograí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin institiúidí de chuid an Aontais agus trí aon mheán iomchuí eile, lena n-áirítear *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i gcás inar gá le breis poiblíochta a dhéanamh i measc tairbhithe féideartha. Féadfar glaonna ar thograí a fhoilsiú faoi réir ghlacadh an chinnidh maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 110, lena n-áirítear le linn na bliana roimh chur chun feidhme an bhuiséid. Déanfar aon mhodhnú ar inneachar na nglaonna ar thograí a fhoilsiú faoi na coinníollacha céanna.

*Airteagal 195*

**Eisceachtaí ó ghlaonna ar thograí**

Féadfar deontais a dhámhachtain gan glao ar thograí sna cásanna seo a leanas, agus sna cásanna sin amháin:

(a) chun críocha cabhair dhaonnúil, oibríochtaí tacaíochta éigeandála, oibríochtaí cosanta sibhialta nó cabhair um bainistiú géarchéime;

(b) in éigeandálaí eisceachtúla eile a bhfuil bunús cuí tugtha leo;

(c) do chomhlachtaí a bhfuil monaplacht de jure nó de facto acu nó do chomhlachtaí arna n-ainmniú ag Ballstáit, faoina bhfreagracht, i gcás ina mbeidh na Ballstáit sin i staid monaplachta de jure nó de facto;

(d) do chomhlachtaí arna sainaithint le bunghníomh, de réir bhrí Airteagal 58, mar thairbhithe nó do chomhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit, faoina bhfreagracht, i gcás ina mbeidh na Ballstát sin sainaitheanta le gníomh bunúsach mar thairbhithe;

(e) i gcás taighde agus forbairt theicneolaíoch, do chomhlachtaí atá sainaitheanta sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110, i gcás ina bhforálfar go sainráite sa bhunghníomh don fhéidearthacht sin, agus ar choinníoll nach dtagann an tionscadal faoi raon feidhme glao ar thograí;

(f) do ghníomhaíochtaí a mbaineann saintréithe leo agus ar gá cineál áirithe comhlachta ina gcomhair i ngeall ar a inniúlacht theicniúil, ar an leibhéal ard speisialtóireachta a ghabhann leis, nó ar a gcumhachtaí riaracháin, ar choinníoll nach dtagann na gníomhaíochtaí lena mbaineann faoi raon feidhme glao ar thograí;

(g) do BEI nó do CEI i gcomhair gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil. Sna cásanna sin, ní bheidh feidhm ag pointe (a) go pointe (d) d'Airteagal 196(1).

I gcás inar Ballstát an cineál áirithe comhlachta dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad mhír, féadfar an deontas a dhámhachtain freisin, gan glao ar thograí don chomhlacht arna ainmniú ag an mBallstát, faoina fhreagracht, chun críche chur chun feidhme na gníomhaíochta.

Tabharfar bunús cuí-réasúnaithe sa chinneadh dámhachtana leis na cásanna dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (f) den chéad mhír.

*Airteagal 196*

**Inneachar iarratas ar dheontais**

1. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas ar dheontais:

(a) faisnéis faoi stádas dlíthiúil an iarratasóra;

(b) dearbhú ar onóir an iarratasóra i gcomhréir le hAirteagal 137(1) agus ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin;

(c) an fhaisnéis uile is gá lena thaispeáint go bhfuil an cumas airgeadais agus an acmhainn oibríochtúil ag an tairbhí chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a thabhairt i gcrích agus, má chinneann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach ar bhonn measúnú riosca gur gá sin, doiciméid tacaíochta lena ndeimhnítear an fhaisnéis sin, amhail an cuntas brabúis agus caillteanais agus an clár comhardaithe le haghaidh suas leis na 3 bliana airgeadais ba dhéanaí dár dúnadh na cuntais;

Ní iarrfar faisnéis agus doiciméid tacaíochta den sórt sin ar iarratasóirí nach mbeidh feidhm ag fíorú an chumais airgeadais nó na hacmhainne oibríochtúla maidir leo i gcomhréir le hAirteagal 198(5) nó (6). Ina theannta sin, ní iarrfar doiciméid tacaíochta i gcás conarthaí ar luach íseal;

(d) i gcás ina mbainfidh an t-iarratas le deontas le haghaidh gníomhaíochta a sáraíonn méid an deontais sin EUR 750 000 nó i gcás ina mbainfidh an t-iarratas le deontas oibriúcháin a sháraíonn EUR 100 000, tuarascáil iniúchóireachta a chuir iniúchóir seachtrach formheasta le chéile, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, agus i ngach cás ina gceanglaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta gur gá iniúchóireacht reachtach a dhéanamh, lena ndeimhneofar na cuntais do suas leis na 3 bliana airgeadais ba dhéanaí a bhfuil fáil orthu. I ngach cás eile, cuirfidh an t-iarratasóir féindearbhú ar fáil, agus é sínithe ag a ionadaí údaraithe, ina ndeimhnítear bailíocht a chuntas do suas leis na 3 bliana airgeadais ba dhéanaí a bhfuil fáil orthu.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír ach amháin maidir leis an gcéad iarratas a chuirfidh tairbhí chuig oifigeach údarúcháin atá freagrach le linn aon bhliain airgeadais amháin.

I gcás comhaontuithe idir an Coimisiún agus roinnt tairbhithe, beidh feidhm maidir le gach tairbhí ag na tairseacha a leagtar síos sa chéad fhomhír.

I gcás comhpháirtíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 130(4), ní foláir an tuarascáil iniúchóireachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ar tuarascáil í ina gcumhdaítear an dá bhliain airgeadais dheireanacha a bhfuil fáil ar chuntais ina gcomhair, ní foláir í a chur ar fáil sula sínítear an comhaontú comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais.

Ag brath ar an measúnú riosca, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an oibleagáid a tharscaoileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le forais oideachais agus oiliúna agus, i gcás comhaontuithe le roinnt tairbhithe, maidir le tairbhithe a ghlac le dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó tairbhithe nach orthu atá aon chuid den fhreagracht airgeadais.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le daoine agus entitis atá incháilithe faoi bhainistiú indíreach a mhéid is go gcomhlíonann siad na coinníollacha a shonraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) agus in Airteagal 154;

(e) tuairisc ar an ngníomhaíocht nó ar an gclár oibre agus buiséad measta, lena n-áireofar:

(i) comhardú idir ioncam agus caiteachas; agus

(ii) tásc ar chostais mheasta incháilithe na gníomhaíochta nó an chláir oibre.

Ní bheidh feidhm ag pointe (i) agus pointe (ii) maidir le gníomhaíochtaí ildeontóirí.

De mhaolú ar phointe (i), i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar a áireamh sa bhuiséad measta soláthairtí le haghaidh teagmhas nó athruithe féideartha sna rátaí malairte.

(f) léiriú ar fhoinsí agus méid an chistiúcháin ón Aontas a fuarthas nó a cuireadh iarratas isteach orthu i dtaca leis an ngníomhaíocht chéanna, nó cuid den ghníomhaíocht nó le feidhmiú an iarratasóra le linn na bliana airgeadais céanna maille le haon chistiú eile a fuarthas nó a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh na gníomhaíochta céanna.

2. Féadfar an t-iarratas a roinnt ina chodanna éagsúla a fhéadfar a thíolacadh ag céimeanna difriúla i gcomhréir le hAirteagal 200(2).

*Airteagal 197*

**Critéir incháilitheachta**

1. Cinnfear leis na critéir incháilitheachta na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i nglao ar thograí.

2. Beidh aon cheann de na hiarratasóirí seo a leanas incháilithe chun páirt a ghlacadh i nglao ar thograí:

(a) daoine dlítheanacha;

(b) daoine nádúrtha, a mhéid a éilíonn cineál nó tréithe na gníomhaíochta nó an chuspóra atá á shaothrú ag an iarratasóir, a mhéid a éilíonn siad sin;

(c) eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ar choinníoll go mbeidh an cumas ag a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh ar láimh thar ceann na n-eintiteas sin agus go dtugann na heintitis ráthaíochtaí go ndéanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar ráthaíochtaí iad atá coibhéiseach leis an ráthaíocht a thairgeann daoine dlítheanacha. Go háirithe beidh cumas airgeadais agus acmhainn oibríochtúil ag an iarratasóir atá coibhéiseach leis an gcumas airgeadais agus leis an acmhainn oibríochtúil atá ag duine dlítheanach. Cruthóidh ionadaithe an iarratasóra gur comhlíonadh na coinníollacha sin.

3. Féadfar tuilleadh critéir incháilitheachta a leagan síos leis an nglao ar thograí, critéir a bhunófar agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí na gníomhaíochta agus beidh siad i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe.

4. Chun críocha Airteagal 180(5) agus an Airteagail seo, measfar JRC a bheith ina dhuine dlítheanach atá bunaithe i mBallstát.

*Airteagal 198*

**Critéir roghnúcháin**

1. Beidh na critéir roghnúcháin de chineál gur féidir measúnú a dhéanamh ar chumas an iarratasóra an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a thabhairt i gcrích.

2. Na foinsí cistiúcháin atá ag an iarratasóir, beidh siad cobhsaí leordhóthanach chun a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht a choinneáil ar siúl ar feadh na tréimhse ar lena linn a dámhadh an deontas agus chun bheith rannpháirteach ina cistiú ("cumas airgeadais").

3. Beidh na hinniúlachtaí gairmiúla agus na cáilíochtaí gairmiúla is gá ag an iarratasóir chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a chur i gcrích mura bhforáiltear a mhalairt sa bhunghníomh ("acmhainn oibríochtúil").

4. Déanfar cumas airgeadais agus acmhainn oibríochtúil a fhíorú go háirithe ar bhonn anailís ar aon fhaisnéis nó doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 196.

I gcás nár iarradh aon doiciméid tacaíochta sa ghlao ar thograí agus i gcás ina bhfuil forais réasúnta ag an oifigeach údarúcháin chun cumas airgeadais nó acmhainn oibríochtúil an iarratasóra a cheistiú, iarrfaidh sé nó sí ar an iarratasóir aon doiciméid iomchuí a chur ar fáil.

I gcás comhpháirtíochtaí, déanfar an fíorú i gcomhréir le hAirteagal 130(6).

5. Ní bheidh feidhm ag an bhfíorú a dhéanfar ar an gcumas airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na daoine nádúrtha sin a bhfuil tacaíocht oideachais á fáil acu;

(b) na daoine nádúrtha sin is mó gátar, amhail daoine dífhostaithe agus dídeanaithe, agus atá ag fáil tacaíocht dhíreach;

(c) comhlacht dlí phoiblí, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na mBallstát;

(d) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(e) daoine nó eintitis atá ag cur isteach ar lacáistí ráta úis agus ar fhóirdheontais táillí ráthaíochta arb é is cuspóir do na lacáistí agus na fóirdheontais sin cumas airgeadais tairbhí a neartú nó ioncam a ghiniúint.

6. Ag brath ar an measúnú riosca, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an oibleagáid a tharscaoileadh maidir le hacmhainn oibríochtúil comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí de chuid na mBallstát nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a fhíorú.

*Airteagal 199*

**Critéir dhámhachtana**

Beidh na critéir dhámhachtana de chineál gur féidir na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

(a) cáilíocht na dtograí a tíolacadh a mheasúnú i bhfianaise na gcuspóirí agus na dtosaíochtaí a leagadh síos agus i bhfianaise na dtorthaí lena bhfuiltear ag súil;

(b) deontais a dhámhachtain i gcomhair na ngníomhaíochtaí nó na gclár oibre sin a mhéadaíonn oiread is féidir éifeachtacht fhoriomlán an chistiúcháin ón Aontas.

(c) meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar dheontais.

*Airteagal 200*

**An nós imeachta meastóireachta**

1. Déanfar na tograí a mheas, ar bhonn na gcritéar roghnúcháin agus na gcritéar dámhachtana a réamhfhógraíodh, d'fhonn a chinneadh cé na tograí a fhéadfar a mhaoiniú.

2. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an próiseas a roinnt, i gcás inarb iomchuí, ina chéimeanna nós imeachta éagsúla. Déanfar na rialacha lena rialaítear an próiseas a fhógairt sa ghlao ar thograí.

Na hiarratasóirí sin ar diúltaíodh a dtograí ag aon chéim, cuirfear ar an eolas iad i gcomhréir le mír 7.

Ní theastóidh na doiciméid chéanna agus an fhaisnéis chéanna níos mó ná uair amháin le linn an nós imeachta chéanna.

3. Féadfaidh an coiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 150 nó, i gcás inarb iomchuí, an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, féadfaidh siad a iarraidh ar an iarratasóir tuilleadh faisnéise a chur ar fáil nó soiléiriú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta a tíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 151. Coimeádfaidh an t-oifigeach údarúcháin taifid iomchuí ar aon teagmháil a rinneadh le hiarratasóirí le linn an nós imeachta.

4. Nuair a bheidh a gcuid oibrithe déanta acu síneoidh comhaltaí an choiste meastóireachta taifead ar na tograí uile a scrúdaíodh, taifead ina mbeidh measúnú ar cháilíocht na dtograí agus ina sainaithneofar na tograí sin a bhféadfar cistiú a thabhairt dóibh.

De réir mar is gá, beidh sa taifead sin rangú ar na tograí a scrúdaíodh, moltaí maidir leis an uasmhéid is féidir a dhámhachtain agus coigeartuithe féideartha neamhshubstaintiúla ar an iarratas ar dheontas.

Coimeádfar an taifead lena úsáid amach anseo.

5. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a iarraidh ar an iarratasóir a thogra a choigeartú i bhfianaise mholtaí an choiste meastóireachta. Coimeádfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach taifid iomchuí ar aon teagmháil a rinneadh le hiarratasóirí le linn an nós imeachta.

6. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chinneadh nó a cinneadh ar bhonn na meastóireachta agus luafar ann na nithe seo a leanas, ar a laghad:

(a) ábhar agus méid foriomlán an chinnidh;

(b) ainmneacha na n-iarratasóirí ar éirigh leo, teideal na ngníomhaíochtaí, na méideanna a glacadh agus na cúiseanna leis an rogha sin, lena n-áirítear i gcás nach dtagann an rogha a rinneadh le barúil an choiste meastóireachta;

(c) ainmneacha aon iarratasóirí a diúltaíodh agus na cúiseanna leis an diúltú sin.

7. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn. Mura ndámhtar an deontas ar a ndearnadh iarraidh, cuirfidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais na cúiseanna ar diúltaíodh an t-iarratas in iúl. Cuirfear iarratasóirí a diúltaíodh ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi thoradh na meastóireachta a rinneadh ar a n-iarratas agus, ar aon nós, laistigh de 15 lá féilire tar éis an fhaisnéis a sheoladh chuig na hiarratasóirí ar éirigh leo.

8. Maidir le deontais arna ndámhachtain de bhun Airteagal 195, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chinneadh gan mír 2 agus mír 4 den Airteagal seo ná Airteagal 150 a chur i bhfeidhm;

(b) inneachar na tuarascála meastóireachta agus an cinneadh dámhachtana a chumasc in aon doiciméad amháin agus é a shíniú.

*Airteagal 201*

**Comhaontú deontais**

1. Cumhdófar na deontais le comhaontú i scríbhinn.

2. Beidh na nithe seo a leanas, ar a laghad, sa chomhaontú deontais:

(a) an t-ábhar;

(b) an tairbhí;

(c) an fad, eadhon:

(i) an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

(ii) dáta tosaigh agus fad na gníomhaíochta nó an bhliain airgeadais atá á cistiú;

(d) cur síos ar an ngníomhaíocht nó, i gcás deontas oibriúcháin, ar an gclár oibre maille le cur síos ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo;

(e) uasmhéid an chistiúcháin ón Aontas in euro, buiséad measta na gníomhaíochta nó an chláir oibre agus cineál an deontais;

(f) na rialacha maidir le tuairisciú agus le híocaíochtaí agus na rialacha soláthair dá bhforáiltear in Airteagal 205;

(g) glacadh an tairbhí leis na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 129;

(h) na forálacha lena rialaítear infheictheacht na tacaíochta airgeadais ón Aontas, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo nach féidir an méid sin a thaispeáint go poiblí nó nach iomchuí déanamh amhlaidh;

(i) an dlí is infheidhme, arb é dlí an Aontais é, a chomhlánófar, i gcás inar gá, leis an dlí náisiúnta mar a shonraítear sa chomhaontú deontais. Féadfar maolú a dhéanamh ar na comhaontuithe deontas a tugadh i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta;

(j) an chúirt inniúil nó an binse eadrána inniúil chun díospóidí a éisteacht.

3. Na hoibleagáidí airgeadais a bheidh ar eintitis nó ar dhaoine nach Stáit iad de thoradh comhaontú deontais a chur chun feidhme, beidh siad infheidhmithe i gcomhréir le hAirteagal 100(2).

4. Ní bheidh de chuspóir ná d'éifeacht ag na leasuithe ar chomhaontuithe deontas athruithe a dhéanamh a gcaithfí amhras ar an gcinneadh dámhachtana dá mbarr nó a bheadh contrártha do phrionsabal na córa comhionainne d'iarratasóirí.

*CAIBIDIL 4*

***Deontais a chur chun feidhme***

*Airteagal 202*

**Méid an deontais agus síneadh na dtorthaí iniúchóireachta**

1. Ní thiocfaidh méid an deontais chun bheith críochnaitheach go dtí go ndéanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na tuarascálacha deiridh agus, i gcás inarb infheidhme, na cuntais deiridh, a fhormheas gan dochar d'iniúchóireachtaí, seiceálacha, ná imscrúduithe a dhéanfaidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais, OLAF nó an Chúirt Iniúchóirí. Beidh feidhm ag Airteagal 131(4) freisin nuair a bheidh méid an deontais críochnaitheach.

2. I gcás ina léiríonn rialuithe nó iniúchóireachtaí gurb ann ar bhonn córasach nó aisfhillteach do neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí a fhéadfar a chur i leith an tairbhí agus go bhfuil tionchar ábhartha acu ar roinnt deontas a dámhadh don tairbhí sin faoi choinníollacha comhchosúla, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach cur chun feidhme an chomhaontaithe deontais nó íocaíochtaí na ndeontas uile lena mbaineann a fhionraí, nó i gcás inarb iomchuí, na comhaontuithe deontas lena mbaineann leis an tairbhí sin a fhoirceannadh, ag féachaint do thromchúis na dtorthaí.

Ina theannta sin, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na deontais a laghdú, costais neamh-incháilithe a dhiúltú agus, na méideanna a íocadh go míchuí i leith na ndeontas go léir dá ndearna na neamhrialtachtaí, an chalaois nó an sárú oibleagáidí de chineál córasach nó athfhillteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír difear, na méideanna sin a ghnóthú agus ar féidir iniúchóireachtaí, seiceálacha agus imscrúduithe a dhéanamh orthu i gcomhréir leis na comhaontuithe deontas dá ndéantar difear.

3. Cinnfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na méideanna a bheidh le laghdú nó le gnóthú, i gcás inar féidir agus inar praiticiúil, ar bhonn na gcostas a deimhníodh go míchuí ina gcostais incháilithe do gach deontas lena mbaineann, tar éis glacadh leis na tuarascálacha athbhreithnithe agus na ráitis airgeadais athbhreithnithe a thíolaic an tairbhí.

4. I gcás nach féidir nó nach bhfuil sé praiticiúil méid na gcostas neamh-incháilithe a chainníochtú go beacht do gach deontas lena mbaineann, féadfar na méideanna a bheidh le laghdú nó le gnóthú a chinneadh tríd an ráta um laghdú nó um ghnóthú a eachtarshuí, ráta a chuirtear i bhfeidhm maidir le deontais ar taispeánadh ina leith neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí de chineál córasach nó aisfhillteach, nó i gcás nach féidir le costais neamh-incháilithe a bheith mar bhonn chun na méideanna a bheidh le laghdú nó le gnóthú a chinneadh, trí ráta comhréidh a chur i bhfeidhm, ag féachaint do phrionsabal na comhréireachta. Tabharfar an deis don tairbhí ráta nó modh de chineál malartach cuí-réasúnaithe a mholadh sula ndéantar an laghdú nó an gnóthú.

*Airteagal 203*

**Doiciméid tacaíochta le haghaidh iarratais íocaíochta**

1. Sonróidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na doiciméid tacaíochta is gá a chur ar fáil le haghaidh iarratais íocaíochta.

2. I gcás gach deontais, féadfar an réamh-mhaoiniú a scoilteadh ina thráthchodanna éagsúla i gcomhréir leis an mbainistíocht fhónta airgeadais. I dteannta leis an iarraidh ar thráthchuid réamh-mhaoiniúcháin eile, cuirfear ráiteas tairbhí ar fáil faoin gcaoi ar ídíodh an réamh-mhaoiniú roimhe sin. Íocfar an tráthchuid ina hiomláine i gcás inar ídíodh 70 %, ar a laghad, de mhéid iomlán aon réamh-mhaoiniúcháin a dáileadh roimhe sin. Murar ídíodh, déanfar an tráthchuid a laghdú de réir na méideanna atá fós le hídiú go dtí go mbaintear an tairseach sin amach.

3. Deimhneoidh an tairbhí faoi bhrí a onóra, gan dochar don oibleagáid maidir le doiciméid tacaíochta a chur ar fáil, go bhfuil an fhaisnéis atá sna hiarratais íocaíochta iomlán, iontaofa agus fíor. Deimhneoidh an tairbhí freisin go bhfuil na costais a tabhaíodh incháilithe i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais agus gur tugadh bunús leis na hiarratais íocaíochta trí dhoiciméid tacaíochta leordhóthanacha a chur ar fáil a fhéadfar a sheiceáil.

4. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach deimhniú maidir le ráitis airgeadais na gníomhaíochta nó an chláir oibre maille leis na bunchuntais a éileamh mar thaca leis na híocaíochtaí eatramhacha nó chun comharduithe d’aon mhéid a íoc. Iarrfar deimhniú den sórt sin ar bhonn measúnú riosca, á chur san áireamh, go háirithe méid an deontais, méid na híocaíochta, cineál an tairbhí agus cineál na ngníomhaíochtaí ar tugadh tacaíocht dóibh.

Is iniúchóir seachtrach formheasta a chuirfidh an deimhniú sin ar fáil nó i gcás comhlachtaí poiblí, is oifigeach poiblí inniúil neamhspleách a dhéanfaidh amhlaidh.

Deimhneofar sa deimhniú, i gcomhréir le modheolaíocht a d’fhormheas an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach agus ar bhonn nósanna imeachta a comhaontaíodh agus atá i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, deimhneofar ann go bhfuil na costais a dhearbhaigh an tairbhí sna ráitis airgeadais ar a bhfuil an iarraidh íocaíochta bunaithe, go bhfuil siad fíor, go ndearnadh taifead cruinn orthu agus go bhfuil siad incháilithe i gcomhréir leis an gcomhaontú deontais. I gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an deimhniú a iarraidh i bhfoirm barúla nó i bhfoirm eile i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

5. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach tuarascáil fíorúcháin oibríochtúil, arna cur le chéile ag tríú páirtí neamhspleách agus arna formheas ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach, féadfaidh sé í a iarraidh mar thaca le haon íocaíocht, ar bhonn measúnú riosca. Sonrófar sa tuarascáil fíorúcháin oibríochtúil go ndearnadh an fíorú oibríochtúil i gcomhréir le modheolaíocht a d’fhormheas an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach agus sonrófar ar cuireadh an ghníomhaíocht nó an clár oibre chun feidhme iarbhír i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais.

*Airteagal 204*

**Tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe**

I gcás ina gceanglófar tacaíocht airgeadais a sholáthar do thríú páirtithe chun gníomhaíocht nó clár oibre a chur chun feidhme, féadfaidh an tairbhí tacaíocht airgeadais den sórt sin a sholáthar má shaineofar na coinníollacha a bhaineann leis an soláthar sinsa chomhaontú deontais idir an tairbhí agus an Coimisiún, gan lamháil ar bith le haghaidh lánrogha ag an tairbhí.

Ní mheasfar lámháil ar bith le haghaidhlánrogha a bheith ann i gcás ina sonraítear ceann éigin díobh seo a leanas sa chomhaontú deontais:

(a) uasmhéid na tacaíochta airgeadais is féidir a íoc le tríú páirtí nach mbeidh os cionn EUR 60 000 mar aon leis na critéir lena gcinntear an méid cruinn.

(b) na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí a bhféadfaí tacaíocht airgeadais den sórt sin a chur ar fáil dóibh, ar bhonn liosta seasta;

(c) an sainmhíniú ar na daoine nó ar na catagóirí daoine a fhéadfaidh tacaíocht airgeadais den sórt sin a fháil, agus na critéir lena soláthraítear í.

Féadfar an tairseach dá dtagraítear i bpointe (a) den dara mír a shárú i gcás nach bhféadfaí cuspóirí na ngníomhaíochtaí a chur i gcrích nó i gcás inar ródheacair déanamh amhlaidh murach sin.

*Airteagal 205*

**Conarthaí cur chun feidhme**

1. Gan dochar do Threoir 2014/24/AE agus do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), i gcás ina gceanglaítear conradh poiblí a dhámhachtain de thoradh gníomhaíocht nó clár oibre a chur chun feidhme, féadfaidh an tairbhí an conradh poiblí a dhámhachtain i gcomhréir lena ghnáthchleachtais cheannaigh, ar choinníoll go ndéantar an conradh poiblí a dhámhachtain don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch nó, de réir mar is iomchuí, don tairiscint is ísle, agus aon choinbhleacht leasa a sheachaint ag an am céanna.

2. I gcás ina gceanglaítear conradh poiblí dar luach breis agus EUR 60 000 a dhámhachtain de thoradh gníomhaíocht nó clár oibre a chur chun feidhme, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, má tá údar cuí leis, a cheangal ar an tairbhí cloí le rialacha speisialta sa bhreis orthu sin dá dtagraítear i mír 1.

Bunófar na rialacha speisialta sin ar rialacha atá sa Rialachán seo agus beidh siad i gcomhréir le luach na gconarthaí poiblí lena mbaineann, i gcomhréir le méid choibhneasta na ranníocaíochta ón Aontas i ndáil le costas iomlán na gníomhaíochta agus i gcomhréir leis an riosca. Áireofar rialacha speisialta den sórt sin sa chomhaontú deontais.

TEIDEAL IX

**DUAISEANNA**

*Airteagal 206*

**Rialacha ginearálta**

1. Déanfar duaiseanna a dhámhachtain i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne agus cuirfear chun cinn leo baint amach chuspóirí beartais an Aontais.

2. Ní dhéanfar duaiseanna a dhámhachtain go díreach gan chomórtas.

Maidir le comórtais le haghaidh duaiseanna dar luach aonaid EUR 1 000 000 nó níos mó, ní dhéanfar iad a fhoilsiú ach amháin i gcás ina luafar na duaiseanna sin sa chinneadh maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 110 agus nuair a bheidh faisnéis faoi na duaiseanna sin curtha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

3. Ní bheidh nasc idir luach na duaise agus na costais a thabhóidh an buaiteoir.

4. I gcás ina n-éileofar le cur chun feidhme gníomhaíochta nó cláir oibre go ndámhfaidh tairbhí duaiseanna do thríú páirtithe, féadfaidh an tairbhí sin duaiseanna den sórt sin a dhámhachtain ar choinníoll go ndéanfar na critéir incháilitheachta agus dámhachtana, méid na nduaiseanna agus na socruithe íocaíochta a shainiú sa chomhaontú deontais idir an tairbhí agus an Coimisiún, gan lamháil ar bith le haghaidh lánrogha.

*Airteagal 207*

**Rialacha an chomórtais, dámhachtain agus foilsiú**

1. I rialacha an chomórtais:

(a) sonrófar na critéir incháilitheachta;

(b) sonrófar na socruithe agus an dáta deiridh le haghaidh iarratasóirí a chlárú, más gá, agus le haghaidh iarratais a thíolacadh;

(c) sonrófar na critéir eisiaimh mar a leagtar amach in Airteagal 136 agus na forais don diúltú a leagtar amach in Airteagal 141;

(d) forálfar do dhliteanas aonair an iarratasóra i gcás éileamh a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi chuimsiú an chomórtais;

(e) forálfar do ghlacadh na mbuaiteoirí leis na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 129 agus leis na hoibleagáidí poiblíochta a shonraítear i rialacha an chomórtais;

(f) sonrófar na critéir incháilitheachta a bheidh de chineál gur féidir cáilíocht na n-iarratas a mheasúnú i ndáil leis na cuspóirí a bheidh acu agus na torthaí lena mbeifear ag súil agus gur féidir a chinneadh go hoibiachtúil an éireoidh leis na hiarratais;

(g) sonrófar méid na duaise nó na nduaiseanna;

(h) sonrófar na socruithe le haghaidh íocaíocht na nduaiseanna leis na buaiteoirí tar éis iad a dhámhachtain dóibh.

([1]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, beidh tairbhithe incháilithe, mura bhforáiltear a mhalairt i rialacha an chomórtais.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 194(3) maidir le comórtais a fhoilsiú.

2. I rialacha an chomórtais féadfar na coinníollacha faoina gcuirfear an comórtas ar ceal a leagan síos, go háirithe i gcás nach féidir na cuspóirí a bhí leis a chur i gcrích.

3. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na duaiseanna a dhámhachtain i ndiaidh meastóireacht a dhéanfaidh an coiste meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 150.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 200(4) agus (6) maidir leis an gcinneadh dámhachtana.

4. Cuirfear iarratasóirí ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi thoradh na meastóireachta a rinneadh ar a n-iarratas agus, faoi aon nós, laistigh de 15 lá féilire tar éis don oifigeach údarúcháin an cinneadh dámhachtana a ghlacadh.

Tabharfar fógra don iarratasóir buach faoin gcinneadh an duais a dhámhachtain agus beidh sin ina ghealltanas dlíthiúil.

5. Foilseofar, i gcomhréir le hAirteagal 38(1) go (4), na duaiseanna go léir a dámhadh le linn na bliana airgeadais.

Déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i ndiaidh an fhoilsiúcháin, tuarascáil a chur ar aghaidh chucu maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) líon na n-iarratasóirí le linn na bliana ba dhéanaí;

(b) líon na n-iarratasóirí agus céatadán na n-iarratas ar éirigh leo in aghaidh an chomórtais;

(c) liosta de na saineolaithe a ghlac páirt sna coistí meastóireachta le linn na bliana deireanaí mar aon le tagairt don nós imeachta maidir lena roghnú.

TEIDEAL X

## IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS, RÁTHAÍOCHTAÍ BUISÉADACHA AGUS CÚNAMH AIRGEADAIS

*CAIBIDIL 1*

### *Forálacha coiteanna*

*Airteagal 208*

### Raon feidhme agus cur chun feidhme

1. I gcás ina gcruthaítear gurb iad sin an bealach is iomchuí chun cuspóirí beartas an Aontais a bhaint amach, féadfaidh an t-Aontas ionstraimí airgeadais a bhunú nó ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais, arna dtacú leis an mbuiséad, a thabhairt, trí bhíthin bunghnímh, lena saineofar a raon feidhme agus a dtréimhse chur chun feidhme.

2. Féadfaidh Ballstáit ranníocaíocht a dhéanamh le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais an Aontais. Má dhéantar é a údarú faoin mbunghníomh, féadfaidh tríú páirtithe ranníocaíocht a dhéanamh freisin.

3. I gcásanna ina ndéantar ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte leis na Ballstáit, beidh feidhm ag rialacha earnáilsonracha.

4. I gcásanna ina gcuirfear ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, cuirfidh an Coimisiún comhaontuithe i gcrích le heintitis de bhun phointí (c)(ii), (iii), (v) agus (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1). I gcás inar measadh córais, rialacha agus nósanna imeachta na n-eintitis sin de bhun Airteagal 154(4), féadfaidh siad dul ar iontaoibh na gcóras, na rialaca agus na nósanna imeachta sin go huile is go hiomlán. Féadfaidh na heintitis sin, agus ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha á gcur chun feidhme acu faoi bhainistíocht indíreach, comhaontuithe a thabhairt i gcrích le hidirghabhálaithe airgeadais a dhéanfar a roghnú i gcomhréir leis na nósanna imeachta arb ionann iad agus na nósanna imeachta arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Déanfaidh na heintitis sin na ceanglais de bhun Airteagal 155(2) a thrasuí sna comhaontuithe sin.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith freagrach as a áirithiú go gcomhlíontar prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais leis an gcreat cur chun feidhme d'ionstraimí airgeadais agus go dtacaíonn an creat sin le gnóthú na gcuspóirí beartais atá sainithe agus dá bhfuil faoi cheangal am socraithe, ar cuspóirí iad is féidir a thomhas i dtéarmaí aschur agus/nó torthaí. Beidh an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil agus chonarthach na n-eintiteas sin ar cuireadh cúram orthu, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus le hAirteagal 129.

I gcás ina rannchuidíonn tríú tíortha le hionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha de bhun mhír 2, féadfaidh an bunghníomh cead a thabhairt eintitis chur chun feidhme incháilithe nó contrapháirteanna incháilithe a ainmniú ó na tíortha lena mbaineann.

5. Beidh rochtain iomlán ag an gCúirt Iniúchóirí ar aon fhaisnéis a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, leis na ráthaíochtaí buiséadacha agus le cúnamh airgeadais, lena n-áirítear trí bhíthin seiceálacha ar an láthair.

Beidh an Chúirt Iniúchóirí ina hiniúchóir seachtrach a bheidh freagrach as na tionscadail agus as na cláir a bhfuil ionstraim airgeadais, ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais mar thaca leo.

*Airteagal 209*

**Prionsabail agus coinníollacha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha**

1. Úsáidfear ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, prionsabal na trédhearcachta, prionsabal na comhréireachta, prionsabal an neamh-idirdhealaithe, prionsabal na córa comhionainne agus prionsabal na coimhdeachta agus i gcomhréir lena gcuspóirí.

2. I gcás ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha:

(a) rachaidh siad i ngleic le haon chliseadh margaidh nó le haon chás infheistíochta fo-optamach agus tabharfaidh siad tacaíocht, ar mhodh comhréireach, d'fhaighteoirí deiridh a meastar a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de, de réir caighdeáin atá inghlactha go hidirnáisiúnta, tráth na tacaíochta airgeadais ón Aontas, agus tabharfaidh siad an tacaíocht sin do na faighteoirí sin amháin;

(b) bainfidh siad breisíocht amach trí chosc a chur ar ionadú tacaíochta agus infheistíochta féideartha ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile;

(c) ní dhéanfaidh siad saobhadh ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach agus beidh siad comhsheasmhach le rialacha maidir le státchabhair;

(d) bainfidh siad éifeacht ghiarála agus éifeacht iolraitheora amach, le spriocraon luachanna bunaithe ar mheastóireacht *ex ante* i dtaca leis an ionstraim airgeadais nó leis an ráthaíocht bhuiséadach chomhfhreagrach, trí infheistíocht fhoriomlán a ghríosú ar mó í ná an ranníocaíocht nó an ráthaíocht ón Aontas, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, uasmhéadú na hinfheistíochta príobháidí.;

(e) cuirfear chun feidhme iad ar bhealach a áiritheoidh go mbeadh comhleas ag na heintitis nó contrapháirteanna cur chun feidhme a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme chun na cuspóirí beartais atá sainmhínithe sa bhunghníomh ábhartha a bhaint amach, agus forálacha ann maidir le, mar shampla, comhinfheistíocht, ceanglais roinnte riosca nó dreasachtaí airgid, agus ag an am céanna déanfaidh siad coinbhleachtaí leasa le gníomhaíochtaí eile na n-eintiteas nó na gcontrapháirteanna a chosc;

(f) déanfaidh siad foráil do luach saothair de chuid an Aontais a bheidh i gcomhréir le roinnt riosca i measc rannpháirtithe airgeadais agus i gcomhréir le cuspóirí beartais na hionstraime airgeadais nó na ráthaíochta buiséadaí;

(g) i gcás ina bhfuil aon luach saothair de chuid na n-eintiteas nó na gcontrapháirteanna cur chun feidhme a bhfuil baint acu sa chur chun feidhme dlite, ar choinníoll go bhfuil an luach saothair sin bunaithe ar fheidhmíocht agus go gcuimsítear an méid seo a leanas leis:

  (i) táillí riaracháin chun luach saothair a thabhairt don eintiteas nó don chontrapháirt as an obair a dhéantar chun ionstraim airgeadais nó ráthaíocht bhuiséadach a chur chun feidhme, a bheidh, oiread is féidir, bunaithe ar na hoibríochtaí a dhéantar nó na méideanna a eisíoctar; agus

  (ii) i gcás inarb iomchuí, dreasachtaí a bhaineann le cúrsaí beartais chun baint amach na gcuspóirí beartais a chur chun cinn nó chun feidhmíocht airgeadais na hionstraime airgeadais nó na ráthaíochta buiséadaí a dhreasú.

  Féadfar aisíocaíocht a dhéanamh ar speansais eisceachtúla i gcásanna a bhfuil údar cuí leo;

(h) beidh siad bunaithe ar mheastóireachtaí *ex ante*, ina n-aonar nó mar chuid de chlár, i gcomhréir le hAirteagal 34, ina mbeidh mínithe a bhaineann leis an rogha a rinneadh faoin gcineál oibríochta airgeadais, ag cur san áireamh na gcuspóirí beartais atá le baint amach agus na rioscaí airgeadais agus coigiltis a bhaineann leo don bhuiséad.

  Déanfar na meastóireachtaí dá dtagraítear i bpointe (h) den chéad fhomhír a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun an tionchar a bhíonn ag mórathruithe socheacnamaíocha ar an réasúnaíocht atá leis an ionstraim airgeadais nó an ráthaíocht bhuiséadach a chur san áireamh.

3. Gan dochar do rialacha earnáilsonracha maidir leis an mbainistíocht roinnte, déanfar ioncam, lena n-áirítear díbhinní, gnóthachain chaipitiúla, táillí ráthaíochta agus ús ar iasachtaí agus ar mhéideanna ar chuntais mhuiníneacha a aisíocadh leis an gCoimisiún nó ar chuntais mhuiníneacha a osclaíodh d'ionstraimí airgeadais nó do ráthaíochtaí buiséadacha atá inchurtha i leith na tacaíochta ón mbuiséad faoi ionstraim airgeadais nó ráthaíocht bhuiséadach, déanfar sin a chur isteach sa bhuiséad tar éis costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta a bhaint.

Maidir le haisíocaíochtaí bliantúla, lena n-áirítear aisíocaíochtaí caipitil, ráthaíochtaí a scaoileadh, agus aisíocaíochtaí ar phríomhshuim iasachtaí, a aisíocadh leis an gCoimisiún nó maidir le cuntais mhuiníneacha a osclaíodh d'ionstraimí airgeadais nó do ráthaíochtaí buiséadacha atá inchurtha i leith na tacaíochta ón mbuiséad faoi ionstraim airgeadais nó ráthaíocht bhuiséadach, is ioncam sannta inmheánach a bheidh iontu i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 21(3) agus úsáidfear iad don ionstraim airgeadais chéanna nó don ráthaíocht airgeadais chéanna, gan dochar d'Airteagal 215(5), ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse do ghealltanas buiséadach móide dhá bhliain, mura sonraítear a mhalairt i mbunghníomh.

Cuirfidh an Coimisiún an t-ioncam sannta inmheánach sin san áireamh agus an méid á mholadh aige do leithdháiltí d'ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha amach anseo.

D'ainneoin an dara fomhír, féadfar an méid amuigh den ioncam sannta arna údarú faoi bhunghníomh atá le haisghairm nó a dtagann deireadh leis, féadfar é a shannadh freisin d'ionstraim eile airgeadais atá ag saothrú cuspóirí comhchosúla, i gcás ina bhforálfar dó sin sa bhunghníomh lena mbunaítear an ionstraim airgeadais sin.

4. Déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach as ionstraim airgeadais, ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais ráiteas airgeadais a tháirgeadh, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig, i gcomhréir le hAirteagal 243 agus leis na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80 agus le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).

I gcás ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, áiritheoidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach go gcuirfidh na heintitis ráitis airgeadais neamhiniúchta arna n-ullmhú i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80 agus le IPSAS, a chumhdóidh an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig, ar fáil, chomh maith le haon fhaisnéis is gá chun ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile i gcomhréir le hAirteagal 82(2), de bhun phointí (c)(ii), (iii), (v) agus (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) faoin 15 Feabhra an bhliain airgeadais dár gcionn agus go gcuirfidh na heititis sin ráitis airgeadais iniúchta ar fáil faoin 15 Bealtaine an bhliain airgeadais dár gcionn.

*Airteagal 210*

**Dliteanas airgeadais an Aontais**

1. Ní sháróidh dliteanas airgeadais agus glaníocaíochtaí comhiomlána ó bhuiséad, tráth ar bith:

(a) i ndáil le hionstraimí airgeadais: méid an ghealltanais bhuiséadaigh ábhartha a rinneadh ina leith;

(b) i ndáil le ráthaíochtaí buiséadacha: méid na ráthaíochta buiséadaí arna údarú faoin mbunghníomh;

(c) i ndáil le cúnamh airgeadais: uasmhéid na gcistí a dtugtar de chumhacht don Choimisiún a fháil ar iasacht chun an cúnamh airgeadais arna húdarú faoin mbunghníomh, a chistiú, agus an t-ús ábhartha.

2. Féadfaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais dliteanas teagmhasach a chruthú don Aontas a bheidh níos mó ná na sócmhainní airgeadais arna soláthar chun dliteanas airgeadais an Aontais a chumhdach, agus sin amháin, má dhéantar foráil do bhunghníomh lena mbunaítear ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais agus faoi na coinníollacha a leagtar amach ann.

3. Chun críocha an mheasúnaithe bhliantúil dá bhforáiltear i bpointe (j) d'Airteagal 41(5), measfar go bhfuil na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn ó na ráthaíochtaí buiséadacha nó ón gcúnamh airgeadais arna n-íoc ón mbuiséad inbhuanaithe, má tá an t-athrú ilbhliantúil atá tuartha dóibh comhoiriúnach leis na teorainneacha arna socrú leis an rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 312(2) CFAE agus le huasteorainn na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh 2014/335/AE, *Euratom*.

*Airteagal 211*

**Soláthar dliteanas airgeadais**

1. I gcás ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais do thríú tíortha, leagfar amach i mbunghníomh ráta soláthair mar chéatadán de mhéid an dliteanas airgeadais arna údarú. Ní áireofar sa mhéid sin na ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 208(2).

Beidh foráil sa bhunghníomh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an ráta soláthair gach 3 bliana ar a laghad.

2. Déanfar socrú ráta soláthair a threorú le measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil ón gCoimisiún ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais chuig tríú tír i gcomhréir le prionsabal na stuamachta, prionsabal a fhágann nach ndéanfar rómheastachán ar shócmhainní ná ar bhrabúis agus nach ndéanfar fomheastachán ar dhliteanais ná ar chaillteanais.

Mura sonraítear a mhalairt sa bhunghníomh lena mbunaítear an ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais do thríú tír, beidh an ráta soláthair bunaithe ar an soláthar foriomlán atá de dhíth roimh ré chun na glanchaillteanais a bhfuiltear ag súil leo a chumhdach agus chun maolán leordhóthanach sábháilteachta a chur ar fáil chomh maith. Gan dochar do chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa ná do chumhachtaí na Comhairle, déanfar an soláthar foriomlán a chur le chéile thar an tréimhse ama dá bhforáiltear sa ráiteas ábhartha airgeadais amhail dá dtagraítear in Airteagal 35.

3. I gcás ionstraim airgeadais, déanfar foráil, i gcás inarb iomchuí, maidir le freagairt a thabhairt d'íocaíochtaí amach anseo a bhaineann le gealltanas buiséadach na hionstraime airgeadais sin.

4. Déanfar ranníocaíochtaí leis an soláthar trí na hacmhainní seo a leanas:

(a) ranníocaíochtaí ón mbuiséad agus lánurraim á tabhairt don rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil agus tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí i ndáil le hathdháileadh;

(b) fáltais ar infheistíochtaí na n-acmhainní a choinnítear sa chiste don soláthar coiteann

(c) méideanna a gnóthaíodh ó fhéichiúnaithe mainneachtana i gcomhréir leis an nós imeachta aisghabhála a leagtar síos sa ráthaíocht nó sa chomhaontú iasachta;

(d) ioncam agus aon íocaíochtaí eile a fuair an tAontas i gcomhréir leis an ráthaíocht nó leis an gcomhaontú iasachta;

(e) i gcás inarb infheidhme, ranníocaíochtaí in airgead tirim ó Bhallstáit agus ó thríú páirtithe de bhun Airteagal 208(2).

Ní chuirfear san áireamh ach na hacmhainní dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo chun an soláthar a thagann as an ráta soláthair dá dtagraítear i mír 1 a ríomh.

5. Bainfear úsáid as soláthairtí chun íoc as na nithe seo a leanas:

(a) glaonna ar na ráthaíochtaí buiséadacha;

(b) oibleagáidí íocaíochta a bhaineann le ceangaltas buiséadach le haghaidh ionstraim airgeadais;

(c) oibleagáid airgeadais a eascraíonn as cistí a fháil ar iasacht de bhun Airteagal 220(1);

(d) i gcás inarb infheidhme, speansais eile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais chuig tríú tíortha.

6. I gcás inar mó na soláthairtí le haghaidh ráthaíocht bhuiséadach ná méid an tsoláthair a thagann as an ráta soláthair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, bainfear úsáid as na hacmhainní dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo a bhfuil baint acu leis an ráthaíocht sin, laistigh de theorainneacha na tréimhse incháilithe dá bhforáiltear sa bhunghníomh, ach, mar sin féin, gan dul thar an gcéim ina bhfuil an soláthar á chur le chéile, agus gan dochar d'Airteagal 213(4), chun an ráthaíocht bhuiséadach a chur ar ais go dtí a méid tosaigh.

7. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach agus féadfaidh sé bearta leordhóthanacha a mholadh don athsholáthar nó méadú ar an ráta soláthair a mholadh más rud é:

(a) mar thoradh ar ghlaonna ar ráthaíocht bhuiséadach, go dtitfidh leibhéal an tsoláthair don ráthaíocht bhuiséadach sin faoi bhun 50 % den ráta soláthair dá dtagraítear i mír 1, agus i gcás ina dtitfidh sé faoi bhun 30 % den ráta soláthair sin, nó i gcás ina bhféadfadh sé titim faoi bhun aon cheann de na céatadáin sin laistigh de bhliain de réir measúnú riosca ón gCoimisiún;

(b) go mainneoidh tír a bhaineann leas as cúnamh airgeadais ón Aontas aibíocht a íoc.

*Airteagal 212*

**Ciste don soláthar coiteann**

1. Coinneofar na soláthairtí a dhéantar chun na dliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha nó cúnamh airgeadais i gciste don soláthar coiteann.

Faoin 30 Meitheamh 2019, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht sheachtrach neamhspleách faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bainistiú airgeadais shócmhainní an chiste don soláthar coiteann a chur ar iontaoibh an Choimisiúin, BIE, nó teaglaim den phéire, ag cur san áireamh na critéir theicniúla agus institiúideacha ábhartha a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir seirbhísí bainistithe sócmhainne, lena n-áirítear an bonneagar teicniúil, comparáid na gcostas i leith seirbhísí a sholáthraítear, an leagan amach institiúideach, tuairisciú, feidhmíocht, cuntasacht agus saineolas an Choimisiúin agus BIE agus na sainorduithe eile don bhuiséad maidir le bainistiú sócmhainní. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an meastóireacht.

2. Leithdháilfear na brabúis nó caillteanais fhoriomlána ó infheistíocht na n-acmhainní a choinnítear sa chiste don soláthar coiteann go comhréireach i measc na n-ionstraimí airgeadais, na ráthaíochtaí buiséadacha nó an chúnaimh airgeadais faoi seach.

Coinneoidh an bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann íosmhéid d'acmhainní an chiste in airgead tirim nó i gcoibhéisí airgid thirim i gcomhréir le rialacha stuamachta agus leis na réamh-mheastacháin i dtaca le híocaíochtaí arna gcur ar fáil ag na hoifigigh údarúcháin a bhfuil na hionstraimí airgeadais, na ráthaíochtaí buiséadacha nó an cúnamh airgeadais faoina gcúram.

Féadfaidh an bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann comhaontuithe athcheannaigh a dhéanamh, le hacmhainní an chiste don soláthar coiteann mar chomhthaobhacht, chun íocaíochtaí a dhéanamh as an gciste seo i gcás ina mbeifear ag súil leis go réasúnta go mbeidh an nós imeachta sin níos tairbhiúla do bhuiséad ná mar a bheadh dífheistiú acmhainní laistigh de thráthchlár an iarratais íocaíochta. Beidh fad nó tréimhse tar-rollta na gcomhaontuithe athcheannaigh a bhaineann le híocaíocht teoranta don íosmhéid is gá chun caillteanas don bhuiséad a íoslaghdú.

3. De bhun phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 77(1) agus Airteagal 86(1) agus (2), cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta ar bun na nósanna imeachta a bheidh le cur i bhfeidhm maidir leis na hoibríochtaí ioncaim agus caiteachais agus i gcomhaontú le bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann, maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais a bhaineann leis an gciste don soláthar coiteann.

4. Sna cásanna eisceachtúla sin ina mbeidh aistriú déanta ag an gCoimisiún amhail dá dtagraítear i bpointe (g) den chéad fhomhír d'Airteagal 30(1), cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach faoi sin, agus molfaidh sé go práinneach na bearta is gá chun mír bhuiséadach na ráthaíochta óna ndearnadh an t-aistriú a chur ar ais, agus lán-urraim á tabhairt do na huasteorainneacha dá bhforáiltear sa rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil.

*Airteagal 213*

**Glanráta soláthair**

1. Beidh soláthar na ráthaíochtaí buiséadacha agus an chúnaimh airgeadais chuig tríú tíortha sa chiste don soláthar coiteann bunaithe ar ghlanráta soláthair. Tabharfaidh an ráta sin leibhéal cosanta i gcoinne dhliteanais airgeadais an Aontais atá comhionann leis an leibhéal a thabharfadh na rátaí soláthair faoi seach dá ndéanfaí na hacmhainní a choinneáil agus a bhainistiú ar leithligh.

2. Is éard a bheidh sa ghlanráta soláthair is infheidhme céatadán de gach ráta tosaigh soláthair arna gcinneadh i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 211(2). Ní bheidh feidhm aige ach i dtaca leis an méid acmhainní sa chiste don soláthar coiteann dá bhforáiltear chun glaonna ráthaíochta a íoc thar tréimhse bliana. Déanfar foráil ann do chóimheas, i bhfoirm céatadáin — idir an méid airgid thirim agus méid na gcoibhéisí airgid thirim sa chiste don soláthar coiteann is gá chun seasamh le glaonna ráthaíochta agus an méid airgid thirim agus méid na gcoibhéisí airgid thirim a bheadh de dhíth i ngach ciste ráthaíochta chun seasamh le glaonna ráthaíochta, dá ndéanfaí na hacmhainní a choinneáil agus a bhainistiú ar leithligh, i gcás gur riosca leachtachta comhionann atá sa dá mhéid. Ní thitfidh an cóimheas sin faoi bhun 95 %. Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh agus an glanráta soláthair á ríomh:

(a) tuar ar na hinsreafaí agus ar na heis-sreafaí sa chiste don soláthar coiteann, ag féachaint don chéim thosaigh ina bhfuil soláthar domhanda i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 211(2);

(b) an comhghaol riosca i measc na ráthaíochtaí buiséadacha agus an chúnaimh airgeadais do thríú tíortha;

(c) dálaí an mhargaidh.

Faoin 1 Iúil 2020, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 269 d'fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh ina mbeidh coinníollacha mionsonraithe maidir leis an nglanráta soláthair a ríomh, lena n-airítear modheolaíocht don ríomh sin.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 269 chun an t-íoschóimheas dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a leasú i bhfianaise taithí a fuarthas le hoibriú an chiste don soláthar coiteann agus lena gcoinneofar cur chuige stuama i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Ní dhéanfar an cóimheas íosta a shocrú ag leibhéal níos ísle ná 85 %.

3. Ríomhfaidh an bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann an glanráta soláthair go bliantúil, agus beidh an ráta sin ina phointe tagartha ag an gCoimisiún chun na ranníocaíochtaí ón mbuiséad a ríomh de bhun phointe (a) d'Airteagal 211(4) agus, ina dhiaidh sin, phointe (b) de mhír 4 den Airteagal seo.

4. Tar éis an glanráta soláthair bliantúil a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Airteagal seo, déanfar na hoibríochtaí seo a leanas i gcomhthéacs an nós imeachta bhuiséadaigh agus cuirfear i láthair sa doiciméad oibre dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 41(5) iad:

(a) aon bharrachas soláthairtí le haghaidh ráthaíocht bhuiséadach nó cúnamh airgeadais chuig tríú tír, déanfar é a chur ar ais sa bhuiséad;

(b) aon athsholáthair ar an gciste, déanfar é i dtráinsí bliantúla ar feadh uastréimhse 3 bliana, gan dochar d'Airteagal 211(6).

5. Tar éis dul i gcomhairle leis an oifigeach cuntasaíochta, bunóidh an Coimisiún na treoirlínte is infheidhme maidir le bainistiú na n-acmhainní sa chiste don soláthar coiteann i gcomhréir le rialacha stuamachta iomchuí agus gan oibríochtaí díorthacha chun críocha amhantraíochta a chur san áireamh. Beidh na treoirlínte sin i gceangal leis an gcomhaontú le bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann.

Déanfar meastóireacht neamhspleách ar leordhóthanacht na dtreoirlínte gach 3 bliana agus tarchuirfear an mheastóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

*Airteagal 214*

**Tuairisciú bliantúil**

1. De bhreis ar an oibleagáid tuairscithe a leagtar síos in Airteagal 250, déanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 250 tuairisciú bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar an gciste don soláthar coiteann.

2. Déanfaidh an bainisteoir airgeadais acmhainní an chiste don soláthar coiteann Airteagal 211 a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Comhairle go bliantúil maidir leis an gciste don soláthar coiteann.

*CAIBIDIL 2*

***Forálacha sonracha***

Roinn 1

**Ionstraimí airgeadais**

*Airteagal 215*

**Rialacha agus cur chun feidhme**

1. D'ainneoin Airteagal 208(1), féadfar ionstraimí airgeadais a bhunú, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, agus gan iad a bheith údaraithe trí bhíthin bunghnímh, ar choinníoll go n-áirítear na hionstraimí sin sa dréachtbhuiséad i gcomhréir le pointe (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 41(1).

2. I gcás ina gcuirtear ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha le chéile le tacaíocht choimhdeach ó bhuiséad, deontais san áireamh, in aon chomhaontú amháin, beidh feidhm ag an Teideal seo maidir leis an mbeart iomlán. Déanfar an tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 250 agus saineofar go soiléir na codanna den bheart ar ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha iad.

3. Déanfaidh an Coimisiún bainistíocht chomhchuibhithe shimplithe ar ionstraimí airgeadais a áirithiú, go háirithe i réimse na cuntasaíochta, an tuairiscithe, an fhaireacháin agus na bainistíochta riosca airgeadais.

4. I gcás ina mbeidh an tAontas rannpháirteach in ionstraim airgeadais mar gheallsealbhóir mionlach, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar an Teideal seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ar bhonn mhéid agus luach rannpháirteachas an Aontais san ionstraim. Mar sin féin, gan beann ar mhéid agus luach rannpháirteachas an Aontais san ionstraim, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar Airteagail 129 agus 155, Airteagal 209(2) agus (4), Airteagal 250 agus, a mhéid a bhaineann leis na staideanna eisiaimh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 136(1), rialacha Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal V.

5. I gcás ina measfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle nár baineadh amach a cuspóirí go héifeachtach le hionstraim airgeadais, féadfaidh siad a iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh bunghníomh athbhreithnithe d'fhonn an ionstraim a fhoirceannadh. I gcás ina ndéantar ionstraim airgeadais a fhoirceannadh, measfar aon tsuim nua a íocfar ar ais chuig an ionstraim sin de bhun Airteagal 209(3) mar ioncam ginearálta agus aisghabhfar chuig an mbuiséad é.

6. Déanfar cuspóir na n-ionstraimí airgeadais nó grúpa d'ionstraimí airgeadais ar leibhéal saoráide agus, i gcás inarb infheidhme, a bhfoirm dhlíthiúil shonrach agus a n-áit chlárúcháin a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

7. Féadfaidh eintitis ar a gcuirtear de chúram ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme cuntais mhuiníneacha, de réir bhrí Airteagal 85(3), a oscailt thar ceann an Aontais. Seolfaidh na heintitis sin na ráitis chuntas chomhfhreagracha chuig an tseirbhís sa Choimisiún atá freagrach astu. Déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí chuig cuntais mhuiníneacha ar bhonn iarratais íocaíochta atá cuí-réasúnaithe le tuartha eisíocaíochtaí, agus na hiarmhéideanna atá ar fáil ar na cuntais mhuiníneacha agus an gá chun iarmhéideanna iomarcacha ar na cuntais sin a sheachaint á gcur san áireamh.

*Airteagal 216*

**Ionstraimí airgeadais arna gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún**

1. Féadfar ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme go díreach de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) trí aon cheann díobh seo a leanas:

(a) meán infheistíochta tiomanta ina bhfuil an Coimisiún rannpháirteach in éineacht le hinfheisteoirí poiblí nó príobháideacha eile d'fhonn éifeacht ghiarála ranníocaíocht an Aontais a mhéadú;

(b) iasachtaí, ráthaíochtaí, rannpháirtíochtaí cothromais agus ionstraimí roinnte riosca eile nach infheistíochtaí i meáin infheistíochta thiomanta iad, arna gcur ar fáil do na faighteoirí deiridh go díreach nó trí idirghabhálaithe airgeadais.

2. Na meáin infheistíochta thiomanta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1, is de bhun dhlíthe Ballstáit a bhunófar iad. I réimse na gníomhaíochta seachtraí, féadfar iad a bhunú freisin de bhun dlíthe tíre nach Ballstát í. Ceanglófar ar bhainisteoirí meán den sórt sin faoin dlí nó go conarthach gníomhú le dúthracht bainisteora ghairmiúil agus de mheon macánta.

3. Roghnófar bainisteoirí na meán infheistíochta tiomanta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus idirghabhálaithe airgeadais nó faighteoirí deiridh ionstraimí airgeadais agus aird chuí á tabhairt ar an gcineál ionstraime airgeadais a bheidh le cur chun feidhme, ar thaithí agus ar chumas airgeadais agus acmhainn oibríochtúil na n-eintiteas lena mbaineann, agus ar inmharthanacht eacnamaíoch thionscadail na bhfaighteoirí deiridh. Déanfar an roghnúchán ar bhealach trédhearcach agus beidh údar leis ar fhorais oibiachtúla agus ní fhéadfaidh coinbhleacht leasa teacht as.

*Airteagal 217*

**Láimhseáil na ranníocaíochtaí ó chistí arna gcur chun feidhmeatá faoi réir bainistíocht roinnte**

1. Coinneofar taifid ar leithligh le haghaidh ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais arna mbunú faoin Roinn seo ó chistí arna gcur chun feidhme atá faoi bhainistíocht roinnte.

2. Déanfar ranníocaíochtaí ó chistí arna gcur chun feidhme faoi bhainistíocht roinnte a thaisceadh i gcuntais ar leithligh agus úsáidfear iad i gcomhréir le cuspóirí na gcistí faoi seach, chun tacú le gníomhaíochtaí agus le faighteoirí deiridh atá comhsheasmhach leis an gclár nó leis na cláir óna ndéantar na ranníocaíochtaí sin.

3. I dtaca le ranníocaíochtaí ó chistí arna gcur chun feidhme atá faoi bhainistíocht roinnte le hionstraimí airgeadais arna mbunú faoin Roinn seo, beidh feidhm ag rialacha earnáilsonracha. D'ainneoin na chéad abairte, féadfaidh údaráis bainistíochta dul ar iontaoibh meastóireacht *ex ante* atá ann cheana féin, arna déanamh i gcomhréir le pointe (h) den chéad fhomhír agus leis an dara fomhír d'Airteagal 209(2), roimh ranníocaíocht a dhéanamh le hionstraim airgeadais atá ann cheana.

Roinn 2

**Ráthaíochtaí buiséadacha**

*Airteagal 218*

**Rialacha maidir le ráthaíochtaí buiséadacha**

1. Saineofar sa bhunghníomh:

(a) méid na ráthaíochta buiséadaí nach sárófar tráth ar bith, gan dochar d'Airteagal 208(2);

(b) na cineálacha oibríochtaí arna gcumhdach ag an ráthaíocht bhuiséadach.

2. Féadfar ranníocaíochtaí ó na Ballstáit chuig ráthaíochtaí buiséadacha de bhun Airteagal 208(2) a thabhairt i bhfoirm ráthaíochtaí nó i bhfoirm airgid thirim.

Féadfar ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe chuig ráthaíochtaí buiséadacha de bhun Airteagal 208(2) a thabhairt i bhfoirm airgid thirim.

Cuirfidh na ranníocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír leis an ráthaíocht bhuiséadach. Déanfaidh na Ballstáit atá ag ranníoc nó tríú páirtithe íocaíochtaí ar ráthaíocht a ghlaoch isteach, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn pari passu. Síneoidh an Coimisiún comhaontú leis na ranníocóirí ina mbeidh, go háirithe, forálacha a bhaineann leis na coinníollacha íocaíochta.

*Airteagal 219*

**Cur chun feidhme ráthaíochtaí buiséadacha**

1. Beidh ráthaíochtaí buiséadacha neamhinchúlghairthe, neamhchoinníollacha agus ar éileamh do na cineálacha oibríochtaí a chumhdaítear.

2. Cuirfear ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) nó, i gcásanna eisceachtúla, de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1).

3. Ní chumhdóidh ráthaíocht bhuiséadach ach oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chomhlíonann i bpointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 209(2).

4. Ranníocfaidh contrapháirteanna lena n-acmhainní dílse leis na hoibríochtaí arna gcumhdach ag an ráthaíocht bhuiséadach.

5. Cuirfidh an Coimisiún comhaontú ráthaíochta i gcrích leis an gcontrapháirt. Beidh deonú na ráthaíochta buiséadaí faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe ráthaíochta.

6. Go bliantúil, cuirfidh contrapháirteanna an méid seo a leanas ar fáil don Choimisiún:

(a) measúnú riosca agus faisnéis faoin ngrádú a bhaineann leis na hoibríochtaí arna gcumhdach ag an ráthaíocht bhuiséadach, chomh maith le haon mhainneachtain a bhfuiltear ag súil léi;

(b) faisnéis ar an oibleagáid airgeadais atá amuigh ar an Aontas a eascraíonn ó ráthaíocht bhuiséadach, miondealaithe ina hoibríochtaí aonair, arna tomhas i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais amhail dá dtagraítear in Airteagal 80 nó i gcomhréir le IPSAS;

(c) na brabúis nó na caillteanais iomlána a eascraíonn as na hoibríochtaí arna gcumhdach ag an ráthaíocht bhuiséadach.

### Roinn 3

### **Cúnamh airgeadais**

*Airteagal 220*

### **Rialacha agus cur chun feidhme**

1. Beidh cúnamh airgeadais ón Aontas chuig na Ballstáit nó chuig tríú tíortha i gcomhréir leis na coinníollacha réamhshainithe agus i bhfoirm iasachta nó líne creidmheasa nó i bhfoirm aon ionstraim eile a mheastar a bheith iomchuí chun éifeachtacht na tacaíochta a áirithiú. Chuige sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, sa bhunghníomh ábhartha, na cistí riachtanacha a fháil ar iasacht thar ceann an Aontais ar na margaí caipitil nó ó institiúidí airgeadais.

2. Ní fhágfaidh na hiasachtaí a fhaightear agus a thugtar go mbeidh baint ag an Aontas i dtiontú aibíochtaí, ná ní fhágfaidh sé go mbeidh neamhchosaint aige ar aon riosca úis ná ar aon riosca tráchtála eile.

3. Is in euro a thabharfar an cúnamh airgeadais, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

4. Déanfaidh an Coimisiún an cúnamh airgeadais a chur chun feidhme go díreach.

5. Cuirfidh an Coimisiún comhaontú i gcrích leis an tír thairbhíoch ina mbeidh forálacha:

(a) lena áirithiú go seiceálfaidh an tír thairbhíoch go tráthrialta go bhfuil an maoiniú a chuirtear ar fáil á úsáid i gceart i gcomhréir leis na coinníollacha réamhshainithe, go ndéanfaidh sí bearta iomchuí chun neamhrialtachtaí agus calaois a chosc agus, más gá, go dtógfaidh sí caingean dlí chun aon chistí, a soláthraíodh faoi chúnamh airgeadais agus a ndearnadh mí-leithghabháil orthu, a ghnóthú;

(b) lena áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais;

(c) lena dtugtar údarú go sainráite don Choimisiún, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí na cearta dá bhforáiltear in Airteagal 129 a fheidhmiú;

(d) lena áirithiú go bhfuil an tAontas i dteideal aisíocaíocht luath a dhéanamh ar an iasacht i gcás ina mbunófar, i ndáil le bainistíocht a dhéanamh ar an gcúnamh airgeadais, gur thug an tír thairbhíoch faoi aon ghníomh calaoise nó éillithe nó faoi aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais;

(e) lena áirithiú gur ar an tír thairbhíoch a thitfidh aon chostas a thabhóidh an tAontas a bhaineann leis an gcúnamh airgeadais.

6. Scaoilfidh an Coimisiún na hiasachtaí, i gcás inar féidir, i dtráthchodanna, a bheidh faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha atá ag gabháil leis an gcúnamh airgeadais. I gcásanna nach gcomhlíonfar na coinníollacha sin, cuirfidh an Coimisiún íoc an chúnaimh airgeadais ar fionraí go sealadach nó cuirfidh sé ar ceal é.

7. Ní fhéadfar cistí atá cruinnithe ach nár íocadh amach fós a úsáid ar aon chúis eile seachas cúnamh airgeadais a thabhairt don tír thairbhíoch chomhfhreagrach. De bhun Airteagal 86(1) agus (2), cuirfidh an t-oifigeach cuntasaíochta na nósanna imeachta ar bun chun na cistí a choinneáil slán.

## TEIDEAL XI

## **RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE PÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA**

*Airteagal 221*

### **Forálacha ginearálta**

Féadfar ranníocaíochtaí airgeadais díreacha ón mbuiséad a dhámhachtain do pháirtithe polaitiúla Eorpacha mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1441/2014 ("Páirtithe polaitiúla Eorpacha") i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl i gcomhréir leis an Rialachán sin.

*Airteagal 222*

**Prionsabail**

1. Ní úsáidfear ranníocaíochtaí ach chun an céatadáin a leagtar amach in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 de chostais oibriúcháin páirtithe polaitiúla Eorpacha a aisíoc, ar costais iad atá nasctha go díreach le cuspóirí na bpáirtithe sin, mar a shonraítear in Airteagal 17(5) den Rialachán sin agus in Airteagal 21 den Rialachán sin.

2. Féadfar ranníocaíochtaí a úsáid chun caiteachas a bhaineann le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag páirtithe polaitiúla Eorpacha a aisíoc, ar choinníoll nach raibh aon choinbhleachtaí leasa ann nuair a dámhadh iad.

3. Ní úsáidfear ranníocaíochtaí chun aon bhuntáiste pearsanta a thabhairt go díreach nó go hindíreach, in airgead tirim nó i gcomhchineál, d'aon duine aonair nó d'aon chomhalta d'fhoireann páirtí pholaitiúil Eorpaigh. Ní úsáidfear ranníocaíochtaí chun gníomhaíochtaí tríú páirtithe a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach, go háirithe páirtithe polaitiúla náisiúnta nó fondúireachtaí polaitiúla ar an leibhéal Eorpach nó ar an leibhéal náisiúnta, bídís i bhfoirm deontas, tabhartas, iasachtaí nó aon chomhaontuithe cosúla eile. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tríú páirtithe iad eintitis chomhlachaithe de pháirtithe polaitiúla Eorpacha, i gcás ina bhfuil eintitis den sórt sin mar chuid den eagraíocht riaracháin de chuid pairtithe polaitiúla Eorpacha mar a leagtar amach i reachtanna na bpáirtithe sin. Ní úsáidfear ranníocaíochtaí chun aon chríoch a eisiatar le hAirteagal 22 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

4. Beidh ranníocaíochtaí faoi réir phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

5. Dámhfaidh Parlaimint na hEorpa ranníocaíochtaí ar bhonn bliantúil agus foilseofar iad i gcomhréir le hAirteagal 38(1) go (4) den Rialachán seo agus le hAirteagal 32(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

6. Páirtithe polaitiúla Eorpacha a fhaigheann ranníocaíocht, ní bhfaighidh siad go díreach nó go hindíreach cistí eile ón mbuiséad. Go háirithe, déanfar deonacháin ó bhuiséid grúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa a thoirmeasc. Ní dhéanfar i gcás ar bith an caiteachas céanna a mhaoiniú faoi dhó ón mbuiséad.

Beidh ranníocaíochtaí gan dochar do chumas na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha cúlchistí a thiomargadh lena bhfuil acu d'acmhainní dílse i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

7. Má bhaineann fondúireacht pholaitiúil Eorpach mar a shainmhínítear í i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 amach barrachas ioncaim a sháraíonn caiteachas i ndeireadh bliain airgeadais a raibh deontas oibriúcháin faighte aige lena linn, féadfar an chuid den bharrachas a chomhfhreagraíonn do suas le 25 % d'ioncam iomlán na bliana sin a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh sin ar choinníoll go n-úsáidfear roimh dheireadh na chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin í.

*Airteagal 223*

**Gnéithe buiséadacha**

Íocfar ranníocaíochtaí, mar aon le leithreasuithe a chuirtear i leataobh do na comhlachtaí iniúchóireachta seachtracha nó do na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014, ó chuid an bhuiséid a bhaineann le Parlaimint na hEorpa.

*Airteagal 224*

**Glao ar ranníocaíochtaí**

1. Dámhfar ranníocaíochtaí trí bhíthin glao ar ranníocaíochtaí a fhoilseofar gach bliain, ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa ar a laghad.

2. Ní fhéadfar ach ranníocaíocht amháin in aghaidh na bliana a dhámhachtain do pháirtí polaitiúil Eorpach.

3. Ní fhéadfaidh páirtí polaitiúil Eorpach ranníocaíocht a fháil ach amháin má dhéanann sé iarratas ar chistiú ar na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa ghlao ar ranníocaíochtaí.

4. Cinnfear sa ghlao ar ranníocaíochtaí na coinníollacha faoina bhféadfadh an t-iarratasóir ranníocaíocht a fháil i gcomhréir le Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014, chomh maith leis na critéir eisiaimh.

5. Cinnfear sa ghlao ar ranníocaíochtaí, ar a laghad, an cineál caiteachais a fhéadfar a aisíoc leis an ranníocaíocht.

6. Éileofar buiséad measta sa ghlao ar ranníocaíochtaí.

*Airteagal 225*

**Nós imeachta um dhámhachtain**

1. Déanfar iarratais ar ranníocaíochtaí a chur isteach go cuí agus in am i scríbhinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, i bhformáid leictreonach shlán.

2. Ní dhámhfar ranníocaíochtaí d'iarratasóirí atá, tráth an nós imeachta um dhámhachtain, i gceann nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 136(1) agus Airteagal 141 ná d'iarratasóirí atá cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 142.

3. Beidh sé de cheangal ar iarratasóirí a dheimhniú nach bhfuil siad i gceann de na cásanna dá dtagraítear i mír 2.

4. Féadfaidh coiste a bheith de chúnamh ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar ranníocaíochtaí. Sonróidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach na rialacha maidir le comhdhéanamh, ceapadh agus feidhmiú an choiste sin, agus na rialacha chun coinbhleacht leasa a sheachaint.

5. Roghnófar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus eisiaimh ar bhonn na gcritéar dámhachtana a leagtar in Airteagal 19 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

6. Luafar sa chinneadh maidir leis na hiarratais ón oifigeach údarúcháin atá freagrach an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) ábhar agus méid foriomlán na ranníocaíochtaí;

(b) ainm na n-iarratasóirí a roghnaíodh agus na méideanna ar glacadh leo i ndáil le gach iarratasóir;

(c) ainmneacha aon iarratasóirí a diúltaíodh agus na cúiseanna leis an diúltú sin.

7. Cuirfidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cinneadh maidir lena n-iarratais in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn. Má dhiúltaítear an t-iarratas ar chistiú nó mura ndámhtar na méideanna arna n-iarraidh i bpáirt nó ina n-iomláine, tabharfaidh an t-oifigeach údarúcháin na cúiseanna le diúltú an iarratais nó le gan na méideanna arna n-iarraidh a dhámhachtain, ag tagairt go háirithe do na critéir incháilitheachta agus dámhachtana dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo agus in Airteagal 224(4). Má dhiúltaítear don iarratas, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chur in iúl don iarratasóir cad iad na modhanna sásaimh riaracháin agus/nó breithiúnaigh atá ar fáil, dá bhforáiltear in Airteagal 133(2).

8. Cumhdófar na ranníocaíochtaí le comhaontú i scríbhinn.

*Airteagal 226*

**Na cineálacha ranníocaíochtaí**

1. Féadfar ranníocaíochtaí a dhéanamh sna foirmeacha seo a leanas:

(a) aisíocaíocht ar chéatadán den chaiteachas inaisíoctha arna thabhú go hiarbhír;

(b) aisíocaíocht ar bhonn costas aonaid;

(c) cnapshuimeanna;

(d) maoiniú ar ráta comhréidh;

(e) meascán de na foirmeacha dá dtagraítear i bpointí (a) go pointe (d).

2. Ní féidir ach caiteachas a chomhlíonann na critéir arna mbunú sna glaonna ar ranníocaíochtaí agus nár tabhaíodh roimh an dáta ar a gcuirtear an t-iarratas isteach a aisíoc.

3. Beidh forálacha san áireamh sa chomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 225(8) lena mbeifear in ann a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha i dtaca le dámhachtain cnapshuimeanna, maoiniú cothromráta nó costas aonaid.

4. Íocfar na ranníocaíochtaí ina n-iomláine trí íocaíocht réamh-mhaoinithe aonair amháin, ach amháin má chinneann an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, a mhalairt.

*Airteagal 227*

**Ráthaíochtaí**

Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach, má mheasann sé nó sí é a bheith iomchuí agus comhréireach, ar bhonn cás ar chás agus faoi réir anailís riosca, a cheangal ar pháirtí polaitiúil Eorpach ráthaíocht a thaisceadh roimh ré chun go dteorannófaí na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an íocaíocht réamh-mhaoinithe a íoc i gcás, i bhfianaise na hanailíse riosca, go bhfuil gar-riosca ann go mbeidh an páirtí polaitiúil Eorpach i gceann amháin de na cásanna eisiaimhdá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (d) d'Airteagal 136(1) den Rialachán seo, agus sa chás sin amháin, nó nuair a bhíonn cinneadh ón Údarás um Páirtithe agus Fondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha, arna bhunú faoi Airteagal 6 de Rialacháin (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 ("an tÚdarás") curtha in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Rialachán sin.

Beidh feidhm ag an Airteagal 153 *mutatis mutandis* maidir le ráthaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth sna cásanna dá bhforáiltear sa chéad mhír den Airteagal seo i leith íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a dhéantar le páirtithe polaitiúla Eorpacha.

*Airteagal 228*

**Úsáid ranníocaíochtaí**

1. Déanfar ranníocaíochtaí a chaitheamh i gcomhréir le hAirteagal 222.

2. Déanfar aon chuid den ranníocaíocht nach n-úsáidtear laistigh den bhliain airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht sin (bliain n) a chaitheamh ar aon chaiteachas in-aisíoctha arna thabhú faoin 31 Nollaig de bhliain n+1. Aisghabhfar aon chuid eile den ranníocaíocht nach gcaitear laistigh den teorainn ama sin i gcomhréir le Caibidil 6 de Theideal IV.

3. Urramóidh páirtithe polaitiúla Eorpacha an t-uasráta cómhaoinithe a leagtar síos in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014. Ní dhéanfar na méideanna atá fágtha de ranníocaíochtaí ón bhlianiaroimhe sin a úsáid chun maoiniú a dhéanamh ar an gcuid a sholáthróidh páirtithe polaitiúla Eorpacha óna n-acmhainní dílse. Ní dhéanfar ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe le himeachtaí comhpháirteacha a mheas mar chuid d'acmhainní dílse páirtí pholaitiúil Eorpaigh.

4. I dtús báire, úsáidfidh páirtithe polaitiúla Eorpacha an chuid den ranníocaíocht nár úsáideadh laistigh den bhliain airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht sin sula n-úsáidfidh siad na ranníocaíochtaí arna ndámhachtain tar éis na bliana sin.

5. Measfar gur cuid den ranníocaíocht atá in aon ús a eascraíonn as na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe.

*Airteagal 229*

**Tuarascáil maidir le húsáid na ranníocaíochtaí**

1. Cuirfidh páirtí polaitiúil Eorpach a thuarascáil bhliantúil maidir le húsáid na ranníocaíochta mar aon lena ráitis airgeadais bhliantúla i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 faoi bhráid an oifigigh údarúcháin atá freagrach lena bhformheas.

2. Dréachtóidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9) ar bhonn na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais bliantúil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Féadfaidh an t-oifigeach cáilíochta aon doiciméid tacaíochta eile a úsáid ar mhaithe leis an tuarascáil sin a dhréachtú.

*Airteagal 230*

**Méid na ranníocaíochta**

1. Ní dhéanfar méid na ranníocaíochta a chinneadh go críochnaitheach go dtí go mbeidh an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 229(1) formheasta ag an oifigeach údarúcháin freagrach. Beidh formheas na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais bliantúil gan dochar do sheiceálacha a dhéanfaidh an tÚdarás ina dhiaidh sin.

2. Ní dhéanfar an méid den réamh-mhaoiniú nach bhfuil caite a chinneadh go críochnaitheach go dtí go mbeidh an réamh-mhaoiniú úsáidte ag an bpáirtí polaitiúil Eorpach chun caiteachas inaisíoctha a chomhlíonann na critéir arna sainiú sa ghlao ar ranníocaíochtaí a íoc.

3. I gcás ina mainníonn an páirtí polaitiúil Eorpach na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid na ranníocaíochta a chomhlíonadh, déanfar na ranníocaíochtaí a fhionraí, a laghdú nó a fhoirceannadh tar éis deis a thabhairt don pháirtí polaitiúil Eorpach a bharúlacha a chur i láthair.

4. Sula ndéanfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach íocaíocht, fíoróidh sé go bhfuil an páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe fós sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 agus nach raibh sé faoi réir aon cheann de na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 27 den Rialachán sin idir dáta a chur i bhfeidhm agus deireadh na bliana airgeadais arna cumhdach leis an ranníocaíocht.

5. I gcás nach bhfuil an páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe a thuilleadh sa Chlár dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 nó i gcás ina raibh sé faoi réir aon cheann de na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 27 den Rialachán sin, féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an ranníocaíocht a fhionraí, a laghdú nó a fhoirceannadh agus méideanna a íocadh go míchuí faoin gcomhaontú dá dtagraítear in Airteagal 225(8) den Rialachán seo a ghnóthú, i gcomhréir le tromchúis na n-earráidí, na neamhrialtachtaí, na calaoise, nó sárú ar bith eile ar na hoibleagáidí a bhaineann le húsáid na ranníocaíochta, tar éis deis a thabhairt don pháirtí polaitiúil Eorpach a bharúlacha a chur i láthair.

*Airteagal 231*

**Rialú agus pionóis**

1. I ngach comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 225(8), forálfar go sainráite, go bhfeidhmeoidh Parlaimint na hEorpa a cumhachtaí rialaithe ar dhoiciméid agus ar an áitreabh, agus go bhfeidhmeoidhOLAF agus an Chúirt Iniúchóirí a n-inniúlachtaí agus gcumhachtaí faoi seach, dá dtagraítear in Airteagal 129, thar gach ceann de na páirtithe polaitiúla Eorpacha a fuair cistiú ón Aontas, agus thar conraitheoirí agus fochonraitheoirí na bpáirtithe sin.

2. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin freagrach pionóis riaracháin agus airgeadais atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur, i gcomhréir le hAirteagal 136 agus le hAirteagal 137 den Rialachán seo agus le hAirteagal 27 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014.

3. Féadfar na pionóis dá dtagraítear i mír 2 a fhorchur freisin ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a rinne, tráth ar cuireadh isteach an t-iarratas ar ranníocaíocht nó tar éis an ranníocaíocht a fháil, dearbhuithe bréagacha agus an fhaisnéis a d'iarr an t-oifigeach údarúcháin freagrach á soláthar nó ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha a mhainnigh an fhaisnéis sin a sholáthar.

*Airteagal 232*

**Taifid a choimeád**

1. Coinneoidh páirtithe polaitiúla Eorpacha gach taifead agus gach doiciméad tacaíochta a bhaineann leis an ranníocaíocht ar feadh 5 bliana tar éis an íocaíocht dheireanach a bhaineann leis an ranníocaíocht sin.

2. Na taifid a bhaineann le hiniúchtaí, achomhairc, dlíthíocht, éilimh a eascraíonn as úsáid na ranníocaíochta a réiteach nó imscrúduithe OLAF, má tugadh fógra faoi sin don fhaighteoir, coimeádtar iad go dtí go ndúnfar na hiniúchtaí, na hachomhairc, an dlíthíocht, an réiteach éileamh nó na himscrúduithe sin.

*Airteagal 233*

**Comhlachtaí nó saineolaithe iniúchóireachta seachtracha a roghnú**

Déanfar na comhlachtaí nó saineolaithe iniúchóireachta seachtracha neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 1141/2014 a roghnú trí nós imeachta soláthair. Ní bheidh téarma a gconartha níos faide ná 5 bliana. Tar éis dhá théarma as fad a chéile, measfar go bhfuil a gcuid leasanna i gcoinbhleacht ar shlí a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh d'fheidhmiú na hiniúchóireachta.

TEIDEAL XII

**IONSTRAIMÍ CUR CHUN FEIDHME BUISÉID EILE**

*Airteagal 234*

**Cistí iontaobhais de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha**

1. Maidir le gníomhaíochtaí éigeandála agus iar-éigeandála atá riachtanach chun freagairt do ghéarchéim, nó maidir le gníomhaíochtaí téamacha, féadfaidh an Coimisiún cistí iontaobhais de chuid an Aontais do ghníomhaíochtaí seachtracha a bhunú ("cistí iontaobhais de chuid an Aontais"), faoi chomhaontú arna thabhairt i gcrích le deontóirí eile.

Ní dhéanfar cistí iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú ach amháin más rud é go bhfuil na comhaontuithe le deontóirí eile arna n-urrúsú le ranníocaíochtaí ó fhoinsí eile seachas ón mbuiséad.

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir lena rún ciste iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú i gcomhair gníomhaíochtaí éigeandála agus iar-éigeandála.

Beidh bunú chiste iontaobhais de chuid an Aontais i gcomhair gníomhaíochtaí téamacha faoi réir fhormheas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Chun críocha an tríú agus an ceathrú fomhír den mhír seo, déanfaidh an Coimisiún a dhréachtchinntí maidir le ciste iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. I ndréachtchinntí den sórt sin, beidh tuairisc ar chuspóirí an chiste iontaobhais de chuid an Aontais, an bonn cirt lena bhunú i gcomhréir le mír 3, eolas a thabharfaidh fad an chiste le fios agus na réamh-chomhaontuithe le deontóirí eile. Sna dréachtchinntí sin, beidh dréachtchinneadh bunaidh, freisin, a bheidh le tabhairt i gcrích le deontóirí eile.

2. Déanfaidh an Coimisiún a dhréachtchinntí maidir le ciste iontaobhais de chuid an Aontais a mhaoiniú a chur chuig an gcoiste inniúil i gcásanna dá bhforáiltear sin sa bhunghníomh faoina soláthraítear ranníocaíocht an Aontais chuig an gciste iontaobhais de chuid an Aontais. Ní iarrfar ar an gcoiste inniúil tuairim a thabhairt maidir leis na gnéithe a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle cheana chun go scrúdófaí nó chun go bhformheasfaí iad faoin tríú, faoin gceathrú agus faoin gcúigiú fomhír faoi seach de mhír 1.

3. Ní dhéanfar cistí iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú agus a chur chun feidhme ach amháin faoi réir na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh breisluach leis an idirghabháil ón Aontas: is fearr is féidir na cuspóirí maidir leis na cistí iontaobhais de chuid an Aontais, go háirithe mar thoradh ar a scála nó ar a n-éifeachtaí féideartha, a ghnóthú ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta agus níor leor úsáid a bhaint as na hionstraimí airgeadais atá ann cheana chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach;

(b) tugann na cistí iontaobhais de chuid an Aontais infheictheacht pholaitiúil don Aontas agus buntáistí bainistíochta chomh maith le rialú níos fearr ón Aontas ar rioscaí agus ar eisíocaíochtaí de chuid an Aontais agus ar ranníocaíochtaí deontóirí eile.

(c) ní dhéanann na cistí iontaobhais de chuid an Aontais na bealaí cistiúcháin reatha nó ionstraimí comhchosúla a dhúbailt gan aon bhreisíocht a chur ar fáil;

(d) tá na cuspóirí cistí iontaobhais de chuid an Aontais i gcomhréir le cuspóirí ionstraim an Aontais nó na míre buiséadaí as a ndéantar iad a mhaoiniú.

4. Bunófar bord, a mbeidh an Coimisiún ina chathaoirleach air, do gach ciste iontaobhais de chuid an Aontais ionas go n-áiritheofar ionadaíocht chothrom de na deontóirí agus chun an úsáid a bhainfear as na cistí a chinneadh. Beidh ionadaí ó gach ceann de na Ballstáit, nach bhfuil ag ranníoc, i gcáil breathnóra ar an mbord. Leagfar síos na rialacha maidir le comhdhéanamh an bhoird agus a rialacha inmheánacha i gcomhaontú bunaidh an chiste iontaobhais de chuid an Aontais. San áireamh sna rialacha sin beidh an ceanglas go bhfuil gá le vóta i bhfabhar ón gCoimisiún do ghlacadh deiridh an chinnidh maidir le húsáid na gcistí.

5. Bunófar cistí iontaobhais an Aontais go ceann tréimhse teoranta mar a chinntear sa chomhaontú bunaidh. Féadfar an tréimhse sin a fhadú le cinneadh ón gCoimisiún faoi réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 1 arna iarraidh sin don bhord den chiste iontaobhais lena mbaineann de chuid an Aontais agus ar an gcoinníoll go gcuireann an Coimisiún tuarascáil i láthair lena dtugtar bonn cirt don síneadh sin, lena ndearbhaítear go gcomhlíontar coinníollacha a leagtar amach i mír 3 go háirithe.

Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus/nó an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún scor de na leithreasuithe do chiste iontaobhais de chuid an Aontais nó an comhaontú bunaidh a athbhreithniú d'fhonn ciste iontaobhais de chuid an Aontais a leachtú, i gcás inarb iomchuí go háirithe ar bhonn na faisnéise arna tíolacadh sa doiciméad oibre dá dtagraítear in Airteagal 41(6). Sa chás sin, tabharfar ar ais aon chistí iarmhéide ar bhonn pro rata go dtí an buiséad mar ioncam ginearálta do na Ballstáit a bhíonn ag ranníoc agus do dheontóirí eile.

*Airteagal 235*

**Cistí iontaobhais an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha a chur chun feidhme**

1. Déanfar cistí iontaobhais an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, na trédhearcachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne, agus i gcomhréir leis na cuspóirí sainiúla a shainítear i ngach comhaontú bunaidh agus lánurraim á tabhairt do chearta Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le grinnscrúdú agus rialú a dhéanamh ar an ranníocaíocht ón Aontas.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi chistí iontaobhais an Aontais a chur chun feidhme go díreach de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) agus go hindíreach leis na heintitis a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme de bhun phointí (c)(i), (ii), (iii), (v) agus (vi) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1).

3. Is iad gníomhaithe airgeadais an Choimisiúin, de réir bhrí Chaibidil 4 de Theideal IV, a dhéanfaidh cistí a ghealladh agus a íoc. Feidhmeoidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin mar oifigeach cuntasaíochta ar na cistí iontaobhais de chuid an Aontais. Beidh sé nó sí freagrach as nósanna imeachta cuntasaíochta a leagan síos mar aon le cairt na gcuntas is coiteann do gach ciste iontaobhais de chuid an Aontais. Feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin, OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí na cumhachtaí céanna ar na cistí iontaobhais de chuid an Aontais is a fheidhmíonn siad i ndáil le gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag an gCoimisiún.

4. Ní dhéanfar ranníocaíochtaí an Aontais agus na ndeontóirí eile a chuimsiú sa bhuiséad agus taiscfear iad i gcuntas sonrach bainc. Is é an t-oifigeach cuntasaíochta a osclóidh agus a dhúnfaidh an cuntas sonrach bainc den chiste iontaobhais de chuid an Aontais. Tabharfar cuntas ceart, i gcuntais an chiste iontaobhais de chuid an Aontais, ar gach idirbheart a dhéanfar ar an gcuntas bainc sonrach i rith na bliana.

Déanfar ranníocaíochtaí de chuid an Aontais a aistriú chuig an gcuntas bainc sonrach sin ar bhonn iarrataí íocaíochta atá cuí-réasúnaithe le tuartha eisíocaíochtaí, agus na t-iarmhéid atá ar fáil ar an gcuntas agus an gá a eascraíonn as sin maidir le híocaíochtaí breise á gcur san áireamh. Soláthrófar tuartha eisíocaíochtaí ar bhonn bliantúil nó, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn leathbhliantúil.

Cuirfear ranníocaíochtaí na ndeontóirí eile san áireamh nuair a dhéantar iad a thiontú go hairgead tirim i gcuntas bainc sonrach an chiste iontaobhais de chuid an Aontais agus don mhéid in euro a eascraíonn as an tiontú an tráth a bhfaighfear sa chuntas bainc sonrach iad. Déanfar úis arna gcarnadh ar chuntas bainc sonrach an chiste iontaobhais de chuid an Aontais a infheistiú sa chiste iontaobhais de chuid an Aontais ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt i gcomhaontú bunaidh an chiste iontaobhais de chuid an Aontais.

5. Tabharfar údarás don Choimisiún uasmhéid 5 % de na méideanna a chomhthiomsaítear sa chiste iontaobhais de chuid an Aontais a úsáid chun a chostais bhainistíochta a chlúdach ó na blianta inar cuireadh tús leis na ranníocaíochtaí sin dá dtagraítear i mír 4 a úsáid. D'ainneoin na chéad abairte agus chun nach ndéanfar dúbailt ar ghearradh na gcostas, ní dhéanfar costais bhainistíochta a éiríonn as ranníocaíocht an Aontais leis an gciste iontaobhais de chuid an Aontais a chumhdach leis an ranníocaíocht sin ach amháin a mhéid nár cumhdaíodh na costais sin cheana le línte eile sa bhuiséad. Fad an chiste iontaobhais de chuid an Aontais, comhshamhlófar táillí bainistíochta den sórt sin le hioncaim sannta de réir bhrí phointe (a)(ii) d'Airteagal 21(2).

I dteannta na tuarascála bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 252, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin an tuairisciú airgeadais ar na hoibríochtaí a dhéanann gach ciste iontaobhais de chuid an Aontais a bhunú faoi dhó sa bhliain.

Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil gach mí chomh maith maidir le staid chur chun feidhme gach ciste iontaobhais de chuid an Aontais.

Beidh na cistí iontaobhais de chuid an Aontais faoi réir iniúchóireacht sheachtrach neamhspleách gach bliain.

*Airteagal 236*

**Tacaíocht bhuiséadach a úsáid**

1. I gcás ina bhforáiltear sin sna bunghníomhartha ábhartha, féadfaidh an Coimisiún tacaíocht bhuiséadach a sholáthar do thríú tír má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá bainistiú airgeadais phoiblí an tríú tír trédhearcach, iontaofa agus éifeachtach go leor;

(b) tá beartais earnálacha nó náisiúnta ábhartha curtha i bhfeidhm atá inchreidte go leor;

(c) tá beartais mhaicreacnamaíochta atá dírithe ar chobhsaíocht a bhaint amach curtha i bhfeidhm ag an tríú tír;

(d) tá rochtain leordhóthanach thráthúil ar fhaisnéis bhuiséadach chuimsitheach stuama curtha i bhfeidhm ag an tríú tír.

2. Beidh íocaíocht ranníocaíocht an Aontais bunaithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a bheith á gcomhlíonadh, lena n-áirítear an feabhas ar bhainistiú an airgeadais phoiblí. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé a bheith mar choinníoll clocha míle a bhaint amach chun íocaíochtaí áirithe a dhéanamh, arna dtomhas ag táscairí feidhmíochta oibiachtúla, a thugann léiriú ar na torthaí agus ar an dul chun cinn i dtreo athchóirithe le himeacht ama san earnáil lena mbaineann.

3. I dtríú tíortha, tacóidh an Coimisiún le hurraim don smacht reachta agus le forbairt an rialaithe pharlaimintigh agus na n-acmhainneachtaí iniúchóireachta agus frith-éillithe agus cuirfidh sé le trédhearcacht agus le rochtain phoiblí ar fhaisnéis.

4. Sna comhaontuithe maoinithe comhfhreagracha arna gcur i gcrích leis an tríú tír, beidh:

(a) oibleagáid don tríú tír faisnéis iontaofa thráthúil a sholáthar don Choimisiúin a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2;

(b) ceart ag an Choimisiúin an comhaontú airgeadais a chur ar fionraí má dhéanann an tríú tír sárú ar oibleagáid a bhaineann le hurraim do chearta an duine, do phrionsabail an daonlathais agus an smachta reachta agus i gcásanna tromchúiseacha éillithe;

(c) na forálacha iomchuí ar dá mbun atá an tríú tír lena mbaineann le gealltanas a thabhairt an cistiú oibríochta ábhartha go léir, nó cuid de, a aisíoc, sa chás ina suitear go bhfuil íocaíocht na gcistí Aontais ábhartha curtha ar neamhní trí neamhrialtachtaí tromchúiseacha atá inchurtha i leith na tíre sin.

Chun an aisíocaíocht dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo a phróiseáil, féadfar an dara fomhír d'Airteagal 101(1) a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 237*

**Saineolaithe seachtracha a íoctar**

1. I gcomhair luachanna atá faoi bhun na n-uastairseach dá dtagraítear in Airteagal 175(1) agus ar bhonn an nós imeachta a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí de chuid an Aontais saineolaithe seachtracha a íoctar a roghnú, chun cúnamh a thabhairt dóibh chun meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar dheontais, ar thionscadail agus ar thairiscintí, agus chun tuairimí agus comhairle a sholáthar i gcásanna sonracha.

2. Íocfar saineolaithe seachtracha a íoctar ar bhonn méid shocraithe a fhógrófar roimh ré, agus roghnófar iad ar bhonn a gcumas gairmiúil. Déanfar an roghnúchán ar bhonn critéar roghnúcháin a urramaíonn prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na córa comhionainne agus in éagmais aon choinbhleacht leasa.

3. Foilseofar glao ar léiriú spéise ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide lena mbaineann de chuid an Aontais.

Beidh tuairisc ar na cúraimí, fad na gcúraimí sin agus coinníollacha seasta an luacha saothair san áireamh sa ghlao ar léiriú spéise.

Déanfar liosta saineolaithe a dhréachtú tar éis an ghlao ar léiriú spéise. Beidh sé bailí ar feadh tréimhse nach mó ná 5 bliana ó uair a fhoilsithe nó ar feadh fad thréimhse an chláir ilbhliantúil a bhaineann leis na cúraimí.

4. Féadfaidh aon duine nádúrtha ar spéis leis é iarratas a sheoladh isteach ag tráth ar bith le linn tréimhse bhailíochta an ghlao ar léiriú spéise, ach amháin na 3 mhí dheiridh den tréimhse sin.

5. Na saineolaithe arna n-íoc ó leithreasuithe um thaighde agus um fhorbairt theicneolaíoch, earcófar iad i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos nuair a bheidh gach ceann de na creat-chláir thaighde á nglacadh acu nó i gcomhréir leis na rialacha rannpháirtíochta comhfhreagracha. Chun críche Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal V, caithfear leis na saineolaithe sin mar fhaighteoirí.

*Airteagal 238*

**Saineolaithe nach n-íoctar**

Féadfaidh institiúidí de chuid an Aontais caiteachas taistil agus caiteachas cothaithe a thabhaigh daoine ar thug na hinstitiúidí cuireadh dóibh nó ar thug na hinstitiúidí sainordú dóibh nó, i gcás inarb iomchuí, aon slánaíochtaí eile a íocadh leis na daoine sin, a aisíoc.

*Airteagal 239*

**Táillí ballraíochta agus íocaíochtaí síntiús eile**

Féadfaidh an tAontas ranníocaíochtaí a íoc mar shíntiús le comhlachtaí a bhfuil sé ina chomhalta díobh nó ina bhreathnóir orthu.

*Airteagal 240*

**Caiteachas ar chomhaltaí agus ar fhoireann institiúidí de chuid an Aontais**

Feadfaidh institiúidí de chuid an Aontais caiteachas a íoc ar chomhaltaí agus ar fhoireann institiúidí de chuid an Aontais, lena n-áirítear ranníocaíochtaí le comhlachais de chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, agus ranníocaíochtaí leis na scoileanna Eorpacha.

TEIDEAL XIII

**CUNTAIS BHLIANTÚLA AGUS TUAIRISCIÚ AIRGEADAIS EILE**

*CAIBIDIL 1*

***Cuntais bhliantúla***

Roinn 1

**An creat cuntasaíochta**

*Airteagal 241*

**Struchtúr na gcuntas**

Ullmhófar cuntais bhliantúla an Aontais do gach bliain airgeadais, a mhairfidh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig. Beidh na gnéithe sin a leanas sna cuntais sin:

(a) na ráitis airgeadais chomhdhlúite, ina dtíolactar, i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80, an leagan comhdhlúthaithe den fhaisnéis airgeadais atá i ráitis airgeadais institiúidí de chuid an Aontais, comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70, agus na gcomhlachtaí eile a chomhlíonann na critéir maidir le comhdhlúthú cuntasaíochta;

(b) na tuarascálacha comhiomlánaithe cur chun feidhme buiséid ina dtíolactar an fhaisnéis atá i gcuntais bhuiséadacha thuarascálacha cur chun feidhme institiúidí de chuid an Aontais.

*Airteagal 242*

**Doiciméid tacaíochta**

Beidh gach iontráil sna cuntais bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 75.

*Airteagal 243*

**Ráitis airgeadais**

1. Tíolacfar na ráitis airgeadais i milliúin euro agus i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80 agus is éard a bheidh iontu:

(a) an clár comhardaithe ina dtíolactar na sócmhainní agus na dliteanais go léir agus an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig an bhliain airgeadais roimhe sin;

(b) an ráiteas ioncaim, ina dtíolactar an toradh eacnamaíoch don bhliain airgeadais roimhe sin;

(c) an ráiteas faoi shreabhadh airgid ina léirítear na méideanna a bailíodh agus na méideanna a eisíocadh i rith na bliana airgeadais agus an staid leachtachta deiridh;

(d) an ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní ina mbeidh léargas ar na gluaiseachtaí i rith na bliana airgeadais i ndáil le cúlchistí agus torthaí carntha.

2. Beidh na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais ina bhforlíonadh agus ina dtrácht ar an bhfaisnéis a thíolacfar sna ráitis dá dtagraítear i mír 1 agus soláthrófar iontu an fhaisnéis bhreise ar fad arna forordú ag na rialacha cuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 80 agus ag cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta i gcás ina mbeidh an fhaisnéis sin ábhartha do ghníomhaíochtaí an Aontais. Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sna nótaí:

(a) prionsabail chuntasaíochta, rialacha cuntasaíochta agus modhanna cuntasaíochta;

(b) nótaí míniúcháin, ina gcuirfear faisnéis bhreise ar fáil nach bhfuil sna ráitis airgeadais iad féin, atá riachtanach chun léargas cothrom a thabhairt ar na cuntais sin.

3. Déanfaidh an t-oifigeach cuntasaíochta, tar éis críoch na bliana airgeadais, agus suas go dtí an dáta ar a ndéanfar na cuntais ghinearálta a tharchur, aon choigeartuithe, nach mbainfidh le heisíoc ná le bailiú i dtaca leis an mbliain sin, is gá chun léargas fíor cothrom a thabhairt ar na cuntais sin.

## Roinn 2

## Tuarascálacha cur chun feidhme buiséid

*Airteagal 244*

### Tuarascálacha cur chun feidhme buiséid

1. Tíolacfar na tuarascálacha cur chun feidhme buiséid ina milliúin euro agus beidh siad inchomparáide bliain i ndiaidh bliana. Is éard a bheidh sna cuntais sin:

(a) tuarascálacha lena gcomhiomlánófar na hoibríochtaí buiséadacha ar fad don bhliain airgeadais i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais;

(b) toradh an bhuiséid, arna ríomh ar bhonn chomhordú bliantúil an bhuiséid dá dtagraítear i gCinneadh 2014/335/AE, *Euratom*;

(c) nótaí míniúcháin, ina gcuirfear leis an bhfaisnéis a bheidh sna tuarascálacha sin agus ina ndéanfar trácht orthu.

2. Beidh struchtúr na dtuarascálacha cur chun feidhme buiséid mar an gcéanna le struchtúr an bhuiséid féin.

3. Beidh na gnéithe seo a leanas sna tuarascálacha cur chun feidhme buiséid:

(a) faisnéis faoi ioncam, go háirithe faoi athruithe ar na meastacháin ioncaim, ar chur chun feidhme an ioncaim agus ar na teidlíochtaí a bhunaítear;

(b) faisnéis lena léirítear athruithe ar na leithreasuithe iomlána faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochta atá ar fáil;

(c) faisnéis lena léirítear an úsáid a bhaintear as na leithreasuithe iomlána faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochta atá ar fáil;

(d) faisnéis lena léirítear gealltanais gan íoc, gealltanais a tugadh anall ón mbliain airgeadais roimhe sin agus na gealltanais a rinneadh le linn na bliana airgeadais.

4. Maidir le faisnéis faoi ioncam, ceanglófar ráiteas leis an tuarascáil cur chun feidhme buiséid, lena léireofar, i gcás gach Ballstáit, miondealú na méideanna acmhainní dílse atá fós le haisghabháil ag deireadh na bliana airgeadais agus a chumhdaítear le hordú aisghabhála.

## Roinn 3

## Amchlár na gcuntas bliantúil

*Airteagal 245*

### Cuntais shealadacha

1. Déanfaidh oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí eile de chuid an an Aontais seachas an Coimisiún agus na gcomhlachtaí eile dá dtagraítear in Airteagal 241 a gcuntais shealadacha, faoin 1 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, a sheoladh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

2. Déanfaidh oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí eile de chuid an Aontais seachas an Coimisiún agus na gcomhlachtaí eile dá dtagraítear in Airteagal 241 an fhaisnéis chuntasaíochta atá de dhíth chun críocha comhdhlúthúcháin, faoin 1 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, a sheoladh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin sa mhodh agus san fhormáid a bheidh leagtha síos aige sin.

3. Comhdhlúthóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin na cuntais shealadacha dá dtagraítear i mír 2 le cuntais shealadacha an Choimisiúin agus seolfaidh sé, faoin 1 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, cuntais shealadacha an Choimisiúin agus cuntais shealadacha chomhdhlúite an Aontais chuig an gCúirt Iniúchóirí ar mhodh leictreonach.

*Airteagal 246*

**Na cuntais chomhdhlúite deiridh a fhormheas**

1. Tabharfaidh an Chúirt Iniúchóirí a barúlacha uaithi ar chuntais shealadacha institiúidí an Aontais seachas an Coimisiún, agus gach ceann de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 241 faoin 1 Meitheamh, agus tabharfaidh sí a barúlacha uaithi ar chuntais shealadacha an Choimisiúin agus ar chuntais shealadacha chomhdhlúite an Aontais faoin 15 Meitheamh.

2. Déanfaidh oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí eile de chuid an Aontais seachas an Coimisiún agus na gcomhlachtaí eile dá dtagraítear in Airteagal 241 an fhaisnéis chuntasaíochta atá de dhíth a sheoladh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh ar a dhéanaí, sa mhodh agus san fhormáid a bheidh leagtha síos aige sin, d'fhonn na cuntais chomhdhlúite deiridh a tharraingt suas.

Déanfaidh institiúidí an Aontais, seachas an Coimisiún, agus gach ceann de na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 241, a gcuntais deiridh, faoin 1 Iúil, a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin.

3. Déanfaidh oifigeach cuntasaíochta gach institiúide agus gach comhlacht de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 241 litir ionadaíochta ag cumhdach na gcuntas deiridh sin a sheoladh chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus seolfaidh sé cóip chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, an dáta céanna a tharchuirfidh sé na cuntais deiridh sin.

Beidh nóta arna tharraingt suas ag an oifigeach cuntasaíochta ag gabháil leis na cuntais deiridh, ina ndearbhóidh an t-oifigeach cuntasaíochta sin gur ullmhaíodh na cuntais deiridh i gcomhréir leis an Teideal seo agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta, na rialacha cuntasaíochta agus na modhanna cuntasaíochta is infheidhme a leagtar amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

4. Tarraingeoidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin suas na cuntais chomhdhlúite deiridh ar bhonn na faisnéise a dhéanfaidh institiúidí an Aontais seachas an Coimisiún agus na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 241 a thíolacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo.

Beidh nóta arna tharraingt suas ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin ag gabháil leis na cuntais chomhdhlúite deiridh, ina ndearbhóidh an t-oifigeach cuntasaíochta gur ullmhaíodh na cuntais chomhdhlúite deiridh i gcomhréir leis an Teideal seo agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta, na rialacha cuntasaíochta agus na modhanna cuntasaíochta is infheidhme a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

5. Tar éis dó na cuntais chomhdhlúite deiridh agus a chuntais deiridh féin a fhormheas,seolfaidh an Coimisiúin, faoin 31 Iúil, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí iad, ar mhodh leictreonach,.

Faoin dáta céanna, déanfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin litir ionadaíochta a tharchur chuig an gCúirt Iniúchóirí a chumhdaíonn na cuntais chomhdhlúite deiridh.

6. Foilseofar na cuntais chomhdhlúite deiridh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 15 Samhain mar aon leis an ráiteas urrúis arna thabhairt ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE agus le hAirteagal 160a de Chonradh *Euratom*.

*CAIBIDIL 2*

***Tuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite***

*Airteagal 247*

**Tuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite**

1. Faoin 31 Iúil an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin cuirfidh an Coimisiún sraith chomhtháite de thuarascálacha airgeadais agus cuntasaíochta chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina mbeidh:

(a) na cuntais deiridh chomhdhlúite amhail dá dtagraítear in Airteagal 246;

(b) an tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht lena soláthrófar achoimre shoiléir ghonta ar a bhfuil bainte amach ó thaobh rialú inmheánach agus bainistíocht airgeadais de dá dtagraítear sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí gach duine de na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean agus lena n-áirítear faisnéis faoi phríomh-shocruithe rialachais sa Choimisiún mar aon leis an méid seo a leanas:

(i) meastachán ar an leibhéal earráide i gcaiteachas an Aontais bunaithe ar mhodheolaíocht chomhsheasmhach agus ar mheastachán ar cheartúcháin a bheidh le déanamh amach anseo;

(ii) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí coisctheacha agus ceartaitheacha lena gcumhdaítear an buiséad, ina gcuirfear i láthair tionchar airgeadais na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun buiséad a chosaint ar chaiteachas ar sárú dlí é;

(iii) faisnéis faoi chur chun feidhme straitéis frithchalaoise an Choimisiúin;

(c) tuar fadtéarmach na sreafaí isteach agus amach lena gcumhdófar na 5 bliana seo chugainn, bunaithe ar na creataí airgeadais ilbhliantúla is infheidhme agus ar Chinneadh 2014/335/AE, *Euratom*;

(d) an tuarascáil ar an iniúchadh inmheánach bliaintiúil amhail dá dtagraítear in Airteagal 118(4);

(e) an mheastóireacht ar chúrsaí airgeadais an Aontais ar bhonn na dtorthaí arna mbaint amach, amhail dá dtagraítear in Airteagal 318 CFAE lena ndéantar measúnú go háirithe ar an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí beartais a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo á gcur san áireamh;

(f) an tuarascáil ar na bearta leantacha ar an urscaoileadh amhail dá dtagraítear in Airteagal 261(3).

2. Cuirfidh an tuairisciú comhtháite airgeadais agus cuntasachta dá dtagraítear i mír 1 gach tuarascáil i láthair ar bhealach ar leithligh a bheidh inaitheanta go soiléir. Cuirfear gach tuarascáil aonair ar fáildo Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Chúirt Iniúchóirí faoin 30 Meitheamh, cé is moite de na cuntais deiridh chomhdhlúite.

*CAIBIDIL 3*

***Tuairisciú buiséadach agus tuairisciú airgeadais eile***

*Airteagal 248*

**Tuairisciú míosúil ar chur chun feidhme an bhuiséid**

Le cois na ráiteas agus na dtuarascálacha bliantúla dá bhforáiltear in Airteagal 243 agus in Airteagal 244, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin figiúirí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, uair sa mhí, comhiomlánaithe ar leibhéal na caibidle ar a laghad, agus miondealaithe ar leithligh de réir caibidle, airteagail agus míre freisin, agus a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid, i ndáil le hioncam agus caiteachas araon a chumhdaíonn na leithreasuithe ar fad atá ar fáil. Tabharfar sonraí sna figiúirí sin freisin ar úsáid na leithreasuithe a thugtar anonn.

Cuirfear na figiúirí ar fáil laistigh de 10 lá oibre tar éis dheireadh gach míosa trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

*Airteagal 249*

**Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht bhuiséadach agus bainistíocht airgeadais**

1. Ullmhóidh gach institiúid agus gach comhlacht de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 241 tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais.

Cuirfidh siad an tuarascáil ar fáil do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Chúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin.

2. Tabharfar faisnéis achomair ar aistrithe leithreasuithe i measc na míreanna buiséadacha éagsúla sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 250*

**Tuarascáil bhliantúil ar ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais.**

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha i gcomhréir le hAirteagal 41(4) agus (5) agus i gcomhréir le pointe (d) agus (e) d'Airteagal 52(1). Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don Chúirt Iniúchóirí ag an am céanna.

*Airteagal 251*

**Tuarascáil stádais ar shaincheisteanna cuntasaíochta**

Faoin 15 Meán Fómhair de gach bliain airgeadais, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tuarascáil ina mbeidh faisnéis maidir leis na rioscaí reatha a tugadh chun suntais, na treochtaí ginearálta a tugadh faoi deara, na saincheisteanna nua cuntasaíochta ar thángthas orthu agus dul chun cinn ar chúrsaí cuntasaíochta, lena n-áirítear i gcás ina sainmhíneoidh an Chúirt Iniúchóirí iad, mar aon le faisnéis faoi ghnóthúcháin.

*Airteagal 252*

**Tuairisciú ar chistí iontaobhais an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha**

I gcomhréir le hAirteagal 41(6), cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gníomhaíochtaí go léir a bhfuil na cistí iontaobhais de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 234 ag tacú leo, maidir lena gcur chun feidhme agus lena bhfeidhmíocht, agus maidir lena gcuntais.

Déanfaidh Bord anchiste iontaobhais de chuid an Aontais lena mbaineann tuarascáil bhliantúil an chiste iontaobhais de chuid an Aontais arna dhréachtú ag an oifigeach údarúcháin a fhormheas. Déanfaidh sé formheas freisin ar na cuntais deiridh arna n-ullmhú ag an oifigeach cuntasaíochta. Déanfaidh an Bord na cuntais deiridh a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh don Choimisiúin.

*Airteagal 253*

**Faisnéis maidir le faighteoirí a fhoilsiú**

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi fhaighteoirí i gcomhréir le hAirteagal 38.

TEIDEAL XIV

**INIÚCHÓIREACHT SHEACHTRACH AGUS URSCAOILEADH**

*CAIBIDIL 1*

***Iniúchóireacht sheachtrach***

*Airteagal 254*

**Iniúchóireacht sheachtrach arna déanamh ag an gCúirt Iniúchóirí**

Cuirfidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gach cinneadh agus gach riail arna nglacadh de bhun Airteagail 12, 16, 21, 29, 30, 32 agus 43 in iúl don Chúirt Iniúchóirí.

*Airteagal 255*

**Rialacha agus nós imeachta i ndáil leis an iniúchóireacht**

1. Agus scrúdú á dhéanamh ag an gCúirt Iniúchóirí ar cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas an t-ioncam go léir agus ar tabhaíodh an caiteachas go léir ar bhealach dleathach cuí, féachfar do na Conarthaí, don bhuiséad, don Rialachán seo, do na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo agus na gníomhartha ábhartha eile go léir arna nglacadh de bhun na gConarthaí. Sa scrúdú sin, féadfar a chur san áireamh gur ar bhonn ilbhliantúil a dhéanfar na cláir, chomh maith leis na córais mhaoirseachta agus rialaithe lena mbaineann.

2. Agus a cúram á fheidhmiú aici, beidh an Chúirt Iniúchóirí i dteideal gach doiciméad agus faisnéis a cheadú, ar an mbealach dá bhforáiltear in Airteagal 257, a bhaineann le bainistíocht airgeadais ranna nó comhlachtaí i ndáil le hoibríochtaí arna maoiniú nó arna gcómhaoiniú ag an Aontas. Beidh sé de chumhacht aici aon oifigeach atá freagrach as oibríocht ioncaim nó caiteachais a éisteacht agus úsáid a bhaint as aon cheann de na nósanna imeachta um iniúchóireacht atá iomchuí i ndáil leis na ranna nó na comhlachtaí sin. Déanfar an iniúchóireacht i mBallstáit i gcuibhreann leis na hinstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta nó, i gcás nach mbeidh na cumhachtaí riachtanacha acu, i gcomhar leis na ranna náisiúnta atá inniúil. Comhoibreoidh an Chúirt Iniúchóirí agus institiúidí náisiúnta iniúchóireachta Ballstát de mheon muiníne ach gan a neamhspleáchas a thréigean.

Chun an fhaisnéis go léir a fháil atá riachtanach chun an cúram a chomhlíonadh a chuireann na Conarthaí nó na gníomhartha arna nglacadh dá mbun de chúram ar an gCúirt Iniúchóirí, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí a bheith i láthair, arna iarraidh sin di, le linn na n-oibríochtaí iniúchóireachta arna ndéanamh faoi chuimsiú chur chun feidhme an bhuiséid ag aon institiúid, nó thar ceann aon institiúid de chuid an Aontais.

Arna iarraidh sin don Chúirt Iniúchóirí, údaróidh gach institiúid de chuid an Aontais d'institiúidí airgeadais a bhfuil taiscí Aontais ina seilbh acu a chur ar chumas na Cúirte Iniúchóirí a áirithiú go réiteoidh na sonraí seachtracha leis na cuntais.

3. D'fhonn a cúram a dhéanamh, tabharfaidh an Chúirt Iniúchóirí fógra d'institiúidí de chuid an Aontais agus do na húdaráis lena mbaineann an Rialachán seo faoi ainmneacha a gcomhaltaí foirne a bhfuil sé de chumhacht acu iniúchóireacht a dhéanamh orthu.

*Airteagal 256*

**Seiceálacha ar urrúis agus ar airgead tirim**

Áiritheoidh an Chúirt Iniúchóirí go seiceálfar gach urrús agus airgead tirim atá i dtaisce nó ar láimh i gcoinne dearbhán arna síniú ag na taisclanna nó i gcoinne meabhrán oifigiúil an airgid thirim agus na n-urrús atá i seilbh. Féadfaidh sí féin na seiceálacha a dhéanamh.

*Airteagal 257*

**Ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí**

1. Déanfaidh institiúidí de chuid an Aontais, na comhlachtaí a riarann ioncam nó caiteachas thar ceann an Aontais agus faighteoirí deiridh íocaíochtaí ón mbuiséad, na saoráidí uile agus an fhaisnéis uile a chur ar fáil don Chúirt Iniúchóirí a mheasann an Chúirt is gá chun a cúram a chur i gcrích. Arna iarraidh sin don Chúirt Iniúchóirí, cuirfidh siad ar fáil di gach doiciméad a bhaineann le dámhachtain agus feidhmíocht conarthaí arna maoiniú ag an mbuiséad agus gach cuntas airgid thirim nó cuntas ábhair, gach taifead cuntasaíochta nó doiciméad tacaíochta, agus gach doiciméad riaracháin lena mbaineann, gach doiciméad a bhaineann le hioncam agus le caiteachas, gach fardal, cairteanna eagraíochtúla uile na ranna, a mheasann an Chúirt Iniúchóirí is gá chun iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla agus ar na

tuarascálacha cur chun feidhme buiséid ar bhonn na dtaifead nó iniúchóireacht ar an láthair agus, chun na críocha céanna, na doiciméid agus na sonraí uile arna gcruthú nó arna stóráil go leictreonach. Áireofar le ceart rochtana na Cúirte Iniúchóirí rochtain ar an gcóras TF a úsáidtear chun ioncam nó caiteachas a bhainistiú faoi réir a iniúchta, i gcás ina bhfuil an rochtain sin ábhartha don iniúchadh.

Cuirfidh na comhlachtaí iniúchóireachta inmheánaí agus seirbhísí eile na rialtas náisiúnta lena mbaineann ar fáil don Chúirt Iniúchóirí gach saoráid a mheasann sí is gá chun a cúram a chur i gcrích.

2. Déanfaidh oifigigh a ndéanann an Chúirt Iniúchóirí seiceáil ar a gcuid oibríochtaí an méid seo a leanas:

(a) a dtaifid ar airgead tirim ar láimh, nó ar aon airgead tirim eile, aon urrúis eile agus aon ábhair eile de chineál ar bith, agus na doiciméid tacaíochta maidir lena maoirseacht ar na cistí atá de chúram orthu, agus aon leabhar, aon chlár nó aon doiciméad eile a bhaineann leo a nochtadh;

(b) an comhfhreagras agus doiciméid ar bith eile a theastaíonn i gcomhair chur chun feidhme iomlán na hiniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 255 a thíolacadh.

Ní fhéadfaidh ach an Chúirt Iniúchóirí an fhaisnéis arna soláthar faoi phointe (b) den chéad fhomhír a iarraidh.

3. Beidh sé de chumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchóireacht a dhéanamh ar na doiciméid maidir le hioncam agus le caiteachas an Aontais atá i seilbh ranna institiúidí de chuid an Aontais agus, go háirithe, atá i seilbh na ranna atá freagrach as cinntí maidir leis an ioncam agus an caiteachas sin, atá i seilbh na gcomhlachtaí a riarann ioncam agus caiteachas thar ceann an Aontais, agus atá i seilbh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a fhaigheann íocaíochtaí ón mbuiséad.

4. Áireofar mar chuid den chúram a bhaineann le háirithiú go bhfuarthas an t-ioncam agus gur tabhaíodh an caiteachas ar bhealach dleathach agus cuí agus go raibh an bhainistíocht airgeadais fónta, an fheidhm a bhain comhlachtaí lasmuigh d'institiúidí de chuid an Aontais as cistí de chuid an Aontais a fuarthas trí ranníocaíocht.

5. Maoiniú an Aontais a íocfar le faighteoirí lasmuigh d'institiúidí de chuid an Aontais, beidh sé faoi réir chomhaontaithe i scríbhinn ó na faighteoirí sin nó, in éagmais comhaontú óna dtaobhsan, ó na conraitheoirí nó ó na fochonraitheoirí, agus beidh an maoiniú sin faoi réir iniúchóireachta ag an gCúirt Iniúchóirí maidir leis an úsáid a baineadh as an maoiniú a deonaíodh.

6. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil don Chúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon fhaisnéis faoi oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt.

7. Ní bheidh sé de thoradh ar úsáid córas comhtháite ríomhaireachta go laghdófaí rochtain na Cúirte Iniúchóirí ar dhoiciméid tacaíochta. Tabharfar rochtain leictreonach don Chúirt Iniúchóirí, ina háitreabh féin agus i gcomhréir leis na rialacha ábhartha slándála, ar shonraí agus ar dhoiciméid atá riachtanach chun an t-iniúchadh a dhéanamh, nuair is féidir sin a dhéanamh go teicniúil.

*Airteagal 258*

**Tuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí**

1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí don Choimisiún agus do na hinstitiúidí eile de chuid an Aontais ena mbaineann faoin 30 Meitheamh aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith sa tuarascáil bhliantúil uaidh. Fanfaidh na barúlacha faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sáraíochta. Cuirfidh gach institiúid de chuid an Aontais a freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Deireadh Fómhair. Seolfar freagraí na n-institiúidí de chuid an Aontais, seachas an Coimisiún, chuig an gCoimisiún ag an am céanna.

2. Beidh measúnú ar fhóntas na bainistíochta airgeadais i dtuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí.

3. Beidh roinn do gach institiúid de chuid an Aontais agus don chiste don soláthar coiteann i dtuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí. Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí aon tuarascáil achomair nó aon bharúlacha ginearálta a mheasann sí a bheith iomchuí, a chur leis an tuarascáil.

4. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig na húdaráis atá freagrach as urscaoileadh a thabhairt agus chuig na hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, faoin 15 Samhain, a tuarascáil bhliantúil mar aon le freagraí na n-institiúidí de chuid an Aontais agus áiritheoidh sí go bhfoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* iad.

*Airteagal 259*

**Tuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí**

1. Tarchuirfidh an Chúirt Iniúchóirí chuig an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann aon bharúil a mheasann sí ba cheart a bheith i dtuarascáil speisialta. Fanfaidh na barúlacha faoi rún agus beidh siad faoi réir nós imeachta sáraíochta.

Déanfaidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais nó an comhlacht lena mbaineann, de ghnáth laistigh de 6 seachtaine tar éis na barúlacha sin a tharchur, aon fhreagraí is mian leo a thabhairt a chur in iúl don Chúirt Iniúchóirí i dtaca leis na barúlacha sin. Déanfar an tréimhse sin a fhionraí i gcásanna a bhfuil bonn cirt cuí leo, go háirithe más rud é, le linn nós imeachta na sáraíochta, gur gá go bhfaighidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais nó an comhlacht lena mbaineann aiseolas ó na Ballstáit d'fhonn bailchríoch a chur ar a fhreagra.

Leis na freagraí ón institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais nó ón gcomhlacht lena mbaineann tabharfar aghaidh go díreach agus go heisiach ar bharúlacha na Cúirte Iniúchóirí.

Ar iarraidh ón gCúirt Iniúchóirí nó ón institiúid nó ón |gcomhlacht de chuid an Aontais lena mbaineann, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle na freagraí a scrúdú tar éis an tuarascáil a fhoilsiú.

Áiritheoidh an Chúirt Iniúchóirí go ndréachtófar tuarascálacha speisialta agus go nglacfar iad laistigh de thréimhse chuí ama, ar tréimhse í nach mbeidh de ghnáth níos faide ná 13 mhí.

Déanfar na tuarascálacha speisialta, mar aon leis na freagraí ó na hinstitiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais nó na comhlachtaí lena mbaineann, a tharchur gan mhoill chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, agus cinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, i gcomhar leis an gCoimisiún i gcás inarb iomchuí, cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh mar fhreagairt.

Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí gach beart riachtanach chun a áirithiú go bhfoilseofar, i dteannta leis an tuarascáil speisialta, na freagraí ar a barúlacha ó gach institiúid nó comhlacht lena mbaineann de chuid an Aontais mar aon leis an amlíne chun an tuarascáil speisialta a dhréachtú.

2. Maidir leis na tuairimí dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 287(4) CFAE ar tuairimí iad nach mbaineann leis na tograí ná leis na dréachtaí a chumhdaítear leis an nós imeachta um chomhairliúchán reachtach, féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí a cinneadh maidir le foilsiú tar éis di dul i gcomhairle leis an institiúid de chuid an Aontais a d'iarr an tuairim nó a mbaineann an tuairim léi. Beidh nótaí ó na hinstitiúidí lena mbaineann de chuid an Aontais ag gabháil leis na tuairimí a fhoilseofar.

*CAIBIDIL 2*

***Urscaoileadh***

*Airteagal 260*

**Amchlár an nós imeachta um urscaoileadh**

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún roimh an 15 Bealtaine de bhliain n+2, maidir le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain n.

2. I gcás nach féidir an spriocdháta dá bhforáiltear i mír 1 a chomhlíonadh, cuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in iúl don Choimisiún na cúiseanna leis sin.

3. Má chuireann Parlaimint na hEorpa siar an cinneadh lena dtugtar urscaoileadh, déanfaidh an Coimisiún gach iarracht bearta a ghlacadh, a luaithe is féidir, chun na constaicí atá roimh an gcinneadh sin a bhaint nó chun gur fusa iad a bhaint.

*Airteagal 261*

**An nós imeachta um urscaoileadh**

1. Cumhdófar leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh na cuntais ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Aontais, an t-iarmhéid a thig uathu sin agus sócmhainní agus dliteanais an Aontais a léirítear sa chlár comhardaithe.

2. D'fhonn an t-urscaoileadh a thabhairt, scrúdóidh Parlaimint na hEorpa na cuntais, na ráitis airgeadais agus an tuarascáil mheastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 318 CFAE, tar éis don Chomhairle an méid céanna a dhéanamh. Scrúdóidh Parlaimint na hEorpa freisin an tuarascáil bhliantúil arna déanamh ag an gCúirt Iniúchóirí mar aon le freagraí na n-institiúidí de chuid an Aontais a mbeidh iniúchóireacht á déanamh orthu, agus aon tuarascálacha speisialta ábhartha ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis an mbliain airgeadais lena mbaineann agus ráiteas urrúis na Cúirte Iniúchóirí i dtaca le hiontaofacht na gcuntas agus le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbhearta.

3. Aon fhaisnéis atá ag teastáil chun an nós imeachta um urscaoileadh a chur i bhfeidhm ar bhealach rianúil don bhliain airgeadais lena mbaineann, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa í, i gcomhréir le hAirteagal 319 CFAE.

*Airteagal 262*

**Bearta leantacha**

1. I gcomhréir le hAirteagal 319 CFAE agus Airteagal 106a de Chonradh *Euratom*, glacfaidh institiúidí de chuid an Aontais agus comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Airteagal 71 den Rialachán seo gach céim iomchuí chun gníomhú de bhun na mbarúlacha a ghabhann leis an gcinneadh maidir le hurscaoileadh ó Pharlaimint na hEorpa agus de bhun na dtráchtaí a ghabhann leis an moladh maidir le hurscaoileadh arna ghlacadh ag an gComhairle.

2. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle, déanfaidh institiúidí de chuid an Aontais agus comhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 tuarascáil ar na bearta a glacadh i bhfianaise na mbarúlacha agus na dtráchtaí sin agus, go háirithe, ar na treoracha a thug siad do na ranna sin dá gcuid atá freagrach as an mbuiséad a chur chun feidhme. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún trína chur in iúl dó faoi na bearta a ghlac siad chun gníomhú de bhun na mbarúlacha sin ionas go bhféadfaidh an Coimisiún na bearta sin a chur san áireamh agus a thuarascáil féin á tarraingt suas aige. Déanfar na tuarascálacha ó institiúidí de chuid an Aontais agus ó chomhlachtaí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 a tharchur freisin chuig an gCúirt Iniúchóirí.

*Airteagal 263*

**Forálacha sonracha maidir le SEGS**

Beidh SEGS faoi réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 319 CFAE agus in Airteagal 260, in Airteagal 261 agus in Airteagal 262 den Rialachán seo. Comhoibreoidh SEGS go hiomlán le hinstitiúidí de chuid an Aontais atá rannpháirteach sa nós imeachta um urscaoileadh agus soláthróidh sé, de réir mar is iomchuí, an fhaisnéis bhreise is gá, lena n-áirítear trí bheith i láthair ag cruinnithe de chuid na gcomhlachtaí ábhartha.

TEIDEAL XV

**LEITHREASUITHE RIARACHÁIN**

*Airteagal 264*

**Forálacha ginearálta**

1. Is leithreasuithe neamhdhifreáilte a bheidh sna leithreasuithe de chineál riaracháin.

2. Tá feidhm ag an Teideal seo maidir leis na leathreasuithe riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 47(4) agus leithreasuithe institiúidí de chuid an Aontais seachas an Coimisiún.

Féadfar na ceangaltais bhuiséadacha atá ag freagairt do na leithreasuithe de chineál riaracháin de chineál atá i gcoiteann faoi roinnt teideal agus atá faoi bhainistíocht fhoriomlán, féadfar iad a thaifeadadh ar bhealach foriomlán sa chuntasaíocht buiséid, ag leanúint an aicmithe achomair de réir cineáil a leagtar amach in Airteagal 47(4).

Déanfar an caiteachas comhfhreagrach a chlárú faoi línte buiséid gach teidil, agus déanfar iad a leithdháileadh ar an gcaoi chéanna leis na leithreasuithe.

3. Caiteachas riaracháin a éireoidh as conarthaí lena gcumhdaítear tréimhsí a leanann níos faide ar aghaidh ná an bhliain airgeadais, i gcomhréir le cleachtas áitiúil nó bainteach le soláthar trealaimh, muirearófar é ar an mbuiséad don bhliain airgeadais ina dtarlaíonn sé.

4. Féadfar réamhíocaíochtaí a dhéanamh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne agus leis na forálacha sonracha a bhaineann le comhaltaí na n-institiúidí de chuid an Aontais, le comhaltaí foirne agus le comhaltaí na n-institiúidí de chuid an Aontais.

*Airteagal 265*

**Íocaíochtaí a dhéantar roimh ré**

Caiteachas dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 11(2) a chaithfear a íoc roimh ré de bhun forálacha conarthacha nó dlíthiúla ón 1 Nollaig ar aghaidh, féadfaidh sé a bheith ina chúis le híocaíochtaí a chur de mhuirear ar na leithreasuithe don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag an teorainn a leagtar amach i mír 11(2).

*Airteagal 266*

**Forálacha sonracha a bhaineann le tionscadail tógála**

1. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Aontais, faoin 1 Meitheamh gach bliain, doiciméad oibre a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena bheartas foirgníochta, ina mbeidh an t-eolas seo a leanas:

(a) do gach foirgneamh, an caiteachas agus an t-achar dromchla atá cumhdaithe ag leithreasuithe na línte buiséid comhfhreagracha. Beidh an costas a bhaineann leis na foirgnimh a fheistiú san áireamh sa chaiteachas ach ní bheidh na muirir eile san áireamh;

(b) éabhlóid ionchasach chláreagrú foriomlán an achair dhromchla agus na suíomhanna do na blianta atá le teacht lena ngabhann cur síos ar na tionscadail tógála sa chéim pleanála a bhfuil sainaithint déanta orthu cheana féin;

(c) téarmaí agus costais chríochnaitheacha chomh maith le faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme tionscadal i leith tionscadal nua tógála a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin nós imeachta a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3 agus nach bhfuil áirithe i ndoiciméid oibre na bliana roimhe sin.

2. Maidir le haon tionscadal tógála ar dócha go mbeidh impleachtaí suntasacha airgeadais aige ar an mbuiséad, cuirfidh institiúid an Aontais lena mbaineann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas a luaithe is féidir agus in aon chás sula ndéanfar aon sirtheoireacht sa mhargadh áitiúil i gcás conarthaí tógála agus sula n-eiseofar cuirí chun tairisceana, nó sula dtarlóidh siad i gcás oibríochtaí tógála, faoin achar dromchla foirgníochta a éileofar agus faoin bpleanáil shealadach.

3. Maidir le haon tionscadal tógála ar dócha go mbeidh impleachtaí suntasacha airgeadais aige ar an mbuiséad, tíolacfaidh institiúid an Aontais lena mbaineann an tionscadal foirgníochta, go háirithe a chostais mheasta mhionsonraithe agus a mhaoiniú lena n-áirítear aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ioncam sannta inmheánach dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 21(3), chomh maith le liosta de na dréachtchonarthaí a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus déanfaidh sí a bhformheas a iarraidh sula dtabharfar na conarthaí chun críche. Arna iarraidh sin don institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann, déileálfar leis na doiciméid a thíolacfar i ndáil leis an tionscadal tógála ar mhodh rúin.

Cé is moite de chásanna force majeure amhail dá dtagraítear i mír 4, pléifidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tionscadal tógála laistigh de 4 seachtaine tar éis don dá institiúid é a fháil.

Measfar an tionscadal tógála a bheith formheasta ar dhul in éag don tréimhse 4 seachtaine sin, mura rud é gur ghlac Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle cinneadh i gcoinne an togra laistigh den tréimhse sin.

Má léiríonn Parlaimint na hEorpa agus/nó an Chomhairle cúiseanna imní cuí-réasúnaithe laistigh den tréimhse 4 seachtaine sin, cuirfear fad dhá sheachtain uair amháin leis an tréimhse sin.

Má ghlacann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle cinneadh atá contrártha leis an tionscadail tógála, tarraingeoidh an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais a togra siar agus féadfaidh sí togra nua a thíolacadh.

4. I gcásanna force majeure, dá dtabharfar cúiseanna cuí, féadfar an fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 2 a thíolacadh go comhpháirteach leis an tionscadal tógála. Pléifidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an tionscadal tógála laistigh de dhá sheachtain tar éis don dá institiúid é a fháil. Measfar go mbeidh an tionscadal tógála formheasta ar dhul in éag na tréimhse dhá sheachtain sin, mura rud é go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus/nó an Chomhairle cinneadh atá contrártha leis an togra laistigh den tréimhse ama sin.

5. Measfar gur thionscadail tógála iad seo a leanas a mbeidh impleachtaí suntasacha airgeadais ar an mbuiséad acu:

(a) aon fháltas talún;

(b) fáltas, díol, athchóiriú struchtúrtha, tógáil foirgneamh nó aon tionscadal lena gcomhcheanglaítear na heilimintí sin a bheidh le cur chun feidhme sa fhráma ama céanna, ar tionscadal ar mó é ná EUR 3 000 000;

(c) an fáltas, an t-athchóiriú struchtúrtha, tógáil foirgneamh nó aon tionscadal lena gcomhcheanglaítear na heilimintí sin a bheidh le cur chun feidhme sa fhráma ama céanna, ar tionscadal ar mó é ná EUR 2 000 000 i gcás inarb ionann an praghas agus os cionn 110 % den phraghas áitiúil ar réadmhaoin inchomparáide mar a mheas saineolaí neamhspleách;

(d) díol talún nó foirgneamh i gcás inarb ionann an praghas agus níos lú ná 90 % den phraghas áitiúil ar réadmhaoin inchomparáide mar a mheas saineolaí neamhspleách;

(e) aon chonradh nua d'fhoirgneamh a cheannach nó a fháil ar cíos, lena n-áirítear cearta úsáide, léasanna fadtéarmacha agus athnuachan ar chonarthaí tógála atá ann cheana faoi choinníollacha is lú fabhar, nach gcumhdaítear le pointe (b) lena ngabhann muirear bliantúil de EUR 750 000 ar a laghad;

(f) fad a chur leis na conarthaí d'fhoirgneamh a cheannach nó a fháil ar cíos atá ann cheana, nó iad a athnuachan, lena n-áirítear cearta úsáide agus léasanna fadtéarmacha, faoi na coinníollacha céanna nó coinníollacha is mó fabhar, lena ngabhann ar a laghad muirear bliantúil EUR 3 000 000.

Beidh feidhm ag an mír seo maidir le tionscadail tógála ar de chineál idirinstitiúideach iad, chomh maith le toscaireachtaí an Aontais.

Beidh na costais a bhaineann leis na foirgnimh a fheistiú san áireamh sna huasteorainneacha dá dtagraítear i bpointí (b) go (f) den chéad fhomhír. I gcás cíos agus conarthaí cearta úsáide, cuirfear san áireamh sna huasteorainneacha sin an costas a bhaineann leis an bhfoirgneamh a fheistiú ach ní chuirfear na muirir eile san áireamh.

6. Gan dochar d'Airteagal 17, féadfar tionscadal fála foirgníochta a mhaoiniú trí iasacht, faoi réir formheasa roimh ré ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Déanfar iasachtaí a chur ar chonradh agus a aisíoc i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus ag féachaint go cuí do na leasanna airgeadais de chuid an Aontais.

Nuair a bheartaíonn an institiúid de chuid an Aontais an éadáil a mhaoiniú trí iasacht, déanfaidh an plean maoiniúcháin a bheidh le tíolacadh, i dteannta na hiarrata le haghaidh formheas roimh ré arna dhéanamh ag an institiúid lena mbaineann de chuid an Aontais, a shonrú go háirithe an méid uasta maoiniúcháin, an tréimhse maoiniúcháin, an cineál maoiniúcháin, na coinníollacha maoiniúcháin agus na coigiltis le hais cineálacha eile socruithe conarthacha.

Pléifidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle arna iarraidh le haghaidh formheasa roimh ré laistigh de 4 seachtaine, ar féidir fad 2 sheachtain a chur leis uair amháin, ón dáta a mbeidh an togra sin faighte ag an dá institiúid. Measfar an éadáil arna maoiniú trí iasacht a bheith diúltaithe mura mbeidh sé formheasta go sainráite ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle laistigh den sprioc-am.

*Airteagal 267*

**An nós imeachta um fhaisnéis luath agus an nós imeachta um fhormheas roimh ré**

1. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta um fhaisnéis luath a leagtar amach in Airteagal 266(2) ná ag an nós imeachta um fhormheas roimh ré a leagtar in Airteagal 266(3) agus (4) maidir le talamh a fháil saor in aisce nó ar mhéid siombalach.

2. Beidh feidhm ag an nós imeachta um fhaisnéis luath a leagtar amach in Airteagal 266(2) agus, ina theannta sin, ag an nós imeachta um fhormheas roimh ré a leagtar amach in Airteagal 266(3) agus (4) maidir le foirgnimh chónaithe i gcás inar mó ná EUR 2 000 000 an fáltas, an t-athchóiriú struchtúrtha, tógáil foirgneamh nó aon tionscadal lena gcomhcheanglaítear na heilimintí sin sa fhráma ama céanna agus i gcás inarb ionann an praghas agus os cionn 110 % den phraghas áitiúil nó den innéacs cíosa de réadmhaoin inchomparáide. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle aon fhaisnéis a bhaineann le foirgnimh chónaithe a iarraidh ón institiúid de chuid an Aontais atá i gceannas orthu.

3. In imthosca eisceachtúla nó in imthosca práinne polaitiúla, féadfar an fhaisnéis luath dá dtagraítear in Airteagal 266(2) maidir le tionscadail tógála a bhaineann le toscaireachtaí an Aontais nó oifigí i dtríú tíortha a sheoladh isteach in éineacht leis an tionscadal tógála de bhun Airteagal 266(3). I gcásanna den sórt sin, cuirfear an nós imeachta um fhaisnéis luath agus an nós imeachta um fhormheas roimh ré i gcrích a luaithe is féidir.

I gcás tionscadail foirgneamh cónaithe i dtríú tíortha, déanfar na nósanna imeachta um fhaisnéis luath agus na nósanna imeachta um fhormheas roimh ré i dteannta a chéile.

4. Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta um fhormheas roimh ré a leagtar amach in Airteagal 266(3) agus (4) maidir le conarthaí ná staidéir is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar chostas mionsonraithe agus ar mhaoiniú an tionscadail tógála.

TEIDEAL XVI

**IARRATAÍ AR FHAISNÉIS AGUS GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE**

*Airteagal 268*

**Iarrataí ar fhaisnéis ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Beidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i dteideal aon fhaisnéis nó míniú maidir le hábhair bhuiséadacha laistigh dá réimsí inniúlachta a fháil.

*Airteagal 269*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 70(1), an tríú mír d'Airteagal 71, Airteagal 161 agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 213(2) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2018, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí fhad na gcreat airgeadais ilbhliantúil ina dhiaidh sin, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse faid an chreata airgeadais ilbhliantúil chomhfreagraigh.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean dá dtagraítear in Airteagal 70(1), an tríú mír d'Airteagal 71, Airteagal 161 agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 213(2) na cumhachta a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairme cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige sin ar an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar inti. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 70(1), an tríú mír d'Airteagal 71, Airteagal 161 agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 213(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

CUID A DÓ

## LEASUITHE AR RIALACHA A BHAINEANN GO SONRACH LE hEARNÁLACHA

*Airteagal 270*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Le linn thréimhse iomlán an Chláir, beidh feidhm ar an meán ag na céatadáin tháscacha seo a leanas ar na haiseanna a leagtar amach in Airteagal 3(1):

(a) 55 % ar a laghad don ais maidir le Progress;

(b) 18 % ar a laghad don ais maidir le *EURES*;

(c) 18 % ar a laghad don ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta."

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"*Airteagal 14*

**Ranna téamacha agus maoiniú**

1. Tacóidh an ais maidir le Progress le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c). Cloífidh an miondealú táscach den leithdháileadh foriomlán maidir leis an ais maidir le Progress idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas thar thréimhse iomlán an Chláir:

(a) fostaíocht, go háirithe chun dul i ngleic le dífhostaíocht na hóige: 20 %;

(b) cosaint shóisialta, cuimsiú sóisialta agus laghdú agus cosc na bochtaineachta: 45 %;

(c) dálaí oibre: 7 %.

Leithdháilfear aon fhuílleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír, nó ar theaglaim díobh sin.

2. Ón leithdháileadh foriomlán don ais maidir le Progress, leithdháilfear cion suntasach de sin ar thástáil shóisialta a chur chun cinn mar mhodh chun réitigh nuálacha a thriail agus a mheas d'fhonn iad a mhéadú ó scála.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

"*Airteagal 19*

**Ranna téamacha agus maoiniú**

Tacóidh an ais maidir le *EURES* le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c). Cloífidh miondealú táscach den leithdháileadh foriomlán don ais maidir le *EURES* idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas thar thréimhse iomlán an chláir:

(a) trédhearcacht maidir le folúntais poist, le hiarratais ar phost agus le haon fhaisnéis ghaolmhar d'iarrthóirí agus d'fhostóirí: 15 %;

(b) seirbhísí a fhorbairt chun oibrithe a earcú agus a chur i bhfostaíocht trí fholúntais agus iarratais ar phoist a imréiteach ar leibhéal an Aontais, go háirithe scéimeanna soghluaisteachta spriocdhírithe: 15 %;

(c) comhpháirtíochtaí trasteorann: 18 %.

Leithdháilfear aon fhuílleach ar cheann amháin nó níos mó de na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den chéad fhomhír, nó ar theaglaim díobh sin.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

"*Airteagal 25*

**Ranna téamacha agus maoiniú**

Tacóidh an ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta le gníomhaíochtaí sna ranna téamacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b). Cloífidh miondealú táscach den leithdháileadh foriomlán don ais maidir le Micreamhaoiniú agus Fiontraíocht Shóisialta idir na rannáin théamacha éagsúla leis na híos-chéatadáin seo a leanas le linn tréimhse iomlán an chláir:

(a) micreamhaoiniú do ghrúpaí leochaileacha agus do mhicrifhiontair: 35 %;

(b) fiontraíocht shóisialta: 35 %.

Leithdháilfear aon fhuílleach ar na rannáin théamacha dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den chéad fhomhír nó ar theaglaim díobh sin.";

(5) in Airteagal 32 cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an dara fomhír:

"Beidh na cláir oibre, i gcás inarb ábhartha, ar feadh tréimhse rollach 3 bliana agus beidh cur síos iontu ar na gníomhaíochtaí atá le maoiniú i ngach clár oibre, mar aon leis an gcineál nós imeachta, an cuimsiú geografach, an spriocghrúpa agus creat ama cur chun feidhme táscach. Beidh léiriú san áireamh sna cláir oibre freisin maidir leis an méid arna leithdháileadh ar gach cuspóir sonrach agus feicfear iontu ath-leithdháileadh na gcistí i gcomhréir le hAirteagal 33. Déanfaidh na cláir oibre comhtháiteacht an Chláir a dhaingniú trí léiriú a thabhairt ar na naisc idir na trí hais."

(6) scriostar Airteagail 33 agus 34.

*Airteagal 271*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 mar seo a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3(1) mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) infheistíocht i bhforbairt na hacmhainneachta inginiúla trí infheistíocht sheasta i dtrealamh agus i mbonneagar, lena n-áirítear bonneagar cultúrtha agus tuarasóireachta inbhuanaithe, seirbhísí d'fhiontair, tacaíocht do chomhlachtaí taighde agus nuálaíochta agus infheistíocht i dteicneolaíocht agus i dtaighde feidhmeach i bhfiontair;";

(b) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Measfar infheistíocht i mbonneagar tuarasóireachta cultúrtha agus inbhuanaithe amhail dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír den mhír seo a bheith ar mhionscála agus incháilithe le haghaidh tacaíochta, más rud nach mó ná EUR 10 000 000 ranníocaíocht CFRE don oibríocht. Ardófar an uasteorainn sin go EUR 20 000 000 i gcás bonneagar a mheasfar a bheith ina oidhreacht chultúrtha de réir bhrí Airteagal 1 den Choinbhinsiún 1972 Unesco maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint.";

(2) i bpointe (9) d'Airteagal 5, i mír 9, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(e) tacú leis an nglacadh agus leis an lánpháirtiú eacnamaíoch agus sóisialta imirceach agus dídeanaithe;"

(3) in Iarscríbhinn I, an tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs dar tús "Bonneagar sóisialta" go dtí deireadh an tábla:

| "Bonneagar sóisialta | | |
|---|---|---|
| Cúram leanaí agus oideachas | daoine | Acmhainn an bhonneagair cúraim leanaí nó oideachais a fhaigheann tacaíocht |
| Sláinte | daoine | Daonra atá cuimsithe ag seirbhísí sláinte feabhsaithe |
| Tithíocht | aonaid tithíochta | Tithíocht athshlánaithe |
| | aonaid tithíochta | Tithíocht athchóirithe, d'imircigh agus do dhídeanaithe (gan ionaid ghlactha san áireamh) |
| Imircigh agus dídeanaithe | daoine | Acmhainn an bhonneagair lena dtacaítear le himircigh agus le dídeanaithe (seachas tithíocht) |
| Táscairí sonracha maidir leis an bhforbairt uirbeach | | |
| | daoine | Daonra a bhfuil cónaí air i limistéir a bhfuil straitéisí comhtháite forbartha uirbí acu |
| | méadair chearnacha | Spás oscailte atá cruthaithe nó athshlánaithe i limistéir uirbeacha |
| | méadair chearnacha | Foirgnimh phoiblí nó thráchtála atá tógtha nó athchóirithe i limistéir uirbeacha". |

*Airteagal 272*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar seo a leanas:

(1) in aithris 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Ba cheart go gcuirfeadh na coinníollacha sin ar chumas an Choimisiúin deimhin a dhéanamh de go bhfuil na Ballstáit ag úsáid Chistí SIE ar mhodh dlíthiúil agus rialta agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais laistigh de bhrí Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) (an 'Rialachán Airgeadais').

(*) Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, Ich. 1).";

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (10):

"(10) ciallaíonn 'tairbhí' comhlacht poiblí nó príobháideach nó duine nádúrtha, atá freagrach as oibríochtaí a thionscnamh nó as iad a thionscnamh agus a chur chun feidhme araon, agus

(a) i gcomhthéacs Státchabhrach, an comhlacht a fhaigheann an chabhair, ach amháin i gcás ina bhfuil an chabhair in aghaidh gnóthais níos lú ná EUR 200 000, i gcás ina bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh ina leith gurb é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair, gan dochar doRialachán (AE) Uimh. 1407/2013 (*), (AE) Uimh. 1408/2013 (**) agus (AE) Uimh. 717/2014 (***) ón gCoimisiún; agus

(b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais faoi Theideal IV de Chuid II den Rialachán seo, an comhlacht a dhéanann an ionstraim airgeadais, nó ciste de chistí de réir mar is iomchuí, a chur chun feidhme;

(*) Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

(**) Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 an 18 Nollaig 2013 ar chur chun feidhme Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chabhairde minimissan earnáil talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

(***) Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún 27 Meitheamh 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair de minimis in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45)."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (31):

"(31) ciallaíonn 'straitéis mhacrairéigiúnach' creat comhtháite arna chomhaontú ag an gComhairle agus i gcás inarb iomchuí, arna fhormhuiniú ag an gComhairle Eorpach, a fhéadfaidh tacaíocht a fháil ó Chistí SIE as measc cistí eile, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna a bhíonn os comhair limistéir gheografaigh shainithe a bhaineann le Ballstáit agus tríú tíortha atá lonnaithe sa limistéar geografach céanna, a bhaineann tairbhe, ar an tslí sin, as comhar neartaithe a rannchuidíonn le baint amach an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh;"

(3) leasaítear Airteagal 4 mar seo a leanas:

(a) i mír 7, cuirtear "Airteagal 63 den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59 den Rialachán Airgeadais";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 33, le hAirteagal 36(1) agus le hAirteagal 61 den Rialachán Airgeadais.";

(4) in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"Leis na tosaíochtaí a shocraítear le haghaidh gach ceann de na Cistí SIE sna rialacha sonracha maidir le cistí, clúdófar go háirithe an úsáid iomchuí a bhaintear as gach Ciste SIE i réimsí na himirce agus an tearmainn. Sa chomhthéacs sin, áireofar comhordú le Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a bunaíodh ag Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), i gcás inarb iomchuí.

(*) Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht,lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairleagus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpaagus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpaagus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168).";

(5) in Airteagal 16, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"4a. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Ballstát Comhaontú Comhpháirtíochta leasaithe isteach roimh an 31 Eanáir tar éis don Choimisiún leasuithe ar chlár amháin nó níos mó a fhormheas an bhliain féilire roimhe sin.

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh gach bliain roimh an 31 Márta lena ndeimhneofar go léiríonn na leasuithe ar an gComhaontú Comhpháirtíochta leasú amháin nó níos mó ar an gclár a d'fhormheas an Coimisiún an bhliain féilire roimhe sin.

Féadfar a áireamh leis an gcinneadh sin leasú ar mhíreanna eile den Chomhaontú Comhpháirtíochta de bhun togra dá dtagraítear i mír 4, ar choinníoll go gcuirtear an togra faoi bhráid an Choimisiúin roimh an 31 Nollaig an bhliain féilire roimhe sin.";

(6) leasaítear Airteagal 30 mar seo a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an dara fomhír:

"I gcás ina bhfuil tionchar ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Chomhaontú Comhpháirtíochta mar gheall ar chlár a leasú, beidh feidhm ag an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 16(4a).";

(b) i mír 3, scriostar an tríú habairt.

(7) in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina gcinnfidh an coiste roghnúcháin do na straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail arna mbunú faoi Airteagal 33(3) go mbeidh gá le tacaíocht ó níos mó ná Ciste amháin chun an straitéis forbartha áitiúil faoi stiúir an phobail atá roghnaithe a chur chun feidhme, féadfaidh sé Ciste ceannais a ainmniú i gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta chun tacú leis na costais ullmhúcháin, reatha agus bheochana uile faoi phointe (a), faoi phointe (d) agus faoi phointe (e) d'Airteagal 35(1) don straitéis forbartha áitiúil faoi stiúir an phobail.";

(8) leasaítear Airteagal 34(3) mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointí (a) go (d):

"(a) acmhainneacht na ngníomhaithe áitiúla lena n-áirítear tairbhithe féideartha a fhorbairt chun oibríochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-áirítear a gcumas a chothú maidir lena dtionscadail a ullmhú agus a bhainistiú;

(b) nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach a tharraingt suas, lena seachnaítear coinbhleachtaí leasa, lena n-áirithítear go gcaitheann comhpháirtithe nach údaráis phoiblí iad 50 % ar a laghad de na vótaí i gcinntí roghnúcháin, agus lena gceadófar roghnú trí nós imeachta i scríbhinn;

(c) critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha maidir le roghnú oibríochtaí a tharraingt suas agus a fhormheas lena n-áirithítear comhleanúnachas leis an straitéis forbartha áitiúil faoi stiúir an phobail trí thosaíocht a thabhairt do na hoibríochtaí sin de réir a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí agus spriocanna na straitéise sin a bhaint amach;

(d) glaonna ar thograí nó nós imeachta leanúnach maidir le tionscadail a chur isteach a ullmhú agus a fhoilsiú;";

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"I gcás ina ndéanann grúpaí gníomhaíochta áitiúla cúraimí nach gcumhdaítear faoi phointí (a) go (g) den chéad fhomhír, ar faoi fhreagracht an údaráis bainistíochta nó an údaráis deimhniúcháin nó na gníomhaireachta íocaíochta iad, ainmneofar na grúpaí gníomhaíochta áitiúla sin ina gcomhlachtaí idirmheánacha i gcomhréir leis na rialacha sonracha maidir le Cistí.";

(9) in Airteagal 36, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir leis na rialacha sonracha maidir le cistí, féadfaidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta cúraimí áirithe a tharmligean chuig comhlacht idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear údaráis áitiúla, comhlachtaí forbartha réigiúnaí nó eagraíochtaí neamhrialtasacha atá nasctha le ITI a bhainistiú agus a chur chun feidhme.";

(10) leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) meastachán de na hacmhainní breise poiblí agus príobháideacha a d'fhéadfadh teacht aníos i ngeall ar an ionstraim airgeadais agus sin a ríomh síos go dtí leibhéal an fhaighteora deiridh (éifeacht ghiarála dhóchúil), lena n-áirítear de réir mar is iomchuí measúnú ar an ngá atá le cóir dhifreáilte amhail dá dtagraítear in Airteagal 43a, agus ar mhéid na córa sin, chun acmhainní contrapháirte a mhealladh ó infheisteoiría oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair agus/nó tuairisc ar na sásraí a bheidh le húsáid chun an gá atá leis an gcóir dhifreáilte sin, agus a mhéid di, a shuíomh, amhail próiseas measúnaithe atá iomaíoch nó atá neamhspleách go hiomchuí;";

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"3. Féadfar an measúnú *ex ante* dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na meastóireachtaí *ex ante* dá dtagraítear i bpointe (h) den chéad fhomhír agus sa dara fomhír d'Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais a chur san áireamh agus féadfar é a dhéanamh i gcéimeanna. In aon chás, cuirfear i gcrích é sula gcinneann an t-údarás bainistíochta rannchuidithe cláir a dhéanamh le hionstraim airgeadais.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Maidir le faighteoirí deiridh a fhaigheann tacaíocht ó ionstraim airgeadais de chuid Ciste SIE, féadfaidh siad cúnamh a fháil freisin ó thosaíocht nó ó chlár eile de Chistí SIE nó ó ionstraim eile a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (EFSI) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2015/0107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), i gcomhréir le rialacha infheidhme an Aontais maidir le Státchabhair. Sa chás sin, coimeádfar taifid ar leithligh le haghaidh gach foinse cúnaimh agus beidh an tacaíocht ó ionstraim airgeadais Cistí SIE ina cuid d'oibríocht ag a mbeidh caiteachas incháilithe agus é éagsúil ó fhoinsí eile cúnaimh.

___

(*) Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (IO L 169, 1.7.2015, lch. 1).";

(11) leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(c) ionstraimí airgeadais lena ndéantar teaglaim de ranníocaíocht den sórt sin le táirgí airgeadais BEI faoi EFSI i gcomhréir le hAirteagal 39a.";

(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

"(b) cúraimí cur chun feidhme a chur ar a n-iontaoibh seo a leanas trí chonradh a dhámhachtain go díreach do:

(i) BEI;

(ii) institiúid idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir;

(iii) banc nó institiúid ar úinéireacht phoiblí a bhunaítear mar eintiteas dlíthiúil, a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais ar bhonn gairmiúil agus a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

— níl aon rannpháirteachas caipitiúil príobháideach díreach ann, cé is moite d'fhoirmeacha neamhrialaithe agus neamhbhlocála de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach a cheanglaítear le forálacha reachtacha náisiúnta, i gcomhréir leis na Conarthaí, nach n-imríonn tionchar cinntitheach ar an mbanc nó ar an institiúid ábhartha, agus cé is moite d'fhoirmeacha de rannpháirteachas caipitiúil príobháideach nach n-imríonn tionchar ar chinntí maidir le bainistiú ó lá go lá an ionstraim airgeadais a fhaigheann tacaíocht ó na Cistí SIE;

— feidhmíonn sé faoi shainordú beartais phoiblí atá tugtha ag údarás ábhartha de chuid Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a dhéanamh, mar chuid dá ghníomhaíochtaí nó mar a ghníomhaíochtaí uile, nó a chuireann le cuspóirí Chistí SIE;

— déanann an banc nó an institiúid, mar chuid dá ghníomhaíocht nó mar a ghníomhaíochtaí uile, gníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche a chuireann le cuspóirí Chistí SIE, a chur i gcrích i réigiúin, i réimsí beartais nó in earnálacha nach mbíonn teacht go hiondúil ar chistiú ó fhoinsí margaidh nó nach mbíonn an maoiniú sin leordhóthanach;

— oibríonn sé gan díriú go príomha ar bhrabúis a uasmhéadú ach áirithíonn sé inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais dá ghníomhaíochtaí;

— áirithíonn sé nach dtugtar leis an dámhachtain dhíreach chonartha dá dtagraítear i bpointe (b) aon tairbhe dhíreach nó indíreach do ghníomhaíochtaí tráchtála trí bhearta iomchuí i gcomhréir leis an dlí is infheidhme;

— tá siad faoi réir maoirseacht ag údarás neamhspleách i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

(c) cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh ar chomhlacht eile arna rialú faoin dlí poiblí nó príobháideach; nó

(d) cúraimí cur chun feidhme a ghlacadh ar láimh go díreach, i gcás ionstraimí airgeadais ar iasachtaí nó ráthaíochtaí amháin atá i gceist iontu. Sa chás sin, measfar gurb é an t-údarás bainistíochta an tairbhí de réir bhrí phointe (10) d'Airteagal 2.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Nuair a chuirtear an ionstraim airgeadais chun feidhme, áiritheoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo go gcomhlíontar an dlí is infheidhme agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 155(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

"5. Maidir leis na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo, féadfaidh siad, nuair a bhíonn cistí de chistí á gcur chun feidhme acu, cuid den chur chun feidhme a chur ar iontaoibh sa bhreis ar idirghabhálaithe airgeadais ar choinníoll go n-áiritheoidh comhlachtaí den sórt sin atá faoina bhfreagracht go gcomhlíonann na hidirghabhálaithe airgeadais na critéir a leagtar síos in Airteagal 33(1) agus in Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais. Déanfar idirghabhálaithe airgeadais a roghnú bunaithe ar nósanna imeachta oscailte, trédhearcacha, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, trína seachnófar coinbhleacht leasa.

6. Déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, a ndearnadh cúraimí cur chun feidhme a chur ar a n-iontaoibh, cuntais mhuiníneacha a oscailt ina n-ainm nó thar ceann an údaráis bainistíochta, nó cuirfidh siad an ionstraim airgeadais ar bun mar bhloc airgeadais ar leith laistigh d'institiúid. Sa chás ina bhfuil sé mar bhloc airgeadais ar leith, déanfar idirdhealú cuntasaíochta idir acmhainní cláir a infheistítear san ionstraim airgeadais agus na hacmhainní eile atá ar fáil san institiúid. Déanfar na sócmhainní atá á sealbhú sna cuntais mhuiníneacha agus i mbloic airgeadais ar leith den sórt sin a bhainistiú i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, de réir rialacha stuamachta iomchuí agus beidh leachtacht iomchuí acu."

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití den chéad fhomhír de mhír 7:

"7. I gcás ina gcuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme faoi phointe (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír (4), faoi réir struchtúr chur chun feidhme na hionstraime airgeadais, déanfar na téarmaí agus coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí ó chláir le hionstraimí airgeadais a leagan amach sna comhaontuithe cistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinn IV ar na leibhéil seo a leanas:";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Maidir le hionstraimí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointe (d) den chéad fhomhír de mhír 4, déanfar na téarmaí agus coinníollacha maidir le ranníocaíochtaí cláir leis na hionstraimí airgeadais a leagan amach i ndoiciméad straitéise i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a bheidh le scrúdú ag an gcoiste faireacháin."

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis na socruithe mionsonraithe i leith aistriú agus bhainistiú na rannchuidithe cláir arna mbainistiú ag na comhlachtaí dá dtagraítear sa chéad fomhír de mhír 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 39a(5). Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).";

(12) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír de mhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"2. Féadfaidh Ballstáit leas a bhaint as CFRE agus CETFT le linn na tréimhse incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 65(2) den Rialachán seo chun rannchuidiú airgeadais a sholáthar d'ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1) den Rialachán seo, atá á gcur chun feidhme go hindíreach ag an gCoimisiún le BEI de bhun phointe (c)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais agus Airteagal 208(4) den Rialachán Airgeadais, i ndáil leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:";

(b) sa chéad fhomhír de mhír 4:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) de mhaolú ar Airteagal 37(2), beidh sé bunaithe ar mheasúnú *ex-ante* ar leibhéal an Aontais arna dhéanamh ag BEI agus ag an gCoimisiún nó, má tá fáil ar na sonraí is déanaí, ar mheasúnú *ex ante* ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach.

Ar bhonn na bhfoinsí sonraí atá ar fáil maidir leis an maoiniú fiachais bainc agus FBManna, cuimseoidh an measúnú *ex ante*, *inter alia*, anailís ar riachtanais mhaoinithe FBManna ar leibhéal an Aontais, coinníollacha agus riachtanais FBManna chomh maith le léiriú den bhearna mhaoinithe FBM, próifíl den staid eacnamaíoch agus airgeadais in earnáil FBM ar an leibhéal ábhartha, mais chriticiúil íosta de na ranníocaíochtaí comhiomlána, raon de thoirt mheasta na n-iasachtaí iomlána arna nginiúint ag ranníocaíochtaí den sórt sin, agus an breisluach;"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) déanfaidh gach Ballstát rannpháirteach é a sholáthar mar chuid d'ais tosaíochta ar leithligh laistigh de chlár i gcás ranníocaíocht CFRE, nó clár tiomnaithe náisiúnta aonair in aghaidh gach ranníocaíocht airgeadais ag CFRE agus ag CETFT a thacaíonn leis an gcuspóir téamach a leagtar amach i bpointe (3) den chéad mhír d'Airteagal 9;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 7 agus 8:

"7. De mhaolú ar Airteagal 41(1) agus (2) a mhéid a bhaineann leis na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, déanfar iarratas ar íocaíocht an Bhallstáit ar an gCoimisiún ar bhonn 100 % de na méideanna atá le híoc ag an mBallstát leis an BIE i gcomhréir leis an sceideal atá sainithe sa chomhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4 den Airteagal seo. Beidh na hiarratais sin ar íocaíocht bunaithe ar na méideanna atá iarrtha ag an BIE agus a mheastar a bheith riachtanach chun ceangaltais faoi chomhaontuithe ráthaíochtaí a chlúdach nó idirbhearta urrúsúcháin atá le tabhairt chun críche laistigh de na 3 mhí ina dhiaidh sin a chlúdach. Íocaíochtaí ó Bhallstáit chuig an BIE, déanfar iad gan mhoill agus in aon chás sula rachaidh an BIE i mbun ceangaltas.

8. Ag tráth dúnta an chláir, is é a bheidh sa chaiteachas incháilithe amhail dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 42(1), ná méid iomlán na ranníocaíochtaí cláir a íoctar leis an ionstraim airgeadais, a chomhfhreagraíonn dóibh seo a leanas:

(a) le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo, na hacmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 42(1);

(b) le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo, an méid comhiomlán den mhaoiniú fiachais nua a thig ó idirbhearta urrúsúcháin, arna íoc le nó chun sochair FBManna incháilithe laistigh den tréimhse incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 65(2).";

(13) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 39a*

**Ranníocaíochtaí Chistí SIE le hionstraimí airgeadais lena ndéantar teaglaim de ranníocaíocht den sórt sin le táirgí airgeadais BEI faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseach**

1. Chun infheistíocht bhreise a mhealladh ón earnáil phríobháideach féadfaidh na húdaráis bhainistíochta Cistí SIE a úsáid chun ranníocaíocht a dhéanamh le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 38(1) ar choinníoll go gcuireann sé, *inter alia*, le cuspóirí Chistí SIE a bhaint amach agus le straitéis an Aontais le haghaidh fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach.

2. Ní rachaidh an ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 thar 25 % den tacaíocht iomlán a sholáthrófar d'fhaighteoirí deiridh. Sna réigiúin thearcfhorbartha dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 120(3), féadfaidh an ranníocaíocht airgeadais dul thar 25 % i gcás ina mbeidh údar cuí leis i ngeall ar na measúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 37(2) nó i mír 3 den Airteagal seo, ach ní rachaidh sé thar 40 %. Is éard a bheidh sa tacaíocht iomlán dá dtagraítear sa mhír seo méid iomlán na n-iasachtaí nua agus na n-iasachtaí ráthaithe, chomh maith leis na hinfheistíochtaí cothromais agus cuasachothromais, a sholáthrófar d'fhaighteoirí deiridh. Ní chuirfear san áireamh na hiasachtaí ráthaithe dá dtagraítear sa mhír seo ach sa mhéid agus go bhfuil acmhainní Chistí SIE geallta do chonarthaí ráthaíochta a ríomhtar ar bhonn measúnaithe riosca *ex-ante* stuama lena gcumhdaítear méid iolrach iasachtaí nua.

3. De mhaolú ar Airteagal 37(2), féadfaidh ranníocaíochtaí de bhun mhír 1 den Airteagal seo a bhunú ar an measúnú ullmhúcháin, lena n-áirítear dícheall cuí, arna dhéanamh ag BEI chun críocha a ranníocaíochta leis an táirge airgeadais faoi CEIS.

4. Beidh an tuairisciú ó na húdaráis bhainistíochta faoi Airteagal 46 den Rialachán seo maidir le hoibríochtaí comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais faoin Airteagal seo bunaithe ar fhaisnéis a choinneoidh BEI chun críocha a thuairiscithe de bhun Airteagal 16(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2015/1017, arna comhlánú leis an bhfaisnéis bhreise a cheanglaítear faoi Airteagal 46(2) den Rialachán seo. Leis na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo, cumasófar coinníollacha aonfhoirmeacha tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 46(3) den Rialachán seo.

5. Agus é ag déanamh ranníocaíocht le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 38(1), féadfaidh an t-údarás bainistíochta ceann ar bith de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) infheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal eintitis dhlíthiúil atá ann cheana nó i gcaipiteal eintitis dhlíthiúil nuachruthaithe atá tiomnaithe d'infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh atá comhsheasmhach le cuspóirí Chistí SIE faoi seach a chur chun feidhme, agus a ghlacfaidh cúraimí cur chun feidhme ar láimh;

(b) cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh i gcomhréir le pointí (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4).

Maidir leis an gcomhlacht a ndearnadh cúraimí cur chun feidhme amhail dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a chur ar iontaoibh air, osclóidh sé cuntas muiníneach ina ainm nó thar ceann an údaráis bainistíochta nó a chuirfidh ar bun bloc airgeadais ar leith laistigh den institiúid le haghaidh ranníocaíochta cláir. Sa chás ina bhfuil sé mar bhloc airgeadais ar leith, déanfar idirdhealú cuntasaíochta idir acmhainní cláir a infheistítear san ionstraim airgeadais agus na hacmhainní eile atá ar fáil san institiúid. Déanfar na sócmhainní atá á sealbhú sna cuntais mhuiníneacha agus i mbloic airgeadais ar leith den sórt sin a bhainistiú i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, de réir rialacha stuamachta iomchuí agus beidh leachtacht iomchuí acu.

Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh ionstraim airgeadais a bheith i bhfoirm ardáin infheistíochta, nó a bheith mar chuid de, i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2015/1017, ar choinníoll go mbeidh an t-ardán infheistíochta i bhfoirm aonáin shainchuspóirigh nó cuntais bhainistithe.

6. Nuair a chuirtear an ionstraim airgeadais chun feidhme faoi phointe (c) d'Airteagal 38(1) den Rialachán seo, áiritheoidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo go gcomhlíontar an dlí is infheidhme agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 155(2) agus (3) den Rialachán Airgeadais.

7. Faoin 3 Samhain 2018, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 149 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha sonracha breise a leagan síos maidir le ról, dliteanais agus freagracht na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, maidir le critéir ghaolmhara roghnúcháin agus maidir le táirgí a d'fhéadfaí a sheachadadh trí bhíthin ionstraimí airgeadais i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 38(1).

8. Maidir leis na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, féadfaidh siad, nuair a bhíonn cistí de chistí á gcur chun feidhme acu, cuid den chur chun feidhme a chur ar iontaoibh sa bhreis ar idirghabhálaithe airgeadais ar choinníoll go n-áiritheoidh na comhlachtaí sin atá faoina bhfreagracht go gcomhlíonann na hidirghabhálaithe airgeadais na critéir a leagtar síos in Airteagal 33(1) agus in Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais. Déanfar idirghabhálaithe airgeadais a roghnú bunaithe ar nósanna imeachta oscailte, trédhearcacha, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, trína seachnófar coinbhleacht leasa.

9. Sa chás go ndéanann údaráis bhainistíochta ranníocaíocht ó acmhainní cláir Chistí SIE, chun críocha na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear faoi phointe (c) d'Airteagal 38(1), a chur chun feidhme, le hionstraim atá ann cheana, a bhfuil an bainisteoir cistí roghnaithe cheana ag BEI, cuirfidh institiúid idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir, nó banc nó institiúid ar úinéireacht phoiblí a bunaíodh mar eintiteas dlíthiúil a dhéanann gníomhaíochtaí airgeadais ar bhonn gairmiúil agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4)(b)(iii), cuirfidh siad cúraimí cur chun feidhme ar iontaoibh ar an mbainisteoir cistí sin trí chonradh a dhámhachtain go díreach.

10. De mhaolú ar Airteagal 41(1) agus (2), maidir le ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais faoi mhír 9 den Airteagal seo, déanfar na hiarratais ar íocaíocht eatramhach a chéimniú i gcomhréir leis an sceideal íocaíochta a leagtar amach sa chomhaontú cistiúcháin. Beidh an sceideal íocaíochta dá dtagraítear sa chéad abairt den mhír seo ag teacht leis an sceideal íocaíochta atá aontaithe d'infheisteoirí eile san ionstraim airgeadais céanna.

11. Leagfar síos na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh ranníocaíochtaí de bhun phointe (c) d'Airteagal 38(1) i gcomhaontuithe cistiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinn IV ar na leibhéil seo a leanas:

(a) i gcás inarb infheidhme, idir na hionadaithe atá sainordaithe go cuí de chuid an údaráis bainistíochta agus an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme;

(b) idir na hionadaithe atá sainordaithe go cuí de chuid an údaráis bainistíochta, nó i gcás inarb infheidhme, an comhlacht a chuireann an ciste de chistí chun feidhme, agus an comhlacht a chuireann an ionstraim airgeadais chun feidhme.

12. Maidir le ranníocaíochtaí de bhun mhír 1 den Airteagal seo le hardáin infheistíochtaí a fhaigheann ranníocaíochtaí ó ionstraimí a chuirtear ar bun ar leibhéal an Aontais, áiritheofar comhsheasmhacht le rialacha maidir le státchabhair i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais.

13. I gcás ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 38(1), atá i bhfoirm ionstraime ráthaíochta, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh go gcuireann Cistí SIE, de réir mar is iomchuí, le tráinsí difriúla na bpunann iasachtaí a chumhdaítear freisin faoi ráthaíocht ó AE de bhun Rialachán (AE) 2015/1017.

14. I gcás CFRE, CSE, an Ciste Comhtháthaithe agus CEMI, féadfar tosaíocht ar leithligh a shocrú agus i gcás CETFT, féadfar oibríocht de chineál ar leithligh a shocrú lena mbaineann ráta cómhaoinithe suas le 100 % laistigh de chlár chun tacú le hoibríochtaí trí bhíthin ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 38(1).

15. In ainneoin Airteagal 70 agus Airteagal 93(1), féadfar ranníocaíochtaí de bhun mhír 1 den Airteagal seo a úsáid chun maoiniú nua fiachais agus cothromais a chruthú i gcríoch uile an Bhallstáit gan aird ar na catagóirí réigiúin, mura bhforáiltear a mhalairt sa chomhaontú cistiúcháin.

16. Faoin 31 Nollaig 2019, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.";

(14) leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

"1. Ní dhéanfaidh na húdaráis a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 124 den Rialachán seo agus le hAirteagal 65 de Rialachán CETFT fíoruithe ar an láthair ar leibhéal BEI nó ar leibhéal institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir ar ionstraimí airgeadais atá curtha chun feidhme acu.

Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 125(5) den Rialachán seo agus seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 59(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, déanfaidh na húdaráis ainmnithe fíoruithe ar leibhéal comhlachtaí eile a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme i ndlínse Bhallstáit na gcomhlachtaí féin faoi seach.

Cuirfidh BEI agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir tuarascáil ar rialú ar fáil do na húdaráis ainmnithe le gach iarratas ar íocaíocht. Ina theannta sin, soláthróidh siad don Choimisiún agus do na húdaráis ainmnithe tuarascáil bhliantúil iniúchóireachta, tuarascáil a chuirfidh a n-iniúchóirí seachtracha i dtoll a chéile. Tá na hoibleagáidí tuairiscithe sin gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe, lena n-áirítear i leith feidhmíocht na n-ionstraimí airgeadais, mar a leagtar amach in Airteagal 46(1) agus (2) den Rialachán seo iad.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an múnla do na tuarascálacha ar rialú agus na tuarascálacha bliantúla iniúchóireachta dá dtagraítear sa tríú fomhír — den mhír seo.

Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 150(2).

2. Gan dochar d'Airteagal 127 den Rialachán seo agus d'Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní dhéanfaidh na comhlachtaí atá freagrach as na cláir a iniúchadh iniúchtaí ar ionstraimí airgeadais atá curtha chun feidhme acu, bíodh na hiniúchtaí sin ar leibhéal BEI nó ar leibhéal institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir.

Maidir leis na comhlachtaí atá freagrach as na cláir a iniúchadh, déanfaidh siad iniúchtaí ar oibríochtaí agus ar chórais bhainistíochta agus rialaithe ar leibhéal na gcomhlachtaí eile a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme ina mBallstáit féin faoi seach agus ar leibhéal an fhaighteora dheiridh ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 3.

Féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí a dhéanamh ar leibhéal na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 má mheasann sé gur gá é sin a dhéanamh chun urrús réasúnach a fháil i bhfianaise na rioscaí a aithneofar.

2a. Maidir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 38(1)(a) agus in Airteagal 39 a bunaíodh le comhaontú cistiúcháin arna shíniú roimh 2 Lúnasas 2018, beidh feidhm ag rialacha a leagtar amach san Airteagal seo tráth sínithe an chomhaontaithe cistiúcháin, de mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2 den Airteagal seo."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Faoi 3 Samhain 2018, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 149 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha sonracha breise a leagan síos maidir le bainistiú agus rialú ionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 38(1), na cineáil rialuithe a dhéanfaidh na húdaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta, na socruithe chun doiciméid tacaíochta a choimeád agus na gnéithe a bheidh le fianaisiú ag doiciméid tacaíochta.";

(c) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

"5a. De mhaolú ar Airteagal 143(4) den Rialachán seo agus ar an dara mír d'Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, in oibríochtaí comhdhéanta d'ionstraimí airgeadais, féadfar ranníocaíocht a chealófar i gcomhréir le hAirteagal 143(2) den Rialachán seo nó i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, mar thoradh ar neamhrialtacht aonair, a athúsáid laistigh den oibríocht chéanna faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) más ar leibhéal an fhaighteora dheiridh a thugtar faoi deara an neamhrialtacht is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a chealófar a athúsáid ach d'fhaighteoirí deiridh eile laistigh den ionstraim airgeadais chéanna;

(b) más ar leibhéal an idirghabhálaí airgeadais laistigh de chiste de chistí a thugtar faoi deara an neamhrialtacht is cúis le cealú na ranníocaíochta, ní fhéadfar an ranníocaíocht a chealófar a athúsáid ach d'idirghabhálaithe airgeadais eile.

Más ar leibhéal an chomhlachta a chuireann an ciste de chistí chun feidhme a thugtar faoi deara an neamhrialtacht is cúis le cealú na ranníocaíochta, nó ar leibhéal an chomhlachta a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme nuair a chuirtear an ionstraim airgeadais chun feidhme trí struchtúr gan chiste de chistí, ní fhéadfar an ranníocaíocht a chealófar a athúsáid laistigh den ionstraim airgeadais chéanna.

I gcás ina ndéantar ceartú airgeadais i gcás neamhrialtachta sistéamaí, ní fhéadfar an ranníocaíocht a chealófar a athúsáid le haghaidh oibríocht ar bith a ndéanfaidh an neamhrialtacht shistéamach difear di.";

(15) leasaítear Airteagal 41 mar seo a lenas:

(a) sa chéad fhomhír de mhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"1. Maidir le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 38(1) agus maidir le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1) arna gcur chun feidhme i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4), déanfar iarratais chéimneacha ar íocaíocht eatramhacha maidir le ranníocaíochtaí cláir a íoctar leis an ionstraim airgeadais le linn na tréimhse incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 65(2) ('an tréimhse incháilitheachta') i gcomhréir leis na coinníollacha seo a leanas:";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(1) arna gcur chun feidhme i gcomhréir le pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4), áireofar sna hiarratais ar íocaíochtaí eatramhacha, agus ar íocaíocht an iarmhéid deiridh méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an t-údarás bainistithe d'infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh amhail dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 42(1).";

(16) leasaítear Airteagal 42 mar seo a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fomhíre:

"3. I gcás ionstraimí bunaithe ar chothromas atá dírithe ar fhiontair dá dtagraítear in Airteagal 37(4) ar síníodh an comhaontú cistiúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 38(7) ina leith roimh an 31 Nollaig 2018, arb ionstraimí iad a d'infheistigh, ag deireadh na tréimhse cáilitheachta, 55 % ar a laghad de na hacmhainní cláir a gealladh sa chomhaontú cistiúcháin ábhartha, féadfar méid teoranta de na híocaíochtaí le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh atá le déanamh ar feadh tréimhse nach faide ná 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta a mheas mar chaiteachas incháilithe, nuair a íoctar isteach iad i gcuntas eascró a bunaíodh go sonrach chun na críche sin, ar choinníoll go gcloífear le rialacha maidir le státchabhair agus go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir a leagtar amach thíos.";

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"5. I gcás ina ndéanann an comhlacht a bhfuil an ciste de chistí á chur chun feidhme aige nó na comhlachtaí a bhfuil ionstraimí airgeadais á gcur chun feidhme acu de bhun phointe (c) d'Airteagal 38(1) agus de bhun phointe (a), phointe (b) agus phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4), na costais bhainistíochta agus na táillí bainistíochta amhail dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír den Airteagal seo a mhuirearú, ní rachaidh siad thar na tairseacha a shainítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo. De bhrí gur míreanna costais, idir dhíreach agus indíreach, a dhéantar a chúiteamh ach fianaise chaiteachais a chur ar fáil a bheidh sna costais bhainistíochta, is é a bheidh i gceist le táillí bainistíochta ná praghas comhaontaithe ar sheirbhísí a thugtar a bheidh bunaithe trí bhíthin nós imeachta iomaíoch de chuid an mhargaidh, i gcás inarb infheidhme. Beidh costais bhainistíochta agus táillí bainistíochta bunaithe ar mhodheolaíocht ríofa bunaithe ar fheidhmíocht.";

(17) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

"*Airteagal 43a*

**Cóir dhifreáilte infheisteoirí**

1. Maidir le tacaíocht ó Chistí SIE le hionstraimí airgeadais a infheistítear i bhfaighteoirí deiridh, agus gnóthachain agus tuillimh nó torthaí eile, amhail ús, táillí ráthaíochta, díbhinní, gnóthachain chaipitiúla nó fáltais ioncaim ar bith eile arna nginiúint ag infheistíochtaí agus atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE, féadfar iad a úsáid le haghaidh cóir dhifreáilte a dhéanamh ar infheisteoirí a oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair, mar aon le BEI nuair a bheidh úsáid á baint as ráthaíocht an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2015/1017. Beidh bonn cirt cuí leis an gcóir dhifreáilte i ngeall ar an ngá le hacmhainní contrapháirte príobháideacha a mhealladh agus cistiú poiblí a ghiaráil.

2. Áireofar ar na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagail 37(2) agus 39a(3), de réir mar is iomchuí, measúnú ar an ngá atá le cóir dhifreáilte amhail dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus a mhéid di, agus/nó tuairisc ar na sásraí a úsáidfear chun an gá atá leis an gcóir dhifreáilte sin, agus a mhéid di, bhunú.

3. Ní rachaidh an chóir dhifreáilte thar a bhfuil riachtanach chun dreasachtaí a chruthú chun acmhainní contrapháirte príobháideacha a mhealladh. Ní dhéanfaidh sé róchúiteamh d'infheisteoirí a oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair, nó do BEI nuair a bheidh úsáid á baint as ráthaíocht an Aontais de bhun Rialachán (AE) 2015/1017. Déanfar ailíniú an úis a áirithiú trí roinnt iomchuí riosca agus brabúis.

4. Beidh an chóir dhifreáilte a dhéantar ar infheisteoirí a oibríonn faoi phrionsabal mhargadh an gheilleagair, gan dochar do rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.";

(18) in Airteagal 44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Gan dochar d'Airteagal 43a, acmhainní a aisíoctar leis na hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí nó ó scaoileadh acmhainní a bhí geallta do chonarthaí ráthaíochta, lena n-áirítear aisíocaíochtaí caipitil agus gnóthachain chaipitiúla agus tuillimh nó torthaí eile, amhail ús, táillí ráthaíochta, díbhinní, gnóthachain chaipitiúla nó fáltais ioncaim ar bith eile arna nginiúint ag infheistíochtaí, atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE, déanfar iad a athúsáid chun na gcríoch seo a leanas, suas go dtí na méideanna is gá agus san ord atá comhaontaithe sna comhaontuithe cistiúcháin ábhartha:

(a) infheistíochtaí breise trí bhíthin na n-ionstraimí airgeadais céanna nó ionstraimí airgeadais eile, i gcomhréir leis na sainchuspóirí a leagtar amach faoi thosaíocht;

(b) i gcás inarb infheidhme, chun na caillteanais de bharr ús diúltach sa mhéid ainmniúil den ranníocaíocht ó Chistí SIE leis an ionstraim airgeadais a chumhdach, má tharlaíonn na caillteanais sin in ainneoin bainistiú gníomhach cistí na gcomhlachtaí a chuireann na hionstraimí airgeadais chun feidhme.

(c) i gcás inarb infheidhme, na costais bhainistíochta a tabhaíodh a aisíoc agus táillí bainistíochta na hionstraime airgeadais a íoc."

(19) in Airteagal 46(2), leasaítear an chéad fhomhír mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) sainaithint na gcomhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme agus na gcomhlachtaí a chuireann cistí de chistí chun feidhme i gcás inarb infheidhme, amhail dá dtagraítear faoi phointe (a), faoi phointe (b) agus faoi phointe (c) d'Airteagal 38(1);";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g) agus phointe (h):

"(g) ús agus gnóthachain eile arna nginiúint le tacaíocht ó Chistí SIE don ionstraim airgeadais, agus acmhainní cláir a íocadh ar ais leis na hionstraimí airgeadais ó infheistíochtaí amhail dá dtagraítear in Airteagal 43 agus in Airteagal 44 agus méideanna a úsáideadh le haghaidh cóir dhifreáilte amhail dá dtagraítear in Airteagal 43a;

(h) an dul chun cinn maidir leis an éifeacht luamhánaithe dhóchúil a bhaint amach mar gheall ar infheistíochtaí a dhéantar faoin ionstraim airgeadais;";

(20) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 4

"4. Féadfaidh an coiste faireacháin barúlacha a dhéanamh agus iad a chur chuig an údarás bainistíochta maidir le cur chun feidhme an chláir agus maidir leis an meastóireacht a rinneadh air, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú. Féadfaidh sé barúlacha a dhéanamh maidir le hinfheictheacht na tacaíochta ó Chistí SIE agus maidir le feasacht a spreagadh ar thorthaí na tacaíochta sin. Déanfaidh sé ar ghníomhaíochtaí arna nglacadh de thoradh a chuid barúlacha.";

(21) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad mhír 1:

"1. Eagrófar cruinniú athbhreithnithe bliantúil gach bliain ó 2016 go dtí 2023, an bhliain sin san áireamh, idir an Coimisiún agus gach Ballstát ar leith chun feidhmíocht gach cláir a scrúdú, agus cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme agus barúlacha Choimisiúin san áireamh, i gcás inarb infheidhme. Déanfar athbhreithniú ag an gcruinniú sin ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise an chláir, go háirithe ar thorthaí agus ar éifeachtacht na mbeart a glacadh chun an pobal a chur ar an eolas maidir leis na torthaí agus maidir le breisluach na tacaíochta ó Chistí SIE.";

(22) in Airteagal 56, scriostar mír 5;

(23) in Airteagal 57, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beidh feidhm freisin ag forálacha faoi mhír 1 agus mír 2 den Airteagal seo maidir leis na ranníocaíochtaí ó CFRE nó ó CETFT leis na cláir thiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4).";

(24) leasaítear Airteagal 58(1)mar seo a leanas:

(a) sa dara fomhír, cuirtear "Airteagal 154 den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 60 den Rialachán Airgeadais";

(b) sa tríú fomhír, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (f):

"(f) gníomhaíochtaí chun faisnéis a scaipeadh, tacú le líonrú, gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéanamh go háirithe maidir leis na torthaí agus maidir le breisluach na tacaíochta ó Chistí SIE, feasacht a spreagadh agus comhar agus malartú taithí a chur chun cinn, lena n-áirítear le tríú tíortha;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an ceathrú fomhír:

"Tiomnóidh an Coimisiún ar a laghad 15 % de na hacmhainní dá dtagraítear san Airteagal seo chun go mbainfidh tuilleadh éifeachtúlachta leis an gcumarsáid a dhéantar leis an bpobal agus chun treisiú leis na sineirgí idir gníomhaíochtaí cumarsáide a dhéantar ar thionscnamh an Choimisiúin, tríd an mbonn feasachta maidir le torthaí a leathadh, go háirithe trí shonraí a bhailiú agus a scaipeadh ar bhealach níos éifeachtaí, trí mheastóireachtaí agus trí thuairisciú, agus go háirithe trí bhéim a leagan ar an méid a chuireann Cistí SIE feabhas ar shaol na ndaoine, agus infheictheacht na tacaíochta ó Chistí SIE a mhéadú chomh maith leis an bhfeasacht ar thorthaí agus ar bhreisluach na tacaíochta sin a mhéadú. I gcás inarb iomchuí, leanfar tar éis dhúnadh na gclár de bhearta faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta maidir le torthaí agus breisluach na tacaíochta ó Chistí SIE, lena ndíreofar go speisialta ar oibríochtaí. Rannchuideodh bearta den sórt sin le cumarsáid chorparáideach i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.";

(d) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"Ag brath ar an aidhm atá leo, is féidir na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo a mhaoiniú mar chaiteachas oibríochtúil nó mar chaiteachas riaracháin.";

(25) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"1a. Féadfaidh gach Ciste SIE oibríochtaí cúnaimh theicniúil atá incháilithe faoi cheann ar bith de Chistí SIE eile a mhaoiniú.";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"3. Gan dochar do mhír 2, féadfaidh Ballstáit gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme trí chonradh a dhámhachtain go díreach do:

(a) BEI;

(b) institiúid idirnáisiúnta airgeadais ina bhfuil Ballstát ina scairshealbhóir;

(c) banc nó institiúid ar úinéireacht phoiblí, dá dtagraítear i bpointe (b) (iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4).";

(26) leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fomhíre:

"1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí a ghineann glanioncam tar éis a gcur i gcrích. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "glanioncam" insreabhadh airgid isteach, a íocann úsáideoirí go díreach, ar earraí nó seirbhísí arna soláthar ag an oibríocht, amhail muirir a sheasann úsáideoirí go díreach as úsáid an bhonneagair, díol nó cíos talún nó foirgneamh, nó íocaíochtaí as seirbhísí lúide aon chostais oibríochta agus aon chostais a bhaineann le trealamh gearrshaoil a athsholáthar agus a thabhaítear le linn na tréimhse atá i gceist. Maidir le coigilteas a bhaineann le costais oibríochta arna nginiúint ag an oibríocht, cé is moite de choigilteas a eascraíonn as bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme, déileálfar leis mar ghlanioncam mura rud é go bhfuil sé cúitithe ag laghdú comhionann i bhfóirdheontais oibríochta.";

(b) sa chéad fhomhír de mhír 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"(aa) céatadán den ghlanioncam ar ráta comhréidh atá socraithe ag Ballstát i gcomhair earnáil nó fo-earnáil nach gcumhdaítear i bpointe (a) a chur i bhfeidhm. Sula gcuirfear an ráta comhréidh i bhfeidhm, fíoróidh an t-údarás iniúchóireachta gur socraíodh an ráta comhréidh de réir modh ríofa atá cóir, cothrom agus infhíoraithe bunaithe ar shonraí stairiúla nó ar chritéir oibiachtúla;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Mar rogha ar chur i bhfeidhm na modhanna a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo, féadfar, ar iarraidh ó Bhallstát, an t-uasráta cómhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 60(1) a laghdú i gcomhair tosaíochta nó birt faoina bhféadfadh gach oibríocht a bheidh le tacaíocht a fháil ráta comhréidh aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 3 den Airteagal seo. Mar rogha ar chur i bhfeidhm na modhanna a leagtar síos i mír 3, féadfar, ar iarraidh ó Bhallstát, an t-uasráta cómhaoinithe dá dtagraítear in Airteagal 60(1) a laghdú an tráth a nglactar clár i gcomhair tosaíochta nó birt faoina bhféadfadh gach oibríocht a bheidh le tacaíocht a fháil faoin tosaíocht sin ráta comhréidh aonfhoirmeach dá dtagraítear sa phointe sin a chur i bhfeidhm.";

(d) sa chéad fhomhír de mhír 7, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (h):

“(h) oibríochtaí dá ndéantar méideanna nó rátaí tacaíochta a shainiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CETFT nó i Rialachán maidir le Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

“8. Ina theannta sin, ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 6 maidir leis na hoibríochtaí arb é atá sa tacaíocht a fhaigheann siad faoin gclár Státchabhair.”;

(27) leasaítear Airteagal 65 mar a leanas:

(a) leasaítear an tríú fomhír de mhír 8 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

“(h) oibríochtaí dá ndéantar méideanna nó rátaí tacaíochta a shainiú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CETFT nó i Rialachán CEMI cé is moite de na hoibríochtaí sin dá ndéantar tagairt don mhír seo i Rialachán CEMI; nó”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) oibríochtaí nach bhfuil an costas incháilithe iomlán ina leith níos mó ná EUR 100 000.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

“11. Féadfaidh oibríocht tacaíocht a fháil ó cheann amháin nó níos mó de Chistí SIE nó ó chlár amháin nó níos mó agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach ndearbhaítear le haghaidh tacaíocht ó Chiste eile nó ó ionstraim eile de chuid an Aontais i leith caiteachas arna dhearbhú in iarratas ar íocaíocht ó cheann de Chistí SIE, ná nach ndearbhaítear le haghaidh tacaíocht ón gCiste céanna faoi chlár eile ina leith. Féadfar méid an chaiteachais atá le cur isteach in iarratas ar íocaíocht de chuid an Chiste SIE a ríomh le haghaidh gach Ciste SIE agus le haghaidh an chláir nó na gclár lena mbaineann ar bhonn pro rata i gcomhréir leis an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.”;

(28) leasaítear Airteagal 67 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

“(c) cnapshuimeanna;”

(ii) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(e) maoiniú nach bhfuil baint aige le costais na n-oibríochtaí ábhartha ach atá bunaithe ar chomhlíonadh coinníollacha atá nasctha leis an dul chun cinn ar chur chun feidhme nó ar bhaint amach chuspóirí na gclár mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le mír 5a.”

(iii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

“Maidir leis an bhfoirm maoinithe dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír, fíorófar san iniúchadh gur comhlíonadh na coinníollacha aisíocaíochta agus is air sin amháin a dhíreofar leis an iniúchadh.”;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

“2a. I gcás oibríochta nó tionscadail nach gcumhdaítear faoin gcéad abairt i mír 4 agus a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ó SIE, maidir le deontais agus cúnamh in-aisíoctha nach dtéann an tacaíocht phoiblí thar EUR 100 000, íocfar iad i bhfoirm scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnaipshuimeanna nó rátaí comhréidhe, cé is moite d'oibríochtaí a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi chuimsiú Stáitcabhrach nach ionann í agus cúnamh de minimis.

I gcás ina n-úsáidfear maoiniú ar ráta comhréidh, féadfar na catagóirí costais, ar a gcuirtear an ráta comhréidh i bhfeidhm, a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1.

I gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CETFT, CFRE nó ó CSE, nuair a úsáidtear an ráta comhréidh dá dtagraítearin Airteagal 68b(1), féadfar na liúntais agus na tuarastail a íoctar le rannpháirtithe a aisíoc i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhírde mhír 1 den Airteagal seo.

Beidh an mhír seo faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 152(7).”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. I gcás ina gcuirtear oibríocht nó tionscadal atá ina chuid d'oibríocht chun feidhme go huile agus go hiomlán trí sholáthar poiblí oibreacha, earraí nó seirbhísí, is iad pointe (a) agus pointe (e) den chéad fhomhír de mhír 1, agus na pointí sin amháin, a mbeidh feidhm acu. I gcás ina bhfuil an soláthar laistigh d'oibríocht nó laistigh de thionscadal atá ina chuid d'oibríocht teoranta do chatagóirí áirithe costas, féadfar na roghanna uile dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm don oibríocht uile nó do thionscadal atá ina chuid d'oibríocht.";

(d) leasaítear mír 5 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe bunaithe ar cheann de na nithe seo a leanas:

(i) sonraí staitistiúla, faisnéis oibiachtúil eile nó breithiúnas saineolach;

(ii) sonraí stairiúla fíoraithe faoi thairbhithe aonair;

(iii) gnáthchleachtais chuntasaíochta costála na dtairbhithe aonair a chur i bhfeidhm;";

(ii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(aa) dréachtbhuiséad a shocraítear ar bhonn gach cás ar leith agus a comhaontaíonn an t-údarás bainistíochta *ex-ante*, nó i gcás CETFT an t-údarás atá freagrach as roghnú na n-oibríochtaí, i gcás nach dtéann an tacaíocht phoiblí thar EUR 100 000;";

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"5a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 lena bhforlíontar an Rialachán seo maidir leis na scálaí caighdeánacha costas aonaid nó ar an maoiniú ar ráta comhréidh dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ar na modhanna dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5 den Airteagal seo agus ar an gcineál tacaíochta dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo a shainmhíniú, trí mhódúlachtaí mionsonraithe a shonrú maidir leis na coinníollacha maoinithe agus a gcur i bhfeidhm.";

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 68:

"*Airteagal 68*

**Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costas indíreach a bhaineann le deontais agus cúnamh in-aisíoctha**

I gcás ina n-eascraíonn costais indíreacha as cur chun feidhme oibríochta, féadfar iad a ríomh ag ráta comhréidh ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) ráta comhréidh suas le 25 % de na costais dhíreacha incháilithe, ar choinníoll go ndéantar an ráta a ríomh ar bhonn modha ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe nó ar bhonn modha arna chur i bhfeidhm faoi scéimeanna i gcomhair deontas arna gcistiú go hiomlán ag an mBallstát le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna;

(b) ráta comhréidh de suas le 15 % de na costais foirne dhíreacha incháilithe gan ceanglas a bheith ar an mBallstát ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh;

(c) ráta comhréidh a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na costais dhíreacha incháilithe bunaithe ar mhodhanna reatha agus ar rátaí comhfhreagracha, agus is infheidhme i mbeartais de chuid an Aontais le haghaidh oibríochta agus tairbhí den chineál céanna.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 149 chun na forálacha a fhorlíonadh maidir leis an ráta comhréidh agus na modhanna gaolmhara dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo.";

(30) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

"*Airteagal 68a*

**Costais foirne a bhaineann le deontais agus cúnamh in-aisíoctha**

1. Féadfar costais foirne dhíreacha oibríochta a ríomh mar ráta comhréidh de suas le 20 % de na costais dhíreacha seachas costais foirne na hoibríochta sin. Ní cheanglófar ar na Ballstáit ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a chinneadh ar choinníoll nach n-áirítear ar chostais dhíreacha na hoibríochta conarthaí oibreacha poiblí a bhfuil luach ag baint leo a sháraíonn an tairseach a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE.

2. Chun críocha na costais foirne a chinneadh, féadfar ráta in aghaidh na huaire a ríomh trí na hollchostais bhliantúla fostaíochta dhoiciméadaithe is déanaí a roinnt ar 1 720 uair an chloig i gcás daoine atá ag obair go lánaimseartha, nó ar líon *pro rata* de 1 720 uair an chloig i gcás daoine atá ag obair go páirtaimseartha.

3. Nuair a chuirfear an ráta in aghaidh na huaire a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 i bhfeidhm, ní rachaidh líon iomlán na n-uaireanta a dhearbhaítear in aghaidh an duine in aon bhliain amháin thar líon na n-uaireanta a úsáidtear chun an ráta sin in aghaidh na huaire a ríomh.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh i gcás costais foirne a bhaineann le daoine aonair a oibríonn go páirtaimseartha ar an oibríocht sin.

4. Sa chás nach bhfuil ollchostais bhliantúla fostaíochta ar fáil, féadfar iad a ríomh ó na hollchostais bhliantúla fostaíochta dhoiciméadaithe atá ar fáil nó ón gconradh fostaíochta arna choigeartú mar is cuí do thréimhse 12 mhí.

5. Maidir leis na costais foirne a bhaineann le daoine aonair a oibríonn go páirtaimseartha ar an oibríocht, féadfar na costais foirne a ríomh mar chéatadán seasta de na hollchostais fostaíochta, i gcomhréir le céatadán seasta d'am caite ag obair ar an oibríocht in aghaidh na míosa, gan aon oibleagáid córas ar leith a chur ar bun chun an t-am caite ag obair a chlárú. Eiseoidh an fostóir doiciméad i leith fostaithe ina leagfar amach an céatadán seasta sin.

*Airteagal 68b*

**Maoiniú ar ráta comhréidh le haghaidh costas nach costais foirne iad**

1. Féadfar ráta comhréidh de suas le 40 % de na costais foirne dhíreacha incháilithe a úsáid chun na costais eile incháilithe a bhaineann le hoibríocht a chumhdach gan ceanglas a chur ar an mBallstát ríomh ar bith a dhéanamh chun an ráta is infheidhme a shocrú.

I gcás oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CSE, ó CFRE nó ó CETFT, measfar gur costais bhreise incháilithe iad na tuarastail agus na liúntais a íoctar le rannpháirtithe nach n-áirítear sa ráta comhréidh.

2. Ní chuirfear i bhfeidhm an ráta comhréidh dá dtagraítear i mír 1 maidir le costais foirne a ríomhadh ar bhonn ráta comhréidh.";

(31) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 70:

"*Airteagal 70*

**Incháilitheacht oibríochtaí atá ag brath ar shuíomh**

1. Faoi réir na maoluithe dá dtagraítear i mír 2, agus sna rialacha Ciste-shonracha, beidh oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Chistí SIE lonnaithe i limistéar an chláir.

Maidir le hoibríochtaí a bhaineann le seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh nó do ghnólachtaí agus ar seirbhísí iad a chlúdaíonn críoch iomlán Ballstáit, measfar gur oibríochtaí iad atá lonnaithe i ngach limistéar cláir laistigh de Bhallstát. I gcásanna dá leithéid, déanfar an caiteachas a leithdháileadh ar na limistéir chláir ar bhonn pro rata, bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

Ní bhaineann an dara fomhír den mhír seo leis an gclár náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó leis an gclár sonrach maidir le bunú agus feidhmiú an ghréasáin náisiúnta tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 54(1) den Rialachán sin.

2. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta glacadh leis go bhfuil oibríocht á cur chun feidhme lasmuigh de limistéar an chláir ach laistigh den Aontas, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is chun leasa limistéar an chláir atá an oibríocht;

(b) maidir leis an méid iomlán ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CETFT nó ó CEMI a leithdháiltear faoin gclár ar oibríochtaí atá lonnaithe lasmuigh de limistéar an chláir, ní théann sé thar 15 % den tacaíocht ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CETFT nó ó CEMI ar leibhéal na tosaíochta tráth ghlacadh an chláir;

(c) aontaíonn an coiste faireacháin leis an oibríocht nó leis na cineálacha oibríochtaí lena mbaineann;

(d) tá oibleagáidí na n-údarás i dtaobh an chláir maidir le hobair bhainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta a bhaineann leis an oibríocht comhlíonta ag na húdaráis atá freagrach as an gclár faoina dtugtar tacaíocht don oibríocht sin nó déanann siad comhaontuithe le húdaráis sa limistéar ina bhfuil an oibríocht á cur chun feidhme.

I gcás ina ndéantar oibríochtaí a mhaoinítear ó na Cistí agus ó CEMI a chur chun feidhme lasmuigh de limistéar an chláir i gcomhréir le mír 2 agus a bhfuil tairbhí acu lasmuigh de limistéar an chláir agus laistigh de, leithdháilfear caiteachas den chineál sin ar na limistéir sin ar bhonn pro rata, bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

I gcás ina mbaineann oibríochtaí leis an gcuspóir téamach dá dtagraítear i bpointe (1) den chéad mhír d'Airteagal 9 agus ina gcuirtear chun feidhme iad lasmuigh den Bhallstát ach laistigh den Aontas iad, ní bheidh feidhm ach ag pointe (b) agus ag pointe (d) den chéad fhomír den mhír seo amháin.

3. I gcás oibríochtaí a bhaineann le cúnamh teicniúil nó le faisnéis, le gníomhaíochtaí cumarsáide agus le bearta infheictheachta agus tionscnaimh, agus i gcás oibríochtaí a bhaineann le cuspóir téamach dá dtagraítear i bpointe (1) den chéad mhír d'Airteagal 9, féadfar caiteachas a thabhú lasmuigh den Aontas ar choinníoll go mbeadh gá leis an gcaiteachas chun an oibríocht a chur chun feidhme go sásúil.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 maidir le cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 3 maidir le hoibríochtaí lena dtacaíonn CSE.";

(32) in Airteagal 71, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo maidir le ranníocaíochtaí le hionstraimí airgeadais nó uathu nó maidir le ceannach ar léas faoi phointe (b) d'Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó maidir le hoibríocht ar bith ina ndéantar gníomhaíocht tháirgiúil a scor de bharr féimheacht neamhchalaoiseach.";

(33) leasaítear Airteagal 75 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear "Airteagal 63(5), (6) agus (7) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"2a. Cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas ar fáil d'údarás náisiúnta inniúil:

(a) an dréacht-tuarascáil ar an iniúchóireacht ón iniúchadh nó ón tseiceáil ar an láthair laistigh de 3 mhí ó dheireadh an iniúchta sin nó na seiceála sin.;

(b) an tuarascáil chríochnaitheach ar an iniúchóireacht laistigh de 3 mhí ó fuarthas freagra iomlán ón údarás inniúil náisiúnta ar an dréacht-tuarascáil ar an iniúchóireacht ón iniúchadh nó ón tseiceáil ar an láthair lena mbaineann.

Cuirfear na tuarascálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) den chéad fhomhír ar fáil laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sna pointí sin i gceann amháin, ar a laghad, de theangacha oifigiúla na n-institiúidí de chuid an Aontais.

Ní áireofar ar an teorainn ama a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír an tréimhse a thosaíonn ar an dáta i ndiaidh an dáta ar a seolfaidh an Coimisiún a iarraidh ar fhaisnéis bhreise chuig an mBallstát agus a mhaireann go dtí go bhfreagraíonn an Ballstát don iarraidh sin.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an CETFT.";

(34) sa dara mír d'Airteagal 76, cuirtear "Airteagal 110(1) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 84(2) den Rialachán Airgeadais";

(35) in Airteagal 79, cuirtear "Airteagal 82(2) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 68(3) den Rialachán Airgeadais";

(36) i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 83(1), cuirtear "Airteagal 63(5), (6) agus (7) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais";

(37) in Airteagal 84, cuirtear "Airteagal 63(8) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59(6) den Rialachán Airgeadais";

(38) in Airteagal 98, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Maidir le cuid d'oibríocht a bhfuil na costais ina leith incháilithe do thacaíocht ó Chiste eile ar bhonn na rialacha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an gCiste sin, féadfaidh CFRE agus CSE í a mhaoiniú, ar bhealach comhlántach agus faoi réir teorann 10 % de chistiú ón Aontas maidir le gach ais tosaíochta de chlár oibríochtúil, ar choinníoll go bhfuil costais den sórt sin riachtanach chun an oibríocht a chur chun feidhme go sásúil agus go bhfuil baint dhíreach acu léi.";

(39) leasaítear Airteagal 102 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Féadfar caiteachas a bhaineann le mórthionscadal a áireamh in iarratas ar íocaíocht tar éis chur isteach na haighneachta um fhormheas dá dtagraítear i mír 2. Sa chás nach bhformheasann an Coimisiún an mórthionscadal a roghnóidh an t-údarás bainistíochta, déanfar an dearbhú caiteachais a cheartú dá réir tar éis don Bhallstát an t-iarratas a tharraingt siar nó tar éis chinneadh an Choimisiúin a ghlacadh.";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"7. Sa chás ina dtugann saineolaithe neamhspleácha breithmheas ar an mórthionscadal de bhun mhír 1 den Airteagal seo, féadfar caiteachas a bhaineann leis an mórthionscadal a áireamh in iarratas ar íocaíocht tar éis don údarás bainistíochta a chur in iúl don Choimisiún gur cuireadh isteach an fhaisnéis chuig na saineolaithe neamhspleácha a cheanglaítear faoi Airteagal 101.

Déanfar athbhreithniú neamhspleách ar cháilíocht a sheachadadh laistigh de shé mhí ón bhfaisnéis sin a chur faoi bhráid na saineolaithe neamhspleácha.

Sna cásanna seo a leanas, tarraingeofar siar an caiteachas comhfhreagrach agus leasófar an dearbhú caiteachais dá réir:

(a) sa chás nach dtugtar fógra don Choimisiún maidir leis an athbhreithniú cáilíochta neamhspleách laistigh de thrí mhí ón spriocdháta dá dtagraítear sa dara fomhír;

(b) sa chás go ndéanfadh an Ballstát an fhaisnéis a thíolaic sé a tharraingt siar; nó

(c) sa chás gur toradh diúltach a bheadh ar an mbreithmheas ábhartha.";

(40) in Airteagal 104, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. Beidh EUR 5 000 000 ar a laghad sa chaiteachas poiblí a leithdháiltear ar chomhphlean gníomhaíochta nó 5 % de thacaíocht phoiblí an chláir oibríochtúil nó ceann de na cláir rannchuidithe, cibé acu is lú.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin TFAO ná maidir leis an gcéad chomhphlean gníomhaíochta a chuireann Ballstát isteach faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post ná maidir leis an gcéad chomhphlean gníomhaíochta a chuirtear isteach mar chuid de chlár faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh.";

(41) in Airteagal 105(2), scriostar an dara habairt;

(42) in Airteagal 106, leasaítear an chéad mhír mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

"(1) cur síos ar chuspóirí an chomhphlean gníomhaíochta agus ar an gcaoi a gcuireann sé le cuspóirí an chláir nó leis na moltaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis an tír agus le mór-threoirlínte bheartais eacnamaíocha na mBallstát agus an Aontais faoi Airteagal 121(2) CFAE agus moltaí ábhartha na Comhairle a chuirfidh na Ballstáit san áireamh ina mbeartais fostaíochta faoi Airteagal 148(4) CFAE;";

(b) scriostar pointe (2).

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

"(3) cur síos ar na tionscadail nó ar na cineálacha tionscadal atá beartaithe, mar aon leis na garspriocanna, i gcás inarb ábhartha, agus na spriocanna maidir le haschuir agus torthaí atá nasctha leis na comhtháscairí de réir aise tosaíochta, más ábhartha.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (6), (7) agus (8):

"(6) deimhniú go rannchuideoidh sé leis an gcur chuige maidir le comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná, mar a leagtar amach sa chlár nó sa Chomhaontú Comhpháirtíochta is ábhartha;

(7) deimhniú go rannchuideoidh sé leis an gcur chuige maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, mar a leagtar amach sa chlár nó sa Chomhaontú Comhpháirtíochta is ábhartha;

(8) a fhorálacha cur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) faisnéis maidir leis an gcomhphlean gníomhaíochta a roghnaíonn an t-údarás bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 125(3);

(b) na socruithe chun an comhphlean gníomhaíochta a stiúradh, i gcomhréir le hAirteagal 108;

(c) na socruithe chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhphlean gníomhaíochta, lena n-áirítear socruithe lena ndeimhnítear cáilíocht, bailiú agus stóráil sonraí maidir le garspriocanna, aschuir agus torthaí a bhaint amach;";

(e) leasaítear pointe (9) mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas isteach i ionad phointe (a):

"(a) na costais a bheidh i gceist chun garspriocanna, agus spriocanna aschuir agus spriocanna torthaí a bhaint amach, bunaithe, i gcás scálaí caighdeánacha costas aonaid agus cnapshuimeanna, ar na modhanna a leagtar amach in Airteagal 67(5) den Rialachán seo agus in Airteagal 14 de Rialachán CSE;";

(ii) scriostar pointe (b);

(43) in Airteagal 107, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Sa Chinneadh dá dtagraítear i mír 2, tabharfar le fios tairbhí agus cuspóirí an chomhphlean gníomhaíochta, na garspriocanna, más ábhartha, agus na spriocanna aschuir agus torthaí, na costais a bheidh i gceist leis na garspriocanna, na haschuir agus na spriocanna torthaí sin a bhaint amach, agus an plean maoinithe de réir cláir oibríochtúil agus aise tosaíochta, lena n-áirítear an méid iomlán incháilithe agus méid an chaiteachais phoiblí, tréimhse cur chun feidhme an chomhphlean gníomhaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, cuimsiú geografach agus spriocghrúpaí an chomhphlean gníomhaíochta.";

(44) in Airteagal 108(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. Bunóidh an Ballstát nó an t-údarás bainistíochta coiste stiúrtha le haghaidh an chomhphlean gníomhaíochta, a d'fhéadfadh a bheith ina choiste ar leithligh ó choiste faireacháin na gclár oibríochtúil. Tiocfaidh an coiste stiúrtha le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus déanfaidh sé tuarascáil don údarás bainistíochta. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh an t-údarás bainistíochta an coiste faireacháin ábhartha ar an eolas maidir le torthaí na hoibre a rinne an coiste stiúrtha agus maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an chomhphlean gníomhaíochta i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 110(1) agus le pointe (a) d'Airteagal 125(2).";

(45) in Airteagal 109(1), scriostar an dara habairt.

(46) Leasaítear Airteagal 110 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) cur chun feidhme na straitéise cumarsáide, lena n-áirítear bearta faisnéise agus cumarsáide agus cur chun feidhme beart lena gcuirtear feabhas ar infheictheacht na gCistí;";

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) an mhodheolaíocht agus na critéir a úsáidtear chun oibríochtaí a roghnú, seachas i gcás ina ndéanann grúpaí gníomhaíochta áitiúla iad a fhormheas i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 34(3);";

(47) leasaítear Airteagal 114 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh an t-údarás bainistíochta nó Ballstát plean meastóireachta a tharraingt suas le haghaidh cláir oibríochtúil amháin nó níos mó. Cuirfear an plean meastóireachta faoi bhráid an choiste faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ghlacadh an chláir. I gcás clár tiomnaithe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 39(4) a ghlactar roimh 2 Lúnasa 2018, cuirfear an plean meastóireachta faoi bhráid an choiste faireacháin tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an dáta sin."

(b) scriostar mír 4.

(48) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Chaibidil II de Theideal III de Chuid a Trí:

"Faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht";

(49) leasaítear Airteagal 115 mar a leanas:

(a) cuirtear an teideal a leanas in ionad theideal an Airteagail:

"Faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) ról agus éachtaí an bheartais chomhtháthaithe agus na gCistí a phoibliú do shaoránaigh an Aontais trí bhearta lena gcuirtear feabhas ar an infheictheacht maidir le torthaí agus tionchar na gConarthaí Comhpháirtíochta, na gclár oibríochta agus na n-oibríochtaí.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Leagtar síos in Iarscríbhinn XII rialacha mionsonraithe maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht don phobal agus maidir leis na bearta faisnéise do thairbhithe féideartha agus do thairbhithe.";

(50) in Airteagal 116, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. De mhaolú ar an tríú fomhír de mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an t-údarás bainistíochta an coiste faireacháin atá freagrach nó na coistí faireacháin atá freagrach a chur ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad, faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na straitéise cumarsáide amhail dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 110(1) agus faoina anailís ar thorthaí an churtha chun feidhme agus faoi na gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus faoi na bearta a chur i gcrích lena gcuirfear feabhas ar infheictheacht na gCistí atá beartaithe don bhliain dar gcionn. Tabharfaidh an coiste faireacháin barúil uaidh faoi na gníomhaíochtaí agus na bearta atá beartaithe don bhliain dar gcionn, lena n-áirítear faoi bhealaí ina méadófaí éifeachtacht na ngníomhaíochtaí cumarsáide a dhírítear ar an bpobal.";

(51) in Airteagal 117, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Bunóidh an Coimisiún líonraí an Aontais ina mbeidh na comhaltaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit chun malartú faisnéise maidir le torthaí chur chun feidhme na straitéisí cumarsáide a áirithiú, mar aon leis an taithí a fuarthas agus na bearta faisnéise agus cumarsáide á gcur chun feidhme a roinnt ar a chéile, agus malartú dea-chleachtas agus, i gcás inarb iomchuí, chun pleanáil chomhpháirteach nó comhordú comhpháirteach idir na Ballstáit agus an Coimisiún a chumasú maidir leis na gníomhaíochtaí cumarsáide. Déanfaidh na líonraí plé agus measúnú, uair sa bhliain, ar a laghad, ar éifeachtacht na mbeart faisnéise agus cumarsáide, agus déanfaidh siad moltaí faoin gcaoi a bhféadfaí for-rochtain agus tionchar na ngníomhaíochtaí cumarsáide a fheabhsú agus feasacht a mhéadú maidir leis na torthaí agus maidir leis an mbreisluach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin."

(52) leasaítear Airteagal 119 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"1. Méid na gCistí a leithdháiltear ar chúnamh teicniúil i mBallstát, beidh sé teoranta do 4 % de mhéid iomlán na gCistí a leithdháiltear ar chláir oibríochtúla faoi chuimsiú sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.";

(b) i mír 2, scriostar an chéad abairt;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Maidir leis na Cistí Struchtúracha, i gcás ina n-úsáidtear na leithdháiltí dá dtagraítear i mír 1 chun tacú le hoibríochtaí cúnaimh theicniúil a bhaineann le níos mó ná catagóir amháin réigiúin, féadfar an caiteachas a bhaineann leis na hoibríochtaí a chur chun feidhme faoi ais tosaíochta a thugann le chéile catagóirí éagsúla réigiúin agus a bheith inchurtha ina leith ar bhonn pro rata agus na leithdháiltí faoi seach ar na catagóirí éagsúla réigiúin den chlár oibríochtúil nó an leithdháileadh faoi gach catagóir réigiúin mar sciar de leithdháileadh iomlán don Bhallstát á chur san áireamh.";

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"5a. Déanfar an measúnú ar urramú na gcéatadán tráth ghlacadh na gclár oibríochtúil."

(53) in Airteagal 122(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú fomhír:

"Nuair nach féidir méideanna a ghnóthú, a íocadh go míchuí le tairbhí as oibríocht, agus nach féidir iad a ghnóthú mar thoradh ar locht nó faillí ar thaobh an Bhallstáit, beidh an Ballstát sin freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad an Aontais. Nuair nach féidir méideanna a íocadh go míchuí le tairbhí a ghnóthú agus nach féidir sin mar thoradh ar locht nó faillí ar thaobh Ballstáit, beidh an Ballstát sin freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan méideanna a íocadh go míchuí a ghnóthú murar mó ná EUR 250 an méid atá le gnóthú ón tairbhí, gan ús a áireamh, i ranníocaíocht le hoibríocht ó na Cistí i mbliain chuntasaíochta.";

(54) In Airteagal 123(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

"5. I gcás na gCistí agus i gcás CEMI, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabal na deighilte feidhmeanna, féadfaidh an t-údarás bainistíochta, an t-údarás deimhniúcháin, i gcás inarb infheidhme, agus an t-údarás iniúchóireachta a bheith mar chuid den údarás poiblí nó den chomhlacht céanna."

(55) leasaítear Airteagal 125 mar seo a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) a áirithiú go soláthrófar doiciméad don tairbhí ina leagtar amach na dálaí tacaíochta le haghaidh gach oibríochta, lena n-áirítear na ceanglais shonracha maidir leis na táirgí nó na seirbhísí atá le soláthar faoin oibríocht, an plean maoinithe, an teorainn ama dá bhfeidhmiú, chomh maith leis na ceanglais maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht;";

(b) leasaítear an chéad fhomhír de mhír 4 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) a fhíorú gur seachadadh na seirbhísí agus na táirgí cómhaoinithe, go gcomhlíonann an oibríocht an dlí is infheidhme, an clár oibríochtúil agus na coinníollacha maidir le tacaíocht na hoibríochta agus;

(i) i gcás ina bhfuil costais le haisíoc de bhun phointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1), gur íocadh méid an chaiteachais a dhearbhaigh na tairbhithe maidir leis na costais sin;

(ii) i gcás costas a aisíoctar de bhun phointí (b) go (e) den chéad fhomhír d'Airteagal 67(1), gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le haisíocaíocht caiteachais leis an tairbhí;";

(ii) i bpointe (e), cuirtear “pointe (a) agus pointe (b) d’Airteagal 63(5) agus Airteagal 63(6) agus (7) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “phointe (a) agus do phointe (b) d’Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais”;

(56) i bpointe (b) d’Airteagal 126, cuirtear “pointe (a) d’Airteagal 63(5) agus Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “phointe (a) d’Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais”;

(57) leasaítear Airteagal 127 mar a leanas:

(a) sa tríú fomhír de mhír 1, cuirtear “Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “an dara fomhír d’Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais”;

(b) i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 5, cuirtear “Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha don “dara fomhír d’Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais”;

(58) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 131:

“*Airteagal 131*

**Iarratais ar íocaíocht**

1. Áireofar an méid seo a leanas sna hiarratais ar íocaíocht, maidir le gach tosaíocht:

(a) méid iomlán an chaiteachais incháilithe arna thabhú ag tairbhithe agus arna íoc in oibríochtaí cur chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras cuntasaíochta an údaráis deimhniúcháin;

(b) méid iomlán an chaiteachais phoiblí a tabhaíodh ag cur oibríochtaí chun feidhme, mar a iontráladh é i gcóras cuntasaíochta an údaráis deimhniúcháin.

Maidir leis na méideanna a bheidh le háireamh sna hiarratais ar íocaíocht maidir leis an gcineál tacaíochta dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír d’Airteagal 67(1), áireofar sna hiarratais ar íocaíocht na heilimintí a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 67(5a) agus úsáidfear an tsamhail d’iarratais ar íocaíocht a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo.

2. Caiteachas incháilithe a áireofar in iarratas ar íocaíocht, tacófar é le sonraisc admhaithe nó le doiciméid chuntasaíochta a bhfuil luach coibhéiseach cruthúnais acu, seachas na cineálacha tacaíochta dá dtagraítear i bpointí (b) go (e) den chéad fhomhír d’Airteagal 67(1) den Rialachán seo, in Airteagail 68, 68a agus 68b den Rialachán seo, in Airteagal 69(1) den Rialachán seo agus in Airteagal 109 den Rialachán seo agus in Airteagal 14 de Rialachán CSE. I gcás na gcineálacha tacaíochta sin, is ionann na méideanna a áireofar san iarratas ar íocaíocht agus na costais arna ríomh ar an mbonn is infheidhme.

3. I gcás Státchabhrach, beidh an ranníocaíocht phoiblí a chomhfhreagraíonn leis an gcaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht tar éis a bheith íoctha leis na tairbhithe ag an gcomhlacht a dheonaíonn an chabhair, nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe (10)(a) d’Airteagal 2, tar éis a bheith íoctha leis an gcomhlacht a fhaigheann an chabhair ag an tairbhí.

4. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás Státchabhrach, féadfar a áireamh san iarratas ar íocaíocht réamhíocaíochtaí arna n-íoc leis an tairbhí ag an gcomhlacht a dheonaíonn an chabhair, nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe 10(a) d’Airteagal 2, arna n-íoc ag an tairbhí leis an gcomhlacht a fhaigheann an chabhair faoin na coinníollacha carnacha seo a leanas:

(a) tá na réamhíocaíochtaí sin faoi réir ráthaíochta arna tabhairt ag banc nó ag institiúid airgeadais eile atá bunaithe sa Bhallstát nó a bheidh cumhdaithe ag saoráid arna soláthar mar ráthaíocht ag eintiteas poiblí nó ag Ballstát;

(b) ní théann na réamhíocaíochtaí sin thar 40 % de mhéid iomlán na cabhrach atá le deonú ar an tairbhí i leith oibríochta ar leith nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe (10)(a) d’Airteagal 2, de mhéid iomlán na cabhrach atá le deonú ar an comhlacht a fhaigheann an chabhair mar chuid d’oibríocht ar leith;

(c) tá na réamhíocaíochtaí sin cumhdaithe ag caiteachas arna íoc ag an tairbhí nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe (10)(a) d’Airteagal 2, ag caiteachas arna íoc ag an gcomhlacht a fhaigheann an chabhair i gcur chun feidhme na hoibríochta agus arna thacú ag sonraisc admhaithe nó doiciméid chuntasaíochta a bhfuil luach coibhéiseach cruthúnais acu, laistigh de 3 bliana ón mbliain inar íocadh an réamhíocaíocht nó an 31 Nollaig 2023, cibé acu is túisce, agus déanfar an chéad iarratas eile ar íocaíocht a cheartú dá réir ina éagmais sin.

I gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) den chéad fhomhír, déanfar an chéad iarratas eile ar íocaíocht a cheartú dá réir sin.

5. I gcás gach iarratas ar íocaíocht ina bhfuil réamhíocaíochtaí den chineál dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, nochtfar go leithleach:

(a) an méid iomlán a íocadh ón gclár oibríochtúil mar réamhíocaíochtaí;

(b) an méid a bhí cumhdaithe, laistigh de 3 bliana ón tráth ar íocadh an réamhíocaíocht i gcomhréir le pointe (c) den chéad fhomhír de mhír 4, ag caiteachas arna íoc ag an tairbhí nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe (10)(a) d'Airteagal 2, arna íoc ag an gcomhlacht a fhaigheann an chabhair, agus

(c) agus an méid nach raibh cumhdaithe ag caiteachas arna íoc ag an tairbhí nó, i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag Ballstáit gurbh é an tairbhí an comhlacht a dheonaíonn an chabhair de bhun phointe (10)(a) d'Airteagal 2, arna íoc ag an gcomhlacht a fhaigheann an chabhair, agus nach bhfuil an tréimhse 3 bliana dulta in éag ina leith fós.

6. Déanfaidh an Coimisiún, d'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos an tsamhail d'iarratais ar íocaíocht. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 150(3).";

(59) in Airteagal 137(1), cuirtear "pointe (a) d'Airteagal 63(5) agus Airteagal 63(6) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "phointe (a) d'Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais;";

(60) in Airteagal 138, cuirtear "Airteagal 63(5) agus an dara fomhír d'Airteagal 63(7) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais";

(61) In Airteagal 140(3), cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

"I gcás ina gcoimeádtar doiciméid ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 5, ní bheidh gá le bunchóipeanna.";

(62) i bpointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 145(7), cuirtear "Airteagal 63(5), (6) agus (7) den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais";

(63) in Airteagal 147(1), cuirtear "Airteagal 98 den Rialachán Airgeadais" in ionad na tagartha do "Airteagal 78 den Rialachán Airgeadais";

(64) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 148:

"1. Oibríochtaí nach dtéann an caiteachas incháilithe iomlán dóibh thar EUR 400 000 i leith CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, EUR 300 000 i leith CSE nó EUR 200 000 i leith CEMI, ní bheidh siad faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin ag an údarás iniúchóireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe. Ní bheidh oibríochtaí eile faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin in aghaidh na bliana cuntasaíochta ag an údarás iniúchóireachta nó ag an gCoimisiún sula gcuirfear isteach na cuntais ina n-áirítear caiteachas deiridh na hoibríochta lánchríochnaithe. Ní bheidh oibríochtaí faoi réir iniúchta ag an gCoimisiún nó ag an údarás iniúchóireachta in aon bhliain má bhí iniúchadh sa bhliain sin cheana féin ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar choinníoll gur féidir leis an údarás iniúchóireachta nó leis an gCoimisiún, chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh, torthaí na hoibre iniúchóireachta a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le haghaidh na n-oibríochtaí sin a úsáid.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, oibríochtaí ar idir EUR 200 000 agus EUR 400 000 an caiteachas incháilithe iomlán dóibh i gcás CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, ar idir EUR 150 000 agus EUR 300 000 é i gcás CSE agus ar idir EUR 100 000 agus EUR 200 000 é i gcás an CEMI, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir níos mó ná iniúchadh amháin má mheasann an t-údarás iniúchóireachta, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil, nach bhfuil sé indéanta tuairim iniúchóireachta a eisiúint nó a tharraingt suas ar bhonn na samplála, staitistiúla nó neamhstaitistiúla dá dtagraítear in Airteagal 127(1) gan níos mó ná iniúchadh amháin a dhéanamh den oibríocht lena mbaineann.";

(65) leasaítear Airteagal 149 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3:

"2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), sa dara mír d'Airteagal 12, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 22(7), in Airteagal 37(13), sa tríú fomhír d'Airteagal 38(4), in Airteagal 39a(7), in Airteagal 40(4), in Airteagal 41(3), sa dara fomhír d'Airteagal 42(1), in Airteagal 42(6), sa dara fomhír, sa tríú fomhír, sa cheathrú fomhír agus sa seachtú fomhír d'Airteagal 61(3), d'Airteagal 63(4), 64(4) agus 67(5a), sa dara mír d'Airteagal 68, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 101, sa chúigiú fomhír d'Airteagal 122(2), sa chéad fhomhír d'Airteagal 125(8), Airteagal 125(9), in Airteagal 127(7) agus (8), agus in Airteagal 144(6) a thabhairt don Choimisiún ón 21 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2020.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), sa dara mír d'Airteagal 12, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 22(7), in Airteagal 37(13), sa tríú fomhír d'Airteagal 38(4), in Airteagal 39a(7) in Airteagail 41(3)), sa dara fomhír d'Airteagal 42(1), in Airteagal 42(6), sa dara fomhír, sa tríú fomhír, sa cheathrú fomhír agus sa seachtú fomhír d'Airteagal 61(3), in Airteagal 63(4), in Airteagal 64(4) agus in Airteagal 67(5a), sa dara fomhír d'Airteagal 68, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 101(1), sa chúigiú fomhír d'Airteagal 122(2), sa chéad fhomhír d'Airteagal 125(8), in Airteagal 125(9) in Airteagal 127(7) agus (8), agus in Airteagal 144(6) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na gcumhachtaí atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.";

(b) cuirtear an mír seo a leanas isteach:

"3a. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3), an dara fomhír d'Airteagal 12. an ceathrú fomhír d'Airteagal 22(7). Airteagal 37(13), an tríú fomhír d'Airteagal 38(4), Airteagal 39a(7), Airteagal 40(4), Airteagal 41(3), an dara fomhír d'Airteagal 42(1), Airteagal 42(6), sa tríú fomhír, sa cheathrú fomhír agus sa seachtú fomhír d'Airteagal 61(3), d'Airteagal 63(4), 64(4) agus 67(5a), sa dara fomhír d'Airteagal 68, sa cheathrú fomhír d'Airteagal 101, sa chúigiú fomhír d'Airteagal 122(2), sa chéad fhomhír d'Airteagal 125(8), Airteagal 125(9), in Airteagal 127(7) agus (8), agus in Airteagal 144(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.";

(66) in Airteagal 152, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"7. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta, nó an coiste faireacháin i dtaca leis na cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, a chinneadh gan Airteagal 67(2a) a chur i bhfeidhm ar feadh uastréimhse 12 mhí ón 2 Lúnasa 2018.

I gcás ina measann an t-údarás bainistíochta, nó an coiste faireacháin i dtaca leis na cláir faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, go gcruthaítear ualach díréireach riaracháin le hAirteagal 67(2a), féadfaidh sé a chinneadh an idirthréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a fhadú ar feadh tréimhse a measann sé a bheith iomchuí. Tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi chinneadh den chineál sin sula rachaidh an idirthréimhse tosaigh in éag.

Níl feidhm ag an gcéad fhomhír ná ag an dara fomhír maidir le deontais agus cúnamh in-aisíoctha a fhaigheann tacaíocht ó SIE nach mó ná EUR 50 000 an tacaíocht phoiblí ina leith.";

(67) leasaítear Iarscríbhinn IV mar seo a leanas:

(a) leasaítear Roinn 1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"1. Nuair a chuirtear ionstraim airgeadais chun feidhme faoi Airteagal 39a agus pointe (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4), áireoidh an comhaontú cistiúcháin na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le ranníocaíochtaí a dhéanamh ón gclár leis an ionstraim airgeadais agus áireoidh ar a laghad na gnéithe seo a leanas:";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) ceanglais agus nósanna imeachta chun an ranníocaíocht chéimneach dá bhforáiltear leis an gclár a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 41, agus do réamhfhaisnéis shreabhadh na gcomhaontuithe, lena n-áirítear ceanglais um chuntasaíocht mhuiníneach/leithleach mar a leagtar amach in Airteagal 38(6) agus sa dara fomhír d'Airteagal 39a(5) iad;";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) forálacha maidir le hathúsáid na n-acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE go dtí deireadh na tréimhse incháilitheachta i gcomhréir le hAirteagal 44 agus, i gcás inarb infheidhme, forálacha maidir le cóir dhifreáilte amhail dá dtagraítear in Airteagal 43a;";

(b) leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:

"2. Áireoidh doiciméid straitéise dá dtagraítear faoi Airteagal 38(8) maidir le hionstraimí airgeadais a chuirtear chun feidhme faoi phointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 38(4) na gnéithe seo a leanas ar a laghad:";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) úsáid agus athúsáid acmhainní atá inchurtha i leith na tacaíochta ó Chistí SIE i gcomhréir le hAirteagal 43, le hAirteagal 44 agus le hAirteagal 45, agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le forálacha maidir le cóir dhifreáilte amhail dá dtagraítear in Airteagal 43a;";

(68) leasaítear Iarscríbhinn XII mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad cheannteideal Iarscríbhinn XII:

**"FAISNÉIS, CUMARSÁID AGUS INFHEICTHEACHT NA TACAÍOCHTA Ó NA CISTÍ";**

(b) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad cheannteideal Roinn 2:

"2. BEARTA FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE AGUS BEARTA CHUN AN INFHEICTHEACHT PHOIBLÍ A FHEABHSÚ";

(c) leasaítear foroinn 2.1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. Áiritheoidh an Ballstát agus an t-údarás bainistíochta go gcuirtear na bearta faisnéise agus cumarsáide chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis chumarsáide, d'fhonn feabhas a chur ar an infheictheacht agus ar an idirghníomhaíocht leis na saoránaigh, agus go bhféachtar leis na bearta sin le cumarsáid a dhéanamh leis an líon is mó daoine is féidir sna meáin uile trí leas á bhaint as cineálacha agus modhanna éagsúla cumarsáide ar an leibhéal iomchuí agus oiriúnaithe, de réir mar is iomchuí, don nuálaíocht theicneolaíoch;";

(ii) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e) agus phointe (f):

"(e) samplaí d'oibríochtaí a thabhairt, go háirithe oibríochtaí inar sofheicthe breisluach na gCistí, de réir cláir oibríochtúil, ar an suíomh gréasáin aonair nó ar shuíomh gréasáin an chláir oibríochtúil ar féidir rochtain a fháil air tríd an dtairseach aonair suímh ghréasáin; beidh na samplaí a bheith i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais a labhraítear go forleathan, teanga seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit lena mbaineann;

(f) nuashonrú faisnéise faoi chur chun feidhme an chláir oibríochtúil lena n-áirítear a phríomh-mhórghníomhartha agus torthaí, ar an suíomh gréasáin aonair nó ar shuíomh gréasáin an chláir oibríochtúil ar féidir rochtain a fháil air tríd an tairseach aonair suímh ghréasáin.";

(d) leasaítear foroinn 2.2 mar seo a leanas::

(i) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"1. Gach beart faisnéise agus cumarsáide agus gach beart chun feabhas a chur ar infheictheacht na gCistí arna chur ar fáil ag an tairbhí, aithneoidh sé an tacaíocht ó na Cistí don oibríocht tríd an méid seo a leanas a thaispeáint:";

(ii) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"6. Beidh feidhm ag na freagrachtaí a leagtar síos i bhforoinn seo ón uair a sholáthraítear don tairbhí an doiciméad lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta don oibríocht dá dtagraítear i bopinte (c) d'Airteagal 125(3)."

(e) i bpointe 2 d'fhoroinn 3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) an fhreagracht atá ar thairbhithe chun an pobal a chur ar an eolas faoi aidhm na hoibríochta agus faoin tacaíocht ó na Cistí don oibríocht i gcomhréir le pointe 2.2 ón uair a sholáthraítear don tairbhí an doiciméad lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta don oibríocht dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 125(3). Féadfaidh an t-údarás bainistíochta iarraidh ar thairbhithe féideartha gníomhaíochtaí cumarsáide táscacha, chun feabhas a chur ar infheictheacht na gCistí i gcomhréir le méid na hoibríochta, a mholadh sna hiarratais."

(f) cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionadfhoroinn 4, pointe (i):

"(i) nuashonrú bliantúil ina leagtar amach na gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear bearta chun feabhas a chur ar infheictheacht na gCistí, a bheidh le cur i gcrích an bhliain dár gcionn, agus a bheidh bunaithe, *inter alia*, ar na ceachtanna a foghlaimíodh i ndáil le héifeachtacht na mbeart sin.".

*Airteagal 273*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 13(2), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

"I gcás oibríochtaí a chuimsítear faoi phointe (a) den chéad fhomhír ar chun leasa an limistéir cláir a gcuirtear chun feidhme iad freisin, leithdháilfear caiteachas ar na limistéir chláir sin ar bhonn pro rata bunaithe ar chritéir oibiachtúla.";

(2) leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"1. Leagtar amach na rialacha ginearálta is infheidhme maidir le roghanna costais simplithe faoi CSE in Airteagail, 67, 68, 68a, agus 68b de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013."

(b) scriostar míreanna 2, 3 agus 4;

(3) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

"(1) Comhtháscairí aschuir maidir le rannpháirtithe

Tagairt is ea 'rannpháirtithe' (+) do dhaoine a fhaigheann tairbhe dhíreach ó idirghabháil CSE ar féidir iad a aithint agus faisnéis a iarraidh uathu faoina saintréithe, agus a bhfuil caiteachas sonrach curtha in áirithe dóibh. Ní dhéanfar daoine eile a áireamh mar rannpháirtithe. Déanfar na sonraí ar fad a mhiondealú de réir inscne.

Is iad na comhtháscairí aschuir do rannpháirtithe:

— daoine dífhostaithe, lena n-áirítear daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,

— daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*,

— daoine neamhghníomhacha*,

— daoine neamhghníomhacha, nach bhfuil páirteach in oideachas ná oiliúint*,

— daoine fostaithe, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe*,

— daoine faoi bhun 25 bliana d'aois*

— daoine os cionn 54 bliana d'aois*,

— daoine os cionn 54 bliana d'aois atá dífhostaithe, lena n-áirítear dífhostaithe go fadtéarmach, nó neamhghníomhach nach bhfuil san oideachas ná in oiliúint*,

— daoine a bhfuil oideachas bunscoile (ISCED 1) nó meánscoile íochtaraí (ISCED 2) acu*,

— daoine a bhfuil oideachas meánscoile uachtaraí (ISCED 3) nó oideachas iar-mheánscoile (ISCED 4) acu*,

— daoine a bhfuil oideachas treasach (ISCED 5 nó 8) acu*,

— imircigh, daoine de chúlra iasachta, mionlaigh (lena n-áirítear pobail imeallaithe amhail na Romaigh)**,

— daoine faoi mhíchumas**,

— daoine eile faoi mhíbhuntáiste**.

Ríomhfar líon iomlán na rannpháirtithe go huathoibríoch ar bhonn na dtáscairí aschuir.

Déanfar na sonraí sin maidir le rannpháirtithe in oibríocht CSE a sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar a shonraítear in Airteagal 50(1) agus (2) agus in Airteagal 111(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Déanfar na sonraí seo a leanas maidir le rannpháirtithe a sholáthar sna tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme mar a shonraítear in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013:

— gan dídean nó dá ndéanann eisiamh tithíochta difear*,

— ó limistéir thuaithe* (++)

Déanfar na sonraí maidir leis an dá tháscaire sin a bhailiú bunaithe ar shampla ionadaíoch de rannpháirtithe faoi chuimsiú gach tosaíochta infheistíochta. Ba cheart bailíocht inmheánach a áirithiú sa chaoi go bhféadfar na sonraí a ghinearálú ar leibhéal na tosaíochta infheistíochta.

---

(+) Déanfaidh na húdaráis bhainistíochta córas a bhunú lena dtaiscfear agus lena stórálfar sonraí na rannpháirtithe aonair i bhfoirm leictreonach mar a leagtar amach in Airteagal 125(2)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ní mór socruithe próiseála sonraí na mBallstát a bheith i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31), go háirithe Airteagal 7 agus Airteagal 8 den treoir sin.
Is sonraí pearsanta de réir Airteagal 7 de Threoir 95/46/CE iad sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil * marcáilte in aice leo. Tá sé riachtanach iad a phróiseáil chun an oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialtóir faoina réir a chomhlíonadh (Airteagal 7(c) de Threoir 95/46/CE). Chun sainmhíniú a fháil ar rialtóir, féach Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE.
Is catagóir speisialta sonraí de réir Airteagal 8 de Threoir 95/46/CE iad sonraí arna dtuairisciú faoi na táscairí a bhfuil ** marcáilte ina aice leo. Faoi réir coimircí oiriúnacha a bheith tugtha, féadfaidh Ballstáit, ar mhaithe le leas poiblí substaintiúil, díolúintí a leagan síos i dteannta na cinn a leagadh síos in Airteagal 8(2) de Threoir 95/46/CE, trí bhíthin an dlí náisiúnta nó trí bhíthin cinnidh de chuid an údaráis mhaoirseachta (Airteagal 8(4) de Threoir 95/46/CE).

(++) Baileofar na sonraí ar leibhéal aonad riaracháin níos lú (aonaid riaracháin áitiúla 2), i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).".

*Airteagal 274*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 mar seo a leanas:

(1) in aithris 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"Ba cheart go leanfadh na Ballstáit de bheith freagrach as cur chun feidhme an rannchuidithe airgeadais agus as bainistiú agus rialú na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh le maoiniú ón Aontas, i gcomhréir le forálacha ábhartha de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) (an 'Rialachán Airgeadais').

---

(*) Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, Ich. 1).";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás margaí saothair beaga nó in imthosca eisceachtúla, go háirithe maidir le comhiarratais a bhfuil FBManna páirteach iontu, agus i gcás ina dtugann an Ballstát iarrthach bunús cuí leis, féadfar a mheas go bhfuil iarratas ar rannchuidiú airgeadais faoin Airteagal seo inghlactha fiú mura ndéantar na critéir a leagtar síos i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 a chomhlíonadh ina n-iomláine, nuair a bhíonn mórthionchar ag na hiomarcaíochtaí ar fhostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta. Sonróidh an Ballstát is iarratasóir cé na critéir idirghabhála atá leagtha amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 nár comhlíonadh ina n-iomláine. I gcás iarratais thiomsaitheacha a bhfuil FBManna atá suite in aon réigiún amháin páirteach iontu, i gcás ina léiríonn an Ballstát iarrthach gurb iad FBManna an príomhchineál nó an t-aon chineál gnó sa réigiún sin, féadfaidh an t-iarratas, ar bhonn eisceachtúil, FBManna a chumhdach atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla eacnamaíocha arna sainiú ar leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2. Ní fhéadfaidh méid comhiomlánaithe na rannchuidithe in imthosca eisceachtúla dul thar 15 % de mhéid uasta bliantúil CED.";

(3) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh Ballstáit iarrthacha seirbhísí pearsantaithe atá cómhaoinithe ag CED a sholáthar suas go líon NEETanna atá faoi bhun 25 bliana d'aois, nó i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, faoi bhun 30 bliain d'aois, ar dháta tíolactha an iarratais, ar líon é atá comhionann le líon na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, mar thosaíocht do dhaoine a cuireadh ar iomarcacht nó do dhaoine a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ar choinníoll go dtarlaíonn ar a laghad cuid de na hiomarcaíochtaí de réir bhrí Airteagal 3 i réigiúin leibhéal NUTS 2 a raibh rátaí dífhostaíochta óige 20 % ar a laghad acu do dhaoine óga ó 15 bliana go 24 bliana d'aois bunaithe ar an dáta bliantúil ba dhéanaí a bhí ar fáil. Féadfar an tacaíocht a chur ar fáil do NEETanna atá faoi bhun 25 bliana d'aois, nó i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, faoi bhun 30 bliain d'aois, sna réigiúin leibhéal NUTS 2 sin.”;

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Comhlíonfar na cúraimí a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.”;

(5) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais ó CED a chur ar fáil, tíolacfaidh sé togra chun an ranníocaíocht sin a shlógadh. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go comhpháirteach an cinneadh chun CED a shlógadh laistigh de mhí amháin tar éis é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe agus gníomhóidh Parlaimint na hEorpa trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í agus trí thrí chúigiú de na vótaí arna gcaitheamh.

Aistrithe a bhaineann le CED, ba cheart iad a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais, i bprionsabal laistigh de thréimhse nach mó ná 7 lá ón dáta a nglacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an cinneadh ábhartha.”.

(6) in Airteagal 16(2), cuirtear “Airteagal 63 den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “Airteagal 59 den Rialachán Airgeadais”;

(7) in Airteagal 21(2), cuirtear “Airteagal 63(3) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “Airteagal 59(3) den Rialachán Airgeadais” agus cuirtear “Airteagal 63(5) den Rialachán Airgeadais” in ionad na tagartha do “Airteagal 59(5) den Rialachán Airgeadais”.

*Airteagal 275*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 mar seo a leanas:

(1) cuirtear isteach an chaibidil seo a leanas:

“*CAIBIDIL VA*

***Meascadh***

*Airteagal 16a*

**saoráidí measctha SCE**

1. I gcomhréir le hAirteagal 159 de Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) féadfar saoráidí measctha a bhunú faoin Rialachán seo le haghaidh earnáil amháin nó níos mó de na hearnálacha de chuid SCE. Beidh gach gníomhaíocht a rannchuidíonn le tionscadail leasa choitinn incháilithe le cúnamh airgeadais trí oibríochtaí measctha.

2. Cuirfear saoráidí measctha SCE chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 6(3).

3. Ní rachaidh an méid iomlán a ranníocfar ó bhuiséad an Aontais le saoráidí measctha SCE thar 10 % de na himchlúdaigh airgeadais fhoriomlána de chuid SCE amhail dá dtagraítear in Airteagal 5(1).

Sa bhreis ar an tairseach a leagtar amach sa chéad fhomhír, san earnáil iompair ní rachaidh an méid iomlán a ranníocfar ó bhuiséad an Aontais le saoráidí measctha SCE thar EUR 500 000 000.

Mura n-úsáidfear ina iomláine 10 % den chlúdach foriomlán airgeadais maidir le cur chun feidhme SCE dá dtagraítear in Airteagal 5(1) do shaoráidí measctha SCE agus/nó d'ionstraimí airgeadais, déanfar an tsuim a bheidh fágtha a chur ar fáil agus athdháilfear í don clúdach airgeadais.

4. Ní úsáidfear an tsuim de EUR 11 305 500 000 a aistreofar ón gCiste Comhtháthaithe, dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(1), chun acmhainní buiséadacha a ghealladh do shaoráidí measctha SCE.

5. I gcás na tacaíochta a chuirfear ar fáil faoi shaoráid mheasctha SCE i bhfoirm deontas agus ionstraimí airgeadais, comhlíonfaidh sí an incháilitheacht agus na coinníollacha le haghaidh cúnamh airgeadais a leagtar amach in Airteagal 7. Beidh méid an chúnaimh airgeadais a bheidh le deonú do na hoibríochtaí measctha dá dtabharfar tacaíocht trí bhíthin saoráid mheasctha de chuid SCE modhnaithe ar bhonn anailís chostais agus tairbhe, infhaighteacht acmhainní buiséadacha an Aontais agus an ghá atá le giaráil chistiú an Aontais a uasmhéadú. Ní sháróidh aon deontas a bhronnfar na rátaí maoiniúcháin a leagtar síos in Airteagal 10.

6. Féachfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), an bhféadfadh BEI ráthaíochtaí céadchaillteanais a chur ar fáil go córasach laistigh de shaoráidí measctha SCE chun breisíocht a cheadú agus a éascú, mar aon le rannpháirtíocht na gcomhinfheisteoirí príobháideacha in earnáil an iompair.

7. Féadfaidh an tAontas, na Ballstáit agus infheisteoirí eile rannchuidiú le saoráidí measctha SCE, ar choinníoll go gcomhaontóidh an Coimisiún le sonraíochtaí na gcritéar incháilitheachta is infheidhme d'oibríochtaí measctha agus/nó do straitéis infheistíochta na saoráide measctha SCE, rud a d'fhéadfadh a bheith riachtanach i ngeall ar na ranníocaíochta breise agus d'fhonn ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh agus tionscadail leasa choitinn á gcur i gcrích. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní breise sin chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 6(3).

8. Roghnófar oibríochtaí measctha a fhaigheann tacaíocht trí bhíthin saoráid mheasctha de chuid SCE ar bhonn aibíochta agus déanfaidh siad iarracht éagsúlú earnálach a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4 mar aon le cothromaíocht gheografach ar fud na mBallstát. Maidir leis na hoibríochtaí measctha sin:

(a) beidh breisluach Eorpach ag gabháil leo;

(b) beidh siad ag freagairt do chuspóirí na Straitéise Eoraip 2020;

(c) beidh siad ina gcuidiú, i gcás inar féidir, le maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú dó.

9. Cuirfear saoráidí measctha SCE ar fáil agus roghnófar na hoibríochtaí measctha ar bhonn na gcritéar roghnúcháin agus dámhachtana arna mbunadh sna cláir oibre ilbhliantúla agus bliantúla arna nglacadh de bhun Airteagal 17.

10. Féadfaidh saoráid mheasctha de chuid SCE tacú le hoibríochtaí measctha i dtríú tíortha má bhíonn na gníomhaíochtaí sin riachtanach chun tionscadal leasa choitinn a chur chun feidhme.

---

(*) Rialachán (AE, *Euratom*) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, Ich. 1).";

(2) in Airteagal 17(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"Beidh méid an imchlúdaigh airgeadais laistigh de raon 80 % go 95 % de na hacmhainní buiséadacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(1).";

(3) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad an cheathrú fomhír:

"Níl an deimhniú caiteachais dá dtagraítear sa dara fhomhír sen Airteagal seo éigeantach i gcás deontais a dheonaítear ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 283/2014.".

*Airteagal 276*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 223/2014**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"4. Ní bhíonn feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 chun críocha gnéithe de chlár oibríochtúil a mhodhnú, clár a chuimsítear faoi fhoroinn 3.5 agus faoi fhoroinn 3.6 agus faoi roinn 4 faoi seach de na teimpléid do chláir oibríochtúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Tabharfaidh na Ballstát fógra don Choimisiún faoi aon chinneadh na heilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a mhodhnú laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh sin. Sonrófar sa Chinneadh an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm, agus ní thiocfaidh sé i bhfeidhm sula nglacfar é.";

(2) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Féadfaidh oibríocht tacaíocht a fháil ó chlár oibríochtúil amháin nó níos mó atá cómhaoinithe ag an gCiste agus ó ionstraimí eile de chuid an Aontais, ar choinníoll nach ndearbhaítear le haghaidh tacaíocht ó ionstraim eile de chuid an Aontais i leith caiteachas arna dhearbhú in iarratas ar íocaíocht don Chiste, ná nach ndearbhaítear le haghaidh tacaíocht ón gCiste céanna faoi chlár eile. Féadfar méid an chaiteachais atá le cur isteach in iarratas ar íocaíocht de chuid an Chiste a ríomh le haghaidh an chláir nó na gclár lena mbaineann ar bhonn pro rata i gcomhréir leis an doiciméad ina leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.";

(3) in Airteagal 25(3), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

"(e) rialacha maidir le cur i bhfeidhm costais aonaid chomhfhreagracha, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe is infheidhme faoi bheartais an Aontais le haghaidh oibríocht agus tairbhí den chineál céanna.";

(4) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) agus phointe (e):

"(d) costais na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta le haghaidh deonacháin bhia a bhailiú, a iompar, a stóráil agus a dháileadh agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta a bhfuil baint dhíreach acu leo;

(e) costais na mbeart tionlacain arna nglacadh ar láimh agus arna ndearbhú ag na heagraíochtaí comhpháirtíochta a sheachadann an bia agus/nó an cúnamh ábhartha bunúsach go díreach nó faoi chomhaontuithe comhair ar na daoine is díothaí ag ráta comhréidh 5 % de na costais dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó 5 % de luach na dtáirgí bia arna ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013."

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"3a. D'ainneoin mhír 2, mar thoradh ar laghdú ar na costais incháilithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2 toisc nach gcomhlíonann an comhlacht atá freagrach as an mbia agus/nó as cúnamh ábhartha bunúsach a cheannach an dlí is infheidhme, ní bheidh laghdú ar chostais incháilithe comhlachtaí eile a leagtar amach i bpointí (c) agus (e) de mhír 2.";

(5) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ar thionscnamh ó na Ballstáit, agus faoi réir uasteorainn 5 % de leithdháileadh an Chiste, tráth a nglactar an clár oibríochtúil féadfaidh an clár oibríochtúil na bearta ullmhúcháin, bainistíochta, faireacháin, riaracháin agus cúnaimh theicniúil, iniúchóireachta, faisnéise, rialaithe agus meastóireachta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a mhaoiniú. Féadfaidh sé freisin cúnamh teicniúil agus forbairt acmhainní eagraíochtaí comhpháirtíochta a mhaoiniú."

(6) in Airteagal 30(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

"Nuair nach féidir méideanna a ghnóthú, a íocadh go míchuí le tairbhí as oibríocht, agus nach féidir iad a ghnóthú mar thoradh ar locht nó faillí ar thaobh an Bhallstáit, beidh an Ballstát sin freagrach as na méideanna lena mbaineann a aisíoc le buiséad an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan méid a íocadh go míchuí a ghnóthú murar mó ná EUR 250 an méid atá le gnóthú ón tairbhí, gan ús a áireamh, i ranníocaíocht le hoibríocht ón gCiste i mbliain chuntasaíochta.";

(7) in Airteagal 32(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) a fhíorú gur seachadadh na seirbhísí agus na táirgí cómhaoinithe, go gcomhlíonann an oibríocht an dlí is infheidhme, an clár oibríochtúil agus na coinníollacha maidir le tacaíocht na hoibríochta agus,

(i) a fhíorú i gcás ina mbeidh costais le haisíoc de bhun phointe (a) d'Airteagal 25(1), go mbeidh méid an chaiteachais a dhearbhaigh na tairbhithe i ndáil leis na costais sin íoctha;

(ii) i gcás costais a aisíocadh de bhun phointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 25(1), a fhíorú gur comhlíonadh na coinníollacha maidir leis an gcaiteachas a aisíoc;";

(8) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfaidh an t-údarás bainistíochta an spriocdháta le haghaidh íocaíochta dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fionraí i gceachtar de na cásanna seo a leanas a bhfuil údar cuí leo:

(a) nach bhfuil méid an éilimh íocaíochta dlite nó nár soláthraíodh na doiciméid iomchuí tacaíochta, lena n-áirítear na doiciméid is gá le haghaidh fíoruithe bainistíochta faoi phointe (a) d'Airteagal 32(4);

(b) gur tionscnaíodh imscrúdú i ndáil le neamhrialtacht a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanann difear don chaiteachas lena mbaineann.

Cuirfear an tairbhí lena mbaineann ar an eolas i scríbhinn maidir leis an bhfionraí agus na cúiseanna atá leis. An méid atá fágtha den am atá ceadaithe chun íoc, tosóidh sé arís ón dáta a bhfaighfear an fhaisnéis nó na doiciméid a iarradh nó a dhéanfar an t-imscrúdú.";

(9) in Airteagal 51, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Coimeádfar na doiciméid i bhfoirm na mbunchóipeanna, nó i bhfoirm cóipeanna dílse deimhnithe de na bunchóipeanna, nó ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo, lena n-áirítear leaganacha leictreonacha de na bundoiciméid nó de dhoiciméid nach bhfuil ar fáil ach i bhfoirm leictreonach. "I gcás ina gcoimeádtar doiciméid ar iompróirí sonraí a nglactar go coitianta leo i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 5, ní bheidh gá le bunchóipeanna.".

*Airteagal 277*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 283/2014**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(2), cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (e):

"(e) ciallaíonn 'seirbhísí cineálacha' seirbhísí tairseach a nascann bonneagar náisiúnta amháin nó níos mó le hardán croísheirbhíse nó le hardáin chroísheirbhíse mar aon le seirbhísí a chuireann le cumas bonneagair seirbhíse digití trí rochtain ar áiseanna ríomhaireachta, stórála agus bainistíochta sonraí a sholáthar;";

(2) leasaítear Airteagal 5 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Tacófar le gníomhaíochtaí a chuireann le tionscadail leasa choitinn i réimse bhonneagair na seirbhísí digiteacha leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar;

(b) deontais; agus/nó

(c) na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear i mír 5.";

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"4a. An ranníocaíocht fhoriomlán ó bhuiséad an Aontais le haghaidh ionstraimí airgeadais do bhonneagair seirbhíse digití dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4 den Airteagal seo, ní rachaidh sí thar 10 % den chlúdach airgeadais d'earnáil na teileachumarsáide dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013.";

(3) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas faoin tríú mír d'Airteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013, malartóidh Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis agus dea-chleachtais i ndáil leis an dul chun cinn a bheidh déanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo, lena n-áirítear úsáid ionstraimí airgeadais. I gcás inarb iomchuí, beidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha de chuid na mBallstát rannpháirteach sa phróiseas. Foilseoidh an Coimisiún forléargas bliantúil den fhaisnéis sin agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle é.".

*Airteagal 278*

**Leasú ar Chinneadh Uimh. 541/2014/AE**

1. In Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 541/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"3. Maidir le cláir chistiúcháin arna mbunú le Rialachán (AE) Uimh. 377/2014 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1285/2013 agus le Cinneadh 2013/743/AE, féadfaidh siad le cur leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhaoiniú, faoi raon feidhme na gclár sin agus i gcomhréir lena gcuid aidhmeanna agus cuspóirí. Caithfear na ranníocaíochtaí sin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 377/2014. Roimh dheireadh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020, measúnóidh an Coimisiún na rialacha airgeadais simplithe de bhun na míre seo agus an méid a rannchuidíonn siad le cuspóirí an chreata tacaíochta maidir le Faireachas agus Rianú Spáis a bhaint amach.".

## CUID A TRÍ

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA AGUS IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 279*

**Forálacha Idirthréimhseacha**

1. Féadfaidh gealltanais dhlíthiúla do dheontais lena gcuirtear buiséad chun feidhme faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020 leanúint de bheith i bhfoirm cinntí deontais. I gcás na bhforálacha i dTeideal VIII is infheidhme maidir le comhaontuithe deontas, beidh feidhm acu *mutatis mutandis* maidir le cinntí deontais. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar úsáid cinntí deontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020 go háirithe i bhfianaise an dul chun cinn a dhéanfar i síniú leictreonach agus i mbainistiú leictreonach deontas faoin tráth sin.

2. Ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leasóidh an t-oifigeach údaráis cinntí ón gCoimisiún lena n-údaraítear úsáid cnapshuimeanna, costas aonaid nó rátaí comhréidhe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 124 de Rialachán (AE, *Euratom*) 966/2012 i gcomhréir le hAirteagal 181 den Rialachán seo.

3. Leanfaidh feidhm de bheith ag Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 maidir le gealltanais dhlíthiúla arna ndéanamh nó roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Is ceadmhach feidhm a bheith fós ag na measúnuithe colúin atá ann faoi láthair, ag na teimpléid maidir le comhaontuithe rannchuidíochta, agus ag na comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais; déanfar iad a athbhreithniú mar is iomchuí.

4. Chun rannchuidithe airgeadais ó CED, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do NEETanna, nach bhfuil an tréimhse a shonraítear in Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 tar éis dul in éag ina leith faoi 1 Eanáir 2018, measúnóidh an Coimisiún an bhfuil na seirbhísí pearsantaithe arna gcur ar fáil do NEETanna incháilithe le haghaidh cómhaoiniú CED tar éis 31 Nollaig 2017. I gcás ina measann an Coimisiún gurb amhlaidh atá, leasóidh sé na cinntí lena mbaineann i ndáil leis an ranníocaíocht airgeadais dá réir.

*Airteagal 280*

**Athbhreithniú**

Déanfar an Rialachán seo a athbhreithniú nuair is gá, agus in aon chás dhá bhliain ar a dhéanaí roimh dheireadh gach creata airgeadais ilbhliantúil.

Cumhdófar san athbhreithniú sin, *inter alia*, cur chun feidhme Theideal VIII agus Theideal X de chuid a hAon agus na spriocamanna a leagtar amach in Airteagal 259.

*Airteagal 281*

**Aisghairm**

1. Aisghairtear Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 le héifeacht ón 2 Lúnasa 2018. Leanfaidh sé de bheith infheidhme, áfach, go dtí an 31 Nollaig 2018 chun críocha phointe (c) d'Airteagal 282(3).

2. Gan dochar d'Airteagal 279(3), aisghairfidh an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1268/2012 le héifeacht ón 2 Lúnasa 2018. Leanfaidh an Rialachán Tarmligthe sin de bheith infheidhme, áfach, go dtí an 31 Nollaig 2018 chun críocha phointe (c) d'Airteagal 282(3).

3. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 282*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón 2 Lúnasa 2018.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo:

(a) Airteagal 271(1)(a), Airteagal 272(2), Airteagal 272(10)(a), Airteagal 272(11)(b)(i), (c), (d) agus (e), Airteagal 272(12)(a), (b)(i) agus (c), Airteagal 272(14)(c), Airteagal 272 (15), (17), (18), (22) agus (23), Airteagal 272(26)(d), Airteagal 272(27)(a)(i), Airteagal 272 (53) agys (54), Airteagal 272(55)(b)(i), Airteagal 273(3), Airteagal 276(2) agus Airteagal 276(4)(b), beidh feidhm ag na hairteagail sin ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh;

(b) Beidh feidhm ag Airteagal 272(11)(a) agus (f), Airteagal 272(13), Airteagal 272(14)(b), Airteagal 272(16), Airteagal 272(19)(a) agus Airteagal 274(3) amhail ón 1 Eanáir 2018;

(c) Beidh feidhm ag Airteagail 6 go 60, 63 go 68, 73 go 207, 241 go 253 agus 264 go 268 ón 1 Eanáir 2019 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme leithreasaí riaracháin institiúidí an Aontais; beidh sé sin gan dochar do phointe (h) den mhír seo;

(d) ní bheidh feidhm ag pointe (4) d'Airteagal 2, Airteagal 208 go hAirteagal 211 agus Airteagal 214(1) maidir le ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais ach amháin ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020;

(e) ní bheidh feidhm ag Airteagal 250 maidir le ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha ach amháin amhail ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020;

(f) ní bheidh feidhm ag pointe (6) d'Airteagal 2, Airteagal 21(3)(f), Airteagal 41(4)(l), Airteagail 62(2), 154(1) agus (2), 155(1) go (4) agus Airteagal 159 maidir le ráthaíochtaí buiséadacha ach amháin amhail ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020;

(g) ní bheidh feidhm ag pointí (9), (15), (32) agus (39) d'Airteagal 2 agus ag Airteagal 30(1)(g), Airteagal 41(5), Airteagail 110(3)(h) agus 115(2)(c), Airteagail 212 agus 213, Airteagal 214(2) agus Airteagail 218, 219 agus 220 ach amháin ó dháta chur i bhfeidhm an chreata airgeadais ilbhliantúil i ndiaidh 2020;

(h) an fhaisnéis maidir leis an meán bliantúil coibhéisí foirne lánaimseartha dá dtagraítear in Airteagal 41(3)(b)(iii) agus an fhaisnéis maidir le méid measta an ioncaim shannta a thabharfar anonn ó bhlianta roimhe sin dá dtagraítear in Airteagal 41(8)(b), cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, den chéad uair, i dteannta an dréachtbhuiséid a bheidh le tíolacadh in 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 18 Júil 2018.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | J. BOGNER-STRAUSS |

*IARSCRÍBHINN I*

CAIBIDIL 1

## Forálacha coiteanna

ROINN 1

### Creatchonarthaí agus poiblíocht

1. Creatchonarthaí agus conarthaí sonracha

1.1. Ní rachaidh fad creatchonartha thar 4 bliana, ach amháin i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo go háirithe de bharr ábhar an chreatchonartha.

Dámhfar conarthaí sonracha bunaithe ar chreatchonarthaí i gcomhréir le téarmaí an chreatchonartha.

Agus conarthaí sonracha á dtabhairt i gcrích, ní chlaonfaidh na páirtithego substaintiúil ón gcreatchonradh.

1.2. I gcás ina dtugtar creatchonradh i gcrích le hoibreoir eacnamaíoch aonair, dámhfar na conarthaí sonracha laistigh de theorainneacha na dtéarmaí a leagtar síos sa chreatchonradh.

I gcúinsí den sórt sin agus nuair atá údar cuí lleis, féadfaidh údaráis chonarthachaiarraidh i scríbhinn ar an gconraitheoir cur lena thairiscint más gá.

1.3. I gcás ina bhfuil creatchonradh le cur i gcrích le roinnt oibreoirí eacnamaíocha ("creatchonradh iolrach"), d'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm conarthaí ar leith arna síniú i dtéarmaí comhionanna le gach conraitheoir.

Cuirfear conarthaí sonracha bunaithe ar chreatchonarthaí iolracha chun feidhme ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) i gcomhréir le téarmaí an chreatchonartha: gan iomaíocht a athoscailt, ina leagtar amach na téarmaí uile lena rialaítear soláthar na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann agus na coinníollacha oibiachtúla lena gcinnfear na conraitheoirí a dhéanfaidh iad;

(b) i gcás nach leagtar síos na téarmaí uile lena rialaítear soláthar na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann sa chreatchonradh: trí iomaíocht a athoscailt idir na conraitheoirí, i gcomhréir le pointe 1.4 agus ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

   (i) na téarmaí céanna agus, más gá téarmaí atá foirmlithe níos beaichte,

   (ii) más iomchuí, ar bhonn téarmaí eile dá dtagraítear sna doiciméid soláthair a bhaineann leis an gcreatchonradh.

(c) i bpáirt gan iomaíocht a athoscailt i gcomhréir le pointe (a) agus i bpáirt maille le hiomaíocht a athoscailt idir na conraitheoirí i gcomhréir le pointe (b), sa chás ina bhfuil an fhéidearthacht sin ordaithe ag an údarás conarthach sna doiciméid soláthair a bhaineann leis an gcreatchonradh.

Sonrófar sna doiciméid soláthair dá dtagraítear i bpointe (c) den dara fomhír cé na téarmaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athoscailt iomaíochta.

1.4. Cuirfear creatchonradh iolrach maille le hathoscailt iomaíochta i gcrích le triúr oibreoirí eacnamaíocha ar a laghad, ar choinníoll go bhfuil líon leordhóthanach tairiscintí inghlactha amhail dá dtagraítear i bpointe 29.3.

Agus conradh sonrach á dhámhachtain trí athoscailt iomaíochta idir na conraitheoirí, rachaidh an t-údarás conarthach i gcomhairle leo i scríbhinn agus socróidh sé teorainn ama atá fada a dhóthain chun tairiscintí sonracha a thíolacadh. Tíolacfar tairiscintí sonracha i scríbhinn. Déanfaidh an t-údarás conarthach gach conradh sonrach a dhámhachtain don tairgeoir a thíolaic an tairiscint shonrach ag a bhfuil an buntáiste eacnamaíoch is mó ar bhonn na gcritéar dámhachtana a leagtar amach sna doiciméid soláthair a bhaineann leis an gcreatchonradh.

1.5. In earnálacha ina dtagann athruithe tapa sa phraghas agus sa teicneolaíocht, beidh clásal sna creatchonarthaí gan athoscailt iomaíochta, i dtaca le hathbhreithniú meántéarma nó i dtaca le córas tagarmharcála. Tar éis an athbhreithnithe meántéarma, más rud é nach bhfuil na coinníollacha a leagadh síos ar dtús in oiriúint a thuilleadh don athrú sa phraghas nó sa teicneolaíocht, ní bhainfidh an t-údarás conarthach úsáid as an gcreatchonradh lena mbaineann agus déanfaidh sé bearta iomchuí chun é a fhoirceannadh.

1.6. Déanfar gealltanas buiséadach roimh chonarthaí sonracha bunaithe ar chreatchonarthaí.

2. Fógraíocht faoi nósanna imeachta maidir le conarthaí a bhfuil luach orthu atá cothrom leis nó níos airde ná na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) den Rialachán seo nó do chonarthaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/24/AE

2.1. Áireofar sna fógraí le foilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an fhaisnéis go léir a leagfar amach sna foirmeacha caighdeánacha ábhartha dá dtagraítear i dTreoir 2014/24/AE chun trédhearcacht an nós imeachta a áirithiú.

2.2. Féadfaidh an t-údarás conarthach a rún i dtaca le soláthar beartaithe don bhliain airgeadais a chur in iúl trí fhógra réamhfhaisnéise a fhoilsiú. San fhógra sin, cuimseofar tréimhse cothrom le 12 mhí nó níos giorra ón dáta a gcuirfear an fógra chuig Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (Oifig na bhFoilseachán).

Féadfaidh an t-údarás conarthach an fógra réamhfhaisnéise a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar a phróifíl cheannaitheora. Sa dara cás, foilseofar fógra i dtaca le foilseachán ar an bpróifíl cheannaitheora in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2.3. Seolfaidh an t-údarás conarthach fógra dámhachtana chuig Oifig na bhFoilseachán i dtaca le torthaí an nós imeachta tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis conradh nó creatchonradh ar a bhfuil luach atá cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó níos mó ná iad a bheith sínithe.

D'ainneoin na chéad fomhíre, féadfar fógraí a bhaineann le conarthaí bunaithe ar chóras ceannaigh dinimiciúil, áfach, a thiomsú le chéile ar bhonn ráithiúil. Sna cásanna sin, seolfaidh an t-údarás conarthach an fógra tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dheireadh gach ráithe.

Ní fhoilseofar fógraí dámhachtana do chonarthaí sonracha bunaithe ar chreatchonradh.

2.4. Foilseoidh an t-údarás conarthach fógra dámhachtana:

(a) sula dtabharfar conradh nó creatchonradh i gcrích ar a bhfuil luach atá cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó níos mó agus arna ndámhachtain i gcomhréir le pointe (b) den dara fomhír de phointe11.1;

(b) tar éis conradh nó creatchonradh a thabhairt i gcrích ar a bhfuil luach atá cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in in Airteagal 175(1) nó níos mó agus arna ndámhachtain i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (c) go (f) den dara fomhír de phointe 11.1..

2.5. Foilseoidh an t-údarás conarthach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh fógra i dtaca le modhnú ar chonradh le linn thréimhse an chonartha sin sna cásanna a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) sa chéad fhomhír d'Airteagal 172(3) i gcás ina bhfuil luach an mhodhnaithe cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó níos mó nó cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 178(1) nó níos mó i dtaca le nósanna imeachta i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha.

2.6. Maidir le nós imeachta idirinstitiúideach, beidh an t-údarás conarthach atá freagrach as an nós imeachta i bhfeighil na mbeart poiblíochta infheidhme.

3. Fógraíocht faoi nósanna imeachta maidir le conarthaí a bhfuil luach orthu a thagann faoi bhun na dtairseach dá dtagraítear Airteagal 175(1) den Rialachán seo nó nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2014/24/AE

3.1. Déanfar nósanna imeachta ar ísle a luach measta conartha ná na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) a fhógairt le modhanna iomchuí. Áireofar san fhógraíocht sin poiblíocht iomchuí *ex ante* ar an idirlíon nó fógra conartha nó, i dtaca le conarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointe 13, fógra a fhoilsiú do léirithe spéise in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin sa nós imeachta a leagtar amach i bpointe 11 agus sa nós imeachta idirbheartaithe do chonarthaí ar luach an-íseal a leagtar amach i bpointe 14.4.

3.2. Maidir le conarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir le pointe (g) agus pointe (i) den dara fomhír de phointe 11.1, seolfaidh an t-údarás conarthach liosta de chonarthaí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin. I gcás inarb é an Coimisiún an t-údarás conarthach, ceanglófar an liosta sin leis an achoimre ar na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 74(9).

3.3. Áireofar i bhfaisnéis i dtaca le dámhachtain conartha ainm an chonraitheora, an méid atá faoi dhliteanas dlíthiúil agus ábhar an chonartha agus, i gcás conarthaí díreacha agus sonracha, comhlíonfaidh sí Airteagal 38(3).

Foilseoidh an t-údarás conarthach liosta de chonarthaí ar a shuíomh gréasáin tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin don mhéid seo a leanas:

(a) conarthaí faoi bhun na dtairseachdá dtagraítear in Airteagal 175(1);

(b) conarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir le pointe (h) agus pointe (j) go pointe (m) de phointe 11;

(c) modhnuithe ar chonarthaí mar a leagtar amach i bpointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 172(3);

(d) modhnuithe ar chonarthaí mar a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 172(3) i gcás ina bhfuil luach an mhodhnaithe faoi bhun na dtairseachdá dtagaítear in Airteagal 175(1);

(e) conarthaí sonracha faoi chreatchonradh.

Chun críocha phointe (e) den dara fomhír féadfar an fhaisnéis foilsithe a chomhiomlánú in aghaidh an chonraitheora dochonarthaí sonracha faoin gcreatconradh céanna.

3.4. Maidir le creatchonarthaí idirinstitiúideacha, beidh gach údarás conarthach freagrach as fógraíocht a dhéanamh faoina chonarthaí sonracha agus na modhnuithe orthu i gcomhréir le pointe 3.3.

4. Fógraí a fhoilsiú

4.1. Déanfaidh an t-údarás conarthach na fógraí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 a tharraingt suas agus a tharchur trí mheán leictreonach chuig Oifig na bhFoilseachán.

4.2. Foilseoidh Oifig na bhFoilseachán na fógraí dá dtagraítear i bpointe 2 agus i bpointe 3 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tráth nach déanaí ná:

(a) seacht lá tar éis a seolta má bhaineann an t-údarás conarthach úsáid as an gcóras leictreonach chun na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i bpointe 2.1 a chomhlánú agus go gcuireann sé teorainn 500 focal le téacs saor;

(b) 12 lá tar éis a seolta i ngach cás eile.

4.3. Beidh an t-údarás conarthach ábalta fianaise a thabhairt faoi dháta an tseolta.

5. Cineálacha eile fógraíochta

Chomh maith leis an bhfógraíocht dá bhforáiltear i bpointe 2 agus i bpointe 3, féadfar nósanna imeachta soláthair a fhógairt ar bhealach ar bith eile, go háirithe i bhfoirm leictreonach. I bhfógraíocht ar bith den sórt sin, déanfar tagairt don fhógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* más rud é gur foilsíodh an fógra, agus níthiocfaidh sí roimh fhoilsiú an fhógra sin, nach bhfuil aon fhógra eile údarach ach é.

Ní thabharfaidh fógraíocht den sórt sin aon idirdhealú isteach idir iarrthóirí nó tairgeoirí nó sonraí a bheith ann seachas na cinn sin atá san fhógra conartha, más rud é gur foilsíodh an fógra.

## ROINN 2

## **Nósanna imeachta soláthair**

6. Líon íosta iarrthóirí agus socruithe maidir le hidirbheartaíocht

6.1. I nós imeachta srianta agus sna nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de phointe 13.1 agus maidir le conarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir le bpointe 14.2, is é cúigear an líon íosta d'iarrthóirí a bheidh ann.

6.2. I nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht, in idirphlé iomaíoch, i gcomhpháirtíocht nuálaíochta, i gcuardach ar an margadh áitiúil i gcomhréir le pointe (g) den dara fomhír de phointe 11.1 agus i nós imeachta idirbheartaithe do chonarthaí ar luach íseal i gcomhréir le pointe 14.3, is é triúr an líon íosta d'iarrthóirí a bheidh ann.

6.3. Ní bheidh feidhm ag pointe 6.1 agus pointe 6.2 sna cásanna seo a leanas:

(a) nósanna imeachta idirbheartaithe do chonarthaí ar luach an-íseal i gcomhéir le pointe 14.4;

(b) nósanna imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré i gcomhréir le pointe 11 ach amháin i gcás comórtais dearthaí i gcomhréir le pointe 11.1 agus cuardach ar an margadh áitiúil i gcomhréir le pointe 11.1(g) den dara fomhír de phointe 11.1.

6.4. I gcás ina bhfuil líon na n-iarrthóirí a shásaíonn na critéir roghnúcháin faoi bhun an lín íosta a shonraítear i bpointe 6.1 agus i bpointe 6.2, féadfaidh an t-údarás conarthach leanúint den nós imeachta trí chuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí a bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha acu. Ní dhéanfaidh an t-údarás conarthach oibreoirí eacnamaíocha eile a chur san áireamh nár iarr a bheith rannpháirteach ar dtús nó nár thug sé cuireadh dóibh ar dtús.

6.5. Le linn idirbheartaíochta, áiritheoidh an t-údarás conarthach cóir chomhionann do na tairgeoirí go léir.

Féadfaidh idirbheartaíocht a bheith ann i gcéimeanna leanúnacha d'fhonn laghdú a dhéanamh ar líon na dtairiscintí a bhfuiltear le hidirbheartaíocht a dhéanamh fúthu trí na critéir dhámhachtana a shonraítear sna doiciméid soláthair a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an t-údarás conarthach le fios an mbainfidh sé úsáid as an rogha sin sna doiciméid soláthair.

6.6. Do chonarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir bpointe (d) agus i bpointe (g) den dara fomhír de phointe 11.1 agus i bpointe 14.2 agus i bpointe 14.3, tabharfaidh an t-údarás conarthach cuireadh do na hoibreoirí eacnamaíocha go léir, ar a laghad, a léirigh suim tar éis poiblíocht *ex ante* mar a leagtar amach i bpointe 3.1 nó cuardach ar an margadh áitiúil nó comórtas dearaí.

7. Comhpháirtíocht nuálaíochta

7.1. Díreoidh comhpháirtíocht nuálaíochta ar tháirge nó seirbhís nuálach, nó oibreacha nuálacha a fhorbairt agus ceannach na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí a thagann dá bharr ina dhiaidh sin, ar an gcoinníoll go bhfuil siad ag teacht leis na leibhéil feidhmíochta agus na costais uasta ar tháinig na húdaráis chonarthacha agus na comhpháirtithe ar chomhaontú fúthu.

Déanfar an chomhpháirtíocht nuálaíochta a struchtúrú i gcéimeanna leanúnacha a leanann an seicheamh de chéimeanna sa phróiseas taighde agus nuálaíochta, ar a bhféadfar a áireamh cur i gcrích na n-oibreacha, monarú na dtáirgí nó soláthar na seirbhísí. Socróidh an chomhpháirtíocht nuálaíochta spriocanna idirmheánacha a bheidh le baint amach ag na comhpháirtithe.

Bunaithe ar na spriocanna idirmheánacha sin, féadfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh tar éis gach céime an chomhpháirtíocht nuálaíochta a fhoirceannadh nó, i gcás comhpháirtíocht nuálaíochta le roinnt comhpháirtithe, líon na gcomhpháirtithe a laghdú trí chonarthaí aonair a fhoirceannadh, ar an gcoinníoll gur léirigh an t-údarás conarthach na féidearthachtaí seo agus na coinníollacha dá n-úsáid sna doiciméid soláthair.

7.2. Sula seolfar comhpháirtíocht nuálaíochta, rachaidh an t-údarás conarthach i gcomhairle leis an margadh dá bhforáiltear i bpointe 15 d'fhonn a fhionnadh nach ann don obair, don soláthar nó don tseirbhís ar an margadh nó mar ghníomhaíocht forbartha atá gar don mhargadh.

Comhlíonfar na socruithe maidir le hidirbheartaíocht a leagtar amach in Airteagal 164(4) agus i bpointe 6.5.

Sna doiciméid soláthair, tabharfaidh an t-údarás conarthach tuairisc an bhfuil gá le hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí nuálacha nach féidir a shásamh trí oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí atá ar an margadh cheana a cheannach. Léireoidh sé cé na heilimintí den chur síos seo a shainmhíníonn na híoscheanglais. Beidh an fhaisnéis atá tugtha cruinn a dhóthain chun cur ar chumas oibreoirí eacnamaíocha cineál agus raon feidhme an réitigh atá de dhíth a shonrú agus a chinneadh an iarrfaidh siad a bheith rannpháirteach sa nós imeachta.

Féadfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh an chomhpháirtíocht nuálaíochta a bhunú le comhpháirtí amháin nó le roinnt comhpháirtithe ag déanamh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar leith.

Déanfar na conarthaí a dhámhachtain ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán agus ar an mbonn sin amháin, mar a leagtar amach in Airteagal 167(4).

7.3. Sna doiciméid soláthair, sonróidh an t-údarás conarthach na socruithe is infheidhme ar chearta maoine intleachtúla.

I gcreat na comhpháirtíochta nuálaíochta, ní nochtfaidh an t-údarás conarthach do na comhpháirtithe eile réitigh atá molta nó aon fhaisnéis rúnda eile arna cur in iúl ag comhpháirtí gan toiliú an chomhpháirtí sin a fháil.

Áiritheoidh an t-údarás conarthach go bhfuil struchtúr na comhpháirtíochta agus, go háirithe, fad agus luach na gcéimeanna éagsúla ag teacht le leibhéal nuálaíochta an réitigh atá molta agus seicheamh na ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta atá de dhíth chun réiteach nuálach nach bhfuil ar fáil ar an margadh fós a fhorbairt. Beidh luach measta oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí comhréireach i dtaca leis an infheistíocht atá de dhíth chun iad a fhorbairt.

8. Comórtais dearaí

8.1. Beidh comórtais dearaí faoi réir na rialacha ar fhógraíocht a leagtar amach i bpointe 2 agus is féidir go mbeidh dámhachtain duaiseanna san áireamh iontu.

I gcás ina mbíonn comórtais dearaí srianta do líon teoranta d'iarrthóirí, leagfaidh an t-údarás conarthach síos critéir roghnúcháin atá soiléir agus neamh-idirdhealaitheach.

Beidh líon na n-iarrthóirí a n-iarrfar orthu páirt a ghlacadh leordhóthanach chun go n-áiritheofar fíoriomaíocht.

8.2. Is é an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a cheapfaidh an giúiré. Ní bheidh ar an ngiúiré sin ach daoine nádúrtha atá neamhspleách ar iarrthóirí sa chomórtas. I gcás ina bhfuil sé de cheangal ar iarrthóirí i gcomórtas cáilíocht ghairmiúil ar leith a bheith acu, beidh trian de chomhaltaí an ghiúiré, ar a laghad, an cháilíocht chéanna nó cáilíocht choibhéiseach a bheith acu.

Beidh an giúiré féinrialaitheach ina thuairimí. Glacfar a thuairimí ar bhonn na dtionscadal a chuirtear faoina bhráid gan ainm ag na hiarrthóirí agus i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach i bhfógra an chomórtais agus i bhfianaise na gcritéar sin amháin.

8.3. Déanfar moltaí an ghiúiré, bunaithe ar fhiúntas gach tionscadail, agus a rangú agus nótaí tráchta, a thaifeadadh i dtuarascáil arna síniú ag a chomhaltaí.

Fanfaidh iarrthóirí gan ainm go dtí go mbeidh a thuairim tugtha ag an ngiúiré.

Féadfaidh an giúiré iarraidh ar iarrthóirí na ceisteanna atá taifeadta sa tuarascáil a fhreagairt d'fhonn tionscadal a shoiléiriú. Déanfar tuarascáil iomlán den idirphlé a thagann dá bharr a tharraingt suas.

8.4. Ansin glacfaidh an t-údarás conarthach cinneadh dámhachtana a bhfuil ainm agus seoladh na n-iarrthóirí atá roghnaithe agus na cúiseanna leis an rogha ann ag tagairt do na critéir a fógraíodh i bhfógra an chomórtais, go háirithe más rud é nach bhfuil sé ag teacht leis na moltaí a rinneadh i dtuairim an ghiúiré.

9. Córas ceannaigh dinimiciúil

9.1. Féadfar córas ceannaigh dinimiciúil a roinnt i gcatagóirí oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a shainmhínítear go hoibiachtúil ar bhonn saintréithe an tsoláthair atá le glacadh ar láimhi gcatagóir lena mbaineann. Sa chás sin, beidh critéir roghnúcháin a shainmhíniú do gach catagóir.

9.2. Léireoidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair cineál agus líon measta na gceannachán atá beartaithe agus an fhaisnéis go léir atá riachtanach i dtaca leis an gcóras ceannaigh, an trealamh leictreonach a úsáidtear agus na socruithe agus sonraíochtaí i dtaca le nasc teicniúil.

9.3. Tabharfaidh an t-údarás conarthach an deis d'oibreoir eacnamaíoch ar bith iarraidh a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa chóras, le linn thréimhse bailíochta an chórais ceannaigh dhinimiciúil. Cuirfidh sé a mheastóireacht ar iarrataí den sórt sin i gcrích laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh sin a fháil. Féadfar an spriochdháta sin a fhadú go 15 lá oibre i gcás ina bhfuil údar leis. Is féidir leis an údarás conarthach an tréimhse mheastóireachta a shíneadh, áfach, ar an gcoinníoll nach n-eisítear cuireadh chun tairisceana idir an dá linn.

Cuirfidh an t-údarás conarthach in iúl don iarrthóir a luaithe is indéanta cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé ligthe isteach sa chóras ceannaigh dinimiciúil.

9.4. Tabharfaidh an t-údarás conarthach cuireadh do na hiarrthóirí go léir a ligtear isteach sa chóras faoin gcatagóir ábhartha tairiscint a thíolacadh laistigh d'am réasúnta. Dámhfaidh an t-údarás conarthach an conradh don tairgeoir a thíolaic an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ar bhonn na gcritéar dámhachtana a leagtar amach san fhógra conartha. Féadfar na critéir sin, más iomchuí, a fhoirmliú níos beaichte sa chuireadh chun tairisceana.

9.5. Léireoidh an t-údarás conarthach tréimhse bhailíochta an chórais ceannaigh dhinimiciúil san fhógra conartha.

Ní mhairfaidh córas ceannaigh dinimiciúil níos faide ná 4 bliana, ach amháin i gcásanna eisceachtúla a mbeidh údar cuí leo.

Ní rachaidh an t-údarás conarthach i muinín an chórais seo chun iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

10. Idirphlé iomaíoch

10.1. Sonróidh an t-údarás conarthach a riachtanais agus a cheanglais, na critéir dhámhachtana agus fráma ama táscach san fhógra conartha nó i ndoiciméad tuairisciúil.

Dámhfaidh sé an conradh don tairiscint a thairgíonn an cóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht.

10.2. Osclóidh an t-údarás conarthach idirphlé leis na hiarrthóirí a shásaíonn na critéir roghnúcháin d'fhonn na bealaí a shonrú agus a shainmhíniú is fearr a oireann chun a riachtanais a shásamh. Féadfaidh sé gnéithe uile an tsoláthair a phlé leis na hiarrthóirí roghnaithe le linn an idirphlé sin ach ní fhéadfaidh sé a riachtanais agus a cheanglais agus critéir dhámhachtana dá bhforáiltear i bpointe 10.1 a athrú.

Le linn an idirphlé, áiritheoidh an t-údarás conarthach cóir chomhionann i measc na dtairgeoirí go léir agus ní nochtfaidh sé na réitigh a moladh ná aon fhaisnéis eile faoi rún a chuireann tairgeoir in iúl gan a chead chun an rúndacht sin a tharscaoileadh.

Féadfaidh an t-idirphlé iomaíoch a bheith ann i gcéimeanna leanúnacha d'fhonn laghdú ar líon na réiteach le plé trí bhíthin na gcritéar dámhachtana fógartha a chur bhfeidhm má tá foráil maidir leis an bhféidearthacht sin san fhógra conartha nó sa doiciméad tuairisciúil.

10.3. Leanfaidh an t-údarás conarthach den idirphlé go dtí gur féidir leis an réiteach nó na réitigh a shonrú lena bhféadfar a riachtanais a shásamh.

Tar éis dó a chur in iúl do na tairgeoirí atá fágtha go bhfuil an t-idirphlé críochnaithe, iarrfaidh an t-údarás conarthach ar gach ceann acu a dtairiscintí deiridh a thíolacadh ar bhonn an réitigh nó na réiteach a cuireadh i láthair agus a sonraíodh le linn an idirphlé. Áireofar sna tairiscintí sin na heilimintí go léir atá de dhíth agus riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an tionscadal.

Ar iarraidh ón údarás conarthach, féadfar na tairiscintí deiridh sin a shoiléiriú, a shonrú agus a bharrfheabhsú ar an gcoinníoll nach n-áireofar leis sin athruithe substaintiúla ar an tairiscint nó ar na doiciméid soláthair.

Féadfaidh an t-údarás conarthach idirbheartaíocht a dhéanamh leis an tairgeoir a thíolaic an tairiscint a thairgeann an cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán le gealltanais atá sa tairiscint a dhearbhú ar an gcoinníoll nach bhfuil de thionchar aige sin go ndéanfar modhnú ar ghnéithe substaintiúla den tairiscint agus nach bhfuil baol ann go ndéanfaí iomaíocht a shaobhadh nó idirdhealú a chruthú.

10.4. Féadfaidh an t-údarás conarthach na híocaíochtaí a shonrú leis na hiarrthóirí roghnaithe atá ag glacadh páirt san idirphlé.

11. Nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré

11.1. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás conarthach an nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré, comhlíonfaidh sé na socruithe i dtaca le hidirbheartaíocht a leagtar amach in Airteagal 164(4) agus i bpointe 6.5.

Féadfaidh an t-údarás conarthach an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid beag beann ar luach measta an chonartha, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nár tíolacadh tairiscintí ar bith, nó tairiscint oiriúnach ar bith, nó iarrataí ar bith ar rannpháirtíocht nó iarrataí oiriúnacha ar bith ar rannpháirtíocht dá bhforáiltear i bpointe 11.2 mar fhreagra ar nós imeachta oscailte nó nós imeachta srianta tar éis an nós imeachta sin a bheith curtha i gcrích, ar an gcoinníoll nár athraíodh na doiciméid soláthair bhunaidh go substaintiúil;

(b) i gcás nach féidir ach le hoibreoir eacnamaíoch amháin na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí a chur ar fáil faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 11.3 agus ar cheann ar bith de na cúiseanna seo a leanas:

(i) is é aidhm an tsoláthair saothar ealaíne nó taibhiú ealaíne uathúil a chruthú nó a shealbhú;

(ii) tá iomaíocht ar lár ar chúiseanna teicniúla;

(iii) ní mór cosaint ar chearta eisiacha, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla, a áirithiú;

(c) a mhéid a bhfuil fíorghá leis i gcás, ar chúiseanna fíorphráinne mar thoradh ar chúinsí gan choinne, ina bhfuil sé dodhéanta na teorainneacha ama a leagtar síos i bpointe 24, i bpointe 26 agus i bpointe 41 a chomhlíonadh agus i gcás nach é an t-údarás conarthach is cúis leis an bhfíorphráinn sin;

(d) i gcás ina dtagann conradh seirbhíse as comórtas dearaí agus go bhfuil sé le dámhachtain don bhuaiteoir nó do cheann de na buaiteoirí; sa chás deiridh sin, tabharfaidh cuireadh do na buaiteoirí go léir páirt a ghlacadh san idirbheartaíocht;

(e) i gcás seirbhísí nó oibreacha nua ina bhfuil athdhéanamh ar sheirbhísí nó oibreacha comhchosúla curtha ar an oibreoir eacnamaíoch dár dhámh an t-údarás conarthach céanna conradh bunaidh, ar an gcoinníoll go bhfuil na seirbhísí nó na hoibreacha sin i gcomhréir le buntionscadal dár dámhadh an conradh bunaidh tar éis fógra conartha a fhoilsiú, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe 11.4;

(f) i gcás conarthaí soláthair:

(i) i gcás soláthairtí breise atá ceaptha mar ionadú i bpáirt ar sholáthairtí nó ar shuiteálacha nó mar shíneadh ar sholáthairtí nó ar shuiteálacha cheana, dá gcuirfí athrú ar sholáthraí de cheangal ar an údarás conarthach soláthairtí a shealbhú ag a bhfuil saintréithe teicniúla difriúla agus, dá bhrí sin, go mbeadh neamhréiteacht nó deacrachtaí teicniúla díréireacha in oibriúchán agus cothabháil; nuair a dhámhanninstitiúidí de chuid an Aontais conarthaí ar a gcuntas féin, ní mhairfaidh na conarthaí níos mó ná 3 bliana;

(ii) i gcás ina ndéantar na táirgí ar chúiseanna taighde, turgnaimh, staidéir nó forbartha amháin; ní áireoidh conarthaí den sórt sin, áfach, táirgeadh cainníochta chun inmharthanacht tráchtála a shuíomh nó chun costais taighde agus forbartha a aisghabháil;

(iii) i gcás soláthairtí luaite agus ceannaithe ar mhargadh tráchtearraí;

(iv) i gcás ceannach soláthairtí ar théarmaí a bhfuil buntáiste ar leith leo, ó oibreoir eacnamaíoch a bhfuil a ghníomhaíochtaí gnó á gcríochnú go cinnte aige, nó na leachtaitheoirí i nós imeachta dócmhainneachta, i socrú le creidiúnaithe, nó i nós imeachta den chineál céanna faoin dlí náisiúnta;

(g) i gcás conarthaí tógála, tar éis cuardach ar an margadh áitiúil;

(h) i gcás conarthaí le haghaidh aon cheann acu seo a leanas:

(i) ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanann dlíodóir de réir bhrí Airteagal 1 de Threoir 77/249/CEE ([1]) in imeachtaí eadrána nó idir-réitigh nó breithiúnais;

(ii) comhairle dhlíthiúil a thugtar in ullmhú na n-imeachtaí dá dtagraítear i bpointe (i) nó i gcás ina bhfuil léiriú inbhraite agus dóchúlacht ard go mbeidh an t-ábhar lena mbaineann an chomhairle ina ábhar ag na himeachtaí sin, ar an gcoinníoll go dtugann dlíodóir an chomhairle de réir bhrí Airteagal 1 de Threoir 77/249/CEE;

([1]) Treoir 77/249/CEE ón gComhairle an 22 Márta 1977 chun feidhmiú éifeachtach dlíodóirí chun seirbhísí a sholáthar a éascú (IO L 78, 26.3.1977, lch. 17).

(iii) seirbhísí eadrána agus idir-réitigh;

(iv) seirbhísí deimhnithe agus fíordheimhnithe doiciméad nach mór a bheith soláthraithe ag nótairí;

(i) i gcás conarthaí a ndearbhaítear gur conarthaí rúnda iad nó conarthaí nach mór a bhfeidhmiú a bheith á thionlacan ag bearta speisialta slándála, i gcomhréir leis na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm nó nuair is gá sin chun bunleasanna an Aontais a chosaint, ar an gcoinníoll nach féidir na bunleasanna lena mbaineann a ráthú le bearta eile; féadfaidh bearta den sórt sin ceanglais a áireamh chun cosaint a dhéanamh ar rúndacht na faisnéise a chuireann an t-údarás conarthach ar fáil sa nós imeachta soláthair;

(j) i gcás seirbhísí airgeadais i ndáil le hurrúis nó le hionstraimí airgeadais eile a eisiúint, a dhíol, a cheannach nó a aistriú de réir bhrí Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), seirbhísí bainc ceannais agus oibríochtaí arna ndéanamh leis an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais agus leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach;

(k) iasachtaí, bainidís nó ná bainidís le heisiúint, díol, ceannach nó aistriú urrús nó ionstraimí airgeadais eile de réir bhrí Threoir 2014/65/AE;

(l) i gcás líonraí cumarsáide poiblí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a cheannach de réir bhrí Threoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]);

(m) seirbhísí arna gcur ar fáil ag eagraíocht idirnáisiúnta i gcás nach féidir léi páirt a ghlacadh i nósanna imeachta iomaíocha de réir a reachta nó a gnímh bunaíochta.

11.2. Measfar go bhfuil tairiscint neamhoiriúnach i gcás nach mbaineann sí le hábhar an chonartha agus measfar go bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht neamhoiriúnach i gcás ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch i staid eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 136(1) nó nach sásaíonn sé na critéir roghnúcháin.

11.3. Ní bheidh feidhm ag na heisceachtaí a leagtar amach i bpointe (b)(ii) agus (iii) den dara fomhír de phointe 11.1 ach amháin nuair nach ann do rogha nó ionadaí réasúnta agus nach bhfuil an easpa iomaíochta mar thoradh ar chaolú saorga ar na paraiméadair nuair a shonraítear an soláthar.

11.4. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (e) den dara fomhír de phointe 11.1, cuirfear in iúl sa bhuntionscadal méid na seirbhísí nó n-oibreacha nua féideartha agus na coinníollacha faoina ndámhfar iad. A luaithe a fhéadfar tairiscint a chur isteach ar an mbuntionscadal, nochtfar úsáid fhéideartha an nós imeachta idirbheartaithe, agus cuirfear an méid measta iomlán do na seirbhísí nó do na hoibreacha ina dhiaidh sin san áireamh i bhfeidhmiú na dtairseach dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó in Airteagal 178(1) i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha. Nuair a dhámhann na hinstitiúidí de chuid an Aontais conarthaí ar a gcuntas féin, ní fhéadfar an nós imeachta sin a úsáid ach i rith fheidhmiú an chonartha bunaidh agus, ar a dhéanaí, le linn na 3 bliana tar éis a thabhairt i gcrích.

12. Nós imeachta iomaíoch a úsáid le hidirbheartaíocht nó le hidirphlé iomaíoch

12.1. Nuair a bhaineann an t-údarás conarthach úsáid as an nós imeachta iomaíoch le hidirbheartaíocht nó leis an idirphlé iomaíoch, leanfaidh sé na socruithe i dtaca le hidirbheartaíocht a leagtar amach in Airteagal 164(4) agus i bpointe 6.5. Féadfaidh an túdarás conarthach na nósanna imeachta sin a úsáid beag beann ar luach measta an chonartha, sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nár tíolacadh ach tairiscintí neamhrialta nó doghlactha mar a shonraítear i bpointe 12.2 agus i bpointe 12.3 mar fhreagra ar nós imeachta oscailte nó srianta tar éis an nós imeachta sin a chríochnú ar an gcoinníoll nach ndéantar athrú substaintiúil ar na bundoiciméid soláthair;

(b) maidir le hoibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(i) i gcás nach féidir riachtanais an údaráis chonarthaigh a shásamh gan oiriúnú ar réiteach atá ar fáil go héasca;

([1]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([2]) Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le comhréim rialúcháin i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Réim-Threoir) (IO L 108, 24.4.2002, lch. 33).

(ii) áiríonn na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí réitigh dearaidh nó nuálacha;

(iii) ní féidir an conradh a dhámhachtain gan idirbheartaíocht roimh ré i ngeall ar chúinsí sainiúla a bhaineann le cineál, castacht nó comhdhéanamh dlíthiúil agus airgeadais an chonartha nó na rioscaí a bhaineann le hábhar an chonartha;

(iv) ní féidir leis an údarás conarthach na sonraíochtaí teicniúla a shuíomh le cruinneas leordhóthanach de réir caighdeáin, mar a leagtar amach i bpointe 17.3;

(c) i gcás conarthaí lamháltais;

(d) i gcás na gconarthaí seirbhíse dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Treoir 2014/24/AE;

(e) i gcás seirbhísí taighde agus forbartha seachas na cinn a chumhdaítear le cóid CPV 73000000-2 go 73120000-9, 73300000-5, 73420000-2 agus 73430000-5 mar a leagtar amach in Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ach amháin má fhabhraíonn na tairbhí go heisiach don údarás conarthach dá úsáid i bhfeidhmiú a ghnóthaí féin, nó ach amháin má íocann an t-údarás conarthach go hiomlán as an tseirbhís a sholáthraítear;

(f) i gcás conarthaí seirbhíse le haghaidh sealbhú, forbairt, táirgeadh nó comhtháirgeadh ábhair cláir atá beartaithe do sheirbhísí meán closamhairc mar a shainmhínítear i dTreoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] nó seirbhísí mean raidió nó conarthaí d'am craolta nó soláthar cláir.

12.2. Measfar go bhfuil tairiscint neamhrialta in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nuair nach gcomhlíonann an tairiscint na híoscheanglais a shonraítear sna doiciméid soláthair;

(b) nuair nach gcomhlíonann sí na ceanglais do thíolacadh a leagtar amach in Airteagal 168(3);

(c) nuair a dhiúltaítear don tairgeoir faoi phointe (b) nó faoi phointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 141(1);

(d) nuair atá sé ráite ag an údarás conarthach go bhfuil an tairiscint thar a bheith íseal.

12.3. Measfar go bhfuil tairiscint doghlactha in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) nuair a sháraíonn praghas na tairisceana buiséad uasta an údaráis chonarthaigh mar atá cinnte agus doiciméadaithe sula seolfar an nós imeachta soláthair;

(b) nuair a mhainníonn an tairiscint na leibhéil íosta cháilíochta do chritéir dhámhachtana a chomhlíonadh.

12.4. Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 12.1, ní bheidh ceanglas ar an údarás conarthach fógra conartha a fhoilsiú má chuireann sé san áireamh sa nós imeachta iomaíoch le hidirbheartaíocht na tairgeoirí sin go léir a shásaigh na critéir eisiaimh agus roghnúcháin ach amháin iad siúd a thíolaic tairiscint a dearbhaíodh gur tairiscint thar a bheith íseal í.

13. Nós imeachta lena mbaineann glao ar léiriú spéise

13.1. Do chonarthaí ar a bhfuil luach faoi bhun na dtairseach dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó in Airteagal 178 (1), agus gan dochar do phointe 11 agus do phointe 12, féadfaidh an t-údarás conarthach glao ar léiriú spéise a úsáid chun ceachtar den dá rud seo a leanas a dhéanamh:

(a) iarrthóirí a réamhroghnú le cuireadh a thabhairt dóibh tairiscintí a thíolacadh mar fhreagra ar chuirí teoranta chun tairisceana amach anseo;

(b) liosta a bhailiú de dhíoltóirí le cuireadh a thabhairt dóibh iarrataí ar rannpháirtíocht nó tairiscintí a thíolacadh.

13.2. Beidh an liosta a tharraingeofar suas mar thoradh ar ghlao ar léirithe spéise bailí ar feadh 4 bliana ar a mhéid ón dáta a bhfoilsítear an fógra dá dtagraítear i bpointe 3.1.

Féadfar fo-liostaí a bheith san áireamh sa liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

Féadfaidh oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis é spéis a léiriú ag am ar bith le linn tréimhse bhailíochta an liosta, cé is moite de na 3 mhí deiridh den tréimhse sin.

[1] Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) (IO L 95, 15.4.2010, lch. 1).

13.3. I gcás ina bhfuil conradh le dámhachtain, tabharfaidh an t-údarás conarthach cuireadh do na hiarrthóirí nó do na díoltóirí go léir atá iontráilte ar an liosta nó ar an bhfoliosta ábhartha ceann amháin de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) tairiscint a thíolacadh i gcás dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 13.1;

(b) i gcás dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 13.1, ceann amháin de na nithe seo a leanas a thíolacadh:

(i) tairiscintí lena n-áirítear doiciméid a bhaineann le critéir eisiaimh agus roghnúcháin;

(ii) doiciméid a bhaineann le critéir eisiaimh agus roghnúcháin agus, mar dara céim, tairiscintí, dóibh siúd a chomhlíonann na critéir sin.

14. Conarthaí ar luach láir, ar luach íseal agus ar luach an-íseal

14.1. Féadfar conarthaí ar luach láir, ar luach íseal agus ar luach an-íseal a dhámhachtain trí nós imeachta idirbheartaithe ag leanúint na socruithe ar idirbheartaíocht i gcomhréir le hAirteagal 164(4) agus i bpointe 6.5. Ní thíolacfaidh ach iarrthóirí a fhaigheann cuireadh comhuaineach i scríbhinn ón údarás conarthach tairiscint tosaigh.

14.2. Measfar gur conradh ar luach láir é conradh ar luach atá os cionn EUR 60 000 agus faoi bhun na dtairseach dá dtagraítear in Airteagal 175(1). Beidh feidhm ag pointe 3.1 agus pointe 6.1 agus pointe 6.4 maidir leconarthaí den sórt sin.

14.3. Measfar gur conradh ar luach íseal é conradh ar luach nach sáraíonn, ach a sháraíonn tairseach a leagtar amach i bpointe 14.4, EUR 60 000,. Beidh feidhm ag pointe 3.1 agus pointe 6.2 agus pointe 6.4 maidir le conarthaí den sórt sin.

14.4. Measfar gur conradh ar luach an-íseal é conradh ar luach nach sáraíonn EUR 15 000. Beidh feidhm ag Pointe 6.3 maidir le nósanna imeachta den sórt sin.

14.5. Féadfar íocaíochtaí suimeanna nach sáraíonn EUR 1 000 i leith míreanna caiteachais ach íocaíocht i gcoinne sonrasc, gan tairiscint a ghlacadh roimh ré.

15. Réamhchomhairliúchán margaidh

15.1. Do réamhchomhairliúchán margaidh, féadfaidh an t-údarás conarthach comhairle a lorg nó a ghlacadh ó shaineolaithe neamhspleácha nó ó údaráis nó ó oibreoirí eacnamaíocha. Féadfar an chomhairle sin a úsáid i bpleanáil agus i riar an nós imeachta soláthair, ar an gcoinníoll nach bhfuil sé de thionchar ag comhairle den sórt sin iomaíocht a shaobhadh agus nach mbíonn sárú ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta mar thoradh uirthi.

15.2. I gcás ina bhfuil comhairle curtha ag oibreoir eacnamaíoch ar údarás conarthach nó ina raibh baint aige ar bhealach eile le hullmhú an nós imeachta soláthair, déanfaidh an t-údarás conarthach bearta iomchuí mar a leagtar amach in Airteagal 141 lena áirithiú nach ndéantar iomaíocht a shaobhadh ag rannpháirtíocht an oibreora eacnamaíoch sin sa nós imeachta um dhámhachtain.

16. Doiciméid soláthair

16.1. Beidh na nithe seo a leanas sna doiciméid soláthair:

(a) más infheidhme, an fógra conartha nó beart fógraíochta eile dá bhforáiltear i bpointe 2 go pointe 5;

(b) an glao ar thairiscintí;

(c) sonraíochtaí na tairisceana nó na doiciméid thuairisciúla i gcás idirphlé iomaíoch, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla agus na critéir ábhartha;

(d) an dréachtchonradh bunaithe ar an gconradh eiseamláireach.

Ní bheidh feidhm ag pointe (d) den chéad fhomhír maidir le cásanna nach féidir an conradh eiseamláireach a úsáid ar chúinsí eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo.

16.2. Mar chuid den chuireadh chun tairisceana, déanfar:

(a) na rialacha a shonrú lena rialaítear tíolacadh tairiscintí, lena n-áirítear go háirithe na coinníollacha chun iad a choinneáil faoi rún go dtí go n-osclófar iad, an dáta agus an t-am deiridh lena bhfáil agus an seoladh chuig a bhfuil le seoladh nó le seachadadh nó an seoladh idirlín i gcás tíolacadh leictreonach;

(b) a rá go dtuigtear le tíolacadh tairisceana go nglactar leis na téarmaí agus leis na coinníollacha a leagtar amach sna doiciméid soláthair agus go gcuireann tíolacadh den sórt sin ceangal ar an gconraitheoir dá ndámhtar an conradh le linn fheidhmiú an chonartha;

(c) an tréimhse a shonrú ina mbeidh tairiscint bailí agus nach modhnófar ar bhealach ar bith;

(d) teagmháil ar bith idir an t-údarás conarthach agus an tairgeoir le linn an nós imeachta a thoirmeasc, ach amháin, go heisceachtúil, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 169, agus, i gcás ina ndéantar foráil do chuairt ar an láthair, na socruithe do chuairt den sórt sin a shonrú;

(e) sonrú a thabhairt ar na modhanna cruthúnais leis an teorainn ama a chomhlíonadh maidir le tairiscintí a fháil;

(f) a rá go dtuigtear le tíolacadh tairisceana go nglactar le fógra a fháil faoi thoradh an nós imeachta trí mheán leictreonach.

16.3. Mar chuid de na sonraíochtaí tairisceana, beidh na nithe seo a leanas:

(a) na critéir eisiaimh agus roghnúcháin;

(b) na critéir dhámhachtana agus a n-ualú coibhneasta nó, i gcás nach bhfuil ualú indéanta ar chúiseanna oibiachtúla, a n-ord tábhachta íslitheach, a mbeidh feidhm aige freisin maidir le malairtí má tá siad údaraithe san fhógra conartha;

(c) na sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear i bpointe 17;

(d) má tá malairtí údaraithe, na híoscheanglais nach mór dóibh a shásamh;

(e) faisnéis maidir le cé acu an bhfuil feidhm ag an bPrótacal Uimh. 7 ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, a ghabhann le CAE agus le CFAE nó, más iomchuí, ag Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta nó Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta;

(f) fianaise ar rochtain ar sholáthar;

(g) an ceanglas i ndáil leis an tír ina bhfuil na tairgeoirí bunaithe a léiriú agus an ceanglas i ndáil leis an bhfianaise thacaíochta a bhíonn inghlactha de ghnáth faoi dhlí na tíre sin a thabhairt ar aird;

(h) i gcás córas ceannaigh dinimiciúil nó catalóga leictreonacha, faisnéis ar an trealamh leictreonach a úsáidtear agus na socruithe agus sonraíochtaí i dtaca le nasc teicniúil atá de dhíth.

16.4. Mar chuid den dréachtchonradh déanfar:

(a) sonrú ar na damáistí leachtaithe as mainneachtain a chlásail a chomhlíonadh;

(b) sonrú ar na mionsonraí nach mór a áireamh i sonraisc agus sna doiciméid tacaíochta ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 111;

(c) a rá, nuair a dhámhann hinstitiúidí de chuid an Aontais conarthaí ar a gcuntas féin, gurb é an dlí a bhaineann leis an gconradh, dlí an Aontais, á chomhlánú, más gá, ag an dlí náisiúnta nó, más gá do chonarthaí tógála, an dlí náisiúnta go heisiach;

(d) an chúirt inniúil a shonrú chun díospóidí a éisteacht;

(e) sonrú go gcomhlíonfaidh an conraitheoir oibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair atá bunaithe ag dlí an Aontais, an dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna nó ag na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, sóisialta agus comhshaoil a liostaítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Treoir 2014/24/AE;

(f) sonrú cé acu an mbeidh gá le cearta maoine intleachtúla a aistriú;

(g) a rá go bhfuil an praghas a luaitear sa tairiscint daingean agus nach féidir é a leasú nó na coinníollacha nó foirmlí a leagan síos do leasú ar phraghsanna le linn shaolré an chonartha.

Chun críocha phointe (g) den chéad fhomhír, má tá leasú ar phraghsanna leagtha amach sa chonradh, tabharfaidh an t-údarás conarthach aird ar leith ar na nithe seo a leanas:

(a) ábhar an tsoláthair agus an staid eacnamaíoch ina bhfuil sé ag tarlú;

(b) cineál an chonartha agus na gcúraimí agus a fhad ama;

(c) leasanna airgeadais an údaráis chonarthaigh.

Féadfar pointe (c) agus pointe (d) den chéad fhomhír den phointe seo a tharscaoileadh do chonarthaí atá sínithe i gcomhréir le pointe (m) den dara fomhír de phointe 11.1.

17. Sonraíochtaí teicniúla

17.1. Ceadóidh sonraíochtaí teicniúla rochtain chothrom ag oibreoirí eacnamaíocha ar na nósanna imeachta soláthair agus ní bheidh sé de thionchar acu constaicí éagóracha a chur le hoscailt amach an tsoláthair don iomaíocht.

Áireofar i sonraíochtaí teicniúla na saintréithe atá de dhíth d'oibreacha, do sholáthairtí nó do sheirbhísí, lena n-áirítear íoscheanglais, sa chaoi is go gcomhlíonann siad an úsáid dá bhfuil siad beartaithe ag an údarás conarthach.

17.2. Féadfaidh na saintréithe dá dtagraítear i mír 17.1 na nithe seo a leanas a áireamh de réir mar is iomchuí:

(a) na leibhéil cháilíochta;

(b) feidhmíocht chomhshaoil agus feidhmíocht aeráide;

(c) do cheannacháin atá beartaithe lena n-úsáid ag daoine nádúrtha, na critéir inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumais nó an dearadh do na húsáideoirí go léir, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo;

(d) leibhéil agus nósanna imeachta an mheasúnaithe comhréireachta;

(e) feidhmíocht nó úsáid an tsoláthair;

(f) sábháilteacht nó diminsin, lena n-áirítear, do sholáthairtí, an t-ainm díolacháin agus treoracha d'úsáideoirí, agus, do na conarthaí go léir, téarmaíocht, siombailí, tástáil agus modhanna tástála, pacáistiú, marcáil agus lipéadú, próisis agus modhanna táirgíochta;

(g) do chonarthaí oibreacha, na nósanna imeachta a bhaineann le deimhniú cáilíochta agus na rialacha a bhaineann le dearadh agus costáil, na coinníollacha tástála, cigireachta agus glactha d'oibreacha agus modhanna nó teicnící tógála agus na coinníollacha teicniúla eile go léir a bhfuil an t-údarás conarthach ábalta a fhorordú faoi rialacháin ghinearálta nó shainiúla i dtaca leis na hoibreacha críochnaithe agus i dtaca leis na hábhair nó codanna a bhaineann leo.

17.3. Déanfar na sonraíochtaí teicniúla a fhoirmliú ar bhealach ar bith díobh seo a leanas:

(a) in ord rogha, trí thagairt do chaighdeáin Eorpacha, measúnuithe teicniúla Eorpacha, sonraíochtaí teicniúla coiteanna, caighdeáin idirnáisiúnta, córais tagartha teicniúla eile atá bunaithe ag comhlachtaí caighdeánaithe Eorpacha nó, i gcás nach féidir sin, a gcoibhéisí náisiúnta; beidh "nó an choibhéis" ag gabháil le gach tagairt;

(b) i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta nó fheidhmiúla, lena n-áirítear saintréithe comhshaoil, ar an gcoinníoll go bhfuil na paraiméadair cruinn a dhóthain chun cur ar chumas tairgeoirí ábhar an chonartha a chinneadh agus chun cur ar chumas an údaráis chonarthaigh an conradh a dhámhachtain;

(c) trí theaglaim den mhodh a leagtar amach i bpointe (a) agus i bpointe (b).

17.4. I gcás ina mbaineann an t-údarás conarthach úsáid as an rogha le tagairt do na sonraíochtaí dá bhforáiltear i bpointe (a) de phointe 17.3, ní dhiúltóidh sé do thairiscint ar an mbonn nach gcomhlíonann sí na sonraíochtaí sin a luaithe a chruthaíonn an tairgeoir, trí bhealach iomchuí ar bith, go sásaíonn an réiteach atá molta, ar bhealach coibhéiseach, na ceanglais atá sainmhínithe sna sonraíochtaí teicniúla.

17.5. I gcás ina mbaineann an t-údarás conarthach úsáid as an rogha dá bhforáiltear i bpointe (b) de phointe 17.3, chun sonraíochtaí teicniúla a fhoirmliú i dtéarmaí ceanglas feidhmíochta nó feidhmiúil, ní dhiúltóidh sé do thairiscint a chomhlíonann caighdeán náisiúnta a thrasuíonn caighdeán Eorpach, formheas teicniúil Eorpach, sonraíochtaí teicniúla coiteanna, caighdeán idirnáisiúnta nó córais tagartha teicniúla atá bunaithe ag comhlacht caighdeánaithe Eorpach, má dhéileálann na sonraíochtaí sin leis na ceanglais feidhmíochta nó fheidhmiúla atá leagtha síos aige.

Cruthóidh an tairgeoir trí bhealach iomchuí ar bith go sásaíonn an obair, an soláthar nó an tseirbhís i gcomhlíonadh an chaighdeáin na ceanglais feidhmíochta nó fheidhmiúla a leagtar amach ag an údarás conarthach.

17.6. I gcás ina bhfuil sé ar intinn ag údarás conarthach oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a cheannach a bhfuil saintréithe ar leith comhshaoil, sóisialta nó eile orthu, féadfaidh sé lipéad sainiúil nó ceanglais shainiúla ar lipéad a éileamh, ar an gcoinníoll go sásófar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) ní bhaineann na ceanglais lipéid ach le critéir atá nasctha le hábhar an chonartha agus tá siad iomchuí chun saintréithe an cheannacháin a shainmhíniú;

(b) tá na ceanglais lipéid bunaithe ar chritéir atá infhíoraithe go hoibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach;

(c) cinntear na lipéid i nós imeachta oscailte agus trédhearcach inar féidir leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir páirt a ghlacadh;

(d) tá na lipéid go léir inrochtana ag na páirtithe leasmhara go léir;

(e) socraíonn tríú páirtí na ceanglais lipéid nach féidir leis an oibreoir eacnamaíoch atá ag déanamh iarratas ar an lipéad tionchar cinntitheach a imirt air.

Féadfaidh an t-údarás conarthach a cheangal go soláthróidh oibreoirí eacnamaíocha tuarascáil thástála nó deimhniú mar chruthúnas gur comhlíonadh na doiciméid soláthair ó chomhlacht measúnaithe comhréireachta creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] nó comhlacht measúnaithe comhréireachta coibhéiseach.

17.7. Glacfaidh an t-údarás conarthach le bealach iomchuí cruthúnais ar bith eile in áit na gceann sin dá dtagraítear i bpointe 17.6, amhail sainchomhad teicniúil ón monaróir, i gcás nach raibh rochtain ar bith ag an oibreoir eacnamaíoch ar na deimhnithe nó na tuarascálacha tástála, nó nach raibh aon seans aige iad a fháil nó lipéad sainiúil a fháil laistigh de na teorainneacha ama ábhartha, ar chúiseanna nach féidir a chur i leith an oibreora eacnamaíoch sin agus ar an gcoinníoll go gcruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann go gcomhlíonann na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le cur ar fáil ceanglais an lipéid shainiúil nó na ceanglais shainiúla a chuireann an t-údarás conarthach in iúl.

17.8. Ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis de bharr ábhar an chonartha, maidir le sonraíochtaí teicniúla, ní dhéanfar tagairt do dhéanamh nó foinse ar leith, nó próiseas ar leith atá mar shaintréithe ar na táirgí nó seirbhísí arna gcur ar fáil ag oibreoir eacnamaíoch ar leith, nó do thrádmharcanna, paitinní, cineálacha nó foinse nó tairge ar leith a bhfuil sé de thoradh air go ndéantar buntáiste a thabhairt do tháirgí nó oibreoirí eacnamaíocha áirithe nó iad a chur as an áireamh.

Ceadófar tagairt dá leithéid ar bhonn eisceachtúil i gcás nach bhfuil cur síos ar ábhar an chonartha atá mionsonraithe agus intuigthe a dhóthain indéanta. Cuirfear na focail "nó a chomhionann" le tagairt dá leithéid.

18. Critéir eisiaimh agus roghnúcháin

18.1. Chun críocha Airteagal 137, glacfaidh an t-údarás conarthach an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar (ESPD) dá dtagraítear i dTreoir 2014/24/Ae, nó, ina éagmais sin, dearbhú ar onóir sínithe agus dátaithe.

Féadfaidh oibreoir eacnamaíoch ESPD a úsáideadh cheana i nós imeachta roimhe a athúsáid, ar an gcoinníoll go ndearbhaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch go bhfuil an fhaisnéis istigh ann ceart fós.

(1) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

18.2. Léireoidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair na critéir roghnúcháin, na híosleibhéil acmhainne agus an fhianaise atá de dhíth chun an acmhainn sin a chruthú. Beidh na ceanglais go léir bainteach agus comhréireach le hábhar an chonartha.

Sonróidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair cé mar a dhéanfaidh grúpaí oibreoirí eacnamaíocha na critéir roghnúcháin a shásamh agus pointe 18.6 á chur san áireamh.

I gcás ina roinntear conradh ina mhíreanna, féadfaidh an t-údarás conarthach íosleibhéil a leagan síos do gach mír. Féadfaidh sé íosleibhéil bhreise acmhainne a leagan síos i gcás ina bhfuil roinnt míreanna á ndámhachtain don chonraitheoir céanna.

18.3. Maidir leis an acmhainn chun an ghníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh, féadfaidh an t-údarás conarthach a chur de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) a bheith rollaithe ar chlár ábhartha gairmiúil nó trádála, ach amháin i gcás inarb eagraíocht idirnáisiúnta í an t-oibreoir eacnamaíoch;

(b) do chonarthaí seirbhíse, údarú ar leith a shealbhú a chruthaíonn go bhfuil sé údaraithe an conradh a fheidhmiú ina thír bhunaíochta nó a bheith ina chomhalta d'eagraíocht ghairmiúil ar leith.

18.4. Agus iarrataí ar rannpháirtíocht nó tairiscintí á bhfáil aige, glacfaidh an t-údarás conarthach leis an ESPD nó, dá uireasa sin, dearbhú ar onóir á rá go gcomhlíonann an t-iarrthóir nó an tairgeoir na critéir roghnúcháin. Féadfar an ceanglas chun tíolacadh do ESPD nó dearbhú ar onóir a tharscaoileadh do chonarthaí ar luach an-íseal.

Féadfaidh an t-údarás conarthach a iarraidh ar thairgeoirí agus iarrthóirí ag am ar bith le linn an nós imeachta dearbhú nuashonraithe nó na doiciméid tacaíochta go léir nó cuid díobh a thíolacadh i gcás inar gá sin chun a áirithiú go ndéanfar an nós imeachta mar is ceart.

Iarrfaidh an t-údarás conarthach ar na hiarrthóirí nó ar an tairgeoir ar éirigh leis doiciméid tacaíochta atá cothrom le dáta a thíolacadh ach amháin i gcás ina bhfuil siad faighte aige cheana chun críche nós imeachta eile agus ar an gcoinníoll go bhfuil na doiciméid fós cothrom le dáta nó gur féidir leis rochtain a fháil orthu ar bhunachar sonraí náisiúnta saor in aisce.

18.5. Féadfaidh an t-údarás conarthach, ag brath ar a mheasúnú ar rioscaí, cinneadh gan fianaise a lorg maidir le hacmhainn dhlíthiúil, rialála, airgeadais, eacnamaíoch, theicniúil agus ghairmiúil oibreoirí eacnamaíocha sna cásanna seo a leanas:

(a) nósanna imeachta do chonarthaí arna ndámhachtain ag hinstitiúidí de chuid an Aontais ar a gcuntas féin, ar a bhfuil tairseacha nach sáraíonn an luach dá dtagraítear in Airteagal 175(1);

(b) nósanna imeachta do chonarthaí arna ndámhachtain i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha, ar a bhfuil luach nach sáraíonn na tairseacha dá dtagraítear in Airteagail 178(1);

(c) nósanna imeachta maidir le conarthaí arna ndámhachtain i gcomhréir le pointí (b), (e), (f)(i) agus (iv), (h) agus (m) den dara fomhír de phointe 11.1.

I gcás ina gcinneann an t-údarás conarthach gan fianaise ar acmhainn dhlíthiúil, rialála, airgeadais, eacnamaíoch, theicniúil agus ghairmiúil oibreoirí eacnamaíocha a cheangal, ní dhéanfar aon réamh-mhaoiniú ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo

18.6. Féadfaidh oibreoir eacnamaíoch, más iomchuí agus do chonradh ar leith, brath ar acmhainní eintiteas eile, beag beann ar chineál dlíthiúil na nasc atá aige leo. Sa chás sin, cruthóidh sé don údarás conarthach go mbeidh fáil aige ar na hacmhainní is gá do chomhlíonadh an chonartha trí gheallúint ó na heintitis ina leith sin a thaispeáint.

Maidir le critéir theicniúla agus ghairmiúla, ní bhraithfidh oibreoir eacnamaíoch brath ar acmhainní eintiteas eile ach i gcás ina ndéanfaidh na heintitis sin na hoibreacha nó seirbhísí a bhfuil na hacmhainní sin de dhíth orthu.

I gcás ina mbraitheann oibreoir eacnamaíoch ar acmhainní eintiteas eile i dtaca le critéir a bhaineann le hacmhainn eacnamaíoch agus airgeadais, féadfaidh an t-údarás conarthach a éileamh go mbeidh an t-oibreoir eacnamaíoch agus na heintitis sin comhdhliteanach as comhlíonadh an chonartha.

Féadfaidh an t-údarás conarthach faisnéis a lorg ón tairgeoir maidir le haon chuid den chonradh a bheartaíonn an tairgeoir a ligean ar fochonradh agus ar chéannacht fochonraitheoirí ar bith.

D'oibreacha nó seirbhísí a chuirtear ar fáil ag áis atá á maoirsiú go díreach ag an údarás conarthach, cuirfidh an t-údarás conarthach de cheangal ar an gconraitheoir ainmneacha, teagmhálacha agus ionadaithe údaraithe na bhfochonraitheoirí uile atá páirteach i gcomhlíonadh an chonartha.

18.7. Fíoróidh an t-údarás conarthach cé acu an gcomhlíonann na heintitis, a bhfuil sé de rún ag an oibreoir eacnamaíoch brath ar a n-acmhainn, agus na fochonraitheoirí atá beartaithe, na critéir roghnúcháin ábhartha, nuair is cuid shuntasach den chonradh í an fhochonraitheoireacht.

Cuirfidh an t-údarás conarthach de cheangal ar an oibreoir eacnamaíoch eintiteas nó fochonraitheoir nach sásaíonn critéar roghnúcháin ábhartha a ionadú.

18.8. I gcás conarthaí oibreacha, conarthaí seirbhíse agus oibríochtaí láithreánaithe nó suiteála i gcomhthéacs conradh soláthair, féadfaidh an t-údarás conarthach a éileamh go ndéanfaidh an tairgeoir féin cúraimí criticiúla áirithe go díreach nó, i gcás ina dtíolacann grúpa oibreoirí eacnamaíocha an tairiscint, go ndéanfaidh rannpháirtí sa ghrúpa iad.

18.9. Ní éileoidh an t-údarás conarthach go mbeidh aon fhoirm dhlíthiúil ar leith ar ghrúpa d'oibreoirí eacnamaíocha d'fhonn tairiscint nó iarraidh ar rannpháirtíocht a thíolacadh, ach féadfar a éileamh ar an ngrúpa roghnaithe foirm dhlíthiúil ar leith a ghlacadh tar éis an conradh a dhámhachtain dó má tá an t-athrú den sórt sin riachtanach do chomhlíonadh ceart an chonartha.

19. Acmhainn eacnamaíoch agus airgeadais

19.1. D'fhonn a áirithiú go bhfuil an acmhainn eacnamaíoch agus airgeadais riachtanach ag oibreoirí eacnamaíocha chun an conradh a chomhlíonadh, féadfaidh an t-údarás conarthach a éileamh go háirithe:

(a) go bhfuil láimhdeachas bliantúil íosta áirithe ag oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear láimhdeachas íosta áirithe sa réimse a chlúdaítear faoin gconradh;

(b) go soláthraíonn oibreoirí eacnamaíocha faisnéis faoina gcuntais bhliantúla ag léiriú na gcóimheas idir sócmhainní agus dliteanas;

(c) go soláthraíonn oibreoirí eacnamaíocha leibhéal iomchuí d'árachas slánaíochta riosca gairmiúla.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní sháróidh an láimhdeachas bliantúil íosta dhá oiread luach bliantúil measta an chonartha, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo nasctha le cineál an cheannaigh, a mhíneoidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, míneoidh an t-údarás conarthach na modhanna agus na critéir do chóimheasa den sórt sin sna doiciméid soláthair.

19.2. I gcás córais cheannaigh dhinimiciúla, déanfar an láimhdeachas bliantúil uasta a ríomh ar bhonn uasmhéid mheasta na gconarthaí sonracha a bheidh le dámhachtain faoin gcóras sin.

19.3. Sainmhíneoidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair an fhianaise a bheidh le soláthar ag oibreoir eacnamaíoch chun a acmhainn eacnamaíoch agus airgeadais a léiriú. Féadfaidh sé go háirithe ceann amháin nó níos mó de na doiciméid seo a leanas a iarraidh:

(a) ráitis chuí ó bhainc nó, más iomchuí, fianaise ar árachas slánaíochta riosca gairmiúla ábhartha;

(b) ráitis airgeadais nó achoimrí orthu do thréimhse chomh fada leis na 3 bliana airgeadais deireanacha a raibh na cuntais dúnta lena linn nó níos giorra ná sin;

(c) ráiteas ar láimhdeachas foriomlán an oibreora eacnamaíoch agus, más iomchuí, láimhdeachas sa réimse atá clúdaithe ag an gconradh do na 3 bliana airgeadais deireanacha atá ar fáil, ar a mhéid.

Más rud é, ar chúis bhailí ar bith, nach bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch ábalta na tagairtí a iarrann an t-údarás conarthach a sholáthar, féadfaidh sé a acmhainn eacnamaíoch agus airgeadais a chruthú le haon doiciméad eile a mheasann an t-údarás conarthach is iomchuí.

20. Acmhainn theicniúil agus ghairmiúil

20.1. Fíoróidh an t-údarás conarthach go gcomhlíonann iarrthóirí nó tairgeoirí na critéir roghnúcháin íosta i dtaca le hacmhainn theicniúil agus ghairmiúil i gcomhréir le pointe 20.2 go pointe 20.5.

20.2. Sainmhíneoidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair an fhianaise atá le soláthar ag oibreoir eacnamaíoch chun a acmhainn theicniúil agus ghairmiúil a léiriú. Féadfaidh sé ceann amháin nó níos mó de na doiciméid seo a leanas a iarraidh:

(a) i gcás oibreacha, soláthairtí a éilíonn oibríochtaí nó seirbhísí láithreánaithe nó suiteála, faisnéis maidir le cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla, scileanna, taithí agus saineolas na ndaoine atá freagrach as comhlíonadh;

(b) liosta díobh seo a leanas:

(i) na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil agus na soláthairtí a seachadadh le linn na 3 bliana deireanacha chomh maith leis na suimeanna, na dátaí agus na cliaint, idir phoiblí agus phríobháideach in éineacht le ráitis eisithe ag na cliaint, má iarrtar iad;

(ii) na hoibreacha a rinneadh le linn na 5 bliana deireanacha, in éineacht le deimhnithe um chur i bhfeidhm sásúil do na hoibreacha is tábhachtaí;

(c) ráiteas ar an trealamh teicniúil, na huirlisí nó an gléasra atá ar fáil don oibreoir eacnamaíoch chun conradh seirbhíse nó oibreacha a chomhlíonadh;

(d) tuairisc ar na háiseanna agus na modhanna teicniúla atá ar fáil don oibreoir eacnamaíoch chun cáilíocht a áirithiú, agus tuairisc ar áiseanna staidéir agus taighde atá ar fáil;

(e) tagairt do na teicneoirí nó na comhlachtaí teicniúla atá ar fáil don oibreoir eacnamaíoch, cibé acu is leis iad go díreach nó nach leis, go háirithe dóibh siúd atá freagrach as rialú cáilíochta;

(f) i leith soláthairtí: samplaí, tuairiscí nó grianghraif bharántúla nó deimhnithe arna dtarraingt suas ag institiúidí rialaithe cáilíochta oifigiúla nó gníomhaireachtaí ag a bhfuil inniúlacht aitheanta a dhearbhaíonn comhréireacht na dtáirgí a shonraítear go soiléir trí thagairtí do shonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin;

(g) i gcás oibreacha nó seirbhísí, ráiteas ar an meán-dhaonchumhacht bhliantúil agus líon fhoireann bhainistíochta an oibreora eacnamaíoch le linn na 3 bliana deireanacha;

(h) léiriú ar chórais bhainistithe an tslabhra soláthair agus na córais rianaithe a bheidh an t-oibreoir eacnamaíoch ábalta a chur i bhfeidhm agus an conradh á chomhlíonadh aige;

(i) léiriú ar na bearta um bainistíocht comhshaoil a bheidh an t-oibreoir eacnamaíoch ábalta a chur i bhfeidhm agus an conradh á chomhlíonadh aige.

Chun críocha phointe (b)(i) den chéad fhomhír, más gá d'fhonn leibhéal leordhóthanach iomaíochta a áirithiú, féadfaidh an t-údarás conarthach a thabhairt le fios go gcuirfear san áireamh fianaise ar sholáthairtí nó seirbhísí ábhartha a cuireadh ar fáil nó a rinneadh breis agus 3 bliana roimhe.

Chun críocha phointe (b)(ii) den chéad fhomhír, más gá d'fhonn leibhéal leordhóthanach iomaíochta a áirithiú, féadfaidh an t-údarás conarthach a thabhairt le fios go gcuirfear san áireamh fianaise ar oibreacha ábhartha a cuireadh ar fáil nó a rinneadh breis agus 5 bliana roimhe sin.

20.3. I gcás ina bhfuil na soláthairtí nó na seirbhísí casta nó, go heisceachtúil, de dhíth le haghaidh sainchuspóra, féadfar fianaise ar acmhainn theicniúil agus ghairmiúil a dhaingniú trí bhíthin seiceáil a dhéanfaidh an t-údarás conarthach nó a dhéanfaidh comhlacht oifigiúil inniúil na tíre ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch bunaithe ar a shon, faoi réir thoiliú an chomhlachta sin. Bainfidh na seiceálacha sin le hacmhainn theicniúil agus acmhainn táirgeachta an tsoláthraithe agus, más gá, a áiseanna staidéir agus taighde agus bearta um rialú cáilíochta.

20.4. I gcás ina n-éilíonn an t-údarás conarthach go soláthrófar deimhnithe arna dtarraingt suas ag comhlachtaí neamhspleácha a dhearbhaíonn gur chomhlíon an t-oibreoir eacnamaíoch caighdeáin áirithe maidir le deimhniú cáilíochta, lena n-áirítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, tagróidh sé do chórais dearbhaithe cáilíochta bunaithe ar na sraitheanna caighdeán ábhartha Eorpach arna ndearbhú ag comhlachtaí creidiúnaithe. Glacfaidh an t-údarás conarthach freisin le fianaise eile ar bhearta coibhéiseacha maidir le dearbhú cáilíochta ó oibreoir eacnamaíoch ar léir nach bhfuil rochtain aige ar na deimhnithe sin nó nach bhfuil aon fhéidearthacht ann go bhfaighidh sé na deimhnithe sin laistigh de na teorainneacha ama ábhartha, ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith an oibreora eacnamaíoch sin agus ar an gcoinníoll go gcruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch go gcomhlíonann na bearta um dhearbhú cáilíochta atá molta na caighdeáin um dhearbhú cáilíochta atá de dhíth.

20.5. I gcás ina n-éilíonn an t-údarás conarthach soláthar deimhnithe arna dtarraingt suas ag comhlachtaí neamhspleácha a dhearbhaíonn go gcomhlíonann an t-oibreoir eacnamaíoch córais nó caighdeáin áirithe maidir le bainistíocht chomhshaoil, déanfaidh sé tagairt do Scéim an Aontais Eorpaigh um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil nó do chórais eile um bainistíocht chomhshaoil mar atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) nó caighdeáin eile um bainistíocht chomhshaoil bunaithe ar na caighdeáin ábhartha Eorpacha nó idirnáisiúnta de chuid comhlachtaí creidiúnaithe. I gcás inar léir nach raibh rochtain ag oibreoir eacnamaíoch ar na deimhnithe sin, nó nach raibh aon fhéidearthacht ann go bhfaigheadh sé iad laistigh de na teorainneacha ama ábhartha ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith an oibreora eacnamaíoch sin, glacfaidh an t-údarás conarthach le fianaise eile ar bhearta um bainistíocht chomhshaoil, ar an gcoinníoll go gcruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch go bhfuil na bearta sin coibhéiseach leo siúd atá de dhíth faoin gcóras nó caighdeán bainistíochta comhshaoil is infheidhme.

20.6. Féadfaidh údarás conarthach a chinneadh nach bhfuil an acmhainn ghairmiúil riachtanach ag oibreoir eacnamaíoch chun an conradh a chomhlíonadh go caighdeán cáilíochta iomchuí i gcás inar shuigh an t-údarás conarthach go bhfuil leasanna contrártha ag an oibreoir eacnamaíoch a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chomhlíonadh an oibreora.

21. Critéir dhámhachtana

21.1. Féadfaidh critéir cháilíochta eilimintí a áireamh amhail fiúntas teicniúil, saintréithe aeistéitiúla agus feidhmiúla, inrochtaineacht, dearadh do na húsáideoirí go léir, saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha, próiseas táirgthe, soláthair agus trádála agus aon phróiseas ar leith eile ag aon chéim de shaolré na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí, eagrú na foirne a shannfar do chomhlíonadh an chonartha, seirbhís iardhíola, cúnamh teicniúil nó coinníollacha seachadta amhail dáta seachadta, próiseas seachadta agus tréimhse soláthair nó tréimhse críochnaithe.

21.2. Sonróidh an t-údarás conarthach sna doiciméid soláthair an t-ualú coibhneasta a thugann sé do gach ceann de na critéir atá roghnaithe chun a chinneadh cé acu tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ach amháin nuair atá modh an phraghais is ísle in úsáid. Féadfar na hualuithe sin a chur in iúl mar raon a bhfuil leathadh uasta iomchuí i gceist leis.

Ní bheidh neodrú ar phraghas nó costas mar thoradh ar an ualú a chuirtear i bhfeidhm maidir le praghas nó costas i gcoibhneas leis na critéir eile.

Mura mbeidh ualú indéanta ar chúiseanna oibiachtúla, léireoidh an t-údarás conarthach na critéir in ord laghdaitheach tábhachta.

21.3. Féadfaidh an t-údarás conarthach íosleibhéil cháilíochta a leagan síos. Diúltófar tairiscintí atá faoi bhun na leibhéal cáilíochta sin.

21.4. Clúdóidh costáil saolré codanna de na costais seo a leanas nó na costais seo go léir, a mhéid is ábhartha, le linn saolré oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí:

(a) costais a iompraíonn an t-údarás conarthach nó úsáideoirí eile, amhail:

(i) costais a bhaineann le sealbhú;

(ii) costais úsáide, amhail úsáid fuinnimh agus acmhainní eile;

(iii) costais chothabhála;

(iv) costais deiridh saoil, amhail costais bhailiúcháin agus athchúrsála;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún (IO L 342, 22.12.2009, lch. 1).

(b) costais a mhaítear a bhaineann le seachtrachtaí comhshaoil atá nasctha leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí le linn a saolré, ar an gcoinníoll go bhféadfar a luach airgeadais a chinneadh agus a fhíorú.

21.5. I gcás ina ndéanann an t-údarás conarthach measúnú ar na costais leis an gcur chuige costála saolré, léireoidh sé sna doiciméid soláthair na sonraí atá le soláthar ag na tairgeoirí agus an modh a úsáidfidh sé chun na costais saolré a chinneadh ar bhonn na sonraí sin.

Comhlíonfaidh an modh a úsáidfear chun costais a mhaítear a bhaineann le seachtrachtaí comhshaoil na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá sé bunaithe ar chritéir atá infhíoraithe agus neamh-idirdhealaitheach go hoibiachtúil;

(b) tá rochtain ag na páirtithe leasmhara go léir air;

(c) féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha na sonraí atá de dhíth a chur ar fáil le hiarracht réasúnta.

Más infheidhme, úsáidfidh an t-údarás conarthach na modhanna coiteanna éigeantacha le haghaidh ríomh na gcostas saolré dá bhforáiltear i ngníomhartha dlíthiúla an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Treoir 2014/24/AE.

22. Ceantanna leictreonacha a úsáid

22.1. Féadfaidh an t-údarás conarthach úsáid a bhaint as ceantanna leictreonacha, ina gcuirtear i láthair praghsanna nua, arna leasú síos nó luachanna nua i dtaca le heilimintí áirithe de thairiscintí.

Déanfaidh an t-údarás conarthach an ceant leictreonach a struchtúrú mar phróiseas atriallach leictreonach, a tharlaíonn tar éis meastóireacht tosaigh iomlán ar na tairiscintí, rud a fhágann gur féidir iad a rangú le modhanna meastóireachta uathoibríocha.

22.2. I nósanna imeachta oscailte, srianta nó iomaíocha lena mbaineann idirbheartaíocht, féadfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh go dtiocfaidh ceant leictreonach roimh dhámhachtain conartha poiblí nuair is féidir na doiciméid soláthair a chinneadh go cruinn.

Féadfar ceant leictreonach a reáchtáil nuair a athosclaítear iomaíocht idir na páirtithe i gcreatchonradh amhail dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír de phointe 1.3 agus nuair a osclaítear iomaíocht do chonarthaí lena ndámhachtain faoin gcóras ceannaigh dinimiciúil dá dtagraítear i bpointe 9.

Beidh an ceant leictreonach bunaithe ar cheann de na modhanna dámhachtana a leagtar amach in Airteagal 167(4).

22.3. Luafaidh an t-údarás conarthach a chinneann ceant leictreonach a reáchtáil an fíoras sin san fhógra conartha.

Áireofar sna doiciméid soláthair na mionsonraí seo a leanas:

(a) luachanna na ngnéithe a bheidh mar ábhar ag ceant leictreonach, ar an gcoinníoll go bhfuil na gnéithe sin inchainníochtaithe agus gur féidir iad a chur in iúl i bhfigiúirí nó i gcéatadáin;

(b) aon teorainneacha ar na luachanna a fhéadfaidh a bheith tíolactha, de réir mar a eascraíonn siad ó na sonraíochtaí a bhaineann le hábhar an chonartha;

(c) an fhaisnéis a chuirfear ar fáil do thairgeoirí le linn an cheant leictreonaigh agus, más iomchuí, cathain a chuirfear ar fáil dóibh í;

(d) an fhaisnéis ábhartha i dtaca le próiseas an cheant leictreonaigh lena n-áirítear cé acu atá céimeanna san áireamh ann nó nach bhfuil agus conas a dhúnfar é, mar a leagtar amach i bpointe 22.7;

(e) na coinníollacha faoina mbeidh ar chumas na dtairgeoirí tairiscint a dhéanamh agus, go háirithe, na difríochtaí íosta a bheidh de dhíth, más iomchuí, agus an tairiscint á tíolacadh;

(f) an fhaisnéis ábhartha i dtaca leis an trealamh leictreonach a úsáidtear agus na socruithe agus na sonraíochtaí teicniúla do nascadh.

22.4. Tabharfar cuireadh go comhuaineach trí mhodh leictreonach do na tairgeoirí go léir a mbeidh tairiscintí inghlactha tíolactha acu páirt a ghlacadh sa cheant leictreonach agus úsáid á baint as na naisc i gcomhréir leis na treoracha. Sonrófar sa chuireadh dáta agus am tosaithe an cheant leictreonaigh.

Féadfaidh roinnt céimeanna leanúnacha a bheith sa cheant leictreonach. Ní thosóidh an ceant leictreonach tráth níos luaithe ná dhá lá oibre ón dáta a seoltar cuirí amach.

22.5. Beidh an cuireadh in éineacht leis an toradh ar mheastóireacht iomlán ar an tairiscint ábhartha.

Luafar sa chuireadh freisin an fhoirmle mhatamaiticiúil atá le húsáid sa cheant leictreonach chun ath-ranguithe uathoibríocha a chinneadh ar bhonn na bpraghsanna nua agus/nó luachanna nua a thíolactar. Áireofar san fhoirmle sin an t-ualú ar na critéir go léir socraithe lena chinneadh cé acu tairiscint is buntáistí ó thaobh na heacnamaíochta de, mar atá léirithe sna doiciméid soláthair. Chun na críche sin, áfach, déanfar raon ar bith a laghdú roimh ré chuig luach sonraithe.

I gcás ina bhfuil malairtí údaraithe, cuirfear foirmle ar leith ar fáil do gach malairt.

22.6. I rith gach céime de cheant leictreonach cuirfidh an t-údarás conarthach in iúl láithreach do na tairgeoirí uile faisnéis atá leordhóthanach, ar a laghad, chun cur ar a gcumas a ranguithe coibhneasta a chinneadh ag nóiméad ar bith. Féadfaidh sé freisin, i gcás ina bhfuil sé seo tugtha le fios roimhe, faisnéis eile a chur in iúl i dtaca le praghsanna nó luachanna eile a tíolacadh chomh maith le fógra a thabhairt faoi líon na dtairgeoirí in aon chéim ar leith den cheant. Ní nochtfaidh sé, áfach, céannacht na dtairgeoirí le linn céim ar bith de cheant leictreonach.

22.7. Dúnfaidh an t-údarás conarthach ceant leictreonach ar cheann amháin nó níos mó de na bealaí seo a leanas:

(a) ar an dáta agus ag an am a luadh cheana;

(b) nuair nach mbeidh aon phraghsanna nua nó luachanna nua eile a shásaíonn na ceanglais maidir le difríochtaí íosta faighte aige, ar an gcoinníoll gur luaigh sé roimhe an t-am a cheadóidh sé le dul in éag tar éis an tíolacadh deiridh a fháil sula ndúnann sé an ceant leictreonach;

(c) nuair a bheidh líon na gcéimeanna sa cheant a cuireadh in iúl roimhe curtha i gcrích.

22.8. Tar éis dó ceant leictreonach a dhúnadh, dámhfaidh an t-údarás conarthach an conradh ar bhonn thorthaí an cheant leictreonaigh.

23. Tairiscintí thar a bheith íseal

23.1. Más rud é, i gcás conradh ar leith, go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil an praghas nó na costais atá molta i dtairiscint thar a bheith íseal, iarrfaidh an t-údarás conarthach i scríbhinn sonraí faoi chomhchodanna an phraghais nó na gcostas a mheasann sé a bheith ábhartha agus tabharfaidh sé deis don tairgeoir a thuairimí a chur i láthair.

Féadfaidh an t-údarás conarthach, go háirithe, tuairimí a chur san áireamh a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) eacnamaíocht an phróisis monaróireachta, an tsoláthair seirbhísí nó an mhodha tógála;

(b) na réitigh theicniúla atá roghnaithe nó na dálaí thar a bheith fabhrach atá ar fáil don tairgeoir;

(c) úrnuacht na tairisceana;

(d) an méid a chomhlíon an tairgeoir na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair;

(e) an méid a chomhlíon na fochonraitheoirí na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair;

(f) an fhéidearthacht go bhfaigheadh an tairgeoir cabhair stáit i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

23.2. Ní dhiúltóidh an t-údarás conarthach tairiscint ach i gcás nach dtugann an fhianaise a chuirtear ar fáil míniú sásúil ar an bpraghas íseal nó ar na costais ísle a mholtar.

Diúltóidh an t-údarás conarthach an tairiscint, i gcás inar shuigh sé go bhfuil an tairiscint thar a bheith íseal toisc nach gcomhlíonann sí na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair.

23.3. I gcás ina suíonn an t-údarás conarthach go bhfuil tairiscint thar a bheith íseal toisc go bhfuil cabhair stáit faighte ag an tairgeoir, ní fhéadfaidh sé an tairiscint a dhiúltú ar an mbonn sin amháin más rud é nach bhfuil sé ar chumas an tairgeora a chruthú, laistigh de theorainn ama leordhóthanach arna socrú ag an údarás conarthach, go raibh an chabhair atá i gceist ag luí leis an margadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 107 CFAE.

24. Teorainneacha ama lena nglacfar tairiscintí agus iarrataí ar rannpháirtíocht

24.1. Beidh na teorainneacha ama níos faide ná na teorainneacha ama íosta a leagtar amach sa phointe seo i gcás nach féidir tairiscintí a tharraingt suas ach tar éis cuairt ar an láthair nó tar éis comhairliúchán ar an láthair ar na doiciméid lena dtacaítear leis na doiciméid soláthair.

Cuirfear cúig lá leis na teorainneacha ama i gcás ar bith díobh seo a leanas:

(a) ní thairgeann an t-údarás conarthach rochtain dhíreach ar na doiciméid soláthair trí mhodh leictreonach saor in aisce;

(b) foilsítear an fógra conartha i gcomhréir le pointe (b) de phointe 4.2.

24.2. I nósanna imeachta oscailte, ní bheidh an teorainn ama chun tairiscintí a fháil níos gairide ná 37 lá ón lá tar éis an dáta ar seoladh an fógra conartha.

24.3. I nósanna imeachta srianta, in idirphlé iomaíoch, i nósanna imeachta iomaíocha lena mbaineann idirbheartaíocht, i gcórais cheannaigh dhinimiciúla agus i gcomhpháirtíochtaí nuálaíochta, ní bheidh an teorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil níos gairide ná 32 lá ón lá tar éis an dáta ar seoladh an fógra conartha.

24.4. I nósanna imeachta srianta agus i nósanna imeachta iomaíocha lena mbaineann idirbheartaíocht, ní bheidh an teorainn ama chun tairiscintí a fháil níos gairide ná 30 lá ón lá tar éis sheoladh an chuiridh chun tairisceana.

24.5. I gcóras ceannaigh dinimiciúil, ní bheidh an teorainn ama chun tairiscintí a fháil níos gairide ná 10 lá ón lá tar éis sheoladh an chuiridh chun tairisceana.

24.6. Sna nósanna imeachta tar éis glao ar léirithe spéise dá dtagraítear i bpointe 13.1, is é an teorainn ama a bheidh ann:

(a) tráth nach gairide ná 10 lá ón lá tar éis sheoladh an chuiridh chun tairisceana chun tairiscintí a fháil i gcás an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 13.1 agus pointe (b)(i) de phointe 13.3;

(b) tráth nach gairide ná 10 chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil agus tráth nach gairide ná 10 lá chun tairiscintí a fháil i gcás an nós imeachta dhá chéim dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) de phointe 13.3.

24.7. Féadfaidh an t-údarás conarthach cúig lá a bhaint de na teorainneacha ama chun tairiscintí a fháil do na nósanna imeachta oscailte nó srianta má ghlacann sé leis gur féidir tairiscintí a thíolacadh trí mhodh leictreonach.

25. Rochtain ar dhoiciméid soláthair agus an teorainn ama chun faisnéis bhreise a sholáthar

25.1. Cuirfidh an t-údarás conarthach rochtain dhíreach ar na doiciméid soláthair ar fáil saor in aisce trí mhodh leictreonach ó dháta foilsithe an fhógra conartha nó, i gcás na nósanna imeachta gan fógra conartha nó dá dtagraítear i bpointe 13, ón dáta a seoltar an cuireadh chun tairisceana.

I gcásanna a bhfuil údar leo, féadfaidh an t-údarás conarthach na doiciméid soláthair a tharchur trí mhodhanna eile a shonraíonn sé más rud é nach bhfuil rochtain dhíreach le modh leictreonach indéanta ar chúiseanna teicniúla nó má tá faisnéis de chineál rúnda sna doiciméid soláthair. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag an dara fomhír de phointe 24.1 ach amháin i gcásanna práinneacha dá bhforáiltear i bpointe 26.1.

Féadfaidh an t-údarás conarthach ceanglais a chur ar oibreoirí eacnamaíocha a fhéachann le cineál rúnda na faisnéise atá sna doiciméid soláthair a chosaint. Fógróidh sé na ceanglais sin chomh maith leis an gcaoi ar féidir rochtain a fháil ar na doiciméid soláthair lena mbaineann.

25.2. Cuirfidh an t-údarás conarthach faisnéis bhreise ar fáil agus í nasctha leis na doiciméid soláthair go comhuaineach agus i scríbhinn chuig na hoibreoirí eacnamaíocha leasmhara go léir a luaithe is féidir.

Ní bheidh de cheangal ar an údarás conarthach freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise a dhéantar níos lú ná sé lá oibre roimh an spriocdháta chun tairiscintí a fháil.

25.3. Cuirfidh an t-údarás conarthach síneadh leis an teorainn ama chun tairiscintí a fháil i gcás:

(a) nár chuir sé faisnéis bhreise ar fáil ar a dhéanaí sé lá roimh an spriocdháta chun tairiscintí a fháil cé gur iarr an t-oibreoir eacnamaíoch in am trátha í;

(b) ina ndéanann sé athruithe suntasacha ar na doiciméid soláthair.

26. Teorainneacha ama i gcásanna práinneacha

26.1. I gcás, mar thoradh ar phráinn a bhfuil údar maith léi, go bhfuil na teorainneacha ama íosta a leagtar síos i bpointe 24.2 agus i bpointe 24.3 do nósanna imeachta oscailte nó srianta dofheidhmithe, féadfaidh an t-údarás conarthach:

(a) teorainn ama a shocrú chun iarrataí ar rannpháirtíocht nó tairiscintí a fháil i nósanna imeachta oscailte nach mbeidh níos gairide ná 15 lá ón dáta ar seoladh an fógra conartha;

(b) teorainn ama a shocrú chun tairiscintí a fháil do nósanna imeachta srianta nach mbeidh níos gairide ná 10 lá ón dáta ar seoladh an cuireadh chun tairisceana.

26.2. I gcásanna práinneacha, is 4 lá a bheidh sa teorainn ama a leagtar amach sa chéad fhomhír de phointe 25.2 agus i bpointe (a) de phointe 25.3.

27. Catalóga leictreonacha

27.1. I gcás ina bhfuil gá le modh cumarsáide leictreonach, féadfaidh an t-údarás conarthach a iarraidh go ndéanfar tairiscintí a thíolacadh i bhformáid catalóige leictreonaí nó catalóg leictreonach a áireamh.

27.2. I gcás ina nglactar nó ina n-éilítear tíolacadh tairiscintí i bhfoirm catalóg leictreonach, déanfaidh an t-údarás conarthach:

(a) é sin a rá san fhógra conartha;

(b) an fhaisnéis riachtanach go léir a thabhairt sna doiciméid soláthair i dtaca leis an bhformáid, an trealamh leictreonach a úsáidtear agus na socruithe do nasc teicniúil agus sonraíochtaí don chatalóg.

27.3. I gcás ina bhfuil creatchonradh iolrach tugtha i gcrích tar éis tíolacadh ar thairiscintí i bhfoirm catalóg leictreonach, féadfaidh an t-údarás conarthach foráil a dhéanamh go ndéantar athoscailt iomaíochta do chonarthaí sonracha ar bhonn catalóga nuashonraithe trí úsáid a bhaint as ceann amháin de na modhanna seo a leanas:

(a) tugann an t-údarás conarthach cuireadh do chonraitheoirí a gcatalóga leictreonacha a ath-thíolacadh, agus iad curtha in oiriúint do cheanglais an chonartha shonraigh atá i gceist;

(b) tugann an t-údarás conarthach fógra do chonraitheoirí go bhfuil sé ar intinn aige an fhaisnéis atá de dhíth chun tairiscintí a chomhdhéanamh atá oiriúnaithe do cheanglais an chonartha shonraigh atá i gceist a bhailiú ó na catalóga leictreonacha a tíolacadh cheana, ar an gcoinníoll go bhfuil úsáid an mhodha sin fógartha sna doiciméid soláthair don chreatchonradh.

27.4. Agus é ag baint úsáid as an modh dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 27.3, tabharfaidh an t-údarás conarthach fógra do chonraitheoirí faoin dáta agus faoin am a bhfuil sé ar intinn aige an fhaisnéis a bhailiú atá de dhíth chun tairiscintí a chomhdhéanamh atá oiriúnaithe do cheanglais an chonartha shonraigh atá i gceist agus tabharfaidh sé deis do chonraitheoirí bailiúchán faisnéise den sórt sin a dhiúltú.

Ceadóidh an t-údarás conarthach tréimhse leordhóthanach idir an fógra agus bailiú iarbhír faisnéise.

Sula ndámhtar an conradh sonrach, cuirfidh an t-údarás conarthach an fhaisnéis atá bailithe i láthair don chonraitheoir lena mbaineann d'fhonn deis a thabhairt dó a shéanadh nó a dhearbhú nach bhfuil aon earráidí ábhartha sa tairiscint atá comhdhéanta ar an gcaoi sin.

28. Tairiscintí a oscailt agus iarrataí ar rannpháirtíocht

28.1. I nósanna imeachta oscailte, féadfaidh ionadaithe údaraithe ó thairgeoirí freastal ar an seisiún oscailte.

28.2. I gcás ina bhfuil luach conartha cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó níos mó ná iad, ceapfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach coiste chun na tairiscintí a oscailt. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin an oibleagáid sin a tharscaoileadh ar bhonn anailís riosca nuair a bheifear ag athoscailt iomaíochta laistigh de chreatchonradh agus do na cásanna dá dtagraítear sa dara fomhír dephointe 11.1 ach amháin pointe (d) agus pointe (g) den fhomhír sin.

Beidh an coiste oscailte comhdhéanta de bheirt ar a laghad a dhéanann ionadaíocht ar dhá eintiteas eagraíochta ar a laghad den institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann gan aon nasc ordlathach eatarthu. Chun coimhlint leasa ar bith a sheachaint, beidh na daoine sin faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 61.

Sna hionadaíochtaí nó sna haonaid áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 150 nó leithlisithe i mBallstát, más rud é nach bhfuil eintitis ar leith ann, ní bheidh feidhm ag an riachtanas d'eintitis eagraíochta gan aon nasc ordlathach eatarthu.

28.3. Maidir le nós imeachta soláthair a sheoltar ar bhonn idirinstitiúideach, is é an t-oifigeach údarúcháin ón institiúid de chuid an Aontais atá freagrach as an nós imeachta soláthair a cheapfaidh an coiste oscailte.

28.4. Déanfaidh an t-údarás conarthach sláine na tairisceana bunaidh a fhíorú agus a áirithiú lena n-áirítear an tairiscint airgeadais mar aon le sláine na fianaise i leith an dáta agus an ama a bhfuarthas í dá bhforáiltear in Airteagal 149(3) agus (5) trí mhodh iomchuí ar bith.

28.5. I nósanna imeachta oscailte, i gcás ina ndámhtar an conradh faoi mhodhanna an phraghais is ísle nó an chostais is ísle i gcomhréir le hAirteagal 167(4), déanfar na praghsanna a luaitear i dtairiscintí a shásaíonn na ceanglais a léamh os ard.

28.6. Déanfaidh an duine nó na daoine i gceannas ar oscailt nó comhaltaí den choiste oscailte an taifead scríofa ar oscailt na dtairiscintí a fuarthas a shíniú. Sonrófar ann na tairiscintí sin a chomhlíonann Airteagal 149 agus iad siúd nach gcomhlíonann, agus tabharfar na forais lenar diúltaíodh tairiscintí mar a leagtar amach in Airteagal 168(4). Féadfar an taifead sin a shíniú i gcóras leictreonach a thugann aitheantas leordhóthanach ar an sínitheoir.

29. Meastóireacht ar thairiscintí agus iarrataí ar rannpháirtíocht

29.1. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach a chinneadh go bhfuil an coiste meastóireachta le meastóireacht agus rangú a dhéanamh ar na tairiscintí ar bhonn na gcritéar dámhachtana amháin agus go bhfuil meastóireacht le déanamh ar na critéir eisiaimh agus roghnúcháin le modhanna iomchuí eile a ráthaíonn nach bhfuil coimhlintí leasa ann.

29.2. Maidir le nós imeachta soláthair a sheoltar ar bhonn idirinstitiúideach, is é an t-oifigeach údarúcháin ón institiúid de chuid an Aontais atá freagrach as an nós imeachta soláthair a cheapfaidh an coiste meastóireachta. Léireoidh comhdhéanamh an choiste meastóireachta, a mhéid is féidir, nádúr idirinstitiúideach an nós imeachta soláthair.

29.3. Measfar go bhfuil iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí atá oiriúnach faoi phointe 11.2, agus nach bhfuil neamhrialta faoi phointe 12.2 ná doghlactha faoi phointe 12.3, inghlactha.

30. Torthaí na meastóireachta agus an chinnidh dámhachtana

30.1. Is éard a bheidh i dtoradh na meastóireachta tuarascáil mheastóireachta ina bhfuil an moladh an conradh a dhámhachtain. Is é an duine nó na daoine a rinne an mheastóireacht nó comhaltaí den choiste meastóireachta a chuirfidh dáta agus síniú leis an tuarascáil mheastóireachta. Féadfar an tuarascáil sin a shíniú ar chóras leictreonach a chuireann aitheantas leordhóthanach ar an sínitheoir ar fáil.

Más rud é nár tugadh de chúram don choiste meastóireachta na tairiscintí a fhíorú i gcoinne na gcritéar eisiaimh agus roghnúcháin, ba cheart do na daoine ar thug an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach an cúram sin dóibh an tuarascáil mheastóireachta a shíniú freisin.

30.2. Áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil mheastóireachta:

(a) ainm agus seoladh an údaráis chonarthaigh, agus ábhar agus luach an chonartha, nó ábhar agus luach uasta an chreatchonartha;

(b) ainmneacha na n-iarrthóirí nó na dtairgeoirí a diúltaíodh agus na cúiseanna lena ndiúltú trí thagairt do staid dá dtagraítear in Airteagal 141(1) nó do chritéir roghnúcháin;

(c) na tagairtí do na tairiscintí a diúltaíodh agus na cúiseanna lena ndiúltú trí thagairt d'aon cheann díobh seo a leanas:

(i) neamhchomhlíonadh íoscheanglas mar a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 167(1);

(ii) gan na leibhéil cháilíochta íosta a leagtar síos i bpointe 21.3 a shásamh;

(iii) tairiscintí a bhfuarthas go raibh siad thar a bheith íseal amhail dá dtagraítear i bpointe 23;

(d) ainmneacha na n-iarrthóirí nó na dtairgeoirí a roghnaíodh agus na cúiseanna lena roghnú;

(e) ainmneacha na dtairgeoirí agus rangú leis na scóir a fuarthas agus na húdair atá leo;

(f) ainmneacha na n-iarrthóirí molta nó an tairgeora ar éirigh leis agus na cúiseanna leis an rogha sin;

(g) más eol é, codán an chonartha nó an chreatchonartha a bhfuil sé ar intinn ag an gconraitheoir molta a ligean ar fochonradh le tríú páirtithe.

30.3. Déanfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh dámhachtana agus é ag cur aon cheann de na nithe seo ar fáil:

(a) faomhadh ar an tuarascáil mheastóireachta ina bhfuil an fhaisnéis go léir atá liostaithe i bpointe 30.2, á chomhlánú acu seo a leanas:

(i) ainm an tairgeora ar éirigh leis agus na cúiseanna leis an rogha sin trí thagairt do na critéir roghnúcháin agus dhámhachtana réamhfhógartha, lena n-áirítear más iomchuí na cúiseanna nár leanadh an moladh a tugadh sa tuarascáil mheastóireachta;

(ii) i gcás nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré, nós imeachta iomaíoch lena mbaineann idirbheartaíocht nó idirphlé iomaíoch, na cúinsí dá dtagraítear i bpointe 11, i bpointe 12 agus i bpointe 39 a thugann údar lena n-úsáid;

(b) más iomchuí, na cúiseanna ar chinn an t-údarás conarthach gan conradh a dhámhachtain.

30.4. Féadfaidh an t-oifigeach údarúcháin inneachar na tuarascála meastóireachta agus an cinnidh dámhachtana a chumasc i ndoiciméad amháin agus é a shíniú in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) do nósanna imeachta faoi bhun na dtairseach dá dtagraítear in Airteagal 175(1) i gcás nach bhfuarthas ach tairiscint amháin;

(b) nuair atá iomaíocht á hathoscailt laistigh de chreatchonradh i gcás nár ainmníodh coiste meastóireachta;

(c) do chásanna dá dtagraítear i bpointí (c), (e), (f)(i), (f)(iii) agus (h) den dara fomhír de phointe 11.1 i gcás nár ainmníodh coiste meastóireachta.

30.5. Maidir le nós imeachta soláthair a sheoltar ar bhonn idirinstitiúideach, is é an t-údarás conarthach atá freagrach as an nós imeachta soláthair a ghlacfaidh an cinneadh dá dtagraítear i bpointe 30.3.

31. Faisnéis d'iarrthóirí agus do thairgeoirí

31.1. Cuirfidh an t-údarás conarthach na hiarrthóirí nó na tairgeoirí go léir, go comhuaineach agus go haonarach, le modh leictreonach, ar an eolas faoi na cinntí a rinneadh maidir le toradh an nós imeachta a luaithe is féidir tar éis aon cheann de na céimeanna seo a leanas:

(a) an chéim oscailte sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 168(3);

(b) glacadh cinnidh ar bhonn critéir eisiaimh agus roghnúcháin i nósanna imeachta soláthair dhá chéim;

(c) cinneadh na dámhachtana.

I ngach cás, léireoidh an t-údarás conarthach na cúiseanna nár glacadh leis an iarraidh ar rannpháirtíocht nó tairiscint agus na réitigh dhlíthiúla atá ar fáil.

Agus an tairgeoir ar éirigh leis á chur ar an eolas, sonróidh an t-údarás conarthach nach ionann an cinneadh faoina dtugtar fógra agus gealltanas uaidh.

31.2. Cuirfidh an t-údarás conarthach an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 170(3) in iúl a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 15 lá ó iarraidh a fháil i scríbhinn. Nuair a dhámhann an t-údarás conarthach conarthaí dá chuntas féin, úsáidfidh sé modh leictreonach. Féadfaidh an tairgeoir an iarraidh a sheoladh le modh leictreonach freisin.

31.3. Nuair a dhéanann an t-údarás conarthach cumarsáid trí mhodh leictreonach, measfar go mbeidh faisnéis faighte ag iarrthóirí nó tairgeoirí más féidir leis an údarás conarthach a chruthú gur sheol sé í chuig an seoladh leictreonach dá dtagraítear sa tairiscint nó san iarraidh ar rannpháirtíocht.

Sa chás sin, measfar go bhfuair an t-iarrthóir nó an tairgeoir an fhaisnéis ar an dáta ar sheol an t-údarás conarthach í.

CAIBIDIL 2

**Forálacha is infheidhme maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag institiúidí de chuid an Aontais ar a gcuntas féin**

32. Comhlacht lárnach ceannaigh

32.1. Féadfaidh comhlacht lárnach ceannaigh feidhmiú mar aon cheann díobh seo a leanas:

(a) mar mhórdhíoltóir trí sholáthairtí agus seirbhísí a cheannach, a stocáil agus a athdhíol le húdaráis chonarthacha eile;

(b) mar idirghabhálaí le creatchonarthaí a dhámhachtain nó córais cheannaigh dhinimiciúla a oibriú a d'fhéadfadh údaráis chonarthacha eile a úsáid mar a fógraíodh san fhógra tosaigh.

32.2. Cuirfidh an comhlacht lárnach ceannaigh gach nós imeachta soláthair i gcrích agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha cumarsáide.

33. Míreanna

33.1. Aon uair is iomchuí, is féidir é a dhéanamh ón taobh teicniúil de, agus a bheidh sé cost-éifeachtúil, déanfar conarthaí a dhámhachtain i bhfoirm míreanna ar leithligh laistigh den nós imeachta céanna.

33.2. I gcás ina roinntear ábhar conartha i roinnt míreanna, gach ceann díobh ina ábhar ag conradh aonair, cuirfear luach iomlán na míreanna go léir san áireamh don mheastóireacht fhoriomlán de bhnu na tairsí infheidhme.

I gcás ina bhfuil luach iomlán na míreanna cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 175(1) nó níos mó ná iad, beidh feidhm ag Airteagal 163(1), ag Airteagal 164 agus Airteagal 165 maidir le gach ceann de na míreanna.

33.3. I gcás ina bhfuil conradh le dámhachtain i bhfoirm míreanna ar leithligh, déanfar meastóireacht ar thairiscintí ar leithligh do gach mír. Má dhámhtar roinnt míreanna ar an tairgeoir céanna, féadfar aon chonradh amháin a shíniú a chlúdaíonn na míreanna sin.

34. Socruithe chun luach conartha a mheas

34.1. Déanfaidh an t-údarás conarthach luach conartha a mheas bunaithe ar an tsuim iomlán is iníoctha lena n-áirítear aon fhoirm de roghanna agus aon athnuachan.

Déanfar an meastachán sin ar a dhéanaí nuair a sheolfaidh an t-údarás conarthach an nós imeachta soláthair.

34.2. I gcás creatchonarthaí agus córais cheannaigh dhinimiciúla is é an luach atá le cur san áireamh luach uasta na gconarthaí go léir atá beartaithe le linn fhad iomlán an chreatchonartha nó an chórais ceannaigh dhinimiciúil.

I gcás comhpháirtíochtaí nuálaíochta, is é an luach atá le cur san áireamh luach uasta measta na ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá le bheith ar bun le linn na gcéimeanna go léir sa chomhpháirtíocht atá beartaithe chomh maith le luach na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí a bheidh le ceannach ag deireadh na comhpháirtíochta atá beartaithe.

I gcás ina ndéanann an t-údarás conarthach soláthar d'íocaíochtaí le hiarrthóirí nó tairgeoirí cuirfidh sé san áireamh iad agus luach measta an chonartha á ríomh.

34.3. I gcás conarthaí seirbhíse, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(a) i gcás seirbhísí árachais, an phréimh is iníoctha agus foirmeacha eile luacha saothair;

(b) i gcás seirbhísí baincéireachta nó airgeadais, na táillí, na coimisiúin, an t-ús agus cineálacha eile luacha saothair;

(c) i gcás conarthaí dearaí, na táillí, na coimisiúin is iníoctha agus foirmeacha eile luacha saothair.

34.4. I gcás conarthaí seirbhíse nach sonraítear praghas iomlán nó conarthaí soláthair do léasú, cíos, fruiliú, cíos nó fruilcheannach táirgí iontu, is é an bunús a bheidh ann chun luach measta an chonartha a ríomh:

(a) i gcás conarthaí ar théarma seasta:

(i) i gcás ina bhfuil fad 48 mí nó níos giorra leo i gcás seirbhísí nó 12 mhí nó níos lú i gcás soláthairtí, luach iomlán an chonartha dá bhfad;

(ii) i gcás ina bhfuil fad níos faide ná 12 mhí leo i gcás soláthairtí, an luach iomlán lena n-áirítear an luach iarmharach measta;

(b) i gcás conarthaí gan téarma seasta nó, i gcás seirbhísí, le haghaidh fad is faide ná 48 mí, an luach míosúil iolraithe faoi 48.

34.5. I gcás conarthaí seirbhíse nó soláthair atá á ndámhachtain go rialta nó atá le hathnuachan laistigh de thréimhse áirithe, is ar bhonn ceann ar bith díobh seo a leanas a ríomhfar luach measta an chonartha:

(a) luach iarbhír iomlán na gconarthaí leanúnacha den chineál céanna arna ndámhachtain le linn an 12 mhí nó na bliana airgeadais roimhe sin, coigeartaithe, más féidir, chun na hathruithe sa chainníocht nó sa luach a tharlódh le linn an 12 mhí tar éis an chonartha tosaigh a chur san áireamh;

(b) luach measta iomlán na gconarthaí leanúnacha den chineál céanna le dámhachtain i rith na bliana airgeadais.

34.6. I gcás conarthaí oibreacha, ba cheart ní hamháin luach na n-oibreacha a chur sa áireamh ach, chomh maith leis sin, luach measta iomlán na soláthairtí agus na seirbhísí atá de dhíth chun na hoibreacha a chur i gcrích agus a chuireann an t-údarás conarthach ar fáil don chonraitheoir.

34.7. I gcás conarthaí lamháltais, is é an luach a bheidh ann láimhdeachas measta iomlán an lamháltóra a ghintear le linn an chonartha.

Déanfar an luach a ríomh le modh oibiachtúil arna shonrú sna doiciméid soláthair, ag cur san áireamh go háirithe:

(a) an t-ioncam ó íocaíocht táillí agus fíneálacha ag úsáideoirí na n-oibreacha nó na seirbhísí seachas iad siúd a bhailítear thar ceann an údaráis chonarthaigh;

(b) luach deontas nó buntáistí airgeadais ar bith eile ó thríú páirtithe le haghaidh chomhlíonadh an lamháltais;

(c) an t-ioncam ó dhíol acmhainní ar bith atá ina gcuid den lamháltas;

(d) luach na soláthairtí agus na seirbhísí go léir a chuireann an t-údarás conarthach ar fáil don lamháltóir ar an gcoinníoll go bhfuil siad riachtanach chun na hoibreacha nó na seirbhísí a chur i bhfeidhm;

(e) na híocaíochtaí le hiarrthóirí nó tairgeoirí.

35. Tréimhse neamhghníomhaíochta roimh an gconradh a shíniú

35.1. Tosóidh an tréimhse neamhghníomhaíochta ar cheachtar den dá dháta seo a leanas:

(a) an lá tar éis sheoladh comhuaineach na bhfógraí chuig tairgeoirí ar éirigh leo agus tairgeoirí nár éirigh leo le modh leictreonach;

(b) i gcás ina ndámhtar an conradh nó an creatchonradh de bhun phointe (b) den dara fomhír, an lá tar éis an fógra dámhachtana dá dtagraítear i bpointe 2.4 a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Más gá, féadfaidh an t-údarás conarthach síniú an chonartha a chur ar fionraí do scrúdú breise má tá údar leis sin de bharr iarrataí nó tuairimí arna ndéanamh ag iarrthóirí nó tairgeoirí nár éirigh leo nó tairgeoirí éagóirithe nó mar thoradh ar aon fhaisnéis ábhartha eile a fhaightear i rith na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 175(3). I gcás fionraí, cuirfear na hiarrthóirí nó na tairgeoirí go léir ar an eolas laistigh de thrí lá oibre tar éis an chinnidh fionraí.

I gcás nach féidir an conradh nó an creatchonradh a shíniú leis an tairgeoir ar éirigh leis atá beartaithe, féadfaidh an t-údarás conarthach é a dhámhachtain don tairgeoir is fearr tar éis an tairgeora sin.

35.2. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse a leagtar amach i bpointe 35.1 sna cásanna seo a leanas:

(a) aon nós imeachta nach bhfuil ach aon tairiscint amháin tíolactha ann;

(b) conarthaí sonracha bunaithe ar chreatchonradh;

(c) córais cheannaigh dhinimiciúla;

(d) nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré dá dtagraítear i bpointe 11 ach amháin maidir le conarthaí arna ndámhactain i gcomhréir le bpointe (b) den dara fomhír de phointe 11.1.

CAIBIDIL 3

## Soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha

36. Forálacha speisialta a bhaineann le tairseacha agus na socruithe maidir le conarthaí a dhámhachtain i réimse an chaidrimh sheachtraigh.

Ní bheidh feidhm ag pointe 2, cé is moite de phointe 2.5, ná ag pointe 3, pointe 4 agus pointe 6, pointe (a) agus pointe (c) go pointe (f) de phointe 12.1, pointe 12.4, pointe 13.3, pointe 14 agus pointe 15, pointe 17.3 go pointe 17.7, pointe 20.4, pointe 23.3, pointe 24, pointe 25.2 agus pointe 25.3, pointe 26, pointe 28, agus pointe 29, cé is moite de phointe 29.3, maidir le conarthaí poiblí arna dtabhairt i gcrích ag na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear in Airteagal 178(2) nó thar a gceann. Ní bheidh feidhm ag pointe 32, 33 agus 34 i dtaca le soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha. Beidh feidhm ag pointe 35 i dtaca le soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha. Chun críocha na dara fomhíre de phointe 35.1, ní bheidh i bhfad na tréimhse neamhghníomhaíochta ach an méid a leagtar amach in Airteagal 178(1).

Is é an Coimisiún a chinnfidh feidhmiú na bhforálacha soláthair faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear maidir leis na rialuithe iomchuí a bheidh le cur i bhfeidhm ag an oifigeach údarúcháin atá freagrach i gcás nach é an Coimisiún an t-údarás conarthach.

37. Fógraíocht

37.1. Más infheidhme, seolfar an fógra réamhfhaisnéise faoi ghlaonna ar thairiscint tar éis an nós imeachta srianta nó an nós imeachta oscailte amhail dá dtagraítear, faoi seach, i bpointe (a) agus pointe (b) de phointe 38.1, chuig Oifig na bhFoilseachán le modh leictreonach a luaithe is féidir.

37.2. Seolfar an fógra dámhachtana nuair a shíneofar an conradh ach amháin i gcás, más gá fós, ina ndúradh go raibh an conradh rúnda nó i gcás ina gcaithfear comhlíonadh an chonartha a bheith in éineacht le bearta slándála speisialta, nó nuair a éilíonn cosaint bhunleas an Aontais, nó na tíre is tairbhí sin, agus i gcás ina meastar nach mbeadh foilsiú an fhógra dámhachtana iomchuí.

38. Tairseacha agus nósanna imeachta

38.1. Is mar seo a leanas a bheidh na nósanna imeachta soláthair i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha:

(a) an nós imeachta srianta dá bhforáiltear i bpointe (b)d'Airteagal 164(1);

(b) an nós imeachta oscailte dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 164(1);

(c) an nós imeachta oscailte áitiúil.

(d) an nós imeachta simplithe;

38.2. Is mar seo a leanas a bheidh úsáid na nósanna imeachta soláthair de réir tairseach:

(a) féadfar an nós imeachta oscailte nó srianta a úsáid le haghaidh:

(i) conarthaí seirbhíse agus soláthair agus conarthaí lamháltais seirbhíse ar a bhfuil luach EUR 300 000 ar a laghad;

(ii) conarthaí oibreacha agus conarthaí lamháltais oibreacha ar a bhfuil luach EUR 5 000 000 ar a laghad;

(b) féadfar an nós imeachta oscailte áitiúil a úsáid le haghaidh:

(i) conarthaí soláthair ar a bhfuil luach EUR 100 000 ar a laghad agus níos lú ná EUR 300 000;

(ii) conarthaí oibreacha agus conarthaí lamháltais oibreacha ar a bhfuil luach EUR 300 000 ar a laghad agus níos lú ná EUR 5 000 000;

(c) féadfar an nós imeachta simplithe a úsáid le haghaidh:

(i) conarthaí seirbhíse, conarthaí lamháltais seirbhíse, conarthaí oibreacha agus conarthaí lamháltais oibreacha ar a bhfuil luach níos lú ná EUR 300 000

(ii) conarthaí soláthair ar a bhfuil luach níos lú ná EUR 100 000

(d) féadfar conarthaí ar a bhfuil luach níos lú ná EUR 20 000 nó cothrom leis a dhámhachtain ar bhonn tairisceana aonair amháin;

(e) féadfar íocaíochtaí de mhéideanna níos lú ná EUR 2 500 nó cothrom leis sin a dhéanamh i leith míreanna caiteachais ach íocaíocht i gcoinne sonrasc, gan tairiscint a ghlacadh roimh ré.

38.3. Sa nós imeachta srianta dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 38.1, luafar san fhógra conartha líon na n-iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh tairiscintí a thíolacadh. I gcás conarthaí seirbhíse tabharfar cuireadh do cheithre iarrthóir ar a laghad. Beidh líon na n-iarrthóirí a dtugtar cead dóibh tairiscintí a thíolacadh leordhóthanach chun go n-áiritheofar fíoriomaíocht.

Foilseofar an liosta d'iarrthóirí roghnaithe ar shuíomh gréasáinan Choimisiúin.

Má tá líon na n-iarrthóirí a shásaíonn na critéir roghnúcháin nó na leibhéil íosta acmhainne níos lú ná an líon íosta, féadfaidh an t-údarás conarthach gan cuireadh a thabhairt tairiscint a thíolacadh ach do na hiarrthóirí sin a shásaíonn na critéir chun tairiscint a thíolacadh.

38.4. Faoin nós imeachta oscailte áitiúil dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe 38.1, foilseofar an fógra conartha ar a laghad in iris oifigiúil an Stáit is faighteoir nó i bhfoilseachán coibhéiseach ar bith i gcás cuirí áitiúla chun tairisceana.

38.5. Faoin nós imeachta simplithe dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 38.1, tarraingeoidh an t-údarás conarthach suas liosta de thrí thairgeoir ar a laghad dá rogha, gan fógra a fhoilsiú.

Féadfar tairgeoirí don nós imeachta simplithe a roghnú as liosta díoltóirí amhail dá dtagraítear i bpointe (b) de phointe 13.1 agus a fógraíodh i nglao ar léirithe spéise.

Más rud é, tar éis comhairliúchán na dtairgeoirí, nach bhfaigheann an t-údarás conarthach ach aon tairiscint amháin atá bailí ó thaobh an riaracháin agus ón taobh teicniúil de, féadfar an conradh a dhámhachtain ar an gcoinníoll go sásófar na critéir dhámhachtana.

38.6. I gcás seirbhísí dlíthiúla nach gclúdaítear i bpointe (h) den dara fomhír de phointe 11.1, féadfaidh na húdaráis chonarthacha an nós imeachta simplithe a úsáid, cibé luach measta atá ar an gconradh.

39. An nós imeachta idirbheartaithe a úsáid do chonarthaí seirbhíse, soláthair agus oibreacha

39.1. Féadfaidh údaráis chonarthacha an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid le tairiscint shingil sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina gcuirtear na seirbhísí faoi chúram comhlachtaí na hearnála poiblí nó institiúidí nó cumainn neamhbhrabúsacha agus go mbaineann siad le gníomhaíochtaí de chineál institiúideach nó atá deartha le cúnamh a thabhairt do dhaoine sa réimse sóisialta;

(b) i gcás nár éirigh le nós imeachta tairisceana, is é sin le rá, nach bhfuarthas tairiscint atá fiúntach ó thaobh na cáilíochta agus/nó an airgeadais de, agus má tá an nós imeachta curtha ar ceal, féadfaidh an t-údarás conarthach idirbheartaíocht a dhéanamh le tairgeoir amháin nó níos mó dá rogha, as measc iad siúd a ghlac páirt sa chuireadh chun tairisceana, ar an gcoinníoll nach ndéantar athrú substaintiúil ar na doiciméid soláthair;

(c) i gcás ina bhfuil gá le conradh nua a thabhairt i gcrích tar éis luath-fhoirceannadh conartha reatha.

39.2. Chun críocha phointe (c) den dara fomhír de phointe 11.1, measfar go sásaíonn oibríochtaí a thugtar i gcrích i ngéarchéim tástáil na fíorphráinne. Suífidh an t-oifigeach údarúcháin trí tharmligean, más iomchuí i gcomhbheartú leis na hoifigigh údarúcháin trí tharmligean eile lena mbaineann, go bhfuil staid fíorphráinne ann agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a chinneadh nó a cinneadh go rialta ag féachaint do phrionsabal na bainistíochta stuama airgeadais.

39.3. Ar na gníomhaíochtaí de chineál institiúideach dá dtagraítear i bpointe (a) de phointe 39.1, beidh seirbhísí atá nasctha go díreach le misean reachtúil chomhlachtaí na hearnála poiblí.

40. Sonraíochtaí tairisceana

De mhaolú ar phointe 16.3, i gcás na nósanna imeachta go léir ina bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht, féadfar na sonraíochtaí tairisceana a scoilteadh de réir dhá chéim an nós imeachta agus ní fhéadfar a bheith sa chéad chéim ach an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (f) de phointe 16.3.

41. Teorainneacha ama le nósanna imeachta

41.1. I gcás conarthaí seirbhíse, is é 50 lá an t-am íosta a bheidh ann idir an lá tar éis dháta seolta na litreach cuiridh chun tairisceana agus an dáta deiridh chun tairiscintí a fháil. I gcásanna práinneacha, áfach, féadfar teorainneacha ama eile a údarú.

41.2. Féadfaidh tairgeoirí ceisteanna a chur i scríbhinn roimh an dáta deiridh chun tairiscintí a fháil. Soláthróidh an t-údarás conarthach na freagraí ar na ceisteanna roimh an dáta deiridh chun tairiscintí a fháil.

41.3. I nósanna imeachta srianta, ní bheidh an teorainn ama chun iarrataí ar rannpháirtíocht a fháil níos gairide ná 30 lá ón dáta tar éis an dáta a bhfoilsítear an fógra conartha. Ní bheidh an tréimhse idir an dáta tar éis an dáta a seoltar an litir chuiridh agus an dáta deiridh chun tairiscintí a fháil níos gairide ná 50 lá. I gcásanna eisceachtúla áirithe, áfach, féadfar teorainneacha ama eile a údarú.

41.4. I nósanna imeachta oscailte, is iad na teorainneacha ama a bheidh ann chun tairiscintí a fháil, ag tosú ar an dáta tar éis an dáta a bhfoilsítear an fógra conartha, ar a laghad:

(a) 90 lá do chonarthaí oibreacha;

(b) 60 lá do chonarthaí soláthair.

I gcásanna eisceachtúla áirithe, áfach, féadfar teorainneacha ama eile a údarú.

41.5. I nósanna imeachta oscailte áitiúla, is iad na teorainneacha ama a bheidh ann chun tairiscintí a fháil, ag tosú ar an dáta a bhfoilsítear an fógra conartha, ná, ar a laghad:

(a) 60 lá do chonarthaí oibreacha;

(b) 30 lá do chonarthaí soláthair.

I gcásanna eisceachtúla áirithe, áfach, féadfar teorainneacha ama eile a údarú.

41.6. I gcás na nósanna imeachta simplithe dá dtagraítear i bpointe (d) de phointe 38.1, ceadófar 30 lá ar a laghad d'iarrthóirí ó dháta sheoladh na litreach cuiridh chun tairisceana chun a dtairiscintí a thíolacadh.

*IARSCRÍBHINN II*

## Tábla comhghaoil

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1(1) | Airteagal 1 |
| Airteagal 1(2) | Airteagal 68 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | Airteagal 4 |
| Airteagal 5 | Airteagal 5 |
| Airteagal 6 | Airteagal 6 |
| Airteagal 7 | Airteagal 7 |
| Airteagal 8 | Airteagal 8 |
| Airteagal 9 | Airteagal 9 |
| Airteagal 10 | scriosta |
| Airteagal 11 | Airteagal 10 |
| Airteagal 12 | Airteagal 11 |
| Airteagal 13 | Airteagal 12 |
| Airteagal 14 | Airteagal 12(3) |
| Airteagal 15 | Airteagal 14 |
| Airteagal 16 | Airteagal 16 |
| Airteagal 17 | Airteagal 17 |
| Airteagal 18 | Airteagal 18 |
| Airteagal 19 | Airteagal 19 |
| Airteagal 20 | Airteagal 20 |
| Airteagal 21 | Airteagal 21 |
| Airteagal 22 | Airteagal 25 |
| Airteagal 23 | Airteagal 27 |
| Airteagal 24 | Airteagal 28 |
| Airteagal 25 | Airteagal 29 |
| Airteagal 26 | Airteagal 30 |
| Airteagal 27 | Airteagal 31 |
| Airteagal 28 | Airteagal 28(2) |
| Airteagal 29 | Airteagal 32 |
| Airteagal 30 | Airteagal 33 |
| Airteagal 31 | Airteagal 35 |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 32. | Airteagal 36 |
| Airteagal 33 | Airteagal 35(4) |
| Airteagal 34 | Airteagal 37 |
| Airteagal 35 | Airteagal 38 |
| Airteagal 36 | Airteagal 39 |
| Airteagal 37 | Airteagal 40 |
| Airteagal 38 | Airteagal 41 |
| Airteagal 39 | Airteagal 42 |
| Airteagal 40 | Airteagal 43 |
| Airteagal 41 | Airteagal 44 |
| Airteagal 42 | Airteagal 45 |
| Airteagal 43 | Airteagal 46 |
| Airteagal 44 | Airteagal 47 |
| Airteagal 45 | Airteagal 48 |
| Airteagal 46 | Airteagal 49 |
| Airteagal 47 | Airteagal 50 |
| Airteagal 48 | Airteagal 51 |
| Airteagal 49 | Airteagal 52 |
| Airteagal 50 | Airteagal 53 |
| Airteagal 51 | Airteagal 54 |
| Airteagal 52 | Airteagal 55 |
| Airteagal 53 | Airteagal 56 |
| Airteagal 54 | Airteagal 58 |
| Airteagal 55 | Airteagal 59 |
| Airteagal 56 | Airteagal 60 |
| Airteagal 57 | Airteagal 61 |
| Airteagal 58 | Airteagal 62 |
| Airteagal 59 | Airteagal 63 |
| Airteagal 60 | Airteagal 154 |
| Airteagal 61 | Airteagal 154 |
| Airteagal 62 | Airteagal 69 |
| Airteagal 63 | Airteagal 62(3) |
| Airteagal 64 | Airteagal 72 |
| Airteagal 65 | Airteagal 73 |
| Airteagal 66 | Airteagal 74 |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 67 | Airteagal 76 |
| Airteagal 68 | Airteagal 77 |
| Airteagal 69 | Airteagal 79 |
| Airteagal 70 | Airteagal 88 |
| Airteagal 71 | Airteagal 90 |
| Airteagal 72 | Airteagal 91 |
| Airteagal 73 | Airteagal 92 |
| Airteagal 74 | Airteagal 94 |
| Airteagal 75 | Airteagal 95 |
| Airteagal 76 | Airteagal 96 |
| Airteagal 77 | Airteagal 97 |
| Airteagal 78 | Airteagal 98 |
| Airteagal 79 | Airteagal 100 |
| Airteagal 80 | Airteagal 101 |
| Airteagal 81 | Airteagal 105 |
| Airteagal 82 | Airteagal 106 |
| Airteagal 83 | Airteagal 107 |
| Airteagal 84(1) | Airteagal 111(1) |
| Airteagal 84(2) | Airteagal 110(1) |
| Airteagal 84(3) an chéad fhomhír | Airteagal 110(2) |
| Airteagal 84(3) an dara fomhír | Airteagal 110(3)(e) |
| Airteagal 85(1) an chéad fhomhír | Point (8) d'Airteagal 2 |
| Airteagal 85(1) an dara fomhír | Point (37) d'Airteagal 2 |
| Airteagal 85(1) an tríú fomhír | Airteagal 111(2) |
| Airteagal 85(2) | — |
| Airteagal 85(3) | Airteagal 112(1) |
| Airteagal 85(4) | Airteagal 112(2) |
| Airteagal 86(1), (2) agus (3) | Airteagal 111(2) |
| Airteagal 86(4) an chéad fhomhír | Airteagal 114(2) an chéad fhomhír |
| Airteagal 86(4) an dara fomhír | Airteagal 114(1) |
| Airteagal 86(4) an tríú fomhír | Airteagal 111(1) an dara fomhír |
| Airteagal 86(4) fourth subparagraph | Airteagal 112(5) |
| Airteagal 86(5) an chéad fhomhír | Airteagal 114(4) |
| Airteagal 86(5) an dara fomhír | Airteagal 114(5) |
| Airteagal 86(5) an tríú fomhír | Airteagal 114(6) |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 87(1) | Airteagal 111(1) |
| Airteagal 88 | Airteagal 111(3) |
| Airteagal 89(1) | Airteagal 111(5) |
| Airteagal 89(2) | — |
| Airteagal 90 | Airteagal 115 |
| Airteagal 91 | Airteagal 115(1) |
| Airteagal 92 | Airteagal 116 |
| Airteagal 93 | Article 146 |
| Airteagal 94 | Airteagal 146 |
| Airteagal 95 | Airteagal 147 |
| Airteagal 96 | Airteagal 151 |
| Airteagal 97 | Airteagal 133 |
| Airteagal 98 | Airteagal 117 |
| Airteagal 99 | Airteagal 118 |
| Airteagal 100 | Airteagal 120 |
| Airteagal 101 | Airteagail 2 agus 162 |
| Airteagal 102 | Airteagal 160 |
| Airteagal 103 | Airteagal 163 |
| Airteagal 104 | Airteagal 164 |
| Airteagal 104a | Airteagal 165 |
| Airteagal 105 | Airteagal 166 |
| Airteagal 105a | Airteagal 135 |
| Airteagal 106 | Airteagail 136 go 140 |
| Airteagal 107 | Airteagal 141 |
| Airteagal 108 | Airteagail 142 agus 143 |
| Airteagal 110 | Airteagal 167 |
| Airteagal 111 | Airteagal 168 |
| Airteagal 112 | Airteagal 169 |
| Airteagal 113 | Airteagal 170 |
| Airteagal 114 | Airteagal 171 |
| Airteagal 114a | Airteagal 172 |
| Airteagal 115 | Airteagal 173 |
| Airteagal 116 | Airteagal 131 |
| Airteagal 117 | Airteagal 174 |
| Airteagal 118 | Airteagal 175 |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 119 | Airteagal 176 |
| Airteagal 120 | Airteagal 177 |
| Airteagal 121 | Airteagal 180 |
| Airteagal 122 | Airteagal 187 |
| Airteagal 123 | Airteagal 125 |
| Airteagal 124 | Airteagal 181 |
| Airteagal 125 | Airteagail 190, 191 agus 193 |
| Airteagal 126 | Airteagal 186 |
| Airteagal 127 | Airteagal 190 |
| Airteagal 128 | Airteagal 189 |
| Airteagal 129 | Airteagal 191 |
| Airteagal 130 | Airteagal 193 |
| Airteagal 131 | Airteagal 196 |
| Airteagal 132 | Airteagal 198 |
| Airteagal 133 | Airteagal 200 |
| Airteagal 134 | Airteagail 152 agus 153 |
| Airteagal 135 (1), (5), (6) agus (7) | Airteagal 202 |
| Airteagal 135 (2), (3) agus (4) | Airteagal 131 |
| Airteagal 135 (8) agus (9) | — |
| Airteagal 136 | Airteagal 132 |
| Airteagal 137 | Airteagail 204 agus 205 |
| Airteagal 138 | Airteagal 206 |
| Airteagal 139 | Airteagal 208 |
| Airteagal 140 | Airteagal 209 |
| Airteagal 141 | Airteagal 241 |
| Airteagal 142 | Airteagal 249 |
| Airteagal 143 | Airteagal 80 |
| Airteagal 144 | Airteagal 80 |
| Airteagal 145 | Airteagal 243 |
| Airteagal 146 | Airteagal 244 |
| Airteagal 147 | Airteagal 245 |
| Airteagal 148 | Airteagal 246 |
| Airteagal 149 | Airteagal 250 |
| Airteagal 150 | Airteagal 248 |
| Airteagal 151 | Airteagal 82(7), (8) agus (9) |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 152 | — |
| Airteagal 153 | Airteagal 84 |
| Airteagal 154 | Airteagal 84 |
| Airteagal 155 | Airteagal 243(3) |
| Airteagal 156 | Airteagal 80(3) |
| Airteagal 157 | Airteagal 87 |
| Airteagal 158 | Airteagal 254 |
| Airteagal 159 | Airteagal 255 |
| Airteagal 160 | Airteagal 256 |
| Airteagal 161 | Airteagal 257 |
| Airteagal 162 | Airteagal 258 |
| Airteagal 163 | Airteagal 259 |
| Airteagal 164 | Airteagal 260 |
| Airteagal 165 | Airteagal 261 |
| Airteagal 166 | Airteagal 262 |
| Airteagal 167 | Airteagal 263 |
| Airteagal 168 | — |
| Airteagal 169(1) | — |
| Airteagal 169(2) | Airteagal 12(1) |
| Airteagal 169(3) | Airteagal 12(2)(d) |
| Airteagal 170(1) | — |
| Airteagal 170(2) | Airteagal 116(1) |
| Airteagal 170(3) | Airteagal 11(2) |
| Airteagal 171(1) | Airteagal 116(4) |
| Airteagal 171(2) | Airteagal 116(2) |
| Airteagal 171(3) | Airteagal 116(5) |
| Airteagal 172 | Airteagal 10(5)(a) |
| Airteagal 173(1) | Airteagal 30(1), an tríú fomhír |
| Airteagal 173(2) | Airteagal 31(5) |
| Airteagal 174 | — |
| Airteagal 175 | — |
| Airteagal 176 | — |
| Airteagal 177(1), (2) agus (3) | — |
| Airteagal 177(4) | Airteagal 12(4)(b) |
| Airteagal 177(5) | Airteagal 10(5)(b) |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 178(1) | Airteagal 14(2) |
| Airteagal 178(2) | Airteagal 15(1) |
| Airteagal 178(3) | Airteagal 15(2) |
| Airteagal 178a | — |
| Airteagal 179(1) | Airteagal 30(1)(f) |
| Airteagal 179(2) agus (3) | Airteagal 31(2) |
| Airteagal 180 | — |
| Airteagal 181(1) | — |
| Airteagal 181(2) | Airteagal 21(2(b) |
| Airteagal 181(3) | Airteagal 30(1)(e) |
| Airteagal 181(4) | Airteagal 237(5) |
| Airteagal 182 | Airteagal 15(3) |
| Airteagal 183(1) | Airteagal 160(4) |
| Airteagal 183(2) | Airteagail 12(4)(c) agus 21(2)(g) |
| Airteagal 183(3) | — |
| Airteagal 183(4) | Airteagal 145, Airteagal 152(1)an dara fomhír agus Airteagail 167(2) agus 176(2) |
| Airteagal 183(5) | Airteagal 160(5) |
| Airteagal 183(6) | Airteagal 30(1)(d) |
| Airteagail 184 agus 185 | — |
| Airteagal 186 | Airteagal 236 |
| Airteagal 187 | Airteagail 234 agus 235 |
| Airteagal 188 | — |
| Airteagal 189(1) agus (4) | — |
| Airteagal 189(2) agus (3) | Airteagal 114(2) agus (3) |
| Airteagal 190 | Airteagal 178 |
| Airteagal 191 | Airteagal 179 |
| Airteagal 192 | Airteagal 190(3) |
| Airteagal 193 | — |
| Airteagal 194 | Airteagal 129 |
| Airteagal 195 | Airteagal 64 |
| Airteagal 196 | Airteagal 65 |
| Airteagal 197 | Airteagal 65(2) |
| Airteagal 198 | Airteagal 67 |
| Airteagal 199 | Airteagal 66(2) |

| Rialachán (AE, *Euratom*) Uimh. 966/2012 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 200 | Airteagal 66(3) |
| Airteagal 201 | Airteagal 264 |
| Airteagal 202 | Airteagal 11(2) agus Airteagal 265 |
| Airteagal 203 | Airteagal 264 agus Airteagal 266 |
| Airteagal 204 | Airteagal 237 |
| Airteagal 204a | Airteagal 221 |
| Airteagal 204b | Airteagal 222 |
| Airteagal 204c | Airteagal 223 |
| Airteagal 204d | Airteagal 224 |
| Airteagal 204e | Airteagal 225 |
| Airteagal 204f | Airteagal 225 |
| Airteagal 204g | Airteagal 226 |
| Airteagal 204h | Airteagal 226 |
| Airteagal 204i | Airteagal 226 |
| Airteagal 204j | Airteagal 227 |
| Airteagal 204k | Airteagal 228 |
| Airteagal 204l | Airteagal 229 |
| Airteagal 204m | Airteagal 230 |
| Airteagal 204n | Airteagal 231 |
| Airteagal 204o | Airteagal 232 |
| Airteagal 204p | Airteagal 233 |
| Airteagal 205 | Airteagal 279 |
| Airteagal 206 | Airteagal 268 |
| Airteagal 207 | — |
| Airteagal 208 | Airteagal 70 |
| Airteagal 209 | Airteagal 71 |
| Airteagal 210 | Airteagal 269 |
| Airteagal 211 | Airteagal 280 |
| Airteagal 212 | Airteagal 281 |
| Airteagal 213 | — |
| Airteagal 214 | Airteagal 282 |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA